Energy for generations


# INFHEISTITHE INÁR dTODHCHAÍ INBHUANAITHE

Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Bhord Soláthair an Leictreachais 2023



## Maidir le ESB

Bunaíodh ESB sa bhliain 1927 mar chomhlacht reachtúil faoi Acht Leictreachais (Soláthar), 1927. Le sealúchas de 97%, tá formhór de ESB faoi úinéireacht Rialtas na hÉireann. Is i seilbh iontaobhaithe Plean Úinéireachta Scaireanna Fostaithe atá an 3% eile. Mar fhóntas láidir, ilghnéitheach, tá ESB ag feidhmiú ar fud an mhargaidh leictreachais, ag giniúint, ag tarchur agus ag dáileadh, chun soláthar a chur ar fáil do chustaiméirí sa bhreis ar a chuid líonraí a úsáid chun snáithín a sholáthar don earnáil teileachumarsáide. Is príomhfhóntas Éireannach é ESB ag a bhfuil bonn sócmhainne rialaithe de thart ar €13.2 billiún (ina gcuimsítear ESB Networks, €10.6 billiún agus NIE Networks, €2.6 billiún), sciar 27% den ghiniúint sa mhargadh uile-oileáin agus sna gnóthaí soláthair atá ag soláthar leictreachais agus gáis do bhreis is 2 mhilliún cuntas custaiméirí ar fud oileán na hÉireann agus na Breataine Móire. I rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2023, d'fhostaigh Grúpa ESB beagnach 9,000 duine ar an meán.



# INFHEISTITHE INÁR dTODHCHAÍ INBHUANAITHE

Ó bunaíodh ESB beagnach 100 bliain ó shin, tá spéis á léiriú againn i saol ár gcustaiméirí agus sna pobail a bhfuilimid ag freastal orthu. Déanaimid pleananna don fhadtéarma, déanaimid iarracht leanúnach teacht ar réitigh a théann chun tairbhe na sochaí, anois agus amach anseo. Sa lá inniu ann ciallaíonn sé sin bunathruithe a dhéanamh inár ngnó chun tacú le pleananna gníomhaithe ar son na haeráide náisiúnta agus déileáil le roinnt dúshlán a bhaineann le hinbhuanaitheacht a idirnascadh. Tá cuspóir sonraithe againn chun aeráidneodracht a chinntiú faoin mbliain 2040 agus tá gealltanas tugtha againn maidir leis seo ar bhealach a chuireann ar chumas pobal agus gnáthóg nádúrtha dul chun cinn a dhéanamh. Táimid dírithe ar athnuaiteáin a fhorbairt agus a nascadh, bonneagar athléimneach a fhorbairt agus cabhrú lenár gcustaiméirí saol níos sláintiúla, níos inbhuanaithe a chaitheamh trí úsáid a bhaint as leictreachas glan.

# Príomhfhigiúirí

**Brabús Oibriúcháin roimh mhíreanna eisceachtúla***

**€1,121m**

| | |
|---|---|
| 2023 | €1,121m |
| 2022 | €847m |
| 2021 | €679m |
| 2020 | €616m |
| 2019 | €682m |

*Brabús oibriúcháin roimh mhíreanna eisceachtúla arna nochtadh ar leithligh sa Ráiteas Ioncaim.

**EBITDA roimh earraí eisceachtúla***

**€1,976m**

| | |
|---|---|
| 2023 | €1,976m |
| 2022 | €1,675m |
| 2021 | €1,493m |
| 2020 | €1,358m |
| 2019 | €1,432m |

*Brabús oibriúcháin roimh ús, cánachas, dímheas, bearnúcháin (lena n-áirítear glanchaillteanais bhearnúcháin neamhthrádála ar shócmhainní airgeadais), amúchadh agus ioncam ó ranníocaíochtaí soláthair agus míreanna eisceachtúla arna nochtadh ar leithligh sa Ráiteas Ioncaim.

**Glanfhiachas***

**€6,447m**

| | |
|---|---|
| 2023 | €6,447m |
| 2022 | €6,786m |
| 2021 | €4,946m |
| 2020 | €5,120m |
| 2019 | €5,239m |

*Iomlán na hiasachtaíochta agus fiachais eile móide dliteanais léasa lúide airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim (seachas aon airgead tirim srianta).

**Caiteachas Caipitiúil***

**€1,729m**

| | |
|---|---|
| 2023 | €1,729m |
| 2022 | €1,395m |
| 2021 | €1,223m |
| 2020 | €1,115m |
| 2019 | €1,242m |

*Cuimsítear i mbreiseanna le réadmhaoin, gléasra agus trealamh, sócmhainní doláimhsithe (seachas liúntais astaíochtaí) móide breiseanna le hinstitiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu.

**Sócmhainní Iomlána**

**€19,673m**

| | |
|---|---|
| 2023 | €19,673m |
| 2022 | €19,240m |
| 2021 | €15,991m |
| 2020 | €13,842m |
| 2019 | €13,980m |

**Sciar den Mhargadh Giniúna Uile-Oileáin**




- 27% ESB
- 73% Táirgeoirí Cumhachta Eile

**Sciar den Mhargadh Soláthair Leictreachais Uile-Oileáin**




- 40% ESB
- 60% Soláthraithe Eile Leictreachais

Féach leathanach 288 chun teacht ar bhreis sonraí a bhaineann le Bearta Feidhmíochta Malartacha a luaitear thuas.



# Clár na nÁbhar



## Caibidil 1
## Straitéis agus Feidhmíocht


**Forléargas Gnó**

| | |
|---|---|
| Ráiteas an Chathaoirligh | 08 |
| Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh | 10 |
| Buaicphointí 2023 | 12 |

**Tuarascáil Straitéiseach**

| | |
|---|---|
| Straitéis | 16 |
| Samhail Ghnó | 20 |
| Rannpháirtíocht lenár bPáirtithe Leasmhara | 23 |
| Tuarascáil Riosca | 27 |

**Athbhreithniú Oibriúcháin agus Airgeadais**

| | |
|---|---|
| Coiste Feidhmiúcháin | 46 |
| Struchtúr an Mhargaidh agus Timpeallacht Oibriúcháin | 48 |
| Athbhreithniú Airgeadais | 54 |
| ESB Networks | 60 |
| Northern Ireland Electricity Networks (NIE Networks) | 64 |
| Giniúint agus Trádáil (GT) | 68 |
| Réitigh do Chustaiméirí | 72 |
| Innealtóireacht agus Mórthionscadail | 76 |
| Seirbhísí Fiontair | 78 |
| Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) | 80 |

**Daoine, An Pláinéad, An tSochaí**

| | |
|---|---|
| Ár mBrabúis a Úsáid ar Bhealach Inbhuanaithe | 86 |
| Baill Foirne | 88 |
| Sláinte, Sábháilteacht agus Folláine | 93 |
| An Timpeallacht agus Inbhuanaitheacht | 96 |
| Pobal | 102 |
| Cearta an Duine | 106 |
| Rialachán maidir le Tacsanomaíocht an AE | 108 |




## Caibidil 2
## Rialachas Corparáideach


| | |
|---|---|
| Comhaltaí Bhord ESB | 122 |
| Ráiteas Rialachais Chorparáidigh an Chathaoirligh | 126 |
| Tuarascáil Rialachais an Bhoird | 130 |
| Tuarascáil an Choiste Iniúchta agus Riosca | 148 |
| Coistí Boird in 2023 | 156 |
| Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird | 160 |




## Caibidil 3
## Ráitis Airgeadais


| | |
|---|---|
| Ráiteas Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird | 166 |
| Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách do Stocshealbhóirí Bhord Soláthair an Leictreachais (ESB) | 167 |
| Ráitis Airgeadais | 177 |
| An tAcht um Íoc Pras Cuntas | 287 |
| Bearta Feidhmíochta Malartacha | 288 |
| Gluais | 293 |

# INFHEISTITHE I LEICTREACHAS DÍCHARBÓNAITHE

Tionscadal gaoithe amach ón gcósta comhfhiontair é Neart na Gaoithe le EDF Renewables UK. Tá an fheirm ghaoithe lon-naithe amach ó chósta thoir na hAlban agus beidh an acmhainn aici 448MW d'fhuinneamh in-athnuaite a ghiniúint a luaithe a choimisiúnófar í. Soláthróidh seo cumhacht do thart ar 375,000 áit chónaithe agus dé-anfaidh sí breis agus 400,000 tonna astaíochtaí dé-ocsaíd charbóin a sheach-chur. Leanadh le tógáil ar an tionscadal i rith 2023.

Caibidil 1

## Straitéis agus Feidhmíocht


| | |
|---|---|
| Forléargas Gnó | 7 |
| Tuarascáil Straitéiseach | 15 |
| Athbhreithniú Oibriúcháin agus Airgeadais | 45 |
| Daoine, An Pláinéad, An tSochaí | 85 |




# Faisnéis Neamhairgeadais

Mar chomhlacht reachtúil, níl ESB faoi réir na gceanglas nochta atá forordaithe i Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Nochtadh na Faisnéise Neamhairgeadais agus Éagsúlachta ag gnóthais agus grúpaí móra áirithe), 2017, arna leasú. Tá monatóireacht á déanamh ag ESB ar fhorbairtí a bhaineann le Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach an AE agus tá obair ullmhúcháin á déanamh aige chun an Treoir a chur chun feidhme. Déanann ESB iarracht dea-chleachtas a leanúint trí raon leathan faisnéise neamhairgeadais a nochtadh ina Thuarascáil Inbhuanaitheachta.

Tá léargas le fáil sa treoir thíos maidir le cá bhfuil faisnéis neamhairgeadais agus PTFanna neamhairgeadais le fáil sa tuarascáil bhliantúil seo mar aon le beartais Ghrúpa ESB atá ag tacú leis na réimsí seo.

| | Beartais Ábhartha | Rannóg/Rannóga sa Tuarascáil Bhliantúil |
|---|---|---|
| An Comhshaol | ▪ Beartas Comhshaoil agus Inbhuanaitheachta | ▪ An Comhshaol agus Inbhuanaitheacht |
| Fostaithe agus Sóisialta | ▪ Beartas Ionchuimsitheachta agus Éagsúlachta Bhord ESB<br>▪ Beartas um Sholáthar Grúpa<br>▪ Comhdheiseanna agus Cód Cleachtais Éagsúlachta ESB<br>▪ Beartas Sláinte, Sábháilteachta agus Folláine<br>▪ Beartas Sceithireachta agus Nochtuithe Cosanta ESB<br>▪ Cód Eitice ESB ("Ár gCód") | ▪ Daoine, An Pláinéad, An tSochaí<br>▪ Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird |
| Cearta an Duine | ▪ Beartas Grúpa ESB maidir le Cearta an Duine<br>▪ Beartas um Sclábhaíocht Nua-aimseartha<br>▪ Cód Eitice ESB ("Ár gCód") | ▪ Cearta an Duine<br>▪ Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird |
| Frithéilliú agus Breabaireacht | ▪ Beartas Frithbhreabaireachta, Frith-Éillithe agus Frith-Chalaoise ESB<br>▪ Beartas Sceithireachta agus Nochtuithe Cosanta ESB<br>▪ Cód Eitice ESB ("Ár gCód") | ▪ Tuarascáil an Choiste Iniúchta agus Riosca<br>▪ Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird |
| Samhail Ghnó | | ▪ Samhail Ghnó |
| Príomhrioscaí | ▪ Beartas Bainistíochta Riosca ESB | ▪ Tuarascáil Riosca |
| PTFanna Neamhairgeadais | | ▪ Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna)<br>▪ Daoine, An Pláinéad, An tSochaí<br>▪ An Timpeallacht agus Inbhuanaitheacht<br>▪ Rialachán maidir le Tacsanomaíocht an AE |

Chomh maith leis sin, foilsíonn an Grúpa "Tuarascáil Inbhuanaitheachta ESB", tuarascáil chuimsitheach, ina sonraítear straitéis inbhuanaitheachta, freagrachtaí sóisialta corparáideacha agus gealltanais ESB maidir le saincheisteanna sóisialta. Tá Tuarascáil Inbhuanaitheachta 2022 le fáil ar shuíomh gréasáin ESB.



# Forléargas Gnó


| | |
|---|---|
| Ráiteas an Chathaoirligh | 8 |
| Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh | 10 |
| Buaicphointí 2023 | 12 |

# Ráiteas an Chathaoirligh

## INFHEISTITHE I nDIFRÍOCHT A DHÉANAMH



Tarach Ó Ruairc
Cathaoirleach

### Bord ESB Infheistithe i dTodhchaí Inbhuanaithe

Ó Glacadh le Straitéis ESB; Difríocht a Dhéanamh: Aeráidneodracht faoi 2040 i mí na Nollag 2021, tá mórfhorbairtí geilleagracha, polaitiúla, margaidh agus beartais tarlaithe. Ina measc seo tá ionradh na Rúise ar an Úcráin, an cogadh sa Mheánoirthear, méadú leanúnach ar chostais bhoilscithe agus iasachtaíochta, agus méadú leanúnach ar phraghsanna breosla agus cumhachta, ainneoin go raibh siad seo níos ísle agus níos luaini ná mar a bhí in 2022. Chomh maith leis sin, cuireadh isteach ar an slabhra soláthair agus d'fhás teicneolaíochtaí cosúil le hintleacht shaorga agus, ar ndóigh, tá níos mó fianaise againn ar an athrú aeráide ó tharla go bhfuil méadú gan choinne ar theochtaí tugtha faoi deara rud a chiallaíonn gurb é 2023 an bhliain is teo ar taifead.

Tá beartas aeráide agus fuinnimh ag leibhéal Eorpach agus náisiúnta ag leanúint ar aghaidh ag díriú ar dhlús a chur le dícharbónú agus leictriú – agus ag cur le scála na ndeiseanna agus leis na ceanglais seachadta a bhfuil ESB ag déileáil leo. Agus, in 2023, lean an Bord ar aghaidh ag díriú ar, a mhéid agus is féidir, an tionchar dáiríre atá ag an ngéarchéim fuinnimh leanúnach ar a chustaiméirí a mhaolú, fad is a bhíothas ag leanúint ar aghaidh le maoirseacht a dhéanamh ar sheachadadh méadaithe an bhonneagair a theastaíonn chun fuinneamh glan, slán agus inacmhainne, a sholáthar ar bhonn fadtéarmach.

I bhfianaise an mhéid seo, tá an ról atá ag ESB i dtodhchaí níos inbhuanaithe a chruthú dá chustaiméirí agus do na pobail a bhfuil sé ag freastal orthu ríthábhachtach. Tá an Bord fós dílis dá ghealltanas do straitéis ESB, agus le linn dó iarracht a dhéanamh déileáil le raon saincheisteanna sóisialta agus comhshaoil gaolmhara, tá éiteas sábháilte, fónta agus inbhuanaithe á chruthú atá ag teacht lena luachanna. Le linn dúinn a bheith ag díriú ar an tréimhse seo d'aistriú fuinnimh, déileálfaidh ESB leis na dúshláin a bheidh le sárú aige, rachaidh sé in oiriúint má gá agus cinnteoidh sé go mbeidh sé dírithe ar a chroíchuspóir - is é sin aeráidneodracht a chinntiú faoi 2040.

### Maoirseacht Boird ar Sheachadadh Straitéise

Rinneadh dul chun cinn i ndáil le seachadadh straitéis ESB, agus cheadaigh an Bord infheistíochtaí suntasacha a bhain le giniúint ghrianchumhachta, tionscadail ghaoithe amach ón gcósta agus ar an talamh, agus comhpháirtíocht ESB le Ørsted chun tionscadail ghaoithe amach ón gcósta a fhorbairt in Éirinn. Chomh maith leis sin, ceadaíodh socruithe giniúna éigeandála seachtracha eile le EirGrid agus bearta eile a bhain le slándáil fuinnimh. Lena chois sin, rinne an Bord monatóireacht ar dhul chun cinn a bhain le hinfheistíochtaí i líonraí leictreachais i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann faoi chláir rialála ESB Networks agus NIE Networks.

Tá cur chun feidhme straitéis ESB pleanáilte agus curtha chun cinn trí phróiseas bliantúil Pleanáil Ghnó Comhtháite (IBP), a bhfuil baint ag breithniúcháin a bhaineann le straitéis, airgeadas, baill foirne agus inbhuanaitheacht leis, chun pleananna a dhéanamh chun cuspóirí straitéiseacha ESB a sheachadadh. Mar chuid den phróiseas IBP in 2023, tá réamh-mheastacháin maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (GHG) forbartha do gach réimse gnó, agus tá sprioc uaillmhianach sonraithe atá le comhlíonadh in 2028. Ciallaíonn sé seo go bhfuil peirspictíocht luachmhar á cur san áireamh sa phróiseas pleanála gnó agus tarraingíonn sé aird ar na dúshláin a bhaineann leis na laghduithe astaíochtaí riachtanacha a chinntiú ionas gur féidir aeráidneodracht a chinntiú faoi 2040. Mar Bhord, tá monatóireacht leanúnach á déanamh againn ar an obair atá á déanamh chun conair inchreidte i dtreo na sprice ríthábhachtaí maidir le haeráidneodracht a chinntiú.

Chaith comhaltaí an Bhoird dhá chruinniú ag plé na straitéise in 2023. San earrach, bhí an bhéim á leagan ar phríomhthiomáinaithe seachtracha, lena n-áirítear an timpeallacht bheartais (an beartas aeráide go háirithe) agus margaí fuinnimh idirnáisiúnta. Chomh maith leis sin, bhreithníomar peirspictíochtaí chomhairleoirí na stocshealbhóirí agus rinneamar mionscrúdú ar chuspóir straitéiseach "Ár mBaill Foirne", chaitheamar súil ar threochtaí a bhaineann leis an margadh fostaíochta agus le cultúr an ionaid oibre mar aon le Straitéis Ball Foirne ESB. Ag an gcruinniú straitéise san fhómhar, rinne an Bord machnamh ar an tírdhreach straitéiseach do líonraí gnóthaí, forbairtí seachtracha a bhí ábhartha do straitéis ESB, agus na himpleachtaí agus dúshláin a chruthaíonn a leithéid d'uaillmhianta aeráide ESB. Thug na seisiúin seo léargas úsáideach don Bhord sula ndearna sé athbhreithniú ar a Phlean Gnó Comhtháite cúige bliana is déanaí chun ardleibhéal ailínithe a chinntiú idir an Plean Gnó agus ár straitéis.

Leanfaidh comhaltaí an Bhoird le súil ghéar a choinneáil ar chur chun feidhme na straitéise i rith 2024.

### Fóntacht Airgeadais

Sheachaid ESB leibhéil nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo d'infheistíocht chaipitil in 2022 agus 2023 - sháraigh an caiteachas caipitil chomhiomláin i rith na mblianta seo €3 bhilliún. Mar bhonn leis an leibhéal infheistíochta seo, sa bhonneagar fuinnimh chriticiúil go príomha, chun tairbhe custaiméirí, an gheilleagair agus na sochaí trí chéile, tá feidhmíocht airgeadais leanúnach an Ghrúpa. Sa chomhthéacs seo, bhí feidhmíocht ESB in 2023 láidir, bhí an brabús oibriúcháin cothrom le €1,121 milliún agus bhí an brabús i ndiaidh cánach cothrom le €868 milliún.

Is colún bunúsach dár straitéis é acmhainn airgeadais ESB i bhfianaise na tábhachta a bhaineann leis i ndáil le seachadadh na haeráidneodrachta a chumasú. Príomhthomhas d'acmhainn airgeadais é rátáil chreidmheasa láidir ag grád infheistíochta a chinntiú. Cúis áthais, don Bhord, dá réir sin, gur éirigh le ESB a chuid rátálacha creidmheasa a choimeád ag A-/ A3 (BBB+ neamhspleách) i rith 2023. Cúis dóchais freisin, ba ea gur lean an margadh bannaí ag freagairt go maith d'fhís straitéiseach agus d'uaillmhian fáis ESB. Ardaíodh breis is €1.3 billiún de mhaoiniú breise in 2023, agus ba i bhfoirm banna ghlais a cuireadh €500 milliún ar fáil, fianaise ar an infheistíocht leanúnach atá á déanamh againn i ngníomhaíochtaí a chabhraíonn lenár gcuspóirí inbhuanaitheachta.

### Díbhinní dár Stocshealbhóirí

Forálann beartas díbhinne ESB, a comhaontaíodh leis an Rialtas mar stocshealbhóir tromlaigh, do dhíbhinní spriocdhírithe luach 40% den bhrabús coigeartaithe i ndiaidh cánach. Ar aon dul leis an mbeartas seo, tá an Bord ag moladh díbhinn de €220 milliún i gcomhair 2023. Ciallaíonn sé seo go mbeidh an leibhéal díbhinní fógartha ag ESB le 10 mbliana anuas cothrom le breis is €1.4 billiún.

### Ár gCustaiméirí

Tá an Bord airdeallach ar an tionchar a bhí ag arduithe ar an bpraghas leictreachais a tugadh faoi deara in 2021 agus 2022 ar ár gcustaiméirí. Táimid fós tiomanta do thacú leo cibé bealach is féidir linn agus, go háirithe, dár gcustaiméirí leochaileacha a chosaint. I ndiaidh tréimhse d'arduithe praghais leanúnacha, cúis áthais don Bhord a bheith in ann laghdú praghais a cheadú do bhreis is 1.1 mhilliún cuntas custaiméirí cónaithe leictreachais Electric Ireland i bPoblacht na hÉireann i mí Mheán Fómhair 2023 agus i mí Eanáir 2024 atá ag tacú le meánlaghdú carnach de 17% ar bhillí leictreachais do chustaiméirí.

### Rannpháirtíocht Chomhaltaí an Bhoird

Ainmníodh Ceathrar Comhaltaí Boird Oibrithe nua, Karen Halpenny, Gráinne O'Shea, Trevor Walsh and Owen Kilmurray, ar an mBord i mí Eanáir agus ainmníodh Annette Flynn agus Aisling Curtis mar Chomhaltaí Boird Neamhspleácha níos déanaí i rith na bliana. I dteannta a chéile, tá peirspictíochtaí nua agus luachmhara curtha ar fáil acu chun tacú le hobair an Bhoird i rith 2023.

Is mian liom aitheantas a thabhairt don obair luachmhar a rinne Noreen O'Kelly i rith a tionóntachta mar chomhalta de Bhord ESB. Bhain Noreen tairbhe as a scileanna suntasacha airgeadais, tráchtála agus straitéiseacha fad is a bhí sí páirteach in obair an Bhoird agus le linn di a bheith ag feidhmiú mar Chathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca. Is mian liom buíochas ar leith a ghabháil le Noreen as tacú liomsa fad is a bhí mise ag feidhmiú mar Chathaoirleach agus fad is a bhí sise ag feidhmiú mar Stiúrthóir Neamhspleách Sinsearach.

Cúis áthais don Bhord fáiltiú roimh an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, Paschal Donohoe TD, chuig cruinniú mhí Aibreáin an Bhoird. Ghlac comhaltaí an Bhoird páirt i bplé leis an Aire maidir leis na margaí fuinnimh idirnáisiúnta agus straitéis ESB mar aon le hinbhuanaitheacht, slándáil fuinnimh agus tacú le custaiméirí.

### Ár mBaill Foirne


Braitheann ár gcumas ár gcuspóirí uaillmhianacha a chomhlíonadh ar an méid atá ar eolas ag ár mbaill foirne agus a dtiomantas. Ag deireadh 2023, d'fhostaigh Grúpa ESB breis is 800 níos mó daoine i gcomparáid le deireadh 2022. Gné lárnach de sheachadadh na straitéise is ea a chinntiú go bhfuil an acmhainneacht cheart ag ESB chun ár n-uaillmhian a chomhlíonadh, agus cúis áthais don Bhord go bhfuil bonn acmhainní ESB á fhorbairt agus á éagsúlú i rith 2023.

### Conclúidí

Agus aitheantas á thabhairt do na forbairtí i dtimpeallacht ghnó ESB agus do na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag a leithéid ar ár straitéisí, tá comhaltaí an Bhoird muiníneach gur féidir le samhail ghnó agus tosaíochtaí straitéiseacha an Ghrúpa cabhrú linn ár n-uaillmhian maidir le haeráidneodracht a chomhlíonadh, chun tairbhe ár stocshealbhóirí, ár gcustaiméirí agus na bpobal a bhfuilimid ag feidhmiú iontu.

Thar ceann an Bhoird, is mian liom buíochas a ghabháil le gach duine atá ag obair in ESB as na hiarrachtaí leanúnacha atá déanta acu agus as a dtiomantas in 2023. Ainneoin gur tréimhse dhúshlánach dár gcustaiméirí a bhí anseo, admhaíonn comhaltaí an Bhoird an obair a rinne na fostaithe ar fad chun tacú le custaiméirí i rith tréimhse éiginnte san earnáil fuinnimh, agus an obair a rinne siad chun todhchaí shlán, iontaofa agus inbhuanaithe a chinntiú do gach duine.

De réir Achtanna ESB, 1927-2014, tíolacann comhaltaí an Bhoird an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023.



**Tarach Ó Ruairc**
Cathaoirleach
28 Feabhra 2024

# Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

## INFHEISTITHE SNA CUSTAIMÉIRÍ AGUS SNA POBAIL A BHFUILIMID AG FREASTAL ORTHU



Paddy Hayes
Príomhfheidhmeannach

### Infheistithe i dTodhchaí Inbhuanaithe

I rith bliana ina raibh costais fuinnimh arda mhórdhíola le tabhairt faoi deara go leanúnach, dúshláin mhaicreacnamaíocha agus tuilleadh fianaise maidir le tionchar an athraithe aeráide, lean ESB ar aghaidh ag díriú ar chustaiméirí a chosaint agus réitigh fuinnimh fhadtéarmacha a sholáthar chun todhchaí atá níos sláine agus níos inbhuanaithe a chumasú. Níos mó ná riamh, tuigimid an fhreagracht atá ar ESB agus ar dhaoine eile san earnáil fuinnimh i ndáil leis an aistriú chuig córas fuinnimh aeráidneodrach a threorú.

### Custaiméirí a Chosaint

Ainneoin gur laghdaigh praghsanna fuinnimh i rith na bliana, bhí siad fós ard agus dothuartha. D'oibrigh Electric Ireland agus So Energy chun custaiméirí a chosaint ó luaineacht shuntasach praghsanna trí fhálú éifeachtach agus tacaíochtaí saincheaptha do chustaiméirí, agus trí dheis a thabhairt do chustaiméirí tairbhe a bhaint as praghsanna laghdaithe nuair ab fhéidir. I rith na géarchéime fuinnimh, thairg Electric Ireland ceann de na rátaí fuinnimh athraitheacha caighdeánacha is ísle i margadh na hÉireann.

### Níos Mó Infheistíochta Ná Riamh

Chuir brabús oibriúcháin chinnte de €1.1 billiún ar ár gcumas €1.7 billiún a infheistiú i mbonneagar fuinnimh criticiúil in 2023, infheistíocht ar úsáideadh a bhformhór di chun bonneagar líonra a fhorbairt agus a fheabhsú i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann, giniúint in-athnuaite a fhorbairt agus acmhainn a chur ar fáil chun tacú le slándáil fuinnimh.

### Bonneagar Athléimneach do Chóras Ísealcharbóin

D'infheistigh ESB Networks agus NIE Networks breis is €1.2 billiún chun freastal ar spriocanna naisc inbhuanaithe, chun díriú ar fhás ar éileamh seirbhíse, chun na líonraí a uasghrádú agus a leathnú, agus chun ullmhú do ghlacadh forleathan le hiompar agus téamh leictreach. Tugadh méadú suntasach faoi deara sa ghiniúint in-athnuaite a bhí nasctha le córais dáileacháin, agus tá breis is 79,000 tionscadal micrighiniúna cláraithe anois. Faoi dheireadh na bliana, bhí 1 GW de ghrianfhuinneamh nasctha leis an gcóras, lena n-áirítear 400 MW de ghiniúint in-athnuaite dín, ar mhionscála, micreascála agus scála beag. Lean ESB Networks le méadair chliste a rolladh amach thar ceann CRU (An Coimisiún um Rialáil Fóntais), agus sáraíodh an gharsprioc 1.5 milliún i rith 2023 agus forbraíodh na deiseanna rochtana a bhí ar fáil ar léargas pearsantaithe trí thairseach ar líne.

### Giniúint In-athnuaite a Mhéadú

I dteannta lenár gcomhpháirtithe, Bord na Móna, choimisiúnaíomar Céim 2 de thionscadal Oweninny, rud a chiallaigh gurb é seo an fheirm ghaoithe is mó in Éirinn go dtí seo. Lean FuturEnergy (comhfhiontar (CF) idir ESB agus Coillte) ar aghaidh le punann de thionscadail gaoithe amach ón gcósta a fhorbairt, agus leanadh ar aghaidh ag obair ar fheirm ghaoithe amach ón gcósta Neart na Gaoithe i gcomhpháirt leis an gCiste Eorpach Forbraíochta. Lean ESB ar aghaidh ag díriú ar thógáil ceithre thionscadal grianfhuinnimh (lena n-áirítear Tigh Mochua Thuaidh, CF le Bord na Móna), agus tá trí thionscadal gréine eile á bhforbairt. Ar ndóigh, tá an oiread céanna tábhachta ag baint le déine carbóin na punainne giniúna leagáide a laghdú, agus tá dul chun cinn maith déanta ar an bplean stop a chur le húsáid a bhaint as gual i nGob na Muine faoi dheireadh 2025.

### Tacú le Slándáil Fuinnimh

Rinneadh infheistíocht leanúnach i slándáil fuinnimh agus dul chun cinn ar thógáil trí thuirbín gáis aeráid-dhíorthacha i gceantar Bhaile Átha Cliath a bhfuil acmhainn iomlán de 190 MW acu. Mar chuid de na comhaontuithe ar glacadh páirt iontu le EirGrid, chabhraigh ESB le 200 MW d'acmhainn ghiniúna sealadaí a chur ar fáil in An Port Thuaidh i mBaile Átha Cliath, agus tá 262 MW breise á fhorbairt i nDroichead na Sionainne i gCo. Uíbh Fhailí. Coimisiúnaíodh dhá thionscadal ceallra chun 105 MW a sholáthar, chun tacú le buaicleibhéal an chórais, agus tá 180 MW breise á fhorbairt, agus rinneadh tuilleadh infheistíochta i dTionscadal an Gheimhridh in infhaighteacht na hacmhainne giniúna reatha in i bPoblacht na hÉireann, Tuaisceart Éireann agus an Bhreatain Mhór.

### Nuálaíocht agus Comhoibriú

Táimid ag leanúint ar aghaidh le taighde agus trialacha a dhéanamh, agus le réitigh nuálacha a sholáthar i gcomhpháirt le raon comhpháirtithe. In 2023, d'óstáil ESB an clár dar teideal Free Electrons ar ghlac 15 ghnólacht nuathionscanta páirt iontu agus tá sé ag leanúint ar aghaidh le hinfheistíocht a dhéanamh sna cláir X_Site agus X_Potential. Chuireamar comhaontú CF i gcrích le Simply Blue Group chun tionscadal Fhuinneamh Toinne Saoirse a chomhfhorbairt, tionscadal nuálaíochta 5 MW atá le lonnú amach ó chósta thiar na hÉireann agus táimid ag obair i gcomhpháirt le Bord Gáis Energy agus dCarbonX ar Thionscadal Kestrel, tionscadal a bhfuil sé mar aidhm leis scrúdú a dhéanamh ar roghanna stórála fuinnimh fadtéarmacha amach ó chósta an deiscirt.

### An Timpeallacht Dhigiteach agus Sonraí

Úsáid a bhaint as an timpeallacht dhigiteach agus sonraí chun dlús a chur le táirgiúlacht, éifeachtúlacht a fheabhsú agus eispéireas custaiméirí a fheabhsú, gné a bhfuil ról lárnach aici i straitéis ESB. I measc na mbuaicphointí tá aip mhóibíleach nua do chustaiméirí cónaithe Electric Ireland agus scrúdú a dhéanamh ar IS Giniúnach chun tacú le táirgiúlacht agus comhoibriú trí Microsoft Co-Pilot.

### Ceannaireachta Inbhuanaitheachta

Tá ról lárnach ag gníomhú ar son na haeráide i straitéis agus astaíochtaí carbóin ó phunann ghiniúna ESB, a mhéadaigh go suntasach idir 2021 agus 2022, agus a laghdaigh go suntasach i rith 2023. Maidir le dúshláin inbhuanaitheachta eile inar féidir le ESB difríocht a dhéanamh, chuireamar críoch lenár bPlean Ceannaireachta Inbhuanaitheachta, ina leagtar amach raon réimsí tionchair tosaíochta lena n-áirítear bithéagsúlacht, rannpháirtíocht sa phobal agus úsáid acmhainní le cabhair ó phobal inmheánach de bhreis is 80 Treoraí Inbhuanaitheachta.

### Tacú le Custaiméirí chun Díriú ar Dhícharbónú

I measc na n-iarrachtaí a rinneadh chun tacú le custaiméirí díriú ar dhícharbónú bhí dlús a chur le soláthar domhain-aisfheistithe trí Electric Ireland Superhomes (CF le Gníomhaireacht Fuinnimh Thiobraid Árann) agus an bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha a fheabhsú (le tacaíocht ón gCiste Gníomhaithe ar son na hAeráide i bPoblacht na hÉireann agus ón gCiste Ardaithe Leibhéil i dTuaisceart Éireann). Thacaigh Smart Energy Services ESB le custaiméirí gnó chun raon tionscadal a dhícharbónú lena n-áirítear teaschaidéil, grád tionscail, a shuiteáil agus an córas iompair phoiblí a leictriú, agus lean SIRO, ár CF le Vodafone, ar aghaidh le leathanbhanda gigighiotáin a rolladh amach, rud atá ar fáil anois i mbreis is 550,000 teach i bpobail ar fud na hÉireann.

### Tacaíocht Pobail

Trínár gCiste Energy for Generations agus Cistí Pobail na bhFeirmeacha Gaoithe, dháil ESB beagnach €2 milliún ar charthanais agus ar ghrúpaí pobail. Chomh maith leis sin, d'oibríomar le healaíontóirí agus le heagraíochtaí ealaíon, lena n-áirítear Féile Damhsa Bhaile Átha Cliath, Ionad Nerve i nDoire agus Business to Arts, ar thionscadail a raibh sé mar aidhm leo tacú le hinbhuanaitheacht agus gníomhú ar son na haeráide faoinár gCiste Ealaíon Brighter Future.

### Foireann Oibre Ionchuimsitheach agus Éagsúil a Chothabháil agus a Fhorbairt

Laghdaigh Bearna Bhá idir na hInscní ESB i bPoblacht na hÉireann arís i mbliana agus is mná iad 27% d'iarrthóirí 2023 ar chlár printíseachta ESB Networks (suas ó 24%). Tá tuilleadh oibre fós le déanamh, áfach. I rith 2023, thacaíomar le roinnt tionscnamh a bhfuil sé mar aidhm leo tacú le héagsúlacht san Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic (STEM) trínár gclár oideachais Generation Tomorrow agus trí rannpháirtíocht le Innealtóirí Éireann agus Connecting Women in Technology.

### Béim Leanúnach ar Shábháilteacht

Glacann ESB leis go mbaineann tábhacht ar leith le sláinte, sábháilteacht agus folláine ár gcomhghleacaithe, comhpháirtithe conraitheora agus an phobail. Trí na cláir "Safe and Sound" agus "Safer Together", táimid tiomanta d'áit oibre oscailte agus ionchuimsitheach a sholáthar, áit a mbraitheann daoine go bhfuil luach ag baint leis an obair atá á déanamh acu agus go muinín astu, agus cultúr ina roghnaíonn gach duine freagracht a ghlacadh as a sábháilteacht féin agus sábháilteacht daoine eile .

### Acmhainn agus Saineolas a Fheabhsú

Is léir dúinn go bhfuil ár bhfoireann chumasach agus ghairmiúil an-díograiseach agus solúbtha, agus cuireadh níos mó oibre ná riamh i gcrích i rith 2023. I gcomparáid le mí na Nollag 2022, tugadh glanmhéadú de 800 duine faoi deara in ESB, rud a chiallaíonn go bhfuil breis is 9,200 duine ag obair linn, go bhfuil ag éirí linn leanúint ar aghaidh leis an acmhainn agus leis na scileanna riachtanacha a sholáthar chun freastal ar ár gcustaiméirí agus chun ár n-uaillmhian maidir le haeráidneodracht a chomhlíonadh.

### An Todhchaí

Is léir bunaithe ar luas an téimh dhomhanda a tugadh faoi deara in 2023 go bhfuil tábhacht agus práinn ag baint le níos mó athnuaiteán a fhorbairt agus a nascadh agus úsáid a bhaint as leictreachas glan chun teas, iompar agus an geilleagar a dhícharbónú. Táimid fós dírithe ar thacú lenár gcustaiméirí agus leis na pobail a bhfuilimid ag freastal orthu i rith 2024, agus le hinfheistíocht a dhéanamh i dtodhchaí fuinnimh níos inbhuanaithe, agus aeráidneodracht a chinntiú faoi 2040.



**Paddy Hayes**
Príomhfheidhmeannach
28 Feabhra 2024

# Buaicphointí 2023

## ESB Networks

| Ioncam | |
|---|---|
| 2023 | €1,374m |
| 2022 | €1,191m |

| Brabús oibriúcháin | |
|---|---|
| 2023 | €359m |
| 2022 | €207m |

| Caiteachas caipitiúil | |
|---|---|
| 2023 | €992m |
| 2022 | €869m |

| Meánlíonta fostaithe | |
|---|---|
| 2023 | 3,626 |
| 2022 | 3,376 |

Féach leathanach 60 Athbhreithniú Oibriochtúil ar ESB Networks

## Northern Ireland Electricity Networks (NIE Networks)

| Ioncam | |
|---|---|
| 2023 | €383m |
| 2022 | €346m |

| Brabús oibriúcháin | |
|---|---|
| 2023 | €78m |
| 2022 | €64m |

| Caiteachas caipitiúil | |
|---|---|
| 2023 | €249m |
| 2022 | €255m |

| Meánlíonta fostaithe | |
|---|---|
| 2023 | 1,436 |
| 2022 | 1,316 |

Féach leathanach 64 Athbhreithniú Oibriochtúil ar NIE Networks

## Giniúint agus Trádáil (GT)

| Ioncam | |
|---|---|
| 2023 | €3,448m |
| 2022 | €3,302m |

| Brabús oibriúcháin | |
|---|---|
| 2023 | €730m |
| 2022 | €774m |

| Caiteachas caipitiúil | |
|---|---|
| 2023 | €418m |
| 2022 | €207m |

| Meánlíonta fostaithe | |
|---|---|
| 2023 | 771 |
| 2022 | 708 |

Féach leathanach 68 Athbhreithniú Oibriochtúil GT

## Réitigh Chustaiméirí

| Ioncam | |
|---|---|
| 2023 | €6,056m |
| 2022 | €5,537m |

| Caillteanas oibriúcháin | |
|---|---|
| 2023 | (€12m) |
| 2022 | (€109m) |

| Caiteachas caipitiúil | |
|---|---|
| 2023 | €50m |
| 2022 | €31m |

| Meánlíonta fostaithe | |
|---|---|
| 2023 | 980 |
| 2022 | 850 |

Féach leathanach 72 Athbhreithniú Oibriochtúil ar Réitigh Chustaiméirí

## Deighleoga Eile

| Ioncam | |
|---|---|
| 2023 | €437m |
| 2022 | €375m |

| Caillteanas oibriúcháin | |
|---|---|
| 2023 | (€34m) |
| 2022 | (€89m) |

| Caiteachas caipitiúil | |
|---|---|
| 2023 | €20m |
| 2022 | €33m |

| Meánlíonta fostaithe | |
|---|---|
| 2023 | 2,077 |
| 2022 | 1,946 |

Féach leathanaigh 76 agus 78 Tionscadail Innealtóireachta agus Mhóra agus Seirbhísí Fiontraíochta

Féach nóta 3 (Tuairisciú Míreanna) sna ráiteas airgeadais áit a bhfuil tuilleadh sonraí.

## Stocshealbhóirí

Díbhinn de **€220 milliún** i gcomhair 2023

Toradh ar Chaipiteal in Úsáid de **7.9%**

**Rátáil chreidmheasa A-/A3** athdhearbhaithe (BBB+ ar bhonn neamhspleách)





## Custaiméirí

**Ciste carthanachta €5 mhilliún** chun tacú le custaiméirí

**Scéimeanna tacaíochta costais fuinnimh an Rialtais** á riar

Ráta sástachta custaiméirí leictreachais chónaithe Electric Ireland cothrom le **73%**

Beagnach **48,000 custaiméir** nua nasctha ag ESB Networks agus NIE Networks

**465,000 méadar cliste** suiteáilte in 2023

Breis is **33,000 iarratas micrighiniúna** próiseáilte ag ESB Networks in 2023

## An Geilleagar

**Breis is €1.7 billiún** de chaiteachas caipitil in 2023

**Breis is 9,200** fostaí amhail ar an 31 Nollaig 2023

Ranníocaíocht de **bhreis ar €2.7 billiún** curtha ar fáil do gheilleagar na hÉireann i bhfoirm párolla, cánacha, díbhinní agus ceannachán ó sholáthraithe baile

**Breis is €2.4 milliún** eisíoctha le haghaidh raon tionscnamh pobail

## An Timpeallacht

Tá ESB ainmnithe mar **chuideachta A-liostaithe** ag an Tionscadal Nochta Carbóin, sa bhanda Ceannaireachta

Giniúint **Déine carbóin** de 370g $CO_2$/kWh - laghdú 45% (i gcomparáid leis an mbliain bhonnlíne 2005)





## Earcaíocht

**Thosaigh 96 printíseach céad** bliana ag obair le ESB Networks in 2023

Méadú ar an meánlíon fostaithe de **694 in 2023**





# Tuarascáil Straitéiseach


| | |
|---|---|
| Straitéis | 16 |
| Samhail Ghnó | 20 |
| Rannpháirtíocht lenár bPáirtithe Leasmhara | 23 |
| Tuarascáil Riosca | 27 |

# Straitéis

Tá straitéis ESB bunaithe ar fhorbairtí sa timpeallacht sheachtrach agus bunaithe ar ár dtiomantas leanúnach do thodhchaí níos gile a sholáthar do gach duine.

Straitéis ESB

## Difríocht a Dhéanamh: Aeráidneodracht faoi 2040



## Cuspóirí Straitéiseacha

Tá trí chuspóir straitéiseacha sainaitheanta ag ESB, atá ailínithe le Cuspóir Forbartha Inbhuanaithe 7, 9 agus 13, a bhfuil ról lárnach acu inár n-uaillmhain aeráidneodrachta[1].

## Acmhainní Bunúsacha

Tá ceithre acmhainn bhunúsacha ag tacú lenár gcuspóirí straitéiseacha, acmhainní atá riachtanach d'fhonn a chinntiú go mbeidh rath ar an obair atá á déanamh againn.

## Táscairí feidhmíochta straitéiseachta roghnaithe (SPIs)

| | Táscaire | Bonnlíne 2021 | Dul chun cinn amhail ag deireadh 2023 | Sprioc 2030 (mura sonraítear a mhalairt) | Sciar SDG |
|---|---|---|---|---|---|
| **Leictreachas Dícharbónaithe**<br>Forbrófar agus nascfar athnuaiteáin chun an córas leictreachais a dhícharbónú faoin mbliain 2040 | Punann ghiniúint in-athnuaite ESB~ (acmhainn suiteáilte) | 983 MW | 981 MW | 5,000 MW | 7, 9, 13 |
| | Scála an fhuinnimh saor ó charbón cumasaithe ag ár líonraí | 4.7 GW i bPoblacht na hÉireann<br>1.8 GW i dTuaisceart Éireann | 6.2 GW i bPoblacht na hÉireann<br>1.8 GW i dTuaisceart Éireann | 22 GW i bPoblacht na hÉireann<br>2.6 GW i dTuaisceart Éireann | |
| | Sciar d'aschur giniúna ESB ó fhoinsí saor ó charbón~ | 14% | 20% | 63% | |
| **Bonneagar Athléimneach**<br>Bonneagar athléimneach a sholáthar ionas go mbeifear in ann córas leictreachais ísealcharbóin iontaofa a sholáthar | Bonn Sócmhainní Rialaithe Líonraí (RAB) | ESB Networks: €8.8bn<br>NIE Networks: £1.8bn | ESB Networks: €10.6bn<br>NIE Networks: £2.2bn | ESB Networks: €13 - 14bn<br>NIE Networks: £2.7 - 3.2bn | 7, 9, 13 |
| **Custaiméirí Cumhachtaithe**<br>Custaiméirí agus pobail a chumhachtú, a chumasú agus tacú leo feidhmiú ar bhealach atá aeráidneodrach | An líon méadar cliste suiteáilte | 620,000 | 1.57 milliún | 2.6 milliún | 7, 9, 11, 12, 13 |
| | Leictriú an ghréasáin iompair: luchtairí EV poiblí* | c.704 (oileán na hÉireann agus an Bhreatain Mhór) | c.867 (oileán na hÉireann agus an Bhreatain Mhór) | 3,000 (iomlán) | |
| | Sástacht custaiméirí | 81% (leictreachas baile Electric Ireland) | 73% (leictreachas baile Electric Ireland) | >85% de gach líne ghnó a bhíonn ag déileáil le custaiméirí | |
| **Ár mBaill Foirne**<br>A chinntiú go bhfuil foireann againn a bheidh in ann ár gcuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh agus a mbeidh meas aici ar luachanna agus ar chultúr ionchuimsitheach | Rannpháirtíocht fostaithe (Suirbhé Foirne Ár nGuth) | 7.0/10 | 7.5/10 | >8/10 | 5, 8, 10 |
| | Scór Sláinte agus Folláine (Suirbhé Foirne Ár nGuth) | 6.9/10 | 7.5/10 | >8/10 | |
| **Béim ar Fhorbairt Dhigiteach agus Sonraí^**<br>Sonraí agus teicneolaíocht a ghiaráil, ESB a athrú ó bhonn ionas go mbeidh sé ag feidhmiú mar fhóntas digiteach atá dírithe ar shonraí | Aibíocht dhigiteach | N/A | Bunúsach/ Príomhshruth | Príomhshruth/ Ceannaire | 8, 9, 10 |
| **Fóntacht Airgeadais**<br>A chinntiú go bhfuil dóthain acmhainní airgeadais ar fáil chun ár gcuspóir a chomhlíonadh | Rátáil chreidmheasa láidir ag grád infheistíochta | Rátálacha creidmheasa A- nó a gcomhionann agus BBB+ ar bhonn neamhspleách | Rátálacha creidmheasa A- nó a gcomhionann agus BBB+ ar bhonn neamhspleách | BBB+/Baa1 ar bhonn neamhspleách | 7, 8, 9 |
| | Toradh ar an gCaipiteal in Úsáid (ROCE) | 5.6% | 7.9% | ROCE > WACC | |
| **Inbhuanaithe agus Freagrach go Sóisialta**<br>Céim chun cinn maidir le freagracht shóisialta agus chomhshaoil, éiteas sábháilte, fónta agus inbhuanaithe a chothú de réir ár luachanna | Déine carbóin shócmhainní agus ghníomhaíochtaí giniúna ESB~ | 440g $CO_2$/kWh | 370g $CO_2$/kWh | 140g $CO_2$/kWh | 7, 8, 9, 13 |

[1] Tá sainmhíniú le fáil sa Ghluais ar leathanach 294.

^ Níl NIE Networks nó So Energy san áireamh sa mhéadracht seo.

~ Tá comhfhiontair san áireamh sa mhéadracht seo bunaithe ar scairshealbhú ESB san eintiteas ábhartha.

* I dTuarascáil Bhliantúil 2022, thagair an dul chun cinn a tuairiscíodh i gcomparáid leis an sprioc seo don líon pointí luchtaithe a suiteáladh. Tá sé seo nuashonraithe in 2023 chun tagairt don líon luchtairí suiteáilte arb ionann é agus an beart ceart chun sprioc 2030 a chur i gcomparáid leis.

## Creat Straitéiseach

Tá Difríocht a Dhéanamh: Aeráidneodracht faoi 2040 forbartha trí úsáid a bhaint as Creat Straitéiseach a chinntíonn go bhfuil na gníomhartha agus na cinntí straitéiseacha comhsheasmhach le cuspóir agus luachanna ESB, agus go bhfuil 'amharclíne' shoiléir agus chomhsheasmhach bunaithe dóibh siúd laistigh den eagraíocht agus do pháirtithe leasmhara seachtracha.

### Ár gCuspóir

### Tacú le cuspóirí domhanda

7 Affordable and clean energy — Rochtain ar fhuinneamh inacmhainne, iontaofa, inbhuanaithe agus nua-aimseartha a chinntiú do chách

9 Industry, innovation and infrastructure — Bonneagar athléimneach a fhorbairt, tionsclú ionchuimsitheach agus inbhuanaithe a chur chun cinn agus tacú le nuálaíocht

13 Climate action — Gníomhú ar bhonn práinne chun athrú aeráide agus a thionchar a chomhrac

Tacaíonn straitéis ESB go díreach le Cuspóir Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SDGanna) a sholáthraíonn treoirphlean domhanda chun todhchaí níos fearr agus níos inbhuanaithe a chinntiú do gach duine faoi 2030. Tá an straitéis dírithe ar thrí SDG ar féidir le ESB difríocht mharthanach agus inbhraite a dhéanamh ina leith.

### Ár Straitéis

Cuspóirí Straitéiseacha
Acmhainní Bunúsacha

### Ár Luachanna

Tá tuilleadh eolais maidir lenár straitéis le fáil ar shuíomh gréasáin ESB.

Straitéis (ar lean)

# Timpeallacht Ghnó ESB

I mí na Nollag 2021, ghlac comhaltaí an Bhoird le straitéis nua - Difríocht a Dhéanamh: Aeráidneodracht faoi 2040 - bunaithe ar athbhreithniú suntasach ar na fachtóirí inmheánacha agus seachtracha a bhfuil tionchar acu ar threo straitéiseacha an Ghrúpa.

Ó mhí na Nollag 2021, rinneadh roinnt forbairtí seachtracha suntasacha sa chomhthéacs geilleagrach, polaitiúil, margaidh agus beartais ghinearálta, atá le cur san áireamh i straitéis ESB. In 2023, rinneadh forbairtí suntasacha ar thimpeallacht ghnó ESB a bhféadfadh impleachtaí a bheith acu ar straitéis ESB ar bhonn gearrthéarmach agus fadtéarmach. Tá achoimre ar na forbairtí seo le fáil thall agus i bhFigiúr 1.

### Praghsanna Fuinnimh Arda agus Míshocracht sa Mhargadh

Mhaolaigh an leibhéal luaineachta a tugadh faoi deara i margaí fuinnimh domhanda in 2022 beagán in 2023. Tá na praghsanna mórdhíola laghdaithe go suntasach ó tugadh buaicphraghsanna 2022 faoi deara ach tá siad fós i bhfad níos airde ná na leibhéil a tugadh faoi deara roimh an ngéarchéim fuinnimh. Níl an margadh fuinnimh chomh leochaileach do na forbairtí i gCogadh na Rúise-na hÚcráine i láthair na huaire. D'fhéadfadh an éagobhsaíocht a tugadh faoi deara i réigiún an Mheánoirthir le déanaí, áfach, a bheith mar bhonn le laghduithe ar tháirgeadh ola agus gáis. I measc na bhfachtóirí eile a bhfuil tionchar acu ar an margadh tá tacaíocht fhioscach shuntasach a chur ar fáil do theaghlaigh agus do ghnóthaí, beartais chun éileamh fuinnimh a laghdú agus bearta chun spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí dhlús a chur le húsáid inathnuaiteán agus úsáid hidrigine, agus leictriú a mhéadú.

### Beartas Fuinnimh agus Aeráide

Tá beartas fuinnimh agus aeráide ag forbairt ag leibhéal Eorpach agus náisiúnta, mar fhreagairt, i bpáirt, do na saincheisteanna atá ag eascairt as na himeachtaí thuasluaite (athruithe beartaithe agus iarbhír ar struchtúr agus rialúchán an mhargaidh), agus mar gheall ar an tionchar méadaitheach atá ag athrú aeráide fisiciúil atá ag eascairt as astaíochtaí gás ceaptha teasa. In Éirinn, bhí fianaise ar an bhfachtóir seo le fáil sna huaillmhianta feabhsaithe atá luaite i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 (CAP24), a foilsíodh ag deireadh 2023. Tá na beartais seo ag cur leis na deiseanna atá ann infheistíocht a dhéanamh i nginiúint in-athnuaite agus i líonraí leictreachais rialaithe i ngach ceann de na margaí a bhfuil ESB ag feidhmiú iontu.

### Timpeallacht Mhaicreacnamaíoch Éiginnte

Tá an timpeallacht mhaicreacnamaíoch, airgeadais agus ráta úis fós dúshlánach, mar gheall, i bpáirt, ar na fadhbanna san earnáil fuinnimh a bhfuil cur síos déanta orthu thuas, ach freisin mar gheall ar fhachtóirí iar-COVID (e.g. cur isteach ar an slabhra soláthair). I rith 2023, tugadh comharthaí gearrthéarmacha dúshlánacha faoi deara sa mhaicreacnamaíocht, lena n-áirítear rátaí boilscithe agus rátaí úis a bhí ag ardú go leanúnach. I mbliana, seans gur tháinig deireadh freisin le ré an mhaoinithe saoir de bhrí go raibh na rátaí úis níos airde le tabhairt faoi deara i gcomhair tréimhse níos faide fad is a bhí iarracht á déanamh ag na bainc cheannais déileáil le boilsciú. Go ginearálta, tá moill tagtha ar fhás an gheilleagair dhomhanda.

### An Slabhra Soláthair agus Margaí Saothair

I rith 2023 bhí dúshláin le tabhairt faoi deara a bhain le slabhraí soláthair domhanda mar gheall ar fhachtóirí cosúil le teannas geopholaitiúil agus trádála agus scroigeanna iar-COVID. I rith 2023 bhain dúshlán le héileamh méadaithe, imní maidir le spleáchas ar sholáthraithe ó phríomhcheantair gheografach, agus éiginnteacht leanúnach maidir le príomh-chomhpháirteanna, mar aon le costais a bhí ag ardú mar gheall ar dhéine agus minicíocht adhaimsire, boilsciú foriomlán, agus níos mó gá a bheith le héagsúlú. Ina theannta sin, bhí na margaí saothair an-iomaíoch – go háirithe chomh fada is a bhain le scileanna i réimsí atá nasctha leis an aistriú fuinnimh a sholáthar.

### Slándáil an tSoláthair

Bhí imní maidir le slándáil an tsoláthair le tabhairt faoi deara ar fud na hEorpa i rith 2023. Chomh fada is a bhaineann le Margadh Leictreachais Aonair (SEM) na hÉireann, tá fadhbanna fós ag baint le teorainn acmhainne de bhrí go bhfuil giniúint in-athnuaite in SEM á soláthar ag luas níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis mar aon le fás réamh-mheasta leanúnach san éileamh ar fhuinneamh.

### Teicneolaíocht agus Digitiú

Múnlaíonn tionscnóirí teicneolaíochta fadtéarmacha comhthéacs ESB, go hábhartha i réimsí na giniúna inseachadta saor ó charbón, stóráil mhórscála/fhadtréimhse, agus in acmhainn agus cur i bhfeidhm teicneolaíochtaí digiteacha. Tá an úsáid atá á baint as teicneolaíochtaí a bhfuil anailísíocht sonraí in úsáid acu, cosúil le meaisínfhoghlaim agus intleacht shaorga, mar bhonn le claochlú go leor gnóthaí agus tionscal, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an earnáil fóntas.


### Díghrádú Aeráide

Tá athrú aeráide ag tarlú agus de réir mar a bheidh tionchair fhadtéarmacha an athraithe aeráide le tabhairt faoi deara, cruthaíonn an líon méadaithe teagmhas adhaimsire a bhfuiltear ag súil leo bagairt don leanúnachas gnó agus bonneagar criticiúil leochaileach. Is fianaise é sin gur gá an luas athraithe a theastaíonn ionas go mbeidh eagraíochtaí in ann díghrádú aeráide a áireamh ina gcuid straitéisí a mhéadú.

### Gnéithe Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (ESG)

Ciallaíonn rialacháin ESG atá á bhforbairt agus tuilleadh grinnscrúdaithe ar pháirtithe leasmhara nach mór d'eagraíochtaí beartais fhiúntacha ESG a áireamh ina straitéisí.

**Figiúr 1 - Mórfhorbairtí Seachtracha in 2023 a raibh Tionchar acu ar Straitéis ESB**



# Samhail Ghnó

Tá ESB tiomanta do dhifríocht a dhéanamh. Todhchaí níos gile a sholáthar, fuinneamh inbhuanaithe, iontaofa agus inacmhainne a chruthú agus a nascadh, agus tacú leis na custaiméirí agus pobail a bhfuilimid ag freastal orthu aeráidneodracht a bhaint amach.

## Ionchur Caipitil

**Caipiteal Monaraithe**
- > acmhainn ghiniúna 5 GW
- Líonra de bheagnach 240,000 km i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart na hÉireann

**Caipiteal Airgeadais**
- Leachtacht de €3.7 billiún
- Rátáil chreidmheasa A (BBB+ ar bhonn neamhspleách)
- Glansócmhainní de níos mó ná €5 bhilliún

**Caipiteal Intleachtúil**
- Saineolas bainistíochta inbhuanaitheachta agus timpeallachta
- Nuálaíocht a chur chun cinn
- Léargas páirtithe leasmhara

**Caipiteal Daonna**
- Breis is 9,200 fostaí amhail ar an 31 Nollaig 2023

**Caipiteal Sóisialta agus Freagrach**
- Caidreamh leis na custaiméirí agus pobail a bhfuil ESB ag freastal orthu

**Caipiteal Nádúrtha**
- 981 MW de ghiniúint in-athnuaite



Déanann ESB forbairt, oibriú agus trádáil ar an aschur giniúint leictreachais an ESB sócmhainní ar fud na Poblachta, TÉ agus an Bhreatain Mhór.

Gin

Is é an Cuspóir atá againn todhchaí níos gile a chinntiú agus tacú leis na custaiméirí agus pobail a bhfuilimid ag freastal orthu aeráidneodracht a bhaint amach

Soláthair agus Dáil

Soláthar



Tógann agus cothabhálann ESB an líonra tarchurtha agus dáileacháin i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann, agus tá an líonra seo faoi úinéireacht ESB freisin.



Seirbhísí leictreachais, gáis agus fuinnimh a chur ar fáil do chustaiméirí i bPoblacht na hÉireann, Tuaisceart Éireann agus sa Bhreatain Mhór.

## Príomhaschuir

**Custaiméirí**
- 73% de chustaiméirí sásta (leictreachas baile i bPoblacht na hÉireann)
- 40% de sciar margaidh an tsoláthair uile-oileáin
- 27% de sciar margaidh na giniúna uile-oileáin

**Fostaithe**
- Méadú ar an meánlíon fostaithe de 694 in 2023

**Stocshealbhóirí**
- Díbhinn de bhreis is €1.4 billiún le deich mbliana anuas
- Toradh 7.9% ar chaipiteal úsáidte

**An Geilleagar**
- Breis is €1.7 billiún de chaiteachas caipitil
- Ranníocaíocht de bhreis ar €2.7 billiún curtha ar fáil do gheilleagar na hÉireann i bhfoirm párolla, cánacha, díbhinní agus ceannachán ó sholáthraithe baile
- Breis is €2.4 milliún eisíoctha le pobail

**An Timpeallacht**
- Déine carbóin laghdaithe 45% ó 2005
- Scór CDP 'A-'

## Luach dár bPáirtithe Leasmhara

**Custaiméirí**
Rochtain a thabhairt dár gcustaiméirí ar sholáthar fuinnimh atá glan, slán agus inacmhainne, agus cur ar a gcumas díriú ar an aeráidneodracht trí infheistíocht a dhéanamh i seirbhísí agus réitigh.

**Fostaithe**
Áit oibre a chruthú ina bhfuil daoine comhbhácha, misniúla ag comhoibriú lena chéile chun déileáil le dúshlán nach mbíonn le sárú ach uair amháin sa saol agus deis a thabhairt do gach duine ról a imirt sna hiarrachtaí aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2040.

**Stocshealbhóirí**
Tacú le seachadadh phríomhthosaíochtaí straitéiseacha ESB agus Rialtas na hÉireann cosúil le leictreachas dícharbónaithe agus bonneagar athléimneach de réir Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide Rialtas na hÉireann. Freastalaíonn beartas díbhinne ESB ar dhíbhinní spriocdhírithe ag ráta atá cothrom le 40% den bhrabús coigeartaithe i ndiaidh cánach.

**Infheisteoirí Fiachais agus Gníomhaireachtaí Rátála**
Cinnteoidh neart airgeadais láidir, a bhfuil éifeachtúlacht agus smacht infheistíochta ag tacú leis, gur féidir le ESB torthaí oiriúnacha a chinntiú do scairshealbhóirí, rátáil chreidmheasa láidir ag grád infheistíochta a chothabháil agus maoiniú fadtéarmach barrmhaith a fháil chun pleananna infheistíochta a mheaitseáil ar mhaithe le todhchaí aeráidneodrach.

**Pobail**
Ó bunaíodh ESB sa bhliain 1927 tá sé ag tacú le carthanachtaí agus grúpaí pobail a fheabhsaíonn bonnsraith gheilleagrach agus shóisialta na bpobal a bhfuil sé ag freastal orthu. Tá tuilleadh eolais maidir leis seo le fáil ar leathanach 102 - 105.

**Soláthraithe, Conraitheoirí agus Comhpháirtithe**
A chinntiú go mbaineann soláthraithe, conraitheoirí agus comhpháirtithe tairbhe as ár ngnó trí chaitheamh go cothrom le gach soláthraí i ngach próiseas soláthair dár gcuid a chuirtear i gcrích ar bhealach atá neamh-idirdhealaitheach, trédhearcach agus comhréireach.

**Rialtóirí, Údaráis Chomhshaoil agus Sábháilteachta**
Comhoibriú lena chéile ar fhorbairt beartais agus leasuithe chun cabhrú linn díriú ar phríomh-shaincheisteanna cosúil le slándáil an tsoláthair, dlús a chur lenár spriocanna inbhuanaitheachta agus tacú lenár gcustaiméirí leochaileacha fad is atá iarracht á déanamh againn ach rud a dhéanamh go sábháilte i gcónaí.

**Comhlachtaí Tionscail Eile**
Oibriú le chéile chun athrú dearfach a chruthú don tsochaí agus chun timpeallacht thógtha níos fearr a fhorbairt.

## Ár Luachanna

Tá luachanna ESB fréamhaithe go domhain san eagraíocht agus cuimsítear iontu an t-ionracas agus an uaillmhian atá fréamhaithe san obair a chuireann ESB i gcrích. Tá ról lárnach ag na luachanna sin i bhforbairt agus i soláthar na straitéise - tá siad mar bhonn le cinntí agus tacaíonn siad le gealltanas ESB a chinntiú go mbeidh muinín ag custaiméirí agus ag pobail as ESB.

**TÁIMID MISNIÚIL**
Táimid ullamh chun dúshlán ár gnáthmhodha oibre a thabhairt, an rud ceart a dhéanamh agus triail a bhaint as bealaí oibre níos fearr.

**TÁIMID COMHBHÁCH**
Tá riachtanais reatha agus thodhchaíocha custaiméirí ag croílár ár gcuid oibre agus táimid féin agus daoine eile á gcoinneáil sábháilte agus sláintiúil.

**TÁIMID DÍOGRAISEACH**
Tá spéis againn san obair atá á cur i gcrích againn gach lá, táimid nuálach agus sásta comhoibriú le daoine eile chun na dúshláin agus deiseanna atá amach romhainn a thabhairt agus a thapú.

**TÁ MUINÍN AG DAOINE ASAINN**
Tá ról againn ar fad, glacaimid go dáiríre lenár bhfreagrachtaí, cuirimid ár gcuid oibre i gcrích agus tá ár sláinte agus sábháilteacht féin, agus sláinte agus sábháilteacht daoine eile á gcosaint againn.






# Rannpháirtíocht lenár bPáirtithe Leasmhara

D'fhéadfadh tionchar a bheith ag gníomhaíochtaí ESB ar raon leathan páirtithe leasmhara. Ag teacht leis sin, tá sé mar aidhm ag ESB leanúint ar aghaidh le plé oscailte agus dearfach lena pháirtithe leasmhara ar fad chun a straitéis a thuiscint, a bhreithniú agus a fhorbairt ar bhealach a fhreastalaíonn ar a n-ionchais. Aidhm bhreise is ea cur ar chumas páirtithe leasmhara aiseolas agus léargas a thabhairt do ESB chun bonn a chur lena bhreithniúcháin agus cinnteoireacht. Faigheann ESB léargas luachmhar ar thosaíochtaí agus ar ábhair atá ag déanamh imní dá pháirtithe leasmhara trí chur chuige ilghnéitheach ag leibhéal an Ghrúpa agus an aonaid gnó.

## Ag Leibhéal Grúpa

Déanann ESB taighde ar pháirtithe leasmhara thart ar uair amháin gach trí bliana. Lena chois sin, déanann ESB suirbhé ar bhaill den phobal gach ráithe trí úsáid a bhaint as rianairí branda agus clú. Anuas air sin, déanann ESB monatóireacht leanúnach ar chainéil meán sóisialta go díreach le páirtithe leasmhara (lena n-áirítear an Rialtas mar stocshealbhóir is mó ESB) agus baill d'eagraíochtaí seachtracha. Ina measc seo tá Gnó sa Phobal in Éirinn, Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann, an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, Comhlachais Tráchtála agus grúpaí ábhartha tionscail agus ballraíochta cosúil le hInnealtóirí na hÉireann.

## Ag Leibhéal an Aonaid Gnó

### ESB Networks

Leagtar amach sa Chreat Straitéiseach um Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara straitéis rannpháirtíochta leanúnach ESB Networks chun tacú le plé oscailte agus leanúnach lena pháirtithe leasmhara ar fad. Foilsíonn ESB Networks Tuarascáil Bhliantúil maidir le Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara ina ndéantar cur síos ar a rannpháirtíocht fhairsing le páirtithe leasmhara le bliain anuas. Tá cur chuige leanúnach leagtha amach sa chreat, ach chomh maith leis sin, gach bliain foilsíonn ESB Networks Straitéis gus Plean Bliantúil maidir le Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara ina sonraítear an straitéis agus na pleananna don bhliain amach romhainn. Tá sé seo bunaithe ar rannpháirtíocht agus comhoibriú leanúnach le custaiméirí agus páirtithe leasmhara. Tá tuilleadh eolais le fáil ar shuíomh gréasáin ESB Networks (www.esbnetworks.ie).

### NIE Networks

Déanann NIE Networks gníomhaíochtaí atá bunaithe ar rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara chun a chinntiú go bhfuil cead ag páirtithe leasmhara a dtuairimí a roinnt i rith na tréimhse athbhreithnithe praghais rialála reatha (RP6). Mar thoradh ar an rannpháirtíocht seo faightear léargas ar fheidhmíocht agus deis aiseolas a bhailiú chun cabhrú leis an soláthar seirbhíse a mhúnlú agus a athrú. Chomh maith leis sin, cabhraíonn sé chun pleananna a fhorbairt don todhchaí agus breithníodh í fad is a bhí a phlean gnó le haghaidh RP7 á fhorbairt. Tá tuilleadh eolais le fáil ar shuíomh gréasáin NIE Networks (www.nienetworks.co.uk).

### Giniúint agus Trádáil (GT)

D'infheistigh GT i gclár suntasach rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara i rith 2023. Ba iad na daoine a raibh freagrachtaí plean gnó orthu le haghaidh réimsí sonracha a chuir an clár i bhfeidhm, agus úsáideadh roinnt cainéal rannpháirtíochta chun tacú leis go héifeachtach. I measc na gcainéal seo bhí na meáin dhigiteacha, na meáin thraidisiúnta, deiseanna smaointeoireachta ceannaireachta, rannpháirtíochtaí míreanna seasta, aighneachtaí mionsonraithe mar fhreagairt ar ghlaonna ar fhianaise agus comhairliúcháin, cruinnithe/tráthnónta oscailte rannpháirtíochta leis an bpobal áitiúil faoi thionscadail agus clár de chruinnithe déthaobhacha. Tá dul chun cinn maith déanta go dtí seo agus tá an dul chun cinn atá déanta go dtí seo úsáidte mar bhonn le treo straitéiseach ghnó GT. Leanfar ar aghaidh le hiarracht leanúnach a dhéanamh sa phríomhréimse seo.

### Réitigh do Chustaiméirí

I rith tréimhse ina raibh praghsanna arda á ngearradh go leanúnach, sholáthair moil tacaíochta custaiméirí ar na suíomhanna gréasáin Réitigh do Chustaiméirí, go háirithe i ngnóthaí Electric Ireland agus So Energy, rochtain do chustaiméirí ar fhaisnéis, treoir agus tacaíocht chun cabhrú le billí a bhainistiú agus le hídiú fuinnimh.

Tá ról lárnach ag tuiscint a bheith ag ESB ar ionchais, ábhair imní agus leasanna a chustaiméirí agus páirtithe leasmhara i gcónaí. Cuirtear tús leis an bpróiseas seo ag leibhéal an aonaid gnó agus tá baint aige freisin le rannpháirtíocht ag leibhéal Grúpa. Tá eolas maidir le príomhghrúpaí páirtithe leasmhara ESB agus sonraí a rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara le fáil thíos.

## Ár bPríomhpháirtithe Leasmhara

### Custaiméirí

Clúdaíonn bonn custaiméirí ESB raon leathan, lena n-áirítear custaiméirí atá nasctha le líonraí leictreachais Phoblacht na hÉireann agus Thuaisceart Éireann, na daoine a gcuireann ESB tairiscintí leictreachais, gáis agus miondíola eile ar fáil dóibh i bPoblacht na hÉireann, Tuaisceart Éireann agus an Bhreatain Mhór, agus cliaint sainchomhairleoireachta innealtóireachta ESB.

**Aidhm na Rannpháirtíochta:** Tá ESB bródúil as a bheith ag freastal ar chustaiméirí trí sheachadadh agus nuálaíocht le blianta fada anuas. Ní mór dúinn leanúint ar aghaidh le cluas éisteachta a thabhairt dár gcustaiméirí ionas gur féidir le ESB a chuid riachtanas athraitheach a thuiscint. Cuireann sé seo ar ár gcumas cothromaíocht a chinntiú idir brú gearrthéarmach i rith tréimhse de phraghsanna arda go leanúnach agus cuspóirí inbhuanaitheachta fadtéarmacha.

**Ár Modh Rannpháirtíochta:** Idirghníomhaíonn ESB le custaiméirí ar chainéil éagsúla, lena n-áirítear:

- Suirbhéanna custaiméirí
- Taighde margaidh foirmiúil
- Fócasghrúpaí
- Suíomhanna gréasáin agus cuntais meán sóisialta na cuideachta
- Bainisteoirí caidrimh agus cuntais speisialta

Tá ESB ag infheistiú i seirbhísí agus réitigh inbhuanaithe a chabhraíonn le custaiméirí

## Rannpháirtíocht lenár bPáirtithe Leasmhara (ar lean)



am, airgead agus fuinneamh a shábháil, agus a chabhraíonn le sástacht custaiméirí a fheabhsú ag an am céanna. Anuas air sin, tá ESB tiomanta do thacaíocht bhreise a chur ar fáil do na custaiméirí sin a bhfuil cabhair ag teastáil uathu lena mbillí fuinnimh.

### Fostaithe

Ár gcomhghleacaithe agus conraitheoirí atá ag obair inár ngnó.

**Aidhm na Rannpháirtíochta:** Tá ról lárnach ag aiseolas ó fhostaithe sna hiarrachtaí atá á ndéanamh foireann oibre atá oilte, díograiseach agus spreagtha a mhealladh, a fhorbairt agus a choimeád, atá riachtanach chun straitéis ESB a chur i gcrích go héifeachtach. Chun leanúint ar aghaidh le dlús a chur leis an dul chun cinn, ní mór go dtuigfeadh ESB na nithe atá tábhachtach dar lenár bhfostaithe.

**Ár Modh Rannpháirtíochta:** Tacaítear le rannpháirtíocht rialta le fostaithe trí mhodhanna difriúla lena n-áirítear:
- Cruinnithe foirne
- Athbhreithnithe feidhmíochta/plé maidir le forbairt gairme
- An Craoladh Gréasáin 'ESB Employee All-Hands'
- Suirbhéanna foirne ("Ár nGuth")
- An Mol (acmhainn eolais agus ardán cumarsáide fostaithe ESB)
- Cruinnithe/seisiúin faisnéise duine le duine
- Acmhainn foghlama agus oiliúna ar líne
- Rannpháirtíocht le ceardchumainn

### Stocshealbhóirí

Is faoi úinéireacht Rialtas na hÉireann atá 97% de ESB agus is faoi úinéireacht Iontaobhaithe Phlean Úinéireachta Scaireanna Fostaithe (ESOP) atá 3%.

**Aidhm na Rannpháirtíochta:** Cinntíonn rannpháirtíocht ghníomhach go dtuigeann agus go bhfreagraíonn ESB do riachtanais athraitheacha a úinéirí agus go bhfaigheann sé tacaíocht ónár straitéis. Chomh maith leis sin, tugann sé deis do ESB a thuairimí a roinnt de réir mar a bhíonn beartas agus spriocanna náisiúnta á bhforbairt. Cinntíonn rannpháirtíocht leanúnach go bhfuil páirtithe leasmhara ESB airdeallach ar a thimpeallacht ghnó, straitéis, samhail ghnó, gealltanais feidhmíochta agus inbhuanaitheachta. Creideann ESB go gcumasaíonn leictreachas athghiniúint shochaíoch agus go bhfuil cumarsáid leanúnach maidir lena ghealltanais i ndáil le bithéagsúlacht, ídiú uisce, úsáid dramhaíola agus acmhainní, agus rudaí eile nach iad, riachtanach.

**Ár Modh Rannpháirtíochta:** Glacann ESB páirt i gcomhairliúchán gníomhach agus leanúnach leis an Rialtas maidir le príomhcheisteanna beartais agus straitéiseacha de réir mar a cheanglaíonn an reachtaíocht agus an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Tarlaíonn sé sin trí sheisiúin faisnéise ráithiúla fhoirmiúla le hionadaithe Rialtais, aighneachtaí i scríbhinn a chur faoi bhráid na rann Rialtais, plé déthaobhach (lena n-áirítear leis an gCathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach) agus trína chinntiú go bhfreastalaíonn ionadaithe de chuid na nAirí Rialtais ábhartha ar an gCruinniú Ginearálta Bliantúil. Áirítear ann seirbhísí pleanála airgeadais agus faisnéis maidir le feidhmíocht a sholáthar lena n-áirítear an buiséad bliantúil, an plean gnó cúig bliana agus nuashonruithe ráithiúla maidir le feidhmíocht airgeadais. Chomh maith leis sin, téann ESB i mbun rannpháirtíochta agus comhairle go rialta le hIontaobhaithe ESB ESOP trí sheisiúin faisnéise rialta fhoirmiúla.

### Infheisteoirí Fiachais agus Gníomhaireachtaí Rátála

Iasachtóirí/sealbhóirí fiachais a mhaoiníonn clár infheistíochta caipitil ESB mar aon leis na gníomhaireachtaí rátála a dhéanann measúnú neamhspleách ar láidreacht airgeadais agus acmhainneacht creidmheasa ESB.

**Aidhm na Rannpháirtíochta:** Cabhraíonn rannpháirtíocht le hinfheisteoirí agus gníomhaireachtaí reatha agus ionchasacha le ESB teacht ar thuiscint níos fearr ar ionchais iasachtóirí agus gníomhaireachtaí rátála i ndáil lenár bhfeidhmíocht airgeadais agus inbhuanaitheachta.

**Ár Modh Rannpháirtíochta:** Téann an fhoireann um Chaidreamh le hInfheisteoirí, lena n-áirítear Cisteoir an Ghrúpa agus an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Grúpa Airgeadais agus Tráchtála, i mbun rannpháirtíochta go rialta le hinfheisteoirí fiachais institiúidigh trí fhógraí foirmiúla, seisiúin faisnéise do na meáin, seónna bóthair d'infheisteoirí agus seisiúin faisnéise d'infheisteoirí (i ndiaidh na dtorthaí airgeadais eatramhacha agus bliantúla a chur ar fáil, mar shampla). Tá tuilleadh eolais ar fáil sa rannóg faoi chaidreamh infheisteora ar shuíomh gréasáin ESB.

### Pobail

Daoine atá ina gcónaí i bpobail atá taobh le láithreáin agus oibríochtaí ESB, agus daoine sa phobal trí chéile freisin, a cheadaíonn do ESB a fhreagracht shóisialta ghinearálta do na pobail a bhfuil sé ag freastal orthu a chomhlíonadh.

**Aidhm na Rannpháirtíochta:** Bíonn pobail ag súil go gcuirfidh eagraíochtaí ar bhealach dearfach le saincheisteanna atá tábhachtach dar leo agus go dtacóidh siad lena leithéid. Cúis bhróid do ESB a bheith in ann tacú le carthanachtaí agus déanann sé iarracht i gcónaí a chaidreamh leis na pobail in aice leis na ceantair ina bhfuil sé ag feidhmiú a fheabhsú.

**Ár Modh Rannpháirtíochta:** Tacaíonn ESB le carthanachtaí áitiúla agus náisiúnta agus le grúpaí pobail feasacht a mhéadú agus cistí a bhailiú chun cabhrú le cúiseanna fiúntacha. Idirghníomhaíonn ESB lena phobail trí chainéil dhifriúla lena n-áirítear:
- Laethanta oscailte/turais láithreáin
- Rannpháirtíocht in imeachtaí áitiúla agus náisiúnta
- Comhpháirtíochtaí corparáideacha
- An Ciste Energy For Generations (ciste tacaíochta sóisialta ESB)
- Ciste pobail na bhfeirmeacha gaoithe
- Obair dheonach á déanamh ag fostaithe (lena n-áirítear cláir á rith ag Gnó sa Phobal)
- Bainistiú aibhneacha agus gnáthóg

Tá tuilleadh eolais maidir leis an méid thuasluaite le fáil ar na leathanaigh idir 102 agus 105.

### Soláthraithe, Conraitheoirí agus Comhpháirtithe

Comhpháirtithe agus soláthraithe ESB táirgí agus seirbhísí.

**Aidhm na Rannpháirtíochta:** Leagtar amach i gCairt Soláthraithe ESB na caighdeáin atá le comhlíonadh ag gach soláthraí. Trí bheith ag obair le soláthraithe, is féidir linn a chinntiú gur féidir leo caighdeáin is airde ESB a chomhlíonadh i ndáil le sábháilteacht táirgí, cáilíocht agus iompar agus eitic ghnó, agus ag an am céanna a chinntiú go bhfuil cearta an duine agus an timpeallacht á n-urramú. Chomh maith leis sin, cabhraíonn comhoibriú ar fud an tslabhra soláthair chun soláthar seasmhach seirbhísí agus réiteach a chinntiú.

**Ár Modh Rannpháirtíochta:** Idirghníomhaíonn ESB le soláthraithe ar go leor bealaí éagsúla, lena n-áirítear trí phróisis tairisceana, cruinnithe athbhreithnithe conartha, réamhchomhairliúcháin mhargaidh agus imeachtaí 'Buail leis an gCeannaitheoir'. Go ginearálta, lorgaítear gnéithe inbhuanaitheachta ó thairgeoirí sa chás go gcabhraíonn a leithéid le cuspóirí inbhuanaitheachta ESB a sholáthar. Tá níos mó eolais le fáil i dTuarascáil Inbhuanaitheachta 2022 atá le fáil ar shuíomh gréasáin ESB.

### Rialtóirí, Údaráis Chomhshaoil agus Sábháilteachta

Comhlachtaí rialtais náisiúnta, gníomhaireachtaí agus údaráis eile a chuireann dlíthe infheidhme chun feidhme agus a fhorfheidhmíonn a leithéid ar fud an tionscail.

**Aidhm na Rannpháirtíochta:** Ár dtuairimí a roinnt le daoine atá freagrach as beartas, dlíthe agus rialacháin a chur chun feidhme de bhrí go bhféadfadh tionchar a bheith ag na beartais rialála seo ar mhodh oibre ESB.

**Ár Modh Rannpháirtíochta:** Idirghníomhaíonn ESB le rialtóirí agus údaráis eile ar chainéil éagsúla, lena n-áirítear cumainn tráchtála, seisiúin faisnéise agus cruinnithe díreacha agus fóraim ilpháirtithe leasmhara eile, agus trí iniúchtaí agus athbhreithnithe foirmiúla ar chomhlíonadh. Trí na hidirghníomhaíochtaí seo, is féidir le ESB tacú go héifeachtach le forbairt agus leasuithe beartais chun cabhrú le díriú ar phríomh-shaincheisteanna cosúil le slándáil an tsoláthair, dlús a chur le spriocanna inbhuanaitheachta agus tacú le custaiméirí leochaileacha.

### Comhlachtaí Tionscail Eile

Oibritheoirí líonraí, Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (NGO) tionscail, NGOnna inbhuanaitheachta agus comhlachtaí tionscail eile a bhfuil sé mar aidhm acu soláthar sábháilte, slán agus iontaofa leictreachais a chur ar fáil fad is atá geilleagar agus sochaí inbhuanaithe, ísealcharbóin á gcumasú.

**Aidhm na Rannpháirtíochta:** Dlús a chur le forbairt ar mhaithe lenár ngnóthaí agus leis an tionscal agus cabhrú le hathrú dearfach ar scála mór a chruthú don tsochaí agus don timpeallacht.

**Ár Modh Rannpháirtíochta:** Plé agus rannpháirtíocht leanúnach i ngrúpaí comhairleacha gnó agus tionscail a chuireann ar chumas ESB páirt a ghlacadh i bhforbairt dea-chleachtas tionscail i ndáil le raon topaicí inbhuanaitheachta seanbhunaithe.



## Rannpháirtíocht lenár bPáirtithe Leasmhara (ar lean)

### Príomh-shaincheisteanna

Trínár rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus taighde, tá na príomh-shaincheisteanna seo a leanas sainaitheanta agus eagraithe in ord tosaíochta ag ESB:

**Gáis cheaptha teasa a dhíothú ónár ngníomhaíochtaí agus spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú**
Tá fuinneamh in-athnuaite á fhorbairt agus á nascadh againn ar mhaithe leis an gcóras leictreachais a dhícharbónú agus aeráidneodracht a chinntiú faoi 2040. Táimid ag leanúint ar aghaidh le hinfheistíocht shuntasach a dhéanamh i nginiúint in-athnuaite nua, lena n-áirítear gaothfhuinneamh agus grianfhuinneamh ar talamh agus ón talamh, agus cuirfidh sé seo go suntasach leis an méid giniúna in-athnuaite atá nasctha lenár líonraí leictreachais.

**Soláthairtí fuinnimh iontaofa agus slána a chur ar fáil dár gcustaiméirí**
Infheisteoimid inár mbonneagar ar mhaithe le soláthairtí leictreachais iontaofa agus slána a sholáthar. Tá sé seo riachtanach chun tacú le hardleibhéil de ghiniúint in-athnuaite eatramhach ar an gcóras agus chun tacú le breis spleáchais ar leictreachas i ngach earnáil den tsochaí. Forbróimid líonraí níos cliste, níos seasmhaí chun freastal ar leictriú iompair agus téimh a bheidh riachtanach chun ár n-astaíochtaí sa tsochaí trí chéile a laghdú. Chomh maith leis sin, infheisteoimid i sócmhainní stórála agus i nginiúint inseolta saor ó charbón a bheidh in ann freastal ar riachtanas foinsí neamh-eatramhacha fuinnimh agus leanúnachas an tsoláthair a chinntiú.

**Dlús a chur le leictriú na sochaí agus tacú le maireachtáil ísealcharbóin**
Cinnteoimid go mbeidh ár gcustaiméirí agus na pobail a bhfuilimid ag freastal orthu in ann feidhmiú go haeráidneodrach agus tacóimid leo. Tá sé seo ag teacht leis an ngealltanas atá tugtha againn le fada go mbeidh an bonneagar, na táirgí agus na seirbhísí is déanaí agus is nuálaí á soláthar againn chun cabhrú lenár gcustaiméirí maireachtáil ar bhealach níos éifeachtaí agus níos inbhuanaithe amach anseo.

**Soláthairtí in-acmhainne fuinnimh a chinntiú, custaiméirí leochaileacha a chosaint agus déileáil le tearcrochtain breosla**
Tá ár mbranda miondíola in Éirinn – Electric Ireland – tiomanta don luach is fearr is féidir leis a chinntiú dá chustaiméirí agus tá ceann na rátaí caighdeánacha is ísle sa mhargadh á thairiscint ag Electric Ireland. Áirítear i measc na dtacaíochtaí atá curtha ar fáil ag Electric Ireland dá chustaiméirí a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu pleananna íocaíochta solúbtha, saoire íocaíochta agus méadair PAYG, mar aon le taraifí méadair chliste agus an chomhairle is déanaí maidir le coigilt fuinnimh a roinnt. Soláthraíonn Electric Ireland tacaíocht trína chomhpháirtíochta seanbhunaithe le heagraíochtaí cosúil le Seirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid (MABS) agus Cumann Naomh Uinseann de Pól (SVP), agus trí úsáid a bhaint as a Chiste Carthanachta do Chustaiméirí luach €5 mhilliún.

**Obair a chur i gcrích de réir na gcaighdeán is airde cothroime, eitice agus trédhearcachta**
Tá ESB tiomanta do na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach, ionracas gnó agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara ina chuid gníomhaíochtaí ar fad. Cloíonn foireann bhainistíochta agus baill foirne ESB go docht lena gCód Eitice agus beartais Ghrúpa, comhlíontar an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ar gach slí agus foilsítear gach doiciméad ábhartha ar a shuíomh gréasáin chun críche trédhearcachta.

Cuireann baill an Bhoird tuairimí na bpáirtithe leasmhara san áireamh nuair a bhíonn cinntí maidir le straitéis, infheistíochtaí/dífheistíochtaí nó nithe eile á ndéanamh a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an ngeilleagar trí chéile nó ar an timpeallacht agus ar an tslí sin méadaítear an seans go mbeidh rath inbhuanaithe fadtéarmach ar ESB. Chomh maith leis sin, tá an Bord airdeallach ar an ngá atá le hardchaighdeáin iompair gnó i ndáil lena ghníomhartha agus cinntí agus ar an ngá atá le caitheamh go cothrom le páirtithe leasmhara uile ESB. Breithníonn baill an Bhoird aiseolas a bhaineann le gach gníomh agus taighde rannpháirtíochta mar chuid dá phróisis chinnteoireachta. Tá tuilleadh eolais le fáil ar leathanach 131.

### Ábharthacht Dhúbailte faoi Threoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (CSRD) an AE

Is coincheap é ábharthacht dhúbailte a sholáthraíonn critéir chun cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu an gá nó nach gá ní inbhuanaitheachta a chur san áireamh i dtuairisciú inbhuanaitheachta gnóthais. Is éard atá i gceist le hábharthacht dhúbailte aontas na hábharthachta tionchair agus na hábharthachta airgeadais. Comhlíonann ní inbhuanaitheachta na critéir atá luaite le hábharthacht dhúbailte más ábhar é bunaithe ar an bpeirspictíocht tionchair nó ar an bpeirspictíocht airgeadais nó ar an dá pheirspictíocht.

Mar chuid den ullmhúchán atá á dhéanamh ag ESB don aistriú chuig tuairisciú atá ailínithe le CSRD, i rith 2023, cuireadh an obair scóipe ar mheasúnú ábharthacht dhúbailte ESB i gcrích agus táthar ag súil go gcuirfear an measúnú iomlán i gcrích in 2024.



# Tuarascáil ar Rioscaí

**Cur Chuige i leith Bainistíocht Riosca**
Tacaíonn bainistíocht éifeachtach rioscaí agus aimsiú deiseanna le forbairt agus le cur chun feidhme straitéis ESB agus ag an am céanna cosnaítear leasanna a pháirtithe leasmhara agus stocshealbhóirí.

Bíonn ar ESB déileáil le roinnt rioscaí agus deiseanna a bhféadfadh tionchar ábhartha a bheith acu ar a fheidhmíocht agus forbairt fhadtéarmach. Tá béim shuntasach á leagan ag ESB Group ar shainaithint, bainistíocht agus maolú éifeachtach na rioscaí agus na ndeiseanna seo.

**Modh Bainistíochta Riosca ESB**
Tá freagracht agus cuntasacht fhoriomlán ar an mBord as bainistíocht riosca agus rialú inmheánach. Sonraítear i gCód Rialachais Chorparáidigh reatha na Ríochta Aontaithe 2018 (Cód na Ríochta Aontaithe) (Clásail 28, 29 agus 31) agus treoir ghaolmhar freagracht an Bhoird as cinneadh a dhéanamh maidir le nádúr agus méid na bpríomhrioscaí a bhfuil sé toilteanach glacadh leo chun a chuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh. Chomh maith leis sin, tagraítear sa Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (Mír 7.2) don mhaoirseacht a dhéanfaidh an Bord ar bhainistíocht riosca lena n-áirítear an ceanglas chun *"an plean bainistíochta riosca agus clár rioscaí a cheadú gach bliain ar a laghad"*. Caithfidh an Bord a chinntiú chomh maith gur leabaíodh cultúr cuí ar fud na heagraíochta lena chinntiú go ndéantar rioscaí a mheasúnú agus a bhainistiú go héifeachtach.

Cinntíonn an Bord go bhfuil neamhchosaint an Ghrúpa ar riosca i gcomhréir lena chuspóirí straitéiseacha agus luach stocshealbhóirí níos fadtéarmaí a chruthú. Tá glactha ag an mBord lena Bheartas Bainistíochta Riosca agus Creat Rialachais chun tacú lena mhaoirseacht ar riosca ar fud an Ghrúpa.

Tarmligeann an Bord a fhreagracht as a phríomhrioscaí agus rioscaí atá ag teacht chun cinn do Choistí Boird de réir Théarmaí Tagartha an Choiste agus a réimsí saineolais faoi seach. Cuireann Cathaoirleach an Choiste tuarascáil faoi bhráid an Bhoird iomláin maidir le príomhfhorbairtí agus nithe a bhfuil tuilleadh plé agus breithnithe le déanamh orthu. Tá freagracht fhoriomlán ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca as a chinntiú go bhfuil rioscaí agus deiseanna á sainaithint, á meas, á dtuairisciú agus á rialú i gceart thar ceann an Bhoird. Cuireann an Coiste Iniúchta agus Riosca comhairle ar an mBord maidir lena inghlachtacht riosca, lamháltas riosca agus straitéis riosca fhoriomlán an Ghrúpa.

Tá sonraí na ngníomhaíochtaí a chuir an Bord agus an Coiste Iniúchta agus Riosca i gcrích i rith 2023 maidir lena bhfreagrachtaí rioscaí le fáil ar leathanach 142.

Cuimsítear i gcur chuige ESB measúnú straitéiseach ón mbonn aníos ar riosca agus inghlacthacht riosca, a n-áirítear ann an timpeallacht ghnó sheachtraigh agus aon athruithe ar an tsamhail ghnó, mar aon le próiseas sainaitheanta agus tuairiscithe oibríochtúil ón mbun aníos a eascraíonn as athbhreithniú agus measúnú ar chláir rioscaí na n-aonad gnó.

Tá cur chuige bainistíochta riosca ESB dinimiciúil. Déanann ESB bainistiú rialta agus réamhghníomhach ar rioscaí i dtimpeallacht ghnó a athraíonn go tapa, agus déanann sé faisnéis faoi rioscaí a nuashonrú agus a fheabhsú go leanúnach chun tacú le cinnteoireacht ar gach leibhéal. Cuirtear cúlra ar fáil san achoimre ar fhorbairtí sa timpeallacht ghnó ar leathanach 19 chun rioscaí a shainaithint agus a mheasúnú agus imríonn siad tionchar ar inghlacthacht riosca.

**Gníomhaíochtaí Maoirseachta ar Riosca i rith 2023**
Go luath in 2023 d'athbhreithnigh agus mhol an Bord Plean Rioscaí Grúpa le haghaidh 2023 don Choiste Iniúchta agus Riosca inar sonraíodh na príomhrioscaí agus na rioscaí atá ag teacht chun cinn atá os comhair an Ghrúpa, lena n-áirítear na rialuithe agus na gníomhartha maolaithe atá molta chun na rioscaí a bhainistiú i rith 2023.

Cuireadh plean oibre cuimsitheach san áireamh leis an bPlean Rioscaí Grúpa don Choiste inar sonraíodh a ghníomhaíochtaí maoirseachta riosca don bhliain. Anuas air sin, leis an gCoiste a éascú an t-eolas is déanaí a bheith aige maidir le gluaiseachtaí sa timpeallacht riosca atá ábhartha do ESB, cuireadh raon foilseachán agus páipéar breise maidir le príomhábhair riosca ar fáil don Choiste i rith na bliana. Díríodh i seisiún bliantúil grinnfhiosraithe riosca an Choiste ar riosca calaoise agus áiríodh leis breithniú a dhéanamh ar an tionchar a imrítear ar chlú corparáideach. Thug cainteoirí inmheánacha agus seachtracha sonraí faoi threochtaí calaoise don Choiste.

Cheadaigh an Coiste Iniúchta agus Riosca agus an Bord Beartas Bainistíochta Riosca ESB go luath in 2023. Aithint ghonta fhoirmiúil atá sa bheartas seo ar thiomantas na heagraíochta do bhainistiú éifeachtach ar riosca. Thug an Coiste Iniúchta agus Riosca agus an Bord faoi Athbhreithniú cuimsitheach Lárbhliana ar Riosca agus rinne siad é a athbhreithniú agus a cheadú agus rinneadh Plean Riosca an Ghrúpa a nuashonrú don bhliain 2023 dá réir. Tugadh tuarascálacha ráithiúla don Choiste Iniúchta agus Riosca a bhreithnigh stádas agus tionchar na rialuithe agus na gníomhartha maolaithe a sainaithníodh a chur i bhfeidhm, a sholáthair dearbhú don Choiste go bhfuil próiseas daingean bainistíochta riosca ann. I rith 2023, shainaithin agus thuairiscigh ESB maidir le raon príomhtháscairí feidhmíochta don Choiste chun cabhrú le monatóireacht ar éifeachtúlacht agus ar éifeachtacht a ngníomhaíochtaí agus a bhfreagrachtaí maoirseachta riosca.

Chomh maith leis sin, sainaithníonn agus déanann ESB iarracht raon rioscaí Ardtionchair Ísealdóchúlachta (HILP) atá ábhartha don Ghrúpa a mhaolú. Is aicme rioscaí iad HILPanna a d'fhéadfadh dochar fadtéarmach tubaisteach a dhéanamh don ghnó. Cuirtear athbhreithniú iomlán ar HILPanna i gcrích ar bhonn débhliantúil. Rinneadh athbhreithniú breise i mí Mheán Fómhair 2023, áfach, ar iarraidh an Choiste Iniúchta agus Riosca ar mhaithe le haon athruithe a shainaithint ar an dearcadh rioscaí foriomlán a shainaithint, i gcomhthéacs forbairtí agus forbairtí féideartha ar thimpeallacht rioscaí ESB.

Bhuail Grúpa Riosca, Grúpa Iniúchta Inmheánaigh, Grúpa Airgeadais agus roinnt príomhfheidhmeanna dara líne eile le chéile go rialta i rith na bliana chun ceisteanna a bhain le rialú inmheánach agus bainistíocht riosca a phlé. Cinntíonn sé seo go bhfuil na feidhmeanna ailínithe, go bhfuil níos mó eolais á roinnt agus go bhfuil deiseanna níos fearr ann chun réimsí feabhais a shainaithint sa chreat rialaithe inmheánaigh trí chéile.

Faoi Chód an Stáit agus Beartas agus Creat Riosca féin ESB, ceanglaítear ar ESB athbhreithnithe seachtracha tréimhsiúla a dhéanamh ar éifeachtacht a chreata agus a phróiseas Bainistíochta Riosca Fiontair (ERM). Rinneadh an t-athbhreithniú seachtrach deiridh in 2021 agus leanadh leis na gníomhaíochtaí a d'eascair as a chur chun feidhme i rith 2023.

## Tuarascáil ar Rioscaí (ar lean)

**Cultúr Riosca**
Is é an Bord atá freagrach agus cuntasach, i ndeireadh na dála, as cúrsaí a shocrú ag barr na heagraíochta. Is é cultúr riosca ESB atá mar bhonn leis an mbealach a shainaithníonn, a thuigeann, a phléann agus a ghníomhaíonn fostaithe maidir leis na rioscaí a ghlacann siad agus a mbíonn orthu déileáil leo ar bhonn laethúil.

D'fhonn cur le feasacht ar riosca, tá béim á leagan ar luachanna ESB i bplé le gach fostaí d'fhonn a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir agus chomhsheasmhach á bunú againn maidir leis an gcaoi a gcuirimid ár gcuid bealaí oibre i gcrích. D'fhonn tacú le cultúr riosca a leabú, tá glactha ag ESB le beartais (cosúil le cód eitice ESB, "Ár gCód") a éascaíonn agus a spreagann timpeallacht ina mbraitheann daoine compordach chun aird a tharraingt ar cheisteanna éagsúla agus ina gcaitheann an fhoireann bhainistíochta go dáiríre, go gairmiúil agus de réir oibleagáidí dlíthiúla atá i bhfeidhm faoi Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, le hábhair imní.

Tacaíonn leibhéil shoiléire údaráis, anailís riosca a dhéanamh mar chuid de phleanáil gnó/tionscadail agus sonraí a thabhairt faoin mbreithniú a dhéantar ar an ailíniú idir infheistíochtaí agus inghlacthacht riosca ESB do gach aighneacht a cheadaíonn an Bord, le cinnteoireacht. Soláthraítear oiliúint shonrach le haghaidh gníomhaíochtaí ardriosca lena n-áirítear feasacht ar shláinte, sábháilteacht agus folláine, feasacht chibear-riosca, oibríochtaí líonraí, príobháideachas sonraí agus gníomhaíochtaí trádála fuinnimh. Chinntigh an cur chuige seo go bhfuil aird á tarraingt ag céim luath ar rioscaí agus ar éiginnteachtaí ionas gur féidir gníomhú go tapa chun aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar fhostaithe agus ar pháirtithe leasmhara eile a íoslaghdú.

**Inghlacthacht Riosca**
Tá Creat Inghlacthachta Riosca ESB bunaithe ar inghlacthacht riosca a shocrú ar leibhéal an Ghrúpa sna príomhfhoinsí riosca a mbeidh ar ESB déileáil leo le linn dó a aidhm agus a chuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh (i.e. Domhan Rioscaí ESB) agus soláthraítear ann an bonn chun eolas maidir le hinghlacthacht riosca a roinnt leis an eagraíocht ar fad.

Treoraíonn inghlacthacht riosca an próiseas pleanála gnó bliantúil trí phróifíl riosca inmhianaithe fhadbhreathnaitheach an Ghrúpa a shainiú chun cuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh. Tá sé leabaithe i gcinntí bainistíochta riosca laethúla trí úsáid a bhaint as lamháltais agus srianta riosca le haghaidh cineálacha rioscaí ábhartha (e.g. trádáil fuinnimh agus oibríochtaí státchiste). Is bealach é seo lena chinntiú go mbíonn an phróifíl rioscaí ailínithe leis an inghlacthacht riosca trí chothromaíocht a chinntiú idir rioscaí agus torthaí.

Ceadaíonn an Bord Ráiteas Inghlacthachta Riosca an Ghrúpa bunaithe ar chomhairle an Choiste Iniúchta agus Riosca. Tá straitéis ESB ag teacht leis an Ráiteas Inghlacthachta Riosca atá ceadaithe ag an mBord. Leanadh le monatóireacht a dhéanamh ar na príomhrioscaí trí thagairt a dhéanamh don Ráiteas Inghlacthachta Riosca ceadaithe i rith 2023.

Tá inghlacthacht riosca ESB, mar a cheadaigh an Bord é, ailínithe le agus curtha ar an eolas ag, Straitéis Aeráidneodrachta faoi 2040 de chuid ESB. Léirítear sa Ráiteas Inghlacthachta Riosca inghlacthacht ESB i ndáil le riosca faoi gach ceann de na sé chatagóir shainaitheanta faoi Dhomhan Rioscaí ESB. – 1. Straitéiseach, 2. Airgeadas, 3. Cúrsaí Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachas (ESG)/Aeráid, 4. Cultúr, Bainteach le Daoine agus Sábháilteacht, 5. Comhlíonadh, agus 6. Oibríochtúil agus Teicneolaíocht.

**Príomhrioscaí an Ghrúpa in 2023**
Leagtar amach príomhrioscaí an Ghrúpa don bhliain 2023 ar leathanach 30. Glactar leis go bhfuil na rioscaí seo ábhartha dár dtuiscint ar conas a chruthaíonn ESB luach. Bhí roinnt Príomhrioscaí le tabhairt faoi deara ar bhonn leanúnach i rith 2023. Tháinig athrú ar phríomhrioscaí eile le linn na bliana mar chuid de phróiseas daingean athbhreithnithe lárbhliana, i gcomhar leis na coistí ábhartha maoirseachta. Forbraíodh iad agus straitéis ESB, forbairtí ar an margadh seachtrach agus ceisteanna dlí agus rialála á gcur san áireamh agus chuir athbhreithniú 'ón mbun aníos' ar chláir rioscaí oibríochtúla leo. Cuirtear rioscaí atá ag teacht chun cinn san áireamh freisin a mhéid agus is féidir.

Dearadh Plean Riosca an Ghrúpa don bhliain 2023 leis an méid seo a leanas a chinntiú:


- rinneadh breithniú ar leith ar an mbaol nach mbainfí cuspóirí straitéiseacha ESB amach
- Rinne na gnólachtaí rioscaí a shainaithint agus a mheasúnú ar bhonn ón mbun aníos agus rinne Riosca Grúpa, an Coiste Bainistíochta Riosca agus Fóram Riosca an Choiste Feidhmiúcháin iad a fhiosrú agus a athbhreithniú go leordhóthanach ar bhonn ón mbarr anuas. Rinne an Coiste Iniúchta agus Riosca agus an Bord rioscaí a fhiosrú agus a athbhreithniú freisin
- rinneadh rioscaí agus inghlacthacht riosca a ailíniú
- tá rialuithe agus maolaithe riosca oiriúnacha chun an dóchúlacht go mbeadh rioscaí ag teacht chun cinn a laghdú agus tá sásraí téarnaimh chun tionchar teagmhais a laghdú i bhfeidhm
- tá forbairtí riosca atá ag teacht chun cinn le himeacht ama á rianú
- tuigeann daoine go bhfuil an fhoireann bainistíochta ullmhaithe chun riosca a bhainistiú
- tá freagracht as riosca leithdháilte ar mhaithe le cuntasacht a chinntiú
- tá plean cumarsáide bunaithe chun an Bord agus na fochoistí ábhartha a choinneáil ar an eolas faoi phríomhábhair riosca i rith na bliana

**Rioscaí Grúpa atá ag Teacht chun Cinn**
Cuireann an creat bainistíochta riosca ar chumas an Ghrúpa rioscaí atá ag teacht chun cinn a shainaithint, a anailísiú agus a bhainistiú chun cabhrú le neamhchosaintí féideartha a shainaithint a luaithe agus is féidir. Déantar é seo a bhainistiú mar chuid den phróiseas céanna atá mar bhonn leis na príomhrioscaí a shainaithint. Déantar athbhreithniú orthu seo i gcomhpháirt leis na príomhrioscaí.

**Leanúnachas Gnó**
Tá ESB freagrach as bonneagar ríthábhachtach a sholáthar agus d'fhéadfadh cur isteach ar sheirbhísí agus oibríochtaí áirithe damáiste a dhéanamh don gheilleagar, don tsochaí agus do ghnó ESB. Tá tacar láidir pleananna agus próisis leanúnachais gnó bunaithe ag ESB d'fhonn a chinntiú go bhfuil freagairt ESB á bainistiú agus á cur chun feidhme go héifeachtach. Cuireadh cuid de na pleananna seo i bhfeidhm mar chuid de phlean tástála bliantúil, bunaithe ar chásanna a bhféadfadh tionchar díobhálach a bheith acu ar ESB agus chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid is féidir na rioscaí seo a mhaolú. Tuairiscítear torthaí agus ceachtanna foghlamtha ag eascairt as an athbhreithniú bliantúil agus clár tástála don Choiste Iniúchta agus Riosca.




## Creat Bainistíochta Riosca



Tuarascáil ar Rioscaí (ar lean)

## Teasléaráid Déine Riosca agus Rialaithe




A. Láidreacht Airgeadais agus Timpeallacht Mhífhabhrach Mhaicreacnamaíoch agus Airgeadais
B. Éaradh Córais/Cibearionsaí/Sceitheadh Sonraí
C. Comhlíonadh (Dlíthe, Rialacháin, Ceadúnas)
D. Aistriú Aeráide
E. Bonneagair agus Córais Chasta Líonra a Sholáthar
F. Slándáil an tSoláthair
G. Cur Isteach ar an Margadh Fuinnimh agus an Slabhra Soláthair
H. Inacmhainneacht Fuinnimh
I. Soláthar Píblíne In-athnuaite, lena n-áirítear Bainistíocht Cáilíochta Tionscadail
J. Soláthar Acmhainní/Cumas
K. Teagmhais Fhisiciúla Athraithe Aeráide agus/nó Mhóra Chomhshaoil
L. Sláinte, Sábháilteacht agus Folláine
M. Branda, Sásamh Custaiméirí, Clú, Iontaoibh as Páirtithe Leasmhara



**Cuspóirí Straitéiseacha (SO)**

Leictreachas Dícharbónaithe | Bonneagar Athléimneach | Custaiméirí Cumasaithe

**Acmhainní Bunúsacha (FC)**

Ár nDaoine | Faoi Stiúir Cúrsaí Digiteacha agus Sonraí | Neart Airgeadais | Inbhuanaithe agus Freagrach go Sóisialta

## Príomhrioscaí

Tá na príomhrioscaí agus deiseanna a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar chuspóirí straitéiseacha an Ghrúpa sonraithe thíos, mar aon le leid maidir leis an gcuspóir/na cuspóirí straitéiseach(a) reatha lena mbaineann siad, aon athrú san aeráid riosca i rith na bliana, sonraí na ndaoine atá freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar an riosca, na príomh-mhaoluithe, forbairtí a bhaineann leis an riosca i rith 2023 agus na réimsí nach mór díriú orthu in 2024. Níl na rioscaí liostaithe in ord tábhachta ná tosaíochta.

### A. Láidreacht Airgeadais agus Timpeallacht Mhífhabhrach Mhaicreacnamaíoch agus Airgeadais

FC

**Aeráid Riosca**

**Cad é an riosca?**

**Teip láidreacht airgeadais agus leachtacht ESB a chothú, mar gheall ar thearcsholáthar na feidhmíochta riachtanaí, lena n-áirítear Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachas (ESG), torthaí infheistíochta ísle, agus déine chaipitil nó forbairtí diúltacha atá ag dul i méid sa tírdhreach seachtrach maicreacnamaíoch agus airgeadais (e.g. cúlú eacnamaíochta, boilsciú marthanach agus ardrátaí úis, teannas geopholaitiúil)**

**Cúiseanna le riosca**

- Teip ar CapEx agus OpEx a sholáthar laistigh de na liúntais rialála
- Teip ar spriocanna feabhais feidhmíochta an Ghrúpa a chomhlíonadh
- Luaineacht leanúnach sna margaí fuinnimh go ginearálta, gné a bhfuil tionchar aici ar chorrlaigh
- Méaduithe sa timpeallacht iomaíoch i ngnólachtaí soláthair in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór
- Teip ar phíblíne tionscadal forbartha in-athnuaite leordhóthanach a chinntiú (le próifíl riosca/toraidh inghlactha)
- Peirspictíocht chlú ESG agus an fhéidearthacht chun teorainn a chur le teacht ESB ar chistí
- Rátaí ag dul in airde de bharr beartas airgeadaíochta nó préimheanna riosca atá ag dul in airde ar fhiachas ceannasach nó ESB
- Méadaíonn boilsciú leibhéil chostais ESB níos tapúla ná mar is féidir a athéileamh faoi inneácsú praghsanna rialála nó i margaí iomaíocha

**Maolú**

**Cosc a chur ar an riosca teacht chun solais:**

- Straitéisí fálaithe oiriúnacha a chur chun feidhme chun an gnó a chosaint
- A chinntiú go bhfuil creat láidir trádála agus bainistíochta riosca bunaithe i bhfeidhm
- Leanúint ar aghaidh le monatóireacht chríochnúil agus chuimsitheach ar fhorbairtí margaidh le haghaidh deiseanna éadála giniúna ísealcharbóin
- Leanúint le rannpháirtíocht le lucht déanta beartas, rialtóirí, infheisteoirí agus daoine eile
- Rannpháirtíocht réamhghníomhach le páirtithe leasmhara ábhartha agus leis an Rialtas
- Clár tiomnaithe ESG i bhfeidhm
- A chinntiú go ndéantar tástáil struis ar áiseanna caipiteal oibre, lena chinntiú gur féidir le ESB glacadh le praghsanna níos airde agus glacadh le bonn custaiméirí mór soláthraí
- Solúbthacht a thabhairt isteach i mbonn costais clár caiteachais chaipitiúil ESB agus díriú leanúnach ar fheabhsú feidhmíochta

**Má thagann an riosca chun solais:**

- Caiteachas caipitiúil beartaithe a iarchur/a laghdú, más gá
- Bearta solúbthachta airgeadais a chur chun feidhme chun caipiteal a athshuíomh i ndeiseanna infheistíochta níos mealltaí
- Cláir laghdaithe costais a chur chun feidhme chun iomaíochas a athshlánú, más gá
- Breithniú a dhéanamh ar roghanna malartacha comhpháirtíochta maoinithe agus airgeadais chun tionscadail atá dian ar chaipiteal a chur i gcrích (mar is gá)
- Athbhreithnithe straitéiseacha a chur i bhfeidhm go rialta ina gcuirtear an timpeallacht mhaicreacnamaíoch san áireamh; freagairt go straitéiseach agus go hoibríochtúil, faoi mar a theastaíonn
- Leanúint leis an lucht déanta beartas a chur ar an eolas go rialta ar na roghanna is fearr

**Forbairtí in 2023**

- Tháinig laghdú ar luaineacht an mhargaidh i gcomparáid le 2022, ach níl an dearcadh i leith an mhargaidh cinnte go fóill, mar sin féin
- Tháinig méadú ar rátaí mar gheall ar an mbeartas ráta boilscithe agus ar feadh tréimhsí níos faide ná mar a tuaradh i dtosach agus lean brú boilscithe agus dúshláin maidir leis an slabhra soláthair de bheith ann
- Baineadh uaillmhian mhéadaithe infheistíochta caipitil amach in 2023 mar chuid den straitéis neodrachta fuinnimh a sholáthar
- Ceadaíodh plean gnó cúig bliana a thacaíonn le straitéis ESB a sholáthar, agus láidreacht airgeadais á cothú

**Maoirseacht: An Coiste Airgeadais agus Infheistíochta agus an Coiste Iniúchta agus Riosca**

**Limistéar ar a nDíreofar in 2024**

- Feabhsú agus solúbthacht feidhmíochta i mbonn costais ESB
- Teacht leanúnach ar chistiú agus leachtacht
- Torthaí infheistíochta agus Creat Infheistíochta daingean
- Monatóireacht a dhéanamh ar idirghabháil margaidh/rialtais
- Riachtanais feidhmíochta/tuairiscithe ESG

# Príomhrioscaí (ar lean)

**Cuspóirí Straitéiseacha (SO)**: Leictreachas Dícharbónaithe; Bonneagar Athléimneach; Custaiméirí Cumasaithe

**Acmhainní Bunúsacha (FC)**: Ár nDaoine; Faoi Stiúir Cúrsaí Digiteacha agus Sonraí; Neart Airgeadais; Inbhuanaithe agus Freagrach go Sóisialta

## B. Éaradh Córais/Cibearionsaí/ Sceitheadh Sonraí

SO FC

**Aeráid Riosca**

### Cad é an riosca?

**Éaradh ar feadh tréimhse fhada de chórais chriticiúla TF/OT ag eascairt as teipeanna neamh-mhailíseacha bonneagair nó cibearionsaithe rathúla agus/nó sceitheadh mór sonraí**

### Cúiseanna le riosca

- Cibearionsaí rathúil, lena n-áirítear ionsaí bogearraí éirice nó fioscaireachta
- Sárú mailíseach nó neamh-mhailíseach sonraí pearsanta nó sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de
- Fadhb shuntasach le crua-earraí, earráid bogearraí nó teip líonraithe, atá mar bhonn le teip bonneagair/córas TF nó OT a bhfuil tionchar aici ar phróisis ghnó ríthábhachtacha
- Próiseas agus rialuithe míchuí i bhfeidhm chun rioscaí TF/OT a bhainistiú go cuí ar fud ESB (soláthraithe inmheánacha agus 3ú páirtí)
- Níos mó bagairtí mar gheall ar obair hibrideach

### Maolú

**Cosc a chur ar an riosca teacht chun solais:**

- Cibearbheartais, cibearstraitéis agus cibearshamhail rialachais bunaithe agus forbairt leanúnach na Cibearshamhla Oibriúcháin TF/OT
- Tá an Chibearshamhail Oibriúcháin bunaithe chun cosaint chéad líne, dara líne le haghaidh TF agus OT a bhainistiú
- Beartais Cosanta Sonraí agus samhail oibriúcháin bunaithe ar fud na heagraíochta
- Tionscadal Cibearshlándála 2024 a chur i bhfeidhm
- Tástáil rialta (cleachtaí ionsamhlúcháin san áireamh) ar Phleananna Freagartha Criticiúla le hullmhacht na heagraíochta a thástáil
- Rinneadh Fiontraíocht Chomhtháite na Comhairle Slándála a chur i bhfeidhm - rinne rialachas cibearshócmhainní, sócmhainní fisiciúla agus an pearsanra i measc sócmhainní agus suíomhanna TF agus OT a chomhtháthú

**Má thagann an riosca chun solais:**

- Tá Pleananna Bainistithe Géarchéime agus Pleananna Leanúnachais Gnó i bhfeidhm
- Forbraíodh Pleananna Freagartha Cibeartheagmhais agus Pleananna Athshlánaithe ó Thubaiste
- Tá próiseas bainistithe sáraithe, anailís ar threochtaí agus ar bhunchúiseanna san áireamh, i bhfeidhm do theagmhais um chosaint sonraí
- Leanann ESB le cumas cibearfhreagartha TF agus OT agus cumas athshlánaithe a neartú, freagairtí a fhorbairt do bhagairtí nua san áireamh
- Tá Próiseas Bainistíochta Teagmhais TF i bhfeidhm anois, athbhreithniú teagmhais agus ceachtanna a foghlaimíodh san áireamh
- Leanúint le caidreamh a threisiú leis an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála

### Forbairtí in 2023

- Cibearthionscadail a sholáthar/a chur i bhfeidhm
- Róil a líonadh/poist a cuireadh leis an bhfoireann CISOanna (Príomhoifigeach Slándála Faisnéise)
- Tá cruinnithe na Comhairle Slándála i mbun feidhme
- Tá measúnú ar aibíocht chibearshlándála ar bun agus meastar go gcuirfear i gcrích é i ráithe 1 2024
- Cuireadh feachtas cibearshlándála do chláir feasachta agus oiliúna ar siúl Tá méadú tagtha ar fheasacht ar an mbagairt fioscaireachta
- Dul chun cinn ar chomhlíonadh Rialachán na Treorach maidir leis an NIS (an treoir maidir le slándáil an líonra agus chórais faisnéise)
- Leanadh le teagmhais a bhainistiú ar aon dul le nósanna imeachta/amlínte
- Críochnaíodh an cleachtadh maidir leis na ceachtanna a foghlaimíodh/ rinneadh feabhsúcháin mar thoradh ar an méid a foghlaimíodh

### Maoirseacht: An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

**Limistéar ar a nDíreofar in 2024**

- Leanúint leis na riachtanais a shásamh go gcomhlíonfaimid Rialachán na Treorach maidir leis an NIS
- Leanúint le feabhas a chur ar an gclár feasachta agus oiliúna, agus cur leis an rath a baineadh amach in 2023
- Tá measúnuithe ar aibíocht chibearshlándála ar na bacáin agus críochnófar iad go luath in 2024
- Meastar go leanfaidh an chibearchoireacht ag éirí níos casta. Is dóchúil go n-éireoidh bainistíocht riosca an tslabhra soláthair agus tríú páirtí níos feiceálaí ná mar a bhí sé riamh, faoi mar a tugadh faoi deara sa dá ráithe dheireanacha in 2023. Meastar go ndíreofar ar Intleacht Shaorga (AI) ghiniúnach agus na deiseanna a chruthaíonn sé

## C. Comhlíonadh (Dlíthe, Rialacháin, Ceadúnas)

SO FC

**Aeráid Riosca**

### Cad é an riosca?

**Teip ar oibleagáidí dlíthiúla agus rialachais infheidhme a chomhlíonadh cibé acu má bheidh nó mura mbeidh siad á bhforchur ag dlí, rialachán nó ceadúnas**

### Cúiseanna le riosca

- Leibhéil mhéadaithe d'oibleagáidí dlíthiúla - líon, castacht agus idirnascacht
- Ionchais maidir le caighdeáin chomhlíontachta ag údaráis rialála a mhéadú
- Teip ar an gcreat beartais a fhorbairt de réir na n-athruithe atá ag tarlú
- Tosca daonna mar bhonn le rialacháin a bheith á sárú gan chuimhneamh
- Easpa suime i gcomhlíonadh mar bhonn le méadú ar theip rialachais
- Iniúlacht easnamhach mar gheall ar easpa oiliúna agus feasachta maidir le hoibleagáidí
- An fhéidearthacht go dteipfeadh ar shócmhainní atá sean (próiseas, áit oibre, uirlisí agus innealra agus trealamh)

### Maolú

**Cosc a chur ar an riosca teacht chun solais:**

- Bunaíodh Feidhm Chomhlíonta ar leith agus tá acmhainní cuí á gcur ar fáil di
- Tá an Creat do Bheartais Ghrúpa le feabhsú agus tá tacaíocht le cur ar fáil ag an bhFeidhm Chomhlíonta dó
- Rannpháirtíocht leanúnach leis na páirtithe leasmhara seachtracha ábhartha, lena n-áirítear údaráis rialála
- Sásraí tuairiscithe rúnda agus nósanna imeachta imscrúdaithe bunaithe laistigh den eagraíocht
- Déantar cur síos i gCód agus Ár Luachanna, sa mhullach ar Bheartas Frithbhreabaireachta, Frithchaimiléireachta agus Frithchalaoise ESB, ar an saghas iompair atá inghlactha agus iad siúd nach bhfuil

**Má thagann an riosca chun solais:**

- Tá Lámhleabhar Cigireachtaí Rialála i bhfeidhm agus sainaithníodh foirne imscrúdaithe
- Monatóireacht leanúnach ar theagmhais intuairiscithe le haghaidh patrún a d'fhéadfadh a thabhairt le fios go bhfuil fadhb bhunúsach nó nochtadh i gceist
- Imscrúdú foirmiúil ar aon sáruithe, lena n-áirítear athbhreithniú ar na ceachtanna foghlamtha
- Idirchaidreamh le páirtithe leasmhara seachtracha ábhartha, lena n-áirítear údaráis rialála
- Nós imeachta bainistíochta agus freagartha teagmhas i bhfeidhm
- Próisis leanúnachais gnó i bhfeidhm
- Ceachtanna foghlamtha agus roinnte i ndiaidh aon teagmhais

### Forbairtí in 2023

- Lean iniúchadh agus monatóireacht seachtrach sa limistéar seo ag dul i méid
- Chuaigh feasacht agus monatóireacht inmheánach ar cheisteanna rialachais, comhlíonta agus rialaithe i méid
- Ag croílár na hoibre atá á déanamh chun an riosca seo a mhaolú tá cur i gcrích an chláir Rialachais/Riosca/ Comhlíonta (GRC) a bhfuil dul chun cinn á dhéanamh aige i rith 2023
- Leanann an Clár Inbhuanaitheachta, Claochlaithe agus Cumasaithe (STEP) le cumas ESG a fhorbairt
- Fostaíodh Bainisteoir Imscrúdaithe laistigh d'Iniúchóireacht Inmheánach an Ghrúpa

### Maoirseacht: An Bord

**Limistéar ar a nDíreofar in 2024**

- Táthar ag súil go leanfaidh na ceanglais ghrinnscrúdaithe agus na ceanglais agus ionchais sheachtracha sa réimse seo ag méadú
- Leanfaidh ESB lena shocruithe comhlíonta a fhorbairt agus a threisiú d'fhonn a chinntiú go bhfuil siad oiriúnach chun oibleagáidí reatha agus atá ag teacht chun cinn a chomhlíonadh
- Leanfar le monatóireacht a dhéanamh ar an réimse seo d'fhonn a chinntiú go mbeidh a oibleagáidí dlíthiúla á gcomhlíonadh go leanúnach ag ESB, agus rachfar i mbun rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara de réir mar is cuí
- Roinnt bunspriocanna inghnóthaithe den chlár GRC agus beartais ghaolmhara a thabhairt isteach

## Príomhrioscaí (ar lean)

### D. Aistriú Aeráide

SO FC

**Aeráid Riosca** ▲

**Cad é an riosca?**

**Teip ar spriocanna inbhuanaitheachta ESB a bhaint amach de réir Straitéis Neodrachta ó thaobh Fuinnimh faoin mbliain 2040 ESB nó ar eolas nó freagairt a sholáthar do bheartais athraithe aeráide agus/nó deiseanna a thapú agus dúshláin a bhainistiú a chruthaítear sna beartais siúd, óna n-eascraíonn feidhmíocht laghdaithe anuas ar bhuarthaí poiblí, custaiméara agus infheisteora atá ag dul i méid agus tionchar diúltach ar an gcomhshaol**

**Cúiseanna le riosca**

- Teipeann ar shuíomh luath sa mhargadh a bhaint amach mar gheall ar easpa athrú/ soiléireachta chuí rialála nó córais beartais
- Easpa dul chun cinn ar Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide na hÉireann a chur i bhfeidhm
- Droch-chinntí seachtracha (rialála, geilleagracha, airgeadais, comhshaoil) a imríonn tionchar diúltach ar rialacha margaidh
- Teip ar athruithe ar reachtaíocht an AE agus náisiúnta a rianú agus a mhonatóiriú, rialáil mar fhreagairt d'athrú aeráide
- Is féidir le saincheisteanna ginearálta pleanála agus dlíthiúla moill a chur ar bhonneagar riachtanach ísealcharbóin
- Giniúint bhreise theirmeach sa phortfóilió mar gheall ar bhuarthaí faoi shlándáil an tsoláthair

**Maolú**

**Cosc a chur ar an riosca teacht chun solais:**

- Coimeád cothrom le dáta le forbairtí beartais, rialála agus reachtaíochta náisiúnta agus AE
- Plean rannpháirteachais le páirtithe leasmhara a bheith ann leis an lucht déanta beartas agus le húdaráis rialála
- Liosta rioscaí agus deiseanna aeráide an Ghrúpa a choimeád agus táscairí a athbhreithniú agus a rianú go rialta
- Faisnéis láidir straitéiseach a bheith againn i gcónaí trí fhoinsí seachtracha faisnéise
- A lorg an comhrá faoin gcóras cumhachta atá neodrach ó thaobh fuinnimh a stiúradh nó páirt mhór a ghlacann ann, ar a laghad

**Má thagann an riosca chun solais:**

- An scanadh a dhéanann ESB ar an timpeallacht sheachtrach ghnó agus bheartais a athmheasúnú agus a fheabhsú
- Measúnú criticiúil a dhéanamh ar rath nó ar easpa dul chun cinn ar phríomhchuspóirí straitéiseacha
- Freagairt go mear do chinntí nach réitíonn le ESB. An lucht déanta beartas a chur ar an eolas ar na roghanna is fearr atá ar fáil
- Athmheasúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn ar chúrsaí digiteacha agus a lorg príomhthionscnaimh a bhrostú
- A lorg a bheith mar cheannaire i réimse rannpháirtíocht an phobail agus i dtaobh tionscadail rathúla a cheadú

**Forbairtí in 2023**

- Tháinig dúshláin aníos i rith 2023 i ngeall ar ghníomhú ar son na haeráide. Cuireadh moill ar an trealamh gaoithe amach ón gcósta a thógáil ón gcéad cheant faoin Scéim Tacaíochta Leictreachais In-Athnuaite (ORESS) agus ón dara ORESS i gcomparáid leis an méid a raibh súil leis. Rinne an tríú ceant RESS méideanna níos lú a ghlanadh ná mar a raibh súil leis
- Tháinig moill ar an bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide a sholáthar agus rinneadh dul chun cinn mall ar phríomh-shaincheisteanna beartais, cosúil le saincheisteanna hibrideacha
- Tá roinnt tuartha dóchais ann sa mhéid gurb ionann díolacháin EVanna agus 20% de na díolacháin ghluaisteáin i mbliana agus go gcuirtear teaschaidéil isteach anois i bhformhór na dtithe nua
- Rinneadh dul chun cinn freisin ar airgeadas d'iarfheistiú. Táthar ar an nganncuid, áfach, maidir le hacmhainní chun oibriú laistigh den earnáil go fóill
- Lean ESB le monatóireacht a dhéanamh ar an tionscal agus ar fhorbairtí piara go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta

### Maoirseacht: An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

**Limistéar ar a nDíreofar in 2024**

- Caithfear leanúint ag díriú ar bheartais a chur i bhfeidhm in 2024
- Leanfar in 2024 leis na croíbhearta ar a ndearnadh monatóireacht in 2023
- Leanúint leis an monatóireacht ar an bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide agus ar straitéis fuinnimh Thuaisceart Éireann
- Leanúint ag obair le bealach féin ESB a shainaithint go dtí astaíochtaí atá neodrach ó thaobh fuinnimh de



**Cuspóirí Straitéiseacha (SO)**: Leictreachas Dícharbónaithe; Bonneagar Athléimneach; Custaiméirí Cumasaithe

**Acmhainní Bunúsacha (FC)**: Ár nDaoine; Faoi Stiúir Cúrsaí Digiteacha agus Sonraí; Neart Airgeadais; Inbhuanaithe agus Freagrach go Sóisialta

### E. Bonneagair agus Córais Chasta Líonra a Sholáthar

SO FC

**Aeráid Riosca** ▲

**Cad é an riosca?**

**Teip ar bhonneagar agus córais an líonra atá ag dul i méid agus atá ag éirí níos casta i gcónaí a sholáthar a theastaíonn chun freastal ar riachtanais chustaiméirí agus shochaíocha amach anseo, go háirithe maidir le freastal ar níos mó athnuaiteán, tacú le leictriú ar scála iomlán agus ar sheirbhísí fuinnimh dháilte**

**Cúiseanna le riosca**

- Easpa acmhainní ar fáil agus an cumas a theastaíonn chun na hoibreacha riachtanacha a phleanáil agus a sholáthar
- Riachtanas chun spriocdhátaí don Bheartas Nasc Seasmhach (ECP) a chomhlíonadh le haghaidh tairiscintí naisc leis an eangach mar aon le soláthar luathaithe nasc leis an eangach mar thoradh ar cheantanna RESS
- Ganntanas acmhainne féideartha ar an líonra ísealvoltais chun freastal ar ghlacadh ar mhórscála le leictriú ar scála iomlán
- Agaí ordaithe níos faide le haghaidh ábhar/an tslabhra soláthair
- Slándáil soláthair ag cur cosc ar an Oibreoir Córais Tarchuir (TSO) agus an Oibreoir Córais Dáileacháin (DSO) rud a bheadh mar bhonn le héarthaí a mbeadh tionchar acu ar chumas oibreacha a chur i gcrích
- Gan na córais agus próisis chearta a chur chun feidhme chun mórthionscadail agus réitigh innealtóireachta a sholáthar go héifeachtach
- Ganntanas oibrithe oilte
- Deacracht éartha pleanáilte a fháil le hobair a éascú

**Maolú**

**Cosc a chur ar an riosca teacht chun solais:**

- Pleanáil Chomhtháite Gnó, atá mar bhonn leis an bPlean Acmhainne Straitéisí agus pleanáil comharbais
- Straitéis Conraitheoirí agus Straitéis Soláthair
- Modheolaíocht Bainistíochta Tionscadail ESB a chur chun feidhme chun gach mórthionscadal a chur i gcrích
- Pleananna bainistíochta páirtithe leasmhara ullmhaithe agus idirghníomhaíocht áitiúil agus náisiúnta luath le príomhpháirtithe leasmhara
- Córas ísealvoltais (LV) a fhorbairt - bainistíocht réamhghníomhach an líonra LV d'fhonn a chinntiú go bhfuiltear réidh le haghaidh leictriú ag scála iomlán
- Bunaíodh an clár Líonra Náisiúnta, Ceangail Áitiúla (NNLC) leis na hacmhainní a sholáthar a theastaíonn in ESB Networks (daoine, próisis agus córais) lena bhunathrú conas a dhéantar an córas dáileacháin leictreachais a fhorbairt agus a bhainistiú

**Má thagann an riosca chun solais:**

- Acmhainní a imlonnú chuig róil chriticiúla agus chuig tionscadail ar bhonn gearrthéarmach
- Roghanna athbhreithnithe le haghaidh soláthar gearrthéarmach acmhainní
- Rannpháirteachas le páirtithe leasmhara
- Creataí soláthair agus réamhcheannach a shíneadh
- Nósanna imeachta bainistíochta teagmhais chriticiúil agus nósanna imeachta imscrúdaithe teagmhais d'aon saincheisteanna sábháilteachta nó comhshaoil

**Forbairtí in 2023**

- D'imir brú leanúnach boilscithe agus éagobhsaíocht leanúnach gheopholaitiúil tionchar ar shreafaí trádála agus bhí siad ina gcúis le cur isteach ar an slabhra soláthair, go háirithe i gcás príomhábhar agus príomhghnéithe
- Sainaithníodh slándáil an tsoláthair mar riosca i dtuartha a rinne an t-oibreoir córais le déanaí agus is dóchúil go leanfaidh siad isteach in 2024
- Bhí an baol i leith éartha ann i gcónaí i measc saincheisteanna sistéamacha acmhainn ghiniúna agus tosca séasúracha
- Rinneadh infheistíocht mhéadaithe i mbonneagar an líonra agus teacht aniar méadaithe anuas ar cheangail a éascú i gcaitheamh na bliana mar thoradh ar an uaillmhian leis an Straitéis Neodrachta ó thaobh Fuinnimh faoin mbliain 2040 a sholáthar
- Bhí srianta ar sholáthar agus ar an slabhra soláthair ann i gcaitheamh na bliana

### Maoirseacht: An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

**Limistéar ar a nDíreofar in 2024**

- Leanfaidh an t-éileamh ar bhonneagar agus ar chórais líonra atá láidir agus atá ag dul i méid
- Leanfaidh ESB le monatóireacht agus bainistiú réamhghníomhach a dhéanamh ar fhorbairtí i rith 2024
- I measc na limistéar fócais beidh na héarthaí riachtanacha tarchuir a fháil agus rannpháirteachas leanúnach le páirtithe leasmhara

# Príomhrioscaí (ar lean)

## F. Slándáil an tSoláthair

SO FC

**Aeráid Riosca** ▲

### Cad é an riosca?

**Easnamh in acmhainn ghiniúna leictreachais agus/nó saincheisteanna soláthair breosla a bheidh mar bhonn le beartas bainistíochta éilimh fhéideartha a mbeidh tionchar diúltach acu ar cháil ESB**

### Cúiseanna le riosca

- Acmhainn ghiniúna neamhleor ar an gcóras tarchuir le freastal ar an mbuaicéileamh a thuartar
- Éileamh méadaithe mar gheall ar na cúiseanna seo a leanas:
  - Fás geilleagrach orgánach i dtimpeallacht i ndiaidh thimpeallacht COVID-19
  - Ionaid sonraí nua a bheith á gcur leis an gcóras
  - Leictriú leanúnach iompair/teasa
- Easpa fhéideartha d'acmhainn ghiniúna gnóthais sa mhargadh - go háirithe nuair atá gaoth lag ann agus nuair nach bhfuil mórán fála ar idirnasc
- Ní leantar le freagairt an chórais dáileacháin do theagmhas éigeandála de réir an phlean
- D'fhéadfadh go bhfuil gás neamhleor ar fáil ar oileán na hÉireann

### Maolú

**Cosc a chur ar an riosca teacht chun solais:**

- Plean Sceite Ualaigh an DSO mar a cheadaigh an Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRU)
- Rannpháirtíocht ESB Networks le custaiméirí móra nasctha dáileacháin (custaiméirí nasctha tarchurtha ag an Oibreoir Córais Tarchurtha (TSO)) agus custaiméirí bonneagair chriticiúil e.g. FSS, Uisce Éireann, Iarnród Éireann
- Modheolaíocht Éigeantach Laghdaithe Éilimh curtha i bhfeidhm i ndáil le custaiméirí
- Rannpháirteachas le páirtithe leasmhara
- Eolas a chur ar fáil ar agus cur chun feidhme an mhaolaithe atá sonraithe sa Phlean Freagartha Adhaimsire
- Leanúint le húsáid a bhaint as Córas Bainistíochta Tionscadail ESB chun tréimhse/tréimhsí éartha a bhainistiú
- Clár Gníomhartha Shlándáil an tSoláthair CRU, lena n-áirítear giniúint éigeandála shealadach agus an tionscnamh tionscnamh Sáraigh an Bhuaic (Beat the Peak) le ESB Networks

**Má thagann an riosca chun solais:**

- Cumarsáid shoiléir, thapa agus éifeachtach le páirtithe leasmhara
- Plean Freagartha Éigeandála ESB Networks curtha chun feidhme
- Plean cumarsáide comhpháirteach comhaontaithe leis an TSO curtha chun feidhme
- Bearta curtha i bhfeidhm faoin bPlean Freagartha Adhaimsire
- Anailís ar bhunchúis déanta leis an méid a foghlaimíodh/deiseanna feabhsúcháin a shainaithint

### Forbairtí in 2023

- Tá éileamh méadaithe agus tá teannadh tagtha ar an gcóras i rith 2023 agus luadh athuair sa tuar is déanaí a d'eisigh an t-oibreoir córais riosca athuair i leith slándáil mhéadaithe soláthair a leanfaidh ar aghaidh isteach in 2024
- Baineadh torthaí dearfacha amach i dtairiscintí trádála, i nGiniúint Shealadach Éigeandála (TEG) a chur isteach ar aon dul le socruithe le EirGrid, cadhnraí a chur isteach agus seirbhísí solúbtha
- Rinne tionscadail TEG dul chun cinn i rith na bliana agus soláthraíodh ceithre aonad i ráithe 1 agus 3
- Tugadh faoi shraith cleachtaí leis na próisis freagartha éigeandála a chuíchóiriú go hinmheánach anuas ar iarrachtaí comhoibritheacha le haonáin sheachtracha le hullmhacht a threisiú
- Laghdaíodh an fháil i rith na bliana leis an bhfáil a bharrfheabhsú sa gheimhreadh

### Maoirseacht: An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

**Limistéar ar a nDíreofar in 2024**

- Rannpháirtíocht leanúnach le hoibreoirí córais tarchuir i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann
- Leanfar le béim a leagan ar an bplean freagartha adhaimsire agus ar phleanáil ullmhachta geimhridh
- Leanfar le béim a leagan ar Phleanáil Fhadtéarmach Sócmhainne, infheistíochtaí agus tionscnóirí feidhmíochta
- Leanfar ar aghaidh ag obair ar an bplean TEG agus Sáraigh an Bhuaic (Beat the Peak) de chuid ESB Networks



**Cuspóirí Straitéiseacha (SO)**: Leictreachas Dícharbónaithe; Bonneagar Athléimneach; Custaiméirí Cumasaithe

**Acmhainní Bunúsacha (FC)**: Ár nDaoine; Faoi Stiúir Cúrsaí Digiteacha agus Sonraí; Neart Airgeadais; Inbhuanaithe agus Freagrach go Sóisialta

## G. Cur Isteach ar an Margadh Fuinnimh agus an Slabhra Soláthair

SO FC

**Aeráid Riosca** ▲

### Cad é an riosca?

**Déanann luaineacht leanúnach in, agus cur isteach leanúnach ar, mhargaí fuinnimh agus ar ghnéithe eile de shlabhraí soláthair domhanda tionchar diúltach a imirt ar fheidhmíocht airgeadais agus ar chumas ESB cuspóirí straitéiseacha ESB a sholáthar**

### Cúiseanna le riosca

- Costais leictreachais mórdhíola mhéadaithe - mar gheall ar mhéaduithe ar phraghsanna tráchtearraí (gás/carbón) mar thoradh ar chogadh na Rúise/na hÚcráine
- D'fhéadfadh éagobhsaíocht pholaitiúil sa Mheánoirthear (e.g. ionsaithe ar loingseoireacht sa Mhuir Rua) baint de sholáthairtí gáis agus de ghnéithe eile de shlabhra soláthair ESB
- Méaduithe ar chostais déantúsaíochta/táirgí mar gheall ar bhrú soláthair/éilimh agus méaduithe ar chostais fuinnimh
- Gníomh agus idirghabháil rialála
- Fadhbanna airgid a bheith ag soláthraithe nó a bheith ag teip ar sholáthraithe
- Méaduithe ar phraghsanna carbóin ar giniúint theirmeach guail níos mó ar fud na hEorpa is príomhchúis leo
- Méaduithe ar chostais ghinearálta déantúsaíochta agus táirgí mar gheall ar bhrú soláthair/éilimh agus méaduithe ar chostais fuinnimh a bhaineann le hamhábhar a tháirgeadh, costais agus dáileadh fuinnimh
- Beartais réigiúnaithe agus um thabhairt i dtír, e.g. Acht um Laghdú Boilscithe Stáit Aontaithe Mheiriceá

### Maolú

**Cosc a chur ar an riosca teacht chun solais:**

- Breithniú a dhéanamh ar athruithe praghsanna níos minice, agus i ndeireadh an dála aistriú chuig samhail praghsanna níos dinimiciúla a luaithe is féidir ag brath ar chórais/phróiseas
- Rannpháirtíocht réamhghníomhach rialála, pholaitiúil, custaiméirí agus meán i rith na tréimhse de luaineacht mhargaidh
- Leibhéil leanúnacha agus fheabhsaithe de chur isteach/réamhaisnéisí chun faireachán a dhéanamh ar an slabhra soláthair
- Straitéisí fálaithe ceadaithe oiriúnacha chun tionchar na luaineachta a laghdú
- Ordú agus leibhéil mhéadaithe stoic a thabhairt chun cinn i gcás earraí athfhillteacha agus ríthábhachtacha trealaimh agus tomhaltán

**Má thagann an riosca chun solais:**

- Infheistíocht bheartaithe a iarchur/a laghdú
- Fiosraigh tairbhí agus cumas chun úsáid a bhaint as samhlacha comhpháirtíochta agus/nó éadálacha
- Cloí le straitéisí fálaithe Chisteán ESB agus Trádáil ESB
- Conarthaí nó codanna de chonarthaí a bhronnadh roimh ré mar mhéid a ngealltar dóibh chun sliotáin táirgthe agus/nó acmhainní conraitheora atá faoi shrian a fháil
- Soláthar a dhéanamh d'fhoinsí malartacha soláthair agus iad a shainaithint do gach creat gnó ríthábhachtach agus lena mbaineann tábhacht straitéiseach

### Forbairtí in 2023

- Bhí an margadh fuinnimh an-luaineach i rith 2023 ach níor bhain na leibhéil praghais na buaicleibhéil amach a baineadh amach in 2022
- Tháinig laghdú mall ar phraghsanna fuinnimh mórdhíola le himeacht na bliana, agus chuir go leor soláthraithe laghduithe ar na praghsanna dá bharr, agus baineadh amach mheasartha d'aistriú amach sa mhargadh mar thoradh air sin
- Lean ag éirí go maith le straitéisí agus bearta rialaithe ESB Trading in 2023, a chinntigh go ndearnadh an nochtadh a bhainistiú go héifeachtach
- Lean an slabhra soláthair de bheith éiginnte agus bhí praghsanna arda agus agaí tionscanta níos faide ann mar gheall ar an tionchar a lean cogadh na Rúise/na hÚcráine, teannas leanúnach geopholaitiúil, ardrátaí boilscithe, agus praghsanna fuinnimh éiginnte

### Maoirseacht: An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

**Limistéar ar a nDíreofar in 2024**

- Monatóireacht leanúnach ar sholáthraithe agus ar chonraitheoirí a mbaineann tábhacht chriticiúil agus straitéiseach ghnó leo
- Dlús a chur le hordú roinnt príomhearraí trealaimh agus tomhaltán
- Leanadh ar aghaidh ag díriú ar an staid trádála chun luaineacht praghsanna agus airgeadais a bhainistiú
- Leanfar ag díriú ar riachtanais chreidmheasa agus ar leachtacht
- Meastar go leanfaidh margaí de bheith íogair do shaincheisteanna acmhainn agus geopholaitiúla, cosúil le héagobhsaíocht sa Mheánoirthear (e.g. ionsaithe ar loingseoireacht sa Mhuir Rua) agus bagairtí ar sholáthairtí gáis agus ar ghnéithe eile de shlabhra soláthair ESB

# Príomhrioscaí (ar lean)

## H. Inacmhainneacht Fuinnimh

SO FC

**Aeráid Riosca**

### Cad é an riosca?

**Tá tionchar diúltach ag an riosca a bhaineann le costais bhreosla agus costais eile agus ag brúnna geilleagracha níos fairsinge ar inacmhainneacht tháirgí agus sheirbhísí ESB, rud a bhfuil tionchar aige ar chustaiméirí ESB agus atá mar bhonn le hidirghabháil dhiúltach pholaitiúil nó rialála**

### Cúiseanna le riosca

- An ghéarchéim chostais maireachtála, arduithe ar phraghas an fhuinnimh agus ardbhillí geimhridh
- Leanann praghsanna fuinnimh de bheith an-ard ar feadh tréimhse fhada
- Impleachtaí do Sholáthraí Féideartha na Dála Deiridh (SOLR), e.g. má fhágann soláthraithe an margadh b'fhéidir go mbeadh ar chustaiméirí neamhfhálaithe nua bogadh chuig ESB mar SOLR
- D'fhéadfadh go mbeadh leibhéil mhéadaithe de thearcrochtain breosla agus praghsanna arda mar bhonn le clúdach diúltach leanúnach sna meáin thraidisiúnta agus sna meáin shóisialta
- Níos mó seans ann go dteipfidh ar ghnólachtaí mar gheall ar chostais fuinnimh níos airde
- Níos mó imní faoi chúrsaí polaitiúla, sóisialta agus rialála
- Cuireann an cogadh san Úcráin dlús le díriú tíortha AE ar dhícharbónú a mhéadaíonn éileamh domhanda ar threalamh leictreach líonraí tearca agus ríthábhachtacha

### Maolú

**Cosc a chur ar an riosca teacht chun solais:**

- Bearta i bhfeidhm chun tacú le custaiméirí
- Tá pleananna cumarsáide agus rannpháirteachais le páirtithe leasmhara
- Cuirfear bearta Rialtais i bhfeidhm chun cabhrú leis an ardchostas fuinnimh
- Déanann ESB rannpháirtíocht dhearfach le bearta ar fud an mhargaidh agus baineann sé brabúis amach atá os cionn caidhpeanna socraithe an Rialtais
- Athbhreithniú seasmhach lena chinntiú go bhfuil na hacmhainní a leithdháiltear chun costas na géarchéime fuinnimh a bhainistiú dóthanach

**Má thagann an riosca chun solais:**

- Tá plean rannpháirteachais le páirtithe leasmhara i bhfeidhm

### Forbairtí in 2023

- Ba chúis imní praghsanna fuinnimh do chustaiméirí i gcaitheamh na bliana 2023. Tá laghdú tagtha ar na praghsanna margaidh fuinnimh mórdhíola, cé go raibh siad ard go fóill i gcomparáid le praghsanna stairiúla, i gcomparáid le 2022 agus bhí soláthraithe in ann na laghduithe siúd a chuir ar fáil le himeacht na bliana do chustaiméirí trí laghduithe measartha ar phraghas
- Bhain ríthábhacht le scéimeanna tacaíochta fuinnimh rialtais i dtaobh tacú le háiteanna cónaithe agus le gnólachtaí i rith 2023 agus chuir an formhór fáilte roimh a dtabhairt isteach athuair go páirteach don gheimhreadh
- Thug Electric Ireland laghdú 10% ar an bpraghas isteach ar leictreachas agus 12% ar ghás i ráithe 4 do chustaiméirí cónaithe sa Phoblacht (agus cuirfear laghduithe breise i bhfeidhm go luath in 2024)

### Maoirseacht: An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

**Limistéar ar a nDíreofar in 2024**

- Leanadh le monatóireacht a dhéanamh ar an timpeallacht ghnó, ar an timpeallacht pholaitiúil agus ar thacaíochtaí ESB/Electric Ireland
- Leanúint leis an monatóireacht ar an bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide atá á sholáthar ag Éirinn
- Nuair a chuirtear san áireamh an infheistíocht atá ag teastáil ó ESB chun spriocanna dícharbónaithe na hÉireann a bhaint anuas ar rátaí úis atá ag dul i méid, díreofar ar chostas an chistithe
- Leanfaidh ESB chomh maith le rioscaí a mhonatóiriú agus a bhainistiú a bhaineann le héagobhsaíocht/impleachtaí geopholaitiúla na coimhlinte sa Mheánoirthear, tionchar féideartha san áireamh ar an soláthar gáis, luaineacht phraghais, an slabhra soláthair, luaineacht i bpraghsanna fuinnimh agus breosla agus éiginnteacht i margaí fuinnimh



**Cuspóirí Straitéiseacha (SO)**: Leictreachas Dícharbónaithe; Bonneagar Athléimneach; Custaiméirí Cumasaithe

**Acmhainní Bunúsacha (FC)**: Ár nDaoine; Faoi Stiúir Cúrsaí Digiteacha agus Sonraí; Neart Airgeadais; Inbhuanaithe agus Freagrach go Sóisialta

## I. Soláthar Píblíne In-athnuaite, lena n-áirítear Bainistíocht Cáilíochta Tionscadail

SO FC

**Aeráid Riosca**

### Cad é an riosca?

**Teipeann ar ESB scála a sholáthar agus cáilíocht tionscadail na sócmhainní giniúna in-athnuaite a bhainistiú atá ag teastáil chun freastal ar riachtanais mhargaidh agus shochaíocha agus cuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh**

### Cúiseanna le riosca

- Teip ar thacaíocht a fháil ó pháirtithe leasmhara/tacaíocht rialála do straitéis ghiniúna in-athnuaite ESB
- Iomaíocht ó earnálacha cóngaracha a mhéadú (e.g. ola/gás)
- Roghanna míchearta teicneolaíochta a roghnú do ghiniúint in-athnuaite
- Theip ar phríomhchonarthaí a fháil chun tionscadail a sholáthar
- Bonneagar eangaí tearcfhorbartha chun freastal ar mhéadú ar athnuaiteáin
- Níos mó samhlacha difriúla gnó ina gcuimsítear comhfhiontair/comhpháirtíochtaí
- Níos mó ball den phobal ag cur i gcoinne an bhonneagair
- An fhéidearthacht go mbeadh moilleanna ag baint le beartais le haghaidh gaoth ón talamh a chumasú (e.g. leithdháileadh ghrinneall na farraige)

### Maolú

**Cosc a chur ar an riosca teacht chun solais:**

- Cuspóirí straitéiseacha ESB a ailíniú le cuspóirí Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide an Rialtais
- Teip rannpháirteachas le páirtithe leasmhara chun tacaíocht a fháil do straitéis ghiniúna in-athnuaite ESB
- Comhpháirtithe straitéiseacha acmhainní teicniúla/cumais theicniúil a aimsiú chun cur le cumas agus taithí ESB
- Suirbhéireacht, iniúchtaí láithreáin, faireachán gaoithe oiriúnach agus leordhóthanach etc. a dhéanamh
- Bonn scileanna innealtóireachta agus bainistíochta tionscadail a fhorbairt agus a choimeád
- Ceachtanna daingne a chur i bhfeidhm a foghlaimíodh ón bpróiseas aistrithe ón tionscadal reatha ar dheiseanna amach anseo

**Má thagann an riosca chun solais:**

- Fiosraigh tairbhí agus cumas do shamhlacha comhpháirtíochta agus/nó éadálacha
- Spriocmhargaí a athbhreithniú chun deiseanna níos fairsinge margaidh a shainaithint
- Fáil réidh le scairshealbhú, más gá, agus na suíomhanna reatha a athbhreithniú i dtaobh athchumhachtú/síneadh saoil

### Forbairtí in 2023

- Táthar ag leanúint leis an bpróiseas rialála maidir le rolladh amach RESS in Éirinn go mall
- Leanann an phíblíne athnuaiteán Giniúna agus Trádála ag fás go tapa Cabhraíonn roinnt príomh-chomhpháirtíochtaí (e.g. Coriolis ( gaoth ar an gcladach), Harmony (gréine), FuturEnergy Ireland (gaoth ar an gcladach) agus Ørsted (gaoth amach ón gcósta)) ag cabhrú leis seo a chur chun cinn
- Rinne tionscadal Neart na Gaoithe dul chun cinn, cé go dtitfidh na hoibríochtaí tráchtála amach níos déanaí ná mar a raibh súil leis i dtosach
- D'fhorbair an phunann tionscadal i rith 2023 agus tá dul chun cinn á dhéanamh ag príomhshreafaí oibre
- Tháinig forbairtí dearfacha beartais ar hidrigin, slándáil an tsoláthair agus ar ghaoth amach ón gcósta
- Tugadh foireann ESB ar iasacht isteach i bpríomhróil ar thionscadail agus baineadh an baol freisin dá limistéir dhírithe faoi seach chomh maith
- Leanadh leis an obair tríd an gClár For-rochtana Pobail

### Maoirseacht: An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

**Limistéar ar a nDíreofar in 2024**

- Oibriú le páirtithe leasmhara ábhartha chun conair ESB a fhaide le haeráidneodracht a bhaint amach
- Leanúint ar aghaidh le píblíne forbartha ESB a fhorbairt agus béim á leagan ar shócmhainní a chur ar fáil don mhargadh
- Leanúint ar aghaidh le hacmhainneacht agus le cumas ESB a fhorbairt d'fhonn a chinntiú gur féidir le ESB a phíblíne tionscadal a chur i gcrích

## Príomhrioscaí (ar lean)

### J. Soláthar Acmhainní/ Cumas

SO FC

**Aeráid Riosca**

**Cad é an riosca?**
**Teip ar na hacmhainní agus an cumas inmheánach agus seachtrach a fháil atá riachtanach chun straitéis ESB a sholáthar**

**Cúiseanna le riosca**
- Teip ar na bpríomhchumas, go háirithe i ndáil le hinnealtóireacht (e.g. athnuaiteáin), TF, Inbhuanaitheacht/ESG agus airgeadas, a mhealladh agus a choimeád
- Teip ar chumas ESB a fhorbairt go leanúnach chun coimeád chun tosaigh ar riachtanais athraitheacha ghnó
- Iomaíocht d'acmhainní mar gheall go bhfuil lánfhostaíocht bainte amach ag an margadh saothair seachtrach agus ar ghéarú pá gan choinne i gceantair áirithe a sainaithníodh mar "poist ardéilimh"

**Maolú**
**Cosc a chur ar an riosca teacht chun solais:**
- Béim straitéiseach a leagan ar threochtaí a bhaineann le foireann oibre na todhchaí
- Tionscnaimh athbhreithnithe cumais ball foirne a sholáthar agus díriú ar straitéis mealltachta agus coinneála ESB
- Samhail acmhainní oiriúnach (foireann oibre iomlán) bunaithe d'fhonn a chinntiú go gcuirtear an intinn straitéiseach i gcrích
- An tsamhail oibre hibrideach a leabú trí úsáid a bhaint as eispéireas dearfach de Chairteacha Oibre Cliste agus Foirne
- Creataí conraitheoireachta a úsáid

**Má thagann an riosca chun solais:**
- Riachtanais athraitheacha daoine/chumais a shainiú agus teacht ar thuiscint ar mhargadh atá ag athrú agus ar threochtaí a bhaineann leis an tionscal
- Úsáid a bhaint as na treochtaí agus méadracht oiriúnach atá ar fáil
- Faireachán a dhéanamh agus gluaiseacht ar luas tapa d'fhonn a chinntiú go bhfuiltear in ann déileáil le riachtanais tallainne athraitheacha
- Leanúint ar aghaidh le réitigh sholúbtha a chur ar fáil don fhoireann oibre
- Acmhainní a imlonnú chuig príomhfholúntais (bunaithe ar thacair shainscileanna ó iar-róil) ar bhonn gearrthéarmach

**Forbairtí in 2023**
- Soláthar méadaithe acmhainní agus meascán cumais bainte amach chun freastal ar riachtanais soláthair acmhainní (glanmhéadú ar an líon daoine de bhreis ar 800 amhail an 31 Nollaig 2023 i gcomparáid leis an 31 Nollaig 2022)
- Athbhreithniú déanta ar róil ríthábhachtacha agus réitigh chomharbais sainaitheanta
- Meastar go bhfuil athrú fostaithe ESB íseal i gcoibhneas le tagarmharcanna margaidh agus tá an laghdú ar fhostaithe nua faoi bhun leibhéil náisiúnta
- Tháinig méadú ar rannpháirtíocht fostaithe i gcomparáid le toradh 2022 agus 2021
- Lean ESB lena chur chuige Oibre Cliste i rith 2023

### Maoirseacht: An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

**Limistéar ar a nDíreofar in 2024**
- Ní mór díriú ar agus a chinntiú go bhfuil tacar scileanna sonracha/saineolas ar fáil i roinnt príomhréimsí ar mhaithe le soláthar straitéise
- Tá tús áite á thabhairt d'fhorbairt cumais agus ceannaireachta ar gach leibhéal in 2024
- Tá béim á leagan ar 1,500 post a sholáthar as seo go ceann 5 bliana, de réir straitéis ESB Networks
- Dírítear ar an gcumas agus an saineolas reatha a choimeád (ní hamháin cumas agus saineolas nua) taobh istigh den eagraíocht agus margadh dian saothair i gceist



**Cuspóirí Straitéiseacha (SO)**: Leictreachas Dícharbónaithe; Bonneagar Athléimneach; Custaiméirí Cumasaithe

**Acmhainní Bunúsacha (FC)**: Ár nDaoine; Faoi Stiúir Cúrsaí Digiteacha agus Sonraí; Neart Airgeadais; Inbhuanaithe agus Freagrach go Sóisialta

### K. Teagmhais Fhisiciúla Athraithe Aeráide agus/nó Mhóra Chomhshaoil

SO FC

**Aeráid Riosca**

**Cad é an riosca?**
**Patrúin drochaimsire agus aimsire dothuartha, agus/nó teagmhais mhóra timpeallachta ag titim amach níos minice (e.g. tuile, doirteadh ola), a imríonn tionchar ar fheidhmíocht shócmhainní agus shlándáil fuinnimh shochaíoch ESB**

**Cúiseanna le riosca**
- An baol carnach agus aonair go ndéanfar díobháil do shócmhainní níos minice mar gheall ar theagmhais drochaimsire cosúil le hardteochtaí/triomach, falscaí, maidhmeanna tuile, stoirmeacha oighir, teagmhais ghaoithe, buillí tintrí níos minice
- Costas níos airde ar shócmhainní an líonra a chothabháil agus a dheisiú mar gheall ar shaolré níos giorra sócmhainne
- Cailliteanas méadaithe ar an soláthar leictreachais do chustaiméirí agus iontaofacht laghdaithe an líonra
- Athruithe ar an tsonraíocht ghléasra agus ábhar chun dul i ngleic leis an tionchar ar shócmhainní fisiciúla
- Athruithe ar fhad agus ar uainiú séasúr
- Beartas Rialtais a bhfuil dlús curtha leis maidir le gníomhú ar son na haeráide
- Tionchar an ardaithe fhadtéarmaigh ar leibhéal na farraige ar hidrighiniúint

**Maolú**
**Cosc a chur ar an riosca teacht chun solais:**
- Athbhreithniú ar bheartais chothabhála, ar shonraíochtaí caighdeán agus ábhar lena chinntiú go bhfuil sócmhainní oiriúnach don fheidhm
- An tionchar aeráide ar oibriú agus ar shaolré shócmhainní a chur san áireamh
- Leanúint leis an measúnú ar an bpróifíl riosca i gcás tuilte a fhiosrú i gcás stáisiúin ardvoltais
- Rannpháirteachas le páirtithe leasmhara leis na comhlachtaí ábhartha rialtais agus seachtracha
- Tuar Inghlactha go Teicniúil ar an gCostas is Ísle lena chinntiú go ndéantar idirghabháil theicniúil le hacmhainn an líonra a mhéadú, nuair is gá
- Athléimneacht a dhearadh isteach i sócmhainní, sonraíochtaí íosta dearaidh, e.g. línte lasnairde níos mó a thógáil (seoltóirí agus struchtúir níos mó)

**Má thagann an riosca chun solais:**
- A chinntiú go ndéantar PTFanna feidhmíochta sócmhainní a bhainistiú agus a rianú
- Ailíniú beartais a chinntiú maidir le conas tionchar riosca aeráide a bhainistiú ar an líonra le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha
- An deisiú agus an chothabháil riachtanach ar shócmhainní a sholáthar chun feabhas a chur ar iontaofacht an líonra
- Monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht/athléimneacht an líonra chun cosaint in aghaidh díobháil fhisiciúil mar thoradh ar athrú aeráide
- A chinntiú go gcoimeádtar níos mó páirteanna breise go straitéiseach chun freagairt d'éileamh níos mó de bharr riachtanais athsholáthair

**Forbairtí in 2023**
- Tugadh faoi obair ar fud na heagraíochta chun tionchar an athraithe aeráide ar shócmhainní fisiciúla a thuiscint
- Léirigh patrúin neamhghnácha aimsire, cosúil leis an samhradh an-fhliuch agus stoirmeacha ag titim amach níos minice an tábhacht a bhaineann le hullmhú nuair a dhéantar an riosca seo a mhaolú
- Rinneadh athbhreithniú ar an bhféidearthacht go dtitfidh treochtaí neamhghnácha éilimh amach mar thoradh ar aimsir dhothuartha

### Maoirseacht: Coiste Iniúchta agus Riosca agus Coiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Cultúir

**Limistéar ar a nDíreofar in 2024**
- Leanfar ag obair ar athléimneacht mar fhreagairt do thionchar thuartha i limistéir ESB ina ndéantar difear dóibh
- Díriú méadaithe ar an thionchar fisiciúil agus airgeadais ar shócmhainní, ar athléimneacht agus ar leanúnachas an tsoláthair don bhliain 2024
- Tá measúnuithe riosca aeráide faoi stiúir chlár STEP ar fud ESB a thacóidh le riachtanais tuairiscithe CSRD
- Díriú leanúnach ar chásanna gnó nua - a chinntíonn go gcuirtear tionchair aeráide agus chomhshaoil san áireamh

# Príomhrioscaí (ar lean)

**Cuspóirí Straitéiseacha (SO)**: Leictreachas Dícharbónaithe · Bonneagar Athléimneach · Custaiméirí Cumasaithe

**Acmhainní Bunúsacha (FC)**: Ár nDaoine · Faoi Stiúir Cúrsaí Digiteacha agus Sonraí · Neart Airgeadais · Inbhuanaithe agus Freagrach go Sóisialta

## L. Sláinte, Sábháilteacht agus Folláine

FC

**Aeráid Riosca**

### Cad é an riosca?

**Dochar tromchúiseach do shábháilteacht, sláinte nó folláine fostaithe, conraitheoirí nó don phobal mar thoradh ar oibríochtaí ESB**

### Cúiseanna le riosca

- Beartais agus nósanna imeachta neamhleora
- Inniúlacht easnamhach (oiliúint, eolas agus taithí)
- Easpa comhlíontachta le caighdeáin agus nósanna imeachta
- Easpa cothabhála (próiseas agus áit oibre, uirlisí, gléasra agus trealamh)
- Easpa feasachta, eolais nó cúraim agus airde cuí ó dhuine den phobal

### Maolú

**Cosc a chur ar an riosca teacht chun solais:**

- Ceannaireacht oiriúnaitheach/cultúr oscailte, measúnuithe riosca, córais shábháilte oibre, rialacha sábháilteachta, maoirseacht san áireamh
- Próisis bhainistíochta sábháilteachta conraitheoirí
- Córais Bhainistíochta Cothabhála, cigireacht agus deimhniú trealaimh, cigireachtaí reachtúla
- Próiseas dearbhaithe agus iniúchta (seachtrach agus inmheánach)
- Bainistíocht teagmhas criticiúil agus nós imeachta freagartha agus tástáil cásanna

**Má thagann an riosca chun solais:**

- Bainistíocht teagmhas criticiúil agus freagairt dóibh
- Próiseas bainistíochta géarchéime, freagairt don phaindéim
- Próisis leanúnachais gnó agus creataí comhlíonta i bhfeidhm
- Caighdeáin agus nósanna imeachta imscrúdaithe teagmhais, foghlaim chomhroinnte san áireamh
- Seirbhísí sláinte agus folláine ceirde
- Monatóireacht, rianú agus tuairisciú líon na ngníomhartha teagmhas tromchúiseach curtha i gcrích

### Forbairtí in 2023

- Leanadh le hlonaid Inniúlachta agus a ról i mbainistíocht riosca a fhorbairt
- Leanann Córais Bainistíochta Sábháilteachta le rialú oibríochtúil a sholáthar ar riosca ar fud ESB
- Tugadh pleananna freagartha sábháilteachta isteach mar fhreagairt do phatrúin teagmhais le déanaí lena dtionchar a mhaolú
- Leanadh le hoiliúint gharchabhrach meabhairshláinte

### Maoirseacht: An Coiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Cultúir

**Limistéar ar a nDíreofar in 2024**

- Leanfar le béim lárnach a leagan ar Shláinte agus Sábháilteacht in 2024 agus déanfaidh an Grúpa iarracht cultúr ardfheidhmíochta a leabú mar chuid de straitéis ESB
- Leanfar le béim a leagan ar shábháilteacht agus folláine, go háirithe na rioscaí a bhaineann le fachtóirí daonna, sláine sócmhainní agus córais oibre
- Leanfaidh ESB le béim a leagan ar réimsí riosca sláinte agus tacóidh sé le fostaithe nuair a bhíonn siad tinn nó ag déileáil le hanacair

## M. Branda, Sásamh Custaiméirí, Clú, Iontaoibh as Páirtithe Leasmhara

SO FC

**Aeráid Riosca**

### Cad é an riosca?

**Díobháil don bhranda, sásamh custaiméirí, clú, iontaoibh as páirtithe leasmhara**

### Cúiseanna le riosca

- Teip ar ionchais páirtithe leasmhara agus custaiméirí (a bhaineann le saincheisteanna ábhartha) a thuiscint agus freagairt dóibh nó ionchais a bhainistiú (a bhaineann le saincheisteanna nach bhfuil á rialú ag ESB)
- Teip ar chumarsáid le custaiméirí agus páirtithe leasmhara a bhainistiú go héifeachtach i rith géarchéime
- Riosca damáiste do bhranda ag eascairt as méaduithe suntasacha ar phraghsanna fuinnimh
- Teip ar idirchaidreamh éifeachtach a dhéanamh le pobail óna n-eascraíonn go gcuirtear in aghaidh tionscadail bhonneagair phoiblí go náisiúnta agus go háitiúil
- Teip ar idirchaidreamh réamhghníomhach a dhéanamh le polaiteoirí, an lucht déanta beartas agus príomhpháirtithe leasmhara eile/idirchaidreamh mí-oiriúnach a dhéanamh le polaiteoirí maidir le saincheisteanna ábhartha
- Leibhéil bhochtaineachta breosla agus dúnadh gnólachtaí á n-ardú ag an ngéarchéim chostais maireachtála, arduithe ar phraghas an fhuinnimh agus ardbhillí geimhridh

### Maolú

**Cosc a chur ar an riosca teacht chun solais:**

- Grúpa Cumarsáide Géarchéime Fuinnimh bunaithe freagairt sheachtrach ESB don ghéarchéim fuinnimh a bhainistiú agus a chomhordú
- Fóram páirtithe leasmhara chun rannpháirtíocht páirtithe leasmhara a chomhordú agus a threorú
- Tá straitéis caidrimh leis na meáin i bhfeidhm. Oifig Preasa agus tacaíocht i bhfeidhm chun caidreamh leis na meáin a bhainistiú go réamhghníomhach
- Rianú branda rialta, monatóireacht ar an meáin agus uirlisí éisteachta sóisialta bunaithe chun ceisteanna atá ag teacht chun cinn a shainaithint
- Cláir bhranda agus urraíochta bunaithe chun dlús a chur le tacaíocht an phobail
- Athbhreithniú seasmhach lena chinntiú go bhfuil na hacmhainní a leithdháiltear chun costas na géarchéime fuinnimh i measc oibríochtaí, trádála agus seirbhís do chustaiméirí a bhainistiú dóthanach

**Má thagann an riosca chun solais:**

- Pleananna éigeandála ábhartha, pleananna gníomhaíochta stoirme, pleananna bainistíochta/cumarsáide páirtithe leasmhara a ghníomhachtú, de réir mar is cuí
- Cur le hacmhainní na Foirne Cumarsáide Corparáidí i rith géarchéime, más gá
- Freagairt thráthúil, bheacht do shaincheisteanna tríd an méid eolais agus is féidir a chur ar fáil
- A chinntiú go bhfuil an fhreagairt d'aon ghéarchéim comhsheasmhach lenár gcuspóir agus luachanna
- Athbhreithnithe iar-mhórtheagmhais agus cumarsáid rialta a dhéanamh le páirtithe leasmhara

Is féidir teacht ar shonraí breise faoi ghníomhaíochtaí rannpháirteachais le páirtithe leasmhara ESB ar leathanach 23.

### Forbairtí in 2023

- Íogaireacht phraghsála agus bhrabúsachta - bhainistigh ESB clár comhordaithe de rannpháirteachas poiblí agus le páirtithe leasmhara agus cabhraíodh le heolas a chur ar fáil do agus oideachas a chur ar chustaiméirí agus ar pháirtithe leasmhara faoin dúshláin atá roimh an nGrúpa agus na bearta réamhghníomhacha ESB a bhfuiltear ag tabhairt fúthu ar mhaithe leis an tsochaí
- Cé go bhfuil scór Reptrak Pulse faoi bhun na sprice, léiríodh treocht dhearfach ó ráithe 1 go ráithe 4 2023
- Cuireadh Laethanta Sásaimh Custaiméirí (CSAT) – Díriú ar Chustaiméirí ar bun ónar eascair gur bunaíodh Grúpaí Oibre Feabhsúcháin Sásaimh Custaiméirí atá freagrach as gníomhartha a shainaithint le feabhas a chur ar shásamh custaiméirí anuas ar threochlár do chur i bhfeidhm
- Coimeádadh rátáil sásaimh ESB Networks d'Ionad Cúraim Custaiméirí Náisiúnta (ESATRAT) agus an scór Rianaithe Sláinte Branda (BHT) os cionn na sprice in 2023
- Leanadh ag díriú ar rannpháirtíocht i straitéis ESB
- Lean ESB le hurraíocht a dhéanamh ar phríomhimeachtaí/phríomhthionscnaimh, e.g. Science Blast ESB, Darkness into Light agus Ciste Ealaíon Todhchaí Níos Gile (Brighter Future Arts Fund)

### Maoirseacht: An Coiste Custaiméirí, Margaíochta agus Nuálaíochta

**Limistéar ar a nDíreofar in 2024**

- Déanfaidh ESB iarracht a cháil a fheabhsú tuilleadh i rith 2024 trí: infheistíocht leanúnach i dtionscnaimh bhranda agus urraíochta, an comhrá maidir leis an aistriú chuig todhchaí ísealcharbóin a threorú agus barr feabhais a fhorbairt i rannpháirtíocht páirtithe leasmhara
- Glactar leis go leanfar le béim sheachtrach a leagan ar phraghsáil/chostais fuinnimh, slándáil soláthair in SEM agus ar an aeráid
- Tá gá le cur chuige réamhghníomhach maidir leis an aeráid agus bunspriocanna inghnóthaithe ESB





# Athbhreithniú Oibriúcháin agus Airgeadais


| | |
|---|---|
| Coiste Feidhmiúcháin | 46 |
| Struchtúr an Mhargaidh agus Timpeallacht Oibriúcháin | 48 |
| Athbhreithniú Airgeadais | 54 |
| ESB Networks | 60 |
| Northern Ireland Electricity Networks (NIE Networks) | 64 |
| Giniúint agus Trádáil (GT) | 68 |
| Réitigh do Chustaiméirí | 72 |
| Innealtóireacht agus Mórthionscadail | 76 |
| Seirbhísí Fiontair | 78 |
| Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) | 80 |

# An Coiste Feidhmiúcháin

Tá an Coiste Feidhmiúcháin dírithe ar chur i bhfeidhm straitéis ESB, forbairtí teicneolaíocha agus tráchtála, saincheisteanna inbhuanaitheachta, feidhmíocht airgeadais agus iomaíoch, forbairt daoine agus forbairt eagraíochta.

Chomh maith leis sin, tá ról ag an gCoiste Feidhmiúcháin i ndáil le maoirseacht a dhéanamh ar iompar gnó ar fud ESB lena n-áirítear trí struchtúir eagraíochta oiriúnacha agus beartais Ghrúpa a fhorbairt (lena n-áirítear Cód Eitice ESB). Tá róil shonracha ag an bPríomhfheidhmeannach, Leas-Phríomhfheidhmeannach, Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Daoine agus Inbhuanaitheacht, an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Airgeadas agus Tráchtáil Ghrúpa, agus Rúnaí na Cuideachta i ndáil le saincheisteanna agus beartais a bhaineann le Bainistíocht Riosca Fiontair, rialú inmheánach, beartais daoine, inbhuanaitheacht, comhlíonadh, calaois, caimiléireacht agus breabaireacht, agus saincheisteanna ginearálta a bhaineann le hiompar gnó. Tá taithí acu ar fad ar dhéileáil le saincheisteanna cosúil leis na cinn atá sonraithe thall agus tá tuilleadh saineolais ag tacú leo i réimsí cosúil le Riosca Fiontair, Iniúchadh Inmheánach Grúpa, Daoine agus Inbhuanaitheacht, Airgeadas, Rialachas, Dlí, Comhlíonadh agus Rúnaíocht na Cuideachta.

**Comhdhéanamh an Choiste Feidhmiúcháin (Inscne)***




- 60% Fir
- 40% Mná

**Fad na tionóntachta***




- 30% 0-2 bhliain
- 20% 2-5 bliana
- 50% >5 bliana

* Stiúrthóir Bainistíochta, ESB Networks DAC, san áireamh



## Paddy Hayes
**Príomhfheidhmeannach**

**Ceaptha:** Lúnasa 2021
**Taithí ghairme:** Ceapadh Paddy Hayes mar Phríomhfheidhmeannach i mí Lúnasa 2021. Roimhe seo bhí Paddy ag obair mar Stiúrthóir Bainistíochta ESB Networks agus mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar ghnó Giniúna agus Margaí Mórdhíola ESB. Is Comhalta d'Institiúid Innealtóirí na hÉireann é agus bhronn Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath (UCD) céim mháistreachta san innealtóireacht air agus bhronn Ollscoil Warwick MBA air. Chomh maith leis sin, is comhalta de Bhord Stiúrthóirí EPRI é Paddy, an Institiúid Taighde um Chumhacht Leictreach, agus tá sé ag feidhmiú mar Chathaoirleach an Tionscnaimh Open Doors.



## Marguerite Sayers
**Leas-Phríomhfheidhmeannach**

**Ceaptha:** Samhain 2014
**Taithí ghairme:** Ceapadh Marguerite Sayers mar Leas-Phríomhfheidhmeannach ESB i mí Iúil 2022. Sular chuir sí tús leis an ról seo, bhí sí ag feidhmiú mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Réitigh do Chustaiméirí ó 2018. Bhí poist theicniúla agus bhainistíochta éagsúla ag Marguerite in ESB le breis is 30 bliain anuas, lena n-áirítear Bainisteoir Giniúna, Ceannasaí Bainistíochta Sócmhainní do ESB Networks agus Stiúrthóir Bainistíochta ESB Networks DAC. Bhronn Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (UCC) céim san Innealtóireacht Leictreach uirthi. Is Innealtóir Cairte í, Comhalta agus Iar-Uachtarán Innealtóirí na hÉireann, Comhalta d'Acadamh na nInnealtóirí, comhalta de Bhord Energy UK agus Gobharnóir Iontaobhas an Irish Times.



## Geraldine Heavey
**Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Seirbhísí Fiontair**

**Ceaptha:** Meitheamh 2018
**Taithí ghairme:** Ceapadh Geraldine Heavey mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Seirbhísí Fiontair i mí Meithimh 2018. Roimh an ról seo bhí sí ag obair mar Bhainisteoir, Airgeadas agus Tráchtáil Ghrúpa. Bhí poist airgeadais agus bhainistíochta éagsúla aici le ESB ó 1993, lena n-áirítear Rialaitheoir Airgeadais, BSC agus Electric Ireland, Bainisteoir, Rialaitheoir Trádála agus Airgeadais ESB, Giniúint Cumhachta ESB. Is cuntasóir í agus bhronn Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) céim Mháistreachta sa Riaracháin Gnó uirthi. Is comhalta seachtrach í Geraldine de Sheirbhísí Tacaíochta Oideachais DAC DCU agus tá sí ag feidhmiú mar chathaoirleach a Choiste Iniúchta.



## Sinéad Kilkelly
**Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Daoine agus Inbhuanaitheacht**

**Ceaptha:** Aibreán 2022
**Taithí ghairme:** Thosaigh Sinéad Kilkelly ag obair in ESB i mí Aibreáin 2022, mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Daoine agus Inbhuanaitheacht. Roimhe sin bhí Sinéad ag obair mar Phríomhoifigeach Daoine i mBus Éireann, post a bhí aici ó 2018. Roimhe sin bhí roinnt ról bainistíochta sinsearach aici in Éirinn agus thar lear lena n-áirítear Leas-Uachtarán Seirbhísí Daoine le Grúpa Eitlíochta Etihad in Abú Daibí, áit a raibh sí freagrach as cláir shuntasacha athraithe eagraíochtúla a stiúradh. Chomh maith leis sin, bhí róil shinsearacha AD aici i mBanc Uladh agus in Intel Ireland. Bhronn Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (TCD) B.Sc (Bainistíocht) agus MBA ar Shinéad agus is Comhalta Cairte le CIPD í, agus Comhalta Boird de Self Help Africa.



## Marie Sinnott
**Rúnaí Cuideachta**

**Ceaptha:** Lúnasa 2019
**Taithí ghairme:** Tá Marie Sinnott ag obair mar Rúnaí Cuideachta Ghrúpa ESB. Sular ceapadh í in 2019, bhí Marie ag obair mar Cheannasaí Comhlíonta agus Bainistíocht Riosca Fiontair Ghrúpa ESB agus bhí roinnt ról bainistíochta sinsearach aici san eagraíocht freisin. Is céimí tráchtála de chuid UCD í, bhronn TCD M.Sc. sa Staidéar um Polasaí Eacnamaíoch uirthi agus bhronn Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit in UCD Dioplóma i Rialachas Corparáideach uirthi. Is comhalta d'Údarás Rialaithe DCU í Marie agus Stiúrthóir agus Rúnaí Cuideachta bhord na hInstitiúide um Ghnóthaí Idirnáisiúnta & Eorpacha.



## Jim Dollard
**Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Giniúint agus Trádáil**

**Ceaptha:** Iúil 2013
**Taithí ghairme:** Ceapadh Jim Dollard mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Giniúint agus Trádáil i mí Bealtaine 2018. Sular chuir sé tús leis an ról seo bhí sé ag obair mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Ionaid Seirbhíse Gnó (BSC) agus Electric Ireland le haghaidh cúig bliana. Is cuntasóir é Jim agus thosaigh sé ag obair do ESB in 1992 agus bhí roinnt post bainistíochta sinsearach aige leis an nGrúpa ó shin i leith, lena n-áirítear róil airgeadais agus bhainistíochta. Bhronn UCD B. Comm agus Máistreacht sa Staidéar Gnó ar Jim.



## Pat Fenlon
**Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Réitigh do Chustaiméirí**

**Ceaptha:** Iúil 2016
**Taithí ghairme:** Ceapadh Pat Fenlon mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Réitigh do Chustaiméirí, i mí Mheán Fómhair 2022. Sular chuir sé tús leis an ról seo, bhí Pat ag obair mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Airgeadas agus Tráchtáil Ghrúpa. Roimhe seo, bhí roinnt post sinsearach airgeadais agus bainistíochta ginearálta ag Pat in ESB lena n-áirítear Bainisteoir Ginearálta *Electric Ireland*, Bainisteoir um Athrú Corparáideach agus Bainisteoir, Airgeadas agus Tráchtáil Ghrúpa. Is comhalta de Chuntasóirí Cairte na hÉireann é agus d'oibrigh sé le PwC i mBaile Átha Cliath sular thosaigh sé ag obair do ESB in 1993.



## Paul Smith
**Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Innealtóireacht agus Mórthionscadail**

**Ceaptha:** Eanáir 2022
**Taithí ghairme:** Ceapadh Paul Smith mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Innealtóireacht agus Mórthionscadail i mí Eanáir 2022. Sular chuir sé tús leis an ról seo bhí roinnt ról bainistíochta sinsearach ag Paul in ESB lena n-áirítear Bainisteoir Oibríochtaí Giniúna, agus le déanaí, Ceannasaí Forbartha Sócmhainní, áit ar threoraigh sé forbairt phunann athnuaiteán ESB in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Thosaigh sé ag obair in ESB in 1992 agus bhronn Ollscoil na Banríona, Béal Feirste B.Eng. san Innealtóireacht Leictreach agus Leictreonach air agus bhronn Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit in UCD MBA air. Is Comhalta de Chomhairle Fhoras Bainistíochta na hÉireann é.



## Paul Stapleton
**Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Airgeadas agus Tráchtáil Ghrúpa**

**Ceaptha:** Deireadh Fómhair 2022
**Taithí ghairme:** Ceapadh Paul Stapleton mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Airgeadas agus Tráchtáil Ghrúpa, i mí Dheireadh Fómhair 2022. Sular chuir sé tús leis an ról seo, bhí Paul ag obair mar Stiúrthóir Bainistíochta Northern Ireland Electricity Networks (NIE), fochuideachta neamhspleách de chuid ESB. Thosaigh sé ag obair in ESB in 1991 agus bhí róil éagsúla aige ó shin lena n-áirítear poist airgeadais agus bhainistíochta sa Ghrúpa, lena n-áirítear Bainisteoir Ginearálta Electric Ireland, Cisteoir Ghrúpa ESB agus Rialaitheoir Airgeadais ESB Networks. Is comhalta é d'Institiúid Cuntasóirí Cairte na hÉireann agus Stiúrthóir Cairte IOD (Institiúid Stiúrthóirí Éireann).



## Nicholas Tarrant
**Stiúrthóir Bainistíochta, ESB Networks DAC**

**Ceaptha:** Meitheamh 2018
**Taithí ghairme:** Ceapadh Nicholas Tarrant mar Stiúrthóir Bainistíochta ESB Networks i Meán Fómhair 2021. Sular chuir sé tús leis an ról seo bhí sé ag feidhmiú mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Innealtóireacht agus Mórthionscadail agus Stiúrthóir Feidhmiúcháin, NIE Networks. Bhí roinnt post bainistíochta sinsearach aige roimhe seo lena n-áirítear Bainisteoir Giniúna a bhí freagrach as punann giniúna ESB. Is innealtóir cairte é in Institiúid Innealtóirí na hÉireann, mar aon le Stiúrthóir Cairte agus bhronn TCD M.Sc. (bainistíocht) air.

Tabhair faoi deara: Ní comhalta den Choiste Feidhmiúcháin é an Stiúrthóir Bainistíochta, ESB Networks DAC, ach freastalaíonn sé ar chruinnithe de réir mar is cuí agus faoi réir fhorálacha ábhartha na gceadúnas a bheith á gcomhlíonadh i gcónaí.

# Struchtúr an Mhargaidh agus Timpeallacht Oibriúcháin

## 1. Struchtúr an Mhargaidh

### 1.(a) Forléargas ar Struchtúr na Margaí Leictreachais i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann

Is féidir an margadh leictreachais i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann a roinnt i gceithre chuid: giniúint, tarchur, dáileadh agus soláthar. I bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann, tá giniúint agus soláthair leictreachais ag feidhmiú faoi iomaíocht fhoirfe agus tá tarchur agus dáileadh leictreachais faoi réir maoirseacht rialála mar mhonaplachtaí, agus is iad na húdaráis rialála faoi seach a dhéanann cinneadh maidir leis an ioncam incheadaithe do gach tréimhse athbhreithnithe praghais.

Is é an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide i bPoblacht na hÉireann agus an Roinn Geilleagair i dTuaisceart Éireann atá freagrach as beartais fuinnimh a fhorbairt. Tá na beartais seo agus an creat rialála faoi thionchar reachtaíocht an Aontais Eorpaigh (AE). I bPoblacht na hÉireann, tá an Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRU) ag feidhmiú mar rialtóir neamhspleách don mhargadh fuinnimh, agus i dTuaisceart Éireann, tá an Rialtóir Fóntais freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an margadh fuinnimh.

#### Líonraí Leictreachais

San áireamh sa chóras tarchurtha fuinnimh tá líonra ardvoltais a dearadh chun soláthairtí leictreachais mórscála a iompar ag voltas de 110kV nó níos airde. Tá an córas dáileacháin leictreachais freagrach as leictreachas a sholáthar do chustaiméirí aonair ag voltais de 110kV nó níos ísle. I bPoblacht na hÉireann, tá líonra an chórais tarchurtha agus dáileacháin faoi úinéireacht ESB, agus bainistíonn EirGrid líonra an chórais tarchurtha agus tá ESB freagrach as líonra an chórais dáileacháin leictreachais. I dTuaisceart Éireann, is le NIE Networks, atá faoi úinéireacht ESB, líonra an chórais tarchurtha agus dáileacháin leictreachais, agus tá sé freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar líonra an chórais dáileacháin leictreachais. Tá an tOibreoir Córais do Thuaisceart Éireann (SONI) freagrach as líonra an chórais tarchurtha a bhainistiú i dTuaisceart Éireann.

#### Margadh Leictreachais Aonair (SEM/I-SEM)

Feidhmíonn an Margadh Leictreachais Aonair Comhtháite (I-SEM) mar an margadh leictreachais mórdhíola i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann. Laistigh de struchtúr an mhargaidh I-SEM, tá roinnt margaí iomaíocha éagsúla, lena n-áirítear Lá Roimh Ré, Ionlae agus Margaí Cothromúcháin (BM), mar aon le sásra luacha saothair acmhainne iomaíoch. Tá na socruithe seo ailínithe le rialacháin chomhchuibhithe AE do thrádáil fuinnimh trasteorann ar fud na hEorpa agus cloíonn siad le Treoirlínte Státchabhrach AE a bhfuil luach saothair acmhainne á rialú acu.

Páirteach sa sásra luacha saothair acmhainne in I-SEM tá ceant ina dtugtar deis do ghineadóirí cumhachta dul in iomaíocht le haghaidh conarthaí acmhainne. Lena chois sin, forchuireann sé pionóis iontaofachta ar shealbhóirí conartha má theipeann orthu an acmhainn a sholáthar nuair a iarrtar orthu é sin a dhéanamh. Go ginearálta, téann gineadóirí in iomaíocht le haghaidh Roghanna Iontaofachta ar bhonn ceithre bliana (T-4) chun tosaigh, agus eagraítear ceantanna coigeartaithe breise ar bhonn bliain amháin (T-1), dhá bhliain (T-2) agus trí bliana (T-3) chun tosaigh.

#### Scéimeanna Tacaíochta do Leictreachas In-athnuaite

Tá Scéim Tacaíochta do Leictreachas In-athnuaite (RESS) bunaithe ag Rialtas na hÉireann agus Scéim Tacaíochta do Leictreachas In-athnuaite Ón Talamh (ORESS) a bhfuil sé mar aidhm leo 80% de leictreachas in-athnuaite a sholáthar faoi 2030 (tá spriocanna cosúla fógartha san Acht um Athrú Aeráide do Thuaisceart Éireann). Bronnfar conarthaí 15 bhliain ar na hiarrthóirí a n-éiríonn leo sna ceantanna éagsúla RESS.

#### Giniúint Leictreachais

Cuimsítear in acmhainn ghiniúna I-SEM thart ar 16 GW d'acmhainn atá nasctha leis an gcóras ar bhonn uile-oileáin. Áirítear san acmhainn atá nasctha leis an gcóras meascán de mhonarchana giniúna níos sine agus monarchana nua-aimseartha gásadhainte Gástuirbín Comh-thimthrialla agus Timthrialla Oscailte (CCGT/ CCGT) agus foinsí fuinnimh in-athnuaite cosúil le hidreachumhacht, gaothchumhacht agus grianchumhacht. Gineann na stáisiúin seo leictreachas ó bhreoslaí cosúil le gás, gual agus ola agus ó acmhainní dúchasacha cosúil le hidreachumhacht, gaothchumhacht, grianchumhacht agus bithmhais. Tá thart ar 6 GW de ghaoth suiteáilte ag I-SEM, agus tá sé beartaithe cur leis seo agus le grianchumhacht mar chuid den aidhm go mbeadh suas le 80% de leictreachas ó ghiniúint ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2021. Sholáthraíomar thart ar 36% den ghiniúint in 2023 (33% in 2022)1.

In 2023 bhí infhaighteacht na giniúna teirmí bonnualaigh in I-SEM cothrom le thart ar 73%. Ba é gás an príomhbhreosla sa mhargadh, agus laghdaigh an ghiniúint ghuail mar gheall ar phraghsanna gáis laghduithe agus iompórtáil shuntasach idirnascaire.

#### Idirnasc

Mar gheall ar chúiseanna geografacha, tá na córais tarchurtha leictreachais ar oileán na hÉireann leithlisithe i gcomparáid le córais ar mhórthír na hEorpa agus na Breataine Móire. Nascann Idirnascaire na Maoile eangaí leictreachais Thuaisceart Éireann agus na hAlban. Nascann an tIdirnascaire Thoir-Thiar (EWIC) an córas tarchurtha leictreachais i bPoblacht na hÉireann leis an gcóras tarchurtha leictreachais sa Bhreatain Bheag. Tá an acmhainn idirnaisc iomlán leis an mBreatain Mhór cothrom le thart ar 1,000 MW. Tá sé beartaithe go mbeidh Idirnascaire an Naisc Ghlais, ag a bhfuil acmhainn de 500 MW, idir Éire agus an Bhreatain Bheag, ar líne in 2024, agus tá sé beartaithe go mbeidh an tIdirnascaire Ceilteach, idir Éire agus an Fhrainc, ag a bhfuil acmhainn de 700 MW, i mbun oibre faoi 2026.

1. Sainmhínítear sciar na gaoithe den ghiniúint mar an ghiniúint iomlán gaoithe mar chéatadán den ghiniúint mhéadraithe dhearfach agus 2 TWhrs measta de ghiniúint leabaithe.

In 2023, bhí SEM ag feidhmiú mar ghlan-iompórtálaí leictreachais ón mBreatain Mhór de bhrí go raibh praghsanna sa Bhreatain Mhór níos ísle na SEM ar an meán.

### 1.(b) Forléargas ar Struchtúr na Margaí Fuinnimh sa Bhreatain Mhór

Sa Bhreatain Mhór, tá giniúint agus soláthar leictreachais oscailte d'iomaíocht fhoirfe. Is monaplachtaí rialaithe iad tarchur agus dáileadh leictreachais sa Bhreatain Mhór, agus is é Oifig na Margaí Gáis agus Leictreachais (OFGEM) a dhéanann cinneadh maidir leis an ioncam ceadaithe don tréimhse athbhreithnithe praghais. Is é an Rúnaí Stáit do Ghnó, Fuinneamh agus Tionscail (BEIS) atá freagrach as beartais fuinnimh a fhorbairt. Is é OFGEM rialtóir an mhargaidh fuinnimh sa Bhreatain Mhór.

#### Socruithe Trádála agus Tarchurtha Leictreachais na Breataine (BETTA)

Is é BETTA an margadh leictreachais mórdhíola atá ag feidhmiú sa Bhreatain Mhór. Éagsúil le I-SEM, d'fhéadfadh trádáil tarlú idir gineadóirí agus soláthróirí go déthaobhach nó trí mhalartuithe, agus is féidir conarthaí fisiciúla agus airgeadais a shníú chun luaineacht praghsanna a bhainistiú, le haghaidh amscála idir roinnt blianta amach romhainn agus margaí trádála ionlae. Tá an Eangach Náisiúnta, atá ag feidhmiú mar Oibreoir Córais Leictreachais (ESO), freagrach as soláthar agus éileamh a bhainistiú ar bhonn fíor-ama, trí úsáid a bhaint as an Sásra Cothromúcháin agus as seirbhísí córais eile. Tá scéim luacha saothair acmhainne bunaithe ag BETTA, a chiallaíonn go mbronntar conarthaí acmhainne ar ghineadóirí bunaithe ar thoradh ceant, a chuireann ar a gcumas íocaíochtaí a fháil le haghaidh acmhainn ghiniúna a sholáthar agus ag an am céanna pionóis a thabhú le haghaidh neamhsheachadta i rith teagmhais nuair a bhíonn ganntanas acmhainne ann.

#### Scéim na gConarthaí Difríochta (CfD)

Baineann an príomhshásra tacaíochta do theicneolaíochtaí ísealcharbóin le CfDanna; a bhronntar trí cheantanna iomaíocha (Babhtaí Leithdháilte (AR)). Fógraíodh torthaí an chúigiú babhta leithdháilte (AR5) i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus bronnadh 3.7 GW ar fad. Bronnadh an acmhainn is mó luaite le hacmhainn ón talamh ag an gceant, ní dhearnadh aon tairiscint ón talamh i gcomhair AR5 2023 mar gheall ar an bpraghas ceangail níos ísle. Tá próiseas AR6 le haghaidh 2024 ar siúl cheana féin, agus méadóidh an praghas ceangail d'acmhainn ón talamh (íochtarfhosaithe) 55%, go dtí £76/MWh.

AR4 2022 tráth a raibh an acmhainn is mó luaite le hacmhainn ón talamh ag an gceant, ní dhearnadh aon tairiscint ón talamh


#### Líonraí Leictreachais

Sa Bhreatain Mhór, tá an líonra tarchurtha faoi úinéireacht Scottish Hydro Electricity Transmission Limited (SHETL), Scottish Power Transmission (SPT) agus National Grid Electricity Transmission (NGET). Tá an líonra tarchurtha iomlán á fheidhmiú ag oibreoir córais tarchurtha leictreachais náisiúnta amháin, áfach, ar a dtugtar ESO. Ag leibhéal an líonra dáileacháin, tá an líonra faoi úinéireacht agus á fheidhmiú ag roinnt cuideachtaí dáileacháin réigiúnacha.

#### Idirnasc

Sa bhreis ar an idirnasc le hÉirinn, tá an Bhreatain Mhór idirnasctha leis an bhFrainc, an Bheilg, an Ísiltír agus an Iorua, agus tá acmhainn iompórtála/easpórtála iomlán na Breataine Móire cothrom le thart ar 8,400 MW. Ainneoin Brexit, tá líon tionscadal idirnascaire nua á bpleanáil, lena n-áirítear tuilleadh idirnasc leis an bhFrainc, Éire agus an Iorua, mar aon le hidirnaisc nua leis an nGearmáin. Chuir Idirnascaire Viking 1.4 GW críoch le tástáil i Meán Fómhair 2023 agus tá sé ag feidhmiú ar bhonn tráchtála ó Nollaig 2023 agus ag tairiscint acmhainn de 800 MW ar dtús. Tá sé mar aidhm ag an Eangach Náisiúnta agus ag Energinet a bheith ag feidhmiú ar bhonn lánacmhainne faoi dheireadh 2024.

**Figiúr 1: Praghsanna Gáis, Guail agus Carbóin 2023**




## 2. An Timpeallacht Oibriúcháin

### 2.(a) Tráchtearraí - Na Margaí Fuinnimh Domhanda

Tá tábhacht ar leith ag baint le costas na mbreoslaí bunúsacha a úsáidtear chun leictreachas a ghiniúint chomh fada is a bhaineann le praghsanna tráchtearraí agus margaí fuinnimh agus tá siad ag brath ar mhargaí idirnáisiúnta a phléitear thíos.

#### Praghsanna Gáis

Bhí na praghsanna gáis ard ar dtús ach laghdaigh siad luath sa bhliain mar gheall ar mheascán d'aimsir níos séimhe agus níos lú éilimh san Eoraip. Chumasaigh sé sin stóráil a líonadh níos túisce ná blianta roimhe sin freisin. Bhí stailceanna beartaithe ag saoráidí LNG san Astráil mar bhonn le himní faoi sholáthar agus mar bhonn le hardú praghais níos déanaí sa bhliain. Ní raibh na praghsanna chomh luainí is a bhí i rith blianta roimhe seo. Bhí na praghsanna gáis (meán míosúil na luachanna laethúla) cothrom le 99p/teirm ar an meán, síos ó 201p/teirm in 2022. Bhí an meánphraghas míosúil ab ísle cothrom le 71p/teirm i mí Iúil, agus bhí an praghas ab airde cothrom le 156p/teirm i mí Eanáir.

# Struchtúr an Mhargaidh agus Timpeallacht Oibriúcháin (ar lean)

### Praghsanna Guail

Laghdaigh praghsanna guail i rith na bliana, díreach cosúil leis na praghsanna gáis, de réir mar a laghdaigh an t-imní a bhí ar dhaoine faoi sholáthairtí gáis. Bhí na meánphraghsanna cothrom le $129/tona, laghdú i gcomparáid le $291/tona in 2022. Bhí an meánphraghas ab ísle cothrom le $111/tona i mí Iúil, agus bhí an meánphraghas míosúil ab airde cothrom le $167/tona i mí Eanáir.

### Praghsanna Carbóin


Laistigh de Scéim Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh (EU ETS), ceanglaítear ar ghineadóirí liúntais charbóin a cheannach don charbón atá á astú acu fad is atá leictreachas á ghiniúint. Ní raibh praghsanna carbóin chomh luaineach le praghsanna gáis agus guail in 2023. In 2023 bhí an meánphraghas bliantúil carbóin cothrom le €85/tona, méadú i gcomparáid le €81/tona in 2022. Bhí an meánphraghas míosúil ab ísle cothrom le €73/tona i mí na Nollag, agus bhí an meánphraghas míosúil ab airde cothrom le €95/tona i mí Feabhra.

## 2.(b) Timpeallacht Oibriúcháin - SEM


### Idirghabhálacha Margaidh

I mí Dheireadh Fómhair 2022, d'fhoilsigh an AE rialacháin a bhain le hidirghabháil éigeandála san earnáil fuinnimh, agus ba ag leibhéal náisiúnta a rinneadh an cinneadh maidir le conas a bhféadfaí é seo a chur chun feidhme. I mí na Samhna 2022, chomhaontaigh Rialtas na hÉireann ar chaidhp ar gach ioncam margaidh gineadóirí leictreachais neamhgháis, ina gcuimsítear caidhp de €120/MWh do ghaothfhuinneamh, hidreachumhacht agus sócmhainní grianchumhachta, ar a laghad €180/MWh nó corrlach incheadaithe níos mó ná an costas táirgthe de €35/MWh do ghiniúint ola agus ghualadhainte, agus €180/MWh le haghaidh gach teicneolaíocht eile. Bhí an chaidhp seo éifeachtach idir mí na Nollag 2022 agus Meitheamh 2023.

**Figiúr 2: Éileamh Leictreachais I-SEM (GWh)**




**Figiúr 3: Giniúint Leictreachais in I-SEM de réir an Chineáil Breosla[2]**




### Slándáil an tSoláthair

Ainneoin méadú a bheith ar éileamh, tugadh feabhas faoi deara ar shlándáil an tsoláthair in 2023 tráth ar eisíodh trí fholáireamh córais, i gcomparáid le hocht bhfoláireamh in 2022. Ba í an phríomhchúis a bhí leis seo an líon mór iompórtálacha idirnascaire (i gcomparáid le glan-easpórtáil in 2022) rud ba chúis le laghdú ar ghiniúint SEM. Tá acmhainn bhreise i bhfoirm giniúint éigeandála shealadach á coimisiúnú chun tacú le slándáil an tsoláthair, agus bhí cuid den acmhainn seo in úsáid roimh dheireadh 2023.

### Éileamh

Bhí neart éilimh ann in 2023, agus tugadh méadú ar éileamh faoi deara i rith fhormhór na míonna i gcomparáid le 2022, agus tugadh na méaduithe is mó faoi deara sa trian deiridh den bhliain (Figiúr 2). Tríd is tríd, in 2023 bhí an t-éileamh 2% níos airde ná mar a bhí in 2022.

### Margadh Leictreachais Mórdhíola I-SEM

In 2023, bhí breoslaí iontaise in úsáid chun freastal ar 54% den ghiniúint mhéadraithe (Figiúr 3) in I-SEM. Mhéadaigh giniúint ghaoithe go dtí 30% de thoirt I-SEM in 2023, agus laghdaigh an ghiniúint ó mhonarchana gáis go dtí 47% den ghiniúint ar an gcóras. Go stairiúil, bhí an praghas leictreachais nasctha go dlúth leis an bpraghas gáis mórdhíola, agus faoi I-SEM, ar an meán, níl aon athrú suntasach sa phraghas Margadh Lá Roimh Ré (DAM) a thugann le fios nach bhfuil an t-iompar seo ag athrú agus go bhfuil sé fós bunaithe ar phraghas gáis mar is léir ó Fhigiúr 4, ina léirítear go bhfuil meánphraghas míosúil DAM bonn ar aon leis na praghsanna gáis rianaithe i rith na bliana. É sin ráite, ar bhonn laethúil, tá athruithe i bhfad níos suntasaí idir praghas DAM agus praghas gáis le tabhairt faoi deara, ag brath ar fhachtóirí cosúil le gaoth ard agus/nó éileamh íseal.

Bliain i ndiaidh bliana, laghdaigh an praghas DAM 46% chuig meánluach de €122/MWh, ó €226/MWh in 2022. Bhain sé seo go príomha le laghdú ar phraghsanna tráchtearraí. Go ginearálta, lean an praghas DAM na praghsanna sa mhargadh gáis, agus tugadh roinnt athruithe faoi deara ag brath ar an leibhéal treáite gaoithe i rith na míosa. Bhí an meánphraghas DAM míosúil is ísle cothrom le €89/MWh i mí na Nollag agus bhí an meánphraghas míosúil is airde cothrom le €162/MWh i mí Eanáir.

### Margadh Cothromúcháin I-SEM (BM)


Ainneoin gur tugadh luaineacht BM faoi deara in 2023, níl an luaineacht seo chomh soiléir is a bhí i mblianta roimhe seo. I rith tréimhse aonair 30 nóiméad, shroich praghsanna leibhéal íseal de lúide €235/MWh agus leibhéal ard de níos mó ná €544/MWh, i gcomparáid le leibhéal íseal de lúide €10/MWh agus leibhéal ard de €348/MWh in DAM.

## 2.(c) Margadh Leictreachais agus Praghsanna na Breataine Móire


### Idirghabhálacha Margaidh

Tháinig an Tobhach Gineadóra Leictreachais i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2023. Is muirear 45% é seo ar an leictreachas mórdhíola a díoladh nuair a bhí an meánphraghas cothrom le níos mó ná £75 de réir an MWh. Ní bhaineann an tobhach seo ach le grúpaí atá ag giniúint leictreachais ó fhoinsí núicléacha, in-athnuaite agus bithmhaise nach bhfuil ag feidhmiú faoi CfD.

**Figiúr 4: Meán - DAM (€/MWh) agus Gás (p/teirm)**




**Figiúr 5: Éileamh Leictreachais na Breataine Móire (TWh)**




### Éileamh

Bhí éileamh ar an gcóras tarchurtha ag leibhéal margaidh sa Bhreatain Mhór in 2023 níos ísle ná mar a bhí in 2022, ainneoin go raibh sé níos airde i rith roinnt míonna níos déanaí sa bhliain. Bhí an t-éileamh bliantúil iomlán thart ar 2% níos ísle ná 2022, agus níos ísle ná aon cheann de na trí bliana atá caite. Tá léargas le fáil i bhFigiúr 5 ar éileamh leictreachais 2023 na Breataine Móire i gcomparáid leis an dá bhliain roimhe sin.


### Meascán Giniúna

Léirítear i bhFigiúr 6 an meascán giniúna sa Bhreatain Mhór in 2023, agus bhí 38% den ghiniúint ag teacht ón ngaoth agus ón ngrian. In 2023 bhí an t-aschur giniúna gaoithe agus gréine níos airde ná mar a bhí sa dá bhliain roimhe sin. Bhí an ghiniúint iomlán ón ngaoth in 2023 thart ar 2% níos airde ná mar a bhí in 2022, agus mhéadaigh an ghiniúint ghrianchumhachta ar fad < 1%.


2. Sainmhínítear giniúint leictreachais in I-SEM de réir an chineáil breosla mar chéatadán den ghiniúint atá á déanamh ag aonaid sa mhargadh atá grúpáilte de réir an chineáil breosla, lena n-áirítear idirnascairí mar ghrúpa ar leithligh. Cuimsítear sa 30% dá dtagraítear dó i bhFigiúr 3 thuas idirnascairí agus rannpháirtithe i margadh SEM. Cuimsítear sa 36% dá dtagraítear dó ar leathanach 48 gineadóirí gaoithe margaidh agus neamh-mhargaidh agus 2 TWhrs de ghiniúint leabaithe.

## Struchtúr an Mhargaidh agus Timpeallacht Oibriúcháin (ar lean)

**Figiúr 6: Meascán Giniúna na Breataine Móire**




**Figiúr 7: Praghasanna Cumhachta Bonnualaigh na Breataine Móire (£/MWh)**




Giniúint ghasadhainte a bhí mar bhonn le 36% den ghiniúint iomlán in 2023, sin laghdú 41% in 2022. Bhí an ghiniúint ghasadhainte iomlán laghdaithe 22%. Tharla sé seo go príomha de bhrí gur athraigh an Bhreatain Mhór ó bheith ag feidhmiú mar ghlan-iompórtálaí cumhachta, i ndiaidh di a bheith ag feidhmiú mar ghlan-easpórtálaí cumhachta in 2022. Lena chois sin, bhí an t-éileamh in 2023 laghdaithe i gcomparáid leis an éileamh in 2022. In 2023, bhí an Bhreatain Mhór ag feidhmiú mar ghlan-iompórtálaí ó mhór-roinn na hEorpa de bhrí go raibh praghsanna níos airde go ginearálta sa Bhreatain Mhór, agus ba í Éire an t-aon mhargadh a raibh an Bhreatain Mhór ag feidhmiú mar easpórtálaí chuici de bhrí go raibh praghsanna cumhachta sa Bhreatain Mhór níos ísle.

Chinn rialtas na Ríochta Aontaithe gach monarcha giniúna guail a dhúnadh faoin mbliain 2025. Laghdaigh giniúint ghuail ó 2% den mheascán giniúna breosla in 2022 go dtí 1% in 2023. Fachtóirí a bhí le cur san áireamh ba ea praghsanna gáis níos ísle, an Bhreatain Mhór a bheith ag feidhmiú mar ghlan-iompórtálaí agus éileamh laghdaithe.

### Margaí Cumhachta agus Praghsanna

Ar an meán, i mí Eanáir, bhí praghsanna cumhachta 46% níos lú ná an mhí roimhe sin, ag £132/MWh. Bhain an laghdú seo ar na meánphraghsanna le laghdú 42% ar phraghsanna gáis agus laghdú 6% ar charbón. Lean an laghdú ar na meánphraghsanna cumhachta ar aghaidh i rith na bliana go dtí mí Lúnasa tráth ar taifeadadh méadú 19% go dtí £81/MWh. Bhain sé seo, tríd is tríd, le giniúint níos ísle ó athnuaiteáin. Idir mí Lúnasa agus mí na Samhna tugadh méaduithe faoi deara ó mhí go mí, agus tugadh laghdú faoi deara i mí na Nollag agus taifeadadh an meánphraghas míosúil is ísle sa bhliain, £67/MWh. Tríd is tríd, in 2023, laghdaigh na meánphraghsanna cumhachta 53% - figiúr a bhí ag teacht le praghsanna carbóin a bhí 24% níos ísle agus praghsanna gáis a bhí 51% níos ísle.

Baineann tábhacht le Margadh Cothromaithe na Breataine Móire i monarchana seolta agus réasúnta solúbtha cosúil le Carrington CCGT. Is fianaise é an praghas BM, dá dtagraítear dó mar an praghas anáis airgid, ar imeallchostas an chórais laistigh d'amfhráma an mhargaidh BM (gar d'fhíor-am). Go ginearálta, ardaíonn na praghsanna BM nuair atá an córas faoi bhrú agus nuair a iarrann an ESO ar mhonarchana costasacha tosú ag giniúint. Is deis shuntasach atá ann do mhonarchana solúbtha ioncam breise a thuilleamh, go háirithe nuair nach bhfuil an t-airgead acu a bheith ag rith sa DAM. Bhí na meánphraghsanna míosúla BM ag teacht a bheag nó a mhór leis na praghsanna tráchtearraí agus, dá réir sin, tá siad níos leochailí ná praghsanna DAM. Bhí na praghsanna córais fós luaineach in 2023, ach ní raibh siad chomh luaineach is a bhí in 2022. Bhí tionchar ag na fachtóirí córais céanna a raibh tionchar acu ar phraghsanna Lá Roimh Ré ar na praghsanna córais freisin. Shroich praghsanna BM, leathuair an chloig, buaicphointe de is £1,950/MWh ar an 7 Márta 2023, agus bhí an meánphraghas laethúil cothrom le £238/MWh. Shroich praghsanna DAM buaicphointe de bhreis ar £541, ar an 7 Márta 2023 freisin.





# Athbhreithniú Airgeadais

Ba é 2023 an dara bliain i ndiaidh a chéile inar tugadh leibhéil níos mó ná riamh d'infheistíocht chaipitil a bheith á déanamh ag ESB i mbonneagar fuinnimh chriticiúil faoi deara. Ní féidir leanúint ar aghaidh leis an gclár caiteachais chaipitil uaillmhianach seo ach trí leanúint ar aghaidh ag soláthar leibhéal suntasach brabúsachta agus soláthraíonn feidhmíocht airgeadais láidir ESB in 2023 bonn ónar féidir linn leanúint ar aghaidh ag infheistiú ag scála ar ár n-aistear i dtreo na glan-nialasachta.

**Paul Stapleton**
Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Airgeadas agus Tráchtáil Ghrúpa



## Buaicphointí

**EBITDA***

€1,976m
(2022: €1,675 milliún)

**Brabús Oibriúcháin***

€1,121m
(2022: €847 milliún)

**Brabús i ndiaidh Cánach roimh mhíreanna eisceachtúla**

€868m
(2022: €649 milliún)

**Caiteachas Caipitil***

€1,729m
(2022: €1,395 milliún)

**Díbhinní 2023**

€220m
(2022: €327 milliún)

**Toradh ar Chaipiteal in Úsáid***

7.9%
(2022: 6.9%)

**Céatadán Glanfhiachais Comhdhlúite (Giaráil roimhe seo)***

49%
(2022: 58%)

* Féach ar Bhearta Feidhmíochta Malartacha ar leathanach 288 agus 290 más spéis leat na sainmhínithe agus ríomhanna a fheiceáil.

Ainneoin gur mhaolaigh an luaineacht shuntasach a tugadh faoi deara i margaí fuinnimh domhanda in 2022 beagán in 2023, tá praghsanna mórdhíola fós beagán guagach agus i bhfad níos airde ná na leibhéil a tugadh faoi deara roimh an ngéarchéim fuinnimh. Lean na coinníollacha margaidh seo le tionchar a bheith acu ar fheidhmíocht airgeadais ESB in 2023. Bhí brabúsacht láidir le tabhairt faoi deara go leanúnach inár ngnó giniúna ach ag an am céanna bhí dúshláin fós ag baint leis an soláthar fuinnimh, ainneoin go raibh sé beagán níos cobhsaí. Tá éilimh leanúnacha ar leachtacht feabhsaithe agus iasachtaíocht bhreise fad is atáimid ag infheistiú ag scála i mbonneagar fuinnimh ísealcharbóin criticiúil in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Chomh maith leis sin, tá tionchar leanúnach ag saincheisteanna maicreacnamaíocha ginearálta go háirithe boilsciú ard, rátaí úis atá ag ardú agus cur isteach ar an slabhra soláthair. Tá dianmhonatóireacht á déanamh againn ar na rioscaí seo agus tá siad á mbainistiú againn.

In 2023, Sholáthair ESB Tuilleamh Roimh Ús, Cáin, Dímheas agus Amúchadh (EBITDA) luach €1,976 milliún, brabús oibriúcháin de €1,121 milliún agus infheistíocht chaipitil de €1,729 milliún.

Tá an brabús oibriúcháin ardaithe €274 milliún i gcomparáid le 2022. Tuilleadh ioncam níos airde i ESB Networks mar gheall ar athruithe taraife líonra rialaithe de réir mar atá an scála infheistíochta sna líonraí ag ardú. Chuir gnóthaí ESB sa Bhreatain Mhór le sciar de bhrabúis an Ghrúpa a bheith ag ardú in 2023, agus tugadh fás 40% faoi deara i gcomparáid le 2022, agus tugadh corrlaigh dhearfacha leanúnacha faoi deara i nginiúint na Breataine Móire agus feidhmíocht a bhí feabhsaithe go suntasach in So Energy, ár ngnó soláthair fuinnimh sa Bhreatain Mhór. Á fhrithháireamh seo, laghdaigh brabúis i nGiniúint agus Trádáil in Éirinn beagán i gcomparáid le 2022, agus bhí brabúsacht Electric Ireland níos ísle ná mar a bhí in 2022 agus bhí na corrlaigh beagán níos cúinge, rud a chuaigh chun tairbhe na gcustaiméirí deiridh.

Is ionann leibhéal bhrabús an Ghrúpa i ndiaidh cánachais (i ndiaidh míreanna eisceachtúla), atá cothrom le €868 milliún, agus méadú €310 milliún (56%) i gcomparáid le 2022. As na brabúis seo, tá sé beartaithe díbhinn de €220 milliún a íoc le stocshealbhóirí, a bhfuil 97% de á chur ar fáil do Rialtas na hÉireann.


Lena chois sin, i mí Eanáir 2024, d'íoc ESB €76 milliún le Stát na hÉireann faoi scéim Rialtas na hÉireann chun teorainn a chur le hioncam margaidh roinnt gineadóirí leictreachais idir Nollaig 2022 agus Meitheamh 2023. Rinneadh foráil don mhéid sna ráitis airgeadais amhail ag an 31 Nollaig 2023.

Tá fianaise le fáil inár mbrabúsacht in 2023 ar fheidhmíocht ár bpríomhaonad gnó mar seo a leanas:

- Tá brabús oibriúcháin ESB Networks don bhliain 2023 suas €152 milliún i gcomparáid le 2022, mar gheall, go príomha, ar ioncam rialaithe níos airde fritháirithe i bpáirt ag caiteachas oibriúcháin níos airde, dímheas agus párolla. Lean ESB Networks ar aghaidh le dul chun cinn a dhéanamh ar a chláir chaipitil agus chothabhála rialaithe faoina rialú praghsanna comhaontaithe.
- Tá brabús oibriúcháin Northern Ireland Electricity Networks (NIE Networks) €14 milliún níos airde ná 2022 agus bhí an t-ioncam rialaithe níos airde in 2023, fianaise ar an infheistíocht leanúnach i mBonn Sócmhainní Rialaithe NIE Networks, a bheith á bhfrithháireamh i bpáirt mar gheall ar chostais níos airde, lena n-áirítear costais foirne níos airde mar gheall ar an líon foirne méadaithe.
- Tá brabús oibriúcháin GT €44 milliún níos lú ná 2022 mar gheall, go príomha, ar scéim Rialtas na hÉireann chun teorainn a chur le hioncam margaidh, líon foirne méadaithe agus costais forbartha gnó méadaithe (lena n-áirítear i ndáil le hidrigin agus athnuaiteáin). Lean GT ar aghaidh lena phunann in-athnuaite a fhorbairt, go háirithe trí infheistíocht leanúnach i dtionscadail gaoithe ar an talamh agus ón talamh, agus tionscadail ghrianfhuinnimh in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór. Chomh maith leis sin, chabhraigh an gnó GT ar bhealach suntasach le slándáil an tsoláthair leictreachais in Éirinn a chothabháil i rith 2023, lena n-áirítear acmhainn ghiniúna éigeandála a éascú faoi shocruithe le EirGrid.
- Tá caillteanas oibriúcháin Réitigh do Chustaiméirí cothrom le €12 milliún i gcomparáid le caillteanas de €109 milliún in 2022. Bhain an ghluaiseacht seo, den chuid is mó, le feidhmíocht feabhsaithe in So Energy (An Bhreatain Mhór). I ndiaidh laghduithe praghais a tugadh faoi deara i rith na bliana, bhí brabúsacht Electric Ireland níos ísle ná mar a bhí in 2022 (san áireamh i bhfigiúirí 2022 bhí foráil le haghaidh creidmheas €50 do gach custaiméir leictreachais chónaithe i bPoblacht na hÉireann).

Is ionann leibhéal foriomlán an bhrabúis oibriúcháin a tuilleadh in 2023 agus méadú suntasach i gcomparáid leis na blianta roimhe seo. Tá an leibhéal brabúsachta seo riachtanach, áfach, i bhfianaise scála na hinfheistíochta caipitil atá á dhéanamh agus staid ghlanfhiachais ESB atá cothrom le €6.4 billiún. I rith 2023, cruinníodh breis is €1.3 billiún d'fhiachas breise agus léirigh infheisteoirí neart spéise sa trí bhanna a eisíodh. Is fianaise é seo go bhfuil infheisteoirí ag tacú go láidir le straitéis ESB agus go bhfuil muinín acu as staid airgeadais bhunúsaigh ESB. Ag féachaint chun cinn, beidh sé riachtanach brabúsacht a chothabháil agus a fhorbairt agus beidh gá le tuilleadh iasachtaíochta chun an scála infheistíochta atá riachtanach chun córas fuinnimh athléimneach glan-nialasach a sholáthar.

**Figiúr 1: Achoimre cúig bliana**




### Infheistíocht Chaipitil

Is ionann leibhéal caiteachais chaipitil ESB in 2023 atá cothrom le €1.7 billiún, an leibhéal is airde riamh, agus ardú 24% i gcomparáid le 2022. Baineann thart ar 70% den chaiteachas caipitil seo le hinfheistíocht sa bhonneagar líonra leictreachais de réir na gclár rialála comhaontaithe. Cumasóidh an infheistíocht seo fás geilleagrach, feabhsóidh sí athléimneacht líonra agus cabhróidh sí chun dlús a chur le spriocanna Ghníomhú ar son na hAeráide an Rialtais. Úsáideadh €418 milliún den chaiteachas caipitil seo chun dlús a chur le tionscadail ghiniúna leictreachais agus bonn giniúna in-athnuaite ESB a fhorbairt, agus solúbthacht an chórais agus slándáil an tsoláthair a fheabhsú.
Lena chois sin, cuireadh €124 milliún ar fáil trí iasachtaí scairshealbhóirí do thionscadail chomhfhiontair (ar bhain a bhformhór lenár n-infheistíocht leanúnach i ngaoth ón talamh in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór), rud a chiallaigh go raibh an leibhéal iomlán d'infheistíocht chaipitil cothrom le breis is €1.8 billiún.

### Rialachán maidir le Tacsanomaíocht an AE

Arís eile chuir ESB nochtuithe a bhain le hinbhuanaitheacht a ghníomhaíochtaí san áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil faoi Rialachán maidir le Tacsanomaíocht an AE ar bhonn deonach. Fad is atá treoir maidir le Tacsanomaíocht an AE ag forbairt, tá measúnú ailínithe curtha i gcrích agus KPInna rífa ina ndéantar cur síos ar chéatadán láimhdeachas ESB, OpEx agus CapEx a bhaineann le gníomhaíochtaí Tacsanomaíocht-Ailínithe. Bunaithe ar an measúnú seo, baineann 85% d'infheistíocht chaipitil ESB le gníomhaíochtaí Tacsanomaíocht-Ailínithe lena n-áirítear forbairt leanúnach na líonraí leictreachais i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann agus infheistíocht i dtionscadail ghiniúna in-athnuaite.
Féach ar leathanach 108 áit a bhfuil an nochtadh iomlán a bhaineann leis an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht an AE.
Athbhreithníodh creat bannaí glasa ESB i rith na bliana ionas go mbeadh sé ailínithe le critéir ailínithe Thacsanomaíocht an AE le haghaidh gníomhaíochtaí geilleagracha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

1. Roimh na míreanna eisceachtúla seo a leanas: 2022: Bearnúchán Neart na Gaoithe (€91 milliún). 2021: Brabús ar dhíolachán sócmhainní (lena n-áirítear aisiompuithe bearnúcháin) €152 milliún, bearnúchán Neart na Gaoithe (€154 milliún), bearnúchán dea-thola So Energy agus foráil chonartha dhochraidigh (€61 milliún). 2020: Táille bhearnúcháin (€188 milliún) agus Forálacha Sócmhainne Scoir méadaithe (€59 milliún). 2019: Costais téarfa agus ghaolmhara (€60 milliún) agus táille bhearnúcháin (€34 milliún).
2. Is figiúr comhlán é caiteachas caipitil 2019 - 2023 de ranníocaíochtaí custaiméirí le haghaidh nasc líonra (de réir IFRS 15 'Ioncam ó Chonarthaí le Custaiméirí').
3. San áireamh i nglanfhiachas 2019 - 2023 dliteanais léasa aitheanta de réir IFRS 16 'Léasanna'; 2023: €136 milliún, 2022: €129 milliún, 2021: €120 milliún, 2020: €125 milliún, 2019: €132 milliún. Áirítear ann sciar ESB d'fhiachas a bhaineann le hinfheistíochtaí i gcomhfhiontair agus comhlachaithe a bhfuil cuntas déanta don chothromas ar fad a bhaineann leo. Níl airgead tirim teoranta luach €550 milliún (2022: €754 milliún) san áireamh.

# Athbhreithniú Airgeadais (ar lean)

**An Todhchaí**
Mar phríomhfhóntas fuinnimh in Éirinn, tá próifíl ghnó chobhsaí ag ESB agus tá cuntas déanta ar thart ar 50% den tuilleamh (EBITDA) aige le haghaidh na líonraí leictreachais rialaithe ar oileán na hÉireann faoi chreataí rialála bunaithe agus trédhearcacha. Tá staid airgeadais ESB fós láidir agus bhí a ghlansócmhainní cothrom le €5.3 billiún ag an 31 Nollaig 2023. Cruinníodh trí bhanna bhreise i rith 2023 agus cinntíodh go raibh an staid leachtachta láidir (€3.7 billiún ag an 31 Nollaig 2023). Athdhearbhaíodh rátálacha creidmheasa A- agus A3 (BBB+ ar bhonn neamhspleách) le Standard & Poor's and Moody's faoi seach arís in 2023.

Soláthraíonn staid airgeadais ESB ag deireadh 2023 an bonn le haghaidh infheistíocht láidir leanúnach i dtodhchaí fuinnimh níos inbhuanaithe agus níos athléimní, agus tacú ag an am céanna le fóntacht airgeadais, comhsheasmhach le huaillmhian straitéiseach ESB maidir le haeráidneodracht a chinntiú faoi 2040.

**Ioncam (Figiúr 2)**
Méadaigh ioncam agus ioncam oibriúcháin eile a bhí cothrom le €8,785 milliún, €1,170 milliún i gcomparáid le 2022 (€7,615 milliún). Baineann an méadú seo go príomha le hioncam níos airde i Réitigh do Chustaiméirí (mar gheall ar thionchar carnach na n-arduithe praghais in 2022 (mar thoradh ar athruithe ar an bpraghas mórdhíola) agus athruithe ar theorainneacha praghsanna rialála sa Bhreatain Mhór) mar aon le hioncam fálaithe níos airde in GT agus ioncam taraife rialaithe níos airde i ngnóthaí an dá líonra.

**Sciar de Chaillteanas/(Brabús) Institiúidí Infheistiúcháin ar Cuireadh Modh Cuntasaíochta an Chothromais i bhFeidhm Orthu (Figiúr 2)**
Is fianaise é seo ar sciar ESB de na brabúis óna institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu. Baineann an brabús in 2023 go príomha le sciar brabús ESB i dtionscadail in-athnuaite go háirithe tionscadal fheirm ghaoithe ón talamh Galloper sa Bhreatain Mhór agus tionscadail ghaoithe amach ón talamh in Éirinn.

**Cánachas (Figiúr 2)**
Tá an muirear cánach de €134 milliún níos ísle ná an muirear cánach in 2022. Chomh maith leis sin, laghdaigh ráta cánach éifeachtach ESB roimh bhrabúis JV agus míreanna eisceachtúla i gcomparáid le 2022, agus bhí tionchar ag muirear cánach iarchurtha níos airde 2022 a bhain leis an méadú ar ráta cánach na Ríochta Aontaithe go dtí 25%, leibhéil níos airde de mhíreanna asbhainteacha neamhchánach agus cóimheas níos airde de bhrabúis na Ríochta Aontaithe i gcomparáid le brabúis Éireannacha a ngearrtar ráta cánach 19% orthu. Tá réiteach an mhuirir chánach iomláin le fáil i nóta 21 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

**Costais Oibriúcháin (Figiúr 3)**
Méadaigh costais oibriúcháin foriomlána a bhí cothrom le €7,664 milliún, €896 milliún.

- Méadaigh costais bhreosla agus costais fuinnimh eile €832 milliún, fianaise ar chostais tráchtearraí fálaithe i bhfad níos airde in 2023 i gcomparáid le 2022.
- Tá dímheas níos airde i ESB Networks agus NIE Networks go príomha mar gheall ar nádúr méadaitheach agus athraitheach an bhoinn sócmhainní.
- Tá costais foirne méadaithe go dtí €67 milliún mar gheall ar líon foirne méadaithe i mbeagnach gach aonad gnó, ragobair agus costais mhéadaithe agus an tionchar atá ag arduithe pá.
- Laghdaigh costais oibriúcháin agus chothabhála €63 milliún go príomha mar gheall ar caillteanas aistrithe airgeadra eachtraigh neamhairgid ar staideanna idirchuideachta ainmnithe i steirling in 2022. Á fhritháireamh seo tá costais oibriúcháin níos airde go suntasach in GT mar gheall ar chostais forbartha gnó níos airde.
- Tá glanbhearnúchán sócmhainní airgeadais (foráil drochfhiach i Réitigh do Chustaiméirí go príomha) méadaithe i gcomparáid le 2022 mar gheall ar thionchar ardaithe praghais agus aosú fiachais custaiméirí i ngnóthaí miondíola ESB in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór.

Tá miondealú ar na costais oibriúcháin de réir na rannóige gnó le fáil i nóta 3 leis na ráitis airgeadais.

**Bearnúchán Institiúidí Infheistiúcháin ar Cuireadh Modh Cuntasaíochta an Chothromais i bhFeidhm Orthu (Figiúr 2)**
Tá táille bhearnúcháin aitheanta in 2023 i ndáil le tionscadal gaoithe ón talamh Neart na Gaoithe mar gheall ar thuilleadh moilleanna a bhain le hoibreacha tógála. Tá tuilleadh sonraí le fáil i nóta 16 de na ráitis airgeadais.

**Figiúr 2: Ráiteas Ioncaim Achoimrithe**

| | 2023 €m | 2022 €m |
|---|---|---|
| Ioncam agus ioncam oibriúcháin eile | 8,785 | 7,615 |
| Costais oibriúcháin* | (7,664) | (6,768) |
| **Brabús oibriúcháin** | **1,121** | **847** |
| Glanchostais mhaoinithe | (97) | (111) |
| Gluaiseachtaí cóirluacha ar ionstraimí airgeadais | (21) | 86 |
| Bearnúchán institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | (15) | (91) |
| Sciar de bhrabús/(caillteanas) institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | 14 | (31) |
| **Brabús roimh cháin** | **1,002** | **700** |
| Muirear cánach | (134) | (142) |
| **Brabús i ndiaidh cánach** | **868** | **558** |

* Lena n-áirítear bearnúcháin neamheisceachtúla (féach nóta 8).

**Figiúr 3: Costais Oibriúcháin**

| | 2023 €m | 2022 €m |
|---|---|---|
| Costais bhreosla agus costais ghaolmhara fuinnimh eile | 5,459 | 4,627 |
| Dímheas agus amúchadh | 942 | 915 |
| Costais fostaithe | 599 | 532 |
| Costais oibriúcháin agus chothabhála | 589 | 652 |
| Glanchaillteanais bhearnúcháin ar shócmhainní airgeadais | 70 | 39 |
| Bearnúchán (seachas míreanna eisceachtúla) | 5 | 3 |
| **Costais iomlána oibriúcháin** | **7,664** | **6,768** |

**Brabús Oibriúcháin (Figiúr 4)**
Tá an brabús oibriúcháin ardaithe €274 milliún. Tá eolas maidir le gluaiseacht an bhrabúis oibriúcháin idir 2022 agus 2023 sonraithe i bhFigiúr 4.

**Costais Iomlána Airgeadais (Figiúr 5)**
Tá na costais iomlána airgeadais le haghaidh 2023 €93 milliún níos airde ná 2022.

Tá na glanchostais mhaoinithe beagán níos ísle ná 2022, agus tá rátaí úis méadaithe agus leibhéil níos airde d'airgead tirim agus d'iasachtaíocht mar bhonn le hioncam airgeadais níos airde a bhfuil formhór na gcostas airgeadais níos airde á bhfritháireamh acu. San áireamh san ioncam maoinithe tá méideanna a bhaineann le hiasachtaí do thionscadail chomhfhiontair.


Is fianaise í an ghluaiseacht ar bhabhtálacha ráta úis atá nasctha le boilsciú (RPI) ar ghluaiseachtaí ar na toimhdí ráta boilscithe atá mar bhonn le cóirluach na n-ionstraimí seo.

Tá tuilleadh eolais le fáil i nóta 9 leis na ráitis airgeadais.

**Feidhmíocht Míreanna**
Tá an Grúpa eagraithe i gcúig phríomh-mhír intuairiscithe nó rannán straitéiseach, atá á mbainistiú ar leithligh. Tá sonraí maidir le feidhmíocht airgeadais na míreanna gnó le fáil i rannóga athbhreithnithe na n-aonad gnó ar leathanach 60 - 79 agus i nóta 3 leis na ráitis airgeadais.

**Glanfhiachas**
Laghdaigh an glanfhiachas go dtí €6.4 billiún in 2023 ó €6.8 billiún in 2022. Tá na leibhéil iasachtaíochta níos airde ná mar a bhí in 2022 (mar thoradh ar bhannaí breise cruinnithe) agus tá an t-airgead ar láimh níos airde (seachas airgead tirim srianta) ag an 31 Nollaig 2023 i gcomparáid leis an 31 Nollaig 2022. Baineann an laghdú ar an nglanfhiachas, den chuid is mó, le brabúis airgid thirim i rith na bliana, gluaiseachtaí dearfacha ar ghlanchomhthaobhacht airgid agus gluaiseachtaí dearfacha eile sa chaipiteal oibre. Tá siad seo fritháirithe go pointe áirithe ag an leibhéal caiteachais chaipitil i rith na bliana agus íocaíochtaí úis, cánach agus díbhinne.

**Figiúr 4: Réiteach an Bhrabúis Oibriúcháin, 2022 - 2023**




**Figiúr 5: Costais Iomlána Airgeadais**

| | 2023 €m | 2022 €m |
|---|---|---|
| Ús glan ar iasachtaíocht | 191 | 132 |
| Muirir mhaoinithe | 19 | 15 |
| Ioncam maoinithe | (113) | (36) |
| **Glanchostais mhaoinithe** | **97** | **111** |
| Gluaiseacht chóirluacha ar RPI atá nasctha le babhtálacha ráta úis | 38 | (102) |
| (Brabús)/caillteanas cóirluacha ar ionstraimí airgeadais | (17) | 16 |
| **Costais iomlána airgeadais** | **118** | **25** |

**Figiúr 6: Sreabhadh Airgid Achoimrithe**

| | 2023 €m | 2022 €m |
|---|---|---|
| EBITDA* | 1,976 | 1,675 |
| Úsáid soláthair agus gluaiseachtaí eile | 1,090 | (1,487) |
| Ús agus cáin | (316) | (279) |
| **Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **2,750** | **(91)** |
| Caiteachas caipitil agus iasachtaí JV (glan ar aisíocaíochtaí agus díbhinní) | (1,810) | (1,578) |
| Eile (lena n-áirítear FX) | 85 | 16 |
| **Glan-eis-sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | **(1,725)** | **(1,562)** |
| **Glan-insreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | **170** | **1,376** |
| **Airgead tirim srianta - glanmhéideanna faighte ar scéimeanna tacaíochta costas fuinnimh an Rialtais** | **(205)** | **754** |
| **Glanmhéadú ar airgead tirim - lena n-áirítear airgead tirim srianta** | **990** | **477** |

* Féach ar Bhearta Feidhmíochta Malartacha ar leathanach 289 más spéis leat na ríomhanna a bhaineann leis an méadracht seo a fheiceáil.

# Athbhreithniú Airgeadais (ar lean)

Laghdaigh an céatadán glanfhiachais comhdhlúite (giaráil roimhe seo) ó 58% go dtí 49%, fianaise ar an airgead ar láimh níos airde, fiachas níos airde agus glansócmhainní méadaithe ag deireadh na bliana. Féach ar Bhearta Feidhmíochta Malartacha ar leathanach 292 más spéis leat na ríomhanna a bhaineann leis an méadracht seo a fheiceáil.

**Caiteachas Caipitil (Figiúr 7)**
Bhí an caiteachas caipitil cothrom le €1,729 milliún in 2023, laghdú €334 milliún i gcomparáid le 2022.

In 2023 d'infheistigh GT €418 milliún lena n-áirítear níos mó ná €300 milliún in acmhainn ghiniúna gáis sholúbtha agus teicneolaíocht stórála cadhnraí. Lena chois sin, lean sé ar aghaidh ag infheistiú i dtionscadail in-athnuaite (lena n-áirítear tionscadail ghrianchumhachta agus ghaothchumhachta, ar talamh agus amach ón talamh) agus lena fhlít reatha a chothabháil.

Méadaigh caiteachas caipitil i ESB Networks thart ar 14% i gcomparáid le 2022 agus san áireamh ann tá caiteachas ar an tionscadal Méadraithe Chliste agus infheistíocht leanúnach sna líonraí dáileacháin agus tarchurtha faoi chlár PR5. Seachas gluaiseachtaí in 2022 a bhain le hoibleagáidí scoir sócmhainne de thart ar €35 milliún, mhéadaigh caiteachas caipitil bhunúsaigh NIE Networks freisin i gcomparáid le 2022 agus is fianaise atá ann ar mhéadú ar na cláir oibre mar chuid de rialú praghais RP6 NIE Networks, mar aon le custaiméirí breise a nascadh leis an eangach leictreachais agus iontaofacht an tsoláthair a chinntiú.

Áirítear sa chaiteachas caipitil €70 milliún i ngnéithe eile tionscadail Ghrúpa éagsúla, tionscadail TF agus dhigiteacha go príomha.

**Gníomhaíochtaí Leachtachta agus Maoinithe**
Baineann tábhacht straitéiseach le gníomhaíochtaí maoinithe atá á mbainistiú ag Cisteán Ghrúpa ESB i gcomhthéacs an Ghrúpa; tacaíonn siad le clár caiteachais chaipitil ESB, athmhaoiniú fiachas atá ag aibiú agus cothaíonn siad maolán leachtachta oiriúnach chun cosaint i gcoinne tuairteanna geilleagracha amach anseo a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar shreafaí airgid agus ar mhargaí airgeadais.

Tá Saoráid Creidmheasa Imrothlaigh Inbhuanaitheacht-Nasctha luach €1.4 billiún bunaithe le grúpa de 13 bhanc idirnáisiúnta. Beidh an tsaoráid seo i bhfeidhm go dtí Feabhra 2027. Tá nasc díreach idir costas na saoráide leachtachta teannta seo agus spriocanna sonracha dícharbónaithe a bheith á seachadadh ag ESB atá ailínithe le straitéis ESB. In 2022, comhaontaíodh ar Shaoráid Creidmheasa Imrothlaigh bhreise luach £750 milliún agus beidh feidhm leis an tSaoráid seo go dtí mí Meithimh 2024. Níor íostarraingíodh aon mhéid as na saoráidí Creidmheasa Imrothlaigh seo amhail ag an 31 Nollaig 2023.

Chruinnigh ESB trí bhanna in 2023. Is banna ráta sheasta, 3.75%, luach €350 milliún an chéad bhanna a eisíodh i mí Eanáir agus beidh sé ag dul in aibíocht in 2043. I mí Mheán Fómhair, mar chuid de chéad eisiúint dé-thráinse ESB, eisíodh dhá bhanna tagarmhairc luach €500 milliún, banna ráta sheasta, 4.00%, cúig bliana agus banna ráta sheasta ghlais, 4.25%, 12 bhliain. Leithdháilfear na cistí bannaí glasa chun tionscadail ghlasa incháilithe a mhaoiniú a áireofar iontu infheistíocht i méadair chliste, stóráil cadhnraí, giniúint ghrianchumhachta agus ghaothchumhachta. Chomh maith leis sin, d'fhorghníomhaigh ESB fálú ráta úis ar an mbanna glas a bheidh mar bhonn le hús seasta a bheith á fháil ag ESB ó na contrapháirtithe fálaithe agus ráta comhlúthach a íoc (Euribor). Tá sé seo mar bhonn le ráta úis athraitheach thar thréimhse 12 bhliana an bhanna.


Bhí leabhar orduithe agus ró-shuibscríobh ag tacú le gach eisiúint , fianaise ar neart na tacaíochta creidmheasa agus infheisteora le haghaidh ESB.

Roimh eisiúintí Mheán Fómhair, d'fhoilsigh ESB Creat Bannaí Glasa ina léirítear athruithe ar dhea-chleachtais airgeadais inbhuanaithe ó d'fhoilsigh ESB a chéad chreat in 2019. Tá catagóirí tionscadal glas incháilithe laistigh den chreat sruthlínithe chun teacht le córas aicmiúcháin Thacsanomaíocht an AE do ghníomhaíochtaí geilleagracha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus chun ailíniú leis na Prionsabail Bannaí Glasa is déanaí a d'fhoilsigh an Comhlachas Idirnáisiúnta Margaí Caipitil. Rinne Sustainalytics, príomhghnólacht taighde, rátálacha agus sonraí ESG, athbhreithniú ar Chreat Bannaí Glasa ESB, agus d'eisigh sé tuairim a thug le fios go bhfuil an creat incheidte agus go bhfuil tionchair aige, agus go bhfuil sé ailínithe le ceithre phríomh-chomhpháirt Phrionsabail na mBannaí Glasa. Leanfaidh ESB ar aghaidh lena chreat a nuashonrú chun é a ailíniú le dea-chleachtas, de réir mar a bheidh critéir scagthástála theicniúla Thacsanomaíocht an AE ag forbairt le himeacht ama.

Ag an 31 Nollaig 2023, bhí leachtacht luach €3.7 billiún ar fáil ag ESB, ina gcuimsítear breis is €1.4 billiún d'airgead ar láimh agus Saoráidí Creidmheasa Imrothlaigh luach €2.3 billiún. Ag an 31 Nollaig 2023, bhí thart ar €0.6 billiún infhála i ndáil le glanmhéideanna comhthaobhachta airgid thirim íoctha i ndáil le malartú conarthaí gáis trádáilte, carbóin agus cumhachta. Is ceanglais shealadacha airgid thirim iad seo a aisiompófar sula soláthrófar na trádálacha gaolmhara.


Ina theannta sin, bhí €550 milliún a bhain le Scéim Creidmheasa Leictreachais Rialtas na hÉireann agus Scéim Tacaíochta Billí Leictreachais Rialtas na Ríochta Aontaithe ar láimh ag deireadh na bliana. Níl an t-airgead tirim seo (atá srianta) ar fáil do ESB agus tá sé le dáileadh ar sholáthraithe fuinnimh Éireannacha agus ar chustaiméirí sa Ríocht Aontaithe in 2024. De bhrí go bhfuil an t-airgead tirim seo srianta, níl sé curtha san áireamh i ríomh ESB ar leachtacht, glanfhiachas nó céatadán glanfhiachais comhdhlúite (giaráil roimhe seo).

**Figiúr 7: Caiteachas Caipitil**






**Figiúr 8: Próifíl Aibíochta Fiachais* ag an 31 Nollaig 2023 (seachas fiachas airgeadais tionscadail neamh-iontaofa atá i seilbh comhfhiontar):**




* Is fianaise iad na sreafaí airgid ar na socruithe fálaithe atá bunaithe.

Bhí an meánráta úis ualaithe ar phunann an Ghrúpa d'iasachtaíocht gan íoc méadaithe go dtí 3.1% ar an 31 Nollaig 2023 (31 Nollaig 2022: 2.6%). Le blianta beaga anuas, bhí ar chumas an Ghrúpa bannaí a raibh dátaí níos faide luaite leo a eisiúint (10 - 20 bliain), rud a laghdaigh an riosca athmhaoinithe meántéarmach. Tá meántréimhse phunann fiachais an Ghrúpa comhsheasmhach le nádúr fadtéarmach shócmhainní an Ghrúpa. I rith 2023 d'athdheimhnigh rátálacha Standard & Poor's agus Moody's rátálacha creidmheasa ag A- agus A3 (BBB+ ar bhonn neamhspleách) faoi seach.

**Bainistíocht Airgeadra Eachtraigh agus Riosca Ráta Úis**
Tá gnó an Ghrúpa lonnaithe i bPoblacht na hÉireann agus sa Ríocht Aontaithe go príomha. Dá réir sin, tá formhór na sreafaí airgid oibriúcháin agus infheistíochta ainmnithe in euro agus steirling. Is é beartas ESB aon neamhchosaint airgeadra eachtraigh ábhartha a fhálú de réir mar a thagann sí chun cinn trí úsáid a bhaint as díorthaigh airgeadra cosúil le réamhchonarthaí FX, ag margaí iomaíocha sa mhargadh.

Is é beartas an Ghrúpa a infheistíochtaí a mhaoiniú in airgeadra an chaiteachais infheistíochta ghaolmhair trí iasacht a fháil go díreach san airgeadra nó trí úsáid a bhaint as ionstraimí díorthacha. Ag an 31 Nollaig 2023, tá thart ar 78% d'fhiachas bunúsach ESB ainmnithe in euro, agus tá an 22% eile ainmnithe in steirling.

Faoi bheartas ráta úis cheadaithe an Bhoird, tá tús áite á thabhairt ag ESB d'fhiachas ráta úis sheasta, agus tá sé mar aidhm aige 60% ar a laghad dá fhiachas a bheith seasta nó nasctha le boilsciú. Ag an 31 Nollaig 2023, bhí beagnach 85% d'iasachtaíocht an Ghrúpa seasta go dtí aibíocht, bhí 8% nasctha le boilsciú agus bhí thart ar 7% sonraithe mar fhiachas ráta athraitheach. Tá an Grúpa neamhchosanta go leanúnach do ghluaiseachtaí sa ráta úis thodhchaíoch a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chostas na gceanglas iasachtaithe amach anseo, go háirithe de réir mar a théann an fiachas ráta sheasta in aibíocht, agus nuair a athmhaoineofar é. Déanann an Grúpa Cisteáin dlúthmhonatóireacht ar choinníollacha margaidh sa chomhthéacs seo agus d'fhéadfadh sé ceanglais mhaoinithe thodhchaíocha réamh-mhaoinithe nó réamhfhálaithe a lorg más cuí, faoi réir an cheada riachtanaigh a fháil ón mBord agus stocshealbhóirí.

**Riosca Praghas Tráchtearraí**
Tá foirne ar leithligh ag Giniúint agus Trádáil agus Réitigh do Chustaiméirí atá freagrach as rioscaí praghsanna tráchtearraí agus fuinnimh ina n-aonaid ghnó a bhainistiú.

Tá na neamhchosaintí do ghluaiseachtaí ar phraghas breosla ar thuilleamh amach anseo á mbainistiú ag ESB ar bhonn roghnach fálaithe. Glacann ESB páirt i réamhchonarthaí praghas tráchtearraí i ndáil le liúntais chumhachta, gháis, ghuail agus astaíochtaí carbóin le haghaidh suas le trí bliana amach romhainn ar mhaithe le neamhchosaint an Ghrúpa ar ghluaiseachtaí i bpraghsanna leictreachais mórdhíola a eascraíonn óna leithéid sin de luaineachtaí ar phraghas tráchtearraí a laghdú. Tá beartais fálaithe ESB ag leanúint ar aghaidh ag cabhrú le tuilleamh a chosaint.

**Riosca Contrapháirtí**
Tá an Grúpa neamhchosanta do riosca creidmheasa i ndáil leis na contrapháirtithe a bhfuil cuntais bhainc aige leo agus a thrádálann i margaí airgeadais agus tráchtearraí. Is é beartas ESB teorainn a chur le neamhchosaint ar chontrapháirtithe bunaithe ar mheasúnuithe ar riosca creidmheasa agus socruithe slándála (más cuí). Tá neamhchosaintí agus teorainneacha creidmheasa faoi réir athbhreithniú agus monatóireacht leanúnach i ngach aonad gnó agus, ag leibhéal Grúpa, a bhfuil Coiste Riosca an Ghrúpa Trádála freagrach astu. Tá gníomhaíochtaí déileála á rialú trí shainorduithe trádála a bhunú le contrapháirtithe.

Déantar formhór de thrádáil tráchtearraí breosla an Ghrúpa bunaithe ar luach seachas trí mhalairtí margaidh fuinnimh, seachas ar bhonn déthaobhach. Go ginearálta laghdaíonn trádáil mhalartaithe, ainneoin nach gcuireann sí deireadh le, riosca contrapháirtithe, mar aon le leachtacht trádála agus trédhearcacht phraghsála a sholáthar.

# ESB Networks



**Nicholas Tarrant**
Stiúrthóir Bainistíochta, ESB Networks

**Brabús Oibriúcháin**

€359m ↑€152m

| | |
|---|---|
| 2023 | €359m |
| 2022 | €207m |

**Caiteachas Caipitiúil**

€992m ↑€123m

| | |
|---|---|
| 2023 | €992m |
| 2022 | €869m |

**Bonn Sócmhainne Rialaithe (RAB)**

€10.6bn ↑€0.9bn

| | |
|---|---|
| 2023 | €10.6bn |
| 2022 | €9.7bn |

## Príomhéachtaí ESB Networks in 2023

### Seoladh an Straitéis Líonraí Aeráidneodracha

Leagtar amach sa straitéis seo, a seoladh i mí Eanáir 2023, ról ESB Networks i seachadadh Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide (CAP) an Rialtais agus tacaíonn sé le dícharbónú an chórais leictreachais faoi 2040. Tá sé bunaithe ar ról ESB Networks sa líonra dáileacháin leictreachais a athrú a chumhachtóidh custaiméirí chun a n-ídiú fuinnimh a dhícharbónú; agus ar ról ESB Networks mar Úinéir Sócmhainní Tarchurtha chun clár tarchurtha leictreachais uaillmhianach a sheachadadh.

Nascadh 41,000 teach agus gnó i rith na bliana

Tá breis is 1.5 milliún méadar cliste suiteáilte anois, agus suiteáladh 465,000 méadar i rith 2023

5.8 GW d'athnuaiteáin scála eangaí nasctha leis an líonra le 400 MW breise de ghiniúint in-athnuaite dín, mionscála agus scála beag nasctha leis an líonra

Tá 1 GW de ghrianchumhacht ar fáil ar an líonra anois. Bhí 105 MW de stóráil fuinnimh nasctha in 2023 agus tá an stóráil fuinnimh iomlán cothrom le 874 MW anois.

### Tá breis is 79,000 nasc micrighiniúna próiseáilte anois

Phróiseáil ESB Networks breis is 33,000 iarratas micrighiniúna in 2023 agus i láthair na huaire tá breis is 750 iarratas sa tseachtain á bpróiseáil. Chomh maith leis sin, is féidir na custaiméirí seo a íoc le haghaidh aon leictreachas breise a easpórtálann siad chuig an líonra.

### Tá 75,000+ custaiméir cláraithe do chuntas custaiméara ar líne ESB Networks

Cuireann sé seo ar chumas gach custaiméir léamha méadair a chur ar fáil ar líne, iarratas a dhéanamh ar naisc nua agus a sonraí ídithe leictreachais a rochtain agus a mheas, agus sonraí a easpórtáil. Is dlúthchuid de thiomantas ESB Networks é seirbhísí a fheabhsú agus eispéireas níos fearr a chur ar fáil do chustaiméirí. Forbrófar an raon seirbhísí do chustaiméirí in 2024.

### Scéimeanna Buntáistí Costas Éigeandála Leictreachais

Bhí ról ag ESB Networks i Scéimeanna Buntáistí Costas Éigeandála Leictreachais a sholáthar a bhain le híocaíochtaí de níos mó ná €2 bhilliún do gheimhreadh 2022 agus 2023. Chinntigh ESB Networks go raibh creidmheas gach custaiméara curtha ar fáil dá s(h)oláthraí leictreachais le híoc leis an gcustaiméir.

## An tslí a bhfuil ESB Networks infheistithe i dtodhchaí inbhuanaithe ag tacú leis na custaiméirí agus pobail a bhfuilimid ag tacú leo chun aeráidneodracht a bhaint amach

Tá ról lárnach ag ESB Networks san aistriú chuig todhchaí ísealcharbóin slán agus inacmhainne, trí úsáid a bhaint as leictreachas glan a chumasaíonn Líonra Dáileacháin Réidh Aeráidneodrach faoin mbliain 2040. Tá ESB Networks ag leanúint ar aghaidh leis an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Nascadh na giniúna in-athnuaite a éascú de réir spriocanna CAP chun an córas leictreachais a dhícharbónú.
- Tacú le gach custaiméir ar a n-aistear i dtreo todhchaí leictreachais ghlain trí leictriú tionscail, teasa agus iompair.
- Naisc leictreachais nua a chur ar fáil do ghnóthaí agus do thithe nua trí ról a imirt i seachadadh 'Tithíocht do Chách – Plean Tithíochta Nua d'Éirinn'.
- Oibriú i ndlúthpháirt leis an Oibreoir Córais Tarchurtha (TSO), EirGrid, chun nuálaíocht a dhéanamh agus chun na hinfheistíochtaí riachtanacha sa chóras tarchurtha a sheachadadh chun freastal ar éileamh méadaithe agus chun dlús a chur leis an aistriú chuig todhchaí ísealcharbóin.
- Dul in oiriúint do agus cáilíocht, bail agus feidhmíocht ár líonra a fheabhsú ionas gur féidir linn, i dteannta a chéile, ár dtodhchaí fuinnimh a athrú agus an riosca a bhaineann le himeachtaí adhaimsire agus cibirionsaithe a mhaolú.
- A chinntiú go bhfuil an acmhainn ag gach ceann dár líonraí chun nascadh le agus freastal ar an leibhéal inathnuaiteán, mar aon le fás ar éileamh de réir spriocanna CAP.
- Ár dtionchar ar an timpeallacht a laghdú lena n-áirítear lorg carbóin ár n-oibríochtaí, feachtais feasachta sábháilteachta pobail a fhorbairt agus an Chairt Eangaí Inbhuanaithe a chur chun cinn.

**Forléargas**
Is é ESB Networks Oibreoir Córais Dáileacháin (DSO) ceadúnaithe an chórais dáileacháin leictreachais i bPoblacht na hÉireann, agus tá sé freagrach as an líonra a thógáil, a oibriú, a chothabháil agus a fhorbairt, agus freastal ar gach custaiméir leictreachais ar fud na tíre. Chomh maith leis sin, tá an líonra tarchurtha i bPoblacht na hÉireann faoi úinéireacht ESB Networks, agus oibríonn sé i ndlúthchomhar leis an Oibreoir Córais Tarchurtha (TSO), EirGrid. Tá ról lárnach ag ESB Networks i soláthar na straitéise náisiúnta dícharbónaithe agus gineadóirí athnuaite a nascadh leis an líonra.

Ba é 2023 an tríú bliain de thréimhse 5 den Athbhreithniú Praghas rialála (PR5) agus rinne ESB Networks dul chun cinn suntasach i ndáil leis na cláir cheadaithe infheistíochta agus cothabhála ainneoin thionchar COVID-19 i rith PR5 i rith a chéad bhliana in 2021. D'infheistigh ESB Networks €418 milliún (2022: €347 milliún) in atreisiú (lód), athsholáthar sócmhainní agus tógáil líonraí nua in 2023 agus caitheadh €158 milliún (2022: €130 milliún) ar an líonra a bhí ann cheana féin a chothabháil. Bhí an infheistíocht sa chóras tarchurtha cothrom le €259 milliún (2022: €222 milliún). Leanadh ar aghaidh leis an gClár Méadraithe Chliste a rolladh amach, Clár a raibh caiteachas luach €138 milliún luaite leis (2022: €134 milliún) in 2023.

**Feidhmíocht Airgeadais**
Bhí brabús oibriúcháin ESB Networks in 2023 cothrom le €359 milliún, sin méadú de €152 milliún i gcomparáid le 2022 mar gheall ar mhéadú ar ioncam ó tharaifí rialaithe den chuid is mó. Bhí tionchar ag ró-aisghabháil ioncaim rialaithe i mblianta roimhe sin agus uainiú na gcinntí maidir le hioncam rialála le haghaidh PR5 ar ioncam 2022, agus tá fianaise le fáil in ioncam 2023 ar infheistíocht leanúnach sa líonra agus ar thionchar boilscithe. Rinneadh an méadú seo a fhritháireamh i bpáirt, agus thabhaigh ESB Networks costais oibriúcháin níos airde chun tacú le soláthar PR5 agus costais dímheasa níos airde mar gheall ar mhéadú ar a bhonn sócmhainní. Cuimsítear sa bhrabús oibriúcháin i gcomhair 2023 méadú de €20 milliún sna costais thodhchaíocha mheasta ag eascairt as oibleagáidí áirithe a bhaineann le scor agus díchoimisiúnú cuaillí adhmaid créasóidchóireáilte ESB Networks ag deireadh a saolré gheilleagrach úsáideach (oibleagáidí scoir sócmhainní).

Tá an caiteachas caipitil atá cothrom le €992 milliún méadaithe go dtí €123 milliún (14%) i gcomparáid le 2022 mar gheall ar mhéadú ar an infheistíocht sa líonra tarchurtha, níos mó infheistíochta in atreisiú an líonra dáileacháin agus méadú ar athsholáthar sócmhainní lena n-áirítear an clár Líonra Náisiúnta, Naisc Áitiúla (NNLC). San áireamh sa chaiteachas caipitil tá gluaiseacht de €21 milliún a bhaineann le laghdú ar oibleagáidí scoir sócmhainní measta.

I rith 2021, shainaithin ESB Networks nach raibh fóirdheontas athchothromaithe (beartas Rialtais chun na muirir bhliantúla líonra íoctha ag cuideachtaí móra a laghdú agus muirir líonra íoctha ag custaiméirí baile a mhéadú) úsáideoirí móra fuinnimh (LEU) curtha chun feidhme mar a bhí beartaithe i rith na tréimhse thar roinnt blianta. Díríodh ar an réiteach chun déileáil leis an mí-leithdháileadh seo, trí bheith ag an obair leis an gCoimisiún um Rialáil Fóntais (CRU), mar chuid den chinneadh maidir le taraifí líonraí 2023. Níor bhain ESB Networks aon tairbhe as an tsaincheist seo.

**Straitéis Líonraí Aeráidneodracha**
Glactar leis i Straitéis Líonraí Aeráidneodracha ESB Networks gurb é gníomhú ar son na haeráide ceann de na dúshláin is tábhachtaí a bhaineann le giniúint agus, d'fhonn cloí le CAP an Rialtais, cuirtear san áireamh an ról tábhachtach agus lárnach atá ag ESB Networks san aistriú chuig ísealcharbóin a chumasú.

Áirítear i measc cuid de na príomhéachtaí a bhaineann leis an gcomhthéacs seo in 2023:

- Suiteáladh breis is 1.5 milliún méadar mar chuid den Chlár Méadraithe Chliste
- Nasc ESB Networks 41,000 nasc nua leis an líonra i rith na bliana. Tá an próiseas a bhaineann le naisc chaighdeánacha digitithe go hiomlán anois. Tá na doiciméid naisc ar fad le fáil san fheidhmchlár agus rianaire iarratas ar líne do naisc nua laistigh den chuntas ar líne agus tá sínithe digiteacha ar fáil

# ESB Networks (ar lean)

- Nasc ESB Networks gach tionscadal a bhí réidh le nascadh in 2023, agus coimisiúnaíodh thart ar 412 MW de ghiniúint in-athnuaite bhreise in 2023. Nascadh thart ar 221 MW de ghrianchumhacht agus thart ar 191 MW de ghaothchumhacht in 2023
- Sholáthair ESB Networks na naisc riachtanacha do shocruithe shlándáil soláthair leictreachais na hÉireann. Tá gach nasc líonra chun slándáil an tsoláthair a chinntiú seachadta sula raibh riachtanais naisc ag custaiméirí. Cuireadh fuinneamh ar fáil do chúig nasc shlándáil an tsoláthair in 2023 rud a d'éascaigh 330 MW de ghiniúint theirmeach nua agus 105 MW breise de stóráil fuinnimh cadhnra
- Tá an clár NNLC ag leanúint ar aghaidh le tionscnaimh a fhorbairt do chustaiméirí baile agus tráchtála agus ag labhairt le CRU faoi sholáthar seirbhísí solúbthachta ó sholáthraithe stórála cadhnra chun cabhrú le spriocanna CAP a chomhlíonadh. Seoladh an tionscnamh is déanaí, "Is this a Good Time?", i mí Dheireadh Fómhair 2023
- I mí na Nollag 2023, d'fhoilsigh ESB Networks Tuarascáil Chonairí Acmhainní an Líonra Dáileacháin Leictreachais chun críche comhairliúcháin le páirtithe leasmhara. San áireamh sa tuarascáil seo tá conairí a bhfuil sé mar aidhm leo acmhainn a fhorbairt ar an líonra dáileacháin chun tuilleadh athnuaiteán a nascadh agus chun tacú le leictriú iompair, teasa agus an gheilleagair de réir CAP an Rialtais

### Custaiméirí ESB Networks

Tá custaiméirí ag croílár ghníomhaíochtaí uile ESB Networks, lena n-áirítear an 2.4 milliún custaiméir leictreachais a úsáideann leictreachas, iad siúd a sholáthraíonn nó a ghineann leictreachas agus iad siúd a fhaigheann rochtain ar an líonra ar mhaithe le seirbhísí a sholáthar, cosúil le soláthraithe teileachumarsáide. Tá ár gcaidreamh le custaiméirí ag athrú de réir mar atá Éire ag dul i dtreo na haeráidneodrachta.

### Idirghníomhaíocht le Custaiméirí

Idirghníomhaíonn custaiméirí le ESB Networks ar go leor bealaí éagsúla lena n-áirítear:

- An tIonad Teagmhála i gCorcaigh, 1.4 milliún teagmháil custaiméara (glaonna, freagairt gutha, ríomhphoist)
- An aip Powercheck, 7.6 milliún amas, ar cuairteoirí uathúla iad breis is 2.6 milliún
- Tá tacar seirbhísí ar líne do chustaiméirí le fáil i dtairseach an Chuntais Custaiméara Ar Líne agus in 2023 chomhtháthaigh ESB Networks clárú don tionscnamh "Beat the Peak" ar an tairseach. Tá cuntais ar líne cláraithe ag breis is 75,000 ag deireadh 2023, agus seiceálann 25% a gcuntais gach seachtain, seiceáladh sonraí ídithe fuinnimh breis is 180,000 uair agus rinne breis is 78,000 custaiméir comhaid sonraí méadair chliste a íoslódáil
- Tá cainéil shóisialta ESB Networks ar fáil trí esbnetworks.ie, LinkedIn, X (Twitter roimhe seo), Instagram agus Facebook

### Eispéireas Custaiméirí

Bhuaigh ESB Networks dhá ghradam ag Gradaim Thionchair CX (Eispéireas Custaiméirí) na hÉireann in 2023, 'Foireann Eispéireas Custaiméirí na Bliana' agus 'Úsáid is Fearr Léargas Custaiméirí chun Eispéireas Custaiméirí a Fheabhsú'. Is fianaise é an dá ghradam ar an obair atá á déanamh ag ESB Networks chun dlús a chur le haistriú agus seirbhís den scoth a chur ar fáil do chustaiméirí. Chomh maith leis sin, tá an fhoireann custaiméirí ag cur sraith tionscnamh chun feidhme a bhaineann le baill foirne, teicneolaíocht, córas agus cultúr. Ardaíodh scóir an Ionaid Glaonna ó 86% go dtí 90% (tá sprioc CRU cothrom le 90%) idir 2022 agus 2023. Fuair Ionad Teagmhála Custaiméirí ESB Networks a chreidiúnú 2023 ó Chreidiúnú an Ionaid Teagmhála.

### Sábháilteacht, Sláinte agus Folláine

Tá ESB Networks tiomanta do shábháilteacht, sláinte agus folláine fostaithe, conraitheoirí, ball den phobal agus daoine eile a bhféadfadh tionchar a bheith ag gníomhaíochtaí ESB Networks orthu, a chosaint. I rith 2023, d'éirigh leis an ngnó leanúint ar aghaidh le clár sábháilteachta fachtóirí daonna a rolladh amach agus é mar aidhm sláinte, sábháilteacht agus folláine comhaltaí foirne agus conraitheoirí faofa a chosaint agus a fheabhsú tuilleadh, tríd an riosca a bhaineann le saincheisteanna eagraíochta, cúraim nó feidhmíochta daonna a bhfuil daoine freagrach astu, a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le teagmhais nó imeachtaí díobhálacha eile, a laghdú.

Lean ESB Networks le béim a leagan ar chlaochlú cultúir trí an gclár Safe and Sound, agus leanadh ar aghaidh le príomhthionscnaimh eile a bhain le dearbhú, sábháilteacht ar bhóithre, rannpháirtíocht agus cumarsáid a fhorbairt.

Rinne Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) iniúchadh neamhspleách ar Chóras Bainistíochta ' Sábháilteachta ESB Networks (SMS) i rith 2023 agus deimhníodh go bhfuil caighdeán idirnáisiúnta ISO45001 á chomhlíonadh ag an SMS.

### Sábháilteacht an Phobail

Tá ESB Networks ag leanúint le tús áite a thabhairt do shábháilteacht an phobail mar phríomhghníomhaíocht agus rinneadh dul chun cinn i ndáil leis an Straitéis um Shábháilteacht an Phobail a chur chun feidhme in 2023. I rith 2023, reáchtáladh feachtas cumarsáide ar chainéil teilifíse, raidió agus dhigiteacha. Tarraingítear aird sna fógraí teilifíse ar chásanna riosca lena n-áirítear stiallbhratacha a chrochadh ar chuaillí leictreachais, scafall a thógáil in aice le cuaillí leictreachais agus cáblaí lasnairde, dróin a úsáid in aice le cáblaí lasnairde agus aire a thabhairt do chrainn atá tite agus sreanga leictreacha ar an talamh a d'fhéadfadh a bheith beo. Tá tuilleadh sonraí maidir le nithe a bhaineann le sábháilteacht an phobail atá ábhartha do ESB Networks le fáil sa rannóg dar teideal Sláinte, Sábháilteacht agus Folláine ar leathanach 93.

### Baill Foirne

Tá ról lárnach ag baill foirne ESB Networks (meánfhigiúr 2023: 3,626) i straitéis ESB Networks a sholáthar agus freastal ar riachtanais custaiméirí.

Seo a leanas na príomhéachtaí a bhí ann in 2023:

- Chuir 96 printíseach nua tús lena bprintíseachtaí i mí Mheán Fómhair agus i mí Dheireadh Fómhair 2023
- Thosaigh 156 leictreoir cáilithe ag obair in eagraíocht ESB Networks i rith 2023, agus tairgeadh conarthaí fostaíochta buana do 61 printíseach ceathrú bliana eile. Tá feachtas nua ar siúl faoi láthair chun 100 leictreoir a cheapadh a chuirfidh tús lena gcúraimí ag tús 2024
- Tá feachtais earcaíochta ar siúl in go leor réimsí eile de ESB Networks de bhrí go bhfuil acmhainn inmheánach á méadú, agus pleanáil á déanamh do bhuaicphointe scoir sna blianta amach romhainn. Tá ESB Networks ag súil le líon suntasach ról nua a líonadh in 2024 agus sna blianta ina dhiaidh sin



# Northern Ireland Electricity Networks (NIE Networks)



**Marguerite Sayers**
Leas-Phríomhfheidhmeannach

### Brabús Oibriúcháin

€78m ↑€14m

2023 €78m
2022 €64m

### Caiteachas Caipitiúil

€249m ↓€6m

2023 €249m
2022 €255m

### Bonn Sócmhainne Rialaithe (RAB)

£2.2bn ↑£0.2bn

2023 £2.2bn
2022 £2.0bn

## Príomhéachtaí NIE Networks in 2023

## €185 milliún d'infheistíocht sa líonra

Lean NIE Networks ag díriú ar na gealltanais a thug sé do chustaiméirí in 2023 agus rinneadh infheistíocht bhreise de €185 milliún sa bhonneagar líonra (as caiteachas caipitil bhunúsaigh iomláin de €252 milliún mar atá mínithe ar leathanach 66). Mhéadaigh an infheistíocht seo acmhainn agus athléimneacht chóras leictreachais Thuaisceart Éireann, agus chinntigh sé go raibh an méid ama a raibh custaiméirí gan soláthar (Nóiméid Chustaiméara Caillte) ag leibhéil réasúnta ísle. Mhéadaigh infheistíocht chaipitil sa líonra 25% i gcoibhneas le 2022 agus tá aschuir aonaid ag teacht leis an spriocanna a comhaontaíodh leis na Rialtóir Fóntais (UR) mar chuid de chlár RP6 (an séú hAthbhreithniú Praghais Rialála).

## Plean Gnó RP7

Chuir NIE Networks a Phlean Gnó RP7 faoi bhráid an UR i Márta 2023, ina ndearnadh cur síos ar chaiteachas beartaithe ón gcéad tréimhse rialaithe praghais eile idir Aibreán 2025 agus Márta 2031. Tacóidh plean NIE Networks agus cumasóidh sé aistear Thuaisceart Éireann i dtreo na haeráidneodrachta trí dhícharbónú an chórais leictreachais a éascú. Déanfar é seo trí níos mó gineadóirí in-athnuaite a nascadh, a chinntiú go bhfuil dóthain acmhainne ag an líonra chun fás a éascú agus chun tacú le breis leictrithe teasa agus iompair, seirbhís shábháilte agus iontaofa a chinntiú, agus béim shuntasach a leagan ar sheirbhísí do chustaiméirí. D'fhoilsigh an UR a Dhréachtchinneadh do chomhairliúchán i mí na Samhna 2023, agus bhíothas ag súil le freagraí a fháil ar ais i Márta 2024 agus Cinneadh Deiridh a eisiúint i mí Dheireadh Fómhair 2024.

## Aistear Cultúrtha Níos Sábháilte Le Chéile

Lean NIE Networks ag obair ar a Aistear Cultúrtha Níos Sábháilte Le Chéile agus tá tús áite á thabhairt ag an gcuideachta don obair seo. Is plean gníomhaíochta cumasúcháin é 'Níos Sábháilte Le Chéile' atá ailínithe le luachanna sábháilteachta NIE Networks, agus a bhfuil sé mar aidhm leis an riosca díobhála a laghdú agus folláine gach ball foirne san eagraíocht a fheabhsú. I rith 2023, rinne NIE Networks dul chun cinn ar an gclár trí struchtúr foirne ceannaireachta a bhunú ar fud na heagraíochta d'fhonn a chinntiú go gcruthaítear cultúr inar féidir le baill foirne ceisteanna a phlé agus gur dóigh leo go bhfuil luach ag baint leo, go bhfuil muinín astu agus go bhfuil meas orthu. Chomh maith leis sin, tionscnaíodh an dara clár oibre - an clár aistrithe gnó 'Bí Ullamh' i rith 2023 chun NIE Networks a ullmhú do na héilimh a bheidh ann amach anseo i rith thréimhse RP7, a d'fhéadfadh a cheangal go mbeadh na leibhéil reatha d'aschur á ndúbailt.

## An tslí a bhfuil NIE Networks infheistithe i dtodhchaí inbhuanaithe ag tacú leis na custaiméirí agus pobail a bhfuilimid ag tacú leo chun aeráidneodracht a bhaint amach

Chomhoibrigh NIE Networks leis na Roinn Geilleagair (DfE) agus le páirtithe leasmhara eile i ndáil le Creat Fuinnimh Todhchaíoch Thuaisceart Éireann a fhorbairt, creat a foilsíodh i mí na Nollag 2021. Sonraítear spriocanna uaillmhianacha maidir le fuinnimh carbóin aeráidneodrach i straitéis DfE, agus tá príomhghnéithe na straitéise cumhdaithe in Acht um Athrú Aeráide (Tuaisceart Éireann), 2022. Tá go leor gnéithe de thuarascáil Líonraí Aeráidneodrachta Líonra NIE le fáil i straitéis DfE agus tá an dá straitéis ailínithe go dlúth lena chéile agus le haighneacht RP7 NIE Networks.

Tá fianaise le fáil in aighneacht RP7 NIE Networks ar leibhéal suntasach pleanála, anailíse agus comhairliúcháin, lena n-áirítear ardleibhéal rannpháirtíochta le príomhpháirtithe leasmhara trí imeachtaí agus cruinnithe déthaobhacha. Creideann NIE Networks go léirítear sa phlean an leibhéal íosta infheistíochta a theastaíonn chun dóthain acmhainne a chruthú chun freastal ar riachtanais tithe agus gnóthaí ar fud Thuaisceart Éireann as seo go ceann 10 mbliana agus go bhfuil sé ag an scála atá riachtanach chun gealltanais aeráide Thuaisceart Éireann a chomhlíonadh.

Tá pleananna á ndéanamh ag NIE Networks d'fhonn a chinntiú go mbeidh sé in ann riachtanais líonra leictreachais na todhchaí a bhainistiú agus a bharrfheabhsú, agus tá leibhéil mhéadaithe leictrithe, mhicrighiniúna agus solúbthachta éilimh á gcur san áireamh. Chomh maith leis sin, tá raon tionscadal nuálach á gcur chun feidhme ag NIE Networks atá deartha chun breis acmhainne a chruthú ar an líonra dáileacháin trí theicneolaíochtaí cliste a úsáid chun réitigh a sholáthar ag costas níos ísle ná cuir chuige thraidisiúnta.

Tá thart ar 1.8 GW d'acmhainn ghiniúna in-athnuaite nasctha ag NIE Networks leis an eangach go dtí seo, a bhí cothrom le breis is 47% den leictreachas a úsáideadh sa 12 mhí go dtí deireadh Mheán Fómhair 2023. Tá sé geallta 0.6 GW breise d'acmhainn in-athnuaite a nascadh as seo go ceann roinnt blianta.

Tá a acmhainn á forbairt ag NIE Networks ionas gur féidir baill foirne nua a chomhtháthú sna blianta beaga amach romhainn. Tá pleananna déanta cheana féin chun saoráidí oiliúna nua a bhunú a chiallaíonn gur féidir freastal ar níos mó printíseach - suas le 90 oiliúnaí gach bliain. Tá NIE Networks tiomanta d'acmhainn inbhuanaithe a fhorbairt laistigh de Thuaisceart Éireann, agus dírithe ar sheirbhís pobail a sholáthar agus feidhmiú mar bhaill ghníomhacha de shochaí rathúil agus chothrom.

### Forléargas

Is é NIE Networks úinéir na líonraí tarchurtha agus dáileacháin leictreachais i dTuaisceart Éireann, cuideachta atá freagrach as leictreachas a iompar ó ghineadóirí chuig breis is 910,000 custaiméir, lena n-áirítear tithe, gnóthaí agus feirmeacha. Coimeádann agus forbraíonn fostaithe NIE Networks an bonneagar leictreachais ar fud Thuaisceart Éireann, nascann siad custaiméirí leis an líonra agus cinntíonn siad go bhfuil an trealamh sábháilte agus iontaofa. Chomh maith leis sin, soláthraíonn NIE Networks méadair leictreachais agus sonraí méadraithe do sholáthraithe agus oibritheoirí margaidh agus forbraíonn agus athchumraíonn sé an líonra leictreachais chun nascadh tuilleadh giniúna in-athnuaite a éascú.

Ní sholáthraíonn (díolann nó miondíolann) NIE Networks leictreachas ach soláthraíonn sé seirbhísí do gach soláthraí leictreachais atá ag obair i dTuaisceart Éireann.

Mar a cheanglaítear faoina cheadúnais rialála, is gnó neamhspleách é NIE Networks laistigh de Ghrúpa ESB agus tá a Bhord Stiúrthóirí, foireann bainistíochta agus fostaithe féin aige.

### Sábháilteacht

Tá NIE Networks lántiomanta do shláinte, sábháilteacht agus folláine a fhostaithe, conraitheoirí, custaiméirí agus an pobal ar fad a chosaint, agus tá sé mar aidhm aige timpeallacht oibre saor ó dhíobháil a sholáthar ina bhfuil rioscaí do shláinte agus sábháilteacht á meas, á rialú agus á laghdú. Ainneoin go bhfuil sé mar sprioc nach mbeadh aon Ghortú is Cúis le hAga Díomhaoin (LTInna) ann, ar an drochuair tharla seacht LTI i rith na bliana (2022: dhá LTI). Déantar imscrúdú críochnúil ar theagmhais den chineál seo ar mhaithe le sábháilteacht amach anseo a fheabhsú trí léargas a fháil agus an méid a foghlaimíodh a chur i bhfeidhm.

Tá an tAistear Cultúrtha Níos Sábháilte Le Chéile in úsáid chun béim athnuaite a leagan ar ghealltanas NIE Networks maidir lena luachanna sábháilteachta, trí chultúr sábháilteachta atá oscailte agus réamhghníomhach a chur chun cinn agus deis rannpháirtíochta a thabhairt do gach duine.

## Northern Ireland Electricity Networks (NIE Networks) (ar lean)

**Feidhmíocht Airgeadais**

Tá brabús oibriúcháin NIE Networks i gcomhair 2023 cothrom le €78 milliún, sin méadú €14 milliún i gcomparáid le 2022, mar gheall ar ioncam Úsáide Córais níos airde den chuid is mó, atá ag teacht le hinfheistíocht leanúnach NIE Networks ina Bhonn Sócmhainní Rialaithe, mar aon le tionchar an bhoilscithe.

Chabhraigh an brabús seo le caiteachas caipitil bhunúsaigh de €252 milliún (2022: €220 milliún) a mhaoiniú atá méadaithe €32 milliún nó 15%, fianaise ar mhéadú ar chláir oibre NIE Networks chun tairbhe custaiméirí. Níl gluaiseachtaí a bhaineann le hoibleagáidí scoir sócmhainne a bhaineann le cuaillí clúdaithe le créasóid mar aon le laghdú €3 mhilliún in 2023 (2022: €35 milliún breise) san áireamh sa chaiteachas caipitil bhunúsaigh. Bhain caiteachas caipitil 2023 le hathchóiriú agus athsholáthar sócmhainní tarchurtha agus dáileacháin a bhí caite nó lochtach, mar aon le huasghrádú sócmhainní líonra más cuí chun acmhainn a mhéadú, naisc leictreachais a sholáthar, iontaofacht an tsoláthair a chothabháil agus sábháilteacht an líonra a chinntiú. Chomh maith leis sin, rinneadh infheistíochtaí i mórthionscadail tarchurtha de réir mar a cheangail an tOibritheoir Córais do Thuaisceart Éireann (SONI).

**An Timpeallacht Oibriúcháin**

I Márta 2023 chinn an UR síneadh bliana a chur le tréimhse rialaithe praghais reatha (RP6) NIE Networks, agus athraíodh dáta deiridh RP6 ón 31 Márta 2024 go dtí an 31 Márta 2025. Dá bharr sin, cuireadh tréimhse rialaithe praghais RP7 siar agus cuirfear tús leis i mí Aibreáin 2025 anois agus leanfar leis an tréimhse seo go dtí Márta 2031.

Lean NIE Networks ar aghaidh ag díriú ar a phlean RP6 a chur chun feidhme, agus tá 84% den aschur ón bPlean Infheistíochta Líonra, lena n-áirítear an bhliain bhreise, curtha ar fáil go dtí seo.

**Custaiméirí NIE Networks**

Tá iarracht leanúnach á déanamh ag NIE Networks an méid ama a mbíonn custaiméirí gan soláthar mar thoradh ar lochtanna, nó nuair is gá an soláthar a mhúchadh chun obair chothabhála riachtanach a dhéanamh nó chun custaiméirí nua a nascadh, a laghdú. Bhí an meánlíon Nóiméad Custaiméara Caillte (CMLanna) mar gheall ar chur isteach pleanáilte ar an soláthar cothrom le 37 (2022: 38). Bhí an meánlíon nóiméad caillte mar gheall ar lochtanna a bhain leis an líonra dáileacháin cothrom le 43 (2022: 38). Ní dhearna Comhairle Tomhaltóirí Thuaisceart Éireann aon ghearán thar ceann custaiméirí i rith na bliana (2022: ceithre ghearán).

Tá Straitéis do Chustaiméirí Leochaileacha ag NIE Networks ina sonraítear conas a bheidh seirbhísí á gcur ar fáil do na custaiméirí sin a dteastaíonn tacaíocht bhreise uathu. Páirteach sa straitéis tá foráil do chustaiméirí a bhfuil bacainní cumarsáide acu, riachtanais aistriúcháin, daoine scothaosta, lucht lagamhairc nó daoine atá ag brath ar threalamh leighis chun a mbeatha a shábháil.

Sa chás go dtarlaíonn gearradh cumhachta nó cur isteach pleanáilte ar sholáthar, tairgeann NIE Networks seirbhís tacaíochta faisnéise teileafóin do chustaiméirí atá ag brath ar threalamh leighis chun a mbeatha a shábháil. I láthair na huaire, tá breis is 19,000 duine cláraithe ar Chlár Cúraim Custaiméirí Leighis NIE Networks. Chomh maith leis sin, thacaigh NIE Networks le hoibritheoirí líonra dáileacháin i bPoblacht na hÉireann agus sa Bhreatain Mhór chun custaiméirí a athnascadh ar cuireadh isteach ar a soláthairtí leictreachais i rith na dteagmhas adhaimsire i rith 2023.

**Baill Foirne**

Fostaíonn NIE Networks foireann oibre ardoilte de 1,436 duine (meánfhigiúr 2023) idir daoine atá ag obair ar línte agus léitheoirí méadair, altairí agus innealtóirí leictreacha, agus gairmithe airgeadais agus saineolaithe acmhainní daonna. Is Cuideachta chreidiúnaithe 'Infheisteoirí Daoine - Ór' é NIE Networks agus lean sé ar aghaidh ag cur lena líon ball foirne d'fhonn a chinntiú gur féidir leis seirbhísí ar ardchaighdeán do chustaiméirí i dTuaisceart Éireann a chur ar fáil go leanúnach agus pleananna a dhéanamh don todhchaí chun dícharbónú an chórais leictreachais a chumasú.

Ghlac NIE Networks páirt i gcomhaontú léasa nua do spás oifige athchóirithe ag Danesfort (Béal Feirste) a cheadaigh comhdhlúthú fhoireann oifige NIE Networks ó thrí oifig eile i mBéal Feirste. Thosaigh na baill foirne ag athlonnú ag deireadh 2022, agus d'aistrigh an ball foirne deiridh go dtí Danesfort i Meán Fómhair 2023.

Tá sé mar aidhm ag NIE Networks a bheith ag feidhmiú mar Rogha Fostóra agus tá sé tiomanta do thimpeallacht oibre a chruthú a chuireann ar chumas fostaithe barr a gcumais a bhaint amach agus ina dtugtar dúshlán fostaithe agus ina dtugtar deis dóibh páirt iomlán a ghlacadh sa ghnó, agus deiseanna chun scileanna a fheabhsú agus forbairt phearsanta a dhéanamh a sholáthar. Tá beartais Acmhainní Daonna deartha chun rath a chinntiú trí chumas na mball foirne. Fianaise ar an méid seo gur bronnadh dhá Ghradam CIPD ar NIE Networks i mí Dheireadh Fómhair 2023 - gradam don Scéim Printíseachta is Fearr agus gradam don Chlár Gutha Fostaí is Fearr i dTuaisceart Éireann.

Chomh maith leis sin, in 2023, bronnadh an Marc Airgid don Chairt Eagraíochta ar NIE Networks agus tá gealltanas tugtha aige éagsúlacht a fheabhsú ar fud na heagraíochta i gcomhthéacs an mhíchumais agus na heitneachta.

**Inbhuanaitheacht**

Déantar cur síos i bPlean Gníomhaíochta Inbhuanaitheachta NIE Networks ar a ghealltanas maidir lena lorg carbóin gnó inmheánach a laghdú, thart ar 40 dá fhlít beag a leictriú agus Feidhmíocht fuinnimh a fhoirgneamh a fheabhsú, mar aon le suíomhanna oifige Bhéal Feirste a chomhdhlúthú, mar a míníodh roimhe seo. Tá NIE Networks páirteach i bhfeachtas Race to Zero na Náisiún Aontaithe agus tá gealltanas tugtha aige maidir le laghdú 50% ar astaíochtaí Raon 1 agus Raon 2 faoin mbliain 2030 i gcomparáid le leibhéil bhonnlíne 2019.

Laghdaigh NIE Networks a úsáid fuinnimh inmheánach agus astaíochtaí carbóin gnó 3.9% i rith 2023 i gcomparáid le bonnbhliain 2019.

Chomh fada is a bhaineann le tionchar a imirt go seachtrach ó thaobh an ghníomhaithe ar son na haeráide de, d'éirigh le NIE Networks thart ar 26,000 custaiméir a nascadh a sholáthraíonn acmhainn ghiniúna in-athnuaite do chustaiméirí le húsáid ina mbailte agus gnóthaí.

Bronnadh creidiúnú, leibhéal Platanaim, ar NIE Networks i ndáil le Suirbhé Tagarmharcála Comhshaoil Thuaisceart Éireann, don séú bliain as a chéile in 2023. Tugann an suirbhé aitheantas agus gradam do na heagraíochtaí sin a bhfuil a gceanglais dlí á sárú acu ar mhaithe lena dtionchair ar an timpeallacht a fheabhsú agus a gcuid acmhainní a bhainistiú ar bhealach níos fearr.






# Giniúint agus Trádáil (GT)



**Jim Dollard**
Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Giniúint agus Trádáil

**Brabús Oibriúcháin**

€730m ↓€44m




**Caiteachas Caipitiúil**

€418m ↑€211m




**Infheistíocht sócmhainne nua trí iasachtaí scairshealbhóra**

€124m ↓€163m




## Príomhéachtaí GT in 2023

### Ag tacú le slándáil an tsoláthair fuinnimh in Éirinn

Tá ról lárnach ag slándáil an tsoláthair a chinntiú in aistriú bainistithe chuig aeráidneodracht. Tá GT meáite ar ról a imirt i dtéarmaí fhlít ghiniúna inseachadta reatha ESB a bhainistiú go héifeachtach agus infheistíocht a dhéanamh ann, acmhainn nua a chur ar fáil don chóras trí na gnáthchainéil mhargaidh agus giniúint éigeandála shealadach a chur ar fáil faoi shocruithe le EirGrid.

### Tionscadail nua a fhorbairt agus a sheachadadh don mhargadh acmhainne:

- Cuireadh an obair thógála i gcrích a bhain le tionscadal cadhnra an Phoill Bhig agus coimisiúnaíodh cadhnra Inse Chór rud a chuir acmhainn chadhnra bhreise de 105 MW leis
- Tá dhá thionscadal cadhnra bhreise (Áth Fhada (Corcaigh) agus An Balla Theas (Baile Átha Cliath)) ag díriú ar na céimeanna tógála deiridh agus cuirfidh siad 180 MW d'acmhainn ar fáil
- Tá na hoibreacha tógála á gcur i gcrích ar thrí thuirbín gásadhainte mearthosaithe faoi láthair a mbeidh aschur iomlán de 190 MW luaite leo agus táthar ag súil go mbeidh siad in úsáid ag tús 2024

### Giniúint éigeandála shealadach:

- Cuireadh tús le húsáid a bhaint as 200 MW d'acmhainn shealadach ag An Port Thuaidh i mBaile Átha Cliath i rith na bliana
- Tá ESB ag forbairt 262 MW breise d'acmhainn shealadach ag Droichead na Sionainne a bheidh ar fáil de réir a chéile ó thús 2024 ar aghaidh
- Tá ESB páirteach i gconradh Sásra Acmhainne Spriocdhírithe atá bunaithe ar acmhainn a sholáthar ó Ghob na Muine don tréimhse idir 2025 agus 2029, agus is ola amháin a bheidh in úsáid sa chomhthéacs seo. Cuirfear stop le hoibríochtaí guail faoi 2025

### Stóráil do thréimhse fhada:

- Lean ESB agus dCarbonX ar aghaidh ag obair lena chéile chun roinnt tionscadal stórála fuinnimh mórscála a fhorbairt amach ó chósta na hÉireann i rith na bliana. Tá an chomhpháirtíocht seo ag forbairt thionscadal stórála Kestrel ag láithreán gháscheantar Chionn tSáile agus i rith na bliana thosaigh Bord Gáis Energy ag obair ar Thionscadal Kestrel freisin. Cumasóidh an tionscadal seo stóráil faoi thalamh, dúchasach agus straitéiseach, agus beidh an poitéinseal ag baint leis ar dtús chun gás nádúrtha a stóráil, ach i ndeireadh na dála tá sé beartaithe hidrigin ghlas a stóráil ag an láithreán

### Rinneadh dul chun cinn suntasach i ndáil le straitéis in-athnuaite GT

Ainneoin go bhfuil dúshláin le sárú, tá sé beartaithe ag ESB 5 GW ar a laghad de shócmhainní fuinnimh in-athnuaite a chur ar fáil ar fud na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe faoin mbliain 2030. In 2023 d'infheistigh GT i bpíblíne forbartha a bhain le raon teicneolaíochtaí a raibh sé mar aidhm léi an sprioc seo a chomhlíonadh.

### Beidh fás ar lorg ESB in earnáil na gaoithe ón talamh ag tarlú mar seo a leanas:

- Dul chun cinn suntasach déanta i ndáil le tógáil an tionscadail gaoithe ón talamh mar chuid de chomhfhiontar (CF) 448 MW Neart na Gaoithe, amach ó chósta thoir na hAlban. Táthar ag leanúint ar aghaidh le suiteáil tuirbíní agus táthar ag súil go mbeidh an fheirm ghaoithe in ann tús a chur le giniúint in 2024 (ainneoin go rabhthas ag súil go dtarlódh sé roimhe sin)
- Leanadh ar aghaidh leis an bhforbairt ag Inch Cape, tionscadal forbartha feirm ghaoithe ón talamh, CF 1,080 MW 50/50, ar éirigh leis i gceant CfD (Conarthaí don Scéim Difríochta) Bhabhta 4 na Ríochta Aontaithe. Tá sé beartaithe clabhsúr airgeadais a chur leis an tionscadal ag deireadh 2024
- Ghlac ESB páirt i gcomhpháirtíocht le Ørsted a raibh sé mar aidhm léi punann de thionscadail gaoithe ón talamh amach ó chósta na hÉireann a fhorbairt a d'fhéadfadh suas le hacmhainn 5 GW a sheachadadh. Táthar ag súil go gcuirfear an chéad cheann de na tionscadail seo i gcrích mar chuid de cheant Scéim Tacaíochta do Leictreachas In-athnuaite (ORESS) 2.1 in 2024
- I rith na bliana, d'éirigh le ESB bun 24.5% a fháil i dhá thionscadal forbartha gaoithe ón talamh (tionscadal íochtarfhosaithe 900 MW agus tionscadal snámha 1,500 MW) atá suite amach ó chósta thiar na hAlban
- Fuair ESB rogha léasa ghrinneall na farraige ón talamh in uiscí san Albain mar chuid de phróiseas léasaithe ghrinneall na farraige Nuálaíocht agus Ola agus Gás Spriocdhírithe (INTOG), atá á rith ag Crown Estate Scotland. Is é an tionscadal atá beartaithe ag ESB tionscadal gaoithe ón talamh snámha 100 MW

### Píblíne de shócmhainní gaoithe agus gréine ar an talamh a fhorbairt amach anseo:

- Oweninny - Céim 2, CF gaoithe ar talamh 83 MW le Bord na Móna, atá ag obair ó 2023. I dteannta le Oweninny - Céim 1, is í seo an fheirm ghaoithe ar talamh is mó in Éirinn, atá ag soláthar 172 MW
- Leanfar ar aghaidh le FutureEnergy Ireland a fhorbairt, comhfhiontar idir ESB agus Coillte, chun suas le 1,000 MW de ghaoth ar an talamh a fhorbairt ar thailte Coillte in Éirinn
- Leanadh ar aghaidh le Chirmorie a fhorbairt, tionscadal feirm ghaoithe ar talamh 81 MW in Albain, i gceant CfD Bhabhta 4 sa Ríocht Aontaithe. D'éirigh le dhá thionscadal gaoithe ar talamh eile in Albain, a raibh 130 MW d'acmhainn luaite leo, i gceant CfD Bhabhta 5 sa Ríocht Aontaithe i rith 2023
- I rith na bliana, d'éirigh le ESB bun 50% a fháil i bhFeirm Ghaoithe Stornoway, feirm ghaoithe ar talamh beartaithe de suas le 200 MW ar Leòdhas, an Albain agus bun 50% i bhFeirm Ghaoithe na nGarbhchríoch, agus feirm ghaoithe 168 MW atá beartaithe a fhorbairt san Albain
- Tá dul chun cinn sásúil déanta ar na hoibreacha tógála a bhaineann le tionscadal gréine 70 MW Thigh Mochua Thuaidh – CF 50/50 le Bord Na Móna. Leanadh ar aghaidh le trí thionscadal grianfhuinnimh, faoi úinéireacht iomlán, a bhfuil 115 MV d'acmhainn luaite leo, agus d'éirigh go breá leo i gceant RESS-2 in 2022. D'éirigh le trí thionscadal grianfhuinnimh bhreise, a bhfuil acmhainn de bhreis ar 175 MW luaite leo, conarthaí 15 bhliain a fháil mar chuid de cheant RESS-3 i rith 2023

### An tslí a bhfuil GT infheistithe i dtodhchaí inbhuanaithe atá ag tacú leis na custaiméirí agus pobail a bhfuilimid ag freastal orthu aeráidneodracht a bhaint amach

Tá GT ag díriú go gníomhach ar Straitéis Aeráidneodracht faoi 2040 ESB. Chun an cuspóir seo a chomhlíonadh mar aon lena spriocanna athnuaiteán féin, tá GT ag infheistiú i sócmhainní fuinnimh in-athnuaite i raon teicneolaíochtaí. Chomh maith leis sin, tá GT ag forbairt sócmhainní a thacóidh leis an eangach aistriú chuig todhchaí ísealcharbóin, cosúil le sócmhainní stórála cadhnra agus hidrigine glaise, cúititheoirí sioncronacha agus aonaid ghásadhainte sholúbtha a fhreagraíonn go tapa d'éileamh ón gcóras, a éascóidh athnuaiteáin mhórscála sa todhchaí.

Tá ESB ag díriú ar Ghob na Muine a aistriú go mol fuinnimh ghlais. Céim shuntasach a bheadh anseo chun raon teicneolaíochtaí in-athnuaite a imlonnú as seo go ceann deich mbliana lena n-áirítear:

- Mol ar an talamh, a éascóidh tógáil bunsraitheanna tuirbíní gaoithe agus cóimeáil na dtuirbíní gaoithe sula dtugtar chomh fada lena suíomhanna iad feadh imeallbhord an iarthair
- Tionscadal gaoithe ón talamh ar snámh curtha i gcrích in dhá chéim ar a laghad, a bhfuil 1,400 MW luaite leis
- Saoráid hidrigine mheántéarmach ar an láthair, a thiontóidh fuinneamh gaoithe ón talamh farasbairr go dtí hidrigin a bheidh le stóráil agus a mbainfear úsáidí eile aisti

# Giniúint agus Trádáil (GT) (ar lean)

## Forléargas

Tá an gnó GT freagrach as punann ESB de shócmhainní giniúna leictreachais faoi pháirtúinéireacht agus faoi lánúinéireacht a fhorbairt agus a fheidhmiú. Tá punann trádála shuntasach sócmhainní fuinnimh faoi úinéireacht sócmhainní agus tríú páirtithe aige. Páirteach sa fhlít giniúna tá breis is 5 GW de shócmhainní giniúna sa Mhargadh Leictreachais Aonair Comhtháite (I-SEM) agus sa Bhreatain Mhór lena n-áirítear beagnach 1.4 GW d'athnuaiteáin (gaoth, hidreachumhacht) agus athnuaiteáin a chumasaíonn sócmhainní (cadhnraí, taisce pumpáilte). Tá 630 MW eile á thógáil ag ESB i raon teicneolaíochtaí mar aon le 262 MW breise de ghiniúint éigeandála ag Droichead na Sionainne. Trí bhéim láidir a leagan ar shábháilteacht, soláthraíonn GT luach ar na bealaí seo a leanas:

- Táirgí mórdhíola agus trádáilte a sholáthar chun freastal ar riachtanais mhargaidh agus chustaiméara
- Seirbhísí acmhainne agus córais a sholáthar chun tacú le heangach leictreachais láidir agus chun comhtháthú athnuaiteán a éascú
- Oibriú phunann ghiniúna ESB a bharrfheabhsú
- Sócmhainní fuinnimh nua a sholáthar chun tacú leis an aistriú chuig fuinneamh ísealcharbóin
- Cúrsaí a phlé ar bhealach cuiditheach le pobail atá lonnaithe gar do thionscadail tógála agus do shócmhainní oibriúcháin

## Inbhuanaitheacht

Le linn do GT a bheith i mbun gnó tá béim á leagan aige ar an tionchar ar an timpeallacht a laghdú, agus é mar aidhm giniúint in-athnuaite a mhéadú agus déine carbóin na giniúna leictreachais trí chéile a laghdú. Tá stop curtha ag ESB le móin a dhó agus beidh stop curtha aige le gual a dhó faoi 2025. Bhí aschur $CO_2$ ó mhonarchana giniúna GT in 2023 cothrom le thart ar 5.1Mt $CO_2$e níos ísle ná 2005 (an bhliain tagartha), thart ar 65%, agus laghdaigh déine carbóin na giniúna 45% go dtí 370g $CO_2$e/kWh i rith na tréimhse céanna. Chomh maith leis sin, tá ESB tiomanta do chabhrú le forbairt inbhuanaithe aibhneacha agus tá sé ag obair air agus thionscain sé, in 2023, clár oibreacha a bhfuil sé mar aidhm leis inbhuanaitheacht de gach cineál a fheabhsú ar na haibhneacha sin.

Éileoidh an Straitéis Aeráidneodracht faoi 2040 fás ábhartha ar athnuaiteáin agus acmhainn stórála fuinnimh faoi 2040. Tá an t-aistriú glas seo ar siúl agus tá dlús á chur ag ESB lena ghníomhaíochtaí in go leor foirmeacha d'athnuaiteáin (gaoth ar talamh, gaoth ón talamh, grianfhuinneamh), athnuaiteáin a chumasaíonn teicneolaíochtaí (cadhnraí, cúititheoirí sioncronacha, tuirbíní gáis mearthosaithe etc.) agus stóráil hidrigine do thréimhse fhada. Chomh maith leis sin, éileoidh an t-aistriú seo acmhainn ghiniúna leictreachais inseachadta iontaofa ar an gcóras.

## Feidhmíocht Airgeadais

Tá brabús oibriúcháin GT cothrom le €730 milliún, sin laghdú €44 milliún i gcomparáid le 2022. Is amhlaidh atá, tríd is tríd, mar gheall ar scéim Rialtas na hÉireann, teorainn a chur le hioncam margaidh mar aon le méaduithe ar chostais oibriúcháin mar gheall ar mhuirear oibleagáide sócmhainn scoir méadaithe, níos mó daoine agus costais forbartha gnó méadaithe (a bhaineann go príomha le tionscadail ghaoithe, ghrianfhuinnimh agus hidrigine).

In 2023 bhí an caiteachas caipitil cothrom le €418 milliún, méadú suntasach i gcomparáid le 2022, a bhaineann go príomha le hinfheistíocht ESB i nginiúint sholúbtha nua, stóráil leictreachais agus sócmhainní in-athnuaite. Lena chois sin, d'infheistigh GT €124 milliún trí iasachtaí scairshealbhóra agus infheistíochtaí cothromais do thionscadail CF, a bhain le hinfheistíocht leanúnach ESB in athnuaiteáin.

In 2023, thabhaigh GT táille bhearnúcháin de thart ar €15 milliún a bhain le forbairt gaoithe ón talamh Neart na Gaoithe.

## An Timpeallacht Oibriúcháin

Tá an gnó giniúna ag athrú go tapa, go háirithe le haghaidh monarchana teirmeacha sa mhargadh. Bhí iomaíocht, rialúchán agus dícharbónú mar bhonn leis an tírdhreach a athrú go, agus timpeallacht oibriúcháin dhúshlánach a chruthú, go háirithe le haghaidh na monarchana teirmeacha sin. I rith 2023, bhí cothromaíocht le tabhairt faoi deara i luaineacht na margaí breosla a tugadh faoi deara in 2022, laghdaigh na praghsanna ach bhí siad cobhsaí ag leibhéal a bhí fós os cionn na leibhéal a tugadh faoi deara roimh an ngéarchéim sa Úcráin.

## Custaiméirí GT

Tá GT ag leanúint ar aghaidh le conarthaí trádáilte éagsúla a thairiscint do gach cuideachta soláthair in I-SEM, ar bhonn neamh-idirdhealaitheach, trí ardán trádáil thar an gcuntas bunaithe ar thréimhsí trádála seachtainiúla. Soláthraíonn na tréimhsí trádála seo deis do sholáthraithe a nochtuithe cumhachta a fhálú chun maolú i gcoinne riosca luaineachta margaidh dá gcustaiméirí.

## Baill Foirne

Mhéadaigh an meánlíon fostaithe in GT, 771, ó 708 in 2022. Tá GT ag leanúint ar aghaidh le béim a leagan ar fheidhmíocht shábháilte agus éifeachtach a bhonn sócmhainní fad is atá straitéis ESB á cur i gcrích.

Baineann tábhacht bhunúsach le sláinte, sábháilteacht agus folláine agus bhí sé mar aidhm le clár feabhsaithe sábháilteachta 2023 GT rolladh amach an chláir Córas Sábháilte Oibre a dhéanamh i ngach stáisiún/feirm ghaoithe GT, an clár sábháilteachta próisis a leabú tuilleadh, agus an cur chuige maidir le sábháilteacht iompraíochta a fhorbairt agus a neartú tríd an gClár Safe and Sound. Maidir le folláine, thacaigh GT ar bhonn gníomhach le tuilleadh feasachta ar shláinte agus ar fholláine, lena n-áirítear spéis a chothú i gclár oiliúna Garchabhrach Meabhairshláinte ESB agus seachtain speisialta dírithe ar Shláinte agus Folláine.

Tá Córais Bhainistíochta Sabháilteachta á bhfeidhmiú agus á gcothabháil ag gach suíomh laistigh de GT atá deimhnithe agus iniúchta go seachtrach ag caighdeán idirnáisiúnta aitheanta ISO45001. Bhí gach suíomh creidiúnaithe in 2023.

Tá ról lárnach ag rannpháirtíocht fostaithe i bhfeidhmíocht rathúil ghnó GT. Trí úsáid a bhaint as torthaí shuirbhé na bhfostaithe agus aiseolas eile, tá clár saincheaptha rannpháirtíochta leabaithe ag GT chun tacú le bainisteoirí, smaointeoireacht nuálach a roinnt agus daoine a choinneáil nasctha, sláintiúil agus sábháilte.



# Réitigh do Chustaiméirí



**Pat Fenlon**
Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Réitigh do Chustaiméirí

**Ioncam**

€6.1bn ↑€0.6bn

| | |
|---|---|
| 2023 | €6.1bn |
| 2022 | €5.5bn |

**Caillteanas Oibriúcháin**

(€12m) ↑€97m

| | |
|---|---|
| (€12m) | 2023 |
| (€109m) | 2022 |

## Brandaí agus Gnólachtaí

electric Ireland

electric Ireland Superhomes

ESB energy

SO ENERGY

ESB TELECOMS

ecars

Seirbhísí Fuinnimh Chliste

## Príomhéachtaí Réitigh do Chustaiméirí in 2023

Bhain breis is 1.2 milliún custaiméir cónaithe i bPoblacht na hÉireann tairbhe as laghduithe ar phraghsanna leictreachais agus gáis

Bhí 73% de na custaiméirí leictreachais cónaithe sásta de réir na rátála don bhliain

Tugadh deis do 160,000 custaiméir tairbhe a bhaint as léargas leictreachais trí Tharaif Mhéadair Chliste

Tá beagnach 1,600 pointe luchtaithe d'fheithiclí leictreachais ar fáil in Éirinn

## Ag tacú le custaiméirí

Tá Electric Ireland ag leanúint ar aghaidh ag cur na bpraghsanna is fearr agus is féidir ar fáil do theaghlaigh agus tá ceann de na rátaí leictreachais caighdeánacha is ísle sa mhargadh aige go leanúnach. I ndiaidh tréimhse d'arduithe praghais in 2021 agus 2022 i ndiaidh tréimhse ina raibh costais fuinnimh mhiondíola an-ard, tháinig laghdú praghais de 10% le haghaidh custaiméirí leictreachais cónaithe agus laghdú 12% le haghaidh custaiméirí gáis cónaithe i bPoblacht na hÉireann i bhfeidhm ar an 1 Samhain 2023 i ndiaidh laghdú a thabhairt faoi deara ar réamhphraghsanna fuinnimh mórdhíola. I mí Eanáir 2024, d'fhógair Electric Ireland laghdú praghais eile de 8% agus de 7% ar tharaifí leictreachais agus gáis cónaithe faoi seach, éifeachtach ón 1 Márta 2024, rud ba chúis le laghdú carnach ar an meánbhille de 17% ar phraghsanna leictreachais agus 18% ar phraghsanna gáis laistigh de thréimhse ceithre mhí. D'éirigh le Réitigh do Chustaiméirí gach scéim tacaíochta Rialtais a chur i bhfeidhm i bPoblacht na hÉireann, Tuaisceart Éireann agus sa Bhreatain Mhór, chun tacú le custaiméirí i rith na tréimhse dúshlánaí seo. Tá Réitigh do Chustaiméirí ag leanúint ar aghaidh le pleananna íocaíochta solúbtha a chur ar fáil, méadair Íoctar Mar a Úsáidtear (PAYG) agus ciste cruatain dóibh siúd atá ag streachailt chun a gcuid billí fuinnimh a íoc.

## Léargas digiteach á sholáthar chun custaiméirí a chumhachtú

Chabhraigh Réitigh do Chustaiméirí chun aistear digiteach custaiméirí a fheabhsú agus tá sé ag leanúint ar aghaidh le forbairt a dhéanamh ar eispéireas úsáideoirí méadair chliste. Is féidir le gach custaiméir phleananna Home Electric+ Electric Ireland tairbhe a bhaint as ardanailísíocht i gcuntais ar líne, rud a chuireann ar chumas custaiméirí díriú ar an ngaol idir úsáid fuinnimh agus príomhfhearais agus léargas pearsanta a fháil, rud a chabhróidh le custaiméirí lena n-aistear aeráidneodrachta.

Tá Mol Tacaíochta Aeráidneodrachta na gCustaiméirí ag leanúint ar aghaidh le gach custaiméir a chumhachtú chun a (h)ídiú fuinnimh a laghdú trí ghníomhartha simplí.

Sheol So Energy sa Bhreatain Mhór Nova, ardán nua feabhsaithe dílsithe do chustaiméirí a ndéanfar tuilleadh forbartha air in 2024.

## An t-aistear chun aeráidneodrachta

I rith 2023 leagadh béim ar leith ar leanúint le Straitéis Aeráidneodracht faoi 2040 ESB a sholáthar. Mar chomhpháirtí fuinnimh iontaofa, thacaigh Réitigh do Chustaiméirí le custaiméirí ar a n-aistear aeráidneodrachta trí phointí luchtaithe d'fheithiclí leictreacha a rolladh amach agus a uasghrádú agus suiteálacha grianfhuinnimh a eagrú dá chustaiméirí baile. Cumasaíonn mol luchtaithe feithiclí leictreacha ardchumhachta ESB (200 kW) ag ionad seirbhísí mótarbhealaigh Barack Obama i gCo. Thiobraid Árann ocht bhfeithicil leictreacha chun luchtú le haghaidh aistir 100km i sé nóiméad. Tá scrúdú leanúnach á dhéanamh ag Réitigh do Chustaiméirí ar dheiseanna nua chun tacú le custaiméirí lena n-aistriú fuinnimh agus tá breis is 32,000 custaiméir ag baint tairbhe anois as taraif mhicrighiniúna Electric Ireland.

Cuireann Seirbhísí Fuinnimh Chliste (SES) ESB scéimeanna coigilte fuinnimh éagsúla ar fáil do chustaiméirí tráchtála. I rith 2023, chuir SES tús leis an dara suiteáil ghréine le haghaidh MSD i dTiobraid Árann a chumasóidh tuilleadh laghduithe fós ar a n-astaíochtaí carbóin.

## An tslí a bhfuil Réitigh do Chustaiméirí infheistithe i dtodhchaí inbhuanaithe atá ag tacú leis na custaiméirí agus pobail a bhfuilimid ag freastal orthu aeráidneodracht a bhaint amach

Tá ról lárnach ag custaiméirí rannpháirteacha, nasctha agus eolasacha san aistriú chuig todhchaí ísealcharbóin. Bhí tionchar dáiríre ag an ngéarchéim fuinnimh agus ag an timpeallacht bhoilscitheach ar chustaiméirí. Tá tús áite á thabhairt ag Réitigh do Chustaiméirí do thacú le haistear an chustaiméara i dtreo na haeráidneodrachta agus luach ar airgead a sholáthar do chustaiméirí ag an am céanna.

Cuireann Mol Tacaíochta Custaiméirí Electric Ireland neart comhairle ar fáil chun tacú le custaiméirí ar a n-aistear inbhuanaithe. Soláthraíonn léargas digiteach a chuirtear ar fáil do chustaiméirí taraife cliste Electric Ireland anailís ar úsáid laethúil chun cabhrú leo a bpróifíl ídithe leictreachais a athrú, chun costais laghdaithe a chumasú mar aon le lorg carbóin níos ísle agus ag an am céanna cabhraítear chun an brú atá ar chóras fuinnimh na hÉireann a laghdú.

Is bealach éasca le húsáid agus oiriúnach do chustaiméirí é aip mhóibíleach nua Electric Ireland chun féachaint ar bhillí agus ar shonraí cuntais, íocaíochtaí a dhéanamh, léamh méadair a chur ar fáil agus neart eile. Bealach tábhachtach do chustaiméirí chun tacú leis an aistear i dtreo na haeráidneodrachta é úsáid a bhaint as billeáil gan pháipéar.

Tá Réitigh do Chustaiméirí airdeallach ar a ról mar chomhpháirtí fuinnimh iontaofa chun cabhrú le custaiméirí cónaithe infheistíocht a dhéanamh i dtodhchaí inbhuanaithe. Suiteálann Electric Ireland agus So Energy grianphainéil, cadhnraí agus rialaitheoirí cliste chun tuilleadh cabhrach a thabhairt do chustaiméirí chun a riachtanais fuinnimh a bhainistiú. Chomh maith leis sin, soláthraíonn comhfhiontar Electric Ireland, Superhomes, domhain-iarfheistithe do chustaiméirí, rud is cúis le bailte níos tíosaí ar fhuinneamh a chruthú.

Chomh fada is a bhaineann le custaiméirí gnó, soláthraíonn SES ESB comhairle shaineolach maidir le Grianphainéil Fhótavoltacha, barrfheabhsú próisis agus teicneolaíochtaí téimh agus fuaraithe ísealcharbóin. Tá ról lárnach ag gnó na bhfeithiclí leictreacha i ndícharbónú iompair trí bhonneagar náisiúnta, poiblí Feithiclí Leictreacha a sholáthar ar oileán na hÉireann, agus trí bheith ag obair le roinnt eagraíochtaí agus comhairlí buirge sa Bhreatain Mhór chun líonraí luchtaithe a shuiteáil.

### Forléargas

Déileálann Réitigh do Chustaiméirí le tairiscintí miondíola uile ESB in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór, lena n-áirítear Electric Ireland, So Energy, Electric Ireland Superhomes, Seirbhísí Fuinnimh Chliste ESB, feithiclí leictreacha ESB agus ESB Telecoms.

Is é Réitigh do Chustaiméirí trí Electric Ireland agus So Energy an ghné mhiondíola fuinnimh de ESB, a sholáthraíonn leictreachas agus gás do chustaiméirí i bPoblacht na hÉireann agus sa Bhreatain Mhór agus leictreachas do chustaiméirí i dTuaisceart Éireann. Freastalaíonn Electric Ireland, le breis is 1.4 milliún cuntas custaiméara agus sciar den mhargadh uile-oileáin leictreachais de thart ar 40%, ar gach cuid den mhargadh, idir teaghlaigh agus gnóthaí móra tionsclaíocha agus tráchtála, i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann. Chomh maith leis sin, tá thart ar 21% den sciar margaidh gáis chónaithe aige i bPoblacht na hÉireann.

Freastalaíonn So Energy, ár mbranda miondíola sa Bhreatain Mhór, ar thart ar 0.6 milliún cuntas leictreachais agus gáis cónaithe.

Is "Ionad Ilfhreastail" é Electric Ireland Superhomes atá freagrach as bainistíocht tionscadail gach príomhchéim d'iarfheistiú fuinnimh tí, idir dearadh an iarfheistithe agus cur i gcrích an tionscadail agus iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú deontais ó Fhuinneamh Inmharthana na hÉireann (SEAI).

Tá líonraí luchtaithe Feithiclí Leictreacha atá le húsáid ag an bpobal ar fud Phoblacht na hÉireann, Thuaisceart Éireann agus na Breataine Móire á dtógáil, faoi úinéireacht agus á bhfeidhmiú ag feithiclí leictreacha ESB. San áireamh sa líonra seo tá thart ar 1,600 pointe luchtaithe ar oileán na hÉireann, mar aon le breis is 800 pointe luchtaithe sa Bhreatain Mhór.

Feidhmíonn ESB Telecoms laistigh de mhargadh teileachumarsáide mórdhíola Phoblacht na hÉireann, tá sé freagrach as cothabháil agus oibriú breis is 400 struchtúr tarchurtha teileachumarsáide agus breis is 2,000km de líonra cáblaí snáthoptaice.

Dearann, forbraíonn agus soláthraíonn SES ESB réitigh chomhtháite bhainistíochta d'úsáideoirí móra fuinnimh in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Trí bheith ag obair i gcomhpháirt le custaiméirí, soláthraíonn SES ESB réitigh éifeachtúlachta fuinnimh saincheaptha, giniúint an an láthair agus teicneolaíochtaí bainistíochta éileamh.

### Feidhmíocht Airgeadais

In 2023 bhí ioncam Réitigh do Chustaiméirí cothrom le €6.1 billiún, sin méadú de 9% i gcomparáid le 2022, mar gheall ar thionchar carnach na méaduithe praghais in 2022 (agus athruithe ar praghsanna miondíola) agus athruithe ar theorainneacha praghsanna rialála sa Bhreatain Mhór.

Thuairiscigh Réitigh do Chustaiméirí caillteanas oibriúcháin de €12 milliún, i gcomparáid le caillteanas de €109 milliún i rith na bliana roimhe sin. I ndiaidh laghduithe praghais do chustaiméirí leictreachais cónaithe agus do chustaiméirí gáis cónaithe i bPoblacht na hÉireann, bhí an fheidhmíocht airgeadais i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann beagán níos ísle ná an bhliain roimhe sin (a raibh foráil san áireamh ann do chostas an chreidmheasa geimhridh €50 do gach custaiméir leictreachais cónaithe i bPoblacht na hÉireann). Bhain an laghdú ar chaillteanais, tríd is tríd, le feidhmíocht feabhsaithe So Energy in 2023.

# Réitigh do Chustaiméirí (ar lean)

**An Timpeallacht Oibriúcháin**

I Ráithe 4 2021, thosaigh praghsanna agus luaineacht an mhargaidh fuinnimh mhórdíola ag ardú agus tugadh arduithe suntasacha faoi deara i ndiaidh thús an chogaidh sa Úcráin agus an tionchar a bhí aige sin ar sholáthairtí gáis Rúiseacha san Eoraip. Bhí sé seo mar bhonn le costais fuinnimh a bhí an-ard, agus bhí na meánphraghsanna gáis bliantúla cothrom le níos mó ná 200p/teirm i rith 2022. Bhí na costais fuinnimh arda seo mar bhonn le cinneadh roinnt cuideachtaí fuinnimh margadh na hÉireann a fhágáil. Lean Réitigh do Chustaiméirí ag dul in oiriúint chun freastal ar chustaiméirí ainneoin go raibh an timpeallacht ag athrú i gcónaí, go raibh iarracht á déanamh tionchar luaineacht an mhargaidh fuinnimh mhórdhíola a chothromú agus taraifí custaiméirí a choinneáil chomh híseal agus ab fhéidir, agus rannpháirtíocht agus seirbhísí do chustaiméirí a chothabháil agus a fheabhsú i rith na tréimhse casta seo. Bhí an dá bhliain atá díreach caite an-dúshlánach do chustaiméirí, áfach.

Bhí arduithe gan choinne ar bhillí mar bhonn le cinneadh Rialtas na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe roinnt scéimeanna a bhunú chun tacú le custaiméirí cónaithe agus gnó i bPoblacht na hÉireann, Tuaisceart Éireann agus sa Bhreatain Mhór. Cuireadh na tacaíochtaí seo ar fáil trí chreidmheasanna custaiméirí den chuid is mó, agus trí scéim Ráthaithe Praghsanna Fuinnimh sa Bhreatain Mhór, agus cuireadh maoiniú rialtais ar fáil do sholáthraithe chun na scéimeanna seo a chur chun feidhme. Bhain dúshlán le riar na scéimeanna seo de bhrí go bhfuil siad casta, nach bhfuil mórán ama ann chun iad a eagrú agus go bhfuil sé riachtanach roinnt athruithe a chur i bhfeidhm i roinnt próiseas agus córas. D'éirigh le Réitigh do Chustaiméirí na scéimeanna tacaíochta seo ar fad a chur chun feidhme go rathúil.

In 2023 thosaigh na praghsanna mórdhíola idirnáisiúnta gan choinne seo ag laghdú, ainneoin go raibh siad fós níos airde ná na praghsanna a tugadh faoi deara i rith na géarchéime fuinnimh roimhe seo. Chuir sé seo ar chumas Electric Ireland a tharaifí leictreachais agus gáis cónaithe a laghdú 10% agus 12% faoi seach, agus laghduithe a chur i bhfeidhm sa mhargadh fuinnimh mórdhíola oiread agus ab fhéidir, agus leanúint ar aghaidh lena bheartais fálaithe d'fhonn a chinntiú go bhfuil custaiméirí Electric Ireland fós á gcosaint ó na hathruithe suntasacha ar an bpraghas mórdhíola. Chomh maith leis sin, in 2023 tugadh ardú faoi deara i margadh na hÉireann mar gheall ar laghduithe praghais agus soláthraí cónaithe nua. I mí Eanáir 2024, d'fhógair Electric Ireland laghdú praghais eile de 8% agus de 7% ar tharaifí leictreachais agus gáis cónaithe faoi seach, éifeachtach ón 1 Márta 2024, rud ba chúis le laghdú carnach ar an meánbhille de 17% ar phraghsanna leictreachais agus 18% ar phraghsanna gáis laistigh de thréimhse ceithre mhí. Tá Electric Ireland ag leanúint ar aghaidh le taraifí an-iomaíocha a thairiscint agus raon níos mó táirgí chun cabhrú le custaiméirí infheistíocht a dhéanamh i dtodhchaí inbhuanaithe, ídiú fuinnimh a laghdú agus airgead a shábháil.

Bhí tionchar ar leith ag an ngéarchéim fuinnimh ar mhargadh na Breataine Móire agus tá thart ar 30 soláthraí cónaithe i ndiaidh an margadh a fhágáil ó 2021. Is é So Energy ceann den líon beag brandaí iomaitheora atá fós fágtha sa mhargadh agus tá deis ar leith aige fós rogha dháiríre a thairiscint sa Bhreatain Mhór, le raon níos mó táirgí chun a eispéireas nuálach, digiteach agus custaiméirlárnach a fhorbairt ar mhaithe le custaiméirí. I rith 2023, thairg So Energy taraifí iomaíocha, lena n-áirítear lascaine ar theorainn phraghais rialála forchurtha Ofgem, agus tugadh méadú ar an líon custaiméirí faoi deara sa dara leath den bhliain.

Bhí imní maidir leis an athrú aeráide, mar aon le hinfhaighteacht mhéadaithe réiteach digitithe agus teicneolaíochta, mar bhonn le hathrú suntasach ar ionchais custaiméirí le blianta beaga anuas. Chuir an ghéarchéim fuinnimh a tharla le déanaí leis seo freisin de bhrí go raibh súil níos géire á coinneáil ag custaiméirí ar a n-ídiú agus costais fuinnimh.

**Custaiméirí Réitigh do Chustaiméirí**

Lean Réitigh do Chustaiméirí le béim ar leith a leagan ar nasc láidir lena chustaiméirí ina bhrandaí agus gnóthaí ar fad in 2023. Mhéadaigh an teagmháil le custaiméirí agus bhí aird á díriú ag custaiméirí ar ídiú fuinnimh agus tugadh dea-leibhéil sástachta custaiméirí faoi deara i rith na bliana. Soláthraíonn Réitigh do Chustaiméirí raon leathan táirgí agus seirbhísí do chustaiméirí cónaithe agus gnó idir taraifí mealltacha (taraifí leictreachais agus gáis éagsúla, taraifí micrighiniúna agus taraifí méadraithe chliste) agus suiteálacha grianfhuinnimh mar aon le seirbhísí domhain-iarfheistithe.

Chuir Réitigh do Chustaiméirí feabhas ar a thairiscint seirbhísí do chustaiméirí trí níos mó úsáide a bhaint as digitiú, lena n-áirítear léargas fuinnimh pearsantaithe Electric Ireland do chustaiméirí méadair chliste. Sheol Electric Ireland a aip mhóibíleach nua, a thug deis do chustaiméirí féachaint ar a gcuid billí go héasca, íocaíochtaí a dhéanamh agus léamha méadair a dhéanamh ar líne.

Mar aon le praghsanna custaiméirí leictreachais agus gáis cónaithe a laghdú i bPoblacht na hÉireann in 2023, gheall Electric Ireland breis is €60 milliún a chur ar fáil chun tacú le custaiméirí ó gheimhreadh 2020. San áireamh anseo tá creidmheas luach €50 an gheimhridh a cuireadh ar fáil do gach custaiméir leictreachais cónaithe i bPoblacht na hÉireann mar aon le Ciste Cruatain luach €5 milliún Electric Ireland atá in úsáid go leanúnach chun cabhrú le custaiméirí a bhfuil deacrachtaí acu a gcuid billí a íoc. Is comhpháirtíocht sheanbhunaithe í seo idir Electric Ireland, Cumann Naomh Uinseann de Pól (SVP), an tSeirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid (MABS), agus ALONE.

Ghlac ESB leis riamh anall go raibh sé tábhachtach tacú le pobail. Léirigh feachtais urraíochta Electric Ireland – lena n-áirítear an t-imeacht Darkness into Light thar ceann Pieta House, Craobhchomórtas Mionúr CLG agus Comórtas agus Craobhchomórtas Ardoideachais, an Cumann Camógaíochta agus Game Changers (urraíocht ar pheil na mban i dTuaisceart Éireann) conas a dtacaíonn pobail lena chéile, agus cúis áthais do Electric Ireland a bheith páirteach sna hiarrachtaí seo.

**Baill Foirne**

Ní bheadh Réitigh do Chustaiméirí in ann a spriocanna straitéiseacha agus oibríochtúla a chomhlíonadh gan acmhainn, eolas, tiomantas agus feidhmíocht a mball foirne atá tiomanta do freastal ar a chustaiméirí de réir chuspóirí straitéiseacha ESB. Leanadh ar aghaidh le béim ar leith a leagan ar fhorbairt fostaithe agus ar earcaíocht spriocdhírithe i ndisciplíní éagsúla a bhí nasctha leis an straitéis fáis, rud a chinnteoidh gur áit mhealltach le bheith ag obair inti a bheidh i Réitigh do Chustaiméirí, agus leanfar le tairiscintí iomaíocha a thairiscint do chustaiméirí, le seirbhís do chustaiméirí den scoth agus le táirgí nua agus nuálacha a sholáthar chun freastal ar riachtanais athraitheacha.

**Inbhuanaitheacht**

Tá iarracht á déanamh ag Réitigh do Chustaiméirí a ghnó a rith ar bhealach atá inbhuanaithe agus freagrach ó thaobh an chomhshaoil de agus d'éirigh leis athchreidiúnú ag caighdeán ISO1400:2015 a fháil in 2023 dá oibríochtaí i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann. Oibríonn Réitigh do Chustaiméirí ar bhonn gníomhach le custaiméirí chun cabhrú leo an inbhuanaitheacht ina dtithe agus gnóthaí a fheabhsú trí úsáid éifeachtúil a bhaint as an bhfuinneamh atá á chur ar fáil dóibh.



# Innealtóireacht agus Mórthionscadail (EMP)



**Paul Smith**
Stiúrthóir Feidhmiúcháin,
Innealtóireacht agus Mórthionscadail

**Forléargas**
Is é gnó EMP ionad bairr feabhais innealtóireachta ESB. Soláthraíonn EMP seirbhísí chun tacú le seachadadh tionscadal criticiúil agus casta ar fud ESB, tá sé freagrach as punann Ghrúpa Réadmhaoine agus Slándála ESB (GP&S) agus soláthraíonn sé seirbhísí innealtóireachta agus seirbhísí gairmiúla eile do chliaint sheachtracha trí ESB Idirnáisiúnta. Tá breis is 900 ball foirne oilte ag obair do EMP atá ag obair i gcomhpháirt le gnó ESB trí chéile chun tacú leis an Straitéis Aeráidneodracht faoi 2040.

ESB INTERNATIONAL

## Príomhéachtaí EMP in 2023

## Slándáil an tSoláthair agus Forbairt Giniúna

Lean EMP ar aghaidh ag comhoibriú le Giniúint agus Trádáil (GT) chun dlús a chur le luathfhorbairt agus le tógáil punainne de thionscadail ghiniúna a bhaineann le teicneolaíochtaí éagsúla atá le fáil ar fud na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe .

Bhainistigh EMP tógáil tionscadal nua agus nuálach stórála fuinnimh chadhnra a raibh 285 MW ar fad luaite leo. Cuireadh tús le feidhmiú tráchtála rathúil dhá thionscadal i rith na bliana, a chuir 105 MW ar fáil d'eangach leictreachais na hÉireann. Táthar ag leanúint ar aghaidh leis an obair thógála a bhaineann leis na tionscadail seo agus tá sé beartaithe iad a chur i gcrích in 2024.

Chun slándáil an tsoláthair laistigh de mhargadh na hÉireann a fheabhsú tuilleadh, bhainistigh EMP an obair thógála a bhain le trí thionscadal giniúna sholúbtha i réigiún Bhaile Átha Cliath a chuirfidh 190 MW d'acmhainn nua ar fáil don eangach. Tá formhór na hoibre tógála curtha i gcrích ar na tionscadail tuirbíní gáis seo atá lonnaithe ag An Poll Beag, An Rinn agus An Chorr Dhubh.

Chomh maith leis sin, sheachaid EMP acmhainn ghiniúna sealadaí ag An Port Thuaidh, a sholáthair 200 MW de chumhacht chúltaca d'eangach leictreachais na hÉireann. Tá neart oibre tógála curtha i gcrích ag an dara láithreán acmhainne giniúna sealadaí ag Droichead na Sionainne freisin, agus tá breis is 260 MW le soláthar in 2024. Cuirfidh na tionscadail seo go hábhartha le slándáil an tsoláthair leictreachais in Éirinn.

Tá ESB ag leanúint ar aghaidh le dlús a chur le tograí chun láithreán Ghob na Muine a athrú ó bhonn, le tacaíocht theicniúil ó EMP. Chabhraigh EMP le máistirphlean coincheapa a fhorbairt don láithreán agus leanadh ar aghaidh ag obair ar phleananna a raibh sé mar aidhm leo deireadh a chur le giniúint ghualbhunaithe ag an láithreán ó 2025. Chomh maith leis sin, tá EMP ag tacú le gach gné den tionscadal Green Atlantic @ Moneypoint a thacóidh le mol fuinnimh ghlais a fhorbairt ag an láithreán.

Cuireadh tús le feidhmiú oibríochtúil na dara céime de thionscadal gaoithe ar talamh Oweninny in 2023. Sholáthair EMP príomhsheirbhísí innealtóireachta agus bainistíochta tógála don tionscadal mórscála seo ar comhfhiontar le Bord na Móna atá ann. I dteannta le Céim 1, tá aschur iomlán na feirme gaoithe cothrom le breis is 170 MW. Chomh maith leis sin, thacaigh EMP le forbairt tionscadal gaoithe ar talamh in Albain i gcomhpháirt le GT. I measc na mbuaicphointí tá Chirmorie, feirm ghaoithe 81 MW, a bhfuiltear ar tí tús a chur leis an obair thógála a bhaineann léi, agus cuireadh maoiniú ar fáil le déanaí d'fheirm ghaoithe Blarghour (67 MW) agus Greenburn (63 MW) mar chuid de cheant acmhainne Bhabhta Leithdháilte na Ríochta Aontaithe.

Tá príomhbhéim á leagan ag EMP ar fhorbairt ghaoithe ón talamh. Chuir EMP tacaíocht ar fáil do Inch Cape, tionscadal 1,080 MW agus thacaigh sé le tionscadal 448 MW Neart na Gaoithe i rith na bliana freisin. Cuireadh críoch le suiteálacha bonnsraithe mar chuid de thionscadal Neart na Gaoithe agus cuireadh tús le suiteáil tuirbíní gaoithe i rith 2023. Rinneadh dul chun cinn ar phíblíne forbartha tionscadal amach ón gcósta in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe freisin agus sholáthair EMP seirbhísí innealtóireachta agus pleanála.

Bhí ról lárnach ag EMP i bhforbairt breis is 175 MW de thionscadail ghrianfhuinnimh ar éirigh go breá leo i gceant Scéim Tacaíochta do Leictreachas In-athnuaite (RESS) 3. Cuireadh tús le haistriú na dtionscadal seo, ar bhonn céimnithe, go dtí na céime tógála ag deireadh 2023.

## Tacaíocht luach €230 milliún
### curtha ar fáil do thionscadail ESB Networks

Tá EMP ag obair le ESB Networks chun tacú le forbairt agus seachadadh tionscadal caipitil ollmhóra, lena n-áirítear mórbhonneagar a thógáil don líonra tarchurtha a bhfuil EirGrid freagrach as, agus an líonra dáileacháin, a bhfuil ESB Networks DAC freagrach as.

Cabhróidh an tacaíocht a chuirfidh EMP ar fáil do mhórthionscadail le ESB Networks a chlár oibre foriomlán a sheachadadh mar chuid de thréimhse Athbhreithnithe Praghais 5 (PR5, 2021 - 2025). I rith 2023, chuir EMP obair i gcrích chun cabhrú le ESB Networks tacú le forbairt, pleanáil agus seachadadh mórthionscadal atá riachtanach chun tacú le líonra leictreachais athléimneach a sholáthar, athnuaiteáin a nascadh agus custaiméirí a chumhachtú. Ag deireadh 2023, roghnaíodh EMP chun punann de 192 tionscadal líonra a bhainistiú a bhí ag díriú ar chéimeanna éagsúla forbartha agus seachadta.

In 2023, thacaigh EMP le seachadadh tionscadal mór ESB Networks luach €230 milliún (€203 milliún in 2022) lena n-áirítear stáisiúin HV, cáblaí faoi thalamh agus tionscadail línte lastuas. Bhí ról ag EMP i roinnt láithreán tógála líonra gníomhach náisiúnta a bhainistiú, láithreáin athfhorbraíochta nó úrnua. Táthar ag leanúint ar aghaidh le cumasóirí a chur ar fáil chun tionscadail a sheachadadh go sábháilte agus go héifeachtach.

## Seirbhísí Comhairleoireachta

Tá ESB Idirnáisiúnta, soláthraí domhanda de sheirbhísí comhairleoireachta innealtóireachta, ag obair sa Mheán-Oirthear, san Afraic agus san Áise faoi láthair. Tá sé ag leanúint ar aghaidh ag obair ar fud na hEorpa agus in Éirinn freisin. I rith 2023, sholáthair ESB Idirnáisiúnta raon seirbhísí atá bunaithe ar chroí-inniúlachtaí ESB - innealtóireacht, bainistíocht agus soláthar tionscadal san earnáil leictreachais.

### An tslí a bhfuil EMP infheistithe i dtodhchaí inbhuanaithe atá ag tacú leis na custaiméirí agus pobail a bhfuilimid ag freastal orthu aeráidneodracht a bhaint amach

Tá Straitéis Aeráidneodracht faoi 2040 ESB á tabhairt chun beochta ag EMP trí mhórthionscadail agus réitigh innealtóireachta a sholáthar a chuireann ar chumas ESB agus a chustaiméirí athnuaiteáin inbhuanaithe a fhorbairt agus a nascadh agus bonneagar athléimneach a sholáthar do chóras leictreachais iontaofa, ísealcharbóin. Tá sé mar aidhm ag EMP ionad bairr feabhais innealtóireachta a sholáthar agus dea-chleachtas comhsheasmhach a chinntiú in ESB i ndáil le mórthionscadal a sholáthar.

Is cuma más feirmeacha gaoithe nua, tarchur leictreachais nó tionscadail dáileacháin, nó teicneolaíochtaí cosúil le stóráil cadhnraí nó giniúint cumhachta sholúbtha atá i gceist, is príomhcheanglas de chuid ESB é acmhainn innealtóireachta tráchtála a sholáthar. Chomh maith leis sin, tacaíonn an acmhainn seo le cothabháil leanúnach an bhonneagair reatha, agus cinntíonn sé go bhfeidhmíonn na sócmhainní giniúna agus líonra seo go héifeachtach i rith a saol chun freastal ar riachtanais custaiméirí agus margaidh.

Is é an aidhm atá le cur chuige lárnach maidir le mórthionscadail, tionscadail a sholáthar go sábháilte, go hinbhuanaithe agus go héifeachtach, de réir chuspóirí airgeadais ESB. Tá an cur chuige seo bunaithe ar acmhainn dea-chleachtais agus bainistíochta conarthaí ar féidir é a chur i bhfeidhm sa Ghrúpa trí chéile, fad is atá súil á coinneáil ar riachtanais cheadúnais rialála.

**Ionad Innealtóireachta**
Páirteach san Ionad Innealtóireachta tá innealtóireacht shibhialta, innealtóireacht in-athnuaite, innealtóireacht ghiniúna agus líonraí tarchurtha agus dáileacháin atá forbartha chun tacú le seachadadh tionscadal. Tá baint ag na feidhmeanna innealtóireachta seo le tionscadail forbartha nua, ina n-áirítear an coincheap, an tógáil agus an coimisiúnú. Chomh maith leis sin, tacaíonn siad le hoibriú agus le cothabháil sócmhainní reatha i nGrúpa ESB, agus oibríonn siad le GP&S agus ESB Idirnáisiúnta.

**Soláthar Mórthionscadal**
Tá dhá réimse feidhmiúla ar leith laistigh de EMP freagrach as tacú le mórthionscadail agus as mórthionscadail a sheachadadh do Líonra GT agus do Líonra ESB faoi seach. Oibríonn na réimsí seo leis na gnóthaí faoi seach agus tá acmhainn feabhsaithe á forbairt acu d'fhonn a chinntiú go gcuirtear na tionscadail sin i gcrích agus go gcomhlíonann ESB na spriocanna atá sonraithe i Straitéis Aeráidneodracht faoi 2040 ESB.

**Réadmhaoin agus Slándáil Grúpa (GP&S)**
Bainistíonn GP&S punann réadmhaoin tráchtála ESB. Oibríonn GP&S i ndlúthchomhar le GT chun an talamh a fháil atá riachtanach chun dlús a chur le seachadadh straitéis fáis athnuaiteáin GT.

**ESB International**
Seachadann ESB International, soláthraí domhanda seirbhísí comhairleoireachta innealtóireachta, raon réiteach innealtóireachta, oibríochtaí agus cothabhála, agus seirbhísí comhairleoireachta do chliaint náisiúnta agus idirnáisiúnta.

**Conarthaí, Próisis agus Córais**
Tacaíonn an Grúpa Conarthaí, Próiseas agus Córas le tionscadail a sholáthar laistigh de EMP agus tá sé freagrach as córais bainistíochta tionscadal, próisis, uirlisí agus acmhainní creatchonarthaí a chur ar fáil don Ghrúpa.

# Seirbhísí Fiontair



**Geraldine Heavey**
Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Seirbhísí Fiontair

**Forléargas**
Seo a leanas príomhréimsí saineolais Sheirbhísí Fiontair:

- Feidhmiú mar chomhairleoir do Ghrúpa ESB i ndáil leis na príomhsheirbhísí comhroinnte, agus díriú ar sholáthar straitéise agus cruthú luacha
- Freagrach as próisis agus seirbhísí criticiúla gnó a chur ar fáil do Ghrúpa ESB, dírithe ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht oibríochtúil
- Freagrach as claochlú digiteach Ghrúpa ESB a threorú, sonraí agus teicneolaíocht a úsáid, agus barr feabhais oibríochtúil a threorú ar fud ESB

Cuirtear seirbhísí ar fáil ar fud an Ghrúpa de réir na n-oibleagáidí ceadúnais dlíthiúla agus rialála agus cuireann siad le feidhmeanna a bhaineann go sonrach le haonad gnó.

## Príomhéachtaí Sheirbhísí Fiontair in 2023

Mar ionad bairr feabhais do raon leathan príomhphróiseas agus príomhsheirbhísí gnó atá riachtanach chomh fada is a bhaineann le soláthar oibríochtaí agus straitéise i nGrúpa ESB, áiríodh i measc phríomhéachtaí na Seirbhísí Fiontair in 2023, oibriú i ndlúthchomhar leis na haonaid ghnó eile in ESB, lena n-áirítear:

## Comhairle a chur ar fáil

Comhairle a chur ar fáil i réimsí seirbhíse gairmiúla cosúil le Dlí, Soláthar agus Árachas chun tacú le tionscadail cosúil le giniúint éigeandála, tionscadail ghiniúna in-athnuaite agus na cláir seo a leanas - Méadrú Cliste Náisiúnta agus Líonra Náisiúnta agus Naisc Áitiúla.

## Béim ar ghnéithe digiteacha agus ar shonraí

Ailínithe le huaillmhianta ESB béim a leagan ar ghnéithe digiteacha agus ar shonraí, clár TF agus infheistíochta digití a chur ar fáil in ESB, agus dlús a chur le ceannaireacht agus acmhainn dhigiteach. I measc bhuaicphointí 2023 bhí Tairseach Sonraí an Mhéadair Chliste a chur ar chumas custaiméirí rochtain a fháil ar a gcuid sonraí tomhaltais, aip mhóibíleach nua do chustaiméirí baile, mar aon le roinnt táirgí nua IS (Intleacht Shaorga) agus sonraí.

## An tírdhreach TF - slándáil agus athléimneacht

Feidhmíocht, slándáil agus athléimneacht leanúnach thírdhreach TF ESB a chinntiú, agus ag an am céanna seirbhísí a fheabhsú chun freastal ar theicneolaíochtaí nua agus ar tháirgí digiteacha nua cosúil le IS Ghiniúnach. In 2023, ba é ESB an chéad eagraíocht in Éirinn a bhain triail ar bhonn píolótach as Microsoft Co-Pilot, teicneolaíocht nua IS Ghiniúnach ó Microsoft a thacaíonn le breis táirgiúlachta agus comhoibrithe.

## Éifeachtúlacht fuinnimh

Cabhrú le laghdú thart ar 20% ar úsáid fuinnimh a bhaint amach in eastát réadmhaoine Phoblacht na hÉireann ESB sa tréimhse idir Deireadh Fómhair 2022 agus Márta 2023 i gcomparáid le bonnlíne na tréimhse idir mí Dheireadh Fómhair 2018 agus mí an Mhárta 2019. Rinneadh é sin trí ghníomhaíochtaí Bainistíochta Saoráidí, ailínithe leis an bhfeachtas 'Beat the Peak'.

## Forbairt inniúlachta

Na hinniúlachtaí a aimsiú a bheidh ag teastáil ar fud ESB chun an Straitéis Aeráid-neodracht faoi 2040 a sholáthar trí fhoinsí tallainne a aimsiú agus gníomhaíochtaí foghlama agus forbartha. I rith 2023, d'earcaigh Oibríochtaí Daoine thart ar c.1,200 fostaí nua in ESB.



## An tslí a bhfuil Seirbhísí Fiontair infheistithe i dtodhchaí inbhuanaithe atá ag tacú leis na custaiméirí agus pobail a bhfuilimid ag freastal orthu aeráidneodracht a bhaint amach

Is é aidhm na Seirbhísí Fiontair tacú le Straitéis Aeráidneodracht faoi 2040 ESB trí threoir, comhairle agus tacaíocht a sholáthar ina príomhréimsí saineolais. Seo thíos roinnt samplaí de na bealaí ar infheistigh Seirbhísí Fiontair i dtodhchaí inbhuanaithe:

- Comhairle a chur ar fáil i réimsí seirbhísí gairmiúla cosúil le Dlí, Soláthar, Pinsin, Árachas agus Barr Feabhais Oibríochtúil chun tacú le agus seachadadh Straitéis Aeráidneodracht faoi 2040 ESB a chumasú.
- Raon leathan seirbhísí TF, digiteacha agus sonraí a chur ar fáil do Ghrúpa ESB, lena n-áirítear príomhról i gcibearshlándáil agus tacú le claochlú gnó. San áireamh anseo tá tacú leis na haonaid ghnó eile chun eispéireas custaiméirí a fheabhsú agus chun custaiméirí a chumhachtú chun aeráidneodracht a bhaint amach trí úsáid a bhaint as tairgí digiteacha agus sonraí nua.
- Príomhról Sheirbhísí Fiontair i soláthar inbhuanaithe a bhaint amach in ESB agus in 2023 bhí Seirbhísí Fiontair i measc bhunaitheoirí Scoil Inbhuanaitheachta Shlabhra Soláthair na hÉireann.
- Timpeallachtaí oibre sábháilte agus inbhuanaithe a chur ar fáil trí sheirbhísí Bainistíochta Saoráidí ar ardchaighdeán a chur ar fáil ar fud eastát réadmhaoine ESB i bPoblacht na hÉireann.
- Príomhról Sheirbhísí Fiontair i soláthar na n-inniúlachtaí atá ag teastáil ó Ghrúpa ESB chun an Straitéis Aeráidneodracht faoi 2040 a sheachadadh, curtha i gcrích trí fhoinsí tallainne a aimsiú agus gníomhaíochtaí foghlama agus forbartha in Oibríochtaí Daoine.
- Trínár gclár claochlaithe Réitigh a Fhorbairt, dlús a chur le luas agus scála an chlaochlaithe laistigh de Sheirbhísí Fiontair agus ag an am céanna claochlú a chumasú ar fud Ghrúpa ESB chun tacú le Straitéis Aeráidneodracht faoi 2040 a bhaint amach.

## Seirbhísí Fiontraíochta: Léargas Ginearálta

| Oibríochtaí Gnó | Soláthar CIO agus TF | Seirbhísí Gairmiúla |
|---|---|---|
| Bainistíocht Saoráidí | Straitéis agus Ailtireacht TF | Airgeadas, Acmhainní Daonna agus Claochlú |
| Pleanáil agus Anailís Airgeadais | Digiteach | Sármhaitheas Oibríochtúil |
| Oibríochtaí Daoine | Anailísíocht | Cúrsaí Dlí |
| Foréileamh chun Íoc | Cibearshlándáil | Pinsin |
| Oibríochtaí Airgeadais | Soláthar Seirbhíse | Árachas |
| Riosca Cistíochta agus Oibríochtaí | Soláthar Tionscadal | Soláthar |

# Príomhtháscairí Feidhmíochta (KPInna)

Le cois na dTáscairí Feidhmíochta Straitéiseacha atá luaite ar leathanach 17, baineann ESB tairbhe as príomhtháscairí feidhmíochta (KPInna) airgeadais agus neamhairgeadais, a thacaíonn le dul chun cinn ionas gur féidir straitéis ESB a chomhlíonadh. Tá a gcuid KPInna féin ag gach aonad gnó, nach bhfuil ailínithe go díreach le KPInna an Ghrúpa.

## Airgeadas

### EBITDA roimh mhíreanna eisceachtúla*

| | |
|---|---|
| 2023 | €1,976m |
| 2022 | €1,675m |
| 2021 | €1,493m |
| 2020 | €1,358m |
| 2019 | €1,432m |

**Sainmhíniú**
Brabús oibriúcháin roimh ús, cánachas, dímheas, bearnúcháin (lena n-áirítear glanchaillteanais bhearnúcháin neamhthrádála ar shócmhainní airgeadais), amúchadh, ioncam ó ranníocaíochtaí soláthair agus míreanna eisceachtúla arna nochtadh ar leithligh sa Ráiteas Ioncaim.

**Ábharthacht Straitéiseach**
Is príomhbheart é EBITDA den airgead tirim a ghintear sa Ghrúpa i rith na bliana atá ar fáil le haghaidh infheistíochtaí straitéiseacha, aisíocaíocht fiachais agus íocaíochtaí díbhinne.

**Feidhmíocht**
Tá an méadú ar EBITDA bunaithe ar chorrlaigh fuinnimh níos airde. Tá tuilleadh sonraí le fáil san Athbhreithniú Airgeadais ar leathanach 54.

**Acmhainní Bunúsacha** Neart Airgeadais

### Glanfhiachas*

| | |
|---|---|
| 2023 | €6,447m |
| 2022 | €6,786m |
| 2021 | €4,946m |
| 2020 | €5,120m |
| 2019 | €5,239m |

**Sainmhíniú**
Iasachtaíocht iomlán agus fiachas eile móide dliteanais léasa lúide airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim (níl aon airgead tirim srianta san áireamh).

**Ábharthacht Straitéiseach**
Is beart é glanfhiachas a léiríonn cé chomh giaráilte is atá an Grúpa agus má tá sé ag teacht le príomhchúnaint. Beidh an glanfhiachas ag fás de réir mar a bheidh a chláir infheistíochta chaipitil á maoiniú i bpáirt ag ESB le hiasachtaí.

**Feidhmíocht**
Tá an glanfhiachas laghdaithe mar gheall ar bhrabúis airgid i rith na bliana go príomha, gluaiseachtaí dearfacha ar ghlanchomhthaobhacht airgid agus gluaiseachtaí dearfacha caipitil airgid eile fritháirithe go pointe áirithe ag an leibhéal caiteachas chaipitil i rith na bliana agus íocaíochtaí úis, cánach agus díbhinne. Tá tuilleadh sonraí le fáil san Athbhreithniú Airgeadais ar leathanach 54.

**Acmhainní Bunúsacha** Neart Airgeadais

### Caiteachas Caipitil*

| | |
|---|---|
| 2023 | €1,729m |
| 2022 | €1,395m |
| 2021 | €1,223m |
| 2020 | €1,115m |
| 2019 | €1,242m |

**Sainmhíniú**
Breiseanna a bhaineann le maoin, gléasra agus trealamh, sócmhainní doláimhsithe (seachas liúntais astaíochtaí) móide breiseanna a bhaineann le hinstitiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu.

**Ábharthacht Straitéiseach**
Tá ESB i lár tréimhse d'infheistíocht chaipitil shuntasach dá ghnóthaí líonraí agus do Ghiniúint agus Trádáil (GT).

**Feidhmíocht**
Is fianaise é an méadú ar chaiteachas caipitil ar infheistíocht chaipitil sna líonraí agus sna gnóthaí GT go príomha. Tá tuilleadh sonraí le fáil san Athbhreithniú Airgeadais ar leathanach 54.

**Cuspóirí Straitéiseacha** Leictreachas Dícharbónaithe, Bonneagar Athléimneach **Acmhainní Bunúsacha** Neart Airgeadais

* Féach ar Bhearta Feidhmíochta Malartacha ar leathanach 289 agus 290 más spéis leat na ríomhanna a fheiceáil.



## Infhaighteacht Gléasra Oibríochtúil

### Fáil ar Ghléasra

| | |
|---|---|
| 2023 | 79% |
| 2022 | 84% |
| 2021 | 84% |
| 2020 | 86% |
| 2019 | 84% |

**Sainmhíniú**
Céatadán den mhéid ama sa bhliain ina raibh an gléasra giniúna ar fáil chun leictreachas a tháirgeadh, cibé acu an raibh nó nach raibh leictreachas á ghiniúint.

**Ábharthacht Straitéiseach**
Feidhmíocht oibríochtúil láidir a chinntiú i ngléasra giniúna ESB trí oibríochtaí dea-chleachtais agus cothabháil agus cur i gcrích tráthúil, gnéithe atá ríthábhachtach chomh fada is a bhaineann le feidhmíocht tráchtála ESB.

**Feidhmíocht**
Bhí an infhaighteacht gléasra 5% níos ísle ná 2022 mar gheall ar roinnt éarthaí nach raibh pleanáilte ar fud na punainne giniúna.

**Cuspóirí Straitéiseacha** Bonneagar Athléimneach

### Nóiméid Chustaiméara Caillte (CMLanna) ESB Networks

| | |
|---|---|
| 2023 | 106 CMLs |
| 2022 | 103 CMLs |
| 2021 | 96 CMLs |
| 2020 | 97 CMLs |
| 2019 | 88 CMLs |

**Sainmhíniú**
An méid ama a bhí luaite le cur isteach neamhphleanáilte le haghaidh gach custaiméir i rith na bliana.

**Ábharthacht Straitéiseach**
Glacann ESB leis go mbaineann tábhacht ar leith le hiontaofacht na heangaí leictreachais agus cur isteach ar chustaiméirí a laghdú.

**Feidhmíocht**
Tugadh tuilleadh laghdaithe ar CMLanna faoi deara i rith 2023 mar gheall ar dhrochaimsir, lochtanna sa stáisiún HV agus fadhbanna le hacmhainn líonra i gceantair áirithe. Tá Pleananna Feabhais Leanúnaigh Sonracha bunaithe le haghaidh gach Réimse Custaiméara agus glacfar leis na saincheisteanna seo mar réimsí tosaíochta don ghnó in 2024.

**Cuspóirí Straitéiseacha** Leictreachas Dícharbónaithe

# Príomhtháscairí Feidhmíochta (KPInna) (ar lean)

## Custaiméir agus Margadh

### Sciar den Mhargadh Miondíola

| | |
|---|---|
| 2023 | 40% |
| 2022 | 41% |
| 2021 | 40% |
| 2020 | 34% |
| 2019 | 34% |

**Sainmhíniú**
Sciar iomlán den mhargadh uile-oileáin, an Margadh Leictreachais Aonair (SEM).

**Ábharthacht Straitéiseach**
Tá sé fíorthábhachtach sciar margaidh láidir a fhorbairt ionas gur féidir le ESB dul in iomaíocht laistigh den timpeallacht iomaíoch uile-oileáin agus custaiméirí a chumhachtú chun tabhairt faoina n-aistear dícharbónaithe.

**Feidhmíocht**
Tá an sciar margaidh foriomlán ag teacht le leibhéil 2022. Tá tuilleadh eolais le fáil in aonad gnó na Réiteach do Chustaiméirí ar leathanach 72.

**Cuspóirí Straitéiseacha** Custaiméirí Cumasaithe

### Custaiméir Cónaithe Sástacht – Electric Ireland, Poblacht na hÉireann

| | |
|---|---|
| 2023 | 73% |
| 2022 | 73% |
| 2021 | 81% |
| 2020 | 83% |
| 2019 | 84% |

**Sainmhíniú**
Beart maidir le sástacht custaiméirí cónaithe (Foinse: Suirbhé míosúil Rianaire CX Cónaithe curtha i gcrích ag IPSOS B&A).

**Ábharthacht Straitéiseach**
Tá tréaniarracht á déanamh ag ESB seirbhís ar ardchaighdeán do chustaiméirí a sholáthar agus tionscnaimh nua a bhunú a bhfuil sé mar aidhm leo eispéireas an chustaiméara a fheabhsú.

**Feidhmíocht**
Tá an meánscór fós cothrom le 73%. Tá dúshlán fós ag baint le scóir shástachta a mhéadú fad is atá billí fuinnimh fós ard, agus tá tionchar leanúnach ag an ngéarchéim costais mhaireachtála ar thuairimí tomhaltóirí. Tá sé mar aidhm ag Electric Ireland na rátálacha seo a chobhsú agus a fhorbairt i rith na bliana amach romhainn.

**Cuspóirí Straitéiseacha** Custaiméirí Cumasaithe

### Feasacht Branda – Electric Ireland, Poblacht na hÉireann

| | |
|---|---|
| 2023 | 96% |
| 2022 | 92% |
| 2021 | 93% |
| 2020 | 91% |
| 2019 | 97% |

**Sainmhíniú**
Feasacht ar Electric Ireland mar sholáthraí fuinnimh (Foinse: suirbhé míosúil Rianaire Branda Electric Ireland curtha i gcrích ag Red C Research).

**Ábharthacht Straitéiseach**
Tá sé mar aidhm ag ESB leanúint ar aghaidh ag tacú le branda Electric Ireland mar an príomhbhranda soláthair leictreachais in Éirinn.

**Feidhmíocht**
Is é Electric Ireland an branda is aitheanta sa mhargadh fós. Léiríodh go leor spéise san fheachtas fógraíochta dar teideal "Your World, Brighter" nuair a seoladh é. Chomh maith leis sin, léiríodh go leor spéise san fhógra teilifíse agus digiteach nua dar teideal "Magic Neighbour". Ina theannta sin, bhí go leor daoine airdeallach ar phríomh-urraíochtaí lena n-áirítear comhpháirtíocht Electric Ireland le Darkness into Light agus an nasc le Craobhchomórtais Mhionúir Uile-Éireann CLG.

**Cuspóirí Straitéiseacha** Custaiméirí Cumasaithe **Acmhainní Bunúsacha** Inbhuanaithe agus Freagrach go Sóisialta



## Baill Foirne

### Líon Ball Foirne

| | |
|---|---|
| 2023 | 8,890 |
| 2022 | 8,196 |
| 2021 | 7,870 |
| 2020 | 7,938 |
| 2019 | 7,974 |

**Sainmhíniú**
An meánlíon fostaithe sa bhliain lena n-áirítear fostaithe sealadacha atá fostaithe ag ESB.

**Ábharthacht Straitéiseach**
Éileoidh soláthar na straitéise eagraíocht atá ag feidhmiú ag scála ar leith agus atá solúbtha, spreagtha agus inoiriúnaithe.

**Feidhmíocht**
Mhéadaigh an líon ball foirne in 2023 mar gheall ar bhaill foirne a bheith á n-earcú i ngach aonad agus disciplín gnó chun tacú leis an Straitéis Aeráidneodracht faoi 2040. Tá tuilleadh sonraí le fáil i nóta 10 de na ráitis airgeadais.

**Cuspóirí Straitéiseacha** Ár nDaoine

### Gortuithe is Cúis le hAga Díomhaoin (LTInna) Fostaí

| | |
|---|---|
| 2023 | 53 LTIs |
| 2022 | 30 LTIs |
| 2021 | 40 LTIs |
| 2020 | 24 LTIs |
| 2019 | 43 LTIs |

**Sainmhíniú**
Is éard atá i gceist le LTInna Fostaí gortuithe a bhaineann leis an obair a bhfuil lá oibre amháin ar a laghad caillte dá mbarr (níl an lá ar tharla an gortú san áireamh).

**Ábharthacht Straitéiseach**
Tá ról lárnach ag cúrsaí sábháilteachta inár gcuid oibre. Tá ESB dírithe ar rioscaí gnó a laghdú a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le teagmhais dhíobhálacha. Tá tuilleadh sonraí maidir le sábháilteacht le fáil ar leathanach 93.

**Feidhmíocht**
In 2023, bhí an líon iomlán LTI fostaí cothrom le 53, sin méadú de 23 i gcomparáid le 2022. Baineann an méadú seo le líon fostaithe níos airde agus níos mó oibre a bhaineann le cláir chaiteachais chaipitil atá ag méadú. Tá ESB ag leanúint ar aghaidh ag infheistiú i dtionscnaimh a bhfuil sé mar aidhm leo an riosca gortaithe dá fhostaithe a laghdú.

**Cuspóirí Straitéiseacha** Ár nDaoine

Áirítear monatóireacht rialta ar na Táscairí Feidhmíochta Straitéiseacha agus bearta Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais sa straitéis, sa rannóg ar leathanach 16 agus i dTuarascáil Inbhuanaitheachta ESB (tá tuarascáil 2022 le fáil ar shuíomh gréasáin ESB).





# Daoine, An Pláinéad, An tSochaí



| | |
|---|---|
| Ár mBrabúis a Úsáid ar Bhealach Inbhuanaithe | 86 |
| Baill Foirne | 88 |
| Sláinte, Sábháilteacht agus Folláine | 93 |
| An Timpeallacht agus Inbhuanaitheacht | 96 |
| Pobal | 102 |
| Cearta an Duine | 106 |
| Rialachán maidir le Tacsanomaíocht an AE | 108 |

# Ár mBrabúis a Úsáid ar Bhealach Inbhuanaithe



## Bhí an caiteachas caipitil cothrom le €1.7 billiún in 2023

Bhíothas ag tacú le timpeallacht fuinnimh níos inbhuanaithe agus le fás geilleagrach trí sholáthar leictreachais atá sábháilte agus iontaofa a chur ar fáil do theaghlaigh agus do lucht gnó



## Tá forbairt á déanamh ag ESB ar thionscadail ghiniúna a bhfuil sé mar aidhm leo tacú le Straitéis Ghlan-nialasach faoi 2040 ESB

115 MW de thionscadail ghréine á bhforbairt

180 MW de chórais stórála ceallra i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath


190 MW de ghiniúint gháis sholúbtha ag trí shuíomh i mBaile Átha Cliath

Forbairtí in-athnuaite i dteannta lenár gcomhpháirtithe comhfhiontair iontaofa lena n-áirítear:
- Feirm Ghaoithe ón Talamh 1,080 MW Inch Cape
- Feirm Ghaoithe ón Talamh 448 MW Neart na Gaoithe
- 70 MW Feirm Ghréine Thigh Mochua Thuaidh

## Le chéile Cánacha iomlána íoctha ag Poblacht na hÉireann & An Ríocht Aontaithe €939 milliún

Cánacha iomlána a iompraíodh €369m
Cánacha iomlána bailithe €570m

An Ríocht Aontaithe cánacha íoctha €257 milliún



Poblacht na hÉireann cánacha íoctha €682 milliún

### Poblacht na hÉireann

| **Cánacha íoctha** | **€682m** |
|---|---|
| Cánacha a iompraíodh | €264m |
| Cánacha bailithe | €418m |

Roinnte idir

| **Cánacha a iompraíodh** | **€264m** |
|---|---|
| Brabúis tuillte - Cáin Chorparáide | €90m |
| Daoine fostaithe - ÁSPC Fostóra | €49m |
| An Timpeallacht - Cáin Leictreachais | €3m |
| Pobail áitiúla - Rátaí | €122m |

agus

| **Cánacha bailithe** | **€418m** |
|---|---|
| CBL ar dhíolacháin agus ceannacháin earraí/seirbhísí | €182m |
| Daoine fostaithe - PAYE, PRSI agus USC Fostaí | €178m |
| Timpeallacht - Cáin Charbóin | €19m |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí | €39m |

### An Ríocht Aontaithe

| **Cánacha íoctha** | **€257m** |
|---|---|
| Cánacha a iompraíodh | €105m |
| Cánacha bailithe | €152m |

Roinnte idir

| **Cánacha a Iompraíodh** | **€105m** |
|---|---|
| Brabúis tuillte - Cáin Chorparáide | €29m |
| Daoine fostaithe - Árachas Náisiúnta Fostóirí | €14m |
| Tobhach Gineadóra Leictreachais | €3m |
| An Timpeallacht - Tobhach Athraithe Aeráide | €28m |
| Pobail áitiúla - Rátaí | €31m |

agus

| **Cánacha bailithe** | **€152m** |
|---|---|
| CBL ar dhíolacháin agus ceannacháin earraí/seirbhísí | €111m |
| Daoine fostaithe - ÍMAT Fostaí, Árachas Náisiúnta | €30m |
| An Timpeallacht - Tobhach Athraithe Aeráide | €10m |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí | €1m |

Tabhair faoi deara:
Le cois an mhéid thuasluaite, i mí Eanáir 2024 íocadh €76m faoi idirghabhálacha mhargadh fuinnimh éigeandála Rialtas na hÉireann.
Tá ESB ag feidhmiú i ndlínsí taobh amuigh d'Éirinn agus den Ríocht Aontaithe freisin ach tá na brabúis agus na cánacha a bhaineann leis na dlínsí sin neamhábhartha.
Is éard atá i gceist le muirear cánach an cháin atá iompartha ag ESB as a chuid brabús féin agus is éard atá i gceist le cánacha bailithe, cánacha atá siarchoinnithe ó íocaíochtaí le daoine eile agus íoctha go díreach leis na húdaráis chánach.

## Ciste cruatain luach €5 mhilliún bunaithe

## Breis is €2.4 milliún chun tacú le pobail

Saol daoine agus pobal á chumhachtú agus á shaibhriú tríd an gclár um fhreagracht shóisialta chorparáideach

## Toradh díbhinne €220 curtha ar fáil do stocshealbhóirí in 2023

Cuirtear 97% ar fáil do Rialtas na hÉireann, an stocshealbhóir tromlaigh

## Beagnach €1.4 billiún de dhíbhinní fógartha thar 10 mbliana



## Breis is €1.7 milliún íoctha le hinfheisteoirí fiachais

Ús agus aisíocaíochtaí bliantúla

## Ranníocaíocht de bhreis ar €2.7 billiún curtha ar fáil do gheilleagar na hÉireann i bhfoirm párolla, cánacha, díbhinní agus ceannachán ó sholáthraithe baile

# Baill Foirne



**Sinéad Kilkelly**
Stiúrthóir Feidhmiúcháin,
Daoine agus Inbhuanaitheacht

## Is colún bunúsach de straitéis ESB - Difríocht a Dhéanamh: Aeráidneodracht faoi 2040 - é a chinntiú go bhfuil dóthain ball foirne againn chun ár gcuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh bunaithe ar chultúr atá ionchuimsitheach agus a bhfuil béim shuntasach á leagan ar luachanna ann.

Tá rath ESB bunaithe ar an bhfoireann atá ag obair don eagraíocht. Is iad ár mbaill foirne a chiallaíonn go bhfuilimid ar thús cadhnaíochta agus gur eagraíocht rathúil í ESB inniu. Tá spéis ar leith againn i mbaill foirne a mhealladh, a choimeád agus a fhostú a chruthaíonn timpeallacht oibre atá dearfach, ionchuimsitheach agus cuiditheach, agus a thugann bealaí nua éagsúla smaointeoireachta agus saineolais chuig ESB. Tá ról bunúsach aige seo inár rath leanúnach. I mí Bealtaine 2022, sheol ESB feachtas earcaíochta náisiúnta agus tá breis is 1,000 duine earcaithe againn i ndisciplíní éagsúla ó shin. Tá iarracht ar leith á déanamh againn cur leis an líon ban atá i mbun ról Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (STEM) agus ceardaíochta agus tá dul chun cinn suntasach á dhéanamh againn - is mná iad 27% de phrintísigh teicneora líonra nua na bliana seo.

Bliain lán dúshlán, athruithe agus deiseanna ba ea 2023 freisin. Tuigimid go bhfuil tionchar leanúnach chostas maireachtála na géarchéime fuinnimh ag cur isteach go mór ar ár gcustaiméirí agus go bhfuil brú ar ár mbaill foirne féin freisin. Tá taithí na mblianta ag ESB ar aire a thabhairt do na daoine a bhfuil tionchar againn orthu, ár bhfostaithe, custaiméirí agus na pobail a bhfuilimid ag freastal orthu. Tá tábhacht ar leith ag baint le leanúint ar aghaidh le cultúr ionchuimsitheach ESB a threisiú agus a fheabhsú i gcomhthéacs ár ratha agus a chinntiú go bhfuil gach rud a dhéanaimid bunaithe ar ár gceithre luach - táimid misniúil, táimid comhbhách, táimid díograiseach agus tá muinín ag daoine asainn.

Leagtar amach inár nGealltanas maidir le Baill Foirne tiomantas ESB dá fhostaithe i rith a n-aistir ghairme, go leor deiseanna mealltacha agus uathúla a chur ar fáil agus tacú le folláine agus fás daoine fad is atá siad ag cur le cuspóir ríthábhachtach na haeráidneodrachta ESB. Tá tábhacht straitéiseach ag baint le leanúint ar aghaidh le heispéireas ár mball foirne a fheabhsú ionas gur féidir linn an caighdeán atá sonraithe inár nGealltanas maidir le Baill Foirne a chomhlíonadh.

Fad is a bhímid ag machnamh ar an 12 mhí atá caite, ceiliúraimid an dul chun cinn atá déanta againn chomh fada is a bhaineann le timpeallacht a chruthú ina bhfuil meas á léiriú ar gach duine aonair, ina bhfuil tacaíocht á tabhairt do gach duine aonair agus ina bhfuil an cumas ag gach duine aonair a d(h)ícheall a dhéanamh. I suirbhé rannpháirtíocht le fostaithe a rinneadh le déanaí, mhéadaigh ár scór rannpháirtíochtaí ó 7.1 go dtí 7.5. Is fianaise é seo go bhfuilimid ag dul sa treo ceart, ach tá tuilleadh oibre fós le déanamh chun an sprioc atá sonraithe i straitéis ESB - scór rannpháirtíochta de 8/10 - a bhaint amach.

Tá athrú suntasach tagtha ar an timpeallacht oibre ó COVID-19, go háirithe i gcomhthéacs ár bhfostaithe atá lonnaithe in oifigí. Tá cur chuige uaillmhianach ag ESB maidir le hObair Chliste (ár samhail oibre cumaisc), cothromaíocht a chinntiú idir rogha fostaithe agus solúbthacht i ndáil le riachtanais ghnó, agus táirgiúlacht a bhainistiú mar aon le rioscaí a bhaineann le nasc cultúrtha. Is léir dúinn ónár sonraí gur thacaigh cur chuige ESB maidir le hObair Chliste leis an méadú ar rannpháirtíocht fostaithe agus lenár gcumas an tallann a theastaíonn uainn chun ár ngnó a fhorbairt a mhealladh agus a choimeád.

### Straitéis Ball Foirne ESB

An cultúr agus an cumas a theastaíonn d'fheidhmíocht leanúnach a chumasú, áit ar féidir le gach duine cur leis na hiarrachtaí a bheith aeráidneodrach faoi 2040.

| | | |
|---|---|---|
| **Stiúradh go hInbhuanaithe** | | **Inbhuanaitheacht agus Claochlú** |
| **Claochlú a Stiúradh agus a Chumasú** | | |
| **Borradh agus Coinneáil Cumais** | **Ceannaireacht Reatha agus Amach Anseo** | **Cumas, Ceannaireacht, Tallann** |
| **Cultúr Bunaithe ar Luach** | **Ionchuimsitheach agus Éagsúil** | **Ár gCultúr a Neartú** |
| **Sármhaitheas Oibríochtúil – Próisis, Léargas, Custaiméirí, Teicneolaíocht** | | **Na Rudaí Bunúsacha a Dhéanamh go hiontach** |
| **Sábháilte, Sláintiúil agus Freagrach ó thaobh Cúrsaí Comhshaoil** | | |

**TÁIMID MISNIÚIL**
Táimid ullamh chun dúshlán ár gnáthmhodha oibre a thabhairt, an rud ceart a dhéanamh agus triail a bhaint as bealaí oibre níos fearr.

**TÁIMID COMHBHÁCH**
Tá riachtanais reatha agus thodhchaíocha custaiméirí ag croílár ár gcuid oibre agus táimid féin agus daoine eile á gcoinneáil sábháilte agus sláintiúil.

**TÁIMID DÍOGRAISEACH**
Tá spéis againn san obair atá á cur i gcrích againn gach lá, táimid nuálach agus sásta comhoibriú le daoine eile chun na dúshláin agus deiseanna atá amach romhainn a thabhairt agus a thapú.

**TÁ MUINÍN AG DAOINE ASAINN**
Tá ról againn ar fad, glacaimid go dáiríre lenár bhfreagrachtaí, cuirimid ár gcuid oibre i gcrích agus tá ár sláinte agus sábháilteacht féin, agus sláinte agus sábháilteacht daoine eile á gcosaint againn.

# Baill Foirne (ar lean)

Tá dul chun cinn á dhéanamh againn i ndáil le cuspóirí ár Straitéise Éagsúlachta, Cothromais agus Ionchuimsitheachta. Tá an líon ban atá ag obair in ESB (níl NIE Networks agus So Energy san áireamh) méadaithe go dtí 27% agus tá sprioc de 30% sonraithe againn do dheireadh 2025. Tá an Bhearna Phá idir na hInscní (GPG) in ESB ag cúngú ach tá níos mó oibre fós le déanamh chun níos mó ban a mhealladh i dtreo ról STEM agus ceardaíochta. De réir mar a leanaimid ar aghaidh le daoine a earcú, táimid ag díriú ar conas is féidir linn foireann oibre níos ilghnéithí a fhorbairt, i ndáil le gach gné den ilghnéitheacht.

Maidir le 2024, beidh straitéis ball foirne ESB fós ag díriú ar acmhainn a fhorbairt agus a chultúr luachbhunaithe a fheabhsú chun Straitéis Aeráidneodrachta faoi 2040 ESB a chomhlíonadh agus d'fhonn a chinntiú go mbeidh timpeallacht ionchuimsitheach á cruthú ina mbeidh daoine ar a gcompord agus inar féidir leo barr a gcumais a bhaint amach.

### Ár gCultúr Luachbhunaithe a Threisiú

Tá luachanna ESB - a bheith misniúil, comhbhách, díograiseach agus iontaofa - ag tacú le sláine agus uaillmhian agus mar bhonn le cinntí agus leis an ngealltanas a chinntiú go mbeidh muinín ag custaiméirí agus pobail as ESB. Trí nasc a chruthú idir gach duine agus cuspóir agus straitéis ESB agus trína chinntiú go bhfuil luachanna ag croílár chultúr na heagraíochta éireoidh linn ár sprioc aeráidneodrachta a chomhlíonadh. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an mbealach a oibrímid lena chéile chomh fada is a bhaineann le cultúr oscailte agus ionchuimsitheach a chruthú, áit a bhfuil meas ar dhaoine agus áit a bhfuil muinín astu, agus áit a gcinneann gach duine freagracht a ghlacadh as a n-iompar féin gach lá.

I rith 2023, i ndiaidh rannpháirtíochta ar fud na heagraíochta, d'fhorbraíomar creat cultúir ina bhfuil tosaíochtaí iompair sonraithe atá fréamhaithe inár luachanna. I measc ár dtosaíochtaí cultúir tá seirbhís a sheachadadh ar bhealach fuinniúil agus ag luas cuí, comhoibriú láidir a chinntiú go hinmheánach agus go seachtrach, agus timpeallacht ionchuimsitheach ina bhfuil cead cainte ag gach duine a chruthú. Tacóidh an creat seo le cur chuige comhtháite maidir le hathrú cultúir ar fud na heagraíochta.


Leanfaimid ar aghaidh le cultúr luachbhunaithe ESB a fhorbairt agus a threisiú, cuirfimid nádúr athraitheach an tsaoil oibre san áireamh, mar aon le hionchais fostaithe agus ilghnéitheacht mhéadaithe ár mball foirne. In 2023 leagadh béim ar leith ar leanúint ar aghaidh lenár mbaill foirne a nascadh le cuspóir ESB, ár straitéis uaillmhianach agus ár luachanna.

In 2023, d'fhorbraíomar agus leabaíomar ár gcur chuige uaillmhianach agus misniúil maidir le hObair Chliste, thairgeamar deiseanna oibre cumaisc solúbtha dár bhfostaithe oifige agus chinntíomar ag an am céanna go rabhamar ag freastal ar riachtanais an ghnó. Cabhraíonn sé seo le deireadh a chur le suíomh geografach mar bhacainn agus tugann sé níos mó deiseanna don tallann atá ar fáil againn faoi láthair agus don tallann a bheidh ar fáil amach anseo. I suirbhé a rinneadh le déanaí, thug 85% de na fostaithe le fios go raibh a dtaithí ar Obair Chliste dearfach agus thug 80% le fios go bhfuil tionchar dearfach ag Obair Chumaisc ar a gcinneadh fanacht ag obair in ESB. Trí thairbhe a bhaint as ionchur agus tacaíocht as ar fud na heagraíochta, éisteacht lenár mbaill foirne agus úsáid a bhaint as léargas seachtrach, tá cur chuige ESB ag forbairt go leanúnach. Chomh maith leis sin, tá béim leanúnach á leagan ar na deiseanna agus ar na dúshláin a bhaineann le hobair chumaisc a bhainistiú chun tionchar dearfach a imirt ar fhoireann ESB.

### Ár nGealltanas maidir le Baill Foirne

Tá aidhm ESB soiléir agus tá gealltanas tugtha aige todhchaí níos gile a chinntiú trí ghníomhaíochtaí comhchoiteanna gach ball foirne. Creidimid gur cheart dúinn timpeallacht dhearfach agus sholúbtha a chruthú ina mothaíonn gach duine sábháilte, cumhachtaithe agus tábhachtach. Tá Ár nGealltanas maidir le Baill Foirne fréamhaithe inár luachanna.

Trí bheith airdeallach ar an tábhacht a bhaineann lenár mbaill foirne, déanaimid iarracht teacht ar thuiscint ar conas a bhraitheann daoine faoi ESB trí rannpháirtíocht dhá bhealach, fócasghrúpaí agus suirbhéanna fostaithe "Ár nGuth". Cabhraíonn sé seo linn bealaí chun eispéireas fostaithe a fheabhsú a aimsiú agus ár nGealltanas maidir le Baill Foirne a chomhlíonadh.




Tairgeann ESB pacáiste luaíochtaí iomaíoch mar aon sochair agus tacaíochtaí cuimsitheacha d'fhostaithe lena n-áirítear tionscnaimh sláinte, folláine agus éagsúlachta, tacaíochtaí teaghlaigh agus socruithe oibre solúbtha. Táimid tiomanta do chonair ghairme mar aon le tacaíochtaí d'fhorbairt leanúnach agus bítear ag súil leis go mbeidh plean forbartha ag gach fostaí. Tá ESB airdeallach ar na saincheisteanna a bhfuil spéis ag ár bhfostaithe iontu agus soláthraímid deiseanna chun obair dheonach a dhéanamh agus cuirimid ranníocaíochtaí flaithiúla ar fáil do charthanachtaí.

Is fostóir comhdheiseanna é ESB agus urramaíonn sé ceart gach fostaí teagmháil a dhéanamh le agus a bheith ina c(h)omhalta de Cheardchumann. Tá ESB airdeallach air agus glacann sé páirt i gcómhargáil le roinnt Ceardchumann creidiúnaithe (Grúpa Cumann ESB). Mar chuid de nósanna imeachta casaoide inmheánacha, úsáidtear Comhairle Thionsclaíoch a bhfuil ionadaithe ón bhfoireann bainistíochta agus fostaithe páirteach ann, agus tá sé faoi chathaoirleacht cathaoirleach neamhspleách seachtrach. Mar chuid de thimthriall pá ESB, thángthas ar chomhaontú pá trí bliana le thart ar 5,500 fostaí, éifeachtach ón 1 Eanáir 2022.

### Forbairt Acmhainne

Tá cuid na cláir oibre is spéisiúla agus is dúshlánaí sa tionscal ag ESB agus éireoidh linn straitéis 2040 a chomhlíonadh má bhíonn na daoine cearta, an teicneolaíocht cheart agus an infheistíocht cheart againn.

Is príomhcholúin de Straitéis Tallainne ESB é baill foirne a mhealladh, a choimeád agus a fhorbairt. Tá sé mar aidhm againn deis a thabhairt dár mbaill foirne barr a gcumais a bhaint amach, agus deis forbartha a thabhairt dóibh agus spéis a léiriú sa todhchaí aeráidneodrach ar fud na heagraíochta. Tá spéis ar leith againn i mbaill foirne iontacha a mhealladh, fhorbairt agus a choimeád a chruthaíonn timpeallacht oibre atá dearfach agus cuiditheach, agus a thugann bealaí nua smaointeoireachta agus saineolas nua chuig ESB. Táimid bródúil as an nós atá againn infheistiú i scileanna leanúnacha agus forbairt ghairme i rith gach céim den aistear gairme.



Ó fógraíodh an feachtas earcaíochta náisiúnta trí bliana i mí na Bealtaine 2022, tá breis is 1,000 duine nua earcaithe ag ESB as measc 40,000 iarratas a bhain le roinnt disciplíní agus leibhéal (lena n-áirítear feachtais a bhí dírithe ar phrintísigh agus céimithe). Tá fás inmheánach agus acmhainní nua a mhealladh i bpríomhréimsí saineolais cosúil le teicneolaíochtaí in-athnuaite ríthábhachtach chun ár straitéis aeráidneodrachta a chomhlíonadh faoin mbliain 2040.

### Tacú le Ceannairí na Todhchaí

I rith 2023, dhíríomar ar shaineolas ceannaireachta a fhorbairt i measc ár mbainisteoirí foirne nuair a sheolamar Clár Buneolais Bainisteoirí ár mBall Foirne, clár a gcláraítear gach ceannaire ball foirne nuacheaptha ann go huathoibríoch chun tacú leis an gcéad chéim dá ngairm cheannaireachta. Chomh maith leis sin, sheolamar Acadamh Ceannaireachta ESB, atá dírithe ar chur chuige níos struchtúrtha maidir le forbairt leanúnach ár gceannairí.

Comhpháirt lárnach de na pleananna chun píblíne na todhchaí a threisiú é Straitéis Luathghairme ESB, a sholáthraíonn deiseanna chun scileanna agus eispéireas a fhorbairt i raon leathan príomhdhisciplíní, agus acmhainn inbhuanaithe níos fadtéarmaí a fhorbairt don eagraíocht. D'infheistigh ESB i roinnt clár agus comhpháirtíochtaí chun spéis na nglúnta níos óige a mhúscailt san obair atá á déanamh aige, cosúil le feidhmiú mar urraitheoir náisiúnta Science Blast, clár ar ghlac breis is 17,000 leanbh as 590 scoil ar fud na hÉireann páirt ann in 2023.

Oibríonn ESB i gcomhpháirt le comhairleoirí gairmthreorach trína líonra (Líonra Treorach agus Tionscail) chun tacú leo léargas a fháil ar scileanna, inniúlachtaí agus conairí a bhaineann le STEM. Chomh maith leis sin, tairgeann ESB raon leathan agus spéisiúil eispéireas socrúcháin oibre trí chlár céimithe mealltach, duaisbhuaiteach a chur ar fáil.

### Éagsúlacht, Cothromas agus Ionchuimsitheacht (DEI) in ESB

Tá tús áite á thabhairt do agus is riachtanas gnó é gach gné d'éagsúlacht fhoireann ESB a mhéadú. I ndiaidh Straitéis Éagsúlachta, Cothromais agus Ionchuimsitheachta ESB a nuashonrú in 2023, tá sprioc sonraithe ag ESB (níl NIE agus So Energy san áireamh) gur mná a bheadh in 30% den fhoireann oibre faoin mbliain 2025. Chomh maith leis sin, tá gealltanas tugtha ag ESB do sprioc na hearnála poiblí - gur fostaithe faoi mhíchumas iad 4.5% de na fostaithe faoin mbliain 2024, figiúr a mhéadóidh go dtí 6% faoin mbliain 2025. Trí shonraí maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní (GPG) a fhoilsiú cabhraítear leis an mbéim atá á leagan ag ESB ar éagsúlacht agus cothromas a mhéadú a threisiú, agus tacú le háit oibre atá oscailte agus ionchuimsitheach. Tá eolas maidir leis an méadracht reatha éagsúlachta agus GPG do Ghrúpa ESB le fáil sa tábla thall.

Tá meán GPG Phoblacht na hÉireann ESB de 10.6% ag laghdú go leanúnach agus tugadh feabhas de 0.3% faoi deara i gcomparáid le 2022 (1% i gcomparáid le 2021). Nuair nach gcuirtear ragobair agus liúntais shonracha róil san áireamh, laghdaíonn an GPG go dtí 2.6%, sin laghdú de 0.65% i gcomparáid le 2022 (1.9% i gcomparáid le 2021). Is é príomhthiomántóir GPG an líon níos ísle ban a bhfuil ionadaíocht á déanamh orthu ar fud ESB i bPoblacht na hÉireann (27%), go háirithe laistigh de dhisciplíní cosúil le ceardaíocht agus STEM. Príomhghnó de Straitéis Ball Foirne ESB é an GPG a laghdú tuilleadh. Tá roinnt gníomhaíochtaí tosaíochta sainaitheanta ag an eagraíocht chun níos

## Baill Foirne (ar lean)

mó ban a mhealladh chun tabhairt faoi phrintíseachtaí leictreacha agus ceardaíochta eile, cláir chéime, róil innealtóireachta agus róil STEM eile. Tuigeann ESB ionas gur féidir é sin a bhaint amach nach mór dó leanúint ar aghaidh lena chláir féin agus nach mór iarracht náisiúnta a dhéanamh freisin ag an leibhéal bunscoile, meánscoile agus tríú leibhéal chun níos mó ban a spreagadh chun tairbhe a bhaint as na deiseanna agus gairmeacha atá ar fáil in STEM.

San áireamh i measc phríomhréimsí Straitéis Éagsúlachta, Cothromais agus Ionchuimsitheachta 2023 ESB bhí:

- A chinntiú go mealltar tallann éagsúil trí athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais agus ar chleachtais earcaíochta agus trí thairbhe a bhaint as comhpháirtíochtaí reatha agus nua cosúil le OpenDoors, ASiAM agus AHEAD.
- Tuilleadh forbairt a dhéanamh ar Phleananna Gníomhaíochta Éagsúlachta do chláir atá dírithe ar phrintísigh teicneora líonra agus céimithe innealtóireachta.
- Chun cur le rath agus tionchar an chláir dhuaisbhuaitigh, BeMe@ESB (ERG LGBT+ ESB a bhfuil breis is 2,500 comhghuaillí oilte páirteach ann), sheol ESB trí ghrúpa acmhainní fostaí nua (Inrochtaineacht, Éagsúlacht Chultúrtha agus Eitneach, agus Inscne).
- Seoladh tionscnamh forbartha gairme nua, deartha ag mná, do mhná, i mí Dheireadh Fómhair. Is é an aidhm atá leis an gclár 'Conairí Ratha' tacú le mná a mbranda pearsanta féin a fhorbairt, man chuid dá bhforbairt phearsanta féin agus díriú ar a ngairmeacha in ESB.
- Tá ceannaireacht ESB á méadú trí ghrúpaí rannpháirtíochta lena n-áirítear Comhairle Chlub 30% na hÉireann, Mná i Róil Theicneolaíochta a Nascadh, Innealtóirí Éireann, Líonra Ban Gairmiúil Bhaile Átha Cliath agus Fóram Éagsúlachta IBEC.
- Leanúint ar aghaidh ag feidhmiú mar ósteagraíocht do Chlár Intéirneachta Mhúinteoirí STEM, a thairg intéirneachtaí íoctha 12 sheachtain do mhúinteoirí bunscoile agus meánscoile STEM a mbeidh róil STEM á gcomhlíonadh acu amach anseo. In 2023, d'oibrigh ESB le Skillnet Ireland freisin agus ghlac sé páirt ina chlár duaisbhuaiteach "ReBoot" a thacaíonn le mná a bhfuil scileanna agus taithí socrúcháin acu filleadh ar an obair sa réimse teicneolaíochta/TF i ndiaidh sos gairme a ghlacadh.

### Tuairisciú GPG

| | Poblacht na hÉireann (tá ragobair san áireamh)[1] | Poblacht na hÉireann (níl ragobair san áireamh)[1] | NIE Networks[2] | So Energy[3] |
|---|---|---|---|---|
| GPG meánach | 10.6% | 2.6% | 8.8 % | 23.2% |
| GPG airmheánach | 10.3% | 0.16% | 10.25% | 0% |

1 Fianaise ar cheanglais Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021 (agus clúdaítear an tréimhse thuairiscithe 12 mhí dar críoch an 30 Meitheamh 2023). Tá tuarascáil GPG iomlán ESB le fáil ar shuíomh gréasáin ESB.
2 Ainneoin go bhfuil ceanglais GPG na Ríochta Aontaithe i bhfeidhm ó 2017, níl aon cheanglas dlí ann i dTuaisceart na hÉireann chun tuairisciú a dhéanamh maidir leis seo. Tá ríomhanna bunaithe ar shonraí tuarastail (bunphá) a chlúdaíonn an tréimhse thuairiscithe 12 mhí dar críoch an 5 Aibreán 2023. Le cois an eolais thuasluaite, tá an bónas GPG meánach cothrom le 16.3% agus tá an bónas GPG airmheánach cothrom le 9.4%.
3 Fianaise ar cheanglais Rialacháin na Gníomhaíochta Comhionannais (Faisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní), 2017 (agus clúdaítear an tréimhse thuairiscithe 12 mhí dar críoch an 5 Aibreán 2023). Le cois an eolais thuasluaite, tá an bónas GPG meánach cothrom le 19.8% agus tá an bónas GPG airmheánach cothrom le 2.2%.

Tabhair faoi deara: Níl tuairisciú GPG le haghaidh fostaithe eile ESB sa Ríocht Aontaithe (i.e. seachas NIE Networks agus So Energy) críochnaithe faoi láthair de bhrí nach gcomhlíonann ESB an tairseach de 250 fostaí ar an dáta samplach.

### Tuairisciú eile

| | Poblacht na hÉireann | NIE Networks | So Energy |
|---|---|---|---|
| Mná | 27%[1] | 20%[3] | 29%[4] |
| Mná ar Baill den Fhoireann Bainistíochta Shinsearach iad | 33%[1] | 38%[3] | 50%[4] |
| Fostaithe atá faoi mhíchumas | 3.8%[2] | Níl ar fáil | 4%[5] |

1 Bunaithe ar an líon fostaithe iarbhír ar dháta tuairiscithe samplach GPG, an 30 Meitheamh 2023. San áireamh san fhoireann bainistíochta shinsearach tá gach fostaí baineann atá ceaptha ag bandaí pá leibhéal sinsearach ESB.
2 San áireamh tá fostaithe a bhfuil sriantacht shubstaintiúil (sofheicthe agus neamhfhollasach) ar a gcumas chun gairm, gnó nó slí bheatha a sheoladh nó páirt a ghlacadh i saol sóisialach nó cultúrtha mar gheall ar mhallachar marthanach coirp, céadfa, meabhairshláinte nó intleachta. Bunaithe ar an líon fostaithe iarbhír ag an 31 Nollaig 2023, seachas fostaithe sealadacha agus daoine atá i mbun clár céime agus printíseachta. Tá na torthaí bunaithe ar shuirbhé a d'fhreagair fostaithe go deonach agus bhí an ráta freagartha cothrom le 38%.
3 Bunaithe ar an líon fostaithe iarbhír ar dháta tuairiscithe samplach GPG, an 5 Aibreán 2023. San áireamh sa bhainistíocht shinsearach tá gach bean atá i mbun ról atá rangaithe mar ról bainisteora shinsearaigh.
4 Bunaithe ar an líon fostaithe iarbhír ar dháta tuairiscithe samplach GPG, an 5 Aibreán 2023. Is éard atá i gceist leis an mbainistíocht shinsearach gach bean ata fostaithe ag leibhéal POF 1.
5 Bunaithe ar fhostaithe a chuir in iúl go bhfuil siad faoi mhíchumas.

- Tá Clár Oiliúna ESB do Dhaoine faoi Mhíchumas á chur ar fáil trínár gcomhpháirtíocht sheanbhunaithe le Clár Toilteanach, Cumasach agus Meantóireachta AHEAD do chéimithe faoi mhíchumas. Ó bunaíodh an Cláir, tá breis is 120 duine i ndiaidh páirt a ghlacadh sa chlár sé mhí in ESB.
- Rolladh amach leanúnach Chlár Aistrithe Tuismitheoireachta ESB – clár fianaisebhunaithe, duaisbhuaiteach, oiliúintbhunaithe chun tacú le haistrithe rathúla gach tuismitheoir nua, is cuma cén cineál aistir tuismitheoireachta a bhí acu.
- Acmhainn cheannaireachta a mhéadú ar fud ESB trí phrionsabail na héagsúlachta, an chothromais agus na hionchuimsitheachta a leabú laistigh de phróisis roghnúcháin inmheánacha inniúlachtbhunaithe ESB do bhainisteoirí agus laistigh de chláir forbartha ceannaireachta agus bainisteoirí sinsearacha. Chomh maith leis sin, cuireann Coiste Feidhmiúcháin ESB oiliúint cheannaireachta ionchuimsitheach rialta i gcrích.

Tosaíocht i gcomhair 2024 é forbairt a dhéanamh ar bhailiú sonraí déimeagrafacha reatha ESB d'fhonn a chinntiú go gcuirtear na tacaíochtaí atá ag teastáil uathu ar fáil do gach fostaí agus go bhfuil 'comhionannas deiseanna' á chinntiú trí chothromas agus ionchuimsitheacht.



# Sláinte, Sábháilteacht agus Folláine

### Forléargas

Tá Bord, foireann bainistíochta agus fostaithe Bhord ESB tiomanta do shláinte agus sábháilteacht fostaithe, custaiméirí, conraitheoirí agus daoine a bhfuil ESB ag freastal orthu a chosaint; cuirtear a sábháilteacht san áireamh ar dtús nuair a bhíonn gníomhartha agus gníomhaíochtaí gnó á gcur i gcrích. Creideann ESB gur féidir gach próiseas oibríochtúil a dhearadh agus a fheidhmiú ar bhealach sábháilte. Tá an tuiscint seo mar bhonn leis an gcur chuige maidir le sábháilteacht i ngach gníomhaíocht gnó agus á treisiú trí cheannaireacht láidir agus infheicthe ar fud ESB.

Is ar an bPríomhfheidhmeannach atá an fhreagracht fhoriomlán as sláinte, sábháilteacht agus folláine in ESB a bhainistiú. Sonraítear i Ráiteas Sábháilteachta Ghrúpa ESB an beartas foriomlán agus na socruithe ginearálta chun sláinte, sábháilteacht agus folláine gach fostaí a chinntiú. Tá freagracht fheidhmiúil á roinnt leis an bhfoireann bainistíochta shinsearach ar fad agus, le gach bainisteoir, maoirseoir, ceannaire foirne agus fostaí. Tacaíonn an Coiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Cultúir leis an mBord le monatóireacht agus rialachas sláinte, sábháilteachta agus folláine. Tá tuilleadh eolais maidir leis an gCoiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Cultúir le fáil ar leathanach 156.

### Feidhmíocht Sábháilteachta in 2023

Úsáideann ESB na Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) seo a leanas chun feidhmíocht sábháilteachta a rianú:

**1. Tuairisciú Éadáil Mhaith:** Is éard atá i gceist le hÉadáil Mhaith nuair a dhéanann fostaí nó conraitheoir idirghabháil nuair a thugann sé/sí gníomh míshábháilte nó coinníoll míshábháilte faoi deara. Is bealach é seo chun iarracht a dhéanamh teagmhas sábháilteachta a chosc. Tuairiscíodh 10,869 Éadáil Mhaith san eagraíocht i rith 2023, figiúr a sháraigh an sprioc PTF.

**2. Clabhsúr a chur le himscrúdú P1:** Is éard atá i gceist le teagmhas P1 teagmhas a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le gortuithe athraithe saoil. Catagóiríonn ESB gach teagmhas agus neasteagmhas agus leagtar béim ar leith ar theagmhais a bhfuil poitéinseal ard luaite leo a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le torthaí níos tromchúisí. Déantar imscrúdú críochnúil ar gach teagmhas P1. Tuairiscítear sa PTF ar chlabhsúr imscrúdú P1 ar chlabhsúr tráthúil a chur le himscrúduithe. Sáraíodh an sprioc PTF seo ag deireadh 2023 agus ar an meán, cuireadh clabhsúr le 86% de chásanna in am gach mí.

**3. Clabhsúr a chur le gníomh P1:** Go minic, i ndiaidh imscrúdú a dhéanamh ar theagmhas P1, bíonn na torthaí mar bhonn le gníomhartha ceartaitheacha. Rianaíonn an PTF seo clabhsúr tráthúil a chur le gach gníomhaíocht a bhaineann le teagmhais P1. Comhlíonadh an sprioc a bhí luaite le clabhsúr a chur le gníomh P1 in 2023 agus bhí an meánráta clabhsúir sa mhí cothrom le 80%.


**4. Gníomhaíochtaí ceannaireachta na foirne bainistíochta sinsearaí:** Bítear ag súil go léireoidh gach bainisteoir sinsearach in ESB a c(h)eannaireacht sábháilteachta trí ghníomhaíochtaí ceannaireachta a chur i gcrích gach mí. Rianaíonn an PTF seo clabhsúr a chur leis na gníomhaíochtaí seo. Tríd is tríd, bhí an mheánfheidhmíocht faoin spriocleibhéal - 78% a bhí luaite leis an ráta clabhsúir don bhliain.

**5. Clabhsúr a chur neamhchomhréireacht iniúchta:** Tá ESB deimhnithe ag Córais Bhainistíochta Sábháilteachta (SMS) sheachtracha. Déantar neamhchomhréireachtaí a bhaineann le hiniúchtaí seachtracha na SMS seo a rianú ag féachaint do chríochnú in ann. Bíonn an líon neamhchomhréireachtaí, idir bheag agus mhór, íseal i gcónaí. Cuireadh clabhsúr le gach gníomh in am.

### Gortuithe is Cúis le hAga Díomhaoin

Is gortuithe ceirde iad Gortuithe is Cúis le hAga Díomhaoin (LTInna) a bhíonn mar bhonn le lá amháin, ar a laghad, d'asláithreacht ón obair; níl an lá ar tharla an gortú san áireamh. In 2023 bhí an líon LTInna cothrom le 87 i gcomparáid le 61 in 2022 agus 69 in 2021. Baineann an méadú in 2023 le líon fostaithe níos airde agus níos mó oibre a bhaineann le cláir caiteachais chaipitil atá ag méadú. Ní raibh gortuithe suntasacha san áireamh ina measc agus tháinig na páirtithe gortaithe ceart go leor gan mhoill agus bhí ar a gcumas filleadh ar an obair. Ba iad sciorrthaí agus sleamhnuithe na cúiseanna ba choitianta a bhí le LTInna, agus feasacht ghinearálta staide.

**Fíor 1: Gortuithe is Cúis le hAm Caillte 2019-2023**



# Sláinte, Sábháilteacht agus Folláine (ar lean)

**Teagmhais lena mbaineann Poitéinseal Ard (P1)**
In 2023, taifeadadh 183 teagmhas P1. Tugadh méadú ar an líon teagmhas P1 faoi deara in 2023 i gcomparáid leis an tréimhse idir 2019 - 2022 mar gheall ar líon fostaithe méadaithe agus níos mó oibre a bheith á déanamh.

In 2023, thaifead ESB líon níos lú LTIanna tromchúiseacha, dhá ghortú, i gcomparáid leis na trí bliana roimhe seo (2022: 3, 2021: 4 agus 2020: 11). Is iad na rioscaí sábháilteachta is suntasaí a eascraíonn as teagmhais P1 i gcás ESB, gléasra leictreach, trealamh agus cáblaí lasnairde. Tarlaíonn go leor teagmhas mar gheall ar earráid dhaonna freisin.

Tá ESB ag leanúint ar aghaidh ag infheistiú i dtionscnaimh a bhfuil sé mar aidhm leo an riosca gortaithe dá fhostaithe agus conraitheoirí a laghdú.

**Sábháilteacht an Phobail**
I rith 2023, lean ESB Networks lena Straitéis um Shábháilteacht an Phobail (2021 – 2025) a chur chun feidhme. Sa straitéis dírítear ar rannpháirtíocht agus ar chomhoibriú le príomhghrúpaí atá i mbaol atá sainaitheanta, lena n-áirítear an earnáil feirmeoireachta, an tionscal tógála, na seirbhísí éigeandála agus eolas a roinnt leis an bpobal i gcoitinne maidir leis an riachtanas fanacht sábháilte agus sách fada ón líonra leictreachais trí chainéil mheáin éagsúla. Bhí seirbhís freagartha éigeandála 24/7/365 ESB Networks ag feidhmiú ag na caighdeáin is airde chun sábháilteacht an phobail a chinntiú. In 2023, cuireadh iniúchadh neamhspleách ar Chlár Bainistíochta Shábháilteacht an Phobail ESB Networks i gcrích thar ceann an Choimisiúin um Rialáil Fóntais (CRU) agus níor taifeadadh aon neamhchomhréireacht.

Níor taifeadadh aon bhás in 2023 a raibh baint ag baill den phobal leis agus leis an líonra leictreachais a bhfuil ESB Networks freagrach as, rud is féidir a rá faoin seacht mbliana roimhe sin freisin. Tharla cheithre theagmhas, áfach, a bhain le teagmháil a bheith á déanamh ag baill den phobal leis an líonra ba chúis le turraing leictreachais agus tréimhse san ospidéal.

**Fíor 2: Teagmhais P1 2019-2023**




I dTuaisceart Éireann, cuireadh gnéithe de Chlár Shábháilteacht an Phobail NIE Networks i gcrích trí fhógraí ar an raidió, sna meáin chlóite agus fógraí digiteacha. Dearadh na teachtaireachtaí raidió chun díriú ar dhéimeagrafaic éagsúil, lena n-áirítear an earnáil talmhaíochta, agus baineadh tairbhe as fógraí sna meáin chlóite i bhfoilseacháin phríomhshrutha agus foilseacháin talmhaíochta shonracha. In 2023, eagraíodh láithreoireachtaí do chonraitheoirí ar fud an tionscail, fóntais eile agus a gcomhpháirtithe conarthacha. Thug Clár Shábháilteacht an Phobail 2023 deis do NIE Networks cuairt a thabhairt ar scoileanna nó láithreoireachtaí a óstáil ar ardáin fhíorúla. Athdhearadh láithreoireacht KidzSafe chun í a chur in oiriúint do churaclam na scoile agus chun a chinntiú go mbeadh níos mó spéise ag páistí ann fad is a bhíothas ag cinntiú go raibh na teachtaireachtaí sábháilteachta ábhartha ar fad á roinnt.

**Safe and Sound**
Is é Safe and Sound clár aistrithe cultúir sábháilteachta agus folláine ESB. Ó seoladh é in 2018, i ESB Networks agus Giniúint agus Trádáil, tá dul chun cinn suntasach déanta i ndáil le cultúr ESB a fhorbairt. Chabhraigh an clár lena chinntiú go bhfuil ról lárnach ag sábháilteacht agus ag folláine san obair ar fad a chuirtear i gcrích. Tá an clár bunaithe ar bhunluachanna ESB: aire a thabhairt do shábháilteacht agus folláine an duine féin agus a c(h)omhghleacaithe; a bheith sách muiníneach chun labhairt amach má fheiceann duine rud éigin nach bhfuil sábháilte; iontaoibh a bheith agat as fostaithe, comhpháirtithe atá páirteach i gconarthaí agus custaiméirí go mbeidh siad sábháilte gach lá agus fonn a bheith orthu feidhmiú mar cheannairí chomh fada is a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus folláine agus freagracht chomhshaoil.

In 2023, lean ESB le Safe and Sound a fhorbairt mar chuid dá Acadamh Ceannaireachta, agus ghlac fostaithe páirt i gcláir scileanna ceannaireachta agus forbartha cultúir.

**Sláinte agus Folláine**
Tá ESB tiomanta do thacú ar bhonn réamhghníomhach lena fhostaithe trí shláinte agus folláine mhaith. Cabhraíonn foireann Sláinte agus Folláine ESB le fostaithe barr a gcumais a bhaint amach san ionad oibre trí sheirbhísí sláinte agus folláine réamhghníomhacha, coisctheacha agus luath-idirghabhála a sholáthar. Soláthraíonn sé faisnéis agus comhairle d'fhostaithe chun cabhrú leo stíl mhaireachtála sláintiúil a chruthú agus a bhunú. Soláthraíonn an clár seo tacaíocht éifeachtach nuair a bhíonn fostaithe ag déileáil le drochshláinte agus dúshláin eile ina saol pearsanta trí sheirbhís leighis sláinte ceirde, Clár Cúnaimh d'Fhostaithe (EAP), seirbhís chomhairleachta neamhspleách agus raon beart tacaíochta eile. Soláthraíodh cothú sláinte, bunaithe ar fhéilire de réimsí fócais míosúla, trí imeachtaí ar líne, imeachtaí ar fhreastail daoine orthu, feasacháin míosúil sláinte agus folláine, agus seimineáir ghréasáin rialta maidir le meabhairshláinte agus sláinte fhisiciúil.

**Príomhthionscnaimh agus príomhchláir curtha chun feidhme nó reáchtáilte ar bhonn leanúnach in 2023**

| | |
|---|---|
| **Leibhéal Foriomlán** | ▪ Tá deimhniú SMS ag caighdeán ISO45001 ag aonaid ghnó ESB<br>▪ Tugann idirghabhálacha sábháilteachta, sláinte agus folláine réamhghníomhacha 'Éadáil Mhaith' deis do gach duine freagracht a ghlacadh as sábháilteacht agus folláine ar fud ESB<br>▪ Soláthraíonn ionaid inniúlachta ceannaireacht agus treo chun príomhrioscaí sábháilteachta agus folláine a bhainistiú<br>▪ Lean ESB le dul chun cinn a dhéanamh in 2023 chun a fheidhmíocht sábháilteachta a fheabhsú trí phríomhthionscadail feabhais a sholáthar<br>▪ Déantar príomhrioscaí agus a modhanna bainistíochta a athbhreithniú agus a thuairisciú ar bhonn ráithiúil do Bhainisteoir Riosca an Ghrúpa agus don Choiste Iniúchta agus Riosca |



**Príomhthionscnaimh agus príomhchláir curtha chun feidhme nó reáchtáilte ar bhonn leanúnach in 2023 (ar lean)**

| | |
|---|---|
| **ESB Networks** | ▪ Tá an fhoireann Inniúlachta agus Dearbhaithe ag leanúint ar aghaidh ag cur leis an réimsí agus gníomhaíochtaí oibre atá á gclúdach ag an gclár dearbhaithe<br>▪ Lean ESB Networks ag díriú ar Fhachtóirí Daonna mar théama sábháilteachta i rith 2023 agus spreag na téamaí míosúla rannpháirtíocht agus freagairt dhearfach<br>▪ Tá níos mó airde á díriú de réir a chéile ar an gClár Aistrithe Cultúir Safe and Sound<br>▪ Táthar ag leanúint ar aghaidh mar ba cheart le cláir agus tionscnaimh a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre agus sábháilteacht an phobail agus tá ábhar spéisiúil curtha ar fáil do ghrúpaí agus do pháirtithe leasmhara atá i mbaol |
| **NIE Networks** | ▪ Táthar ag leanúint ar aghaidh ag obair leis an gclár aistrithe cultúir Safer Together ar cuireadh leis trí cheannaireacht láidir agus shofheicthe agus trí thacar feabhsuithe sábháilteachta a fhorbairt ó 2020<br>▪ Tá acmhainní inmheánacha forbartha trí na Cóitseálaithe Sábháilteachta, Cultúir agus Ceannaireachta<br>▪ Díríodh ar shláinteachas oibre mar aon le sláinte agus folláine in 2024 ionas go bhféadfaí leanúint ar aghaidh leis an aistear i dtreo 'díobháil nialasach' |
| **Giniúint agus Trádáil (GT) agus Réitigh do Chustaiméirí (CS)** | ▪ Tá an Córas Sábháilte Oibre (SSoW) in GT in úsáid i ngach suíomh anois<br>▪ Eagraíodh cainteanna boscaí uirlisí don fhoireann ar fad in CS<br>▪ Cuireadh Córas Bainistíochta Ionduchtúcháin nua i bhfeidhm in GT<br>▪ Cuireadh tús le céim a dó den fheachtas sábháilteachta iompair in GT<br>▪ Cultúr de thaifeadadh iompar sábháilteachta dearfach a fhorbairt in GT<br>▪ Próisis maoir Rialachán Tógála (Éire)/Rialachán Dearaidh agus Bainistíochta Tógála (an Ríocht Aontaithe) feabhsaithe agus leabaithe le haghaidh Seirbhísí Fuinnimh Chliste agus carranna leictreacha in CS agus an próiseas iniúchta feabhsaithe i Seirbhísí Fuinnimh Chliste<br>▪ Staidéar ar Ghuaiseacha agus Inoibritheacht críochnaithe do gach suíomh hidrigine agus gás nádúrtha in GT<br>▪ Athbhreithniú guaise ar an bpróiseas rioscabhunaithe curtha i gcrích ag gach suíomh GT hidreachumhachta<br>▪ Tionscadal píolótach lipéadaithe agus líníochtaí curtha i gcrích ag Ard na Croise in GT<br>▪ Ceardlanna sábháilteachta leictreachais curtha i gcrích ag gach suíomh GT<br>▪ Leanadh ar aghaidh le fóram na seaimpíní sláinte agus folláine in GT, agus eagraíodh clár píolótach 'Bí Gníomhach' ag stáisiún na Laoi. Forbraíodh Córas Bainistíochta Sábháilteachta do shócmhainní giniúna dáileacháin nua |
| **Innealtóireacht agus Mórthionscadail (EMP)** | ▪ Rinneadh dul chun cinn i ndáil le Safe and Sound a leabú in EMP<br>▪ I measc na n-imeachtaí a eagraíodh i rith na Seachtaine Sábháilteachta bhí ábhair a bhain le Safe and Sound, sábháilteacht tionscadail, sábháilteacht leictreachais agus an tionchar a bhíonn ag bás mar thoradh ar thimpiste san áit oibre ar dhaoine<br>▪ Ceapadh Bainisteoir Sábháilteachta - Gaoth Amach ón gCósta, mar aon le beirt Chomhairleoirí Sábháilteachta nua (duine ag tacú le tionscadail GT agus duine ag tacú le tionscadail ESB Networks)<br>▪ Leanadh ar aghaidh leis na ceanglais a bhaineann grianchumhacht a bheachtú<br>▪ Rinneadh cathaoirleacht air/tionóladh athbhreithniú ar OneSource, córas bainistithe doiciméad, thar ceann ESB Networks<br>▪ Coimeádadh marc KeepWell IBEC i rith 2023 |
| **Sláinte agus Folláine** | ▪ D'fhorbair Ionad Sláinte agus Folláine an Ghrúpa Urraíochta Inniúlachta treochlár do shláinte agus d'fholláine bunaithe ar na trí cholún seo a leanas - freagracht phearsanta, tacaíochtaí agus seirbhísí, agus ról an bhainisteora líne<br>▪ Dhírigh clár sláinte agus folláine 2023 ar shláinte fhisiciúil agus ar mheabhairshláinte, sláinte na mban, sláinte na bhfear agus tinneas ainsealach a chosc<br>▪ Cuireadh cúrsaí oiliúna feasachta garchabhrach meabhairshláinte ar fáil do thart ar 200 bainisteoir sinsearach<br>▪ Táthar ag leanúint ar aghaidh ag tacú le Garchabhróirí Meabhairshláinte trí nuashonruithe cláir agus oiliúint athnuachan<br>▪ Mhéadaigh scóir na rannpháirtíochta le fostaithe, i gcomhthéacs na sláinte agus na folláine, 0.3 ó 2022, go dtí 7.5<br>▪ Bunaíodh clár tacaíochta meanapáis agus díreofar air go leanúnach amach anseo<br>▪ Seoladh clár sláinte fhisiciúil dar teideal 'Bí Gníomhach' agus tá cláir curtha ar fáil do róil fhisiciúla agus neamhghníomhacha<br>▪ Cuireadh 32 dúshlán folláine fostaí i gcrích trí úsáid a bhaint as aip sláinte agus folláine ESB |

# An Timpeallacht agus Inbhuanaitheacht

**Infheistíocht a dhéanamh sa Timpeallacht agus in Inbhuanaitheacht**
Ag tosú i lár 2022, rinne ESB scrúdú ar a thionchair inbhuanaitheachta i ndáil le raon ábhar comhshaoil agus sóisialta chun plean a fhorbairt chun díriú ar an ngealltanas a tugadh sa Straitéis Aeráidneodracht faoi 2040 agus céim chun cinn a dhéanamh i ndáil le freagracht shóisialta agus chomhshaoil.

Tá cur síos déanta i gCreat na dTeorainneacha Pláinéadacha, a d'fhorbair grúpa de 28 eolaí cáiliúil idirnáisiúnta in 2009, ar thacar de naoi dteorainn phláinéadacha ar féidir leis an duine leanúint ar aghaidh ag forbairt agus ag maireachtáil iontu as seo go ceann i bhfad. Nuair a thrasnaítear teorainneacha méadaítear an riosca a bhaineann le hathruithe comhshaoil mórscála, tobann nó do-athraithe, a ghiniúint. Ní gá go dtarlódh athruithe uafásacha thar oíche, ach i dteannta a chéile is ionann na teorainneacha agus tairseach ríthábhachtach maidir le cur leis na rioscaí atá ann don duine agus do na héiceachórais a bhfuil an duine páirteach iontu. Ní hamháin gur cainníochtaíodh na teorainneacha ar fad sa nuashonrú is déanaí a rinneadh ar an gcreat seo, a foilsíodh in Science Advances i mí Mheán Fómhair 2023, cuirtear in iúl ann go bhfuil sé theorainn, as na naoi dteorainn, sáraithe lena n-áirítear aeráid, éiceachórais agus ceimiceáin de dhéantús an duine. Cuireadh an toradh seo san áireamh nuair a bhí réimsí tosaíochta á roghnú do Phlean Ceannaireachta Inbhuanaitheachta ESB. Seo a leanas na réimsí tionchair tosaíochta:

- Athrú aeráide
- Úsáid acmhainní
- Bithéagsúlacht agus éiceachórais
- Truailliú
- Pobail
- Fostaithe
- Oibrithe sa slabhra luacha
- Custaiméirí

Glactar le gach ceann díobh seo mar thosaíocht de bhrí go bhfuil siad ag teacht le ceann amháin ar a laghad, nó níos mó, de chuspóirí aeráide ESB, teorainn phláinéadach nó caighdeán sóisialta domhanda atá i mbaol.

Is é príomhchuspóir ESB astaíochtaí glan-nialasacha a chinntiú faoin mbliain 2040 agus an t-aistriú chuig aeráidneodracht in earnálacha eile a éascú. I ndomhan ina bhfuil roinnt teorainneacha pláinéadacha agus caighdeán sóisialta á sárú faoi láthair, is é aidhm ESB díriú ar aistriú inbhuanaithe ionas gur féidir na tionchair seo a fheabhsú agus ionas go mbeidh siad glandearfach le himeacht ama. Cuirfear an obair ar Phlean Ceannaireachta Inbhuanaitheachta ESB i gcrích ag tús 2024 agus glacfar leis mar bhonn le hiarrachtaí inbhuanaitheachta na heagraíochta amach anseo.

**Clár Cumasaithe an Aistrithe Inbhuanaitheachta (STEP)**
I rith 2022, bhunaigh ESB Clár Cumasaithe an Aistrithe Inbhuanaitheachta (STEP) chun cur leis na hacmhainní inláimhsithe atá riachtanach chun tacú leis an gcéim chun cinn maidir le hinbhuanaitheacht atá sonraithe i straitéis ESB. Tá an clár seo deartha chun feidhmíocht chomhshaoil agus shóisialta sármhaith a chumasú trí chaighdeáin tuairiscithe feabhsaithe, córais, próisis, acmhainní, eagrú agus socruithe rialachais níos fearr a chur ar fáil ar mhaithe le hinbhuanaitheacht. Is é an aidhm atá ann a chinntiú go mbeidh maoirseacht chomhshaoil agus freagracht shóisialta ag croílár ról gach duine in ESB.

Tá cúig phríomhshruth oibre idirghaolmhara laistigh den chlár, mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| 1 | **Ceannairí a fhorbairt agus deis ran-npháirtíochta a thabhairt do gach duine** | Tacú le forbairt cheannaireacht inbhuanaitheachta ESB agus acmhainní foghlama do gach duine maidir le saincheisteanna inbhuanaitheachta. San áireamh ann tá líonra de Threoraithe Inbhuanaitheachta a chruthú chun tacú le hinbhuanaitheacht ar fud na heagraíochta a bhfuil tuilleadh cur síos déanta air thall. |
| 2 | **Ceanglais agus caighdeáin** | Tacú le comhlíontacht a chinntiú le príomhchaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta, go háirithe Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (CSRD) an AE. |
| 3 | **Córais agus próisis** | Réiteach tuairiscithe na nGnéithe Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (ESG) a chur chun feidhme, agus na próisis bailithe agus tuairiscithe sonraí chun bainistíocht feidhmíocht inbhuanaitheachta inmheánach a threorú mar aon le tuairisciú inbhuanaitheachta seachtrach. |
| 4 | **Rialachas agus eagrú** | An tsamhail oibriúcháin mharthanach do bhainistíocht inbhuanaitheachta feabhsaithe a shainiú agus a chur chun feidhme. |
| 5 | **Trédhearcacht sheachtrach** | Cabhrú le heolas maidir le haistear inbhuanaitheachta ESB agus feidhmíocht ghaolmhar a roinnt le páirtithe leasmhara. |


**Treoraithe Inbhuanaitheachta**
In 2022, bhunaigh ESB Clár Treoraithe Inbhuanaitheachta - pobal de sheaimpíní cleachtais atá deartha chun tacú le forbairt fostaithe ar fud an Ghrúpa a bhfuil spéis ar leith acu in inbhuanaitheacht. Tá an clár seo fréamhaithe san aidhm tacú le cultúr láidir inbhuanaitheachta ar fud ESB. Bainfidh rannpháirtithe an chláir (Treoraithe Inbhuanaitheachta) tairbhe as rochtain ar sheisiúin oiliúna chuimsitheacha a chlúdaíonn ábhair bhunúsacha inbhuanaitheachta agus beidh deis acu páirt a ghlacadh in imeachtaí atá bunaithe ar inbhuanaitheacht, lena n-áirítear ceardlanna agus comhdhálacha. Is é príomhról na dTreoraithe Inbhuanaitheachta feidhmiú mar cheannairí inbhuanaitheachta ina réimsí féin faoi seach cosúil le gnó, feidhmiú mar acmhainní luachmhara agus cur le hiarrachtaí inbhuanaitheachta leanúnacha ESB. Cuimsítear gealltanas ESB sa chlár - is é sin dul chun cinn a dhéanamh i ndáil le hinbhuanaitheacht.



**Astaíochtaí ESB (Gás Ceaptha Teasa (GHG), Raon 1) ó Ghiniúint Theirmeach agus Giniúint Déine Carbóin**
In 2005, nuair a bunaíodh Córas Trádála Astaíochtaí an AE (EU ETS), níor tuairiscíodh ach astaíochtaí a bhaineann le hastaíochtaí giniúna dírí (c.14.6Mt$CO_2$e). Tá na hastaíochtaí seo laghdaithe 65% (c.9.5Mt$CO_2$e) go dtí 5.1Mt$CO_2$e in 2023.

Chomh maith leis sin, tá feabhas tagtha ar dhéine carbóin ESB ó ghiniúint leictreachais ó 419g$CO_2$e/kWh in 2022 go dtí 370g$CO_2$e/kWh in 2023. Is féidir é seo a chur i gcomparáid le leibhéal déine carbóin de 670g$CO_2$e/kWh in 2005. Bhí teinne san acmhainn ghiniúna agus in infhaighteacht mar bhonn le méadú in 2021 agus 2022 i gcomparáid leis an treocht laghdaitheach fhadtéarmach.

**Déine Giniúna Carbóin ESB g/kWh***




* Tá aschur na dtionscadal comhfhiontair san áireamh sna ríomhanna déine carbóin bunaithe ar scairshealbhú ESB san eintiteas ábhartha. 2023 bunaithe ar shonraí atá fíoraithe go sealadach.

**Spriocanna Astaíochtaí, Fíorú agus Dearbhú**
Tuairiscíonn ESB astaíochtaí bunaithe ar mhodheolaíocht an Phrótacail GHG. Tuairiscítear astaíochtaí Raon 1, 2 agus 3 ar bhonn bliantúil. Tá sonraí maidir le hastaíochtaí GHG á bhfíorú go neamhspleách. Tá astaíochtaí giniúna ESB fíoraithe faoi EU ATS agus curtha ar fáil don údarás cosanta comhshaoil ábhartha gach bliain. Fíoraítear gach astaíocht eile Raon 1, 2 agus 3 de réir ISO14064 mar chuid d'aighneacht bhliantúil ESB chuig an Tionscadal um Nochtadh Carbóin (CDP).

Nochtann ESB faisnéis chomhshaoil agus inbhuanaitheachta ar bhonn bliantúil sa Tuarascáil Inbhuanaitheachta de réir chaighdeáin an Tionscnaimh Tuairiscithe Domhanda (GRI). Dearbhaítear ailíniú le caighdeáin GRI ar bhonn neamhspleách.

Chuir ESB na chéad chéimeanna i gcrích chun Sprioc Eolaíochtbhunaithe a shonrú trí thionscnamh na Spriocanna Eolaíochtbhunaithe (SBTi). Fad is atáthar ag leanúint ar aghaidh leis an obair chun conair i dtreo na sprice seo a shainaithint, tá roinnt fachtóirí soiléir anois, rud a chiallaigh nach raibh ESB in ann deimhniú SBTi a bhaint amach, i láthair na huaire. Fachtóir amháin is ea astaíochtaí Raon 3 a bhaineann le díolacháin mhiondíola do chustaiméirí gáis in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór – sa dá chás tá an earnáil/na hearnálacha teasa ag dícharbónú ag ráta níos moille ná mar a éilíonn an cur chuige atá creidiúnaithe ag SBTi. Fachtóir eile é éiginnteacht mhéadaithe maidir le luas reatha dhícharbónú chórais leictreachais fhoriomlán na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe. Tá tionchar aige seo ar astaíochtaí Raon 1 agus 2 ESB atá ceadaithe faoi mhodheolaíocht SBTi mura laghdaíonn an t-éileamh ar mhonarcha theirmeach (lena n-áirítear ESB) chomh tapa agus a bhíothas ag súil leis roimhe seo agus de bhrí go mbeadh déine carbóin níos airde an chórais iomláin á léiriú sna hastaíochtaí níos airde a bhaineann le dáileadh leictreachais agus caillteanais tarchuir. Is é an fachtóir deiridh scála na laghduithe astaíochtaí a theastaíonn faoi mhodheolaíocht SBTi atá méadaithe freisin ó rinne ESB iarratas ar chreidiúnú SBTi den chéad uair.


Idir an dá linn, shocraigh an Bord sprioc inmheánach uaillmhianach chun astaíochtaí iomlána GHG Ghrúpa ESB a laghdú 44% faoin mbliain 2028 (i gcomparáid le leibhéil 2022) agus beidh pleananna gnó agus cinntí a dhéanfar as seo go ceann cúig bliana ag teacht leis na hiarrachtaí a bheidh á ndéanamh chun an sprioc seo a chomhlíonadh.

# An Timpeallacht agus Inbhuanaitheacht (ar lean)

**Rioscaí Aeráide agus Tascfhórsa maidir le Nochtuithe Airgeadais a bhaineann le hAeráid (TCFD)**
De bhrí go bhfuil líon mór sócmhainní ar fáil ar fud na hÉireann agus na Breataine Móire agus go bhfuiltear ag feidhmiú in earnáil ina bhfuil aistriú stairiúil aeráide ag tarlú, tá ESB ag déileáil le tacar athraitheach rioscaí agus deiseanna atá ag eascairt as athruithe fisiciúla agus beartais. Go ginearálta, dírítear orthu seo mar chuid de ghnáthphleanáil gnó ó tharla go bhfuil saolréanna fada sócmhainne luaite leis an earnáil fuinnimh mar aon le nós pleanáil fhadtéarmach a dhéanamh. Ainneoin go bhfuil ESB ag tuairisciú ar rioscaí aeráide le haghaidh roinnt blianta, in 2023 rinneadh scrúdú níos mionsonraithe agus níos struchtúrtha ar na rioscaí aeráide a bhain le gach sócmhainn.

Déanta cur síos sa rannóg seo ar phróisis ESB maidir leis na rioscaí agus deiseanna a bhaineann leis an aeráid. Tá sé ag teacht le formáid agus treoir an Tascfhórsa maidir le Nochtuithe Airgeadais a bhaineann le hAeráid (TCFD), atá á gcur i bhfeidhm ar bhonn deonach ag ESB. Tá sé beartaithe na nochtuithe seo a fhorbairt sna blianta amach romhainn.

**Croíghnéithe an Chreata TCFD**




**Rialachas**
Rialachas na heagraíochta maidir le rioscaí agus deiseanna a bhaineann leis an aeráid

**Straitéis**
Tionchair féin agus fhéideartha rioscaí agus dheiseanna a bhaineann leis an aeráid ar ghnó, straitéis agus pleanáil airgeadais na heagraíochta

**Bainistíocht Riosca**
An próiseas a úsáideann an eagraíocht le rioscaí a bhaineann leis an aeráid a shainaithint, a mheasúnú agus a bhainistiú

**Méadracht agus Spriocanna**
An mhéadracht agus na spriocanna a úsáidtear le rioscaí agus deiseanna ábhartha a bhaineann leis an aeráid a mheasúnú agus a bhainistiú

**Rialachas Comhshaoil agus Inbhuanaitheachta**
Tá riosca agus deis Aeráide comhtháite i bpróiseas athbhreithnithe straitéisigh ESB. Chomh maith leis sin, tá sé nasctha leis an bpróiseas Bainistíochta Riosca Fiontair (ERM) trí dhá phríomhriosca, riosca amháin maidir le hathrú aeráide agus riosca eile maidir le hathrú aeráide fisiciúil agus/nó mórtheagmhais chomhshaoil. Déanann an Coiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Cultúir monatóireacht ar bhainistíocht sábháilteachta, riosca comhshaoil agus aeráide agus deiseanna aeráide. Déanann an Coiste Iniúchta agus Riosca maoirseacht ar an bpróiseas foriomlán ERM foriomlán do Ghrúpa ESB. Déanann an coiste athbhreithniú ar rioscaí i rith na bliana, riosca aeráide san áireamh. Tá sonraí maidir leis an obair atá déanta ag na Coistí seo, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí curtha i gcrích i rith na bliana, le fáil i gCaibidil 2, Rialachas Corparáideach.

Tá struchtúr eagraíochtúil todhchaíoch d'inbhuanaitheacht in ESB á athbhreithniú faoi láthair mar chuid de STEP. Ar feitheamh an athbhreithnithe seo a chur i gcrích, déantar athbhreithniú rialta ar dhá phríomhriosca aeráide an Ghrúpa mar chuid de phróiseas ERM, le hionchur ó aonaid ghnó ESB. Cuireann Bainisteoir Sábháilteachta, Sláinte agus Comhshaoil an Ghrúpa agus an Bainisteoir Comhshaoil agus Inbhuanaitheachta ionchur ar fáil le haghaidh na n-athbhreithnithe seo.

**Struchtúr Rialachais Comhshaoil agus Inbhu-anaitheachta**

**Cathaoirleach**

**An Bord**

**An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca**

Chun cabhrú leis an mBord lena fhreagrachtaí maidir le:
- Tuairisciú airgeadais agus bliantúil
- Córais rialaithe inmheánaigh, chomhlíonta agus bhainistíochta riosca
- Sceithireacht, calaois agus imscrúduithe
- Iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha

**An Coiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Cultúir**

- Comhairle a chur ar an mBord ar cheisteanna sláinte, sábháilteachta, inbhuanaitheachta agus comhshaoil, cultúrtha agus éagsúlachta
- Monatóireacht ar dhul chun cinn in aghaidh príomhtháscairí feidhmíochta sláinte, sábháilteachta agus timpeallachta agus bainistíocht riosca lena gcomhaontaítear sna limistéir seo

**Príomhfheidhmeannach**

**Coiste Feidhmiúcháin**

**Bainisteoirí Comhshaoil agus Inbhuanaitheachta**

**Straitéis**
Is ag díriú ar straitéis aeráide agus inbhuanaitheachta atá ESB faoi láthair. Is é an phríomhaidhm atá ann astaíochtaí GHG aeráidneodracha a chinntiú faoi 2040. Is ionann é seo agus freagairt do na hathruithe beartais agus fisiciúla a d'eascair as athrú aeráide agus tá sé fréamhaithe in aidhm an Ghrúpa todhchaí níos gile a chinntiú do na custaiméirí agus do na pobail a bhfuiltear ag freastal orthu. Tá tuilleadh eolais maidir le straitéis ESB, lena n-áirítear cuspóirí straitéiseacha, le fáil i rannóg na Straitéise ar leathanach 16.

Tá an straitéis mar bhonn le haistriú i ngach cuid den Ghrúpa, agus tá táirgí agus seirbhísí nua á dtairiscint agus tá infheistíochtaí á ndéanamh i mbonneagar a chumhachtóidh custaiméirí gnó, intíre agus tionsclaíocha chun astaíochtaí a laghdú agus feidhmiú ar bhealach níos éifeachtúla agus níos inbhuanaithe. Tá líonra bhonneagar feithiclí leictreacha (EV) ESB á athchóiriú agus á fhorbairt chun cabhrú le freastal ar riachtanais líonra phoiblí reatha úinéirí EV. Tá sprioc laghdaithe déine carbóin faoin mbliain 2030 sonraithe ag gnó giniúna ESB mar aon le haidhm maidir le haeráidneodracht a chinntiú faoin mbliain 2040. Tá gnóthaí ESB Networks i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann (ESB Networks agus NIE Networks faoi seach) ag infheistiú i mbonneagar cliste, iontaofa chun athléimneacht agus iontaofacht a mhéadú, leictriú forleathan a chumasú agus freastal ar riachtanais athraitheacha custaiméirí.

Ag deireadh 2023, bhí breis is 1.5 milliún méadar cliste rollaithe amach i bPoblacht na hÉireann, rud a bhí mar bhonn le héifeachtúlacht an líonra a fheabhsú agus rochtain a thabhairt do chustaiméirí ar theicneolaíochtaí cliste a chuirfidh ar a gcumas a n-úsáid fuinnimh a bhainistiú ar bhealach níos inbhuanaithe. Chomh maith leis sin, tá ESB ag infheistiú i dteicneolaíochtaí nua a bhfuil an poitéinseal acu ról lárnach a imirt i gcóras fuinnimh dícharbónaithe na todhchaí, cosúil le stóráil cadhnraí agus hidrigin ghlas. Tá na tionscnamh seo ar fad a bhfuil sé mar aidhm leo tacú le cuspóirí agus beartais aeráide nasctha le pleanáil airgeadais ESB tríd an bpróiseas Pleanála Gnó Comhtháite (IBP).


Treoraithe Inbhuanaitheachta ESB




Tá méadú suntasach tagtha ar infheistíocht chaipitil bhliantúil chun tacú le straitéis ESB, de bhrí go bhfuil gá le hinfheistíocht mhéadaithe in athnuaiteáin, bonneagar leictreachais agus réitigh do chustaiméirí chun riosca aeráide a mhaolú agus chun tairbhe a bhaint as deiseanna nua a bheidh as eascairt as an aistriú fuinnimh.

Tá straitéis ESB faoi réir athbhreithnithe rialta á dhéanamh ag an gCoiste Feidhmiúcháin agus ag Bord ESB; nuashonraíodh an straitéis in 2021 agus ceadaíodh an straitéis roimhe sin in 2017. Chomh maith leis sin, eagraíonn an Bord seisiúin straitéise thiomanta go bliantúil ar a laghad, mar atá sonraithe i gCaibidil 2. Úsáidtear cásanna, lena n-áirítear cásanna aeráide, mar chuid den athbhreithniú seo. Tá monatóireacht á déanamh ar dhul chun cinn i ndáil le cuspóirí straitéiseacha agus forbairtí nua sa timpeallacht agus breithnítear stádas an riosca agus na ndeiseanna aeráide san athbhreithniú agus déantar comhaontú maidir le gníomhartha, más cuí.

Tá an straitéis in ann déileáil go réasúnta maith le rioscaí aeráide de bhrí gur straitéis bunaithe ar an aeráid atá ann. Déanann an Coiste Feidhmiúcháin athbhreithniú rialta ar an straitéis ag féachaint do na coinníollacha athraitheacha chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar féideartha agus chun machnamh a dhéanamh ar an ngá atá le gníomhartha nua chun freagairt dá leithéid. Tá eolas maidir le rioscaí agus deiseanna aeráide le fáil ar leathanach 100.

# An Timpeallacht agus Inbhuanaitheacht (ar lean)

## Rioscaí agus Deiseanna Aistrithe agus Fisiciúla Aeráide

In 2023, rinne ESB measúnú láidir ar riosca aeráide fisiciúil agus ar leochaileacht ag féachaint dá ghníomhaíochtaí agus do na guaiseacha ábhartha faoi dhá chás de chuid an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide (IPCC) (RCP2.6 (raon measta: 1.3°C - 2.4°C), RCP8.5 (raon measta: 3.3°C - 5.7°C)). Rinneadh an measúnú ar an riosca a bhain leis na guaiseacha ábhartha agus breithníodh fachtóirí neamhchosanta agus leochaileachta. Is é tábla na rioscaí aeráide fisiciúla ata leagtha amach thíos toradh na hoibre atá déanta go dtí seo. Tá tuilleadh oibre le déanamh chun na rioscaí a chomhiomlánú ar fud an Ghrúpa agus chun na tionchair airgeadais phoitéinsiúla a chainníochtú.

Tá dhá chás aistrithe breithnithe, ceann bunaithe ar CAP 2019 Rialtas na hÉireann agus ceann bunaithe ar ghealltanais aeráide níos uaillmhianaí i gcomhair 2030 atá sonraithe in CAP 2021 agus An tAcht Aeráide. Tríd is tríd, tá na cásanna aistrithe ag teacht leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus le CAP 2024. Tá na sainmhínithe atá luaite ag ESB le tréimhsí ama gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha faoi láthair in úsáid ar bhonn gearrthéarmach: 0-5 bhliain (aon athbhreithniú amháin ar phraghas ESB Networks), meántéarmach: 6-10 mbliana (2 athbhreithniú ar phraghas) agus fadtéarmach: 11-40 bliain (ag teacht le gnáth-shaolréanna sócmhainní).

### Rioscaí agus Deiseanna Aistrithe agus Fisiciúla Aeráide

| Cineál | Catagóir | Riosca/Deis | Tionchar Airgeadais Phoitéinsiúil | Dóchúlacht | Amscála (blianta) |
|---|---|---|---|---|---|
| **Rioscaí Fisiciúla** | Stoirmeacha | Drochstoirmeacha ag tarlú níos minice | Costais deisiúcháin agus pionóis níos airde do líonraí agus sócmhainní stáisiúin | D'fhéadfadh a leithéid tarlú | 5-10 |
| | Tuilte | Tuilte abhann méadaithe agus níos mó teagmhas de bháisteach throm | Minicíocht níos airde de theagmhais tuilte 100 bliain ar aibhneacha ar a bhfuil dambaí | Seans maith | 5-10 |
| | Tuilte | Níos mó tuilte abhann, báistiúla agus cósta | Damáiste d'fhostáisiúin líonra, éarthaí custaiméara. Damáiste do shócmhainní giniúna | Seans maith | 5-10 |
| | Patrúin aimsire athraitheacha | Athruithe seasta ar phatrúin aeráide agus aimsire mar bhonn le luasanna gaoithe laghdaithe agus sreafaí abhann níos ísle | Aschur fuinnimh in-athnuaite agus ioncam gaolmhar laghdaithe | Seans maith | 5-10 |
| **Rioscaí Aistrithe** | Margadh agus rialachán | Timpeallacht margaidh agus rialála do ghiniúint | Poitéinseal luacha a bheith á chailleadh ag sócmhainní giniúna gáis | Seans maith | 5-10 |
| | Beartas | Timpeallacht beartais do ghiniúint amach ón gcósta | Moill fhéideartha ar reachtaíocht a bhaineann leis an gcreat pleanála | Seans maith | 5-10 |
| | Beartas | Luas méadaithe nascadh athnuaiteáin i gcomparáid leis an luas a bhí pleanáilte | Méadú poitéinsiúil ar chostas chun amlínte a chomhlíonadh | D'fhéadfadh a leithéid tarlú | 5-10 |
| | Beartas | Méadú ar iarfheistiú teaschaidéal i dtithe | Méadú poitéinsiúil ar chostas chun amlínte a chomhlíonadh | D'fhéadfadh a leithéid tarlú | 5-10 |
| **Deiseanna Aistrithe** | Beartas | Luas an leictrithe níos tapa ná mar a bhí pleanáilte | Níos mó éilimh ar sheirbhís iarfheistithe | Seans maith | 0-5 |
| | Beartas | Infheistíocht i gcóras leictreachais ísealcharbóin nua | Níos mó deiseanna infheistíochta i seirbhísí giniúna, stórála agus córais aeráidneodracha | Seans maith | 0-5 |

## Bainistíocht Riosca

Shainaithin agus rinne ESB measúnú ar na príomhrioscaí agus deiseanna aistrithe agus athraithe aeráide fisiciúla sa Ghrúpa trí chéile agus tá na sonraí le fáil sa tábla ar leathanach 100.

Tá príomhrioscaí ag baint leis riosca fisiciúil agus aistrithe laistigh de Chreat ERM atá leagtha amach ar leathanach 29. Tá na príomhrioscaí seo sainaitheanta agus measta mar chuid de phróisis fhoriomlána bainistíochta riosca ESB atá sonraithe ar leathanach 27 - 29.


Sainmhínítear i mBeartas Bainistíochta Riosca ESB conas atá rioscaí le bainistiú, rioscaí aeráide san áireamh, agus tá eolas maidir leis na maoluithe atá bunaithe chun na príomhrioscaí aeráide seo a bhainistiú le fáil ar leathanach 34 agus leathanach 41.

## Méadracht agus Spriocanna

Príomh-mhéadracht a úsáidtear do riosca aeráide in ESB é an cóimheas de ghraim de $CO_2$ astaithe i nginiúint leictreachais roinnte ar an líon kWh ginte. Tá sprioc ESB le haghaidh 2030 cothrom le 140g $CO_2$/kWh mar atá léirithe ar leathanach 97. Tá sprioc ESB - astaíochtaí aeráidneodracha faoi 2040 - mínithe faoi Straitéis ar leathanach 99. Tá astaíochtaí Raon 1, 2 agus 3 á nochtadh go hiomlán i dTuarascálacha Inbhuanaitheachta bliantúla ESB. Tá sonraí maidir le fíorú na sonraí astaíochtaí le fáil faoi Spriocanna, Fíorú agus Dearbhú Astaíochtaí ar leathanach 97.

Mar atá aibhsithe sa ghrafaic faoin déine carbóin giniúna ar leathanach 97, tá dul chun cinn suntasach déanta i ndáil le hastaíochtaí absalóideacha ESB agus déine carbóin na giniúna a laghdú. In 2023, chuir ESB réamh-mheastachán GHG san áireamh ina phróiseas IBP cúig bliana. Táthar i ndiaidh comhaontú ar sprioc sínte fhoriomlán mar chuid de IBP chun astaíochtaí ESB a laghdú go dtí 6.6Mt$CO_2$e faoi dheireadh thréimhse an phlean in 2028. Is ionann an sprioc seo agus laghdú 44% i gcomparáid le leibhéil 2022 – scála laghdaithe atá comhsheasmhach le haeráidneodracht a bhaint amach faoi 2040.

**Nochtadh maidir le hAthrú Aeráide CDP**




Scóráil Grúpa ESB rátáil A- le CDP in 2023. Go comhthéacsúil, ciallaíonn sé seo go bhfuiltear ag glacadh le feidhmíocht ESB sa chatagóir "Bainistíocht" de bhrí go bhfuil gníomhaíocht chomhordaithe á déanamh maidir le saincheisteanna aeráide. Is iad feabhsuithe ar fheidhmíocht astaíochtaí agus riosca aeráide agus nochtuithe deise na príomhghnéithe i ndáil le scór ceannaireachta a fháil in 2023.

## Bainistíocht agus Feidhmíocht Fuinnimh

Tá córas bainistíochta fuinnimh grúpa bunaithe ag ESB chun déileáil lena fhoirgnimh agus flít iompair, atá deimhnithe ag caighdeán ISO50001:2018. I Ráithe 4 2023, rinneadh iniúchadh sínte raoin ar an gcóras, agus cuireadh cúig láithreán nua leis. Tá ESB agus comhlachtaí poiblí eile faoi réir spriocanna laghdaithe fuinnimh faoi thrasuí Threoir S1426/2014 an AE maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, agus i leasuithe, i ndáil le spriocanna 2030, sonraítear feabhas 50% breise ar éifeachtúlacht fuinnimh agus laghdú 51% ar astaíochtaí carbóin absalóideacha atá luaite le húsáid fuinnimh oibríochtúil. Tá feidhmíocht fuinnimh ESB ag feabhsú go leanúnach, agus tuairiscíodh laghdú carnach fuinnimh de 50.2% i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht bhonnlíne a thuairiscigh Údarás Fuinneamh Inmharthana na hÉireann (SEAI). Úsáidfear an córas bainistíochta fuinnimh chun tacú le tuilleadh coigiltis agus feabhsuithe feidhmíochta a chabhróidh le spriocanna fuinnimh agus carbóin 2030 a chomhlíonadh.

Tá eolas maidir leis an bhfuinneamh a bhaineann leis na gnéithe seo a leanas le fáil sna táblaí thíos: (i) ionchur bhreosla i nginiúint theirmeach (bunaithe ar an bhfoinse) agus (ii) úsáid fuinnimh oibríochtúil tuairiscithe do SEAI faoi SI426/2014.

### Ídiú Oibríochtúil Fuinnimh

**Giniúint Theirmeach bunaithe ar an bhFoinse Fuinnimh (GWh) ***

| | 2023 (GWh) | 2022 (GWh) | 2021 (GWh) |
|---|---|---|---|
| Gual | 3,659 | 6,561 | 7,824 |
| Gás Nádúrtha | 18,168 | 22,268 | 22,628 |
| Ola | 588 | 1,638 | 2,167 |

* Tuairiscítear sonraí ionchur breosla giniúna teirmí don bhliain reatha. 2023 bunaithe ar shonraí atá fíoraithe go sealadach.

**Fuinneamh Oibríochtúil (Príomhchoibhéis Fuinnimh (PEE) in kWh) ****

| | 2022 (kWh PEE) | 2021 (kWh PEE) | 2020 (kWh PEE) |
|---|---|---|---|
| Leictreachas | 40,097,212 | 38,215,335 | 41,314,003 |
| Teirmeach | 2,701,927 | 2,202,356 | 2,502,817 |
| Iompar | 50,703,775 | 51,906,413 | 53,710,105 |

**Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh (EnPI)****

| | 2022 | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| kWh/Fostaí CL | 15,150 | 15,467 | 16,442 |
| % feabhas i gcomparáid leis an mbonnlíne fuinnimh | 50.2% | 49.2% | 45.9% |

** Tuairiscítear Ídiú Oibríochtúil Fuinnimh do SEAI faoi rialacháin éifeachtúlachta fuinnimh na hearnála poiblí (SI426/2014). I sonraí ídithe 2022 tugtar léargas ar thimthriall tuairiscithe 2023 SEAI.

# Pobal

Gné lárnach de straitéis inbhuanaitheachta ESB é dul chun cinn a dhéanamh maidir le freagracht shóisialta. Ciallaíonn sé sin go bhfuiltear ag cinntiú go bhfuil tionchar dearfach ag ESB ar na daoine ar fad a mbíonn baint aige leo – fostaithe, soláthraithe, custaiméirí agus na pobail a bhfuilimid ag freastal orthu.

Ó bunaíodh é in 1927, tá ESB ag tacú le pobail agus le cláir a fheabhsaíonn creat geilleagrach agus sóisialta na hÉireann, ag cabhrú le solas agus fuinneamh a chur ar fáil don phobal a bhfuil sé ag freastal air, agus ag tabhairt deis do dhaoine aonair agus do phobail barr a gcumais a bhaint amach.

## Tacaíocht Pobail

I rith 2023, d'infheistigh ESB €2.4 milliún trína chláir shóisialta a bhfuil sé mar aidhm leo tacú leis an bpobal.

| | 2023 €000s | 2022 €000s | 2021 €000s |
|---|---|---|---|
| An Ciste Energy for Generations^ | 973 | 980* | 1,227* |
| ElectricAid | 275 | 275 | 275 |
| Achainíocha Daonnúla ElectricAid | 200 | 100 | 105 |
| Ciste Pobail na bhFeirmeacha Gaoithe | 1,000 | 1,000 | 1,000 |
| Tacaíocht do Dhídeanaithe | - | 100 | - |

^ Anuas ar an méid thuasluaite, soláthraíonn ESB tacaíocht airgeadais d'fhostaithe a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí deonacha agus do na cláir oibre deonaí 'Gnó sa Phobal' ("Am Léitheoireachta" agus "Am Comhairimh").

* Athshonraithe i gcomhair méideanna a aisíocadh ina dhiaidh sin

## An Ciste Energy For Generations (EFG)

Is é EFG ciste tacaíochta sóisialta ESB a thacaíonn le raon leathan tionscadal i measc na bpobal ar oileán na hÉireann, agus bíonn buiséad bliantúil de thart ar €1 mhilliún luaite leis an gciste seo. In 2023, thacaigh an ciste le 63 tionscadal a bhí dírithe ar thrí théama - easpa dídine a chomhrac, féinmharú a chosc agus rochtain ar oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (STEM) a chumasú. Tríd an gciste seo, tá comhpháirtíocht bunaithe ag ESB le Kinia (carthanas sheachbhrabúsach atá dírithe ar oideachas agus fiontar sóisialta) don tionscnamh TechSpace, a bhfuil sé mar aidhm leis acmhainn eagraíochtaí don aos óg a fhorbairt ionas gur féidir leo cláir oideachais STEM a reáchtáil agus chun daoine óga a spreagadh chun díriú ar na réimsí a bhfuil spéis acu iontu agus barr a gcumais a bhaint amach trí úsáid chruthaitheach a bhaint as teicneolaíocht. Roinntear eolas leis na rannpháirtithe faoi scileanna a bhaineann le STEM cosúil le scannánaíocht shoghluaiste, podchraoladh, códú, ciorcadra agus róbaitic. Chomh maith leis sin, soláthraíonn an ciste maoiniú a bhfuil géarghá leis ag am Nollag do charthanais éagsúla lena n-áirítear Ionad Lae na gCaipisíneach, Brú Naomh Pádraig i Luimneach, Cork Penny Dinners, agus Focus Ireland agus an ISPCC.

## Tacaíocht Pobail Idirnáisiúnta

Is comhpháirtí corparáideach bródúil de ElectricAid é ESB, carthanas a bhunaigh fostaithe ESB in 1987. Sa lá inniu ann, tá breis is 2,000 fostaí reatha agus ar scor ag tacú le ElectricAid, agus tá tabhartais á soláthar ag ESB ag cóimheas 2:3 suas go dtí uasmhéid de €275,000 gach bliain. In 2023, mhaoinigh ElectricAid 85 tionscadal in 37 tír, agus cuireadh maoiniú luach €953,000 ar fáil, agus bhí gach tionscadal ag díriú go díreach ar cheann amháin nó níos mó de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. Lena chois sin, in 2023, thug ESB tabhartais speisialta luach €200,000 do ElectricAid chun tacú leis na hiarrachtaí daonnúla in Gaza, agus chun déileáil leis an tubaiste sa Tuirc/sa tSiria, i Maracó agus sa Libia. Tá cóip de Thuarascáil Bhliantúil ElectricAid le fáil ar shuíomh gréasáin ElectricAid – www.electricaid.ie.

## Obair Dheonach á déanamh ag Fostaithe

Glacann fostaithe ESB páirt in obair dheonach ar go leor bealaí éagsúla lena n-áirítear bainistiú an chiste EFG agus ElectricAid, agus páirt a ghlacadh i dtionscnaimh oibre deonaí éagsúla agus imeachtaí tiomsaithe airgid a eagrú. Nuair a chaitheann fostaithe ESB breis is 20 uair an chloig dá gcuid ama i mbun oibre deonaí sa bhliain nó má bhailíonn siad €250 ar a laghad do charthanas cláraithe, is féidir leo iarratas a dhéanamh ar chiste EFG chun deontas luach €250 a fháil don eagraíocht sin, agus deontas luach €500 chun tacú le dídeanaithe.

Oibríonn ESB i gcomhpháirt le 'Gnó sa Phobal' (BITC) i mbunscoileanna agus i meánscoileanna ar fud na hÉireann, agus tugann sé deis d'fhostaithe páirt a ghlacadh sna cláir seo a leanas ar bhonn deonach - Am Léitheoireachta, AM Comhairimh agus Saol Oibre. Is é an aidhm atá acu scileanna litearthachta agus uimhearthachta i mbunscoileanna a fheabhsú agus mic léinn mheánscoile a ullmhú don saol oibre. In 2023, chaith 67 fostaí ESB 1,923 uair an chloig i mbun oibre deonaí ar na tionscnaimh seo agus thacaigh siad le 134 mac léinn ar fud na tíre.

Tá roinnt tionscnamh bunaithe ag So Energy, gnó miondíola ESB sa Bhreatain Mhór, chun tacú le hobair dheonach a bheith á déanamh ag fostaithe freisin. Tacaíonn So Energy le fostaithe ar mian leo fuil a thabhairt i rith uaireanta oibre faoi dhó sa bhliain faoin gclár Giving Blood. Lena chois sin, meaitseálfaidh So Energy tabhartais fostaithe idir £50 agus £2,000 suas go dtí tabhartas bliantúil uasta de £6,000 faoin gclár So Charitable. Chomh maith leis sin, faoin gclár So Giving, tairgeann So Energy trí lá íoctha sa bhliain do gach fostaí chun obair dheonach a dhéanamh le carthanais, agus leagtar béim ar leith ar charthanais chomhshaoil.



Bealtaine 2023, seisiún deiridh Am Léitheoireachta le Rang a 2 i Scoil Náisiúnta Naomh Caoimhín, Fionnghlas.

## Ciste Pobail na bhFeirmeacha Gaoithe

Tá fochuideachtaí feirmeacha gaoithe ESB ag feidhmiú in Éirinn, Tuaisceart Éireann agus sa Bhreatain Mhór. Cuireann Ciste Pobail Feirmeacha Gaoithe ESB €1 mhilliún ar fáil do phobail atá lonnaithe ina aice lena láithreáin feirmeacha gaoithe chun bonneagar agus seirbhísí a fhorbairt a rachaidh chun tairbhe na bpobal. Is é aidhm ESB infheistíochtaí feirmeacha gaoithe a úsáid chun buntáistí fadtéarmacha sóisialta, geilleagracha agus comhshaoil a chruthú do na pobail a bhfuil sé ag freastal orthu.

## NIE Networks – Tionscnaimh Phobail

Tá NIE Networks ag leanúint ar aghaidh ag feidhmiú mar bhall de BITC ar mhaithe le tacú le go leor dá thionscadail agus tionscnaimh áitiúla. Chomh maith leis sin, tacaíonn BITC le haistear éagsúlachta agus ionchuimsitheachta NIE Networks chomh fada is a bhaineann le heitneacht agus aois. Anuas air sin, oibríonn NIE Networks i gcomhpháirt le Gníomhaíocht um Míchumas agus Uathachas Thuaisceart Éireann, agus tacaíonn siad lena gcliaint trí raon tionscnamh, agus le Grúpa NOW (fiontar sóisialta atá ag tacú le daoine a bhfuil deacrachtaí foghlama acu agus uathachas orthu) chun oiliúint Just a Minute (JAM) a chur ar fáil d'fhostaithe túslíne NIE Networks.

I rith 2022/23, bhailigh fostaithe breis is £37,000 do Be Positive, carthanas atá roghnaithe mar charthanas na bliana NIE Networks ag na fostaithe. Chuir NIE Networks £13,000 breise ar fáil freisin. Táthar ag tabhairt deis d'fhostaithe tacú le carthanais freisin trí Chiste Carthanais na Foirne agus na bPinsinéirí, agus chuir NIE Networks £10,000 ar fáil don chiste seo i rith na bliana. In 2023, cuireadh £21,000 ar fáil do charthanais áitiúla ón gciste seo.

Trí chomhpháirtíochtaí eile leis an gCumann Ríoga um Chosaint Éan (RSPB) agus Fiadhúlra Uladh, chaith fostaithe roinnt ama i mbun oibre deonaí chun tacú le roinnt tionscnamh timpeallachta áitiúil.

# Pobal (ar lean)

## Urraíocht

Tá punann ghníomhach urraíochta á bainistiú ag an nGrúpa lena n-áirítear:

### ESB Science Blast

Is clár oideachais saor in aisce agus neamhiomaíoch oideachasúil é ESB Science Blast atá á chur ar fáil ag RDS (Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath), a thugann deis do leanaí bunscoile, idir rang a 3 agus rang a 6 (Poblacht na hÉireann) agus Eochairchéim 2 (Tuaisceart Éireann), oibriú le chéile mar rang chun scrúdú a dhéanamh ar an eolaíocht a bhaineann le ceist shimplí. Cuireadh torthaí na hoibre seo i láthair ag ceann de thrí imeacht taispeántais i mBaile Átha Cliath, Luimneach agus Béal Feirste. In 2023, rinne 590 aighneachtaí agus ghlac breis is 17,000 leanbh páirt sa chlár.

### Quavers to Quadratics

Is clár nuálach bunaithe ar oideachas agus eolaíocht ceoil agus é Quavers to Quadratics a scrúdaíonn an trasnú idir saol an cheoil agus na heolaíochta trí shraith de cheardlanna praiticiúla. Tá an clár seo á chur ar fáil ag An Ceoláras Náisiúnta, Scoileanna Oideachais Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus tá sé mar aidhm leis eolaíocht an cheoil a thabhairt chun beochta i seomraí ranga bunscoile.

### Comhpháirtíochtaí Ealaíne

Chomhoibrigh ESB le healaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíne ar thionscadail a bhfuil sé mar aidhm leo spéis pobal a dhíriú ar inbhuanaitheacht, athrú aeráide agus aistriú fuinnimh. San áireamh anseo bhí comhpháirtíochtaí le hIarsmalann Hunt i Luimneach a bhain le taispeántas faoi fhuinneamh in-athnuaite trí na blianta, taibhiú damhsa digiteach faoin dúlra agus nasc idir daoine mar chuid d'Fhéile Damhsa Bhaile Átha Cliath, agus fuaimdhreach faoin aimsir agus faoin athrú aeráide curtha i láthair ag an ealaíontóir Christopher Steenson i gcomhpháirt le hIonad Nerve i nDoire.



Jude Mullen, Nerve Centre, Laura Lynch, Teicneoir Oibríochtaí, Cúil Chaorach, Jim Cooke, Bainisteoir Gléasra, Cúil Chaorach agus an t-ealaíontóir Christopher Steenson ag seoladh Almanac for a Walled City (Íomhá: Lorcan Doherty)

### Pieta Darkness into Light

Is é Pieta ceann de na carthanais mheabhairshláinte is mó cáil in Éirinn, carthanas a sholáthraíonn tacaíocht saor in aisce, inrochtana do dhaoine a bhfuil tionchar ag féinmharú agus féindochar orthu i bpobail ar fud na hÉireann. I mí na Bealtaine gach bliain, glacann daoine páirt i siúlóid tiomsaithe airgid 5km, dar teideal 'Darkness into Light', chun airgead a bhailiú do Pieta. Cúis bhróid do Electric Ireland a bheith ag tacú le Darkness into Light le breis is 10 mbliana anuas agus in 2023, bhailigh an t-imeacht €4.8 milliún agus ghlac breis is 100,000 duine páirt sa tsiúlóid ag éirí na gréine ar an Satharn, an 6 Bealtaine 2023.

### Cumann Óg Naomh Uinseann de Pól

Tacaíonn Electric Ireland le Clár Forbartha Chumann Óg Naomh Uinseann de Pól (SVP) atá deartha le húsáid i scoileanna agus grúpaí óige. Is é an aidhm atá le Clár SVP Óg oideachas a chur ar mhic léinn 4ú agus 5ú bliana maidir le ceartas sóisialta agus deis a thabhairt dóibh páirt a ghlacadh i dtionscadail a bhaineann leis an ngníomhaíocht shóisialta ina bpobail áitiúla.



Freastalaíonn mic léinn ar chéad imeacht sárthaispeántais Science Blast ESB i mBaile Átha Cliath ó bhí 2020 ann.

### Craobhchomórtais agus Sraithchomórtais Ardoideachais CLG

Urraithe ag Electric Ireland, páirteach i gCraobhchomórtais Ardoideachais CLG tá breis is 7,000 imreoir as breis is 50 ollscoil agus institiúid a ghlacann páirt ar bhonn bliantúil i gComórtas Sigerson agus Fitzgibbon Cups, mar aon le Sraithchomórtais Ardoideachais eile, agus Craobhchomórtais.

### Craobhchomórtais Mhionúir CLG agus Dúshlán Ceilteach CLG

Tá Electric Ireland ag tacú le fada an lá le forbairt réaltaí idirchontae CLG na todhchaí ar fud an chontae trí urraíocht a dhéanamh ar Chraobhchomórtais Mhionúir CLG agus tá sé ag leanúint ar aghaidh leis seo a dhéanamh trí fheachtas Minor Moments #ThisIsMajor freisin.
Chomh maith leis, tá urraíocht á déanamh ag Electric Ireland ar Dhúshlán Ceilteach CLG, comórtas forbartha iománaíochta a bhfuil ról lárnach aige i gConair Imreoirí CLG sa 32 contae.

### Peil na mBan i dTuaisceart Éireann

Is urraitheoir bródúil é Electric Ireland, i gcomhpháirt le Cumann Sacair na hÉireann (IFA), de pheil na mban agus na gcailíní ag gach leibhéal i dTuaisceart Éireann agus trína fheachtas Game Changers tá obair á déanamh chun rannpháirtíocht a mhéadú, freastal ar chluichí a mhéadú, agus clúdach sna meáin a mhéadú.

### Craobhchomórtais Mhionúir Chamógaíochta agus Craobhchomórtais Tríú Leibhéal

I mí Eanáir 2023, d'fhógair Electric Ireland comhpháirtíocht nua le An gCumann Camógaíochta a thabharfaidh deis do Electric Ireland tacú leis an gcluiche ag leibhéal an phobail, leibhéal Ardoideachais CLG agus leibhéil idirchontae. Ainmníodh Electric Ireland mar phríomh-urraitheoir Chraobhchomórtais Mhionúir Chamógaíochta Uile-Éireann Electric Ireland agus Chraobhchomórtais Chamógaíochta Tríú Leibhéal Electric Ireland, mar aon le clár an Chumainn Camógaíochta dar teideal 'Hurl With Me'. Is clár ceithre seachtaine é 'Hurl With Me' do chailíní atá idir 7–10 mbliana d'aois a spreagann tuismitheoirí agus a n-iníonacha chun páirt a ghlacadh sa chamógaíocht agus na scileanna bunúsacha a fhoghlaim trí oiliúint agus meantóireacht shaineolaíoch. Chuir an chomhpháirtíocht seo leis an tacaíocht atá á tabhairt ag Electric Ireland le fada an lá d'fhorbairt daoine óga i CLG chun camógaíocht a chur san áireamh den chéad uair agus tá sé mar aidhm léi camógaíocht a fhorbairt ag gach leibhéal trí na glúnta reatha agus glúnta na todhchaí a spreagadh chun oidhreacht sheanbhunaithe an chluiche a chaomhnú.



# Cearta an Duine

Tá cultúr láidir bunaithe ar luachanna ag ESB agus tá taithí aige ar a bheith ag obair i ndlúthchomhar leis na pobail a bhfuil sé ag freastal orthu. Tá iarracht á déanamh ag ESB aird a thabhairt ar phrionsabail chearta an duine a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta acu, fiú amháin nuair a bhaineann deacracht lena leithéid agus uaireanta nuair a bhíonn cruachásanna contrártha i gceist. Tá sé mar aidhm ag ESB a chinntiú nach bhfuil sé, go díreach nó go hindíreach, comhpháirteach i sárú ar chearta an duine agus feidhmeoidh sé ar bhealach trédhearcach nuair a bheidh feidhmíocht chearta an duine á tuairisciú.

Mar atá sonraithe i dTuarascáil na gComhaltaí Boird ar leathanach 160, tugann ESB gealltanas cearta an duine a urramú agus bearta éifeachtacha a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú ina shlabhra soláthair, oibríochtaí agus sna pobail agus suíomhanna ina bhfuil ESB ag feidhmiú d'fhonn a chinntiú nach bhfuil cearta an duine á sárú. Tá raon beartas ag tacú leis an ngealltanas seo a chlúdaíonn réimsí fócais a bhaineann le cearta an duine lena n-áirítear cearta fostaithe, neamh-idirdhealú, ionchuimsiú agus éagsúlacht. Chomh maith leis sin, ceanglaíonn Cód Eitice fostaí ESB ("Ár gCód") ar gach fostaí feidhmiú go cothrom agus cearta an duine a urramú.

Tá tairbhe á baint ag ESB as cur chuige neamhfhulaingthe i ndáil le cearta an duine agus sclábhaíocht nua-aimseartha. D'fhéadfadh sclábhaíocht nua-aimseartha tarlú ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear daoirse, saothar agus gáinneáil ar dhaoine fórsáilte agus éigeantach, a áirítear iontu ar fad saoirse duine a bheith á díothú ag duine eile ar mhaithe le tairbhe phearsanta nó tráchtála. Mar a sonraíodh i dTuarascáil na gComhaltaí Boird ar leathanach 160, ghlac ESB le beartas maidir le sclábhaíocht nua-aimseartha agus foilsíonn sé Ráiteas Bliantúil maidir le Sclábhaíocht agus Gáinneáil ar Dhaoine a Chosc, atá le fáil ar shuíomh gréasáin ESB.



Tá léargas le fáil sa tábla thíos ar na príomhcheisteanna chearta an duine a bhfuil tionchar acu ar ESB agus gníomhaíochtaí gaolmhara.

| Réimse thionchar chearta an duine | Nuashonrú 2023 |
|---|---|
| **Fostaithe Ghrúpa ESB** | • Tá raon leathan beartas bunaithe (liostaithe ar leathanach 6)<br>• Lorgaítear tuairimí fostaithe trí shuirbhéanna rialta 'Ár nGuth'<br>• Foilsíodh tuarascáil maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní in 2023<br>• Nochtadh Shaoirse Comhlachais GRI<br>• Sonraí nochtuithe cosanta tuairiscithe (féach leathanach 160) |
| **Socruithe d'fhostaithe comhfhiontair** | • Cuireadh Polasaí agus Treoirlínte Ghrúpa ESB nua maidir le Rialachas Eintiteas nach bhfuil faoi Úinéireacht Iomlán i gcrích i rith na bliana<br>• Creat rialachais glactha le haghaidh gach comhfhiontar bunaithe<br>• Deimhniú bliantúil go bhfuil socruithe rialachais comhfhiontair i bhfeidhm |
| **Conraitheoirí ESB** | • Tá forálacha conarthacha curtha san áireamh i ngach comhaontú conraitheora a cheanglaíonn ar gach conraitheoir caighdeáin shonracha a chomhlíonadh a bhaineann le dlíthe fostaíocht, eitic, breabaireacht agus éilliú, frithsclábhaíocht agus gáinneáil ar dhaoine, smachtbhannaí agus nithe gaolmhara<br>• Iniúchtaí conraitheora curtha i gcrích ag tríú páirtí neamhspleách. Rinneadh 72 iniúchadh ar Chaighdeáin Fostaíochta Conraitheoirí i rith 2023 ar láithreáin atá á mbainistiú ag ESB ar fud Phoblacht na hÉireann |
| **Línte soláthair ESB** | • Glacadh le Cairt Soláthraithe ESB, ina leagtar amach na caighdeáin a bhfuiltear ag súil leo ó sholáthraithe<br>• Tá forálacha conarthacha curtha san áireamh i gconarthaí soláthraí (agus gníomhairí freisin) ionas go mbeidh caighdeáin shonracha a bhaineann le dlíthe fostaíochta, eitic, breabaireacht agus éilliú, frithsclábhaíocht agus gáinneáil ar dhaoine, smachtbhannaí agus nithe gaolmhara á gcomhlíonadh<br>• Tá conarthaí bunaithe le tríú páirtithe chun scagthástáil riosca a dhéanamh ar shlabhra soláthair ESB agus iniúchtaí a dhéanamh ar an láithreán ina dhiaidh sin más gá<br>• Cinntíonn ESB (seachas NIE Networks) go bhfuil gach tairgeoir agus soláthraí airdeallach air agus cláraithe le haghaidh Cheanglais Tríú Páirtí ESB, ina sonraítear oibleagáidí conarthacha soiléire maidir le cur chuige neamhfhulaingthe ESB i ndáil le sclábhaíocht agus mí-úsáid chearta an duine i slabhraí soláthair ESB<br>• Go hiondúil, áirítear i ndámhachtainí soláthair NIE Networks ceisteanna comhlíontachta a bhaineann le sclábhaíocht nua-aimseartha agus dlíthe sóisialta agus saothair, a bheadh mar bhonn le heisiach ón bpróiseas soláthair dá dteipfeadh ar sholáthraí a leithéid a chomhlíonadh, faoi réir imscrúdaithe<br>• I ndiaidh measúnú riosca deisce a dhéanamh ar 180 de sholáthraithe ESB ag féachaint d'ábhair ghaolmhara a bhain le Freagracht Shóisialta Chorparáideach (CSR) in 2022, rinneadh tuilleadh imscrúdaithe ar an láthair, lena n-áirítear iniúchtaí ar an láthair, i rith 2023. Níor sainaithníodh aon saincheist shuntasach go dtí seo<br>• Ag deireadh 2023, thosaigh ESB ag úsáid uirlis anailíse riosca nua IS-chumasaithe ESG agus CSR trí thairbhe a bhaint as ionchur ó roinnt foinsí éagsúla sna réimsí seo a leanas - eitic ghnó, rialachas corparáideach, gealltanas sóisialta, sláinte agus sábháilteacht oibrithe, cúiteamh oibrithe, cearta oibrithe agus inbhuanaitheacht. Tá measúnú á dhéanamh ar 108 soláthraí trí úsáid a bhaint as an uirlis anailíse riosca seo faoi láthair<br>• Rinne NIE Networks measúnuithe riosca ar sclábhaíocht nua-aimseartha, cearta an duine, breabaireacht agus éilliú, bunaithe ar cheithre chatagóir – riosca bunúsach (sa tionscal nó sa réigiún geografach), riosca iarmharach (a bhaineann go sonrach le próisis inmheánacha an tsoláthraí), maolú riosca agus meáin dhíobhálacha. Tá an obair seo fós á déanamh agus foilseofar na torthaí sa chéad Ráiteas Bliantúil eile maidir le Sclábhaíocht Nua-aimseartha a fhoilseoidh NIE Networks<br>• Oibríonn ESB ar bhonn réamhghníomhach i gcomhpháirt le príomhcheannaitheoirí guail tríd an ngrúpa tionscail Bettercoal agus is ball gníomhach de Ghrúpa Oibre na Colóime Bettercoal é. Ainneoin go bhfuil cumhacht cheannaigh an-teoranta aige, d'úsáid ESB a bhallraíocht in Bettercoal chun a chinntiú go bhfuil measúnú agus monatóireacht á déanamh ar ghníomhaíochtaí atá ar bun i mianach Cerrejón sa Cholóim agus é mar aidhm tacú le caighdeáin a fheabhsú do dhaoine atá ag obair in, agus ina gcónaí, gar don mhianach. I ndiaidh cuairt a thug baill foirne ó ESB ar mhianach Cerrejón sa Cholóim in 2022, lean Grúpa Oibre na Colóime ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh ar phleananna feabhsaithe leanúnacha i rith na bliana<br>• I láthair na huaire, tá ESB páirteach i bpróiseas réitigh gearáin foirmiúil a bhaineann le mianach Cerrejón i dteannta leis an Líonra Domhanda um Chaingean Dlí agus Eagraíochtaí Neamhrialtasacha eile. Tá an gearán seo á bhainistiú ag Pointe Teagmhála Náisiúnta na hÉireann do Threoirlínte d'Fhiontair Ilnáisiúnta OECD. Chuir ESB in iúl go bhfuil sé toilteanach páirt a ghlacadh sa phróiseas seo agus táthar ag leanúint leis an bplé a bhaineann leis an bpróiseas eadrána deonach atá beartaithe a chur i gcrích |

Tá tuilleadh sonraí le fáil i dTuarascáil Inbhuanaitheachta bhliantúil ESB.

Chomh maith leis sin, i rith 2023, thug ESB faoi mheasúnú ar chosaintí íosta mar chuid den obair a bhaineann le ailíniú Thacsanomaíocht an AE. Tá tuilleadh eolais le fáil ar leathanach 109.

# Rialachán maidir le Tacsanomaíocht an AE

## Tacsanomaíocht an AE
Tá córas aicmithe de ghníomhaíochtaí geilleagracha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de bunaithe ag an gCoimisiún Eorpach ar a dtugtar "Tacsanomaíocht an AE". Is cumasóir tábhachtach é an liosta gníomhaíochtaí seo, a ghlactar leis atá inbhuanaithe, chun tacú leis an infheistíocht inbhuanaithe a mhéadú agus leis an gComhaontú Glas don Eoraip a chur chun feidhme.

Bunaítear na sé chuspóir seo a leanas i Rialachán maidir le Tacsanomaíocht an AE:
1. Maolú an athraithe aeráide
2. Oiriúnú don athrú aeráide
3. Úsáid agus cosaint inbhuanaithe acmhainní uisce agus muirí
4. An t-aistriú chuig geilleagar ciorclach
5. Cosc agus rialú truaillithe
6. Cosaint agus athchóiriú na bithéagsúlachta agus na n-éiceachóras

Ghlac an Coimisiún leis an Gníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid i mí Meithimh 2021 lena mbunaítear na critéir a shainmhíníonn na gníomhaíochtaí a chuireann go suntasach leis an gcéad dhá chuspóir thuasluaite (a bhaineann le raon feidhme tuairiscithe 2023). Foilsíodh Gníomh Tarmligthe Comhlántach, lena leasaítear Gníomh Tarmligthe an Aontais Eorpaigh maidir leis an Aeráid, i mí Feabhra 2022 agus tá sé éifeachtach ón 1 Eanáir 2023, lena gcuirtear san áireamh oibleagáidí tuairiscithe sonracha maidir le gníomhaíochtaí gáis agus núicléacha. I mí Meithimh 2023, glacadh leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an gComhshaol agus Aeráid i ndáil le gníomhaíochtaí geilleagracha a chuireann leis na ceithre chuspóir thuasluaite a bheidh i bhfeidhm ó mhí Eanáir 2024. I dteannta a chéile, sa rannóg seo, tugtar na Gníomhartha Tarmligthe ar na Gníomhartha seo.

Is éard atá i gceist le gníomhaíocht Tacsanomaíocht-Incháilithe gníomhaíocht atá liostaithe sna Gníomhartha Tarmligthe, beag beann ar cibé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann an ghníomhaíocht gheilleagrach na critéir thuas maidir le feidhmiú ar bhonn Tacsanomaíocht-Ailínithe. Glacfar le gníomhaíocht mar ghníomhaíocht gheilleagrach Tacsanomaíocht-Ailínithe má chomhlíonann sí na critéir seo a leanas:
1. Tá na coimircí íosta á gcomhlíonadh
2. Tá critéir maidir le scagadh teicniúil á gcomhlíonadh (ceanglais shonracha a bhaineann le feidhmíocht chomhshaoil) atá bunaithe ag an gCoimisiún, lena n-áirítear:

- cuirtear ar bhealach sonrach le ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí comhshaoil thuasluaite
- ní dhéantar díobháil shuntasach (DNSH) d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil thuasluaite

Ceanglaíonn Tacsanomaíocht an AE go mbeidh Príomhtháscairí Feidhmíochta (KPInna) á nochtadh a bhaineann le sciar de Láimhdeachas, CapEx agus OpEx a bhaineann le gníomhaíochtaí atá Tacsanomaíocht-Ailínithe agus Tacsanomaíocht-Incháilithe ach nach bhfuil Tacsanomaíocht-Ailínithe (i.e. Tacsanomaíocht-Incháilithe ach ní ghlactar leo mar ghníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de) agus Tacsanomaíocht-Neamh-Incháilithe (i.e. gníomhaíocht nach bhfuil cur síos déanta uirthi sna Gníomhartha Tarmligthe).

## Obair ESB ar Thacsanomaíocht an AE go dtí seo
Déanann ESB iarracht cloí le dea-chleachtas chomh fada is a bhaineann le faisnéis maidir le Gnéithe Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (ESG) a thuairisciú agus tá cinneadh déanta aige eolas a nochtadh ar bhonn deonach faoi Thacsanomaíocht an AE, ainneoin mar chomhlacht reachtúil, nach bhfuil ESB faoi réir fhorálacha na rialachán ábhartha faoi láthair. Tá ceanglais na nGníomhartha Tarmligthe á gcomhlíonadh ag nochtuithe Thacsanomaíocht AE ESB. Tá measúnú déanta ag ESB ar gach gníomhaíocht gheilleagrach shonrach agus tá rangú déanta ar na gníomhaíochtaí geilleagracha ar féidir iad a chatagóiriú mar seo a leanas - 'Tacsanomaíocht-Ailínithe', 'Tacsanomaíocht-Incháilithe ach níl Tacsanomaíocht-Ailínithe' agus 'Tacsanomaíocht Neamh-Incháilithe'.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil treoir maidir le cur i bhfeidhm Thacsanomaíocht an AE fós á forbairt agus go bhfuil léirmhínithe éagsúla ar chur i bhfeidhm Thacsanomaíocht an AE ag teacht chun solais. Dá réir sin, ní mór breithiúnas a thabhairt nuair a bhíonn cuid de na ceanglais á léirmhíniú agus is ar an mbonn seo atá measúnú ar incháilitheacht agus ailíniú le Tacsanomaíocht an AE curtha i gcrích. Déanfaidh ESB tuilleadh forbartha ar a mheasúnuithe incháilitheachta agus ailínithe amach anseo nuair a bheidh tuilleadh treorach ar fáil agus de réir mar a bheidh an cleachtas tionscail ag forbairt. Dá réir sin, is bunaithe ar léirmhíniú reatha ESB ar cheanglais na nGníomhartha Tarmligthe atá na KPInna agus na tábla atá curtha ar fáil.

## Measúnú ar Incháilitheacht agus Ailíniú (Scagadh Teicniúil agus DNSH)
In 2031, shainaithin ESB na gníomhaíochtaí a measadh a bhí Tacsanomaíocht-Incháilithe trí ghníomhaíochtaí ESB a chur i gcomparáid leis na sainmhínithe atá le fáil sna Gníomhartha Tarmligthe. Chuir sé seo leis an liosta de ghníomhaíochtaí Tacsanomaíocht-Incháilithe a sainaithníodh i mblianta roimhe seo, breithníodh na gníomhaíochtaí a bhí fós ábhartha agus an bhféadfaí glacadh le gníomhaíochtaí eile mar ghníomhartha atá Tacsanomaíocht-Incháilithe.

Ansin rinne ESB measúnú ar na gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí glacadh leo mar ghníomhaíochtaí atá Tacsanomaíocht-Ailínithe. De réir na nGníomhartha Tarmligthe, san áireamh anseo bhí measúnú tosaigh ar chomhlíontacht gach gníomhaíocht leis na critéir ailínithe thall. Tá maolú ar an athrú aeráide sainaitheanta mar an cuspóir aeráide is ábhartha do ESB agus, dá réir sin, rinneadh measúnú ar gach gníomhaíocht bunaithe ar chomparáid leis na critéir scagtha teicniúla don chuspóir seo. Ar an tslí seo, chinntigh ESB nach raibh aon dúbailt idir roinnt cuspóirí comhshaoil.

Chuir ESB críoch leis na measúnuithe ar an riosca aeráide fisiciúil agus ar leochaileacht a theastaíonn faoi chritéir DNSH don oiriúnú don athrú aeráide in 2023. Rinneadh measúnú riosca aeráide agus leochaileachta stuama le haghaidh sócmhainní a bhaineann le gníomhaíochtaí Tacsanomaíocht-Incháilithe ("Sócmhainní Incháilithe") agus le haghaidh na nguaiseacha is ábhartha do na sócmhainní seo bunaithe ar a suíomh agus oibriú ("Guaiseacha Ábhartha"). Mar thoradh ar an measúnú sainaithníodh 14 Ghuais Ábhartha, mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Athruithe teochta | Stoirmeacha | Tuilte abhann |
| Strus teirmeach/tonn teasa | Frasaíocht atá ag athrú | Creimeadh cósta |
| Tonn fuachta/sioc | Ardú leibhéal na farraige/tuilte cósta | Sciorradh talún |
| Falscaí | Triomach/strus acmhainní uisce | Tintreach |
| Patrúin ghaoithe athraitheacha | Frasaíocht throm/tuilte abhann | |

Rinneadh an measúnú ar an riosca a chruthaíonn na Guaiseacha Ábhartha do na Sócmhainní Incháilithe, agus do na Gníomhaíochtaí Tacsanomaíocht-Incháilithe freisin, agus breithníodh



fachtóirí nochta agus leochaileachta faoi dhá chás de chuid an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide (RCP2.6 (raon dóchúil: 1.3°C - 2.4°C) agus RCP8.5 (raon dóchúil: 3.3°C - 5.7°C)). Tá tuilleadh sonraí maidir leis an athbhreithniú seo le fáil ar leathanach 100.

## Ábharthacht
De bhrí nach raibh aon treoir shoiléir maidir le tairseacha ábharthachta do thuairisciú Thacsanomaíocht an AE ar fáil, bhain ESB tairbhe as breithiúnas bainistíochta i ndáil leis na gníomhaíochtaí agus luachanna a mbeadh tionchar ábhartha acu ar na KPInna a cuireadh i láthair. Ainneoin nár cuireadh gníomhaíochtaí áirithe san áireamh sa mheasúnú Tacsanomaíocht-Incháilithe ar fhorais ábharthachta, tá ESB sásta go bhfuil na gníomhaíochtaí atá ábhartha d'oibríochtaí ESB curtha san áireamh.

Lena chois sin, níor cuireadh gníomhaíochtaí áirithe san áireamh sa mheasúnú Tacsanomaíocht-Ailínithe sa mhéid go mbeadh tionchar neamhábhartha acu ar na KPInna arna nochtadh. Go suntasach, bhain siad seo le suiteáil, cothabháil agus deisiú teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite i ngnó Smart Energy Services ESB, agus tá siad curtha san áireamh mar Thacsanomaíocht-Incháilithe ach ní mar Thacsanomaíocht-Ailínithe mar gheall ar líon agus ábharthacht na dtionscadal aonair (i gcoibhneas leis an tionchar ar na KPInna tuairiscithe) agus an iarracht a bhaineann lena chinntiú go bhfuil critéir ailínithe á gcomhlíonadh i ngach cás.

## Measúnú ar Choimircí Íosta (Leibhéal Grúpa)
I dTacsanomaíocht an AE bunaítear tacar coimircí íosta nach mór d'eagraíochtaí a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar a ngníomhaíochtaí geilleagracha chun a chinntiú go bhfuil na caighdeáin agus treoirlínte idirnáisiúnta seo a leanas á gcomhlíonadh:
1. Treoirlínte OECD d'Fhiontair Ilnáisiúnta;
2. Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine;
3. Na prionsabail agus cearta atá leagtha amach sna hocht gcoinbhinsiún bhunúsacha atá sainaitheanta i nDearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair; agus
4. An Bille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine

I rith 2023, thug ESB faoi mheasúnú ar choimircí íosta ag leibhéal Grúpa agus tríd an méid sin a dhéanamh breithníodh ceanglais na gcaighdeán agus na dtreoirlínte idirnáisiúnta liostaithe thuas, mar aon leis an Tuarascáil Deiridh maidir le Coimircí Íosta curtha i dtoll a chéile ag an Ardán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe (PSF). Anseo thíos tá achoimre ar thorthaí mheasúnú ESB ar ábhar a bhaineann leis na coimircí íosta substainteacha.

| Ábhar Substainteach | Tuairimí | Measúnú |
|---|---|---|
| Cearta an duine lena n-áirítear saothar agus cearta tomhaltóirí | Tá ESB tiomanta do gach ceart an duine, ag a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta, a urramú mar atá sonraithe i dTuarascáil Chomhaltaí an Bhoird ar leathanach 160 agus tá tuilleadh sonraí le fáil sa rannóg dar teideal Daoine, Pláinéad agus Sochaí ag tosú ar leathanach 85 agus ar shuíomh gréasáin ESB. Mar bhonn leis an ngealltanas seo tá glacadh le cearta an duine agus iad a leabú i mbeartais agus nósanna imeachta cosúil le Beartas um Chearta an Duine ESB, a Bheartas um Sclábhaíocht Nua-aimseartha agus Cód Eitice ESB (Ár gCód).<br>Glactar leis, áfach, go bhfuil tuilleadh oibre le déanamh chun próiseas díchill chuí chomhordaithe maidir le cearta an duine a bhunú i slabhra luacha ESB ar aon dul le dea-chleachtas mar a fhoráiltear dó i dTreoir Díchill Chuí OECD d'Iompar Gnó Freagrach agus Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine. Tá sé beartaithe tús a chur leis an obair seo in 2024. | Comhlíonadh formhór na gcritéar |
| Breabaireacht, sirtheoireacht agus sracaireacht breabanna | Tá Beartais a bhaineann le Sceithireacht agus Nochtuithe Cosanta, agus Frithbhreabaireacht, Éilliú agus Calaois bunaithe ina sonraítear na coimircí agus rialuithe a bhfuil sé mar aidhm leo rioscaí a mhaolú agus a laghdú sa chomhthéacs seo, lena n-áirítear róil agus freagrachtaí a leithdháileadh ar róil aonair shonracha. | Comhlíonadh na critéir |
| Iomaíocht Chóir | Leagtar amach i gCód Eitice ESB (Ár gCód) prionsabail ESB a bhaineann le hiomaíocht, go háirithe nach nglacann ESB páirt go héagothrom nó go neamhdhleathach riamh in aon mhargadh atá á fheidhmiú aige. Is príomhdhoiciméad é Beartas Soláthair agus Lámhleabhar um Chomhlíonadh Dlí na hIomaíochta Ghrúpa ESB sa chomhthéacs seo. Cuirtear treoir agus oiliúint ar fhostaithe freisin ionas go bhfuil ardchaighdeáin á gcinntiú. | Comhlíonadh na critéir |
| Cánachas | Tá Straitéis Chánach ESB (Iúil 2023) ar fáil ar shuíomh gréasáin ESB agus déantar cur síos inti ar ghealltanais a bhaineann leis an méid seo a leanas:<br>▪ Feidhmiú mar cháiníocóir freagrach agus trédhearcach<br>▪ Socruithe cánach inbhuanaithe ina léirítear úinéireacht ESB, an timpeallacht rialála agus na dlínsí dlí ina bhfuil sé ag feidhmiú<br>▪ Dlíthe cánach agus rialacháin idirnáisiúnta ábhartha a chomhlíonadh<br>▪ Páirt a ghlacadh i bplé oscailte agus cuiditheach le húdaráis chánach atá bunaithe ar urraim, trédhearcacht agus iontaoibh. Tá tairbhe á baint ag ESB as cur chuige neamhfhulaingthe maidir le himghabháil cánach nó imghabháil cánach a bheith á héascú ag tríú páirtithe<br><br>Faoina Théarmaí Tagartha, déanann an Coiste Iniúchta agus Riosca athbhreithniú ar agus ceadaíonn siad Stráitéis Chánach an Ghrúpa ar bhonn bliantúil. | Criteria met |

Tríd is tríd, tá ESB sásta go bhfuil formhór na gcoimircí íosta á gcomhlíonadh aige ach admhaíonn sé go bhféadfaí feabhas a dhéanamh i ndáil le próisis díchill chuí chearta an duine.

# Rialachán maidir le Tacsanomaíocht an AE (ar lean)

## Gníomhaíochtaí Tacsanomaíocht-Incháilithe agus Tacsanomaíocht-Ailínithe ESB

Go dtí seo, cinneadh mar thoradh ar obair atá curtha i gcrích ag ESB go bhfuil na gníomhaíochtaí geilleagracha seo a leanas (agus na KPInna gaolmhara agus uimhir gníomhaíochtaí Thacsanomaíocht an AE (an uimhir thagartha atá sonraithe i dTacsanomaíocht an AE)) Tascanomaíocht-Incháilithe:

| Gníomhaíocht | KPInna Gaolmhara | Uimhir na gníomhaíochta |
|---|---|---|
| Tarchur agus dáileadh leictreachais | Láimhdeachas, CapEx agus OpEx | 4.9 |
| Giniúint leictreachais ó fhuinneamh na gaoithe, hidreachumhacht, teicneolaíocht fhótavoltach ghréine, agus breoslaí gásacha iontaise | Láimhdeachas, CapEx agus OpEx | 4.3, 4.5, 4.1, 4.29 |
| Stóráil leictreachais | Láimhdeachas, CapEx agus OpEx | 4.10 |
| Bonneagar a chumasaíonn iompar ar bhóithre agus iompar poiblí ísealcharbóin | Láimhdeachas, CapEx agus OpEx | 6.15 |
| Suiteáil, cothabháil agus deisiú teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite | Láimhdeachas, CapEx agus OpEx | 7.6 |

I ndiaidh an mheasúnaithe ailínithe a chur i gcrích, meastar go bhfuil na gníomhaíochtaí thuasluaite ar fad Tacsanomaíocht-Ailínithe le heisceacht na giniúna leictreachais ó hidreachumhacht1, suiteáil, cothabháil agus deisiú teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite (mar atá leagtha amach sa rannóg Ábharthachta ar leathanach 109) agus giniúint leictreachais ó bhreoslaí gásacha iontaise[2].

Is é tarchur agus dáileadh leictreachais an phríomhghníomhaíocht Tacsanomaíocht-Incháilithe agus Tacsanomaíocht-Ailínithe atá á cur i gcrích ag Grúpa ESB. Tá critéir rannpháirtíochta shuntasacha á gcomhlíonadh ag ESB faoin gcuspóir maolaithe aeráide de bhrí go bhfuil córais ESB Networks agus NIE idirnasctha leis an gcóras Eorpach i.e. limistéir rialaithe idirnasctha Bhallstáit an AE agus na Ríochta Aontaithe. Níl CapEx a bhaineann le bonneagar a bhfuil sé mar aidhm leis nasc díreach a chruthú nó nasc díreach atá ann cheana a fhorbairt idir fostáisiúin nó líonra agus monarcha táirgthe cumhachta atá níos déine ar ghás ceaptha teasa ná 100g $CO_2$e/ kWh tomhaiste ar bhonn saolré comhlíontach agus níl sé curtha san áireamh mar atá ailínithe. Tá coigeartú comhfhreagrach curtha i bhfeidhm ar an KPI Láimhdeachais freisin mar atá leagtha amach sa rannóg faoi Bheartas Cuntasaíochta ar leathanach 118.

De bhrí go bhfuil na Gníomhartha Tarmligthe dírithe ar ghníomhaíochtaí sonracha, shainaithin ESB roinnt gníomhaíochtaí nach mbaineann le raon feidhme na nGníomhartha Tarmligthe ach a mbeadh tionchar ábhartha acu ar na KPInna a thuairisceodh ESB dá mbeidís le cur san áireamh:

- Miondíolachán le custaiméirí leictreachais agus gáis (tabhair faoi deara: ní chuireann ESB miondíolachán le custaiméirí leictreachais a bhfuil Ráthaíochtaí Tionscnaimh mar Thacsanomaíocht-Incháilithe ar fáil leo san áireamh)
- Gníomhaíochtaí áirithe a bhaineann le trádáil, fálú agus barrfheabhsú margadh mórdhíola ag leibhéal punainne
- Caiteachas a bhaineann le hinfheistíochtaí comhfhiontair (féach ar an rannóg faoi CapEx Tacsanomaíocht-Incháilithe thall)

Tá sonraí a úsáidtear i ríomh na KPInna bainte as córais airgeadais ESB ina léirítear Láimhdeachas, CapEx agus OpEx bunaithe ar mhír líne mórleabhair ghinearálta nó ar thionscadal. Ó tharla go bhfuil na KPInna á mbaint as na córais airgeadais seo, tá ESB sásta gur sheachain sé comhaireamh dúbailte nuair a bhí an t-uimhreoir a úsáideadh chun gach cóimheas a chinneadh á ríomh.

## KPInna

### Láimhdeachas Tacsanomaíocht-Ailínithe

Tá Láimhdeachas Tacsanomaíocht-Ailínithe mar chéatadán den láimhdeachas iomlán cothrom le 17%, fianaise ar ioncam ó tharchur agus dáileadh leictreachais agus ioncam margadh mórdhíola ó ghiniúint in-athnuaite (cumhacht na gaoithe go háirithe). Baineann Láimhdeachas Tacsanomaíocht Neamh-incháilithe le miondíolachán agus custaiméirí leictreachais agus gáis go príomha agus is comhpháirt ábhartha d'ioncam ESB atá ann.

Is éard atá san uimhreoir láimhdeachais go príomha ioncam ó tháillí Úsáid Córais custaiméirí (€1,173 milliún), ioncam ó ranníocaíochtaí soláthair (€92 milliún), ioncam ó ghiniúint cumhachta (cumhacht na gaoithe go háirithe) (€209 milliún) agus Láimhdeachas Tacsanomaíocht-Ailínithe eile (€22 milliún).

Níl tionchar scéim Rialtas na hÉireann chun teorainn a chur le hioncam margaidh gineadóirí leictreachais áirithe san áireamh in ioncam ó ghiniúint cumhachta. Tá eolas maidir leis na méideanna seo le fáil sna costais oibriúcháin. Tá tuilleadh sonraí le fáil i nóta 8 de na ráitis airgeadais.

Féach ar an mBeartas Cuntasaíochta má theastaíonn tuilleadh eolais uait faoi ríomh agus leithdháileadh láimhdeachais a bhaineann le punann ghiniúna ESB.

### Taxonomy-Aligned CapEx


Tá CapEX Tacsanomaíocht-Ailínithe ESB, mar chéatadán den CapEx iomlán cothrom le 85%. Is fianaise é seo ar infheistíocht ESB i bhforbairt an líonra leictreachais ar oileán na hÉireann mar aon le hinfheistíocht leanúnach i dtionscadail gaoithe ar an talamh, cadhnra agus grianfhuinnimh atá ag teacht le Straitéis Aeráidneodracht faoi 2040 ESB.

1 Faoin DNSH maidir le critéir uisce, ceanglaítear ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le giniúint leictreachais ó hidreachumhacht forálacha na Creat-Treorach Eorpaigh maidir le hUisce (2000/60/CE) a chomhlíonadh. Bunaíodh scéimeanna hidreachumhachta ESB sula bunaíodh an Chreat-Treoir maidir le hUisce agus tá siad údaraithe faoi reachtaíocht na hÉireann. Bainfidh ESB tairbhe as cur chuige stuama agus cuirfidh sé ceadúnú a scéimeanna i gcrích, á dhéanamh ag na gníomhaireachtaí náisiúnta oiriúnacha, faoin gCreat-Treoir maidir le hUisce sula gcuirtear giniúint leictreachais ó hidreachumhacht san áireamh mar ghníomhaíocht ailínithe. Tá Bille, lena trasuitear forálacha na Creat-Treorach maidir le hUisce go dlí na hÉireann, a chumasaíonn ceadúnú a leithéid de scéimeanna rite ag an Oireachtas (Parlaimint na hÉireann) agus tá rialacháin á ndréachtú ag an roinn rialtais chuí i láthair na huaire.

2 I mí Feabhra 2022, rith an Coimisiún Eorpach Gníomh Tarmligthe forlíontach a áirítear ann go foirmiúil critéir a bhaineann le cumhacht gáis agus núicléach. Tá measúnú déanta ag ESB ar leictreachas ginte ó ghás i gcomparáid le critéir atá sonraithe i ngníomhaíocht 'giniúint leictreachais ó bhreoslaí gásacha iontaise' i dTacsanomaíocht an AE. Chinn ESB go bhfuil a ghníomhaíochtaí gáis Tacsanomaíocht-Incháilithe ach nach bhfuil siad Tacsanomaíocht-Ailínithe de bhrí nár sroicheadh an tairseach uasta atá cothrom le 270g $CO_2$/ kWh. Measadh go raibh na gníomhaíochtaí seó Tacsanomaíocht Neamh-incháilithe in 2022.


## KPInna Airgeadais

### Láimhdeachas





| 2023 | 2022 | |
|---|---|---|
| 17% | 18% | Ailínithe i dtaobh Tacsanomaíochta |
| 25% | 3% | Incháilithe do Thacsanomaíocht ach nílimid Ailínithe i dtaobh Tacsanomaíochta |
| 58% | 79% | Neamh-Incháilithe do Thacsanomaíocht |

### CapEx




| 2023 | 2022 | |
|---|---|---|
| 85% | 81% | Ailínithe i dtaobh Tacsanomaíochta |
| 12% | 1% | Incháilithe do Thacsanomaíocht ach nílimid Ailínithe i dtaobh Tacsanomaíochta |
| 3% | 18% | Neamh-Incháilithe do Thacsanomaíocht |

### OpEx




| 2023 | 2022 | |
|---|---|---|
| 53% | 63% | Ailínithe i dtaobh Tacsanomaíochta |
| 29% | 2% | Incháilithe do Thacsanomaíocht ach nílimid Ailínithe i dtaobh Tacsanomaíochta |
| 18% | 35% | Neamh-Incháilithe do Thacsanomaíocht |

Tabhair faoi deara: Tá giniúint leictreachais ó bhreoslaí gásacha iontaise san áireamh mar Thacsanomaíocht-Incháilithe ach ní mar Thacsanomaíocht-Ailínithe in 2023. In 2022, measadh go raibh an ghníomhaíocht seo Tacsanomaíocht Neamh-incháilithe. Seo a leanas an tionchar atá ag an ngníomhaíocht seo a chur san áireamh mar Thacsanomaíocht-Incháilithe ach ní mar Thacsanomaíocht-Ailínithe sna KPInna in 2023: Láimhdeachas: 23%; OpEx: 14%; CapEx: 10%.

Tá na breiseanna a bhaineann leis an méid thíosluaite san áireamh in uimhreoir CapEx:

| Gníomhaíochtaí Geilleagracha | Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh (nóta 12 a ghabhann leis na ráitis airgeadais) €m | Sócmhainní Doláimhsithe (nóta 13 a ghabhann leis na ráitis airgeadais) €m | Sócmhainní Ceart Úsáide (nóta 14 a ghabhann leis na ráitis airgeadais) €m |
|---|---|---|---|
| Tarchur agus dáileadh leictreachais | 1,133 | 123 | - |
| Stóráil leictreachais | 143 | - | - |
| Giniúint leictreachais trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht fhótavoltach ghréine | 17 | - | 10 |
| Bonneagar a chumasaíonn iompar ar bhóithre agus iompar poiblí ísealcharbóin | 9 | - | - |
| Giniúint leictreachais ó fhuinneamh na gaoithe | 11 | - | - |

### KPI CapEx Coigeartaithe do Mhaoiniú Bannaí Glasa^

| | 2023 €m | 2023 % | 2022 €m | 2022 % |
|---|---|---|---|---|
| CapEX Tacsanomaíocht-Ailínithe | 1,446 | 85 | 1,147 | 81 |
| CapEX Tacsanomaíocht-Ailínithe coigeartaithe do mhaoiniú bannaí glasa | 1,228 | 82 | 1,019 | 80 |

^ An leithdháileadh tosaigh caithimh a cuireadh i láthair roimh an leithdháileadh deiridh a fhoilseofar i dTuarascáil Bannaí Glasa ESB.

De bhrí nach bhfuil aon fhoráil déanta maidir le caiteachas caipitil a bhaineann le comhfhiontair sna Gníomhartha Tarmligthe a chur san áireamh, níl infheistíochtaí (trí infheistíochtaí cothromais agus iasachtaí scairshealbhóra) curtha san áireamh sa KPI seo. Dá réir sin, ní sholáthraítear léargas iomlán sa KPI CapEx ar ghníomhaíochtaí inbhuanaithe ESB de bhrí gur cuid d'uaillmhian straitéiseach ESB iad comhfhiontair.

Féach ar an mBeartas Cuntasaíochta ar leathanach 118 má theastaíonn tuilleadh eolais uait maidir le ríomh KPInna CapEx.

### OpEx Tacsanomaíocht-Ailínithe*

Tá OpEx Tacsanomaíocht-Ailínithe ESB mar chéatadán den OpEx iomlán cothrom le 53% ar fianaise é ar OpEx a bheith ag tacú leis na córais tarchurtha agus dáileacháin agus sócmhainní giniúna cumhachta.

Áirítear in uimhreoir OpEx, den chuid is mó, caiteachais dhíreacha a bhaineann le seirbhísiú laethúil sócmhainní (€119 milliún) agus OpEx (€14 milliún).

Féach ar an mBeartas Cuntasaíochta ar leathanach 119 má theastaíonn tuilleadh eolais uait maidir le ríomh KPInna OpEx.

* OpEx mar atá forordaithe sna Gníomhartha Tarmligthe.

# Rialachán maidir le Tacsanomaíocht an AE (ar lean)

**Láimhdeachas Bliain airgeadais 2023**

| Gníomhaíochtaí geilleagracha | Có(i)d (Bliain) | Láimhdeachas | An céatadán den láimhdeachas, 2023 | Critéir ranníocaíochta shuntasacha: Maolú an athraithe aeráide | Oiriúnú don athrú aeráide | Uisce | Truailliú | An geilleagar ciorclach | Bithéagsúlacht | Critéir DNSH ("Ní Dhéantar Díobháil Shuntasach"): Oiriúnú don athrú aeráide | Uisce | Truailliú | An geilleagar ciorclach | Bithéagsúlacht | Coimircí íosta | An céatadán de láimhdeachas Tacsanomaíocht-Ailínithe (A.1) nó Tacsanomaíocht-Incháilithe (A.2), 2022 | Catagóir na gníomhaíochta cumasúcháin | Catagóir na gníomhaíochta idirthréimhsí |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €'milliún | % | Y;N;N/EL | Y;N;N/EL | Y;N;N/EL | Y;N;N/EL | Y;N;N/EL | Y;N;N/EL | T/N | T/N | T/N | T/N | T/N | T/N | % | E | D |
| **A. GNÍOMHAÍOCHTAÍ TACSANOMAÍOCHT-INCHÁILITHE** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **A.1 Gníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de (Tacsanomaíocht-Ailínithe)** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Tarchur agus dáileadh leictreachais | 4.9 | 1,265 | 15% | T | | | | | | T | Ní bhaineann le hábhar | T | T | T | T | 14% | E | |
| Giniúint leictreachais ó fhuinneamh na gaoithe | 4.3 | 199 | 2% | T | | | | | | T | T | Ní bhaineann le hábhar | T | T | T | 4% | | |
| Bonneagar a chumasaíonn iompar ar bhóithre agus iompar poiblí ísealcharbóin | 6.15 | 22 | 0% | T | | | | | | T | T | T | T | T | T | 0% | E | |
| Stóráil leictreachais | 4.10 | 10 | 0% | T | | | | | | T | T | Ní bhaineann le hábhar | T | T | T | 0% | E | |
| Suiteáil, cothabháil agus deisiú teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite[2] | 7.6 | - | 0% | N | | | | | | N | Ní bhaineann le hábhar | Ní bhaineann le hábhar | Ní bhaineann le hábhar | Ní bhaineann le hábhar | T | 0% | E | |
| **Láimhdeachas gníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de (Tacsanomaíocht-Ailínithe) (A.1)** | | **1,496** | **17%** | | | | | | | | | | | | | **18%** | | |
| Gníomhaíochtaí cumasúcháin | | | 15% | | | | | | | | | | | | | | | |
| Gníomhaíochtaí idirthréimhseacha | | | 0% | | | | | | | | | | | | | | | |
| **A.2 Tacsanomaíocht-Incháilithe ach níl na gníomhaíochtaí inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de (níl na gníomhaíochtaí Tacsanomaíocht-Ailínithe)** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Giniúint leictreachais ó hidreachumhacht | 4.5 | 180 | 2% | | | | | | | | | | | | | 3% | | |
| Giniúint leictreachais ó bhreoslaí gásacha iontaise[1] | 4.29 | 1,996 | 23% | | | | | | | | | | | | | 0% | | |
| Tarchur agus dáileadh leictreachais | 4.9 | 9 | 0% | | | | | | | | | | | | | 0% | | |
| Suiteáil, cothabháil agus deisiú teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite[2] | 7.6 | 7 | 0% | | | | | | | | | | | | | 0% | | |
| **CapEx Tacsanomaíocht-Incháilithe ach níl na gníomhaíochtaí inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de (níl na gníomhaíochtaí Tacsanomaíocht-Ailínithe) (A.2)** | | **2,192** | **25%** | | | | | | | | | | | | | **3%** | | |
| **CapEx gníomhaíochtaí Tacsanomaíocht-Incháilithe (A.1 + A.2)** | | **3,688** | **42%** | | | | | | | | | | | | | **21%** | | |
| **B. GNÍOMHAÍOCHTAÍ TACSANOMAÍOCHT-NEAMH-INCHÁILITHE** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| CapEx gníomhaíochtaí Tacsanomaíocht Neamh-Incháilithe | | 5,088 | 58% | | | | | | | | | | | | | | | |
| **Iomlán** | | **8,776** | **100%** | | | | | | | | | | | | | | | |

**CapEx Bliain airgeadais 2023**

| Gníomhaíochtaí geilleagracha | Có(i)d (Bliain) | CapEx | An céatadán de CapEx, 2023 | Critéir ranníocaíochta shuntasacha: Maolú an athraithe aeráide | Oiriúnú don athrú aeráide | Uisce | Truailliú | An geilleagar ciorclach | Bithéagsúlacht | Critéir DNSH ("Ní Dhéantar Díobháil Shuntasach"): Oiriúnú don athrú aeráide | Uisce | Truailliú | An geilleagar ciorclach | Bithéagsúlacht | Coimircí íosta | An céatadán de Thacsanomaíocht-Ailínithe (A.1) nó Tacsanomaíocht-Incháilithe (A.2) CapEx, 2022 | Catagóir na gníomhaíochta cumasúcháin | Catagóir na gníomhaíochta idirthréimhsí |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €'milliún | % | Y;N;N/EL | Y;N;N/EL | Y;N;N/EL | Y;N;N/EL | Y;N;N/EL | Y;N;N/EL | Y/N | Y/N | Y/N | Y/N | Y/N | Y/N | % | E | T |
| **A. GNÍOMHAÍOCHTAÍ TACSANOMAÍOCHT-INCHÁILITHE** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **A.1 Gníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de (Tacsanomaíocht-Ailínithe)** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Tarchur agus dáileadh leictreachais | 4.9 | 1,256 | 74% | T | | | | | | T | Ní bhaineann le hábhar | T | T | T | T | 75% | E | |
| Stóráil leictreachais | 4.10 | 143 | 8% | T | | | | | | T | T | Ní bhaineann le hábhar | T | T | T | 4% | E | |
| Giniúint leictreachais trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht fhótavoltach ghréine | 4.1 | 27 | 1% | T | | | | | | T | Ní bhaineann le hábhar | Ní bhaineann le hábhar | T | T | T | 1% | | |
| Bonneagar a chumasaíonn iompar ar bhóithre agus iompar poiblí ísealcharbóin | 6.15 | 9 | 1% | T | | | | | | T | T | T | T | T | T | 0% | E | |
| Giniúint leictreachais ó fhuinneamh na gaoithe | 4.3 | 11 | 1% | T | | | | | | T | T | Ní bhaineann le hábhar | T | T | T | 0% | | |
| Suiteáil, cothabháil agus deisiú teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite[2] | 7.6 | - | 0% | N | | | | | | N | Ní bhaineann le hábhar | Ní bhaineann le hábhar | Ní bhaineann le hábhar | Ní bhaineann le hábhar | T | 1% | E | |
| **CapEx gníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de (Tacsanomaíocht-Ailínithe) (A.1)** | | **1,446** | **85%** | | | | | | | | | | | | | **81%** | | |
| **Gníomhaíochtaí cumasúcháin** | | | 83% | | | | | | | | | | | | | | | |
| **Gníomhaíochtaí idirthréimhseacha** | | | 0% | | | | | | | | | | | | | | | |
| **A.2 Tacsanomaíocht-Incháilithe ach níl na gníomhaíochtaí inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de (níl na gníomhaíochtaí Tacsanomaíocht-Ailínithe)** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Giniúint leictreachais ó hidreachumhacht | 4.5 | 9 | 0% | | | | | | | | | | | | | 1% | | |
| Giniúint leictreachais ó bhreoslaí gásacha iontaise[1] | 4.29 | 168 | 10% | | | | | | | | | | | | | 0% | | |
| Tarchur agus dáileadh leictreachais | 4.9 | 10 | 1% | | | | | | | | | | | | | 0% | | |
| Suiteáil, cothabháil agus deisiú teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite[2] | 7.6 | 14 | 1% | | | | | | | | | | | | | 0% | | |
| **CapEx Tacsanomaíocht-Incháilithe ach níl na gníomhaíochtaí inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de (níl na gníomhaíochtaí Tacsanomaíocht-Ailínithe) (A.2)** | | **201** | **12%** | | | | | | | | | | | | | **1%** | | |
| **CapEx gníomhaíochtaí Tacsanomaíocht-Incháilithe (A.1 + A.2)** | | **1,647** | **97%** | | | | | | | | | | | | | **82%** | | |
| **B. GNÍOMHAÍOCHTAÍ TACSANOMAÍOCHT-NEAMH-INCHÁILITHE** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| CapEx gníomhaíochtaí Tacsanomaíocht Neamh-Incháilithe | | 61 | 3% | | | | | | | | | | | | | | | |
| **Iomlán** | | **1,708** | **100%** | | | | | | | | | | | | | | | |

# Rialachán maidir le Tacsanomaíocht an AE (ar lean)

**OpEx**
**Bliain airgeadais 2023**

| Gníomhaíochtaí geilleagracha | Bliain: Có(i)d | OpEx €'milliún | An céatadán de OpEx, 2023 % | Critéir ranníocaíochta shuntasacha: Maolú an athraithe aeráide Y;N;N/EL | Oiriúnú don athrú aeráide Y;N;N/EL | Uisce Y;N;N/EL | Truailliú Y;N;N/EL | An geilleagar ciorclach Y;N;N/EL | Bithéagsúlacht Y;N;N/EL | Critéir DNSH ("Ní Dhéantar Díobháil Shuntasach"): Oiriúnú don athrú aeráide Y/N | Uisce Y/N | Truailliú Y/N | An geilleagar ciorclach Y/N | Bithéagsúlacht Y/N | Coimircí íosta Y/N | An céatadán de Thacsanomaíocht-Ailínithe (A.1) nó Tacsanomaíocht-Incháilithe (A.2) OpEx, 2022 % | Catagóir na gníomhaíochta cumasúcháin E | Catagóir na gníomhaíochta idirthréimhsí T |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **A. GNÍOMHAÍOCHTAÍ TACSANOMAÍOCHT-INCHÁILITHE** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **A.1 Gníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de (Tacsanomaíocht-Ailínithe)** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Tarchur agus dáileadh leictreachais | 4.9 | 107 | 42% | T | | | | | | T | Ní bhaineann le hábhar | T | T | T | T | 44% | E | |
| Giniúint leictreachais ó fhuinneamh na gaoithe | 4.3 | 25 | 10% | T | | | | | | T | T | Ní bhaineann le hábhar | T | T | T | 12% | | |
| Giniúint leictreachais trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht fhótavoltach ghréine | 4.1 | - | 0% | T | | | | | | T | Ní bhaineann le hábhar | Ní bhaineann le hábhar | T | T | T | 4% | | |
| Bonneagar a chumasaíonn iompar ar bhóithre agus iompar poiblí ísealcharbóin | 6.15 | 1 | 1% | T | | | | | | T | T | T | T | T | T | 1% | E | |
| Suiteáil, cothabháil agus deisiú teicneolaíocht fuinnimh in-athnuaite2 | 7.6 | - | 0% | N | | | | | | N | Ní bhaineann le hábhar | Ní bhaineann le hábhar | Ní bhaineann le hábhar | Ní bhaineann le hábhar | T | 2% | E | |
| **OpEx gníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de (Tacsanomaíocht-Ailínithe) (A.1)** | | **133** | **53%** | | | | | | | | | | | | | **63%** | | |
| Gníomhaíochtaí cumasúcháin | | | 43% | | | | | | | | | | | | | | | |
| Gníomhaíochtaí idirthréimhseacha | | | 0% | | | | | | | | | | | | | | | |
| **A.2 Tacsanomaíocht-Incháilithe ach níl na gníomhaíochtaí inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de (níl na gníomhaíochtaí Tacsanomaíocht-Ailínithe)** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Giniúint leictreachais ó hidreachumhacht | 4.5 | 5 | 2% | | | | | | | | | | | | | 2% | | |
| Giniúint leictreachais ó bhreoslaí gásacha iontaise [1& 3] | 4.29 | 34 | 14% | | | | | | | | | | | | | 0% | | |
| Giniúint leictreachais ó chumhacht na gaoithe[3] | 4.3 | 18 | 7% | | | | | | | | | | | | | 0% | | |
| Giniúint leictreachais trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht fhótavoltach ghréine[3] | 4.1 | 15 | 6% | | | | | | | | | | | | | 0% | | |
| **OpEx Tacsanomaíocht-Incháilithe ach níl na gníomhaíochtaí inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de (níl na gníomhaíochtaí Tacsanomaíocht-Ailínithe) (A.2)** | | **72** | **29%** | | | | | | | | | | | | | **2%** | | |
| **OpEx gníomhaíochtaí Tacsanomaíocht-Incháilithe (A.1 + A.2)** | | **205** | **82%** | | | | | | | | | | | | | **65%** | | |
| **B. GNÍOMHAÍOCHTAÍ TACSANOMAÍOCHT-NEAMH-INCHÁILITHE** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| OpEx gníomhaíochtaí Tacsanomaíocht Neamh-incháilithe | | 48 | 18% | | | | | | | | | | | | | | | |
| **Iomlán** | | **253** | **100%** | | | | | | | | | | | | | | | |

1 Tá giniúint leictreachais ó bhreoslaí gásacha iontaise san áireamh mar Thacsanomaíocht-Incháilithe ach ní mar Thacsanomaíocht-Ailínithe in 2023. In 2022, measadh go raibh an ghníomhaíocht seo Tacsanomaíocht Neamh-incháilithe.
2 Tá suiteáil, cothabháil agus deisiú teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite san áireamh mar Thacsanomaíocht-Incháilithe ach ní mar Thacsanomaíocht-Ailínithe in 2023. In 2022, measadh go raibh an ghníomhaíocht seo Tacsanomaíocht Ailínithe.
3 Baineann OpEx Tacsanomaíocht-Incháilithe ach nach bhfuil Tacsanomaíocht-Ailínithe le haghaidh na ngníomhaíochtaí seo le caiteachas ar fhorbairt gnó den chuid is mó. Tá tuilleadh eolais le fáil sa Bheartas Cuntasaíochta.

**Gníomhaíochtaí a Bhaineann le Gás Núicléach agus Breoslaí Iontaise**

| Ró | Gníomhaíochtaí a bhaineann le fuinneamh núicléach | |
|---|---|---|
| 1. | Déanann an gnóthas, maoiníonn sé nó tá sé nochta do thaighde, forbairt, taispeáint agus imlonnú saoráidí giniúna leictreachais nuálacha a tháirgeann fuinneamh ó phróisis núicléacha a chruthaíonn a laghad dramhaíola agus is féidir ón timthriall breosla. | Níl |
| 2. | Déanann an gnóthas, maoiníonn sé nó tá sé nochta do thógáil agus oibriú sábháilte suiteálacha núicléacha nua chun leictreachas a tháirgeadh nó teas a phróiseáil, lena n-áirítear chun críocha téimh ceantair nó próiseas tionsclaíoch cosúil le táirgeadh hidrigine, mar aon lena n-uasghráduithe sábháilteachta, trí úsáid a bhaint as na teicneolaíochtaí is fearr atá ar fáil. | Níl |
| 3. | Déanann an gnóthas, maoiníonn sé nó tá sé nochta do thógáil agus oibriú sábháilte suiteálacha núicléacha reatha a tháirgeann leictreachas nó a phróiseálann teas, lena n-áirítear chun críocha téimh ceantair nó próiseas tionsclaíoch cosúil le táirgeadh hidrigine ó fhuinneamh núicléach, mar aon lena n-uasghráduithe sábháilteachta. | Níl |
| | **Gníomhaíochtaí a bhaineann le gás iontaise** | |
| 4. | Déanann an gnóthas, maoiníonn sé nó tá sé nochta do thógáil nó d'oibriú saoráidí giniúna leictreachais a tháirgeann leictreachas trí bhreoslaí gásacha iontaise a úsáid. | Tá |
| 5. | Déanann an gnóthas, maoiníonn sé nó tá sé nochta do thógáil, athchóiriú agus oibriú saoráidí giniúna teasa/fuachta in éineacht agus saoráidí giniúna cumhachta trí bhreoslaí gásacha iontaise a úsáid. | Níl |
| 6. | Déanann an gnóthas, maoiníonn sé nó tá sé nochta do thógáil, athchóiriú agus oibriú saoráidí giniúna téimh a tháirgeann teas/fuacht trí bhreoslaí gásacha iontaise a úsáid. | Níl |

**Gníomhaíochtaí Geilleagracha Tacsanomaíocht-Ailínithe (ainmneoir)**

| Ró | Gníomhaíochtaí geilleagracha | Láimhdeachas: CCM + CCA Méid €'milliún | % | Méid agus céatadán: Maolú an athraithe aeráide (CCM) Méid €'milliún | % | Oiriúnú don athrú aeráide (CCA) Méid €'milliún | % | CapEx: CCM + CCA Méid €'milliún | % | Méid agus céatadán: Maolú an athraithe aeráide (CCM) Méid €'milliún | % | Oiriúnú don athrú aeráide (CCA) Méid €'milliún | % | OpEx: CCM + CCA Méid €'milliún | % | Méid agus céatadán: Maolú an athraithe aeráide (CCM) Méid €'milliún | % | Oiriúnú don athrú aeráide (CCA) Méid €'milliún | % |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1. | Méid agus céatadán na gníomhaíochta geilleagraí Tacsanomaíocht-Ailínithe dá dtagraítear di i Rannóg 4.26 d'Iarscríbhinn I agus II le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in ainmneoir an KPI ábhartha | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| 2. | Méid agus céatadán na gníomhaíochta geilleagraí Tacsanomaíocht-Ailínithe dá dtagraítear di i Rannóg 4.27 d'Iarscríbhinn I agus II le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in ainmneoir an KPI ábhartha | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| 3. | Méid agus céatadán na gníomhaíochta geilleagraí Tacsanomaíocht-Ailínithe dá dtagraítear di i Rannóg 4.28 d'Iarscríbhinn I agus II le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in ainmneoir an KPI ábhartha | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| 4. | Méid agus céatadán na gníomhaíochta geilleagraí Tacsanomaíocht-Ailínithe dá dtagraítear di i Rannóg 4.29 d'Iarscríbhinn I agus II le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in ainmneoir an KPI ábhartha | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| 5. | Méid agus céatadán na gníomhaíochta geilleagraí Tacsanomaíocht-Ailínithe dá dtagraítear di i Rannóg 4.30 d'Iarscríbhinn I agus II le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in ainmneoir an KPI ábhartha | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| 6. | Méid agus céatadán na gníomhaíochta geilleagraí Tacsanomaíocht-Ailínithe dá dtagraítear di i Rannóg 4.31 d'Iarscríbhinn I agus II le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in ainmneoir an KPI ábhartha | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| | **Méid agus céatadán na ngníomhaíochtaí geilleagracha Tacsanomaíocht-Ailínithe nach dtagraítear dóibh i ró 1 - ró 6 thuas in ainmneoir an KPI ábhartha** | **1,496** | **17%** | **1,496** | **17%** | **-** | **-** | **1,446** | **85%** | **1,446** | **85%** | **-** | **-** | **133** | **53%** | **133** | **53%** | **-** | **-** |
| | **KPI infheidhme iomlán** | **8,776** | **100%** | **8,776** | **100%** | **-** | **-** | **1,708** | **100%** | **1,708** | **100%** | **-** | **-** | **253** | **100%** | **253** | **100%** | **-** | **-** |

# Rialachán maidir le Tacsanomaíocht an AE (ar lean)

### Gníomhaíochtaí Geilleagracha Tacsanomaíocht-Ailínithe (uimhreoir)

| | | Láimhdeachas | | | | | | CapEx | | | | | | OpEx | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Méid agus céatadán | | | | | | Méid agus céatadán | | | | | | Méid agus céatadán | | | |
| | | CCM + CCA | | Maolú an athraithe aeráide (CCM) | | Oiriúnú don athrú aeráide (CCA) | | CCM + CCA | | Maolú an athraithe aeráide (CCM) | | Oiriúnú don athrú aeráide (CCA) | | CCM + CCA | | Maolú an athraithe aeráide (CCM) | | Oiriúnú don athrú aeráide (CCA) | |
| Ró | Gníomhaíochtaí geilleagracha | Méid €'milliún | % | Méid €'milliún | % | Méid €'milliún | % | Méid €'milliún | % | Méid €'milliún | % | Méid €'milliún | % | Méid €'milliún | % | Méid €'milliún | % | Méid €'milliún | % |
| 1. | Méid agus céatadán na gníomhaíochta geilleagraí Tacsanomaíocht-Ailínithe dá dtagraítear di i Rannóg 4.26 d'Iarscríbhinn I agus II le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in ainmneoir an KPI ábhartha | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| 2. | Méid agus céatadán na gníomhaíochta geilleagraí Tacsanomaíocht-Ailínithe dá dtagraítear di i Rannóg 4.27 d'Iarscríbhinn I agus II le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in ainmneoir an KPI ábhartha | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| 3. | Méid agus céatadán na gníomhaíochta geilleagraí Tacsanomaíocht-Ailínithe dá dtagraítear di i Rannóg 4.28 d'Iarscríbhinn I agus II le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in ainmneoir an KPI ábhartha | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| 4. | Méid agus céatadán na gníomhaíochta geilleagraí Tacsanomaíocht-Ailínithe dá dtagraítear di i Rannóg 4.29 d'Iarscríbhinn I agus II le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in ainmneoir an KPI ábhartha | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| 5. | Méid agus céatadán na gníomhaíochta geilleagraí Tacsanomaíocht-Ailínithe dá dtagraítear di i Rannóg 4.30 d'Iarscríbhinn I agus II le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in ainmneoir an KPI ábhartha | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| 6. | Méid agus céatadán na gníomhaíochta geilleagraí Tacsanomaíocht-Ailínithe dá dtagraítear di i Rannóg 4.31 d'Iarscríbhinn I agus II le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in ainmneoir an KPI ábhartha | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| | **Méid agus céatadán na ngníomhaíochtaí geilleagracha Tacsanomaíocht-Ailínithe eile nach dtagraítear dóibh i ró 1 - ró 6 thuas in ainmneoir an KPI ábhartha** | **1,496** | **100%** | **1,496** | **100%** | **-** | **-** | **1,446** | **100%** | **1,446** | **100%** | **-** | **-** | **133** | **100%** | **133** | **100%** | **-** | **-** |
| | **Méid agus céatadán na ngníomhaíochtaí geilleagracha tacsanomaíocht-ailínithe in ainmneoir an KPI infheidhme** | **1,496** | **100%** | **1,496** | **100%** | **-** | **-** | **1,446** | **100%** | **1,446** | **100%** | **-** | **-** | **133** | **100%** | **133** | **100%** | **-** | **-** |

### Gníomhaíochtaí Geilleagracha Tacsanomaíocht-Incháilithe ach nach bhfuil Tacsanomaíocht-Ailínithe

| | | Láimhdeachas | | | | | | CapEx | | | | | | OpEx | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Méid agus céatadán | | | | | | Méid agus céatadán | | | | | | Méid agus céatadán | | | |
| | | CCM + CCA | | Maolú an athraithe aeráide (CCM) | | Oiriúnú don athrú aeráide (CCA) | | CCM + CCA | | Maolú an athraithe aeráide (CCM) | | Oiriúnú don athrú aeráide (CCA) | | CCM + CCA | | Maolú an athraithe aeráide (CCM) | | Oiriúnú don athrú aeráide (CCA) | |
| Ró | Gníomhaíochtaí geilleagracha | Méid €'milliún | % | Méid €'milliún | % | Méid €'milliún | % | Méid €'milliún | % | Méid €'milliún | % | Méid €'milliún | % | Méid €'milliún | % | Méid €'milliún | % | Méid €'milliún | % |
| 1. | Méid agus céatadán na gníomhaíochta geilleagraí Tacsanomaíocht-Incháilithe ach nach bhfuil Tacsanomaíocht-Ailínithe dá dtagraítear di i Rannóg 4.26 d'Iarscríbhinn I agus II le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in ainmneoir an KPI ábhartha | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| 2. | Méid agus céatadán na gníomhaíochta geilleagraí Tacsanomaíocht-Incháilithe ach nach bhfuil Tacsanomaíocht-Ailínithe dá dtagraítear di i Rannóg 4.27 d'Iarscríbhinn I agus II le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in ainmneoir an KPI ábhartha | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| 3. | Méid agus céatadán na gníomhaíochta geilleagraí Tacsanomaíocht-Incháilithe ach nach bhfuil Tacsanomaíocht-Ailínithe dá dtagraítear di i Rannóg 4.28 d'Iarscríbhinn I agus II le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in ainmneoir an KPI ábhartha | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| 4. | Méid agus céatadán na gníomhaíochta geilleagraí Tacsanomaíocht-Incháilithe ach nach bhfuil Tacsanomaíocht-Ailínithe dá dtagraítear di i Rannóg 4.29 d'Iarscríbhinn I agus II le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in ainmneoir an KPI ábhartha | 1,996 | 91% | 1,996 | 91% | - | - | 168 | 83% | 168 | 83% | - | - | 34 | 48% | 34 | 48% | - | - |
| 5. | Méid agus céatadán na gníomhaíochta geilleagraí Tacsanomaíocht-Incháilithe ach nach bhfuil Tacsanomaíocht-Ailínithe dá dtagraítear di i Rannóg 4.30 d'Iarscríbhinn I agus II le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in ainmneoir an KPI ábhartha | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| 6. | Méid agus céatadán na gníomhaíochta geilleagraí Tacsanomaíocht-Incháilithe ach nach bhfuil Tacsanomaíocht-Ailínithe dá dtagraítear di i Rannóg 4.31 d'Iarscríbhinn I agus II le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in ainmneoir an KPI ábhartha | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| | **Méid agus céatadán na ngníomhaíochtaí geilleagracha eile Tacsanomaíocht-Incháilithe ach nach bhfuil Tacsanomaíocht-Ailínithe nach dtagraítear dóibh i ró 1 - ró 6 thuas in ainmneoir an KPI ábhartha** | **196** | **9%** | **196** | **9%** | **-** | **-** | **33** | **17%** | **33** | **17%** | **-** | **-** | **38** | **52%** | **38** | **52%** | **-** | **-** |
| | **Méid agus céatadán iomlán na ngníomhaíochtaí geilleagracha Tacsanomaíocht-Incháilithe ach nach bhfuil Tacsanomaíocht-Ailínithe in ainmneoir an KPI infheidhme** | **2,192** | **100%** | **2,192** | **100%** | **-** | **-** | **201** | **100%** | **201** | **100%** | **-** | **-** | **72** | **100%** | **72** | **100%** | **-** | **-** |

### Gníomhaíochtaí Geilleagracha Tacsanomaíocht Neamh-incháilithe

| | | Láimhdeachas | | CapEx | | OpEx | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ró | Gníomhaíochtaí geilleagracha | Méid €'milliún | % | Méid €'milliún | % | Méid €'milliún | % |
| 1. | Méid agus céatadán na gníomhaíochta geilleagraí Tacsanomaíocht Neamh-Incháilithe de réir Rannóg 4.26 d'Iarscríbhinn I agus II le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in ainmneoir an KPI ábhartha | - | - | - | - | - | - |
| 2. | Méid agus céatadán na gníomhaíochta geilleagraí Tacsanomaíocht Neamh-Incháilithe de réir Rannóg 4.27 d'Iarscríbhinn I agus II le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in ainmneoir an KPI ábhartha | - | - | - | - | - | - |
| 3. | Méid agus céatadán na gníomhaíochta geilleagraí Tacsanomaíocht Neamh-Incháilithe de réir Rannóg 4.28 d'Iarscríbhinn I agus II le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in ainmneoir an KPI ábhartha | - | - | - | - | - | - |
| 4. | Méid agus céatadán na gníomhaíochta geilleagraí Tacsanomaíocht Neamh-Incháilithe de réir Rannóg 4.29 d'Iarscríbhinn I agus II le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in ainmneoir an KPI ábhartha | - | - | - | - | - | - |
| 5. | Méid agus céatadán na gníomhaíochta geilleagraí Tacsanomaíocht Neamh-Incháilithe de réir Rannóg 4.30 d'Iarscríbhinn I agus II le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in ainmneoir an KPI ábhartha | - | - | - | - | - | - |
| 6. | Méid agus céatadán na gníomhaíochta geilleagraí Tacsanomaíocht Neamh-Incháilithe de réir Rannóg 4.31 d'Iarscríbhinn I agus II le Rialachán Tarmligthe 2021/2139 in ainmneoir an KPI ábhartha | - | - | - | - | - | - |
| | **Méid agus céatadán na ngníomhaíochtaí geilleagracha Tacsanomaíocht Neamh-incháilithe eile nach dtagraítear dóibh i ró 1 - ró 6 thuas in ainmneoir an KPI ábhartha** | **5,088** | **100%** | **61** | **100%** | **48** | **100%** |
| | **Méid agus céatadán na ngníomhaíochtaí geilleagracha Tacsanomaíocht Neamh-incháilithe in ainmneoir an KPI infheidhme** | **5,088** | **100%** | **61** | **100%** | **48** | **100%** |

# Rialachán maidir le Tacsanomaíocht an AE (ar lean)

## Beartas Cuntasaíochta

Tá bunús ainmneora agus uimhreora gach KPI sonraithe thíos.

### Láimhdeachas

Cuimsítear san ainmneoir láimhdeachais an t-ioncam iomlán aitheanta de bhua an Chaighdeáin Cuntasaíochta Idirnáisiúnta (IAS) 1, mír 82(a). Tá mír líne an ráitis airgeadais ghaolmhair sonraithe i nóta 4 a ghabhann leis na ráitis airgeadais. Nuair a bhí an KPI le haghaidh láimhdeachas á chinneadh, roinneadh an sciar atá Tacsanomaíocht-Ailínithe (an t-uimhreoir) ar an ainmneoir.

Tá an méid seo a leanas san áireamh sa Láimhdeachas Tacsanomaíocht-Ailínithe (uimhreoir):

- Ioncam ó tháillí Úsáid Córais custaiméirí (lena n-áirítear ioncam ó ranníocaíochtaí soláthair agus níl ioncam Úsáid Córais an idirghrúpa san áireamh)
- Ioncam ó ghiniúint cumhachta a bhaineann go príomha le sócmhainní in-athnuaite cosúil le feirmeacha gaoithe
- Ioncam a bhaineann le gníomhaíochtaí Tacsanomaíocht-Ailínithe eile. Tá tuilleadh eolais le fáil sa tábla ar leathanach 112

Tá an méid seo a leanas san áireamh i dTacsanomaíocht-Incháilithe ach níl i Láimhdeachas Tacsanomaíocht-Ailínithe (uimhreoir):

- Ioncam ó ghiniúint cumhachta a bhaineann le breoslaí gásacha iontaise
- Ioncam ó ghiniúint cumhachta a bhaineann le gníomhaíochtaí hidreachumhachta
- Coigeartú a bhaineann le tarchur agus dáileadh ioncam leictreachais díorthaithe ó bhonneagar a bhfuil sé mar aidhm leis nasc díreach a chruthú nó nasc díreach atá ann cheana a fhorbairt idir fostáisiún nó líonra agus monarcha táirgthe cumhachta atá níos déine ar ghás ceaptha teasa ná 100g $CO_2$e/kWh tomhaiste ar bhonn saolré. Ní féidir é seo a ríomh go cruinn, seachas sin ríomhtar é trí thagairt a dhéanamh do chéatadán a leithéid sin de chaitheamh CapEx sa bhliain reatha i gcomparáid leis an CapEx Tacsanomaíocht-Incháilithe iomlán don ghníomhaíocht seo
- Ioncam a bhaineann le gníomhaíochtaí Tacsanomaíocht-Incháilithe eile nach bhfuil Tacsanomaíocht-Ailínithe (lena n-áirítear gníomhaíochtaí nach bhfuil measúnú ailínithe curtha i gcrích lena n-aghaidh ar fhorais ábharthachta)

Ba cheart a thabhairt faoi deara, de bhrí go bhfuil punann ghiniúna ESB á trádáil ar bhonn punainne, nach mór láimhdeachas áirithe a chionroinnt do ghníomhaíochtaí Tacsanomaíocht-Incháilithe nó Tacsanomaíocht-Ailínithe bunaithe ar mhodheolaíocht leithdháilte. Maidir le sócmhainní giniúna cumhachta atá á dtrádáil laistigh de I-SEM, baineann an méid láimhdeachais atá san áireamh le gníomhaíochtaí Tacsanomaíocht-Incháilithe nach bhfuil Tacsanomaíocht-Ailínithe, leis an ioncam fuinnimh tuillte go díreach ó mhargadh leictreachais mórdhíola I-SEM mar aon le hioncam acmhainne agus ioncam coimhdeach (mar atá mínithe i nóta 2 de na ráitis airgeadais). Níl tionchar aon ghníomhaíocht trádála/fálaithe san áireamh (mar atá mínithe thíos) nó tionchar aon choigeartú díothaithe a bhaineann le ceannacháin chumhachta mhórdhíola i Réitigh do Chustaiméirí agus díolacháin chumhachta mhórdíola i nGiniúint agus Trádáil.

Sa bhreis ar an Tacsanomaíocht-Ailínithe agus Tacsanomaíocht-Incháilithe thuas ach nıl sa Láimhdeachas Tacsanomaíocht-Ailínithe thuas, cuirtear an Láimhdeachas Tacsanomaíocht Neamh-Incháilithe seo a leanas san áireamh san ainmneoir:

- Ioncam ó mhiondíolachán chuig custaiméirí leictreachais agus gáis
- Ioncam ó ghiniúint cumhachta a bhaineann le gníomhaíochtaí teirmeacha (níl giniúint cumhachta ó bhreoslaí gásacha iontaise san áireamh)
- Gníomhaíochtaí áirithe a bhaineann le trádáil, fálú agus barrfheabhsú margadh mórdhíola ag leibhéal punainne
- Ioncam eile a bhaineann le gníomhaíochtaí Tacsanomaíocht Neamh-Incháilithe

Tá tuilleadh sonraí maidir le beartas cuntasaíochta ioncam ESB le fáil i nóta 1 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

### CapEx

Cuimsítear san ainmneoir CapEx breiseanna a bhaineann le sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe i rith na bliana airgeadais a breithníodh roimh dhímheas, amúchadh agus atomhais, lena n-áirítear iad siúd a d'eascair as athluachálacha agus bearnúcháin, don bhliain airgeadais ábhartha agus ní chuirtear athruithe cóirluacha san áireamh. Cuimsítear san ainmneoir breiseanna le sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe ag eascairt as teaglamaí gnó. San áireamh tá méideanna a ndearnadh cuntas orthu bunaithe ar IAS 16 (73: (e)(i) agus (iii)), IAS 38 (118: (e)(i)), agus IFRS 16 (53: (h)) agus tá míreanna líne an ráitis airgeadais ghaolmhair leagtha amach i nóta 12, 13 agus 14 leis na ráitis airgeadais.

Nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh maidir le CapEx Tacsanomaíocht-Ailínithe (uimhreoir), cuimsíonn ESB gach CapEx tabhaithe i ESB Networks agus i NIE Networks, lena n-áirítear CapEx, ainneoin nach bhfuil sé le fáil go díreach ar an líonra (e.g. córais TF/OT, feithiclí, cothabháil foirgneamh etc.), tá sé riachtanach d'oibriú rathúil na líonraí dáileacháin agus tarchurtha leictreachais. Bhreithnigh ESB an tionchar a bheadh ag na míreanna seo a fhágáil as an áireamh agus leag sé béim ar an bpointe gurb é caiteachas díreach ar an líonra an ghné is suntasach de CapEx don ghníomhaíocht seo (ba cheart a thabhairt faoi deara freisin nach féidir an t-ioncam le haghaidh na míreanna CapEx seo a dhí-chomhbhailiú go cruinn ón ioncam rialaithe iomlán le haghaidh na ngnóthaí seo). Áirítear i gcaiteachas CapEx costais fostaithe caipitlithe atá inchurtha i leith na gníomhaíochta ábhartha (de réir an modh a úsáideadh sna ráitis airgeadais).

Nuair a bhí an KPI le haghaidh gníomhaíochtaí Tacsanomaíocht-Ailínithe le haghaidh CapEx á gcinneadh, roinntear an sciar atá Tacsanomaíocht-Ailínithe (an t-uimhreoir) ar an ainmneoir.

Tá an méid seo a leanas san áireamh sa CapEx Tacsanomaíocht-Ailínithe (uimhreoir):

- CapEx tabhaithe ar an gcóras tarchurtha agus dáileacháin (seachas gluaiseachtaí a bhaineann le forálacha scoir sócmhainní)
- CapEx tabhaithe ar ghiniúint cumhachta a bhaineann go príomha le sócmhainní in-athnuaite (seachas gluaiseachtaí a bhaineann le forálacha scoir sócmhainní)
- CapEx eile a bhaineann le gníomhaíochtaí Tacsanomaíocht-Ailínithe

Tá an méid seo a leanas san áireamh i dTacsanomaíocht-Incháilithe ach níl in CapEx Tacsanomaíocht-Ailínithe (uimhreoir):

- CapEx ó ghiniúint cumhachta a bhaineann le breoslaí gásacha iontaise (seachas gluaiseachtaí a bhaineann le forálacha scoir sócmhainní)
- CapEx ó ghiniúint cumhachta a bhaineann sócmhainní hidreachumhachta (seachas gluaiseachtaí a bhaineann le forálacha scoir sócmhainní)
- CapEx a bhaineann le bonneagar a bhfuil sé mar aidhm leis nasc díreach a chruthú nó nasc díreach atá ann cheana a fhorbairt idir fostáisiún nó líonra agus monarcha táirgthe cumhachta atá níos déine ar ghás ceaptha teasa ná 100g $CO_2$e/kWh tomhaiste ar bhonn saolré
- CapEx a bhaineann le gníomhaíochtaí Tacsanomaíocht-Incháilithe eile nach bhfuil Tacsanomaíocht-Ailínithe (lena n-áirítear gníomhaíochtaí nach bhfuil measúnú ailínithe curtha i gcrích lena n-aghaidh ar fhorais ábharthachta)

Sa bhreis ar an Tacsanomaíocht-Ailínithe agus Tacsanomaíocht-Incháilithe thuas ach níl sa CapEx Tacsanomaíocht-Ailínithe thuas, cuirtear an CapEx Tacsanomaíocht Neamh-Incháilithe seo a leanas san áireamh san ainmneoir:

- CapEx tabhaithe ar ghiniúint cumhachta a bhaineann le gníomhaíochtaí teirmeacha (níl giniúint cumhachta ó bhreoslaí gásacha iontaise san áireamh)
- CapEx TF tabhaithe ar ghníomhaíochtaí Tacsanomaíocht Neamh-Incháilithe
- CapEx eile a bhaineann le gníomhaíochtaí Tacsanomaíocht Neamh-Incháilithe

Tá tuilleadh eolais maidir le beartais chuntasaíochta Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh agus Sócmhainní Doláimhsithe ESB le fáil i nóta 1 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

Coigeartaítear an CapEx Tacsanomaíocht-Ailínithe don mhaoiniú bannaí glasa tríd an sciar de CapEx ó shócmhainní Tacsanomaíocht-Ailínithe a chur as an áireamh atá maoinithe le bannaí glasa ón CapEX Tacsanomaíocht-Ailínithe iomlán (uimhreoir) agus CapEx iomlán (ainmneoir).

### OpEx

Cuimsítear in ainmneoir OpEx costais neamhchaipitlithe dhíreacha a bhaineann le taighde agus forbairt, bearta athchóirithe foirgnimh, léasanna gearrthéarmacha, cothabháil agus deisiú, agus caiteachas díreach eile a bhaineann le seirbhísiú laethúil sócmhainní réadmhaoine, gléasra agus trealaimh atá riachtanach chun feidhmiú leanúnach agus éifeachtach a leithéid de shócmhainní a chinntiú. Ní féidir crostagairt a dhéanamh leis an sainmhíniú ar OpEx de réir Thacsanomaíocht an AE i ndáil le míreanna líne an ráitis airgeadais.

Nuair a bhíonn an KPI le haghaidh OpEX Tacsanomaíocht-Ailínithe á chinneadh, roinntear an sciar atá Tacsanomaíocht-Ailínithe (an t-uimhreoir) ar an ainmneoir.

Tá an méid seo a leanas san áireamh san OpEx Tacsanomaíocht-Ailínithe (uimhreoir):

- OpEx tabhaithe a bhaineann le sócmhainní na gcóras tarchurtha agus dáileacháin a chothabháil
- OpEx tabhaithe a bhaineann le sócmhainní giniúna cumhachta a chothabháil a bhaineann go príomha le sócmhainní in-athnuaite, go háirithe feirmeacha gaoithe
- An céatadán de OpEx eile a bhaineann le gníomhaíochtaí Tacsanomaíocht-Ailínithe eile

Tá an méid seo a leanas san áireamh i dTacsanomaíocht-Incháilithe ach níl in OpEx Tacsanomaíocht-Ailínithe (uimhreoir):

- OpEx a bhaineann le giniúint cumhachta ó bhreoslaí gásacha iontaise (lena n-áirítear seirbhísiú laethúil)
- OpEx a bhaineann le gníomhaíochtaí hidreachumhachta (lena n-áirítear seirbhísiú laethúil)
- OpEx a bhaineann le gníomhaíochtaí Tacsanomaíocht-Incháilithe eile nach bhfuil Tacsanomaíocht-Ailínithe (lena n-áirítear gníomhaíochtaí nach bhfuil measúnú ailínithe curtha i gcrích lena n-aghaidh ar fhorais ábharthachta)
- Caiteachas forbartha gnó ar ghníomhaíochtaí Tacsanomaíocht-Incháilithe (eadhon giniúint leictreachais ó chumhacht na gaoithe agus teicneolaíocht fhótavoltach ghréine). Ó tharla nach bhfuiltear ach ag cur tús le tionscadail den chineál seo, ní féidir measúnú ailínithe a dhéanamh ar a leithéid de chaiteachas

Ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil gníomhaíochtaí Tacsanomaíocht-Incháilithe laistigh de OpEx curtha san áireamh ach a mhéid a nglactar leo mar ghníomhaíochtaí ábhartha.

Sa bhreis ar an Tacsanomaíocht-Ailínithe agus Tacsanomaíocht-Incháilithe nach bhfuil san OpEx Tacsanomaíocht-Ailínithe thall agus thuas, cuirtear an OpEx Tacsanomaíocht Neamh-Incháilithe seo a leanas san áireamh san ainmneoir:

- OpEx tabhaithe ar ghiniúint cumhachta a bhaineann le monarchana teirmeacha (níl giniúint cumhachta ó bhreoslaí gásacha iontaise san áireamh)
- OpEx eile a bhaineann le gníomhaíochtaí Tacsanomaíocht Neamh-Incháilithe

# INFHEISTITHE I mBONNEAGAR ATHLÉIMNEACH

Críochnaíodh an tógáil ar chúititheoir si-oncronach Ghob na Muine in 2023, agus tho-saigh an t-aonad i mbun oibriú tráchtála. Is é an cúititheoir seo an chéad cheann dá mhéid sa tír agus tá ann an roth lústair is mó ar domhan a úsáidtear ar mhaithe le cob-hsaíocht eangaí. Tá sé in ann 4,000 MWs (soicind meigeavata) de tháimhe a sholáthar, arb ionann sin agus dhá aonad atá i nGob na Muine faoi láthair. Cumasaíonn an teicneo-laíocht méideanna níos mó d'fhuinneamh in-athnuaite ar an gcóras agus soláthraíonn sé seirbhísí leictreachais don eangach leictreachais a bheadh á soláthar roimhe seo ag giniúint atá breoslaithe ag breosla iontaise.

Caibidil 2
# Rialachas Corparáideach


| | |
|---|---|
| Comhaltaí Bhord ESB | 122 |
| Ráiteas Rialachais Chorparáidigh an Chathaoirligh | 126 |
| Tuarascáil Rialachais an Bhoird | 130 |
| Tuarascáil an Choiste Iniúchta agus Riosca | 148 |
| Coistí Boird in 2023 | 156 |
| Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird | 160 |




# Comhaltaí Bhord ESB

## Comhaltaí Boird agus tionachtaí amhail ag an 31 Nollaig 2023



R&MD

### Tarach Ó Ruairc
**Cathaoirleach**

**Ceapachán Boird:** Mí na Samhna 2020 mar Chomhalta Boird agus Cathaoirleach.

**Tionacht:** 3 bliana agus 2 mhí.

**Taithí ghairme:** Comhalta de Chuntasóirí Cairte na hÉireann. Thosaigh sé ag obair le KPMG in 1975, ceapadh é mar chomhpháirtí iniúchta in 1988 agus toghadh é mar Chomhpháirtí Bainistíochta in 2006. Ba chomhalta é de Bhord Domhanda, Foireann Feidhmiúcháin Dhomhanda agus Bord EMA KPMG é, idir 2007 agus 2013. Tá neart scileanna gnó aige mar aon le taithí ardleibhéil i róil tráchtála, airgeadais, chinnteoireachta agus forbartha straitéise, agus ar a bheith ag obair le cliaint in Éirinn agus thar lear.

**Ceapacháin sheachtracha:** I láthair na huaire tá sé ag feidhmiú mar Chathaoirleach ar Kinsale Capital Management agus roimhe seo bhí sé ag feidhmiú mar Chathaoirleach ar Fiontraíocht Éireann. Is Comhalta Boird é de Ballymore (Éire) agus an Institiúid um Ghnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha. Bhí sé i gceannas ar an Ghrúpa Athbhreithnithe Straitéisigh 2014 na Comhairle Ealaíon agus bhí baint aige le roinnt bord carthanais agus cultúrtha. Is Pátrún de Chapter Zero Ireland é, pobal de stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin a threoraíonn plé seomra boird in Éirinn maidir le tionchair an athraithe aeráide. Bhronn Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) Dochtúireacht san Fhealsúnacht (Honoris Causa) ar Tarach i mí Dheireadh Fómhair 2023, mar aitheantas ar an obair atá déanta aige ar mhaithe le cúrsaí gnó, oideachas, na healaíona agus seirbhísí poiblí in Éirinn.



SS&C F&I

### Paddy Hayes
**Príomhfheidhmeannach**

**Ceapachán Boird:** Márta 2022.

**Tionacht:** 2 bhliain agus 5 mhí mar Phríomhfheidhmeannach. 1 bhliain agus 10 mhí mar Chomhalta Boird.

**Taithí ghairme:** Ceaptha mar Phríomhfheidhmeannach i mí Lúnasa 2021. Roimhe seo bhí sé ag feidhmiú mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin ghnó Mhargaí Giniúna agus Mórdhíola ESB agus ansin mar Stiúrthóir Bainistíochta ESB Networks. Is Comhalta d'Institiúid Innealtóirí na hÉireann é agus bhronn Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath (UCD) céim máistir san innealtóireacht air agus bhronn Ollscoil Warwick MBA air. Chaith sé tamall ag obair sa tionscal cruach sa Ríocht Aontaithe sular dhírigh sé ar an earnáil fuinnimh Tionscal in 1999 agus ba é a stiúir comhfhiontar Synergen idir ESB agus Statoil.

**Ceapacháin sheachtracha:** Comhalta de Bhord Stiúrthóirí na hInstitiúide Taighde um Chumhacht Leictreach (EPRI). Cathaoirleach an tionscnaimh Open Doors.



A&RC F&I

### Michael Barry
**Comhalta Boird Neamhspleách**

**Ceapachán Boird:** Eanáir 2023.

**Tionacht:** 1 bhliain.

**Taithí ghairme:** Cuntasóir cairte a rinne a chuid oiliúna le PwC, céimí tráchtála de chuid Choláiste na hOllscoile, Corcaigh agus Stiúrthóir Cairte. D'éirigh sé as a ról mar Phríomhoifigeach Airgeadais Bhord na Móna plc in 2019, i ndiaidh dó 13 bhliain a chaitheamh i mbun an róil agus bhí sé ag feidhmiú mar Stiúrthóir Bainistíochta Eatramhach na Cuideachta in 2017/2018 freisin. Roimhe sin bhí roinnt post airgeadais sinsearach aige in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá, i dtionscail éagsúla lena n-áirítear cógaisíocht, feistí leighis, forbairt maoine agus fáilteachas.

**Ceapacháin sheachtracha:** Comhalta de Bhord Forbartha an Ospidéil Phéidiatraigh Náisiúnta ó mhí Feabhra 2021.

### Eochair Chomhaltacht an Choiste

| | | |
|---|---|---|
| A&RC | An Coiste Iniúchta agus Riosca | Leathanach 148 |
| SS&C | An Coiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Cultúir | Leathanach 156 |
| R&MD | An Coiste Luacha Saothair agus Forbartha Bainistíochta | Leathanach 157 |
| F&I | An Coiste Airgeadais agus Infheistíochta | Leathanach 158 |
| CM&I | An Coiste Custaiméirí, Margaíochta agus Nuálaíochta | Leathanach 159 |



SS&C CM&I

### Aisling Curtis
**Comhalta Boird Neamhspleách**

**Ceapachán Boird:** Aibreán 2023.

**Tionacht:** 8 mhí.

**Taithí ghairme:** Níos mó ná 20 bliain taithí ag obair sna hearnálacha teileachumarsáide agus teicneolaíochta, lena n-áirítear róil a bhí dírithe ar an margadh domhanda, réigiúnach agus Éireannach. Roimhe seo bhí sí ag obair mar Stiúrthóir Straitéise agus Inbhuanaitheachta Microsoft, Stiúrthóir Réiteach le Comhpháirtí Domhanda agus Stiúrthóir Tráchtála. I láthair na huaire tá Aisling ag obair mar Cheannaire Margaidh do Chomhghuaillíochtaí Straitéiseacha PwC. Bhronn UCC Máistreacht san Eacnamaíocht Ghnó uirthi, chaith sí tamall ag staidéar i Scoil Sonraí agus Intleachta Saorga Insead agus chuir sí críoch le Clár Ceannaireachta Inbhuanaitheachta 2022 in Ollscoil Cambridge le déanaí.

**Ceapacháin sheachtracha:** Comhalta Boird de Ghrúpa Aerfort na Sionainne. Roimhe seo bhí sí i mbun ról neamhfheidhmiúcháin sa Ríocht Aontaithe, san Íslitír agus san Afraic Theas, agus le déanaí bhí sí páirteach i mBord an Ospidéil Náisiúnta Máithreachais agus bhí ról comhairleach aici ar Chomhairle IMI. Tá sí páirteach i nGrúpa Stiúrtha Teicneolaíochta an Chlub 30% le ceithre bliana anuas.



A&RC F&I R&MD

### Annette Flynn
**Comhalta Boird Neamhspleách**

**Ceapachán Boird:** Aibreán 2023.

**Tionacht:** 8 mhí.

**Taithí ghairme:** Tá neart taithí feidhmiúcháin faighte ag Annette i rith a gairme lena n-áirítear a bheith ag obair le Kerry Group plc agus UDG Healthcare plc le breis is 25 bliain tráth a raibh sí i mbun ról éagsúil lena n-áirítear Stiúrthóir Bainistíochta Feidhmiúcháin, Oifigeach Forbartha Corparáidí agus Straitéise agus Rialaitheoir Airgeadais in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe, san Eoraip agus sna Stáit Aontaithe. Ceapadh í mar Stiúrthóirí Feidhmiúcháin ar Bhord UDG Healthcare plc in 2004. D'éirigh sí as a gairm feidhmiúcháin in 2011 agus ó shin i leith bhí sí i mbun roinnt stiúrthóireachtaí neamhfheidhmiúcháin le UDG Healthcare plc, Grafton Group plc, Irish Life agus Aryzta AG. Is Comhalta í de Chumann na gCuntasóirí Cairte Deimhnithe, bhronn UCC B. Comm uirthi, is Stiúrthóir Cairte cáilithe í agus tá dhá dhioplóma bronnta ag Scoil Gnó Smurfit uirthi, ceann sa Ghnó agus ceann sa Chóitseáil Feidhmiúcháin.

**Ceapacháin sheachtracha:** I láthair na huaire tá sí ag feidhmiú mar Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin The Irish Times DAC agus Dairygold Cooperative Society Ltd., bunaitheoir agus POF Highflier Executive Coaching, ról a thugann deis di díriú ar chliaint C-suite.



SS&C

### Karen Halpenny
**Comhalta Boird Oibrithe**

**Ceapachán Boird:** Eanáir 2023 faoi Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977.

**Tionacht:** 1 bhliain.

**Taithí ghairme:** Tá sí ag obair le ESB International ó 2001, go príomha i réimse fhorbairt línte lasnairde. I láthair na huaire, tá sí ag obair sa rannóg Innealtóireachta agus Mórthionscadal ar Chábláí HV mar speisialtóir cábalaí. Bhronn Coláiste Náisiúnta na hÉireann (NCI) Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) uirthi i Straitéis agus Cleachtas HRM agus bhronn Scoil Dlí Óstaí an Rí ard-dioplóma sa Dlí Fostaíochta Feidhmeach uirthi. Bhronn NCI Teastas i mBainistíocht agus Caidreamh Tionsclaíoch uirthi agus bhronn UCD Teastas Sláinte agus Sábháilteachta uirthi.

**Ceapacháin sheachtracha:** Iar-Uachtarán Cheardchumann Seirbhísí Fuinnimh na hÉireann (ESU) 2017 – 2021, Ionadaí ESU ar fhóram Ghrúpa na gCeardchumann agus le déanaí ceapadh iad mar ionadaí ESU ar Choiste Sláinte agus Sábháilteachta Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU). Iontaobhaí Electric Aid, carthanas fhoireann ESB, agus Rúnaí an Ghrúpa Náisiúnta Stiúrthóirí Oibrithe.

# Comhaltaí Bhord ESB (ar lean)



CM&I

## Owen Kilmurray
**Comhalta Boird Oibrithe**

**Ceapachán Boird:** Eanáir 2023 faoi Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977.

**Tionacht:** 1 bhliain.

**Taithí ghairme:** Thosaigh sé obair do ESB i mí Márta 1982. Tá tréimhsí caite aige ag obair mar oibrí ginearálta, oibrí líne saoiste, leictreoir agus mar Theicneoir Líonraí i ESB Networks.

**Ceapacháin sheachtracha:** Comhalta gníomhach de Ghrúpa Ceardchumann ESB. Leas-Chathaoirleach Choiste Brainse Fuinnimh SIPTU, comhalta de Choiste Iompair, Fuinnimh, Eitlíochta agus Tógála (TEAC) SIPTU, agus Cisteoir an Ghrúpa Náisiúnta Stiúrthóirí Oibrithe.



A&RC F&I

## Paul Lynam
**Comhalta Boird Neamhspleách**

**Ceapachán Boird:** Deireadh Fómhair 2016, athcheaptha don dara téarma i mí na Nollag 2021.

**Tionacht:** 7 mbliana agus 1 mhí.

**Taithí ghairme:** Ag feidhmiú mar Stiúrthóir Bainistíochta Jungheinrich Lift Truck (Éire) agus Jungheinrich UK Limited faoi láthair, dhá fhochuideachta de chuid Jungheinrich AG, atá bunaithe sa Ghearmáin. Comhairleoir de chuid Chomhlachas Tráchtála na Gearmáine/na hÉireann agus iar-Uachtarán. Breis is 30 bliain taithí ar ghnó in Éirinn agus ar ghnóthaí idirnáisiúnta. Roimhe seo bhí sé ag feidhmiú mar Stiúrthóir Oibríochtaí an ghnó Seirbhísí Tionscail Idirnáisiúnta le Seirbhísí Branda Fuinnimh agus Bonneagair, agus POF Chlinic Whitfield, POF Siemens Limited Ireland agus Príomhoifigeach Airgeadais Siemens Limited Ireland (2008-2010). Chaith sé 14 bhliain ag obair sa Ghearmáin áit a raibh róil bhainistíochta éagsúla á gcomhlíonadh aige le Grúpa Smurfit agus Kappa Packaging. Bhronn DCU BSc in Eolaíocht Anailíseach air, bhronn UCD dioplóma iarchéime sa staidéar gnó air agus bhronn Ollscoil Cathrach Seattle MBA air.

**Ceapacháin sheachtracha:** Stiúrthóir in Jungheinrich Lift Truck Limited (Éire) agus Jungheinrich UK Limited, Comhairleoir/Stiúrthóir Chomhlachas Tráchtála na Gearmáine/na hÉireann agus roimhe sin, Stiúrthóir Siemens Ireland agus Stiúrthóir chuideachtaí comhlachaithe Chlinic Whitfield.



F&I

## Gráinne O'Shea
**Comhalta Boird Oibrithe**

**Ceapachán Boird:** Eanáir 2023 faoi Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977.

**Tionacht:** 1 bhliain.

**Taithí ghairme:** Thosaigh Gráinne ag obair le ESB mar chéimí innealtóireachta in 1989. Bhronn Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus DCU Bhaile Átha Cliath faoi seach bunchéim agus céim máistir uirthi agus bhronn an Institiúid um Bainistíocht Sócmhainní dioplóma i mBainistíocht Sócmhainní uirthi. Is Innealtóir Cairte (Innealtóirí Éireann) í Gráinne agus roimhe seo bhí sí ag obair i ESB Networks, Giniúint agus Soláthar Cumhachta. I láthair na huaire, tá sí ag obair mar Bhainisteoir Straitéis Gnó ESB.

**Ceapacháin sheachtracha:** Ionadaí na hÉireann ar an gComhthionól Ginearálta agus ar Ghrúpa Comhairleach Straitéiseach Eintiteas Oibritheoirí Córais Dáileacháin an AE. Leas-Chathaoirleach Ghrúpa Oibre Eurelectric maidir le Rialáil agus Custaiméirí Líonra agus comhalta den Choiste Dáileacháin agus Éascaithe Margaidh. Comhalta de Choiste Beartais agus Rialacháin Oibritheoirí Córais Dáileacháin na hEorpa. Comhalta de Choiste Beartais Chumann Leictreachais na hÉireann. Iar-chathaoirleach Fhobhrainse Líonraí Chumann Gairmithe na hEarnála Fuinnimh. Roimhe seo, bhí sí ag feidhmiú mar stiúrthóir Fheirm Ghaoithe Fullabrook ESB agus fheirm ghaoithe Dharaidh Braoin (2012-2016).



A&RC SS&C R&MD

## Alf Smiddy
**Comhalta Boird Neamhspleách Sinsearach**

**Ceapachán Boird:** Deireadh Fómhair 2016, athcheaptha don dara téarma i mí na Nollag 2021.

**Tionacht:** 7 mbliana agus 1 mhí.

**Taithí ghairme:** Cuntasóir Cairte a rinne a chuid oiliúna le PwC. Iar-chathaoirleach agus Stiúrthóir Bainistíochta Beamish & Crawford plc le breis is 12 bhliain, agus comhalta de Bhord a mháthairchuideachta, Scottish & Newcastle (UK) Ltd. Comhalta de Chomhairle Feidhmiúcháin Náisiúnta IBEC, Stiúrthóir Chomhlachas Tráchtála Chorcaí, Cathaoirleach Choiste Rialtais Áitiúil Chorcaí agus comhalta de Bhord Údarás Aerfort Chorcaí. Comhalta d'Institiúid Margaíochta na hÉireann. Céimí tráchtála ó UCC, ar bhronn Boston College agus Ollscoil Uladh Céim Máistir sa Cheannaireacht Feidhmiúcháin air.

**Ceapacháin sheachtracha:** Ceaptha i mí Meithimh 2021 mar Ollamh Cúnta i gColáiste Gnó & Dlí, UCC, Stiúrthóir an tionscnaimh Rethink Ireland (Nuálaíocht Shóisialta) a bhfuil an Rialtas ag tacú leis agus Stiúrthóir Oxfam Ireland. Cathaoirleach agus/nó Stiúrthóir cuideachtaí neamhspleácha éagsúla lena n-áirítear Bridgewater Construction, Fohntech agus Granite Digital (margaíocht dhigiteach). Roimhe seo bhí sé ag feidhmiú mar Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin Neamhspleách Sinsearach agus mar Stiúrthóir a raibh freagracht ainmnithe air as rannpháirtíocht na foirne ag Dalata Hotel Group plc.



SS&C CM&I

## An Dr Sara Venning
**Comhalta Boird Neamhspleách**

**Ceapachán Boird:** Nollaig 2021.

**Tionacht:** 2 bhliain agus 1 mhí.

**Taithí ghairme:** POF agus Comhalta Boird de Northern Ireland (NI) Water ó 2010. Taithí ar bhainistíocht fóntas rialaithe agus dlús a chur le seirbhís agus éifeachtúlacht custaiméirí. Bhronn Ollscoil na Banríona, Béal Feirste MEng in Innealtóireacht Leictreach agus Leictreonach uirthi, agus bhronn Ollscoil na Banríona céim oinigh uirthi i rith an tsamhraidh in 2023. Taithí ar líonraí fuinnimh ó bheith ag obair le NIE Networks idir 1996 – 2010. Comhalta d'Institiúid na nInnealtóirí Sibhialta.

**Ceapacháin sheachtracha:** Uachtarán Choiste WaterAid Thuaisceart Éireann.



CM&I

## Trevor Walsh
**Comhalta Boird Oibrithe**

**Ceapachán Boird:** Eanáir 2023 faoi Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977.

**Tionacht:** 1 bhliain.

**Taithí ghairme:** I láthair na huaire, tá sé ag obair mar Mhaoirseoir Seirbhísí Teicniúla do ESB Networks. Roimhe seo bhí sé ag obair mar Bhainisteoir Córas, Maoirseoir Seirbhísí do Chustaiméirí, Oifigeach Oiliúna agus Teicneoir Líonra. Chuir sé tús lena shaol oibre mar leictreoir printísigh agus tá breis is fiche bliain taithí aige ar a bheith ag obair le ESB.

**Ceapacháin sheachtracha:** Tá sé ag feidhmiú mar Chathaoirleach ar Bhrainse Maoirseora Theicniúil ESB Connect ó 2018. Is ionadaí de Ghrúpa na gCeardchumann é ó 2015.

### Eochair Chomhaltacht an Choiste

| | | |
|---|---|---|
| A&RC | An Coiste Iniúchta agus Riosca | Leathanach 148 |
| SS&C | An Coiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Cultúir | Leathanach 156 |
| R&MD | An Coiste Luacha Saothair agus Forbartha Bainistíochta | Leathanach 157 |
| F&I | An Coiste Airgeadais agus Infheistíochta | Leathanach 158 |
| CM&I | An Coiste Custaiméirí, Margaíochta agus Nuálaíochta | Leathanach 159 |

# Ráiteas Rialachais Chorparáidigh an Chathaoirligh



**Tarach Ó Ruairc**
Cathaoirleach

Déantar cur síos sa Ráiteas Rialachais Chorparáidigh seo ar an tslí a chuir ESB prionsabail cód rialachais i bhfeidhm ar chloígh sé leo i rith na bliana airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023. Tá príomhbhéim á leagan ag Bord ESB ar rialachas corparáideach agus agamsa féin mar Chathaoirleach. Tá an Bord tiomanta do na caighdeáin rialachais chorparáidigh, sláine ghnó, trédhearcachta agus chuntasachta is airde agus d'fhorbairt leanúnach chreat rialachais an Ghrúpa i ndáil le gníomhaíochtaí uile ESB.

Is é ról an Bhoird ceannaireacht agus maoirseacht éifeachtach ar ESB a sholáthar agus tacú lena rath ar bhonn fadtéarmach agus ag an am céanna tá an fhoireann bainistíochta freagrach as ceannaireacht feidhmiúcháin agus bainistíocht laethúil an ghnó. Cinntíonn an Bord go léirítear i straitéis agus i gcultúr ESB ár gcuspóir agus luachanna agus go bhfuil leasanna páirtithe leasmhara éagsúla ESB, lena n-áirítear leasanna stocshealbhóirí, fostóirí agus na gcustaiméirí agus an phobail a bhfuilimid ag freastal orthu, cothromaithe nuair a bhíonn cinntí á ndéanamh. Cinntíonn idirghníomhaíocht dhinimiciúil leanúnach idir an Bord agus an fhoireann bainistíochta gurb amhlaidh atá.

Soláthraíonn dea-rialachas corparáideach an bhonnsraith do phleanáil straitéiseach níos eolasaí agus do chinnteoireacht feabhsaithe, a chuireann, i ndeireadh na dála, le luach fadtéarmach ESB a chruthú agus le straitéis ESB a sheachadadh. Tá an Bord fós freagrach as an straitéis a fhorbairt agus as mórchinntí eile faoi sceideal foirmiúil nithe atá le ceadú aige. I rith tréimhse d'éiginnteacht leanúnach agus athrú sa tionscal fuinnimh, agus i gcomhthéacs COP28, rinne an Bord roinnt cinntí in 2023 a bhain le treo straitéiseach, praghsanna leictreachais, éadálacha, infheistíochtaí in athnuaiteáin agus slándáil an tsoláthair. Chomh maith leis sin, rinne an Bord roinnt cinntí a bhain le raon ceisteanna a bhain le hinbhuanaitheacht, riosca, rialachas agus airgeadas. Arís eile, rinne an Bord athbhreithniú ar a chinnteoireacht shuntasach ag deireadh na bliana agus é mar aidhm cur chuige an Bhoird a bheachtú agus a fheabhsú. Áiríodh anseo athbhreithniú mionsonraithe ar thuairisciú agus ar aighneachtaí an Bhoird, mar aon le hanailís ar an méid ama a chaith an Bord ag díriú ar cheisteanna éagsúla, mar dhearbhú go raibh an Bord dírithe go cuí ar cheisteanna straitéiseacha. Bhí an Bord sásta go raibh an mhaoirseacht atá á soláthar éifeachtach agus go bhfuil na cinntí a rinneadh mar bhonn leis na torthaí fadtéarmacha is fearr a chinntiú do ESB agus dá pháirtithe leasmhara.

## Rialachas trí Dhearadh

Ní tharlaíonn dea-rialachas corparáideach trí thimpiste. Tá Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 (an Cód Stáit) á chomhlíonadh ag ESB. Leagtar amach sa Chód Stáit an creat rialachais atá bunaithe ag an Rialtas i ndáil le ceanglais mhaoirseachta agus tuairiscithe Comhlachtaí Stáit, bunaithe ar phrionsabail na cuntasachta, na trédhearcachta, an ionracais agus ar bhéim ar rath inbhuanaithe na heagraíochta ar bhonn níos fadtéarmaí. Chomh maith leis sin, tá Cód Rialachais Chorparáidigh na Ríochta Aontaithe (Cód na Ríochta Aontaithe) agus Iarscríbhinn Rialachais Chorparáidigh na hÉireann (Iarscríbhinn na hÉireann) á gcomhlíonadh ag ESB ar bhonn deonach (a mhéad is infheidhme le réasún, ar an mbonn gur corparáid reachtúil í ESB bunaithe faoi Acht Leictreachais (Soláthar), 1927 (arna leasú)). Ar an tslí seo, cloíonn ESB, de réir mar is infheidhme, le caighdeáin rialachais cuideachta liostaithe agus tá míniúcháin maidir le haon eisceachtaí le fáil sa tábla ar leathanach 140.

Tá bearta oiriúnacha bunaithe ag ESB chun caighdeáin rialachais infheidhme a chomhlíonadh. Cuirtear tuarascálacha maidir lena leithéid de chomhlíonadh, le fianaise agus míniúcháin oiriúnacha, faoi bhráid an Choiste Iniúchta agus Riosca agus an Choiste Forbartha Luacha Saothair agus Bainistíochta de réir mar is cuí. Tá an Bord sásta go bhfuil ceanglais an Chóid Stáit comhlíonta ag ESB agus gach bliain cuirtear tuarascáil faoi bhráid an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (an tAire), ina ndeimhnítear an comhlíonadh sin. Cuirtear deimhniú ar fáil don Aire sa chás nach féidir gnéithe áirithe den Chód a fhorfheidhmiú go héasca i ndáil le comhghuaillíochtaí straitéiseacha, comhfhiontair nó socruithe scairshealbhaithe eile le páirtithe leasmhara seachas eintitis Stáit eile.

Tá an Bord sásta go ndearnadh céimeanna oiriúnacha chun a chinntiú go bhfuil ceanglais infheidhme Acht na gCuideachtaí, 2014, á gcomhlíonadh ag fochuideachtaí Éireannacha ESB.

Mar chomhlacht reachtúil, níl ESB faoi réir na gceanglas nochta atá forordaithe i Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Nochtadh na Faisnéise Neamhairgeadais agus Éagsúlachta ag gnóthais agus grúpaí móra áirithe), 2017, arna leasú. Tá monatóireacht á déanamh ag ESB, áfach, ar fhorbairtí a bhaineann le Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (CSRD) an AE agus tá ullmhúcháin á ndéanamh chun an Treoir a chur chun feidhme ar bhonn deonach ag deireadh na bliana airgeadais 2025. Tá iarracht á déanamh ag ESB cloí le dea-chleachtas trí raon leathan faisnéise neamhairgeadais a nochtadh. Féach ar an tábla ar leathanach 6.

Tá glactha ag ESB le cód eitice, ar a dtugtar "Ár gCód", ina sonraítear a chur chuige maidir le hiompar gnó freagrach agus eiticiúil, a bhfuil luachanna ESB ag tacú leis. Is é bunphrionsabal "Ár gCód", gur féidir le fostaithe freastal ar an mbealach is fearr agus is féidir ar ESB trí chloígh leis na caighdeáin is airde ionracais, dílseachta, cothroime agus rúndachta agus trí gach ceanglas dlí agus reachtúil a chomhlíonadh. Ceanglaítear ar gach ball foirne a dheimhniú gach bliain go bhfuil "Ár gCód" léite acu. Tá a Chód Cleachtais féin ag an mBord ina dtugtar gealltanas maidir leis na caighdeáin iompair agus eitice gnó is airde tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an Grúpa a threorú go héifeachtach
- caitheamh go measúil le daoine
- cúrsaí a phlé ar bhealach oscailte agus ionraic lenár gcustaiméirí, pobail agus páirtithe leasmhara
- faisnéis a úsáid go cúramach

Bítear ag súil go dtabharfaidh Comhaltaí Boird dea-shampla agus go mbeidh an obair á treorú ag an bhfoireann bainistíochta shinsearach agus tá cóip de Chód Iompair an Bhoird le fáil ar shuíomh gréasáin ESB. Chomh maith leis sin, tá Comhaltaí Boird airdeallach ar a gcuid oibleagáidí faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001.

Tá cur síos mionsonraithe ar ár gcreat comhlíontachta rialachais le fáil ar leathanach 130 - 147.

## Éifeachtacht an Bhoird

Tá iarrachtaí leanúnacha á ndéanamh ag an mBord a éifeachtacht a fheabhsú. Déantar é seo trí mhachnamh a dhéanamh i ndiaidh cruinnithe Boird (nuair nach mbíonn an fhoireann bainistíochta i láthair) agus ar bhonn neamhfhoirmiúil trí phlé a dhéanamh le Comhaltaí Boird agus aiseolas a chur ar fáil don Chathaoirleach agus don Rúnaí Cuideachta. Déantar gníomhartha an Bhoird agus an Choiste a rianú go foirmiúil d'fhonn a chinntiú go bhfuil siad ar fad curtha i gcrích.

Déantar meastóireacht inmheánach fhoirmiúil gach bliain, agus gach tríú bliain déanann meastóir seachtrach meastóireacht sheachtrach neamhspleách (meastóir nach bhfuil aon bhaint aige/aici leis an nGrúpa nó le Comhaltaí Boird aonair). Dheimhnigh meastóireacht inmheánach 2023 go bhfuil an Bord ag feidhmiú go héifeachtach agus tá sonraí an athbhreithnithe le fáil ar leathanach 138. Tá sé beartaithe an chéad mheastóireacht inmheánach eile a dhéanamh in 2024.

## Athruithe Boird agus Coiste

Tugadh roinnt athruithe Boird faoi deara i rith 2023, mar seo a leanas:

- Ceapadh Karen Halpenny, Owen Kilmurray, Gráinne O'Shea agus Trevor Walsh mar Chomhaltaí Boird Oibrithe ón 1 Eanáir 2023
- Ceapadh Michael Barry mar Chomhalta Boird neamhspleách i mí Eanáir 2023 i gcomhair téarma cúig bliana
- Chuir Noreen O'Kelly críoch lena téarma mar Chomhalta Boird i mí Aibreáin 2023
- Ceapadh Alf Smiddy mar Chomhalta Boird Neamhspleách Sinsearach i mí Meithimh 2023
- Ceapadh Aisling Curtis agus Annette Flynn mar Chomhaltaí Boird neamhspleácha i gcomhair téarmaí cúig bliana i mí Aibreáin 2023

Níl aon athrú Boird eile le tuairisciú i rith na bliana agus tá an Grúpa ag leanúint ar aghaidh le tairbhe a bhaint as taithí chomhchoiteann agus éagsúlacht na gcomhaltaí reatha.

Is mian liom buíochas a ghabháil le Noreen O'Kelly as an obair a rinne sí i rith a tionachta, go háirithe a ról mar Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca. Chomh maith leis sin, is mian liom fáilte a chur roimh na Comhaltaí Boird nua ar fad, agus tá mé ag súil le bheith ag obair leo ar na dúshláin a bheidh le sárú againn amach anseo.

Rinne an Bord roinnt athruithe ar chomhaltacht an Choiste i rith na bliana mar seo a leanas:

- Ceapadh an Dr Sara Venning mar Chathaoirleach ar an gCoiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Cultúir i mí Eanáir 2023
- Ceapadh Paul Lynam mar Chathaoirleach arna gCoiste Airgeadais agus Infheistíochta i mí Eanáir 2023
- I ndiaidh iad a cheapadh ar an mBord, ceapadh Michael Barry agus Annette Flynn ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca. Chomh maith leis sin, ceapadh Michael Barry mar Chathaoirleach ar an gCoiste i mí Meithimh 2023 i ndiaidh do Noreen O'Kelly críoch a chur lena téarma mar Chomhalta Boird
- Ceapadh Aisling Curtis, Karen Halpenny agus Alf Smiddy mar Chomhaltaí den Choiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Cultúir in ionad Paul Lynam, Owen Kilmurray agus Comhaltaí Boird a bhí imithe ar scor nó ar tháinig deireadh lena dtéarma faoin 31 Nollaig 2022
- Ceapadh Annette Flynn agus Alf Smiddy mar chomhaltaí den Choiste Luacha Saothair agus Forbartha Bainistíochta i ndiaidh do Noreen O'Kelly críoch a chur lena téarma mar Chomhalta Boird
- Ceapadh Michael Barry, Annette Flynn agus Gráinne O'Shea mar chomhaltaí den Choiste Airgeadais agus Infheistíochta i m'áit féin (mar Chathaoirleach Eatramhach an Choiste), Noreen O'Kelly agus Comhaltaí Boird a bhí éirithe as a gcúraimí nó a raibh deireadh tagtha lena dtéarma faoin 31 Nollaig 2022
- Ceapadh Aisling Curtis, Owen Kilmurray, Marguerite Sayers, an Dr Sara Venning agus Trevor Walsh mar chomhaltaí den Choiste Custaiméirí, Margaíochta agus Nuálaíochta in áit Paddy Hayes, Alf Smiddy agus Comhaltaí Boird eile a bhí imithe ar scor nó a raibh deireadh tagtha lena dtéarma faoin 31 Nollaig 2022. Ceapadh Aisling Curtis mar Chathaoirleach den Choiste i mí Meithimh 2023.

## Ráiteas Rialachais Chorparáidigh an Chathaoirligh (ar lean)

I gcomhthéacs Bheartas Ionchuimsitheachta agus Éagsúlachta an Bhoird, rinneadh machnamh cuí ar chothromaíocht inscne na gCoistí nuair a bhí na hathruithe a bhfuil cur síos déanta orthu thall á ndéanamh. Níor tuairiscíodh aon athrú eile ar chomhaltacht an Choiste i rith na bliana. Tá eolas maidir leis na Coistí agus na gníomhaíochtaí a chuir siad i gcrích i rith na bliana le fáil ar leathanach 148 - 159.

Tá ról lárnach ag na Coistí Boird i rialachas. Rinneadh athbhreithniú ar Théarmaí Tagartha na gCoistí Boird, ach amháin an Coiste Custaiméirí, Margaíochta agus Nuálaíochta, i rith na bliana d'fhonn a chinntiú go bhfuil siad dírithe ar chúrsaí straitéiseacha agus ar fáil ar shuíomh gréasáin ESB. Déanfar athbhreithniú ar Théarmaí Tagartha an Choiste Custaiméirí, Margaíochta agus Nuálaíochta ag tús 2024.

Is é an Bord atá freagrach as cinntí, feidhmíocht agus torthaí a Choistí agus déanann sé monatóireacht ar a ngníomhaíochtaí. Tá plean oibre bliantúil ag gach Coiste Boird, ina leagtar amach a dtosaíochtaí don bhliain amach romhainn agus chun tacú leo lena bhfreagrachtaí maoirseachta. Is eisceacht é an Coiste Luacha Saothair agus Forbartha Bainistíochta, ach go ginearálta cuirtear nuashonruithe ráithiúla ar fáil a chuirtear i gcomparáid leis an bplean oibre comhaontaithe. Tuairiscíonn na Coistí don Bhord maidir lena bhfeidhmíocht i gcomparáid leis an bplean oibre agus lena n-éifeachtacht i ndáil lena sainordú a sheachadadh mar atá leagtha amach ina dTéarmaí Tagartha.

### Éagsúlacht Boird agus Pleanáil Chomharbais

Tacaíonn Beartas Ionchuimsitheachta agus Éagsúlachta an Bhoird leis chun ballraíocht ionchuimsitheach agus éagsúil Bhord ESB agus a Choistí a chinntiú. Tá an beartas ar fáil ar shuíomh gréasáin ESB. Glacann an Bord leis gur riachtanais ghnó iad ionchuimsiú agus éagsúlacht, a bhfuil tionchar acu ar an mbealach a oibrímid agus ar an rath a bheidh orainn amach anseo. Cuireadh tuarascáil ionchuimsitheachta agus éagsúlachta bhliantúil (méadracht san áireamh) i láthair an Bhoird inar cinneadh go bhfuil an Bord ag leanúint ar aghaidh le hionchuimsiú agus éagsúlacht a leabú trí iarracht a dhéanamh cothromaíocht níos fearr a chinntiú ar an mBord agus sna struchtúir agus bealaí oibre atá in úsáid aige de réir luachanna ESB.

Nuair a bhíonn comhairle á cur ar an Aire maidir leis an tsonraíocht róil do Chomhaltaí Boird nua agus pleananna comharbais Boird, leagtar béim ar ionchuimsiú agus éagsúlacht, gach gné díobh, ag féachaint don Iarscríbhinn leis an gCód Stáit, "Cothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht". Tá ESB tiomanta, faoi réir tacaíocht ó na stocshealbhóirí Aireachta, d'ionadaíocht na mban ar an mBord gan a bheith níos ísle ná 40%. Mar atá sonraithe ar leathanach 137, amhail ag an 31 Nollaig, mná ba ea cúigear Comhaltaí Boird (42%) agus fir ba ea seachtar gComhaltaí Boird (58%).

Chomh maith leis sin, tá an Bord airdeallach ar an tábhacht a bhaineann le díriú ar riachtanais scileanna amach anseo mar chuid de phleanáil chomharbais leanúnach. Tá plean comharbais atá bunaithe ar anailís ar inniúlachtaí agus bearnaí comhiomlána Boird forbartha agus úsáidfear é chun cabhrú leis an bpróiseas earcaíochta do Chomhaltaí Boird nua i rith 2023.

Tá an Bord ag leanúint ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh ar thuairisciú ESB ar an mBearna Phá idir na hInscní agus tá achoimre le fáil ar leathanach 92 agus tá sé ag tacú le gealltanas ESB chun déileáil le tionscnóirí na bearna pá idir na hinscní trí bheartais ionchuimsitheachta agus éagsúlachta agus trína chleachtais earcaíochta, forbartha agus oibre cliste. Roinneadh an t-eolas is déanaí leis an mBord (tríd an gCoiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Cultúir) maidir le Straitéis um Éagsúlacht, Cothromas agus Ionchuimsiú nua ESB i rith 2023 agus maidir leis an dul chun cinn a rinneadh i ndáil le tosaíochtaí na straitéise a sheachadadh. Tá an Bord ag tacú leis na tionscnaimh éagsúla atá ar bun a thacaíonn le breis cothromais agus ionchuimsitheachta i ngach réimse den ghnó.

### Bainistíocht Riosca

Tá béim leanúnach á leagan ag an mBord agus ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca ar bhainistíocht agus tuairisciú riosca, agus tá cur chuige ESB maidir le riosca a mhaolú sonraithe i mBeartas Bainistíochta Riosca ESB (nuashonraithe in 2023) agus i gcreat rialaithe láidir atá sonraithe i mBeartas Chreat Rialaithe Inmheánaigh ESB. Ainneoin gurb é an Bord atá freagrach as cur chuige an Ghrúpa maidir le riosca, tá freagracht as tacú le hathbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha agus na bainistíochta riosca sannta don Choiste Iniúchta agus Riosca, a raibh ról lárnach aige in 2023 i gcinntiú go raibh rialachas agus dúshlán oiriúnach maidir le riosca agus dearbhú leabaithe ar fud an Ghrúpa. Tá an cur chuige seo maidir le riosca sonraithe sa Tuarascáil Riosca ar leathanach 27 - 43.

### Cultúr agus Rannpháirtíocht an Bhoird

Roinntear eolas maidir le tuairimí comhghleacaithe trí athbhreithnithe a dhéanamh ar shuirbhéanna fostaithe rialta ("Ár nGuth"), agus nuashonruithe maidir le hinfheistíocht i gcórais, cumas agus acmhainn na gcomhaltaí foirne. Tá an Bord (trí na Coistí ábhartha) ag leanúint ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i réimsí cosúil le heitic agus comhlíontacht, sábháilteacht, sláinte agus folláine, cáil agus custaiméirí, rannpháirtíocht fostaithe, ionchuimsiú agus éagsúlacht, agus baill foirne agus feidhmíocht.

Tá plean rannpháirtíochta fostaithe gníomhach bunaithe ag an mBord. Cúis áthais do Chomhaltaí Boird a bheith in ann bualadh le daoine go pearsanta, daoine atá ag obair in aonaid éagsúla sa ghnó i rith 2023. Bhuail na Comhaltaí Boird le comhghleacaithe ag bricfeasta agus seisiún C&F an Bhoird i gCeannoifig ESB agus rinneadh plé bríomhar ar na dúshláin agus deiseanna a bhaineann leis an Straitéis Aeráidneodracht faoi 2040. Chomh maith leis sin, bhuail na Comhaltaí Boird le foirne earcaíochta agus comhpháirtithe gnó AD ESB chun scrúdú a dhéanamh ar an ról tábhachtach atá acu i ndáil leis an straitéis a sheachadadh agus bhí deis acu éisteacht le tuairimí na foirne Energy for Generations maidir le conas is féidir díriú ar fhreagracht shóisialta. Tugadh cuairt ar Stáisiún Cumhachta Ghob na Muine, Feirm Ghaoithe Oweninny, an tIonad Náisiúnta Teagmhála Seirbhísí do Chustaiméirí agus Ionad Oiliúna Náisiúnta ESB Networks i rith 2023, agus fuair na Comhaltaí Boird léargas uathúil ar chultúr ESB. Chomh maith leis sin, thug mé cuairt ar oifigí So Energy i Londain.

Tá an t-ádh ar an mBord go bhfuil ceathrar Comhaltaí Boird Oibrithe tofa ag obair leis a chabhraíonn le rannpháirtíocht an Bhoird le baill foirne ESB agus atá in ann tuairimí agus dearcthaí comhghleacaithe a roinnt i rith plé Boird.

In 2023, rinneadh athbhreithniú ar rannpháirtíocht an Bhoird, agus maoirseacht ar nithe a bhain le baill foirne agus le cultúr, agus cinneadh go bhfuil a leithéid de cheisteanna comhtháite go maith i gclár oibre agus i bpróiseas cinnteoireachta an Bhoird.

### Tuairisciú ESG

I rith 2023, lean an Bord ar aghaidh le béim a leagan ar fheidhmíocht agus ar thuairisciú inbhuanaitheachta agus Gnéithe Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (ESG). Rinne an Bord (tríd an gCoiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Cultúir) maoirseacht ar Chlár Inbhuanaitheachta, Aistrithe agus Cumasúcháin (STEP) ESB atá ag leanúint ar aghaidh le dlús a chur le hullmhúcháin do cheanglais nua faoi CSRD. San áireamh anseo cinnteofar go mbeidh struchtúir oiriúnacha Coiste Boird bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar thuairisciú ESG amach anseo. Cúis dóchais freisin go bhfuil ullmhúchán á dhéanamh, trí STEP, don mheasúnú ábharthachta dúbailte atá riachtanach faoi CSRD.

Chomh maith leis sin, rinne an Bord oiliúint shonrach i rith 2023 maidir le CSRD, agus rinneadh astaíochtaí carbóin agus dea-chleachtas inbhuanaitheachta a thomhas. Tá ESB ag leanúint ar aghaidh le nochtuithe tosaigh a dhéanamh ar bhonn deonach faoin Rialachán maidir le Tacsanomaíocht an AE agus an Tascfhórsa maidir le Nochtuithe Cosanta a bhaineann le hAeráid (TCFD).


### Páirtithe Leasmhara

Tá an Bord ag leanúint ar aghaidh le tús áite a thabhairt do rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara i gcomhthéacs na n-athruithe ó bhonn atá riachtanach chun Straitéis Aeráidneodracht faoi 2040 ESB a sheachadadh. Tá na comhaltaí Boird, an Príomhfheidhmeannach agus a Choiste Feidhmiúcháin tiomanta do bheith ag obair leis na stocshealbhóirí agus lena bpáirtithe leasmhara ar fad. Táimid ag éisteacht leo agus tá a dtuairimí á lorg againn ionas gur féidir linn cinntí níos eolasaí a dhéanamh, agus tá an Bord ag leanúint le tús áite a thabhairt do rannpháirtíocht páirtithe leasmhara ina phleananna oibre féin. I rith 2023, roinneadh an t-eolas is déanaí faoin bplean rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara leis an mBord agus cúis áthais dó go raibh an fhoireann bainistíochta ag leanúint ar aghaidh ag obair ar bhonn réamhghníomhach le páirtithe leasmhara chun saincheisteanna atá ábhartha dóibh a shainaithint.

Tá an Bord ag tabhairt tús áite do chumarsáid éifeachtach le páirtithe leasmhara agus tá sé airdeallach ar na buntáistí frithpháirteacha a bhaineann le rannpháirtíocht chun tacú le tuiscint ar straitéis ESB. Cúis áthais dom fáiltiú roimh ionadaithe na bpáirtithe leasmhara ag an AGM i mí Aibreáin. Chomh maith leis sin, in 2023, bhuail na Comhaltaí Boird le Paschal Donohue T.D., an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, agus le Simon Coveney T.D., an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta chun páirt a ghlacadh i bplé comhchéime faoi thosaíochtaí na bpáirtithe leasmhara agus ról ESB i spriocanna aeráide a sheachadadh tríd an Straitéis Aeráidneodracht faoi 2040.

### Conclúid

Sna leathanaigh ina dhiaidh seo déantar cur síos mionsonraithe ar conas atá a fhreagrachtaí comhlíonta ag an mBord agus a Choistí i rith na bliana d'fhonn a chinntiú go bhfuil cleachtais rialachais láidre á leabú in ESB.



**Tarach Ó Ruairc**
Cathaoirleach
28 Feabhra 2024

# Tuarascáil Rialachais an Bhoird

**Prionsabail Rialachais**
Le linn do ESB a chuspóirí rialachais a fheidhmiú, tá an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) (Cód an Stáit) agus a mhéid is féidir Cód Rialachais Chorparáidigh na Ríochta Aontaithe 2018 (Cód na Ríochta Aontaithe) agus Iarscríbhinn Rialachais Chorparáidigh na hÉireann (Iarscríbhinn na hÉireann) á gcomhlíonadh aige. Tá aon eisceacht mínithe sa tábla atá le fáil ar leathanach 140. Is féidir cóip de Chód an Stáit a fháil ar shuíomh gréasáin na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe - www.per.gov.ie. Is féidir cóip de Chód na Ríochta Aontaithe a fháil ar shuíomh gréasáin na Comhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC) - www.frc.org.uk agus is féidir cóip d'Iarscríbhinn na hÉireann a fháil ag www.ise.ie.

Sonraítear i gCód na Ríochta Aontaithe cúig phríomhphrionsabal rialachais: (1) Ceannaireacht Boird agus Aidhm na Cuideachta, (2) Roinnt Freagrachtaí, (3) Comhdhéanamh, Comharbas agus Meastóireacht, (4) Iniúchadh, Riosca agus Rialú Inmheánach agus (5) Luach Saothair. Tá Tuarascáil Rialachais an Bhoird bunaithe ar an méid sin.

## 1. Ceannaireacht Boird agus Aidhm na Cuideachta

**An Bord**
Is é an Bord atá freagrach as ceannaireacht an Ghrúpa agus, go díreach nó trí Choistí, soláthraíonn sé breithiúnas neamhspleách maidir le luachanna, straitéis, feidhmíocht, acmhainní agus rialachas. I rith 2023, bhí na Comhaltaí Boird atá ainmnithe ar leathanach 122 - 125 páirteach sa Bhord, agus ba é an Rialtas a cheap an Cathaoirleach agus na Comhaltaí Boird neamhspleácha agus ceapadh na ceathrar Comhaltaí Boird Oibrithe de bhua Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977. Tá méid agus struchtúr an Bhoird á rialú ag Achtanna ESB, 1927-2014, agus ag Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977.

Threoraigh an Bord forbairt straitéis ESB dar teideal Difríocht a Dhéanamh: Aeráidneodracht faoi 2040 agus caitheann sé roinnt mhaith ama gach bliain i mbun treo straitéiseach ESB a athbhreithniú. Tá an straitéis fós fréamhaithe i gcuspóir ESB todhchaí níos gile a chinntiú agus tacú leis na custaiméirí agus pobail a bhfuil sé ag freastal orthu aeráidneodracht a bhaint amach (tá sainmhíniú le fáil sa Ghluais). Tá na cuspóirí straitéiseacha ailínithe le Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide Rialtas na hÉireann agus tá an ceanglas a bhaineann le feidhmíocht airgeadais láidir mar bhonn leis, mar aon le cumas bhaill foirne ESB, tairbhe a bhaint as sonraí agus teicneolaíochtaí digiteacha agus gealltanas maidir le hinbhuanaitheacht agus freagracht shóisialta.

**Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara**
Ar aon dul le Cód an Stáit agus Cód na Ríochta Aontaithe, is é an aidhm atá ag an mBord leanúint ar aghaidh le plé oscailte agus dearfach lena pháirtithe leasmhara trína chinntiú go bhfuil Clár Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara, struchtúrtha agus láidir, bunaithe agus ag feidhmiú go héifeachtach. Tá eolas maidir le príomhpháirtithe leasmhara agus rannpháirtíocht ESB leo mar aon le torthaí na rannpháirtíochta seo agus taighde eile le páirtithe leasmhara le fáil ar na leathanaigh idir 23 agus 26. Tá tuilleadh eolais le fáil ar shuíomh gréasáin ESB agus i dTuarascáil Inbhuanaitheachta ESB freisin.

Príomhthosaíocht don Bhord é rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara. Is léir gur bealach éifeachtach é an rannpháirtíocht seo chun deis a thabhairt don Bhord teacht ar thuiscint ar na ceisteanna atá ag déanamh an méid is mó imní do pháirtithe leasmhara ESB. Faightear aiseolas maidir le nithe éagsúla lena n-áirítear straitéis ESB, soláthairtí inacmhainne fuinnimh, rialachas, ceisteanna sóisialta agus timpeallachta, agus inbhuanaitheacht agus gníomhú ar son na haeráide ón rannpháirtíocht seo le páirtithe leasmhara.

Tá an Bord tiomanta do ghníomhú chun tacú le rath ESB chun tairbhe a pháirtithe leasmhara, agus an straitéis agus samhail ghnó a leasú de réir mar is gá. Úsáideadh na torthaí ó rannpháirtíocht agus taighde le páirtithe leasmhara chun cabhrú leis an mBord cinntí a dhéanamh i rith 2023. Bhí an Bord airdeallach go háirithe ar an tionchar a bhí ag an ngéarchéim fuinnimh ar a chustaiméirí agus ar an tsochaí trí chéile (i dtéarmaí inacmhainneachta fuinnimh), agus an gá go mbeadh ról ag ESB i ndícharbónú an tionscail fuinnimh de réir phleananna aeráide an Rialtais chun tairbhe na bpobal a bhfuil ESB ag freastal orthu; ba iad sin na hábhair a bhí chun tosaigh i rith na rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara in 2023. Tá samplaí de na ceisteanna a bhreithnigh agus/nó a cheadaigh an Bord agus na páirtithe leasmhara le fáil ar leathanach 139.

Nuair a bhíonn cinntí á ndéanamh, tugann na comhaltaí Boird aird ar an méid seo a leanas:
- na hiarmhairtí is dócha a bheidh ag aon chinneadh ar bhonn fadtéarmach
- leasanna fostaithe
- caidreamh le soláthraithe, custaiméirí agus daoine eile
- an tionchar atá ag oibríochtaí ar an bpobal agus ar an timpeallacht
- cáil a bheith ar an eagraíocht as ardchaighdeáin iompair ghnó
- an riachtanas caitheamh go cothrom le páirtithe leasmhara ESB

Oibríonn an Bord le páirtithe leasmhara go díreach nó faigheann sé eolas go rialta faoi thuairimí agus leasanna páirtithe leasmhara ar roinnt bealaí lena n-áirítear mar seo a leanas:

| Páirtí Leasmhar: | Conas a roinnt a dtuairimí leis an mBord |
|---|---|
| **Fostaithe** | • Cinntíonn an Bord go bhfuil sé ar an eolas faoi dhearcadh, tuairimí agus réimsí spéise fostaithe trí chruinnithe aghaidh ar aghaidh le daoine atá ag obair i gcodanna éagsúla den ghnó trí bheith i láthair ag laethanta cruinnithe Boird lasmuigh den láthair agus trí bheith ag freastal ar imeachtaí eagraithe (e.g. seisiún C&F bricfeasta an Bhoird agus cuairteanna ar Ionad Náisiúnta Oiliúna ESB Networks, an tIonad Náisiúnta Teagmhála Seirbhísí do Chustaiméirí, Stáisiún Cumhachta Ghob na Muine agus Feirm Ghaoithe Oweninny i rith 2023).<br>• Tacaíonn an Coiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Cultúir leis an mBord le rannpháirtíocht le fostaithe.<br>• Chomh maith leis sin, cinntítear go bhfuil tuairimí fostaithe á roinnt leis an mBord trí cheathrar Comhaltaí Boird Oibrithe a cheapadh. |
| **Stocshealbhóirí** | • Bailítear tuairimí na bpáirtithe leasmhara trí chruinnithe déthaobhacha idir an Bord, an Cathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach le hionadaithe éagsúla ó Rialtas na hÉireann (an príomh-stocshealbhóir) agus trí Phlean Úinéireachta Scaireanna Fostaithe (ESOP) ESB.<br>• D'fhreastail roinnt príomhionadaithe stocshealbhóra ar chruinnithe Boird i rith 2023 lena n-áirítear beirt Airí Rialtais Éireannacha agus NewERA (comhairleoirí airgeadais agus tráchtála ranna Rialtais na hÉireann).<br>• Chomh maith leis sin, bhuail an Cathaoirleach le hAirí ó Rialtas na hÉireann agus leis an Taoiseach ag imeachtaí ESB i rith 2023 agus bhuail Airí ó Rialtas na hÉireann leis an bPríomhfheidhmeannach ag cuairteanna láithreáin ar stáisiún chumhachta an Phoirt Thuaidh agus Áth Fhada. |
| **Infheisteoirí Fiachais agus Gníomhaire-achtaí Rátála** | • Cuirtear tuairimí na n-infheisteoirí fiachais agus gníomhaireachtaí rátála faoi bhráid an Bhoird tríd an gCoiste Airgeadais agus Infheistíochta. Roinntear eolas leis an gCoiste maidir le rannpháirtíocht leanúnach na foirne bainistíochta le hinfheisteoirí fiachais agus gníomhaireachtaí rátála. |
| **Páirtithe Leasmhara Eile** | • Chomh maith leis sin, bailítear tuairimí páirtithe leasmhara eile cosúil le custaiméirí, soláthraithe, pobail agus an tionscal fuinnimh trí chéile trí sheisiúin faisnéise Boird maidir le plean páirtithe leasmhara na foirne bainistíochta mar aon le léargas faighte ó thaighde le príomhpháirtithe leasmhara ESB (gach trí bliana) agus suirbhéanna ar an bpobal i gcoitinne (gach ráithe). Cuirtear na tuairimí seo faoi bhráid an Bhoird tríd an gCoiste Coiste Custaiméirí, Margaíochta agus Nuálaíochta.<br>• Chomh maith leis sin, bhuail an Cathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach lena gcontrapháirteanna in EirGrid plc i rith 2023.<br>• Buaileann an Príomhfheidhmeannach le rialtóirí i rith na bliana chun tuairimí agus peirspictíochtaí maidir le forbairt sa mhargadh fuinnimh agus rialáil tionscail a roinnt. |

# Tuarascáil Rialachais an Bhoird (ar lean)

### Coinbhleachtaí Leasa

Déanann comhaltaí boird nochtuithe bliantúla maidir le haon choinbhleacht leasa phoitéinsiúil nó iarbhír faoi Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001. Déantar iarratas ar aon choinbhleacht phoitéinsiúil a nochtadh nuair a cheaptar comhaltaí Boird nua freisin. Anuas air sin, tá Comhaltaí Boird freagrach as eolas a roinnt le Rúnaí na Cuideachta ar bhonn leanúnach má bhíonn siad ar an eolas faoi aon athrú ar a n-imthosca maidir le coinbhleachtaí leasa, mar atá sonraithe i gCód Iompair Chomhaltaí Boird ESB. Tá mír chaighdeánach ar an gclár gnó cruinnithe freisin do gach cruinniú Boird agus Coiste ina bhfiafraítear de chomhaltaí aon choinbhleacht shonrach a d'fhéadfadh teacht chun cinn a nochtadh. Mar a cheanglaíonn Cód an Stáit, déileáiltear sa Chód Iompair freisin le hoibleagáidí iarscoir na gComhaltaí Boird. Reáchtáiltear cúrsaí oiliúna maidir le Cód Iompair agus coinbhleachtaí leasa Chomhaltaí Boird ESB go rialta.

## 2. Roinnt Freagrachtaí

### Ár Struchtúr

Tá sé mar aidhm le strúchtúr na heagraíochta tacú le cinnteoireacht éifeachtach agus éifeachtúil ar bhealach cuntasach. Níl ról an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh á chur i gcrích ag an duine céanna, agus tá na freagrachtaí atá luaite leis an dá ról sainithe go foirmiúil i dTéarmaí Tagartha an Bhoird. Tá eolas maidir le Struchtúr Rialachais ESB le fáil ar leathanach 133.

### Ról an Bhoird


Soláthraíonn an Bord ceannaireacht agus treo don ghnó trí chéile agus tá sé freagrach as rath fadtéarmach ESB. Ní dhéantar cinntí ach amháin nuair a bhíonn an fhaisnéis chuí curtha ar fáil do Chomhaltaí Boird, i ndiaidh breithniú cuí a dhéanamh ar na rioscaí sainaitheanta tríd an bpróiseas bainistíochta riosca agus bunaithe ar Ráiteas Inghlacthachta Riosca an Ghrúpa. Tugann an Bord dúshlán agus tacaíonn sé ar bhonn gníomhach le forbairt tograí maidir leis an straitéis, agus déanann an Bord na tograí sin a athbhreithniú agus a cheadú ina dhiaidh sin.

I mí na Nollag, rinne an Bord athbhreithniú ar chinnteoireacht an Bhoird in 2023. D'fhonn teacht le gealltanas an Bhoird feabhas leanúnach a dhéanamh, rinneadh é seo chun cinnteoireacht amach anseo a shainiú agus a fheabhsú.

Tá sé beartaithe ag an mBord na príomhchinntí seo a leanas a bhreithniú (tá cuid acu faoi réir chead stocshealbhóra Aireachta freisin):

- Straitéis Ghrúpa ESB, buiséid bhliantúla agus pleananna gnó chúig bliana, ráitis airgeadais bhliantúla agus eatramhacha agus Cuntais Rialála an Ghrúpa a cheadú
- Díbhinní a cheadú
- Cruinnithe ginearálta ESB a thionól
- Infheistíochtaí suntasacha, caiteachas suntasach (lena n-áirítear caiteachas caipitil), conarthaí díorthaigh, saoráidí airgeadais agus beartais státchiste áirithe a cheadú
- Ceapadh agus dífhostú ón bpost mar Phríomhfheidhmeannach agus Rúnaí Cuideachta ESB, agus ón gCoiste Feidhmiúcháin
- Socruithe scoir téarfa nó drochshláinte scoir do Phríomhfheidhmeannach, Stiúrthóirí Feidhmiúcháin agus Rúnaí Cuideachta ESB
- Ceapadh nó athcheapadh, Chathaoirleach an Choiste Sábháilteachta Dambaí
- Stiúrthóirí a Cheapadh ar Bhord ESB Networks DAC (seachas Stiúrthóirí Malartacha de bhua Airteagal Comhlachais ESB Networks DAC) agus Stiúrthóirí agus Rúnaí Bhord NIE Networks Teoranta
- Fógra maidir le dífhostú fostaithe rialta ESB
- Éadálacha, diúscairtí nó scoir shuntasacha sócmhainní
- An Plean Riosca Bliantúil agus an Ráiteas Inghlacthachta Riosca a cheadú
- Iniúchóir seachtrach a cheapadh
- Aon iasacht do chomhalta de Bhord ESB nó iasachtaí stiúrthóir do stiúrthóir de bhord fochuideachta nó bord cuideachta gaolmhar a cheadú
- Stoc a cheannach in ESB (seachas de bhua shocruithe ESOP)
- Ceapadh agus baint Stiúrthóirí Iontaobhaí Ainmnithe ESB do Bhord ESOP
- Príomhcheisteanna a bhaineann le Comhpháirtíocht Novusmodus
- Taraifí cónaithe mórmhargaidh
- Príomhcheisteanna rialála, dlíthiúla, caidreamh tionsclaíoch, luacha saothair, pinsin, cuntasaíochta, státchiste agus beartais
- Comhaontuithe eisiachais a bhaineann le hidirbhearta nó idirbhearta poitéinsiúla
- Athbhreithniú ar fheidhmíocht oibríochtúil agus airgeadais

### Samhail Rialachais ESB




- - Gníomhaíochtaí ceadúnaithe – tá rialacha maidir le deighilt gnólachtaí i gceist.
- - Gníomhaíochtaí líonraí imfhálaithe – a oi-brítear agus a ndéantar maoirseacht orthu seo agus coinníollacha infheidhme ceadúnas rialála á gcomhlíonadh acu. Feidhmíonn Bord ESB ról maoirseachta.

# Tuarascáil Rialachais an Bhoird (ar lean)

## Struchtúr Bhord ESB

### Cathaoirleach
**Tarach Ó Ruairc**
- An Bord a threorú
- Cinneadh a dhéanamh maidir le clár oibre an Bhoird
- A éifeachtacht a chinntiú agus tacú le rannpháirtíocht iomlán gach Comhalta Boird
- Cumarsáid éifeachtach a chinntiú le húinéirí agus le páirtithe leasmhara an Ghrúpa

### Bord
- Cathaoirleach, Príomhfheidhmeannach, seisear Comhaltaí Boird neamhspleácha agus ceathrar Comhaltaí Boird Oibrithe
- Freagrach as rath fadtéarmach ESB agus a bhreithiúnas foriomlán ar cheisteanna a bhaineann le straitéis, feidhmíocht, acmhainní agus rialachas

### Comhalta Boird Neamhspleách Sinsearach
**Alf Smiddy**
- Feidhmiú mar bhonn braite don Chathaoirleach
- Aiseolas a chur ar fáil don Chathaoirleach bunaithe ar athbhreithniú ar éifeachtacht an Chathaoirligh
- Feidhmiú mar idirghabhálaí do na Comhaltaí Boird eile agus do na stocshealbhóirí nuair is gá

### Rúnaí Cuideachta
**Marie Sinnott**
- Cabhrú leis an gCathaoirleach a chinntiú go bhfuil rochtain ag gach Comhalta Boird ar an bhfaisnéis ábhartha ar fad agus ionduchtú/forbairt ghairmiúil na gcomhaltaí Boird a éascú
- A chinntiú go leantar nósanna imeachta cearta an Bhoird agus comhairle a chur ar an mBord maidir le ceisteanna a bhaineann le rialachas corparáideach
- Idirchaidreamh idir an Bord agus an Coiste Feidhmiúcháin

### An Coiste Iniúchta agus Riosca
**Cathaoirleach**
**Michael Barry**
- Tuairisciú airgeadais agus bliantúil
- Córais rialaithe inmheánaigh, chomhlíontachta agus bhainistíochta riosca
- Sceithireacht, calaois agus imscrúduithe
- Iniúchadh inmheánach
- Iniúchadh seachtrach

### An Coiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Cultúir
**Cathaoirleach**
**An Dr Sara Venning**
- Athbhreithniú a dhéanamh ar straitéisí agus ar bheartais a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus folláine, inbhuanaitheacht agus an timpeallacht
- Monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht a bhaineann le sláinte, sábháilteacht, an timpeallacht agus ar nithe a bhaineann le bainistíocht riosca sna réimsí sin
- A chinntiú go bhfuil cultúr oiriúnach á chruthú a bhfuil na luachanna atá le sonrú ar fud ESB mar bhonn leo
- Athbhreithniú a dhéanamh ar straitéisí agus ar bheartais a bhaineann le héagsúlacht, cothromas agus ionchuimsiú, agus freagracht shóisialta chorparáideach.

### An Coiste Luacha Saothair agus Forbartha Bainistíochta
**Cathaoirleach**
**Tarach Ó Ruairc**
- Aird a thabhairt ar bheartas pá an Rialtais, oibleagáidí dlíthiúla, an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus ceanglais rialála chun luach saothair na daoine seo a leanas a cheadú:
  - Comhaltaí Boird agus Comhaltaí Boird príomh-fhochuideachtaí
  - Príomhfheidhmeannach
  - Stiúrthóirí Feidhmiúcháin
- Monatóireacht a dhéanamh ar phleanáil comharbais do róil cheannaireachta
- Breithniú a dhéanamh ar shamhail phá agus ar chóras bainistíochta feidhmíochta an Ghrúpa
- Breithniú a dhéanamh ar éagsúlacht agus ar chothromas pá idir na hinscní

### An Coiste Airgeadais agus Infheistíochta
**Cathaoirleach**
**Paul Lynam**
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thograí a bhaineann le hinfheistíocht/dífheistiú agus caiteachas caipitil
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na híosrátaí toraidh oiriúnacha le haghaidh infheistíochtaí
- Athbhreithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna maoinithe lena n-áirítear ceanglais mhaoinithe agus straitéisí agus beartais státchiste
- Athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht airgeadais lena n-áirítear pleananna gnó agus plean airgeadais bhliantúil
- Monatóireacht a dhéanamh ar cheisteanna stocshealbhóirí lena n-áirítear díbhinní
- Athbhreithniú a dhéanamh ar straitéisí agus ar bheartais trádála

### An Coiste Custaiméirí, Margaíochta agus Nuálaíochta
**Cathaoirleach**
**Aisling Curtis**
- Straitéisí margaíochta, urraíochta agus branda a ailíniú le cuspóirí straitéiseacha
- Monatóireacht a dhéanamh ar lárnacht custaiméirí a leabú
- Athbhreithniú a dhéanamh ar rialachas socruithe urraíochta
- Monatóireacht a dhéanamh ar chaidreamh páirtithe leasmhara agus ar straitéisí rannpháirtíochta
- Monatóireacht a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann le cáil
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an straitéis TF agus dhigiteach

Tá nóta beathaisnéise an Chathaoirligh agus na gComhaltaí Boird le fáil ar leathanach 122 - 125.
Tá nóta beathaisnéise an Rúnaí Cuideachta agus chomhaltaí an Choiste Feidhmiúcháin le fáil ar leathanach 46 - 47.



## Cruinnithe Boird

Bhuail na Comhaltaí Boird le chéile 10 n-uair i rith 2023, agus cruinnithe sceidealaithe ba ea naoi gcinn de na cruinnithe. Tá sceideal míreanna foirmiúil bunaithe ag an mBord atá coimeádta go sonrach dó chun cinneadh a dhéanamh, a athbhreithnítear gach bliain agus a bhfuil cur síos déanta air ar leathanach 132.

Tá údarás tarmligthe ag an mBord don fhoireann bainistíochta chun cinntí a dhéanamh sa ghnáthchúrsa gnó, faoi réir srianta agus tairseacha sonracha. Cinntítear go bhfuil maoirseacht á déanamh ar chinntí atá tarmligthe don Bhord trí chreat tuairiscithe láidir, a bhfuil ról lárnach aige i gcaidreamh éifeachtach le Coistí Boird, an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, an Grúpa Airgeadais agus Tráchtála agus an Coiste Feidhmiúcháin.

Tá tuairisciú airgeadais agus oibríochtúil leanúnach ag tarlú leis an mBord, agus tá páipéir á gcur ar fáil go leictreonach do gach Comhalta Boird roimh gach cruinniú chun dóthain ama a chur ar fáil chun nithe atá le plé/a bhfuil cinneadh le déanamh maidir leo a athbhreithniú agus a bhreithniú. Cuimsítear miontuairiscí chruinnithe Choiste an Bhoird i bpáipéir an Bhoird. Rinneadh roinnt moltaí i meastóireacht an Bhoird a rinneadh in 2023 maidir le formáidí páipéir an Bhoird agus díreofar ar na moltaí seo in 2024.

Is é an aidhm atá leis na cruinnithe Boird cothromaíocht cheart a chinntiú idir maoirseacht ar bhaill foirne, cultúr, straitéis, inbhuanaitheacht, oibríochtaí, airgeadas, rialacha agus ceisteanna a bhaineann le bainistíocht riosca. Déantar monatóireacht air seo tríd an méid ama a leithdháiltear trí chlár an Bhoird agus an Choiste le haghaidh réimsí téamacha a rianú, agus trí aiseolas neamhfhoirmiúil a chur ar fáil d'fhonn a chinntiú go gcaitear dóthain ama ag díriú ar gach saincheist. Tá an Bord sásta gur chuir an Cathaoirleach agus gach Comhalta Boird dóthain ama ar fáil i rith na bliana chun cur ar a gcumas a ndualgais mar Chomhaltaí Boird ESB a chomhlíonadh.

Tá an Bord ag díriú go leanúnach ar fhorfheidhmiú Straitéis ESB dar teideal Difríocht a Dhéanamh: Aeráidneodracht faoi 2040. Déanfar é seo trí dhíriú ar na seacht gcuspóir straitéiseacha (tá tuilleadh eolais maidir le straitéis ESB le fáil ar leathanach 16).

D'fhonn tacú le forfheidhmiú leanúnach straitéis ESB, chuir an Bord na gníomhaíochtaí seo a leanas i gcrích i rith na bliana:

| Cuspóirí Straitéiseacha | Sampla |
|---|---|
| Leictreachas Dícharbó-naithe | Ceadaíodh infheistíochtaí i dtionscadail in-athnuaite éagsúla (lena n-áirítear tionscadail a bhain le gaoth amach ón gcósta agus fuinneamh gaoithe). Chomh maith leis sin, ceadaíodh tuilleadh infheistíochtaí i bhfeirm gaoithe amach ón gcósta Inch Cape, FuturEnergy Ireland, agus an socrú comhfhiontair le Ørsted a bhain le forbairt gaoithe amach ón gcósta amach ó chósta na hÉireann. Rinneadh monatóireacht ar an dul chun cinn atá á dhéanamh i ndáil le feirm gaoithe amach ón gcósta Neart na Gaoithe. |
| Bonneagar Athléimneach | Rinneadh monatóireacht ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ar sheachadadh PR5, lena n-áirítear rolladh amach leanúnach méadar cliste agus feabhsú an líonra, agus cuireadh comhairle ar fáil maidir le plean gnó RP7 NIE Networks. Ceadaíodh cóiríocht na hacmhainne giniúna éigeandála sealadaí (bunaithe ar shocruithe le EirGrid) ag Droichead na Sionainne agus rinneadh tuilleadh infheistíochta i dtionscadail seirbhísí córais a bhfuiltear ag obair orthu go leanúnach. |
| Custaiméirí Cumhach-taithe | Fuarthas nuashonruithe maidir le Clár Aistrithe Custaiméirí ESB Networks, feidhmíocht ionad glaonna Electric Ireland, seoladh aip mhóibíleach Electric Ireland, tacaíochtaí do chustaiméirí leochaileacha agus freagairt géarchéime fuinnimh Réitigh do Chustaiméirí. Rinneadh monatóireacht ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ar chomhfhiontar SIRO chomh fada is a bhaineann leis an mbonneagar leathanbhanda a rolladh amach, agus an Clár Méadraithe Chliste Náisiúnta. |

| Acmhainní Bunúsacha | Sampla |
|---|---|
| Ár gComhaltaí Foirne | Rinneadh athbhreithniú ar thorthaí an tsuirbhé foirne dar teideal Ár nGuth agus fuarthas nuashonruithe maidir le cultúr, sláinte agus folláine, agus acmhainní agus cumas. |
| Béim ar Fhorbairt Dhigiteach agus Sonraí | Rinneadh monatóireacht ar fhorbairtí cibearshlándála agus IS agus ceadaíodh infheistíochtaí TF. |
| Fóntacht Airgeadais | Rinneadh athbhreithniú ar agus ceadaíodh an plean gnó cúig bliana agus fuarthas nuashonruithe ráithiúla maidir le feidhmíocht airgeadais. Rinneadh athbhreithniú ar sheasamh comhthaobhachta agus leachtachta, pleananna maoinithe agus nuashonruithe rátála creidmheasa. Ceadaíodh ráitis airgeadais eatramhacha agus bhliantúla. |
| Inbhuanaithe agus Freagrach go Sóisialta | Ráiteas bliantúil ESB maidir le Sclábhaíocht agus Gáinneáil ar Dhaoine a Chosc ceadaithe. Nuashonrú faighte maidir le Clár Timpeallachta agus Inbhuanaitheachta NIE Networks. Nuashonruithe faighte in 2023 maidir le gníomhaíochtaí an Chiste Energy for Generations. |

Cuireadh nuashonrú maidir le dul chun cinn i gcomparáid le Tionscnaimh Feidhmíochta Straitéiseacha ESB (mar atá sonraithe ar leathanach 17) faoi bhráid an Bhoird i mí na Samhna.

# Tuarascáil Rialachais an Bhoird (ar lean)

### Tinreamh ag Cruinnithe in 2023

Tá eolas le fáil thíos maidir le tinreamh gach Comhalta Foirne ag cruinnithe sceidealaithe agus neamhsceidealaithe i rith na bliana. Le cois na gComhaltaí Boird agus Rúnaí Cuideachta, d'fhreastail roinnt Stiúrthóirí Feidhmiúcháin agus Bainisteoirí Sinsearacha ar chruinnithe Boird rannóg ábhartha, i ndiaidh cuireadh a fháil. Chomh maith leis sin, buaileann comhaltaí Boird le Comhaltaí Boird Feidhmiúcháin nó leis an bhfoireann bainistíochta chun ceisteanna ábhartha a phlé.

| Comhaltaí Boird 2023 | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu Sceidealaithe (Neamhsceidealaithe) |
|---|---|
| Tarach Ó Ruairc | 9 (1) |
| Paddy Hayes | 9 (1) |
| Michael Barry* | 9 (-) |
| Aisling Curtis*# | 6 (-) |
| Annette Flynn*# | 4 (-) |
| Karen Halpenny^ | 9 (1) |
| Owen Kilmurray^ | 9 (1) |
| Paul Lynam* | 9 (1) |
| Noreen O'Kelly*† | 2 (1) |
| Gráinne O'Shea^ | 9 (1) |
| Alf Smiddy* | 9 (1) |
| An Dr Sara Venning* | 9 (1) |
| Trevor Walsh^ | 9 (1) |

* Comhalta Boird Neamhspleách
^ Comhalta Boird Oibrithe
† Tionacht críochnaithe i mí Aibreáin 2023
# Tionacht tosaithe i mí Aibreáin 2023

### Neamhspleáchas

Bunaithe ar mheasúnú a cuireadh i gcrích don bhliain dar críoch 2023, chinn an Bord, seachas chomh fada is a bhain leis an bPríomhfheidhmeannach agus na Comhaltaí Boird Oibrithe, go raibh na Comhaltaí Boird ag feidhmiú go neamhspleách i rith 2023. Cuirtear san áireamh sa chinneadh maidir le neamhspleáchas na gComhaltaí Boird, Cód an Stáit agus forálacha ábhartha Chód na Ríochta Aontaithe maidir le neamhspleáchas na gComhaltaí Boird i ndáil le carachtar agus breithiúnas, agus easpa caidrimh nó imthosca a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do neamhspleáchas Comhalta Boird. Rinneadh measúnú neamhspleáchais den chineál céanna i ndáil le ceapachán an Chathaoirligh reatha.

Ceanglaíonn Cód na Ríochta Aontaithe ar bhoird imthosca a shainaithint ina bhféadfaí dochar a dhéanamh do neamhspleáchas stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin, lena n-áirítear imthosca ina raibh stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin páirteach sa Bhord le haghaidh tréimhse nach mó ná naoi mbliana. Ceanglaíonn Cód an Stáit go mbeadh ceapacháin ar an mBord teoranta do thréimhse uasta ocht mbliana. Thángthas ar chomhaontú maidir le tionacht Noreen O'Kelly sular cuireadh forálacha neamhspleáchais an Chóid Stáit i bhfeidhm agus bhí sí páirteach in obair an Bhoird le breis is naoi mbliana sular tháinig deireadh lena téarma i mí Aibreáin 2023. Tá an Bord sásta nár cuireadh isteach ar neamhspleáchas Noreen O'Kelly i rith 2023 i ndiaidh measúnú a dhéanamh ar na breithniúcháin neamhspleáchais eile a sonraíodh i gCód na Ríochta Aontaithe.

### Neamhspleáchas an Bhoird, gan an Cathaoirleach a áireamh




55% Baill Neamhspleácha Bhoird
45% Baill Bhoird nach bhfuil Neamhspleách

### Taithí agus Meascán Scileanna an Bhoird – An Bord ag an 31 Nollaig 2023

| | Rannpháirtíocht sa Choiste Boird | | | | | Saineolas na gComhaltaí Boird: Príomhscileanna | | | | | | | | | | Saineolas na gComhaltaí Boird: Scileanna Earnáilsonracha | | | Taithí na gComhaltaí Boird |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Iniúchadh agus Riosca | Airgeadas agus Infheistíocht | Custaiméirí, Margaíocht agus Nuálaíocht | Sábháilteacht, Inbhuanaitheacht agus Cultúr | Luach Saothair agus Forbairt Bainistíochta | Forbairt Chorparáideach/ Cumaisc&Fálacha | Straitéis/Nuálaíocht | Airgeadas/Cuntasaíocht/ Iniúchadh | ETIM/Cibearshlándáil | Bainistíocht Tallainne, Cultúr agus Cúiteamh | Rialachas | Eispéireas Custaiméirí, Branda agus Margaíocht | Caidreamh le Páirtithe Leasmhara | Bainistíocht Riosca | Inbhuanaitheacht | Fuinneamh/Margaí Rialaithe | Sábháilteacht/Timpeallacht | Seachadadh Bonneagair agus Bainistíocht Tionscadail | Fad na Tionachta ar an mBord |
| Tarach Ó Ruairc | | | | | ● | ● | ● | ● | | ● | ● | ○ | ● | ● | ○ | ○ | | | 3 bliana & 2 mhí |
| Paddy Hayes | | ○ | | ○ | | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ○ | ● | ● | ○ | ● | ● | ● | 1 bhliain & 10 mhí |
| Michael Barry | ● | ○ | | | | ● | ● | ● | | ○ | ● | | ● | ● | ○ | ● | | ○ | 1 bhliain |
| Aisling Curtis | | | ● | ○ | | | ● | ● | ● | ○ | ○ | ● | ○ | ● | ○ | | | | 8 mhí |
| Annette Flynn | ○ | ○ | | | ○ | ● | ● | ● | | ○ | ● | ○ | ○ | ● | ○ | | | | 8 mhí |
| Karen Halpenny | | | | ○ | | | | | ● | ○ | ○ | | | | | | ● | ● | 1 bhliain |
| Owen Kilmurray | | | ○ | | | | | | ○ | ○ | ○ | ○ | | | | | ● | ○ | 1 bhliain |
| Paul Lynam | ○ | ● | | | | ○ | ● | ○ | ● | ○ | ● | ● | ○ | ● | ○ | ● | ● | ○ | 7 mbliana & 1 mhí |
| Gráinne O'Shea | | ○ | | | | | ○ | | ● | | ○ | ○ | ○ | ○ | ○ | ● | ○ | ● | 1 bhliain |
| Alf Smiddy | ○ | | | ○ | ○ | ● | ● | ● | | ● | ● | ● | ○ | ○ | ○ | ○ | ● | | 7 mbliana & 1 mhí |
| An Dr Sara Venning | | | ○ | ● | | ○ | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ○ | ● | ● | ● | 2 bhliain & 1 mhí |
| Trevor Walsh | | | ○ | | | | | | ● | ○ | ○ | ● | | | | | ● | ● | 1 bhliain |

● Cathaoirleach an choiste
○ Comhalta den choiste
● Tá an scil/taithí earnálach riachtanach aige/aici
○ Tá roinnt scileanna/taithí earnálach riachtanach aige/aici



## 3. Comhdhéanamh, Comharbas agus Meastóireacht

### Comhaltacht Boird

In 2023, chinntigh na Comhaltaí Boird go raibh taithí agus neamhspleáchas éagsúil ag tacú le cinnteoireacht éifeachtach. Baintear an oiread tairbhe agus is féidir as scileanna agus taithí Comhaltaí Boird trína gcomhaltacht ar Choistí Boird ábhartha. Tá eolas maidir le taithí na gComhaltaí Boird le fáil i nótaí beathaisnéise na gComhaltaí Boird ar leathanach 122 - 125 agus tá eolas maidir lena dtaithí/scileanna le fáil ar leathanach 136. Mar chuid de bhreithniúchán an Bhoird ar éagsúlacht agus ionchuimsitheacht ag leibhéal Boird, déantar measúnú ar scileanna agus taithí, a nglactar leis mar phríomhionchur i gclár oiliúna agus forbartha an Bhoird. Tá an Bord muiníneach go bhfuil an t-eolas, cumas agus taithí ag na comhaltaí ar fad chun na feidhmeanna riachtanacha a chur i gcrích agus chun déileáil leis na dúshláin shuntasacha a mbeidh ar ESB déileáil leo.

Is é príomhról an Bhoird breithiúnas oibiachtúil agus eolasach a dhéanamh chun dúshlán straitéis Ghrúpa ESB a thabhairt agus a fhorbairt agus a cheadú go cuiditheach, d'fhonn a chinntiú go bhfuil foireann bainistíochta láidir ar fáil chun an straitéis a fhorfheidhmiú agus chun dlús a chur le feidhmíocht gnó, agus chun creat de rialuithe stuama agus éifeachtacha a bhunú chun riosca a mhaolú. Foráiltear i gCód an Stáit gur féidir leis an gCathaoirleach oibriú leis an Rialtas maidir le comharbas Boird agus is deis atá ann a chinntiú go mbeadh meascán cuí scileanna, éagsúlachta agus taithí ag na comhaltaí Boird.

Tá dhá fhachtóir thábhachtacha mar bhonn lena chinntiú go bhfuil ar chumas an Bhoird na dualgais agus na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh go rathúil:

- Raon éagsúil agus domhain scileanna agus taithí i measc na gComhaltaí Boird
- Próisis d'fhonn a chinntiú go bhforbraíonn agus go gcoimeádann gach Comhalta Boird tuiscint mhaith ar oibríochtaí agus ar thimpeallacht sheachtrach an Ghrúpa agus, dá réir sin, go bhfuil ar ár gcumas cinntí eolasacha a dhéanamh. Féach thall agus ar leathanach 138 áit a bhfuil tuilleadh sonraí maidir leis na próisis ionduchtúcháin agus oiliúna agus forbartha leanúnaí.

### Ceapacháin Boird

De bhrí gurb é an Rialtas atá freagrach as ceapacháin Boird (lena n-áirítear ceapachán Comhaltaí Boird Oibrithe), ní gheallann ESB meastóireacht a dhéanamh ar Chomhaltaí Boird aonair. Téann an Cathaoirleach i mbun plé leis an Rialtas roimh phróiseas ceapacháin an Bhoird, áfach, maidir leis na scileanna agus an éagsúlacht shonrach atá ag teastáil ar an mBord. I mí na Samhna 2014, d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, Treoirlínte maidir le Ceapacháin ar Bhoird Stáit agus baineann na treoirlínte seo le ceapacháin ar Bhord ESB.

Go hiondúil, ceaptar Comhaltaí Boird neamhspleácha (neamhoibrí) le haghaidh téarma tosaigh cúig bliana, téarma ar féidir é a athnuachan le haghaidh tréimhse bhreise suas go dtí uasmhéid ocht mbliana ar fad (nuashonraithe de réir larscríbhinn Chód Cleachtais 2020*). Chomh fada is a bhaineann le Comhaltaí Boird Oibrithe, ceaptar iad le haghaidh téarma tosaigh ceithre bliana agus d'fhéadfaí iad a ath-thoghadh le haghaidh téarmaí breise. Dá réir sin, níl Comhaltaí Boird faoi réir atofa ag eatraimh níos lú ná sin. Féadfaidh an Rialtas an Príomhfheidhmeannach agus na Comhaltaí Boird neamhspleácha a athcheapadh ar an mBord agus tá aon athcheapachán Comhaltaí Boird Oibrithe á dhéanamh de bhua Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 faoi réir cead a fháil ón Rialtas.

### Ionduchtú

Tá clár ionduchtúcháin bunaithe chun eolas a roinnt le Comhaltaí Boird nua maidir le hoibríochtaí an Ghrúpa. Tá an clár curtha in oiriúint do thaithí, cúlra agus riachtanais an duine aonair. I measc phríomhghnéithe an chláir tá bualadh le comhaltaí den Choiste Feidhmiúcháin, cuairt a thabhairt ar láithreáin agus freastal ar sheisiúin faisnéise maidir le Straitéis Ghrúpa ESB, gnóthaí aonair agus an Creat Bainistíochta Riosca Fiontair (ERM). I bhfianaise an líon comhaltaí nua a ghlac páirt sa Bhord in 2023, leagadh níos mó béime ar an gclár ionduchtúcháin seo i rith na bliana.

* Tabhair faoi deara: Ní bhaineann ceanglais Iarscríbhinn an Chóid Cleachtais le Comhaltaí Boird Oibrithe. Chomh fada is a bhaineann le Comhaltaí Boird Neamhfheidhmiúcháin atá ceaptha ar dháta foilsithe na hIarscríbhinne, cuirfear i bhfeidhm é ag deireadh a gconarthaí.

### Comhdhéanamh an Bhoird (Inscne)




58% Fir
42% Mná

### Fad na tionóntachta




66% 0-2 bhliain
17% 2-5 bliana
17% >5 bliana

### Aoisghrúpa Bhaill an Bhoird




25% 40-50
42% 50-60
33% 60-70

# Tuarascáil Rialachais an Bhoird (ar lean)

## Oiliúint agus Forbairt Leanúnach

Tá clár forbartha leanúnaí bunaithe atá dírithe ar gach Comhalta Boird. Téann an Cathaoirleach agus Rúnaí Cuideachta i mbun idirchaidrimh le Comhaltaí Boird chun díriú ar a riachtanais shonracha, cosúil le freastal ar chomhdhálacha, cúrsaí agus seimineáir ghréasáin atá ábhartha don ghnó nó seisiúin faisnéise eagraithe ag an bhfoireann bainistíochta faoi ábhair shonracha. In 2023, eagraíodh seisiúin oiliúna mhionsonraithe faoi thairiscintí táirgí fuinnimh Réitigh do Chustaiméirí, ceisteanna airgeadais, rialúchán, fálú tráchtearraí, cibearshlándáil, inbhuanaitheacht agus feasacht ar chalaois. Cothabháladh agus nuashonraíodh na háiseanna ar líne a bhí ar fáil don Bhord i rith 2023. Sna hacmhainní seo soláthraítear ábhar don Bhord maidir le gnéithe éagsúla lena n-áirítear rialachas corparáideach, cúrsaí airgeadais, straitéis, riosca fiontair, TF, timpeallacht agus inbhuanaitheacht, baill foirne agus cultúr, custaiméirí agus beartais Ghrúpa. Díreofar aird ar leith ar CSRD in 2024.

## Éifeachtacht an Bhoird

Chun Cód an Stáit agus Cód na Ríochta Aontaithe a chomhlíonadh, reáchtálann an Bord meastóireacht bhliantúil ar a fheidhmíocht féin agus feidhmíocht a Choistí (gach tríú bliain déanann meastóir seachtrach é seo ar bhonn neamhspleách). Baineann an mheastóireacht seo le feidhmíocht chomhchoiteann an Bhoird agus na gCoistí agus ní le feidhmíocht aonair na gComhaltaí Boird seachas an Cathaoirleach. Breithnítear feidhmíocht an Chathaoirligh go sainráite mar chuid de phróiseas meastóireachta an Bhoird, sa bhreis ar phróiseas ar leith atá á chomhordú ag an gComhalta Boird Neamhspleách Sinsearach. Is é an aidhm atá leis na meastóireachtaí seo athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú an Bhoird agus bealaí chun éifeachtacht an Bhoird a fheabhsú a aimsiú. Chomh maith leis sin, cabhraíonn sé chun na scileanna sonracha nach mór a bheith ag Comhaltaí Boird a shainaithint, ar féidir leis an gCathaoirleach moltaí maidir leo a chur faoi bhráid an Rialtais lena mbreithniú nuair a bhíonn ceapacháin á ndéanamh. Soláthraíonn an mheastóireacht dearbhú go bhfuil an Bord tiomanta do na caighdeáin rialachais is airde. Is é an Cathaoirleach a threoraíonn an mheastóireacht agus tacaíonn Rúnaí na Cuideachta leis an obair seo.

Rinneadh an mheastóireacht sheachtrach dheireanach in 2021 agus ba é an measúnú foriomlán go raibh Bord ESB ag feidhmiú i raon na "Catagóirí Láidre" bunaithe ar thagairt a dhéanamh do na tagarmharcanna úsáidte. Tá an Bord sásta go bhfuiltear tar éis díriú ar na gníomhartha ardtosaíochta ar fad a tugadh faoi deara sa mheastóireacht sin.

Cuireadh nuashonrú maidir leis an moladh ardtosaíochta ó mheastóireacht inmheánach 2022 agus ó mheastóireacht 2022 ar éifeachtacht an Chathaoirligh faoi bhráid an Bhoird in 2023. Díríodh ar na gníomhartha mar seo a leanas:

| Moladh | Nuashonrú 2023 |
|---|---|
| • Pleanáil comharbais an Bhoird a threisiú trí níos mó feabhsuithe a dhéanamh i ndáil le sainaithint na bpríomhthacar scileanna a theastaíonn ó Chomhaltaí Boird. | • Cuireadh le tacar scileanna an Bhoird trí beirt Chomhaltaí Boird neamhfheidhmiúcháin a cheapadh.<br>• Tá tús áite á thabhairt d'oiliúint agus ionduchtú Boird. |
| • Tá an Cathaoirleach chun aiseolas a chur ar fáil faoi rannpháirtíocht páirtithe leasmhara. | • Chuir an fhoireann bainistíochta agus an Cathaoirleach nuashonruithe ar fáil don Bhord maidir le príomhrannpháirtíocht le páirtithe leasmhara, agus bhuail príomhpháirtithe leasmhara Rialtais leis an mBord go díreach i rith na bliana. |

Reáchtáladh an mheastóireacht inmheánach sceidealaithe in 2023. San áireamh sa mheastóireacht bhí ceistneoir, ar cuimsíodh ann nithe a bhí foghlamtha ó na ceisteanna a úsáideadh in athbhreithniú seachtrach 2021, le cois ceisteanna breise a úsáideadh a raibh sé mar aidhm leo cinneadh a dhéanamh maidir le héifeachtacht chur chun feidhme gníomhartha atá ag eascairt as an athbhreithniú seachtrach. D'fhonn a chinntiú go raibh an t-athbhreithniú chomh stuama agus chomh hoibiachtúil agus a d'fhéadfadh sé a bheith, eisíodh ceistneoir chuig gach Comhalta Boird agus eisíodh ceistneoirí ar leith le haghaidh gach Coiste. Bunaithe ar na freagraí a sholáthair na Comhaltaí Boird, cuireadh tuarascáil maidir leis na torthaí faoi bhráid an Bhoird, inar sonraíodh gníomhartha beartaithe chun déileáil leis na ceisteanna ar tarraingíodh aird orthu.

Seo a leanas na gníomhartha ardtosaíochta a d'eascair as meastóireacht inmheánach 2023:

- Leanúint ar aghaidh le próiseas pleanála comharbais an Bhoird a threisiú
- Athbhreithniú a dhéanamh ar fhad agus tráthúlacht aighneachtaí agus mhiontuairiscí an Bhoird
- Seisiúin faisnéise leanúnacha a eagrú maidir le ceisteanna ESG
- Breis oiliúna maidir le CSRD
- Breis cúrsaí oiliúna maidir le cúrsaí airgeadais agus AD mar chuid d'fhorbairt leanúnach chomhaltaí aonair an Bhoird

Rianófar na gníomhartha seo i rith 2024.

Ar leithligh i rith 2023, thug an Bord Neamhspleách Sinsearach faoi mheastóireacht ar éifeachtacht an Chathaoirligh. Seoladh ceistneoir chuig na Comhaltaí Boird agus chuig comhaltaí an Choiste Feidhmiúcháin ag lorg aiseolais maidir leis an bhfeidhmíocht seo. Pléadh na torthaí leis an gCathaoirleach. Tríd is tríd, mhol an Bord agus an Coiste Feidhmiúcháin éifeachtacht an Chathaoirligh.

Le cois na moltaí a rinneadh mar thoradh ar na meastóireachtaí seachtracha agus inmheánacha, rinneadh tuilleadh feabhsaithe fós ar éifeachtacht an Bhoird i rith na bliana trís an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Nuashonraíodh Cód Iompair an Bhoird
- Leanadh ar aghaidh le clár ionduchtúcháin agus oiliúna an Bhoird agus le hoiliúint shonrach intí earnála a rolladh amach
- Reáchtáladh cruinnithe rialta idir an Cathaoirleach agus na Comhaltaí Boird ar mhaithe le plé oscailte maidir le héifeachtacht agus éifeachtúlacht an Bhoird a éascú



## Samplaí de nithe breithnithe agus/nó ceadaithe ag an mBord in 2023

| Baill Foirne | Páirtithe Leasmhara Breithnithe |
|---|---|
| • Torthaí an tsuirbhé foirne<br>• Teagmhais sábháilteachta<br>• Cultúr lena n-áirítear Obair Chliste<br>• Acmhainní a chur ar fáil agus cumas<br>• Tionchar chostas na mbrú maireachtála<br>• Beartas maidir le hionchuimsiú agus éagsúlacht<br>• Tuarascáil maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní 2023<br>• An Ciste *Energy for Generations* | • Fostaithe<br>• Pobail |

| Oibríochtaí | Páirtithe Leasmhara Breithnithe |
|---|---|
| • Tuarascálacha maidir le hoibríochtaí an Phríomhfheidhmeannaigh<br>• Tuarascálacha sábháilteachta, sláinte agus timpeallachta, agus nuashonruithe feidhmíochta<br>• Diúscairtí réadmhaoine<br>• Infheistíocht i dtionscadail seirbhísí in-athnuaite/córais<br>• Giniúint Éigeandála Shealadach a Fhorbairt<br>• PR5 lena n-áirítear nuashonrú an chláir méadraithe chliste<br>• Plean gnó RP7 NIE Networks<br>• Nuashonrú gnó So Energy<br>• Nuashonruithe maidir le tionscadail forbartha leanúnacha (lena n-áirítear Inch Cape agus Neart na Gaoithe)<br>• Athruithe ar phraghsanna leictreachais<br>• Nuashonruithe SIRO | • Fostaithe<br>• Custaiméirí<br>• Stocshealbhóirí<br>• Infheisteoirí Fiachais agus Gníomhaireachtaí Rátála<br>• Pobail<br>• Soláthraithe, Conraitheoirí agus Comhpháirtithe<br>• Rialtóirí, Údaráis Chomhshaoil agus Sábháilteachta<br>• Comhlachtaí Tionscail Eile |

| Straitéis | Páirtithe Leasmhara Breithnithe |
|---|---|
| • Nuashonrú maidir le straitéis an ghrúpa<br>• Dearcadh maidir le praghas gáis<br>• Nuashonruithe an bheartais aeráide agus fuinnimh<br>• Treochtaí a bhaineann leis an margadh fostaíochta agus cultúr an ionaid oibre<br>• Straitéis Ball Foirne ESB<br>• Forléargas ar mhargaí Eorpacha<br>• Straitéis ESB Networks agus NIE Networks<br>• Tírdhreach na bhfóntas Eorpach, Cumaisc & Fálacha agus maoinithe<br>• Sprioc eolaíochtbhunaithe agus uaillmhian aeráide | • Fostaithe<br>• Custaiméirí<br>• Stocshealbhóirí<br>• Rialtóirí, Údaráis Chomhshaoil agus Sábháilteachta<br>• Comhlachtaí Tionscail Eile |

| Rialachas agus Bainistíocht Riosca | Páirtithe Leasmhara Breithnithe |
|---|---|
| • Plean Riosca an Ghrúpa<br>• Plean iniúchta inmheánaigh don bhliain<br>• Téarmaí Tagartha na gCoistí<br>• Ceapacháin a bhaineann le hiontaobhaí na scéime pinsean<br>• Leibhéil údaráis an ghrúpa<br>• Ráiteas maidir le Sclábhaíocht agus Gáinneáil ar Dhaoine a Chosc<br>• Meastóireacht ar an mBord<br>• Nuashonruithe cibearshlándála<br>• Beartais an Bhoird<br>• Measúnú bliantúil ar éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh<br>• Rialacháin ESB<br>• Beartas maidir le Táillí agus Costais Comhaltaí Boird<br>• Teagmhais chalaoise nó teagmhais chalaoise phoitéinsiúla | • Fostaithe<br>• Custaiméirí<br>• Stocshealbhóirí<br>• Soláthraithe, Conraitheoirí agus Comhpháirtithe<br>• Rialtóirí, Údaráis Chomhshaoil agus Sábháilteachta |

| Airgeadas | Páirtithe Leasmhara Breithnithe |
|---|---|
| • Torthaí foilsithe ar bhonn bliantúil agus leathbhliantúil<br>• Cuntais Rialála ESB<br>• Feidhmíocht airgeadais agus réamhaisnéisí ráithiúla<br>• Príomhtháscairí Feidhmíochta Míosúla (PTFanna)<br>• Buiséad bliantúil agus plean gnó cúig bliana<br>• Buiséad bliantúil ESB Networks agus NIE Networks<br>• Íocaíochtaí díbhinne<br>• Íosrátaí toraidh d'infheistíochtaí nua<br>• Ceanglais mhaoinithe | • Stocshealbhóirí<br>• Infheisteoirí Fiachais agus Gníomhaireachtaí Rátála<br>• Rialtóirí, Údaráis Chomhshaoil agus Sábháilteachta |

# Tuarascáil Rialachais an Bhoird (ar lean)

## 4. Iniúchadh, Riosca agus Rialú Inmheánach

### Comhlíontacht le Cóid Rialachais Chorparáidigh

Tá Cód an Stáit á chomhlíonadh ag ESB, ina sonraítear na prionsabail de rialachas corparáideach a cheanglaítear ar bhoird comhlachtaí Stáit aird a thabhairt orthu. Chomh maith leis sin, tá na Treoirlínte Rialachais Chorparáidigh agus oibleagáidí eile forchurtha ag an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001 agus an tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 á gcomhlíonadh ag ESB.

Is corparáid reachtúil é ESB a bunaíodh faoi Acht Leictreachais (Soláthar), 1927 (arna leasú) agus níl dualgas air Cód na Ríocht Aontaithe nó Iarscríbhinn na hÉireann a chomhlíonadh. Cuimsítear i gCód na Ríochta Aontaithe prionsabail (príomh agus tacaíochta) agus forálacha. Ceanglaítear ar chuideachtaí atá liostaithe ar Stocmhalartán na hÉireann, mar chuid de na Rialacha Liostaithe, cur síos a dhéanamh ar conas a chuireann siad na prionsabail i bhfeidhm agus conas a bhfuil Cód na Ríochta Aontaithe agus Iarscríbhinn na hÉireann á gcomhlíonadh acu, agus míniú a sholáthar i gcás neamhchomhlíonta. Chuir an Coiste Iniúchta agus Riosca athbhreithniú ar chomhlíonadh Chód na Ríochta Aontaithe agus Iarscríbhinn na hÉireann i gcrích i rith 2023, agus cinneadh go bhfuil ESB ag comhlíonadh ar bhonn deonach, a mhéid is féidir le réasún, infheidhme le Cód na Ríochta Aontaithe agus Iarscríbhinn na hÉireann faoi réir na n-eisceachtaí atá leagtha amach sa tábla thall.

### Cód na Ríochta Aontaithe

| Prionsabal / Clásal | Míniú |
|---|---|
| 3 | Ní bhíonn aon teagmháil idir cathaoirligh coistí agus stocshealbhóirí Aireachta de bhrí go bhfuil próiseas bunaithe chun deis a thabhairt don Chathaoirleach dul i mbun teagmhála le stocshealbhóirí Aireachta agus a chinntiú go bhfuil an Bord agus an fhoireann bainistíochta airdeallach ar thuairimí na stocshealbhóirí. |
| J / 17 / 20 / 23 | Is faoin Rialtas atá sé cinneadh a dhéanamh maidir le ceapacháin Boird agus, dá réir sin, níl Coiste Ainmniúchán bunaithe ag ESB. |
| 15 | Ceaptar Comhaltaí Bhord ESB de réir Alt 2 d'Acht Leictreachais (Soláthar), 1927 agus na nAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit). Dá réir sin, is faoin Rialtas atá sé díriú ar an gceanglas a bhaineann le cuntas a dhéanamh ar éilimh ar am stiúrthóirí agus ceapacháin sheachtracha bhreise a dhéanamh. |
| L | Go dtí seo, níor áiríodh i bpróiseas meastóireachta an Bhoird meastóireacht ar fheidhmíocht aonair Comhaltaí Boird (seachas an Cathaoirleach) de bhrí nach bhfuil ról foirmiúil ag an mBord i ndáil lena chomhdhéanamh féin. |
| 18 | Ceaptar Comhaltaí Boird le haghaidh téarmaí ilbhliantúla agus, dá réir sin, níl siad faoi réir atofa ar an mBord ag eatraimh níos giorra ná sin. |
| 32 | Tá Cathaoirleach an Bhoird ag feidhmiú mar Chathaoirleach an Choiste Luacha Saothair agus Forbartha Bainistíochta freisin, mar gheall ar a thábhachtaí is atá seo go mbeadh beartas Rialtais á chomhlíonadh ag ESB sa réimse seo agus ról an Chathaoirligh mar phríomh-chomhéadan leis an Rialtas. |
| 34 / 36 / 39 | Tá beartais agus nochtuithe ESB a bhaineann le luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh ag teacht le treoirlínte infheidhme an Rialtais. Tá tréimhsí fógartha i gconradh an Phríomhfheidhmeannaigh ag teacht le treoirlínte an Rialtais. Ní chuimsítear sna sonraí maidir le luach saothair na gComhaltaí Boird ar leathanach 147 méideanna íoctha le ceathrar comhaltaí Boird Oibrithe mar fhostaithe ESB (de bhrí nach n-ardaítear nó nach laghdaítear a leithéid de phá mar gheall ar a gcomhaltacht Boird). Níl oibleagáidí a bhaineann le bronnadh scaireanna ábhartha do ESB, ná níl ceanglais scairshealbhaithe iarfhostaíochta de bhrí go gcoimeádtar leasanna tairbhiúla i stoc ESB trí rannpháirtíocht i bPlean Úinéireachta Scaireanna Fostaithe (ESOP) ESB agus gur faoi úinéireacht an Rialtais atá formhór de ESB. |
| 41 | Is é an Rialtas a shonraíonn pá an Phríomhfheidhmeannaigh agus bunaítear beartas pá atá ábhartha don fhoireann bainistíochta shinsearach. Ciallaíonn sé seo go bhfuil lánrogha an Choiste Luacha Saothair agus Forbartha Bainistíochta teoranta i ndáil leis na saincheisteanna seo. |

### Iarscríbhinn na hÉireann

| Rannóg | Míniú |
|---|---|
| 1.1 / 1.7 / 4.1 | Is é an Rialtas atá freagrach as ceapacháin Bhoird. Ní chuirtear míniú réasúnta maidir le ceapacháin Bhoird ar fáil. |
| 2.1 | Is faoin Rialtas atá sé cinneadh a dhéanamh maidir le ceapacháin Boird agus, dá réir sin, níl Coiste Ainmniúchán bunaithe ag ESB. |
| 3.2 | Baineann scóip mheastóireacht an Bhoird le feidhmíocht choiteann an Bhoird agus na gCoistí, agus ní le feidhmíocht aonair na gComhaltaí Boird. |
| 5.2 | Níl coiste riosca ar leithligh bunaithe ag ESB, agus tá monatóireacht á déanamh ar bhainistíocht riosca ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca, rud a chiallaíonn nach bhfuil gá le haon chur síos. |
| 6.3 | Níl pá athraitheach san áireamh i luach saothair an POF, de réir Bheartas an Rialtais. |
| 6.4 | Níl aon socrú deartha chun téarnamh cúlghabhálach an chúitimh athraithigh a fháil de bhrí nárbh éigean déileáil lena leithéid de chás. |
| 6.5 | Ní ghlactar le híocaíochtaí scaireanna mar chuid de luach saothair na gComhaltaí Boird, ach amháin le haghaidh leithdháiltí barúlacha stoic a chuirtear ar fáil do Chomhaltaí Boird incháilithe mar chuid dá rannpháirtíocht in ESOP ESB. |

### Tuairisciú Airgeadais agus Gnó

Tá an Bord airdeallach ar a fhreagracht le linn dó an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais a ullmhú agus measúnú cóir, cothrom agus intuigthe de sheasamh agus d'ionchais an Ghrúpa a sholáthar. Tá eolas maidir le freagrachtaí na gComhaltaí Boird a bhaineann le ráiteas airgeadais agus gnóthas leantach le fáil ar leathanach 166.

### Soláthar

Tá na dlíthe soláthair infheidhme agus Cód an Stáit á gcomhlíonadh ag ESB. Cuirtear páipéar ina sonraítear oibleagáidí agus ina soláthraítear dearbhú comhlíontachta ar fáil don Choiste Iniúchta agus Riosca gach bliain. San áireamh sa pháipéar seo freisin tá sonraí a bhaineann le haon soláthar neamh-chomhlíontach de réir cheanglais an Chóid Stáit.

### Rialú Inmheánach

Tá freagracht fhoriomlán ar an mBord as córas rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa agus as monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an Ghrúpa. Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun dearbhú réasúnach ní absalóideach a sholáthar chun na cuspóirí seo a leanas a chomhlíonadh:

- Éifeachtacht agus éifeachtúlacht oibríochtaí agus sócmhainní na heagraíochta a chosaint i gcoinne caillteanais
- Iontaofacht tuairiscithe d'úsáid inmheánach agus sheachtrach
- Dlíthe agus rialacháin infheidhme a chomhlíonadh

Ar mhaithe le freagrachtaí a chomhlíonadh ar bhealach a chinntíonn go bhfuil reachtaíocht agus rialacháin á gcomhlíonadh, tá struchtúr eagraíochtúil bunaithe ag an mBord agus tá nósanna imeachta soiléire oibriúcháin agus tuairiscithe sonraí, mar aon le línte freagrachta, srianta údaraithe, roinnt dualgas agus údarás tarmligthe.

Úsáideann an Grúpa creat rialaithe inmheánaigh comhtháite atá forbartha ag Coiste na nEagraíochtaí Urraíochta (COSO) Choimisiún Treadway mar threoir chun rialú inmheánach a dhearadh, a chur chun feidhme agus a reáchtáil agus chun a éifeachtacht a mheas.

Tá creat rialaithe inmheánaigh láidir bunaithe ag ESB, a áirítear ann:

- Cód Eitice ("Ár gCód") ina sonraítear an modh oibre ón mbarr aníos agus a cheanglaíonn ar gach fostaí cloí leis na caighdeáin eiticiúla is airde agus is féidir nuair atá gnó á dhéanamh
- Beartais chuimsitheacha Frithbhreabaireachta, Frith-Éillithe agus Frith-Chalaoise, agus Sceithireachta agus Nochtuithe Cosanta
- Creat Comhlíontachta Cánach Grúpa agus Beartas Cánach Ghrúpa ESB
- Beartais agus nósanna imeachta inmheánacha trádála cos istigh chun mí-úsáid margaidh a chosc
- Struchtúr eagraíochtúil atá sainithe go soiléir, le srianta údaráis sainithe agus sásraí tuairiscithe do leibhéil bhainistíochta níos airde agus don Bhord, a thacaíonn le timpeallacht rialaithe láidir
- Creat rialachais chorparáidigh ina gcuimsítear anailís riosca, athbhreithniú rialaithe airgeadais agus ráitis bhliantúla fhoirmiúla maidir le comhlíontacht rialachais ó lucht bainistíochta aonad gnó agus comhfhiontar (JVanna)
- Beartais agus nósanna imeachta a bhaineann le rialuithe oibríochtúla agus airgeadais agus oibleagáidí comhlíontachta lena n-áirítear ceadúnas rialála agus oibleagáidí imfhálaithe
- Déanann an Coiste Airgeadais agus Infheistíochta dianfhaireachán leanúnach ar thionscadail chaipitil mhóra nach mór don Bhord iad a cheadú
- Córais bhuiséadaithe chuimsitheacha a bhfuil buiséad bliantúil acu agus plean cúig bliana ceadaithe ag an mBord
- Córas cuimsitheach de thuairisciú airgeadais agus de thuairisciú neamhairgeadais
- Tuairiscítear torthaí iarbhír carnacha agus PTFanna i gcomparáid leis an mbuiséad agus breithníonn an Bord iad go rialta
- Líne chabhrach teileafóin agus seirbhís comhrá gréasáin ar líne a sholáthraíonn fostaithe le modhanna rúnda agus, más gá, modhanna anaithnide chun aon éagóir amhrasach nó ábhar imní eiticiúil a thuairisciú

Déantar athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht chóras rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa agus déanann Feidhm Iniúchta Inmheánaigh an Ghrúpa athbhreithniú córasach ar rialuithe. Nuair a bhíonn na hathbhreithnithe seo á ndéanamh leagtar béim ar réimsí a mbaineann níos mó riosca leo, atá á sainaithint mar thoradh ar anailís riosca. Sa chás go bhfuil laigí sa chóras rialaithe inmheánaigh sainaitheanta tríd an gcreat monatóireachta thuas, bunaítear pleananna chun déileáil leo agus déantar monatóireacht rialta ar phleananna gníomhaíochta go dtí go mbíonn siad curtha i gcrích.

### Bainistíocht Riosca

Tá ról lárnach ag bainistíocht riosca éifeachtach chun cuspóirí straitéiseacha ESB a chomhlíonadh agus chun tacú le fás inbhuanaithe fadtéarmach a ghnó. Ceanglaíonn na hathruithe tapa atá ag tarlú in ESB, an tionscal fuinnimh agus an geilleagar trí chéile, ar an mBord athmheasúnú leanúnach a dhéanamh ar na rioscaí atá os comhair ESB agus tá straitéisí soiléire bunaithe chun na rioscaí sin a bhainistiú. De bhrí go bhfuil an timpeallacht ag athrú agus éiginnte faoi láthair (rud is cúis le riosca oibríochtúil méadaithe), baineann tábhacht ar leith le níos mó béime a leagan ar rialuithe inmheánacha. Tá freagracht fhoriomlán ar an mBord as cur chuige an Ghrúpa maidir le riosca, agus ní mór don Bhord a bheith sásta go bhfuil na córais bhainistíochta riosca láidir agus inchosanta.

Go sonrach, áirítear i measc fhreagrachtaí an Bhoird i ndáil le riosca:

- Freagracht fhoriomlán as ERM agus próisis bhainistíochta ghéarchéime lena n-áirítear éifeachtacht bhearta agus rialuithe maolaithe na foirne bainistíochta
- A chinntiú go bhfuil bainistíocht riosca leabaithe i ngach próiseas agus gníomhaíocht
- Plean Riosca an Ghrúpa a cheadú
- Maoirseacht a dhéanamh d'fhonn a chinntiú go bhfuil cultúr riosca oiriúnach leabaithe sa Ghrúpa trí chéile
- Seasamh soiléir maidir le hinghlachtacht riosca a shoiléiríonn an leibhéal riosca a bhfuil ESB toilteanach glacadh leis, a chinntíonn gur féidir leis an bhfoireann bainistíochta agus leis an mBord a dtuairimí maidir le riosca a ailíniú agus a chinntiú go mbreithnítear infheistíochtaí agus caiteachais ag féachaint don inghlacthacht sin

Déantar athbhreithniú seachtrach ar an bpróiseas bainistíochta riosca ar bhonn tréimhsiúil agus cuireadh an t-athbhreithniú deiridh i gcrích in 2021. Leanadh ar aghaidh le tionscadal tiomanta a bhfuil sé mar aidhm leis struchtúir ERM, rialachais agus chomhlíontachta ESB a threisiú i rith 2023 agus tá monatóireacht á déanamh ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca ar dhul chun cinn.

Tá measúnú stuama déanta ag an mBord ar na príomhrioscaí a mbeidh ar an nGrúpa déileáil leo, lena n-áirítear na príomhrioscaí a d'fhéadfadh bagairt a chruthú dá shamhail ghnó, feidhmíocht amach anseo, sócmhainneacht agus leachtacht. Tá próiseas athbhreithnithe timthriallaigh bunaithe chun rioscaí a shainaithint, a mheas agus a bhainistiú don bhliain atá á hathbhreithniú agus suas go

## Tuarascáil Rialachais an Bhoird (ar lean)

dtí dáta ceadaithe na Tuarascála Bliantúla seo. Tá eolas maidir leis na príomhrioscaí agus éiginnteachtaí a mbeidh ar an nGrúpa déileáil leo agus na straitéisí maolaithe mar aon le hathruithe ar phríomhrioscaí i rith na bliana le fáil ar leathanach 27 - 43.

Tuigeann an Bord nach mór dó dea-shampla a thabhairt chomh fada is a bhaineann le luachanna Grúpa a mhúnlú agus tacú leo, luachanna a thacaíonn leis an gcur chuige maidir le riosca. Chomh maith leis sin, déantar iarracht a chinntiú go bhfuil scileanna agus cumais oiriúnacha bainistíochta riosca ar fáil sa ghnó agus go bhfuil eolas agus taithí fhostaithe ESB a thuigeann na rioscaí a bhaineann le hoibríochtaí in úsáid. Chuir tuairisciú rialta ar chumas an Bhoird aird a dhíriú ar athruithe sna príomhrioscaí sainaitheanta, agus sna rioscaí nua agus éiginnteachtaí.

Díríonn an Bord go príomha ar na rioscaí a d'fhéadfadh an bonn a bhaint de straitéis ESB, nó a bhféadfadh éifeacht dhíobhálach a bheith acu ar inmharthanacht fhadtéarmach nó ar cháil an Ghrúpa. Tarmligeann an Ghrúpa freagracht as rioscaí sonracha do na Coistí Boird de réir Théarmaí Tagartha na gCoistí agus a réimse saineolais faoi seach. Comhaontaíonn an Grúpa maidir leis an gcaoi a roinnfidh Coistí eolas lena chéile agus leis an mBord maidir le rioscaí agus maidir leis an riosca a bhaineann le cleachtais mhaoirseachta. Éilíonn éifeachtacht agus éifeachtúlacht teorainneacha, cainéil chumarsáide agus pointí críochnaithe soiléire. Tá sainmhíniú soiléir déanta ag an mBord ar na gnéithe seo agus tá siad á gcoigeartú de réir mar is gá. Tuairiscíonn Cathaoirligh na gCoistí don Bhord iomlán maidir le príomhrioscaí a bhaineann lena théarmaí tagartha, forbairtí agus nithe nach mór iad a phlé agus a bhreithniú tuilleadh. Tá an fhreagracht fhoriomlán ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca as a chinntiú go bhfuil rioscaí fiontair á sainaithint, á meas, á dtuairisciú agus á rialú i gceart thar ceann an Bhoird.

Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh go mbeadh athrú le tabhairt faoi deara in inghlacthacht riosca le himeacht ama agus tá breithniú sainráite déanta ag an mBord ar an leibhéal inghlacthachta seo agus ar an modh a bhainistítear rioscaí sonracha laistigh de sin. Tá cothromaíocht i gcónaí idir an claonadh riosca a thógáil agus aird a dhíriú ar rialú oiriúnach.

Mar aon le tuairisciú rialta, bhí seisiún den Choiste Iniúchta agus Riosca dírithe ar riosca i rith 2023, agus tugadh cuireadh do gach Comhalta Boird freastal ar an seisiún seo. Bhí an seisiún seo dírithe ar riosca corparáideach agus ar an tionchar atá ag calaois ar cháil.

Áiríodh i measc na ngníomhaíochtaí a chuir an Coiste Iniúchta agus Riosca i gcrích i rith 2023 maidir le freagrachtaí riosca:

| Gníomhaíocht | Mionsonraí |
|---|---|
| **Plean Riosca an Ghrúpa lena n-áirítear athbhreithniú ar inghlacthacht riosca** | Rinne an Coiste athbhreithniú ar Phlean Riosca an Ghrúpa agus moladh an Plean don Bhord lena cheadú. |
| **Pleanáil Leanúnachais Ghnó (BCP) agus Athbhreithniú ar Bhainistíocht Géarchéime** | Rinne an Coiste athbhreithniú ar éifeachtacht a phleananna leanúnachais gnó, socruithe bainistíochta géarchéime agus tástála athléimneachta ar fud an Ghrúpa. |
| **Athbhreithniú Riosca Lárbhliana** | Bhreithnigh agus thuairiscigh an Coiste don Bhord i ndáil le haon athrú ar phríomhrioscaí an Ghrúpa agus rioscaí nua a bhí ceadaithe ag tús na bliana, lena n-áirítear athbhreithniú ar athruithe ábhartha ar an bpróifíl riosca. |
| **Tuarascálacha Riosca Ráithiúla** | Rinne an Coiste athbhreithniú ar athruithe a bhain le stádas na bpríomhrioscaí, lena n-áirítear éifeachtacht oibriú na rialuithe agus stádas na ngníomhartha maolaithe. |
| **Cruinniú chun Riosca a Phlé** | Bhreithnigh an Coiste an tionchar a bheadh ag calaois ar cháil chorparáideach. |
| **Cosaint Sonraí** | Rinne an Coiste athbhreithniú ar an Deais Cosanta Sonraí débhliantúil agus ar an Tuarascáil Cosanta Sonraí leathbhliantúil agus nuashonruithe cibearshlándála rialta. |
| **Measúnú Seachtrach ar Fheidhm Iniúchta Inmheánaigh an Ghrúpa (GIA)** | Rinne an Coiste athbhreithniú ar an dul chun cinn a bhí á dhéanamh i ndáil le cur chun feidhme na ngníomhartha sainaitheanta sa mheasúnú neamhspleách deiridh a rinneadh ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh (a rinneadh in 2021). |
| **An Clár Rialachais, Riosca agus Comhlíonta (GRC)** | Rinne an Coiste monatóireacht ar an dul chun cinn a bhí á dhéanamh i ndáil le Clár GRC. |
| **Beartas Bainistíochta Riosca Grúpa** | Mhol an Coiste go gceadófaí an Beartas Bainistíochta Riosca Grúpa nuashonraithe. |
| **Rialachas Eintiteas nach bhfuil faoi Úinéireacht Iomlán** | Bhreithnigh an Coiste beartas nuashonraithe agus treoirlínte mionsonraithe nua ina ndéantar cur síos ar phróisis díchill chuí d'eintitis den chineál seo, sa bhreis ar bhainistíocht agus maoirseacht leanúnach. |

### Athbhreithniú 2023 ar Éifeachtacht an Rialaithe Inmheánaigh agus na Bainistíochta Riosca

Tá an fhreagracht fhoriomlán as rialú inmheánach agus bainistíocht riosca ar an mBord. I rith 2023, rinne an Bord athbhreithniú go díreach agus trí údarás tarmligthe don Choiste Iniúchta agus Riosca, ar éifeachtacht chóras rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa inar cuimsíodh athbhreithniú ar rialuithe airgeadais, oibríochtúla agus comhlíontachta agus córais bhainistíochta riosca i gcomhair 2023 agus cinnteofar go ndéanfar athbhreithniú den chineál céanna in 2024.

Cuimsítear sa phróiseas a úsáideann an Bord agus an Coiste Iniúchta agus Riosca chun athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh:

- Athbhreithniú agus breithniú a dhéanamh ar an bPlean Riosca Bliantúil, próiseas athbhreithnithe riosca leathbhliantúil, nuashonruithe bainistíochta riosca ráithiúla agus athbhreithniú riosca bliantúil ar rogha de na príomhrioscaí (éascaithe ag feidhm bhainistíochta riosca tiomnaithe ESB)
- Athbhreithniú ar oibriú rioscaí agus rialuithe cibearshlándála
- Comhairle neamhspleách maidir le leordhóthanacht an phróisis reatha ERM atá i bhfeidhm ag ESB (déanta uair amháin gach trí bliana go ginearálta agus rinneadh an t-athbhreithniú deiridh in 2021)
- Iniúchadh inmheánach ar phróiseas ERM
- Athbhreithniú agus breithniú ar dhearbhú ón bhfoireann bainistíochta maidir le hoibriú sásúil agus éifeachtach na gcóras rialaithe inmheánaigh, na córais airgeadais agus oibríochtúla san áireamh - is i bhfoirm tuarascáil bhliantúil mhionsonraithe atá sé seo a chuirtear faoi bhráid an Choiste i mí Eanáir gach bliain a bhaineann leis na mbliain féilire roimhe sin
- Athbhreithniú ar chlár GIA agus breithniú ar na tátail agus tuarascálacha. Chomh maith leis sin, tuairiscíonn GIA go rialta maidir le stádas chur chun feidhme na moltaí a rinneadh roimhe sin i gcuid dá thuarascálacha féin
- Measúnú neamhspleách ar éifeachtacht na feidhme iniúchta inmheánaigh (déantar é seo gach cúig bliana agus rinneadh an measúnú deiridh in 2021)
- Athbhreithniú ar thuarascálacha ón iniúchóir seachtrach ina bhfuil eolas maidir le hobair a cuireadh i gcrích a bhain leis na príomhrioscaí agus príomh-mholtaí iniúchta a bhaineann le feabhsuithe ar an rialú inmheánach
- Athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí maoirseachta riosca na gCoistí Boird i ndáil le réimsí riosca sonracha a bhaineann lena sainchúram faoi Théarmaí Tagartha na gCoistí

Ar leithligh, athbhreithníonn an Coiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Cultúir éifeachtacht na bpróiseas atá bunaithe chun rioscaí a bhaineann le sláinte, sábháilteacht agus an timpeallacht a shainaithint, a mheas, a rialú agus tuairisciú maidir leo.

Bunaithe ar an athbhreithniú seo, deimhníonn an Bord an méid seo a leanas i gcomhair 2023:

- Tá próiseas leanúnach bunaithe chun príomhrioscaí agus rioscaí nua ESB a shainaithint, a mheas agus a bhainistiú
- Tá córais de rialú inmheánach bunaithe don bhliain atá á hathbhreithniú agus go dtí dáta ceadaithe na Tuarascála Bliantúla seo
- Tá Treoir maidir le Bainistíocht Riosca na Comhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC), Rialú Inmheánach agus Tuairisciú Gaolmhar Airgeadais agus Gnó á gcomhlíonadh go hábhartha ag ESB
- Tharla roinnt teagmhas rialaithe agus sainaithníodh réimsí a bhféadfaí iad a fheabhsú, lena n-áirítear i ndáil leis an timpeallacht rialaithe le haghaidh roinnt próiseas oibríochtúil i ESB Networks agus Réitigh do Chustaiméirí; tá próisis bunaithe chun a chinntiú go gcuirtear gníomhartha oiriúnacha i gcrích, agus déantar monatóireacht ar dhul chun cinn go dtí go mbíonn an obair ar fad curtha i gcrích
- Imscrúdaítear líomhaintí a bhaineann le héagóir agus tuairiscítear iad don Choiste Iniúchta agus Riosca mar atá leagtha amach ar leathanach 155
- Níor sainaithníodh aon teip nó laige shuntasach eile sa rialú inmheánach i rith an athbhreithnithe

Trína rannpháirtíocht leanúnach agus forléargas ar ghníomhaíochtaí rialaithe agus bainistíochta riosca inmheánacha, tá an Bord sásta go bhfuil na próisis rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca éifeachtach.

# Tuarascáil Rialachais an Bhoird (ar lean)

## Ráiteas Inmharthanachta

De réir Chód na Ríochta Aontaithe, rinne na Comhaltaí Boird measúnú ar ionchais ESB thar thréimhse níos faide ná mar is gá trí ghlacadh leis an modh cuntasaíochta gnóthais leantaigh. Tá measúnú ESB déanta thar thréimhse cúig bliana, atá ag teacht le hamfráma phróiseas pleanála gnó ESB. Tá an measúnú bunaithe ar bhreithniú ar sheasamh agus ionchais reatha ESB, cothabháil a láidreachta airgeadais (leathanach 54), dul chun cinn i gcomparáid le straitéis ESB (leathanach 16), inghlacthacht riosca, príomhrioscaí (leathanach 27 - 43) agus conas a bhainistítear iad sin. Áirítear anseo breithniú a dhéanamh ar fhorbairtí sa timpeallacht sheachtrach (lena n-áirítear an timpeallacht mhaicreacnamaíoch) ina bhfuil ESB ag feidhmiú mar atá sonraithe ar leathanach 18 agus na rioscaí agus deiseanna gaolmhara aeráide atá sonraithe ar leathanach 34 agus 41.

Tá measúnú riosca stuama déanta ag an mBord ar na príomhrioscaí agus ar na rioscaí nua a mbeidh ar ESB déileáil leo. Mar chuid den phróiseas ERM, sainaithnítear iarmhairtí poitéinsiúla suntasacha agus ábhartha príomhriosca agus, más féidir agus más cuí, an tionchar airgeadais measta. Chomh maith leis sin, breithnítear mar chuid de phróiseas ERM idirspleáchas príomhrioscaí, go háirithe i ndáil le tionchar. Tá na rioscaí seo agus an tslí a bhfuil siad á mbainistiú agus á maolú sonraithe ar leathanach 27 - 43.

Tá Pleananna Leanúnachais Gnó agus Bainistíochta Géarchéime forbartha chun rioscaí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar oibríochtaí ESB a mhaolú. Baintear tairbhe as na pleananna seo mar chuid de phlean tástála bliantúil, bunaithe ar chásanna a bhféadfadh tionchar díobhálach a bheith acu ar ESB agus meastar an méid is féidir na rioscaí seo a mhaolú. Tuairiscítear torthaí agus ceachtanna foghlamtha ag eascairt as an athbhreithniú bliantúil agus clár tástála don Choiste Iniúchta agus Riosca.

Creideann an Bord gurb é measúnú inmharthanachta cúig bliana an bealach is oiriúnaí de bhrí gur féidir é a ailíniú le timthriall an phróisis pleanála gnó. Breithnítear sna réamh-mheastacháin sa phlean gnó sreafaí airgid ESB, maoiniú geallta agus seasamh leachtachta agus scrúdáitear ceanglais mhaoinithe agus cúnaint airgeadais a bheidh ann amach anseo, mar aon le príomh-chóimheasa airgeadais eile lena n-áirítear na cinn atá ábhartha chun rátálacha creidmheasa grád infheistíochta a chothabháil.

Chomh maith leis sin, cuimsítear sa phlean gnó measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht i gcomparáid le Táscairí Feidhmíochta Straitéiseacha (SPInna) ESB (mar atá sonraithe ar leathanach 17) agus chomh maith leis sin breithnítear roinnt rioscaí agus deiseanna ábhartha. Cuimsítear anseo breithniú a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann le tionchar aeráide, go suntasach an dúshlán a bhaineann le scála an bhonneagair fuinnimh a bhfuil sé beartaithe ag ESB a sholáthar mar aon le tuilleadh leictrithe a chur i bhfeidhm i margaí ESB. San áireamh ann freisin tá réamh-mheastacháin agus breithniúcháin maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa.

Tá an mhéadracht airgeadais sa phlean gnó faoi réir anailís íogaireachta, a áirítear ann tairbhe a bhaint as roinnt de na príomhthoimhdí atá mar bhonn leis an bplean chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá acu ar phríomh-mhéadracht airgeadais, cosúil le Glanfhiachas agus TRÚCDA (Tuilleamh Roimh Ús, Cáin, Dímheas agus Amúchadh) agus, más cuí, déantar anailís chun meastóireacht a dhéanamh ar an tionchar airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ag príomhrioscaí ESB. San áireamh sa mheasúnú cúig bliana reatha bhí breithniú ar na rioscaí atá luaite sa tábla thíos.

| Príomhrioscaí Ábhartha | Íogaireacht Breithnithe |
|---|---|
| ▪ Teip fóntacht airgeadais ESB a chothabháil agus leachtacht<br>▪ Neamhchosaint ar luaineacht in, agus cur isteach ar, margaí fuinnimh agus gnéithe eile de shlabhraí soláthair domhanda<br>▪ Teip an scála de shócmhainní giniúna in-athnuaite a chur ar fáil a theastaíonn chun cuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh<br>▪ Teip an líonra casta méadaithe bonneagar agus córas a theastaíonn chun freastal ar riachtanais custaiméirí agus shochaíocha amach anseo a sheachadadh<br>▪ Teip spriocanna inbhuanaitheachta ESB a chomhlíonadh nó eolas a chur ar fáil do nó freagairt do bheartais athraithe aeráide agus/nó tairbhe a bhaint as deiseanna agus dúshláin a chruthaíonn na beartais seo a bhainistiú | ▪ Spriocanna feabhsaithe feidhmíochta a sholáthar<br>▪ Caiteachas caipitil a sholáthar<br>▪ Boilsciú agus rátaí úis<br>▪ Athruithe ar an ráta cánach<br>▪ Gluaiseachtaí sa mhargadh tráchtearraí<br>▪ Líon custaiméirí<br>▪ Torthaí rialaithe praghsanna |

Tá an Bord airdeallach ar an suntas a bhaineann le fóntacht airgeadais a chothabháil agus glactar leis seo mar phríomhriosca agus mar chumas straitéiseach bunúsach. Tacaíonn oibríochtaí maoinithe ESB le caiteachas caipitil, athmhaoiniú fiachas atá ag aibiú agus soláthar leachtachta leordhóthanaí. Tá straitéis bainistíochta fiachas ESB dírithe ar phróifíl punann fiachais a bhfuil meascán contrapháirtithe, foinsí maoinithe agus aibíochtaí páirteach ann. In 2020, rinne ESB idirbheartaíocht maidir le saoráid creidmheasa imrothlach (RCF) luach €1.4 billiún atá nasctha le ceisteanna inbhuanaitheachta a sholáthraíonn leibhéal suntasach de leachtacht chúltaca do ESB. Beidh an tsaoráid seo i bhfeidhm go dtí 2027. In 2022, chomhaontaigh ESB ar RCF breise luach £750 milliún a raibh tréimhse 12 mhí luaite leis ar dtús ach ar cuireadh síneadh sé mhí leis ina dhiaidh sin agus a fhoirceannófar i mí Meithimh 2024. Chomh maith leis sin, d'éirigh le ESB trí bhanna ar leith a sholáthar chun tacú lena sheasamh airgeadais i rith 2023. Is fianaise é seasamh maoinithe ESB ar a fhóntacht airgeadais bhunúsach agus rátálacha creidmheasa BBB+ (nó a gcomhionann) ó dhá ghníomhaireacht chreidmheasa mhóra ar bhonn neamhspleách. Tá tuilleadh eolais maidir le fiachas aibíochta agus maoiniú ESB le fáil ar leathanach 58 agus 59.

Bunaithe ar thorthaí na hanailíse thuasluaite, tá na Comhaltaí Boird ag súil le réasún go mbeidh ESB in ann leanúint ar aghaidh ag feidhmiú agus a dhliteanais a chomhlíonadh nuair a bheidh siad dlite thar thréimhse cúig bliana a measúnaithe.

## Gnóthas Leantach

Bhí brabús oibriúcháin luach €1,121 milliún don bhliain ag ESB. Bhí seasamh sreabhaidh airgid agus leachtachta ESB láidir i rith tréimhse d'éiginnteacht agus d'athrú sa tionscal fuinnimh i rith 2023.

Tá acmhainní suntasacha airgeadais ag an nGrúpa (le glansócmhainní luach €5 billiún agus leachtacht (mar atá sainithe i rannóg na mBeart Feidhmíochta Malartach) de €3.7 billiún ag an 31 Nollaig 2018) agus creideann an Bord go n-éireoidh leis an nGrúpa a riosca a bhainistiú go rathúil. I ndiaidh fiosrúchán oiriúnach a dhéanamh, tá an Bord sásta go bhfuil sreafaí airgid oiriúnacha ag ESB, leachtacht agus rochtain ar mhargaí caipitil agus gur féidir leis leanúint ar aghaidh ar feidhmiú i gcomhair 12 mhí ar a laghad ó dháta ceadaithe na ráiteas airgeadais. Dá réir sin, tá an Bord ag leanúint le tairbhe a bhaint as an modh cuntasaíochta gnóthais leantaigh le linn ráitis airgeadais ESB a ullmhú mar atá sonraithe i nóta 1 a ghabhann leis na ráitis airgeadais. Tá eolas maidir le feidhmíocht, samhail ghnó, straitéis agus príomhrioscaí agus éiginnteachtaí ESB agus conas a dhéantar iad sin a bhainistiú le fáil sa tuarascáil maidir le Straitéis agus Feidhmíocht ar leathanach 8 - 119.

Tá cur síos déanta ar sheasamh airgeadais, sreafaí airgid, seasamh leachtachta agus saoráidí iasachtaithe ESB san Athbhreithniú Airgeadais ar leathanach 54 - 59. Cuimsítear i Nóta 29 a ghabhann leis na ráitis airgeadais forléargas ar bhainistíocht riosca airgeadais, sonraí maidir le hionstraimí airgeadais agus gníomhaíochtaí fálaithe agus a neamhchosaint ar riosca creidmheasa agus riosca leachtachta.

# Tuarascáil Rialachais an Bhoird (ar lean)

## 5. Luach Saothair

Bunaithe ar struchtúr Ghrúpa ESB agus a oibríochtaí i roinnt dlínsí, tá roinnt samhlacha luacha saothair bunaithe ar fud an Ghrúpa. Maidir le fostaithe atá clúdaithe faoi chomhaontaithe cómhargála, déantar bandaí pá agus rátaí pá a chómhargáil leis na ceardchumainn aitheanta. Roinneann agus téann ESB i gcomhairle lena fhostaithe ar fad maidir le nithe a bhaineann le luach saothair i rith an phróisis bainistíochta feidhmíochta. Tá athbhreithniú agus tagarmharcáil leanúnach á ndéanamh ag ESB ar a thairiscint luaíochta margadhbhunaithe d'fhonn a chinntiú go n-éiríonn leis leanúint ar aghaidh le hacmhainn a mhealladh agus a chothabháil chun a straitéis a sheachadadh.

Sonraítear i dTéarmaí Tagartha an Choiste Luacha Saothair agus Bainistíochta Forbartha cur chuige foriomlán maidir le luach saothair feidhmiúcháin. Glacann an Bord le agus cuireann sé chun feidhme beartas maidir le luach saothair feidhmiúcháin atá soiléir, simplí, intuartha, comhréireach agus saor ó riosca a bhaineann le luaíocht iomarcach. Is é cuspóir an bheartais tacú le cur chun feidhme rathúil straitéis gnó ESB trí thairiscint luaíochta a bhunú mar aon le rialachas gaolmhar a mheallann, a spreagann agus a choinníonn feidhmeannach ag an gcaighdeán atá riachtanach chun ESB a stiúradh go rathúil agus atá comhsheasmhach le luachanna ESB.

### Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh

Tá luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh bunaithe ar thagairt a dhéanamh do bheartas Rialtais maidir le socruithe pá do Phríomhfheidhmeannaigh Comhlachtaí Stáit tráchtála. San áireamh i luach saothair Phríomhfheidhmeannach ESB tá tuarastal bliantúil, carr (faoi réir sochair chomhchineáil) agus ranníocaíocht pinsin fostóra. Ar aon dul le beartas an Rialtais, nár cheart go bhfaigheadh Príomhfheidhmeannach Comhlachtaí Stáit íocaíochtaí a bhaineann le feidhmíocht, níor cuireadh aon íocaíocht dá leithéid ar fáil do Phríomhfheidhmeannach ESB i rith 2023. De réir riail "Aon-Tuarastal an Duine" an Rialtais, níl an Príomhfheidhmeannach i dteideal táille a fháil mar chomhalta den Bhord.

### Luach Saothair Comhalta Boird Oibrithe

Ceaptar Comhaltaí Boird Oibrithe faoi Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 agus is fostaithe de chuid ESB iad. Is comhaltaí de Scéim Pinsean ESB iad. Tá Comhaltaí Boird Oibrithe i dteideal táille ar leith a fháil dá bpost mar Chomhaltaí Boird.

### Luach Saothair an Stiúrthóra Feidhmiúcháin agus na Foirne Bainistíochta Sinsearaí

Tá luach saothair nasctha le feidhmíocht á sholáthar ag ESB do Stiúrthóirí Feidhmiúcháin agus do bhainisteoirí sinsearacha atá nasctha le cuspóirí pearsanta, airgeadais agus straitéiseacha a chomhlíonadh a thugann léargas iomlán ar chuspóir agus ar luachanna an Ghrúpa. Tá dreasachtaí iníoctha ar bhonn céimnithe thar thrí bliana agus bíonn siad iníoctha ag deireadh na tréimhse feidhmíochta. Cuirtear tagarmharcanna margaidh seachtracha ar fáil don Choiste Luacha Saothair agus Forbartha Bainistíochta chun tacú leis chun breithniúchán a dhéanamh ar an leibhéal luacha saothair oiriúnach.

Tá próiseas bainistíochta feidhmíochta ESB bunaithe ar chuspóirí straitéiseacha an Ghrúpa agus arna thomhas bunaithe ar tháscairí feidhmíochta straitéiseacha an Ghrúpa agus an Aonaid Gnó a aistrítear go dtí cuspóirí aonair sonracha agus príomhthorthaí (lena n-áirítear gníomhaíochtaí dícharbónaithe ESB). Ceanglaíonn socruithe scartha gnó le haghaidh ghnóthaí na líonraí ceadúnaithe go bhfuil luach saothair na Stiúrthóirí Bainistíochta ábhartha agus na mbainisteoirí sinsearacha nasctha lena bhfeidhmíocht agus le feidhmíocht na ngnóthaí líonraí seo amháin.

### Luach Saothair Comhaltaí Boird Neamhspleácha

Tá Comhaltaí Boird Neamhspleácha (lena n-áirítear an Cathaoirleach) atá ag feidhmiú ar Bhord ESB i dteideall táillí a fháil, ag leibhéil arna gcinneadh ag an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Tá an táille reatha sonraithe sa bharántas ceapacháin faoi seach atá eisithe ag an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide do Chomhaltaí Boird.

### Costais Chomhaltaí an Bhoird

Tá Comhaltaí Boird i dteideal aisíocaíocht a fháil le haghaidh costas réasúnach a thabhaítear chun freastal ar chruinnithe Boird agus ar chruinnithe/imeachtaí gaolmhara. Chun Cód an Stáit a chomhlíonadh, ní mór eolas maidir leis na táillí a íocadh le Comhaltaí Boird a nochtadh. I rith 2023, aisíocadh €45,2051 le, nó íocadh é thar ceann Comhaltaí Boird le haghaidh costas taistil, costas cóiríochta agus costas gaolmhar eile. Ní áirítear sna costais thuasluaite na costais a thabhaigh an Príomhfheidhmeannach nó na Comhaltaí Boird Oibrithe nuair a bhí a ndualgais feidhmiúcháin nó fostaí á gcomhlíonadh acu. Ní áirítear ann ach oiread méideanna a bhaineann le hoiliúint nó táillí ballraíochta íoctha thar ceann Comhaltaí Boird.

1 Tá méid aon chostais éilithe ag Comhalta Boird neamhfheidhmiúcháin atá faoi réir asbhaint cánach bunaithe ar ollfhigiúr (ciallaíonn sé seo go bhfuil ollfhigiúr costas á chur ar fáil chun críche cánach ag ráta cánach infheidhme an Chomhalta Boird aonair) ionas gur féidir díriú ar Chomhaltaí Boird iomlána. San áireamh sa mhéid costas arna nochtadh thall tá tionchar a leithéid d'ollfhigiúr.

### Luach Saothair na gComhaltaí Boird agus an Phríomhfheidhmeannaigh

#### Cathaoirleach

| | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| Tarach Ó Ruairc | **31,500** | 31,500 |

#### Príomhfheidhmeannach

| | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| Tuarastal agus sochair incháinithe | **318,083** | 335,273 |
| Sochar Comhchineáil (Carr) | **5,212** | - |
| Ranníocaíochtaí pinsin | **49,427** | 54,013 |
| **Iomlán** | **372,722** | 389,286 |

#### Comhaltaí Boird Neamhspleácha/Oibrithe

| | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| Michael Barry[6] | **15,623** | - |
| Aisling Curtis[1] | **10,763** | - |
| Annette Flynn[1] | **10,763** | - |
| Karen Halpenny[6] | **15,750** | - |
| Owen Kilmurray[6] | **15,750** | - |
| Paul Lynam | **15,750** | 16,512 |
| Noreen O'Kelly[2] | **4,944** | 15,750 |
| Gráinne O'Shea[6] | **15,750** | - |
| Alf Smiddy | **15,750** | 16,512 |
| An Dr Sara Venning | **15,750** | 16,512 |
| Trevor Walsh[6] | **15,750** | - |
| Anne Butler[3] | - | 14,000 |
| Dave Byrne[5] | - | 15,750 |
| Stephen Carrig[5] | - | 15,750 |
| Andrew Hastings[4] | - | 11,219 |
| Seán Kelly[5] | - | 15,750 |
| Tony Merriman[5] | - | 15,750 |
| **Iomlán** | **152,343** | 153,505 |

1. Cuireadh tús leis an téarma i mí Aibreáin 2023
2. Cuireadh an téarma i gcrích i mí Aibreáin 2023
3. Cuireadh an téarma i gcrích i mí na Samhna 2022
4. D'éirigh as a c(h)úraimí i mí Mheán Fómhair 2022
5. Cuireadh an téarma i gcrích i mí na Nollag 2022
6. Cuireadh tús leis an téarma i mí Eanáir 2023

# Tuarascáil an Choiste Iniúchta agus Riosca



**Michael Barry**
Cathaoirleach

### Réamhrá an Chathaoirligh

Thar ceann an Choiste Iniúchta agus Riosca, cúis áthais dom Tuarascáil an Choiste Iniúchta agus Riosca don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 a chur in bhur láthair. Is é aidhm na tuarascála seo léargas a thabhairt ar an obair atá curtha i gcrích ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca le 12 mhí anuas. Deimhním go bhfuil a fhreagrachtaí atá sonraithe ina Théarmaí Tagartha agus sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (an Cód Stáit), Cód Rialachais Chorparáidigh na Ríochta Aontaithe 2018 (Cód na Ríochta Aontaithe) agus Iarscríbhinn Rialachais Chorparáidigh na hÉireann (Iarscríbhinn na hÉireann) (tá míniúcháin ar aon eisceacht sonraithe i dtábla ar leathanach 140) comhlíonta.

Tá leagan achoimrithe de fhreagrachtaí an Choiste Iniúchta agus Riosca le fáil ar leathanach 149 agus sonraithe go hiomlán ina Théarmaí Tagartha. Bhí ceathrar Comhaltaí Boird neamhspleácha páirteach sa Choiste Iniúchta agus Riosca in 2023. Tá neart taithí agus saineolais ag na comhaltaí ó raon leathan tionscal, gné atá riachtanach chun tacú le rialachas éifeachtach. Dheimhnigh comhaltaí an Bhoird go bhfuil gach comhalta den Choiste Iniúchta agus Riosca ag feidhmiú go neamhspleách, agus go gcomhlíonann an bhallraíocht ceanglais an Chóid Stáit agus Chód na Ríochta Aontaithe chomh fada is a bhaineann le taithí agus inniúlacht airgeadais le déanaí agus iomchuí atá ábhartha don earnáil ina bhfuil an Grúpa ag feidhmiú.

### Cruinnithe Coiste

Reáchtáil an Coiste Iniúchta agus Riosca ocht gcruinniú i rith 2023. Tá eolas maidir le comhaltaí an Choiste, fad seirbhíse agus an líon cruinnithe a d'fhreastail siad orthu le fáil thíos:

| Comhaltaí | Ainmniúchán | Fad Seirbhíse | Cruinnithe ar Freastalaíodh orthu |
|---|---|---|---|
| Michael Barry (Cathaoirleach)*[1] | Comhalta Boird Neamhspleách | 1 bhliain | 8 |
| Annette Flynn[2] | Comhalta Boird Neamhspleách | 7 mhí | 4 |
| Paul Lynam[3] | Comhalta Boird Neamhspleách | 3 bliana agus 9 mhí | 8 |
| Noreen O'Kelly^[1] | Comhalta Boird Neamhspleách Sinsearach | 9 mbliana agus 10 mhí | 2 |
| Alf Smiddy[1] | Comhalta Boird Neamhspleách Sinsearach | 6 bliana agus 10 mhí | 8 |

* Ceaptha ar an gCoiste i mí Eanáir 2023 agus ceaptha mar Chathaoirleach i mí Meithimh 2023
^ Téarma curtha i gcrích i mí Aibreáin 2023
1. Comhalta de Chuntasóirí Cairte na hÉireann
2. Comhalta de Chumann na gCuntasóirí Cairte Deimhnithe, ceaptha ar an gCoiste i mí Meithimh 2023
3. Poist feidhmiúcháin sa tionscal



### Ról

Tá ról an Choiste Iniúchta agus Riosca sonraithe ina Théarmaí Tagartha, agus tá cóip le fáil ar shuíomh gréasáin ESB. Sonraítear sna Téarmaí Tagartha dualgais an Choiste Iniúchta agus Riosca faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Tuairisciú Airgeadais agus Bliantúil
- Rialuithe Inmheánacha, Comhlíontachta agus Bainistíochta Riosca
- Sceithireacht, Calaois agus Imscrúduithe
- Iniúchadh Inmheánach
- Iniúchadh Seachtrach

| Dualgas | Gníomhaíochtaí curtha i gcrích in 2023 |
|---|---|
| **Tuairisciú Airgeadais agus Bliantúil**<br>Lena n-áirítear athbhreithniú ar Thuarascáil Bhliantúil agus Eatramhach ESB agus Ráitis Airgeadais d'fhonn a chinntiú nuair a chuirtear san áireamh ina n-iomláine iad, go bhfuil siad cothrom, cothromaithe agus intuigthe agus go bhfuil caighdeáin, meastacháin agus breithiúnais chuntasaíochta oiriúnacha curtha i bhfeidhm | • Rinneadh athbhreithniú ar shoiléire agus ar iomláine na nochtuithe sa Tuarascáil Bhliantúil agus sna Ráitis Airgeadais agus ar an bhfaisnéis ábhartha curtha i láthair iontu<br>• Rinneadh athbhreithniú ar Thuarascáil Bhliantúil agus ar Ráitis Airgeadais ESB d'fhonn a chinntiú go bhfuil siad cothrom, cothromaithe agus intuigthe<br>• Breithníodh agus tugadh dúshlán na modhanna a úsáideadh chun cuntas a dhéanamh ar idirbhearta suntasacha nó neamhghnácha agus conas a cuireadh iad seo i láthair agus a nochtadh iad sna ráitis airgeadais<br>• Rinneadh athbhreithniú ar cibé acu atá nó nach bhfuil caighdeáin chuntasaíochta oiriúnacha curtha i bhfeidhm ag an nGrúpa agus rinneadh meastacháin agus breithiúnais oiriúnacha, agus cuireadh tuairimí an iniúchóra sheachtraigh san áireamh<br>• Rinneadh athbhreithniú ar ráiteas toimhdí/inmharthanachta an ghnóthais leantaigh<br>• Rinneadh athbhreithniú ar na torthaí eatramhacha ina gcuimsítear na ráitis airgeadais agus na nótaí mínitheacha<br>• Rinneadh athbhreithniú ar agus breithníodh na príomhtheachtaireachtaí d'fhoilseacháin na dtorthaí airgeadais<br>• Rinneadh athbhreithniú ar agus moladh don Bhord, chun críche faofa, Cuntais Rialála ESB<br>• Rinneadh athbhreithniú ar Ráitis Airgeadais DAC Airgeadais ESB agus cuireadh faoi bhráid Bhord DAC Airgeadais ESB iad chun iad a cheadú<br>• Rinneadh athbhreithniú ar stádas iniúchtaí agus ráiteas airgeadais fochuideachtaí cuideachtaí móra (arna sainiú in Acht na gCuideachtaí, 2014)<br>• Rinneadh athbhreithniú ar nochtuithe ESG sa Tuarascáil Bhliantúil |
| **Rialuithe Inmheánacha, Comhlíontachta agus Bainistíochta Riosca**<br>Rinneadh athbhreithniú ar éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh agus na bainistíochta riosca | • Rinneadh athbhreithniú agus monatóireacht ar éifeachtacht chóras rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa<br>• Rinneadh athbhreithniú ar na socruithe atá déanamh do phleanáil leanúnachais ghnó agus bainistíocht géarchéime<br>• Rinneadh athbhreithniú ar Bheartas Bainistíochta Riosca ESB, Plean Riosca, Ráiteas Inghlacthachta Riosca agus tuarascálacha riosca rialta (agus moladh don Bhord iad chun críche faofa mar is gá)<br>• Rinneadh athbhreithniú ar acmhainní a chur ar fáil don fheidhm riosca<br>• Rinneadh athbhreithniú ar an Deais Chosanta Sonraí dhébhliantúil<br>• Fuarthas nuashonrú maidir leis an straitéis cibearshlándála<br>• Rinneadh athbhreithniú ar chomhlíontacht le Cód na Ríochta Aontaithe agus Iarscríbhinn na hÉireann<br>• Rinneadh athbhreithniú ar chomhlíontacht soláthair<br>• Rinneadh athbhreithniú ar chomhlíontacht le Cód an Stáit<br>• Rinneadh athbhreithniú ar Straitéis Chánach an Ghrúpa<br>• Fuarthas nuashonrú maidir leis an gClár Rialachais, Riosca agus Comhlíonta (GRC)<br>• Athbhreithníodh an beartas nuashonraithe maidir le rialachas fochuideachtaí nach bhfuil faoi úinéireacht iomlán<br>• Rinneadh athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí maoirseachta Coistí Boird eile |

# Tuarascáil an Choiste Iniúchta agus Riosca (ar lean)

| Dualgas | Gníomhaíochtaí curtha i gcrích in 2023 |
|---|---|
| **Sceithireacht, Calaois agus Imscrúduithe**<br>Tá athbhreithniú le déanamh ar leordhóthanacht agus slándáil na socruithe chun deis a thabhairt d'fhostaithe agus do chonraitheoirí aird a tharraingt ar ábhair imní, i modh rúin, a bhaineann le héagóir fhéideartha maidir le tuairisciú airgeadais nó nithe eile | • Rinneadh athbhreithniú ar na nósanna imeachta agus beartais chun calaois a chosc agus a bhrath agus roinneadh eolas maidir le haon chás de chalaois nó de chalaois fhéideartha, agus mírialtachtaí eile<br>• Rinneadh athbhreithniú agus breithniú ar nuashonruithe maidir le stádas na nochtuithe cosanta<br>• Breithníodh an tionchar a bheadh ag calaois san áit oibre ar cháil chorparáideach<br>• Fuarthas nuashonrú maidir le calaois chorparáideach ó Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch<br>• Fuarthas nuashonrú maidir le treochtaí calaoise ó pheirspictíocht na n-iniúchóirí seachtracha a chuir Grant Thornton ar fáil |
| **Iniúchadh Inmheánach**<br>Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar ról agus éifeachtacht na feidhme iniúchta inmheánaigh | • Rinneadh monatóireacht ar dhul chun cinn i gcomparáid le plean iniúchta inmheánaigh 2023 (lena n-áirítear NIE Networks) chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na feidhme<br>• Comhaontaíodh plean iniúchta inmheánaigh 2024<br>• Rinneadh athbhreithniú ar thuarascálacha ina bhfuil torthaí príomhiniúchtaí, freagairt na foirne bainistíochta agus tráthúlacht réiteach an ngníomhartha<br>• Casadh le Ceannasaí Iniúchta Inmheánaigh an Ghrúpa (GIA) nuair nach raibh an fhoireann bainistíochta i láthair<br>• Rinneadh athbhreithniú ar na príomhtháscairí feidhmíochta iniúchta inmheánaigh<br>• Rinneadh athbhreithniú ar acmhainní a chur ar fáil don fheidhm iniúchta inmheánaigh<br>• Rinneadh athbhreithniú ar an dul chun cinn a rinneadh i ndáil le cur chun feidhme gníomhartha sainaitheanta sa mheasúnú seachtrach deiridh a rinneadh ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh<br>• Rinneadh athbhreithniú ar fhís agus ar straitéis GIA |
| **Iniúchadh Seachtrach**<br>Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar oibiachtúlacht, neamhspleáchas agus cáilíocht an iniúchóra inmheánaigh agus athbhreithniú a dhéanamh ar thátail an iniúchta leis an iniúchóir seachtrach | • Rinneadh measúnú ar éifeachtacht an phróisis iniúchta sheachtraigh lena n-áirítear neamhspleáchas agus oibiachtúlacht an iniúchóra sheachtraigh<br>• Cinntíodh gur sainaithníodh na príomhrioscaí ar fad agus go raibh nósanna imeachta iniúchta stuama oiriúnacha curtha san áireamh sa phlean iniúchta sheachtraigh<br>• Rinneadh athbhreithniú ar an tuarascáil ó Deloitte maidir leis an iniúchadh a rinne sé ar na ráitis airgeadais agus a thuairimí maidir le saincheisteanna cuntasaíochta, rialaithe airgeadais agus saincheisteanna iniúchta eile<br>• Rinneadh breithniú agus athbhreithniú ar sheirbhísí neamh-iniúchta curtha ar fáil ag Deloitte agus ar an méid a rabhthas ag cloí le beartas ESB<br>• Casadh leis an iniúchóir seachtrach nuair nach raibh an fhoireann bainistíochta i láthair, rud a thug deis do Deloitte aon cheist a chur i modh rúin<br>• Rinneadh athbhreithniú ar mholtaí rialaithe inmheánaigh Deloitte agus ar fhreagra na foirne bainistíochta |

## Tuairisciú Airgeadais agus Bliantúil

Faigheann agus breithníonn an Coiste Iniúchta agus Riosca na ráitis airgeadais eatramhacha agus deireadh bliana ón bhfoireann bainistíochta, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme comhsheasmhach bheartais chuntasaíochta ESB. Gach bliain, faigheann an Coiste páipéar faoi na príomh-mheastacháin agus breithiúnais chuntasaíochta atá le fáil sna ráitis airgeadais. Lena chois sin, faigheann an Coiste tuarascálacha ón bhfoireann iniúchta inmheánaigh agus plé sé an straitéis iniúchta leis an iniúchóir seachtrach.

I ndiaidh na faisnéise ó na gníomhaíochtaí seo a bhreithniú, rinne an Coiste Iniúchta agus Riosca cinneadh maidir le príomhréimsí breithiúnais i ráitis airgeadais an Ghrúpa a bhain leis an méid seo a leanas:

- Luach anonn na sócmhainní fadsaolacha agus dea-thoil
- Luach anonn infheistíochtaí in, agus iasachtaí chuig, institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu
- Luacháil na n-oibleagáidí scoir sócmhainní
- Oibleagáidí pinsin – Scéim pinsin le sochar sainithe ESB
- Ionstraimí airgeadais agus conarthaí úsáide féin
- Comhpháirtíocht le Ørsted
- Giniúint éigeandála shealadach

Pléadh na saincheisteanna seo leis an bhfoireann bainistíochta i rith na bliana. Rinne an Coiste Iniúchta agus Riosca athbhreithniú ar agus thángthas ar chomhaontú maidir le plean iniúchta Grúpa an iniúchóra, agus tuarascáil na dtorthaí iniúchta nuair a bhí an t-iniúchadh ar na ráitis airgeadais deireadh bliana curtha i gcrích.

| Saincheisteanna suntasacha a breithníodh | An breithniú a rinne an Coiste Iniúchta agus Riosca ar na saincheisteanna |
|---|---|
| **Luach anonn na sócmhainní fadsaolacha agus dea-thoil**<br>**Punann ghiniúna Phoblacht na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe**<br>Ag an 31 Nollaig 2023, ní raibh aon fhianaise ar bhearnúchán poitéinseal shócmhainní giniúna Phoblacht na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe sainaitheanta.<br><br>**Tarchur líonraí agus dáileadh sócmhainní fadsaolacha**<br>Ag an 31 Nollaig 2023, ní raibh aon fhianaise ar bhearnúchán luach anonn bhonn sócmhainní ESB Networks.<br><br>**Sócmhainní fadsaolacha Northern Ireland Electricity Networks (NIE Networks)**<br>Ag an 31 Nollaig 2023, ní raibh aon fhianaise ar bhearnúchán luach anonn bhonn sócmhainní NIE Networks.<br><br>**Dea-thoil**<br>Bhí dea-thoil aitheanta ar éadáil NIE Networks agus So Energy, ag an 31 Nollaig 2023, cothrom le €195 milliún. Rinneadh tástáil bhearnúcháin bhliantúil ar luach anonn na dea-thola seo de réir IAS 36 agus ní raibh gá le haon bhearnúchán. Tá na breithiúnais shuntasacha a úsáideadh chun an tástáil seo a dhéanamh mínithe go hiomlán i nóta 15 de na ráitis airgeadais. | Aithníonn an Coiste Iniúchta agus Riosca go ndéantar breithiúnais chun measúnú a dhéanamh ar cibé acu an ann do nó nach ann d'fhianaise ar bhearnúchán.<br><br>Chun cabhrú leo a gcinneadh maidir le bearnúchán a dhéanamh, rinne an Coiste Iniúchta agus Riosca athbhreithniú air agus thug siad dúshlán na bpáipéar ullmhaithe ag an bhfoireann bainistíochta.<br><br>I ndiaidh an athbhreithnithe thuasluaite a dhéanamh, tá an Coiste Iniúchta agus Riosca sásta leis an gcur chuige maidir leis an athbhreithniú bearnúcháin agus leis na príomhthoimhdí a úsáideadh. |
| **Luach anonn infheistíochtaí in, agus iasachtaí chuig, institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu**<br>Rinneadh measúnú bearnúcháin ar luach anonn na hinfheistíochta (agus iasacht ghaolmhar páirtí leasmhar) i Neart na Gaoithe (NnG) de réir IAS 36 agus bhí táille bhearnúcháin €15 milliún riachtanach i ndiaidh an athbhreithnithe seo. Tá tuilleadh sonraí (lena n-áirítear sonraí maidir leis na toimhdí a úsáideadh) le fáil i nóta 16 de na ráitis airgeadais. | Chun cabhrú leo cinneadh a dhéanamh maidir le leibhéal na táille bearnúcháin rinne an Coiste athbhreithniú air agus thug sé dúshlán na bpáipéar ullmhaithe ag an bhfoireann bainistíochta, lena n-áirítear sonraí maidir leis na modheolaíochtaí agus toimhdí a úsáideadh nuair a bhí cinneadh maidir leis na luachanna in-aisghabhála á ndéanamh.<br><br>I ndiaidh an athbhreithnithe thuasluaite a dhéanamh, tá an Coiste Iniúchta agus Riosca sásta leis an gcur chuige maidir leis an athbhreithniú bearnúcháin agus leis na príomhthoimhdí a úsáideadh. |

## Tuarascáil an Choiste Iniúchta agus Riosca (ar lean)

| Saincheisteanna suntasacha a breithníodh | An breithniú a rinne an Coiste Iniúchta agus Riosca ar na saincheisteanna |
|---|---|
| **Luacháil na n-oibleagáidí scoir sócmhainní**<br>Tá foráil déanta ag ESB le haghaidh na gcostas díchoimisiúnaithe a bhfuil súil leo a bhaineann le roinnt stáisiún cumhachta, feirmeacha gaoithe, agus oibleagáidí scoir sócmhainní a bhaineann le cuaillí adhmaid créasóidchóireáilte ESB Networks agus NIE Networks a bheith á ndúnadh. Tá na costais seo caipitlithe i réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus á ndímheas thar shaolréanna geilleagracha úsáideacha na sócmhainní lena mbaineann siad mura bhfuil deireadh a saolré úsáidí sroichte ag an tsócmhainn ghaolmhar.<br><br>Le haghaidh ESB Networks agus NIE Networks, i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar phríomhionchuir don fhoráil, lena n-áirítear costais diúscartha agus ráta lascaine, tá an fhoráil scoir sócmhainne laghdaithe ó €351 milliún go dtí €317 milliún. Baineann sé seo, go príomha, le gluaiseachtaí ar rátaí lascaine.<br><br>Chomh fada is a bhain le Giniúint agus Trádáil, mhéadaigh an fhoráil scoir sócmhainní €27 milliún in 2023. Tá an fhoráil dúnta, amhail ag an 31 Nollaig 2023, cothrom le €218 milliún. Baineann na gluaiseachtaí seo, go príomha, le méaduithe ar chostais agus ar fhorálacha scartála a bhaineann le sócmhainní nua fritháirithe ag méaduithe ar rátaí lascaine.<br><br>Tá tuilleadh eolais le fáil i nóta 2 agus 28 de na ráitis airgeadais. | Tá athbhreithniú déanta ag an gCoiste ar na páipéir a d'ullmhaigh agus a chuir an fhoireann bainistíochta i láthair agus tá a ndúshlán tugtha, páipéir ina sonraítear an bonn agus na toimhdí a bhaineann leis na forálacha. Tá an Coiste sásta leis an athbhreithniú a rinneadh ar na hoibleagáidí scoir sócmhainne agus ar an mbonn coiteann le haghaidh toimhdí a úsáideadh. |
| **Oibleagáidí pinsin - Scéim pinsin le sochar sainithe ESB (an Scéim)**<br>De réir IAS 19 Sochair Fostaithe, lean ESB le léargas a thabhairt ar a oibleagáidí geallta ar an gclár comhardaithe mar atá sonraithe i nóta 24 de na ráitis airgeadais. Tá an chóireáil seo bunaithe ar na príomhfhachtóirí seo a leanas, agus níl aon cheann acu athraithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023:<br><br>▪ Tá an Scéim cláraithe mar Scéim le Sochar Sainithe leis an Údarás Pinsean. Sonraítear sna rialacháin a bhfuil an Scéim á rialú acu na sochair atá le cur ar fáil agus sonraítear iontu freisin na ranníocaíochtaí atá le híoc ag ESB agus ag na baill rannpháirteacha.<br>▪ Ní hionann an Scéim agus Scéim le Sochar Sainithe a bhfuil gnáthchothromaíocht costas luaite leis (áit a bhfuil an fostóir faoi dhliteanas iarmhéid na ranníocaíochtaí a theastaíonn chun sochair a mhaoiniú a íoc). Níl sé beartaithe ag ESB aon ranníocaíocht bhreise a dhéanamh, seachas na gnáth-ranníocaíochtaí leanúnacha atá le déanamh.<br>▪ Sa chás go mbíonn easnamh ann amach anseo, tá dualgas ar ESB, faoi rialacháin na Scéime, dul i gcomhairle le páirtithe na Scéime. Níl aon oibleagáid ar ESB, áfach, ranníocaíochtaí a mhéadú chun sochair a sholáthar sa chás go mbíonn easnamh ann agus ní féidir a ráta ranníocaíochta a athrú gan comhaontú le ESB agus gan cead a fháil ón Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. | Tá an Coiste Iniúchta agus Riosca sásta go léireoidh an chóireáil chuntasaíochta cuí, arna cinneadh de réir Shochair Fostaithe IAS 19, oibleagáidí geallta an Ghrúpa, mar atá sonraithe sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais. |



| Saincheisteanna suntasacha a breithníodh | An breithniú a rinne an Coiste Iniúchta agus Riosca ar na saincheisteanna |
|---|---|
| **Ionstraimí airgeadais agus conarthaí úsáide féin**<br>Laistigh dá ghnáthchúrsa gnó, glacann an Grúpa páirt i gconarthaí díolacháin agus ceannacháin le haghaidh tráchtearraí, gás agus leictreachas san áireamh. Sa chás gur síníodh conradh agus go bhfuil sé fós bailí chun críocha glacadh le nó seachadadh na dtráchtearraí de réir cheanglais ionchasacha díolacháin, ceannaigh nó úsáide an Ghrúpa, ainmnítear na conarthaí mar chonarthaí úsáide féin agus déantar cuntas orthu mar chonarthaí atá le comhlíonadh. Dá réir sin, ní bhaineann na conarthaí seo le raon IFRS 9 Ionstraimí Airgeadais.<br><br>Tá tuilleadh sonraí maidir le tionchar luacháil chóir a leithéid de chonarthaí le fáil i nóta 23 de na ráitis airgeadais. | Tá athbhreithniú déanta ag an gCoiste ar na páipéir a d'ullmhaigh agus a chuir an fhoireann bainistíochta i láthair agus tá a ndúshlán tugtha, páipéir ina sonraítear an bonn atá le cóireáil a leithéid de chonarthaí tráchtearraí. Tá an Coiste Iniúchta agus Riosca sásta gur cinneadh an chóireáil chuntasaíochta chuí de réir Ionstraimí Airgeadais IFRS 9. |
| **Comhpháirtíocht le Ørsted**<br>I mí Meithimh 2023, ghlac ESB agus Ørsted páirt i socrú comhpháirteach a raibh sé mar aidhm leis punann de thionscadail ghaoithe ón talamh a fhorbairt. San áireamh sa socrú tá comaoin theagmhasach bhreise atá le fáil ag ESB ó Ørsted a bhain le roinnt príomh-gharspriocanna a bheith á gcomhlíonadh i ndáil le gach tionscadal. De bhrí go bhfuil roinnt tionscadal ag luathchéimeanna forbartha, meastar go bhfuil cóirluach na comaoine teagmhasaí seo cothrom le náid. | Rinne an Coiste athbhreithniú air agus thug sé dúshlán mheasúnú na foirne bainistíochta inar sonraíodh an bonn atá leis an gcóireáil do shocrú dá leithéid. Tá an Coiste Iniúchta agus Riosca sásta gur cinneadh an chóireáil chuntasaíochta chuí. |
| **Giniúint éigeandála shealadach**<br>Tá ESB páirteach i gconarthaí giniúna éigeandála sealadacha le EirGrid a chiallaíonn gurb é ról ESB sna socruithe freastal ar sholáthar acmhainn giniúna leictreachais sealadaí ag láithreáin ESB chun sláine feabhsaithe an tsoláthair fuinnimh a chur ar fáil d'eangach leictreachais na hÉireann. Faoi na socruithe, cúitíonn EirGrid costais ghaolmhara ar fad (glan ar ioncam tuillte) na sócmhainní gaolmhara ar fad, lena n-áirítear costais cheannacháin, tógála, oibriúcháin, chothabhála agus díchoimisiúnaithe (glan ar fháltais diúscartha) le ESB. Tá an treoir maidir le húsáid sócmhainne á cinneadh ag EirGrid seachas ag ESB. Níl aon réadmhaoin, gléasra agus trealamh ná sócmhainní cearta úsáide aitheanta sna ráitis airgeadais. | Rinne an Coiste athbhreithniú air agus thug sé dúshlán mheasúnú na foirne bainistíochta inar sonraíodh an bonn atá leis an gcóireáil do shocrú dá leithéid. Tá an Coiste sásta gur cinneadh an chóireáil chuntasaíochta chuí de réir na gcaighdeán ábhartha. |

Ba cheart an cur síos thuasluaite ar shaincheisteanna suntasacha breithnithe a léamh i dteannta le tuarascáil an iniúchóra neamhspleách ar leathanach 167 - 176 agus úsáid a bhaint as na meastacháin agus breithiúnais arna nochtadh i nóta 2 de na ráitis airgeadais.

### Cóir, Cothrom agus Intuigthe

Ar iarratas ón mBord, rinne an Coiste Iniúchta agus Riosca breithniú ar cibé acu, ina thuairim, atá nó nach bhfuil an Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais, ina n-iomláine, cóir, cothromaithe agus intuigthe, agus go soláthraítear iontu an fhaisnéis riachtanach ar fad chun cur ar chumas stocshealbhóirí/páirtithe leasmhara measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht, samhail ghnó agus straitéis ESB. Breithnítear chomh maith, cibé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis curtha i láthair i bhformáid shoiléir agus bheacht, an seachnaítear úsáid a bhaint as béarlagair agus an féidir leis an léitheoir an fhaisnéis a thuiscint go héasca.

D'fhonn cabhrú leis an bpróiseas a bhaineann le tacú leis an ráiteas measúnaithe cóir, cothromaithe agus intuigthe, d'ullmhaigh an Coiste Iniúchta agus Riosca tuarascáil ina sonraítear na príomhbhreithniúcháin chun an ráiteas a ullmhú agus chun cabhrú lena dúshlán a thabhairt agus le measúnú cóir, cothromaithe agus intuigthe a thástáil.

Le linn dó teacht ar a thátal, bhreithnigh an Coiste Iniúchta agus Riosca an méid seo a leanas:

- Fuair Comhaltaí Boird cóipeanna den Tuarascáil Bhliantúil agus de na Ráitis Airgeadais le hathbhreithniú ag tús an timthrialla tuairiscithe d'fhonn a chinntiú go raibh na príomhtheachtaireachtaí sa Tuarascáil Bhliantúil ailínithe le seasamh, feidhmíocht, samhail ghnó agus straitéis an Ghrúpa agus go raibh codanna insinte na Tuarascála Bliantúla comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais

# Tuarascáil an Choiste Iniúchta agus Riosca (ar lean)

- Bhunaigh an fhoireann bainistíochta próiseas láidir d'ullmhú na Tuarascála Bliantúla agus na Ráiteas Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, lena n-áirítear luathphleanáil, agus cuireadh breithniúchán ar athruithe rialála agus dea-chleachtas san áireamh
- Úsáideadh teanga shothuigthe, shoiléir san tuarascáil ar fad
- Soláthraítear naisc shoiléire leis na cuspóirí straitéiseacha sa tuarascáil
- Tá na príomhtháscairí feidhmíochta (KPInna) a úsáidtear agus a thuairiscítear sa Tuarascáil Bhliantúil comhsheasmhach leis na KPInna a chuir an fhoireann bainistíochta ar fáil do na comhaltaí Boird i rith na bliana
- Tá athbhreithniú ar shonraí agus ar fhaisnéis curtha san áireamh ag iniúchadh inmheánach sa Tuarascáil Bhliantúil
- Tuairiscíodh na príomhtheagmhais agus saincheisteanna don Bhord i rith na bliana, idir dhearfach agus dhiúltach, agus tá tagairt chuí nó léargas cuí tugtha sa Tuarascáil Bhliantúil

I ndiaidh a athbhreithniú a dhéanamh, tá an Coiste Iniúchta agus Riosca den tuairim go bhfuil an Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais, ina n-iomláine, cóir, cothromaithe agus intuigthe, agus go soláthraítear iontu an fhaisnéis riachtanach ar fad chun cur ar chumas stocshealbhóirí/páirtithe leasmhara measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht, samhail ghnó agus straitéis ESB agus tá siad molta don Bhord lena bhfaomhadh.

## Iniúchadh Seachtrach

### Cáilíocht Iniúchta

Chun cáilíocht iniúchta a chothabháil agus dearbhú a sholáthar maidir le sláine an tuairiscithe airgeadais, athbhreithníonn agus tugann an Coiste Iniúchta agus Riosca dúshlán an phlean iniúchta sheachtraigh, lena n-áirítear a raon agus ábharthacht roimh fhaomhadh, d'fhonn a chinntiú go bhfuil na príomhrioscaí iniúchta sainaitheanta ag an iniúchóir seachtrach agus go bhfuil cur chuige láidir bunaithe aige. Breithníonn an Coiste Iniúchta agus Riosca freagairt an iniúchóra sheachtraigh do shaincheisteanna cuntasaíochta, rialaithe airgeadais agus iniúchta, nuair a thagann siad chun cinn agus buaileann sé/sí le chéile uair sa bhliain ar a laghad nuair nach mbíonn an fhoireann bainistíochta i láthair, agus tugtar deis don iniúchóir seachtrach aird a tharraingt ar aon saincheist i modh rúin.

### Plé leis an Iniúchóir Seachtrach

Fuair agus phléigh an Coiste Iniúchta agus Riosca tuarascáil ón iniúchóir seachtrach maidir le tátail an iniúchta, lena n-áirítear na tátail a bhain le réimsí breithiúnais sonraithe ar leathanach 167 - 176.

I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar na léirithe agus taispeántais ón bhfoireann bainistíochta agus breithniú a dhéanamh ar na tuairimí a roinn an t-iniúchóir seachtrach, tá an Coiste Iniúchta agus Riosca sásta go ndéileálann na ráitis airgeadais go cuí le breithiúnais chriticiúla agus le príomh-mheastacháin agus gur léirigh an t-iniúchóir seachtrach leibhéil oiriúnacha d'amhras. Chomh maith leis sin, tá an Coiste Iniúchta agus Riosca sásta go bhfuil na toimhdí a úsáideadh chun cinneadh a dhéanamh maidir le luach sócmhainní agus dliteanas grinnscrúdaithe go cuí agus go bhfuil a ndúshlán tugtha agus go bhfuil siad sách láidir.

I rith na bliana, ghlac ESB agus Deloitte páirt i gcumarsáid leanúnach, oscailte maidir le ceisteanna reatha nuair agus de réir mar a tháinig siad chun cinn. Bhuail an Coiste Iniúchta agus Riosca le chéile go príobháideach in 2023.

### Neamhspleáchas Iniúchóra

Déanann an Coiste Iniúchta agus Riosca measúnú ar neamhspleáchas an iniúchóra ar bhonn leanúnach.

Tá neamhspleáchas agus oibiachtúlacht iniúchóra á gcosaint ag bearta rialaithe éagsúla, lena n-áirítear:

- Srian ar chineál agus luach na seirbhísí neamh-iniúchta curtha i gcrích ag an iniúchóir seachtrach clúdaithe sa bheartas faoi sheirbhísí neamhiniúchta
- Monatóireacht ar athruithe ar an reachtaíocht a bhaineann le hoibiachtúlacht agus neamhspleáchas iniúchóra
- Deimhniú go bhfuil cosaintí inmheánacha oiriúnacha bunaithe ag Deloitte atá comhsheasmhach le caighdeáin ghairmiúla infheidhme
- Uainiú an chomhpháirtí iniúchta gach cúig bliana
- Deiseanna a sholáthar chun bualadh leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca go príobháideach
- Athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht an phróisis iniúchta sheachtraigh
- Deimhniú bliantúil maidir le neamhspleáchas ón iniúchóir seachtrach

Tá an Coiste Iniúchta agus Riosca sásta go bhfuil an t-iniúchóir, Deloitte, neamhspleách agus oibiachtúil.

Breithníonn an Coiste ceapachán an iniúchóra sheachtraigh agus tá an próiseas seo faoi réir tairiscint phoiblí. Cuireadh an próiseas tairisceana deiridh i gcrích in 2021 agus i ndiaidh an phróisis seo ceapadh Deloitte mar iniúchóir ag tosú leis an mbliain airgeadais dar críoch 2022. Athcheapann stocshealbhóirí an t-iniúchóir gach bliain ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil.

### Éifeachtacht an Phróisis Iniúchta

Déantar athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht an phróisis iniúchta sheachtraigh reatha, agus cuirtear san áireamh aiseolas a fhaightear ó cheistneoir maidir le meastóireacht an iniúchóra sheachtraigh agus an phróisis iniúchta sheachtraigh a bhfuil an Coiste Iniúchta agus Riosca freagrach as. Cuireann an fhoireann bainistíochta agus an Coiste aiseolas ar fáil. I rith na meastóireachta dírítear ar réimsí cosúil le láidreacht phróiseas pleanála an iniúchta, forghníomhú iniúchta, tuairisciú agus ról na foirne bainistíochta. Rinneadh athbhreithniú in 2023 agus tríd is tríd, tá an Coiste Iniúchta agus Riosca sásta le héifeachtacht an phróisis iniúchta sheachtraigh.

### Seirbhísí Neamhiniúchta

Cuimsítear sa bheartas ar rannpháirtíocht iniúchóir seachtrach ESB do sheirbhísí neamhiniúchta rialachán agus treoir an AE i ndáil le seirbhísí neamhiniúchta a bhfuil Ionstraim Reachtúil Uimh. 312/2016 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Iniúchtaí Reachtúla) 2016 in Éirinn (Treoir 2006/43/CE, arna leasú ag Treoir 2014/56/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 537/2014) á gcomhlíonadh acu mar aon le caighdeáin eiticiúla ábhartha, eadhon an Caighdeán Eiticiúil d'Iniúchóirí a d'eisigh Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA) a nuashonraíodh i mí na Samhna 2020 agus Caighdeán Eiticiúil Athbhreithnithe 2019 na Comhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC).

Déantar cur síos sa bheartas seo ar na socruithe rialachais a bhaineann le seirbhísí neamhiniúchta a sholáthar. Áirítear sa bheartas seo liosta de sheirbhísí toirmiscthe agus déantar cur síos ar na socruithe rialachais a bhaineann le seirbhísí neamhiniúchta ceadaithe a sholáthar. Áirítear sa bheartas seo próiseas faofa sainithe agus cloítear le nósanna imeachta soláthair ESB agus leibhéil údaráis an Ghrúpa.

Cuirtear nuashonrú maidir leis na seirbhísí neamhiniúchta a chuireann Deloitte ar fáil agus luach a leithéid de sheirbhísí faoi bhráid an Choiste Iniúchta agus Riosca uair sa bhliain ar a laghad d'fhonn a léiriú go bhfuil an beartas á chomhlíonadh ag na seirbhísí (lena n-áirítear go bhfuil siad laistigh den chaidhp táillí atá sonraithe sa bheartas).

Tá achoimre de na táillí iniúchta agus neamhiniúchta atá íoctha leis an iniúchóir seachtrach le fáil i nóta 11 de na ráitis airgeadais. Bhain na príomhsheirbhísí neamhiniúchta a chuir an t-iniúchóir seachtrach ar fáil i rith na bliana le hobair cheadaithe a bhain le soláthar seirbhísí cánach agus litreacha sóláis a bhain le heisiúint bannaí.

Tá an Coiste Iniúchta agus Riosca sásta nár chuir na táillí a íocadh in 2023 isteach ar neamhspleáchas ná ar shláine an iniúchóra sheachtraigh. Leanfaidh an Coiste le monatóireacht a dhéanamh ar chineál agus leibhéal na seirbhísí atá á soláthar chun aon tionchar braite nó iarbhír ar neamhspleáchas an iniúchóra a chosc.

## Iniúchadh Inmheánach

Tá ról sonrach ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca i ndáil le monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar ról agus éifeachtacht na feidhme iniúchta inmheánaí. Déanann Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa a chuid gníomhaíochtaí de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta do Chleachtas Gairmiúil an Iniúchta Inmheánaigh (IIAS). Ceanglaíonn IIAS go mbeadh measúnú seachtrach ar chomhlíontacht leis na caighdeáin á ndéanamh gach cúig bliana agus ba é KPMG a rinne an measúnú is déanaí in 2021. Cuirtear nuashonruithe ar fáil don Choiste Iniúchta agus Riosca maidir le haschur an mheasúnaithe seo agus cur chun feidhme aon mholadh a dhéantar. Tá Grúpa an Iniúchta Inmheánaigh creidiúnaithe ag leibhéal ISO9001, agus déanann Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) iniúchadh bliantúil ar an gcreidiúnú seo. In 2023, bronnadh teastas ar Ghrúpa an Iniúchta Inmheánaigh arís ach ní dhearnadh aon mholadh maidir le feabhas.

## Beartas Frithbhreabaireachta, Frith-Éillithe, Calaoise agus Frith- éagóra

De réir a Théarmaí Tagartha, rinne an Coiste Iniúchta agus Riosca athbhreithniú agus measúnú ar theagmhais chalaoise agus iarrachtaí calaoise i rith na bliana, mar aon leis na próisis atá bunaithe chun an riosca calaoise a bhainistiú. Chomh maith leis sin, in 2023, rinne an Coiste maoirseacht ar bhunú ról tiomanta do Bhainisteoir Riosca Calaoise (laistigh d'Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa) agus Coiste Neamhspleách Scagthástála Calaoise agus Éagóra. Páirteach sa Choiste Scagthástála tá baill den fhoireann bainistíochta shinsearach ó raon disciplíní agus is é an ról atá acu treoir a sholáthar nuair a dhéantar líomhain maidir le héagóir. Tá tuilleadh eolais maidir le Beartas Frithbhreabaireachta, Frith-Éillithe agus Frith-Chalaoise ESB, agus Beartas Sceithireachta agus Nochtuithe Cosanta ESB le fáil ar leathanach 161.

## Éifeachtacht an Choiste Iniúchta agus Riosca

Mar chuid den mheastóireacht inmheánach Boird a rinneadh in 2023, rinneadh meastóireacht ar oibriú an Choiste Iniúchta agus Riosca. Bhain na príomhthátail le hionduchtú sonrach Coiste, oiliúint CSRD (an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach) agus ceanglas go gcuirfí tuilleadh sonraí ar fáil maidir le socruithe leanúnachais gnó sa chás go dtarlaíonn cibirionsaí. Tá tuilleadh eolais maidir le meastóireacht éifeachtúlachta an Bhoird le fáil ar leathanach 138.

Ina theannta sin, ar bhonn bliantúil, ullmhaítear tuarascáil deireadh bliana don Choiste, ina ndéantar athbhreithniú ar gach ábhar a cuireadh faoi bhráid an Choiste trí thagairt dá phlean oibre bliantúil chun dearbhú a thabhairt go bhfuil dóthain clúdaigh ag an gCoiste chomh fada is a bhaineann lena fhreagrachtaí maoirseachta agus obair a chur i gcrích de réir a Théarmaí Tagartha.

## Cruinnithe

Tá rochtain iomlán agus neamhshrianta ag na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca. Tuairiscíonn Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca toradh a chruinnithe don Bhord. De ghnáth freastalaíonn Cathaoirleach an Bhoird, an Príomhfheidhmeannach agus/nó Leas-Phríomhfheidhmeannach, Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Grúpa Airgeadais agus Tráchtála, Ceannasaí Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa agus ionadaithe de chuid an iniúchóra sheachtraigh ar chruinnithe, nó ar chuid de chruinnithe. Eagraítear seisiúin don Choiste amháin ag tús/deireadh na gcruinnithe, de réir mar a bheidh á chinneadh ag Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca.

## Ag Féachaint Chun Cinn

Cuimseofar i measc na bpríomhréimsí a mbeidh an Coiste Iniúchta agus Riosca ag díriú orthu in 2024:

- Bainistíocht Riosca: I bhfianaise na timpeallachta reatha geopholaitiúla agus maicreacnamaíche agus na bpríomhrioscaí a bhfuil tionchar acu ar an earnáil fuinnimh, athbhreithniú criticiúil a dhéanamh ar chleachtais bainistíochta riosca agus tástála struis ESB lena n-áirítear athléimneacht i ndáil le rioscaí nach bhfuil ach seans beag go dtarlóidh siad agus rioscaí a bhfuil seans suntasach go dtarlóidh siad. A chinntiú go ndéantar monatóireacht leanúnach ar phríomhrioscaí agus ar rioscaí a mbeidh ar ESB déileáil leo agus go bhfuil bearta feabhais bunaithe.
- Rialuithe Inmheánacha: An timpeallacht rialaithe inmheánaigh agus na socruithe rialachais laistigh de ESB, agus béim ar leith a leagan ar thuairisciú Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (ESG) agus struchtúir rialachais
- IT/OT: Cibearshlándáil, Intleacht Shaorga, príobháideachas sonraí agus soiléire rialachais/rialaithe
- Cáilíocht iniúchta

Chomh maith leis sin, leanfaidh an Coiste Iniúchta agus Riosca le hathbhreithniú a dhéanamh ar a ghníomhaíochtaí, agus cuirfear forbairtí seachtracha agus tosaíochtaí an Bhoird san áireamh.

Thar ceann an Choiste Iniúchta agus Riosca



**Michael Barry**
Cathaoirleach, An Coiste Iniúchta agus Riosca
28 Feabhra 2024

# Coistí Boird in 2023

Déantar athbhreithniú ar Théarmaí Tagartha gach Coiste Boird gach bliain agus déantar iad a leasú agus a nuashonrú más cuí (athbhreithneofar Téarmaí Tagartha an Choiste Custaiméirí, Margaíochta agus Nuálaíochta ag tús 2024). Tá Téarmaí Tagartha gach Coiste ar fáil ar shuíomh gréasáin ESB nó trí iarratas a chur faoi bhráid an Rúnaí Cuideachta.



**An Dr Sara Venning**
Cathaoirleach

## An Coiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Cultúir

### Cruinnithe Coiste

Reáchtáil an Coiste cúig chruinniú i rith 2023. Tá eolas maidir le comhaltaí an Choiste, fad seirbhíse agus an líon cruinnithe a d'fhreastail siad orthu le fáil thíos:

| Comhaltaí | Ainmniúchán | Fad seirbhíse | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|---|---|
| An Dr Sara Venning (Cathaoirleach)^ | Comhalta Boird Neamhspleách | 2 bhliain agus 1 mhí | 5 |
| Aisling Curtis* | Comhalta Boird Neamhspleách | 7 mhí | 2 |
| Karen Halpenny~ | Comhalta Boird Oibrithe | 1 bhliain | 5 |
| Paddy Hayes | Príomhfheidhmeannach | 1 bhliain agus 10 mhí | 4 |
| Owen Kilmurray~* | Comhalta Boird Oibrithe | 5 mhí | 2 |
| Paul Lynam* | Comhalta Boird Neamhspleách | 6 bliana agus 3 mhí | 2 |
| Alf Smiddy* | Comhalta Boird Neamhspleách Sinsearach | 7 mhí | 3 |

^ Ceapadh an Dr Sara Venning mar Chathaoirleach ar an gCoiste i mí Eanáir 2023.
~ Ceapadh Karen Halpenny agus Owen Kilmurray mar chomhaltaí den Choiste i mí Eanáir 2023 in áit comhaltaí Boird a bhí imithe ar scor/ar tháinig deireadh lena dtéarma ar an 31 Nollaig 2022.
* Ceapadh Aisling Curtis agus Alf Smiddy mar chomhaltaí den Choiste i mí Meithimh 2023 in áit Owen Kilmurray agus Paul Lynam.

### Ról

Tá freagrachtaí an Choiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Cultúir sonraithe ina Théarmaí Tagartha, a athbhreithníodh i rith na bliana agus a leasaíodh agus a nuashonraíodh áit ar cuí. Buaileann Cathaoirleach an Choiste, nuair is gá, le Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca chun comhaontú ar agus an t-eolas is déanaí maidir le freagrachtaí riosca sonracha an Choiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Cultúir a roinnt.

### Príomhghníomhaíochtaí an Choiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Cultúir in 2023

| Dualgas | Gníomhaíocht |
|---|---|
| **Sábháilteacht, Sláinte agus Folláine/ Inbhuanaitheacht agus an Timpeallacht** | Athbhreithníodh agus breithníodh:<br>• Príomh-nuashonruithe riosca sábháilteachta agus KPI<br>• Nuashonruithe sláinte agus folláine<br>• Nuashonruithe maidir le teagmhais timpeallachta<br>• Nuashonrú maidir le rioscaí timpeallachta ESB Networks<br>• Plean um Inbhuanaithe agus Freagrach go Sóisialta 2022 - 2025<br>• Tuarascáil Bhliantúil Inbhuanaitheachta<br>• Gealltanas "Beat the Peak"<br>• Ráiteas maidir le Sclábhaíocht agus Gáinneáil ar Dhaoine a Chosc<br>• Straitéis um Inbhuanaitheacht Abhann agus Clár um Chaomhnú Iascaigh<br>• Tuarascáil Bhliantúil ar Shábháilteacht Dambaí nuashonrú maidir le hidreachumhacht<br>• Nuashonrú timpeallachta agus inbhuanaitheachta NIE Networks<br>• Nuashonrú Safer Together NIE Networks<br>• Nuashonruithe maidir le Clár Cumasaithe an Aistrithe Inbhuanaitheachta (STEP)<br>• Nuashonrú GIA maidir le torthaí iniúchtaí curtha i gcrích ar bhain raon sábháilteachta nó inbhuanaitheachta leo<br>• Nuashonrú maidir le sábháilteacht an phobail ESB Networks<br>• Nuashonrú maidir le ceachtanna foghlamtha ó theagmhais sábháilteachta ardphoitéinsil (P1)<br>• Plean Ceannaireachta Inbhuanaitheachta ESB<br>• Sábháilteacht gaoithe amach ón gcósta Neart na Gaoithe<br>• Creidiúnú spriocanna eolaíochtbhunaithe |
| **Cultúr agus Daoine** | Athbhreithníodh agus breithníodh:<br>• Straitéis um Éagsúlacht, Cothromas agus Ionchuimsiú<br>• Tuarascáil maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní 2023<br>• Aiseolas ón Suirbhé Ár nGuth<br>• Cultúr lena n-áirítear Obair Chliste<br>• Nuashonrú GIA maidir le torthaí iniúchtaí curtha i gcrích ar bhain raon cultúrtha leo<br>• Acmhainní a chur ar fáil agus nuashonrú cumais<br>• Leictreoirí earcaithe go seachtrach a leabú i ESB Networks |

Tá tuilleadh eolais maidir le Sábháilteacht, Inbhuanaitheacht agus Cultúr in 2023 le fáil ar leathanach 88 - 119, mar atá leagtha amach sa rannóg faoi Bhaill Foirne, an Pláinéad, an tSochaí.





**Tarach Ó Ruairc**
Cathaoirleach

### Ról

Tá freagrachtaí an Choiste Luacha Saothair agus Forbartha Bainistíochta, atá sonraithe ina Théarmaí Tagartha, a athbhreithníodh i rith na bliana agus a leasaíodh agus a nuashonraíodh áit ar cuí.

## An Coiste Luacha Saothair agus Forbartha Bainistíochta

### Cruinnithe Coiste

Reáchtáil an Coiste cheithre chruinniú i rith 2023. Tá eolas maidir le comhaltaí an Choiste, fad seirbhíse agus an líon cruinnithe a d'fhreastail siad orthu le fáil thíos:

| Comhaltaí | Ainmniúchán | Fad seirbhíse | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|---|---|
| Tarach Ó Ruairc (Cathaoirleach) | Cathaoirleach | 3 bhliain agus 2 mhí | 4 |
| Annette Flynn^ | Comhalta Boird Neamhspleách | 7 mhí | 2 |
| Noreen O'Kelly* | Comhalta Boird Neamhspleách Sinsearach | 1 bhliain agus 2 mhí | 1 |
| Alf Smiddy^ | Comhalta Boird Neamhspleách Sinsearach | 7 mhí | 3 |

^ Ceapadh Annette Flynn agus Alf Smiddy mar Chomhaltaí den Choiste i mí Meithimh 2023.
* Chuir Noreen O'Kelly críoch lena téarma i mí Aibreáin 2023.

### Príomhghníomhaíochtaí an Choiste Luacha Saothair agus Bainistíochta Forbartha in 2023

| Dualgas | Gníomhaíocht |
|---|---|
| **Luach Saothair Comhaltaí Boird agus Príomh-chomhaltaí Boird Fochuideachta** | • Ceadaíodh Stiúrthóir Airgeadais agus Rialacháin, NIE Networks, a cheapadh<br>• Ceadaíodh (i) Cathaoirleach Ainmnithe a cheapadh agus (ii) athcheapadh stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar Bhord NIE Networks<br>• Rinneadh athbhreithniú ar phleanáil comharbais an Bhoird |
| **Luach saothair an Phríomh-fheidhmeannaigh (lena n-áirítear cuspóirí/príomh-thorthaí)** | • Rinneadh athbhreithniú ar fheidhmíocht an Phríomhfheidhmeannaigh i gcomparáid le spriocanna 2022<br>• Comhaontaíodh spriocanna feidhmíochta 2024 don Phríomhfheidhmeannach<br>• Ceadaíodh Beartas Luach Saothair Feidhmiúcháin agus rinneadh athbhreithniú ar chomhlíonadh le beartas an Phríomhfheidhmeannaigh<br>• Rinneadh athbhreithniú ar mholtaí maidir le Próiseas d'Earcaíocht Seirbhíse Poiblí Shinsearach agus Próiseas um Chinneadh Pá. |
| **Luach Saothair Feidhmiúcháin** | • Rinneadh athbhreithniú ar fheidhmíocht i gcomparáid le spriocanna 2022<br>• Ceadaíodh an Beartas Luacha Saothair Feidhmiúcháin<br>• Athbhreithníodh agus ceadaíodh luach saothair don Choiste Feidhmiúcháin<br>• Athbhreithníodh an Beartas Luacha Saothair chun críche comhlíontachta don Choiste Feidhmiúcháin<br>• Ceadaíodh ESG a chur san áireamh sna pleananna dreasachta fadtéarmacha |
| **Pleanáil Chomharbais agus Forbairt Ceannaireachta** | • Athbhreithniú ar thallann, pleanáil chomharbais agus pleanáil forbartha ceannaireachta maidir le róil Stiúrthóra Feidhmiúcháin<br>• Athbhreithniú ar phleananna forbartha an Stiúrthóra Feidhmiúcháin |

# Coistí Boird in 2023 (ar lean)



**Paul Lynam**
Cathaoirleach

### Ról
Tá freagrachtaí an Choiste Luacha Saothair agus Infheistíocht leagtha amach ina Théarmaí Tagartha, a athbhreithníodh i rith na bliana agus a leasaíodh agus a nuashonraíodh áit ar cuí.

## Coiste Airgeadais agus Infheistíochta

### Cruinnithe Coiste
Reáchtáil an Coiste ocht gcruinniú i rith 2023. Tá eolas maidir le comhaltaí an Choiste, fad seirbhíse agus an líon cruinnithe a d'fhreastail siad orthu le fáil thíos:

| Comhaltaí | Ainmniúchán | Fad seirbhíse | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|---|---|
| Paul Lynam (Cathaoirleach)^ | Comhalta Boird Neamhspleách | 6 bliana agus 10 mhí | 8 |
| Michael Barry~ | Comhalta Boird Neamhspleách | 7 mhí | 7 |
| Annette Flynn~ | Comhalta Boird Neamhspleách | 7 mhí | 5 |
| Paddy Hayes | Príomhfheidhmeannach | 1 bhliain agus 10 mhí | 8 |
| Noreen O'Kelly~ | Comhalta Boird Neamhspleách Sinsearach | 7 mbliana agus 7 mhí | 1 |
| Gráinne O'Shea* | Worker Board Member | 1 year | 8 |

^ Ceapadh Paul Lynam mar Chathaoirleach ar an gCoiste i mí Eanáir 2023.
* Ceapadh Gráinne O'Shea mar chomhalta den Choiste i mí Eanáir 2023 in áit comhaltaí Boird a bhí imithe ar scor/ar tháinig deireadh lena dtéarma ar an 31 Nollaig 2022.
~ Ceapadh Michael Barry agus Annette Flynn mar chomhaltaí den Choiste i mí Meithimh 2023 in áit comhaltaí Boird eile a bhí éirithe as a gcúraimí/a raibh deireadh tagtha lena dtéarmaí faoin 31 Nollaig 2022 agus Noreen O'Kelly a chríochnaigh a téarma i mí Aibreáin 2023. Comhthoghadh Michael Barry mar chomhalta den Choiste don chruinniú a reáchtáladh i mí Aibreáin 2023.

### Príomhghníomhaíochtaí an Choiste Airgeadais agus Infheistíochta in 2023

| Dualgas | Gníomhaíocht |
|---|---|
| **Infheistíochtaí agus Caiteachas Caipitil** | Athbhreithníodh agus moladh an méid seo a leanas don Bhord (más infheidhme):<br>• Infheistíochtaí in-athnuaite (gaoth amach ón gcósta, gaoth ar talamh agus grian)<br>• Infheistíochtaí caipitil suntasacha eile<br>• Mórdhiúscairtí réadmhaoine<br>• Nuashonrú maidir le gnó SIRO<br>• Nuashonruithe maidir le So Energy<br>• Nuashonruithe éagsúla maidir le tionscadail ar talamh agus amach ón gcósta<br>• Tuarascálacha ráithiúla maidir le caiteachas caipitil<br>• Nuashonrú maidir le soláthar PR5<br>• Nuashonrú maidir le síneadh RP6 NIE Networks<br>• Cliathrátaí infheistíochta<br>• Cead faighte do ghiniúint éigeandála shealadach |
| **Maoiniú** | Athbhreithníodh agus moladh an méid seo a leanas don Bhord (más infheidhme):<br>• Plean Maoinithe 2023<br>• Nuashonruithe maidir le hiasachtaíocht Ghrúpa, Litreacha Creidmheasa agus bannaí<br>• Athbhreithniú ar Bheartais Bainistíochta Riosca Státchiste an Ghrúpa<br>• Athbhreithniú ar ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa<br>• Nuashonrú ar an mBeartas Maoinithe agus Státchiste |
| **Ceisteanna a bhaineann le Feidhmíocht Airgeadais/ Stocshealbhóirí** | Athbhreithníodh agus moladh an méid seo a leanas don Bhord (más infheidhme):<br>• Plean Gnó Comhtháite 2024 - 2028<br>• Nuashonrú maidir leis an bPlean Feabhsaithe Feidhmíochta<br>• Nuashonruithe airgeadais ráithiúla<br>• Pleananna airgeadais bliantúla ESB Networks agus NIE Networks |
| **Margaí agus Trádáil Fuinnimh** | Athbhreithníodh agus moladh an méid seo a leanas don Bhord (más infheidhme):<br>• Nuashonruithe maidir leis an straitéis trádála fuinnimh ó Ghiniúint agus Trádáil agus ó Electric Ireland<br>• Bainistiú rioscaí trádála agus comhlíontacht fuinnimh<br>• Taraifí leictreachais ESB do chustaiméirí cónaithe i bPoblacht na hÉireann<br>• An Beartas maidir le Drochúsáid Mhargaidh agus Trádáil Chos Istigh |





**Aisling Curtis**
Cathaoirleach

### Ról
Tá freagrachtaí an Choiste Luacha Saothair, Margaíochta agus Nuálaíochta leagtha amach ina Théarmaí Tagartha, a athbhreithneofar ag tús 2024 agus a leasófar agus a nuashonrófar áit ar cuí.

## An Coiste Custaiméirí, Margaíochta agus Nuálaíochta

### Cruinnithe Coiste
Reáchtáil an Coiste cheithre chruinniú i rith 2023. Tá eolas maidir le comhaltaí an Choiste, fad seirbhíse agus an líon cruinnithe a d'fhreastail siad orthu le fáil thíos:

| Comhaltaí | Ainmniúchán | Fad seirbhíse | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|---|---|
| Aisling Curtis (Cathaoirleach)*^ | Comhalta Boird Neamhspleách | 7 mhí | 1 |
| Owen Kilmurray* | Comhalta Boird Oibrithe | 7 mhí | 2 |
| Marguerite Sayers* | Leas-Phríomhfheidhmeannach | 7 mhí | 2 |
| An Dr Sara Venning* | Comhalta Boird Neamhspleách | 7 mhí | 1 |
| Trevor Walsh~ | Comhalta Boird Oibrithe | 7 mhí | 4 |
| Paddy Hayes* | Príomhfheidhmeannach | 1 bhliain agus 3 mhí | 2 |
| Alf Smiddy*^ | Comhalta Boird Neamhspleách Sinsearach | 6 bliana agus 3 mhí | 3 |

* Ceapadh Aisling Curtis, Owen Kilmurray, Marguerite Sayers agus an Dr Sara Venning mar chomhaltaí den Choiste i mí Meithimh 2023 in áit Paddy Hayes, Alf Smiddy agus comhaltaí Boird eile a bhí imithe ar scor/a raibh deireadh tagtha lena dtéarma i mí na Nollag 2022.
^ Ceapadh Aisling Curtis mar Chathaoirleach ar an gCoiste i mí Meithimh 2023. Rinne Alf Smiddy cathaoirleacht ar chruinniú Iúil 2023 de bhrí go raibh Aisling as láthair.
~ Ceapadh Trevor Walsh mar chomhalta den Choiste i mí Eanáir 2023 in áit comhaltaí Boird a bhí imithe ar scor/a raibh deireadh tagtha lena dtéarma i mí na Nollag 2022.

### Príomhghníomhaíochtaí an Choiste Custaiméirí, Margaíochta agus Nuálaíochta in 2023

| Dualgas | Gníomhaíocht |
|---|---|
| **Custaiméir** | Athbhreithníodh agus breithníodh:<br>• Nuashonrú maidir le custaiméirí agus margaidh Réitigh do Chustaiméirí<br>• Feidhmíocht ionad glaonna Electric Ireland<br>• Tacaíochtaí do chustaiméirí leochaileacha<br>• Freagairt géarchéime fuinnimh Réitigh do Chustaiméirí (Poblacht na hÉireann, Tuaisceart Éireann & an Bhreatain Mhór)<br>• Custaiméirí Cumhachtaithe – Clár Aistrithe Custaiméirí ESB Networks<br>• Feachtais mhargaíochta Electric Ireland<br>• Nuashonrú maidir le feidhmíocht custaiméirí ESB Networks<br>• Cosaint sonraí agus an custaiméir<br>• Seirbhísí Fuinnimh Chliste agus nuashonrú maidir le carranna leictreacha ESB |
| **Bainistíocht Clú agus Páirtithe Leasmhara** | Fuarthas nuashonruithe maidir le:<br>• Ceisteanna rialála Réitigh do Chustaiméirí<br>• Straitéis branda agus plean cumarsáide Electric Ireland<br>• Cláir urraíochta 2023 Electric Ireland<br>• Suirbhé clú ESB<br>• Nuashonruithe maidir le bainistiú páirtithe leasmhara seachtracha ó Ghiniúint agus Trádáil agus ESB Networks<br>• Creat Straitéis Branda agus Cumarsáide ESB |
| **Nuálaíocht agus Teicneolaíocht** | Athbhreithníodh agus breithníodh:<br>• Nuashonrú maidir leis an gClár Méadraithe Chliste Náisiúnta<br>• Forbairtí a bhaineann le teicneolaíocht fuinnimh tonnta<br>• Nuashonrú digitithe agus forléargas ar IS ghiniúnach<br>• Seoladh aip mhóibíleach Electric Ireland<br>• Feachtas Saorleictreon 2023<br>• Nuashonrú na straitéisí digití agus sonraí<br>• Acmhainn agus cultúr digiteach in ESB (lena n-áirítear béim ar ESB Networks) |

# Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Tíolacann na comhaltaí Boird a dtuarascáil i dteannta le ráitis airgeadais iniúchta ESB agus an Ghrúpa don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023.

### Príomhghníomhaíochtaí

Is iad seo a leanas príomhghníomhaíochtaí an Ghrúpa - giniúint, tarchur, dáileadh agus soláthar seirbhísí leictreachais, gáis agus fuinnimh i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann. Tá an Grúpa ag feidhmiú ag leibhéal idirnáisiúnta freisin, ag giniúint agus ag soláthar leictreachais sa Bhreatain Mhór agus tá baint aige le roinnt tionscadal comhairleoireachta innealtóireachta idirnáisiúnta, go suntasach sa Mheánoirthear, san Afraic agus san Áise.

### Cruinniú Ginearálta Bliantúil ESB (AGM)

Reáchtálann ESB AGM gach bliain, tráth nach déanaí ná 15 mhí i ndiaidh an AGM deiridh. Reáchtáladh AGM 2023 ar an 26 Aibreán 2023. Thug an Cathaoirleach forléargas ar an méid a cuireadh i gcrích i rith na bliana agus thug sé cuireadh d'ionadaithe stocshealbhóirí Aireachta agus Iontaobhaí Phlean Úinéireachta Scaireanna Fostaithe (ESOP) ESB a gcuid tuairimí a roinnt. Freastalaíonn an t-iniúchóir seachtrach ar an AGM freisin.

### Athbhreithniú Gnó

Tá tuairimí maidir le feidhmíocht i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2023, lena n-áirítear eolas maidir le himeachtaí a tharla le déanaí agus forbairtí a d'fhéadfadh tarlú amach anseo, le fáil i Ráiteas an Chathaoirligh agus in Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh. Tá eolas maidir le feidhmíocht an ghnó, a staid airgeadais agus na príomhrioscaí a mbeidh ar an nGrúpa déileáil leo le fáil san athbhreithniú ar gach mór-aonad gnó ar leathanach 60 - 79, san Athbhreithniú Airgeadais ar leathanach 54 - 59, agus sa Tuarascáil Riosca ar leathanach 27 - 43.

### Torthaí agus Díbhinn don bhliain

Léirítear i dtorthaí airgeadais an Ghrúpa brabús i ndiaidh cánach de €868 milliún don bhliain airgeadais 2023, i gcomparáid le brabús de €558 milliún i gcomhair 2022. Foráiltear sa bheartas díbhinne a nuashonraíodh in 2021 agus a comhaontaíodh leis an Rialtas in 2022 do dhíbhinní spriocdhírithe ag ráta 40% de bhrabús coigeartaithe i ndiaidh cánach. Tá an Bord anois ag moladh díbhinn deiridh 11.35% le haghaidh gach aonad de stoc, nó €220.1 milliún.

### Scairchaipiteal

Cheadaigh Bord ESB togra leachtachta margaidh Phlean Úinéireachta Scaireanna Fostaithe (ESOP) in 2015. Cheadaigh ESB caiteachas de suas le €25 milliún chun scairchaipiteal a shealbhú i margaí inmheánacha ESOP, ag tosú in 2017, agus é mar aidhm leachtacht sa mhargadh a fheabhsú. Mheaitseáil an gealltanas caiteachais seo a thug ESB an caiteachas a gheall Iontaobhaí ESOP faoin togra. In 2021, gheall ESB (nó fochuideachta) suas le €35 milliún de chistí breise chun scaireanna a cheannach i margaí todhchaíocha ó 2021 ar aghaidh ar an mbonn céanna leis na cistí a gealladh in 2015. Cheannaigh agus chealaigh ESB stoc caipitil luach €4.5 milliún in 2023 (2022: €12.4 milliún). Tá tuilleadh sonraí le fáil i nóta 20 agus 32 de na ráitis airgeadais. Tá eolas maidir le scairchaipiteal an Ghrúpa le fáil i nóta 20 de na ráitis airgeadais.

### Príomhrioscaí agus Éiginnteachtaí

A Tá cur síos déanta ar na príomhrioscaí agus éiginnteachtaí a bheidh le sárú ag an nGrúpa sa Tuarascáil Rioscaí ar leathanach 27 - 43.

### Ionstraimí Airgeadais

Tá eolas maidir le cuspóirí agus beartais bhainistíochta riosca airgeadais an Ghrúpa mar aon le cur síos ar úsáid na n-ionstraimí airgeadais le fáil i nóta 29 de na ráitis airgeadais.

### Taifid Chuntasaíochta

Creideann na Comhaltaí Boird go bhfuil pearsanra cuntasaíochta fostaithe acu a bhfuil saineolas oiriúnach acu agus go bhfuil acmhainní leordhóthanacha curtha ar fáil don fheidhm airgeadais d'fhonn a chinntiú go bhfuil oibleagáid ESB leabhair chuntais chearta a choimeád á comhlíonadh. Tá taifid chuntasaíochta ESB á gcoimeád ag 27 Sráid Mhic Liam Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, D02 KT92.

### Tuarascáil faoi Alt 22 d'Acht um Nochtadh Cosanta, 2014

Forchuireann Alt 22 d'Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 (arna leasú (an "tAcht")) oibleagáidí ar ESB maidir le nochtuithe cosanta a cuireadh faoina bhráid faoin Acht. Tá cainéil tuairiscithe inmheánacha leagtha amach ag ESB ina Bheartas Grúpa maidir le Sceithireacht agus Nochtuithe Cosanta, ina n-áirítear líne thuairiscithe rúnda atá á bainistiú ag tríú páirtí seachtrach. Foilsíonn ESB tuarascáil faoi Alt 22 a bhaineann le nochtuithe cosanta déanta trína shuíomh gréasáin.

### An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015

De réir cheanglais Acht um Brústocaireacht a Rialáil, tá ESB cláraithe ar an gClár Brústocaireachta ag www.lobbying.ie agus tá na tuairisceáin riachtanacha déanta aige le haghaidh na dtrí thréimhsí tuairisceáin i rith 2023.

### Cearta an Duine (lena n-áirítear Cosaint i gCoinne Sclábhaíocht Nua-aimseartha)

Tá ESB tiomanta do gach ceart an duine a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta aige lena n-áirítear na cearta sin atá sonraithe sa Bhille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine agus na prionsabail a bhaineann le cearta bunúsacha atá sonraithe i nDearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Cearta Bunúsacha agus Cearta san Ionad Oibre. Tá raon beartas ag tacú leis an ngealltanas seo a chlúdaíonn réimsí fócais a bhaineann le cearta an duine lena n-áirítear cearta fostaithe, neamh-idirdhealú, ionchuimsiú agus éagsúlacht mar aon le sclábhaíocht nua-aimseartha. Ceanglaíonn Cód Eitice fostaí ESB ("Ár gCód") ar gach fostaí feidhmiú go cothrom agus cearta an duine a urramú.

Glactar le gáinneáil ar dhaoine agus sclábhaíocht nua-aimseartha mar chionta coiriúla faoi dhlí na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe. Forchuireann Acht um Sclábhaíocht Nua-aimseartha na Ríochta Aontaithe, 2015 oibleagáidí ar eagraíochtaí de mhéid áirithe, a dhéanann gnó sa Ríocht Aontaithe. Ina ról mar mháthairchuideachta roinnt fochuideachtaí a bhfuil oibríochtaí acu sa Ríocht Aontaithe, ghlac ESB le beartas maidir le sclábhaíocht nua-aimseartha, agus é mar aidhm aige deiseanna do sclábhaíocht nua-aimseartha a chosc laistigh dá ghnó agus slabhraí soláthair. De réir an Achta, foilsíonn ESB ráiteas bliantúil ina sonraítear na céimeanna atá curtha i gcrích ag ESB i rith na bliana airgeadais roimh ré d'fhonn a chinntiú nach bhfuil sclábhaíocht agus gáinneáil ar dhaoine ag feidhmiú laistigh dá ghnó féin nó ina shlabhraí soláthair. Níor aimsíodh aon teagmhas de sclábhaíocht nua-aimseartha go dtí seo. Foilsíodh an Ráiteas Bliantúil is déanaí i mí Iúil 2023 agus áiríodh ann sonraí maidir leis na céimeanna atá curtha i gcrích ag ESB chun gníomhartha de sclábhaíocht nua-aimseartha sa slabhra soláthair a chosc. Tá an ráiteas seo ar fáil ar shuíomh gréasáin ESB.

Tá a réimsí agus suíomhanna gnó measta ag ESB chun fadhbanna agus rioscaí agus bearta coisctheacha a bhaineann le cearta an duine a shainaithint, laistigh den Ghrúpa agus in eagraíochtaí eile a chuireann earraí agus seirbhísí ar fáil do ESB. Foilsítear measúnú ESB ar cheisteanna a bhaineann le cearta an duine agus comhionannas (a chreideann sé atá ábhartha dá fheidhmeanna) agus leis na beartais, pleananna agus gníomhaíochtaí atá bunaithe nó atá beartaithe a bhunú chun déileáil leis na ceisteanna seo ar bhealach a chiallaíonn go bhfuil Alt 42(s) d'Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, á chomhlíonadh, foilsithe ar leithligh ar shuíomh gréasáin ESB.

Tá tuilleadh sonraí le fáil sa rannóg faoi Bhaill Foirne, An Pláinéad, An tSochaí ag tosú ar leathanach 85 agus i dTuarascáil Inbhuanaitheachta ESB a foilsíodh ar shuíomh gréasáin ESB.

### Beartas Frithbhreabaireachta, Frith-Éillithe, Calaoise agus Frith- éagóra

Tá Beartas Frithbhreabaireachta, Frith-Éillithe agus Frith-Chalaoise mionsonraithe bunaithe ag ESB, ina ndéantar cur síos ar na caighdeáin iompair foirne a bhfuil súil leo maidir lena gcuid oibre agus chun tacú le rialuithe chun breabaireacht, éilliú agus calaois a chosc, a stopadh agus a bhrath. Tá dlíthe frithbhreabaireachta agus frith-éillithe achtaithe ag Éireann atá comhsheasmhach le haidhmeanna Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe. Tá Beartas Frithbhreabaireachta, Frith-Éillithe agus Frith-Chalaoise ESB le fáil ar shuíomh gréasáin ESB, agus tá sé comhsheasmhach leis na dlíthe seo. Ceanglaítear ar bhaill foirne a chinntiú go bhfuil Ár gCód á chomhlíonadh ar bhonn bliantúil. Tá eolas maidir leis an mBeartas Frithbheabaireachta, Frith-Éillithe agus Frith-Chalaoise agus cúrsaí oiliúna ar líne le fáil don fhoireann ar fad agus san áireamh mar ghné chaighdeánach d'ionduchtú fostaithe nua. Tá sé beartaithe na cúrsaí oiliúna a fheabhsú tuilleadh agus a rolladh amach d'fhoirne sonracha in 2024 freisin.

Tá cur chuige neamhfhulaingthe ag ESB i ndáil le breabaireacht, éilliú agus calaois agus tá sé tiomanta d'iniúchadh a dhéanamh ar gach teagmhas den chineál seo go tapa, go neamhspleách agus go hoibiachtúil. Le cois Ár gCóid agus leis an mBeartas Frithbheabaireachta, Frith-Éillithe agus Frith-Chalaoise, tá Beartas Sceithireachta agus Nochtuithe Cosanta ag ESB, de réir Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 (arna leasú), ina leagtar amach nósanna imeachta sonracha chun ábhar imní maidir le héagóir a thuairisciú agus a imscrúdú. Soláthraíonn líne chabhrach teileafóin agus seirbhís comhrá gréasáin ar líne modhanna rúnda agus, más gá, modhanna anaithnide d'fhostaithe chun aon éagóir amhrasach nó ábhar imní eiticiúil a thuairisciú.

Sa chás go sainaithnítear éagóir, déantar measúnú tosaigh chun cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil dóthain faisnéise ar fáil chun imscrúdú foirmiúil a dhéanamh. Bainisteoir líne a dhéanann an measúnú tosaigh ar tarraingíodh a (h)aird ar an éagóir fhéideartha (a mhéid is nach raibh aon bhaint aige nó aici leis an méid a tharla), i dteannta le Coiste Triáise Éagóra ar a bhfuil ionadaithe ó Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa (GIA), Feidhm Airgeadais, Dlí agus AD an Ghrúpa. Sa chás go bhfuil gá le himscrúdú foirmiúil, ceaptar imscrúdaitheoir(í) neamhspleách(a), agus faightear comhairle ón bhfeidhm Dlí agus AD de réir mar is gá. Feidhmíonn an t-imscrúdaitheoir/an fhoireann imscrúdaithe neamhspleách ar an teagmhas, agus ní bhíonn aon bhaint aige nó aici nó acu le hábhar an imscrúdaithe agus beidh na scileanna agus an taithí chuí aige nó aici nó acu chun an t-imscrúdú a dhéanamh i gceart. D'fhéadfadh gur fostaithe ESB nó tríú páirtithe seachtracha (nó meascán den dá ghrúpa) a bheidh san imscrúdaitheoir/san fhoireann imscrúdaithe.

Déanann GIA maoirseacht ar gach imscrúdú agus cinntíonn sé go gcomhaontaítear téarmaí tagartha oiriúnacha, go bhfuil an buiséad cuí ar fáil chun imscrúdaithe a dhéanamh agus go ndéantar imscrúdaithe córa, neamhchlaonta de réir Bheartas Sceithireachta agus Nochtuithe Cosanta ESB agus treoirlínte gaolmhara maidir le teagmhais éagóra a imscrúdú/a bhainistiú. Tuairiscíonn GIA toradh gach imscrúdaithe don Choiste Iniúchta agus Riosca.

I rith 2023:

- Tuairiscíodh trí theagmhas deimhnithe de chalaois, breabaireacht nó éilliú a bhain le hiarrachtaí tríú páirtí calaois a dhéanamh ar an eagraíocht. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar roinnt nithe eile chun cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu ar tharla nó nár tharla calaois, éilliú nó breabaireacht.
- Ní raibh aon chiontú nó fíneáil a bhain le dlíthe frithéillithe nó frithbhreabaireachta.
- Tuairiscíodh sárú sonraí amhrasta a bhain le calaois i ndáil le roinnt custaiméirí Electric Ireland agus tá imscrúdú á dhéanamh ag An Garda Síochána faoi láthair.

## Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird (ar lean)

- Ní raibh aon teagmhas deimhnithe a bhain le foireann oibre ESB inar cinneadh fostaithe a dhíbhe nó a smachtú i ndáil le teagmhais éillithe nó breabaireachta.
- Chomh maith leis sin, ní raibh aon teagmhas deimhnithe ag baint le conarthaí le comhpháirtithe gnó a foirceannadh nó nár athnuadh mar gheall ar sháruithe a bhain le héilliú nó breabaireacht.
- Níor sainaithníodh aon neamhleorgacht sna gníomhartha a rinneadh chun déileáil le sáruithe ar nósanna imeachta agus caighdeáin frithéillithe agus frithbhreabaireachta. Is réimse é seo atá á fheabhsú go leanúnach agus rinneadh roinnt feabhsuithe i rith 2023 mar atá mínithe ar leathanach 155 lena n-áirítear ról ar leith a bhunú do Bhainisteoir Riosca Calaoise agus Coiste Triáise Éagóra.

I mí Bealtaine 2022, rinne tríú páirtí líomhaintí a bhain le híocaíochtaí a lorg/glacadh le híocaíochtaí go neamhdhleathach i ndáil le ceathrar fostaithe ESB. Thuairiscigh ESB na líomhaintí seo do An Garda Síochána, atá i mbun imscrúdaithe faoi láthair. I mí Iúil 2022, thionscain ESB imeachtaí dlí i gcoinne dhá chuideachta a bhain leis na líomhaintí, agus i mí Feabhra 2023 thionscain sé imeachtaí dlí i gcoinne duine de na fostaithe ainmnithe sna líomhaintí, a d'éirigh as a p(h)ost ina dhiaidh sin. Lena chois sin, i mí Aibreáin 2023, thionscain ESB imeachtaí dlí i ndáil le duine eile den cheathrar fostaithe a d'eascair as teip deimhniú a sholáthar nach ndearnadh aon íocaíocht neamhdhleathach. I gcónaí, ghlac ESB go dáiríre leis na líomhaintí dá dtagraítear agus tá sé lántiomanta d'imscrúdú iomlán a dhéanamh agus gníomh cuí a dhéanamh.

Tuairiscítear teagmhais nó iarrachtaí ar theagmhais calaoise don Choiste Iniúchta agus Riosca ar bhonn ráithiúil mar atá mínithe ar leathanach 155.

### An Timpeallacht agus Inbhuanaitheacht

Ó tharla nach bhfuil an dara rogha ag an domhan mór ach dul i ngleic le dhá ghéarchéim - an aeráid agus bithéagsúlacht, ní mór d'eagraíochtaí aird ar leith a dhíriú ar inbhuanaitheacht. Tá gealltanas tugtha i straitéis ESB astaíochtaí carbóin a laghdú agus tacú le leictriú teasa agus iompair mar aon le haeráidneodracht a chinntiú faoi 2040. Is eintiteas CDP A-rátáilte é ESB mar aon le comhalta den Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí.

Cuimsítear in inbhuanaitheacht, sa chiall is iomláine, oibríochtaí gnó a dhéanamh a bhfuil sé mar aidhm leo dul chun tairbhe na sochaí trí chéile. Seachas cur leis an athrú aeráide nó ar shlí eile acmhainní timpeallachta, nádúrtha agus sóisialta a ídiú, tá sé mar aidhm le gnó inbhuanaithe, le himeacht ama, cur le hathghiniúint na n-acmhainní seo más féidir. Tá sé mar aidhm le straitéis agus le cuspóir ESB dlús a chur le forbairt sa treo seo. Leagtar amach i mbeartais ESB, lena n-áirítear an Beartas Comhshaoil agus Inbhuanaitheachta agus an Beartas um Chearta an Duine, prionsabail ardleibhéil chun inbhuanaitheacht a chomhtháthú sa chinnteoireacht agus dul chun cinn a dhéanamh i ndáil leis na cuspóirí seo ar fud na heagraíochta. Tá Córais Bhainistíochta Timpeallachta in úsáid ar fud an Ghrúpa. Tuairiscíonn ESB ar a fheidhmíocht ESG gach bliain, lena n-áirítear astaíochtaí carbóin díreacha agus indíreacha, ina Thuarascáil Inbhuanaitheachta. Tá nochtadh tosaigh déanta ag ESB faoi chreat an Tascfhórsa maidir le Nochtuithe Cosanta a bhaineann le hAeráid (TCFD) agus nochtann sé eolas ar bhonn deonach faoi Rialachán maidir le Tacsanomaíocht an AE sa Tuarascáil Bhliantúil seo. Tá Clár Inbhuanaitheachta, Aistrithe agus Cumasúcháin (STEP) bunaithe chun acmhainn eagraíochtúil in inbhuanaitheacht a mhéadú, lena n-áirítear tuairisciú agus rialachas feabhsaithe chun rialacháin AE a chomhlíonadh agus chun freastal ar riachtanais mhéadaithe infheisteoirí agus páirtithe leasmhara. Tá eolas maidir le feidhmíocht inbhuanaitheachta an Ghrúpa, lena n-áirítear cláir shóisialta (nó Freagracht Shóisialta Chorparáideach) le fáil ar leathanach 86 - 119.

### Síntiúis Pholaitíochta - An tAcht Toghcháin, 1997

Níor sholáthair ESB aon síntiús polaitíochta i rith na bliana.

### Príomh-Fhochuideachta, Comhfhiontar agus Gnóthais Ghaolmhara

Tá sonraí maidir le príomh-fhochuideachtaí, comhfhiontair agus gnóthais ghaolmhara ar fáil i nóta 35 de na ráitis airgeadais.

### Rialachán um Íoc Pras

Tá comhaltaí an Bhoird airdeallach ar a bhfreagrachtaí maidir lena chinntiú, i ngach gníomh réasúnach, go bhfuil forálacha Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Deireanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012 (I.R. Uimh. 580 de 2012) arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Deireanach in Idirbhearta Tráchtála) (Leasú), 2016 (I.R. Uimh. 281 de 2016) á gcomhlíonadh. Tá comhaltaí an Bhoird sásta go bhfuil ceanglais na Rialachán comhlíonta ag ESB. Tá eolas maidir leis an tuarascáil ar chomhlíontacht le fáil ar leathanach 287.

### Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

Tá idirbhearta páirtithe gaolmhara sonraithe i nóta 31 de na ráitis airgeadais.

### Taighde agus Forbairt

Tá gnó ESB páirteach i dtionscadail agus i gcláir nuálacha a bhaineann leis an earnáil fuinnimh. Tagraítear do roinnt de na tionscadail agus cláir seo sa Rannóg Straitéise agus Feidhmíochta ar leathanach 6 - 119.

### Ráiteas faoi Alt 330 d'Acht na gCuideachtaí, 2014

Ceanglaíonn Rialacháin ESB ar ESB aird a thabhairt ar fhorálacha Acht na gCuideachtaí, 2014, a bhaineann le heintiteas Acht na gCuideachtaí chomh fada is a bhaineann le hiniúchadh agus/nó iniúchóirí. Ceanglaíonn sé seo ar Chomhaltaí Boird ráiteas a dhéanamh san fhoirm a cheanglaíonn Alt 330 d'Acht 2014. Chun an ceanglas seo a chomhlíonadh, deimhníonn an Bord go bhfuil Alt 330 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, á chomhlíonadh aige agus, sa chomhthéacs seo, deimhníonn gach Comhalta Boird:

- Bunaithe ar an méid atá ar eolas ag an gComhalta Boird, níl aon fhaisnéis iniúchta ábhartha nach bhfuil feicthe ag iniúchóir reachtúil ESB
- Tá gach céim ba cheart dó nó di a chur i gcrích mar Chomhalta Boird chun eolas a fháil faoi aon fhaisnéis iniúchta ábhartha curtha i gcrích ag gach Comhalta Boird agus chun a fháil amach cibé acu atá nó nach bhfuil iniúchóir ESB airdeallach ar an bhfaisnéis sin (de réir Bhrí Alt 330)

### Córais Rialaithe Inmheánaigh agus Bhainistíochta Riosca

Mar atá leagtha amach ar leathanach 143, deimhníonn na Comhaltaí Boird go bhfuil próiseas leanúnach i bhfeidhm chun rioscaí a mbeidh ar an nGrúpa déileáil leo a shainaithint, a mheas agus a bhainistiú. Tharmlig an Bord freagracht don Choiste Iniúchta agus Riosca as monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis bhainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa. Tá tuarascáil an Choiste Iniúchta agus Riosca leagtha amach ar leathanach 148.

### Gnóthas Leantach

Tá ráiteas inmharthanachta agus measúnú gnóthais leantaigh na gComhaltaí Boird le fáil ar leathanach 144 agus 145. Bunaithe ar an measúnú seo, tá ionchas réasúnta ag an mBord go leanfaidh ESB ar aghaidh ag feidhmiú i gcomhair 12 mhí ar a laghad ó dháta faofa na ráiteas airgeadais.

### Imeachtaí Suntasacha ó Dheireadh na Bliana

Níor tharla aon imeacht suntasach ó dheireadh na bliana a d'fhéadfadh coigeartú nó nochtadh sa tuarascáil seo a éileamh.

### Forbairtí Amach Anseo

Is fóntas láidir, éagsúlaithe, atá comhtháite go hingearach é ESB atá ag feidhmiú i margaí seirbhísí leictreachais/gáis agus fuinnimh, lena n-áirítear margaí giniúna, tarchurtha agus dáileacháin agus soláthair custaiméirí, agus tá sé ag feidhmiú i margadh na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe den chuid is mó. Tá straitéis ESB deartha d'fhonn a chinntiú go leanann an gnó ar aghaidh ag fás fad is atá an cumas airgeadais aige infheistíocht a dhéanamh ag an scála agus luas cuí chun a ghealltanas maidir le haeráidneodracht faoi 2040 a chomhlíonadh (féach leathanach 16 - 19 le haghaidh tuilleadh eolais maidir leis an straitéis).

### Iniúchóir

Ag an AGM a reáchtáladh i rith 2023, athcheapadh Deloitte Ireland LLP mar iniúchóir ESB don bhliain airgeadais 2024 i gcomhréir le hAlt 7(2) d'Acht Leictreachais (Soláthar), 1927 (arna leasú).

Ag AGM 2024, fiafrófar de na stocshealbhóirí na Comhaltaí Boird a údarú chun luach saothair an iniúchóra i ndáil leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 a shonrú.

### Faomhadh Thuarascáil Bhliantúil agus Ráiteas Airgeadais 2023

Tá na Comhaltaí Boird sásta, i ndiaidh mholadh an Choiste Iniúchta agus Riosca a chur san áireamh, nuair a chuirtear an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais ina n-iomláine san áireamh, go bhfuil siad cothrom agus intuigthe agus go soláthraítear iontu an fhaisnéis atá riachtanach chun cur ar chumas stocshealbhóirí measúnú a dhéanamh ar sheasamh, feidhmíocht, samhail agus straitéis ghnó ESB.

**Tarach Ó Ruairc**
Cathaoirleach

**Paddy Hayes**
Príomhfheidhmeannach

28 Feabhra 2024

# INFHEISTITHE I gCUSTAIMÉIRÍ CUMHACHTAITHE

Cheangail foirne NIE Networks Páirc Lancaster ní ba luaithe i mbliana leis an líonra leictreachais, arbh é sin ceann amháin de na 10,000 ceangal a soláthraíodh ar bhonn bliantúil. Príomhfhorbairt áiteanna cónaithe i mBéal Feirste í Páirc Lancaster (Lancaster Park). Teastaíonn a mhéid le 90% níos lú fuinneamh téimh ó na háiteanna cónaithe a theastaíonn ó ghnátháit chónaithe agus ní theastaíonn uathu breoslaí iontaise a úsáid, a chinntíonn eispéireas níos sláintiúla mair-eachtála do theaghlaigh.

Aithníonn NIE Networks an fhreagracht atá orthu a chinntiú go bhforbraítear na líonraí leictreachais i dTuaisceart Éireann ar bheal-ach a cheadaíonn do na teaghlaigh agus na gnólachtaí uile i dTuaisceart Éireann páirt a ghlacadh san aistriú ó bhreoslaí iontaise. Leagtar amach ina Phlean Gnó RP7 an leibhéal riachtanach infheistíochta a theastaíonn lena ligean d'áiteanna cónaithe agus do ghnólachtaí Thuaisceart Éireann infheistiú i bhfeithiclí leictreacha agus i dtéamh ar an scála a theastaíonn chun gealltanais athraithe aeráide Thuaisceart Éireann a shásamh.

## Caibidil 3
# Ráitis Airgeadais


| | |
|---|---|
| Ráiteas Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird | 166 |
| Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách do Stocshealbhóirí Bhord Soláthair an Leictreachais (ESB) | 167 |
| Ráitis Airgeadais | 177 |
| An tAcht um Íoc Pras Cuntas | 287 |
| Bearta Feidhmíochta Malartacha | 288 |
| Gluais | 293 |




# Ráiteas Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as an tuarascáil bhliantúil a ullmhú, ráitis airgeadais do ESB agus do Ghrúpa ESB a chur san áireamh, ina gcuimsítear ESB agus a fhochuideachtaí "an Grúpa".

D'ainneoin nach mbaineann ESB mar chomhlacht reachtúil le raon Acht na gCuideachtaí, 2014, faoi Rialachán 78 de rialacháin rialaithe ESB, ar glacadh leo de bhua Alt 6 (1) d'Acht Leictreachais (Soláthar), 1927 (arna leasú) ("Rialacháin ESB"), ceanglaítear ar an mBord ráitis airgeadais a ullmhú ina gcuimsítear agus san fhoirm a cheanglaítear le haghaidh eintiteas Acht na gCuideachtaí faoi Alt 292 d'Acht na gCuideachtaí agus (le haghaidh grúpráitis airgeadais) faoi Alt 295 d'Acht na gCuideachtaí.

Chomh maith leis sin, ceanglaítear ar ESB faoi Alt 7(4) d'Acht Leictreachais (Soláthar), 1927 (arna leasú) agus Rialachán 78 de Rialacháin ESB a thuarascáil bhliantúil, ina gcuimsítear na ráitis airgeadais, a thíolacadh don Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

Foráiltear sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú[1] go bhfuil an Bord freagrach as an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhaítear de réir na gcaighdeán cuntasaíochta ábhartha. Chinn comhaltaí an Bhoird ráitis airgeadais ESB a ullmhú de réir IFRS a bhfuil glactha ag an Aontas Eorpach leis agus atá curtha i bhfeidhm de réir fhorálacha infheidhme Acht na gCuideachtaí, 2014 agus Rialacháin ESB.

Ní cheadaítear do na Comhaltaí Boird na ráitis airgeadais a fhaomhadh mura bhfuil siad sásta go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa agus ESB agus ar bhrabús nó caillteanas an Ghrúpa don bhliain sin.

Nuair a bhíonn na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar na Comhaltaí Boird an méid seo a leanas a dhéanamh:

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh
- a shonrú go bhfuil IFRS, arna ghlacadh ag an Aontas Eorpach, á chomhlíonadh ag na ráitis airgeadais, agus chomh fada is a bhaineann le ESB, curtha i bhfeidhm de réir Acht na gCuideachtaí, 2014 agus Rialacháin ESB
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Grúpa agus ESB de bheith i mbun gnó

Tá na Comhaltaí Boird freagrach as taifid chuntasaíochta oiriúnacha a choimeád ina nochtar, go réasúnta cruinn ag tráth ar bith, sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas ESB, agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go bhfuil ráitis airgeadais ESB agus an Ghrúpa á n-ullmhú de réir an IFRS infheidhme ar glacadh leis de réir fhorálacha infheidhme Acht na gCuideachtaí, 2014 agus Rialacháin ESB.

Chomh maith leis sin, tá na Comhaltaí Boird agus freagrach as sócmhainní ESB agus an Ghrúpa a chosaint, agus as céimeanna réasúnacha a chur i gcrích chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá na Comhaltaí Boird freagrach as cothabháil agus iomláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá le cur ar fáil ar shuíomh gréasáin ESB www.esb.ie D'fhéadfadh go mbeadh éagsúlachtaí le tabhairt faoi deara sa reachtaíocht a bhfuil ullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais á rialú aici i bPoblacht na hÉireann i gcomparáid leis an reachtaíocht i ndlínsí eile.

Deimhníonn gach Comhalta Boird, de réir mar is fearr is eol dó nó di:

- tugtar léargas fíorcheart ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa agus ESB, ag an 31 Nollaig 2023, agus ar bhrabús an Ghrúpa don bhliain dar críoch sin i ráitis airgeadais an Ghrúpa, ullmhaithe de réir IFRS arna ghlacadh ag an Aontas Eorpach agus ráitis airgeadais ESB ullmhaithe de réir IFRS arna nglacadh ag an Aontas Eorpach curtha i bhfeidhm de réir Acht na gCuideachtaí, 2014 agus Rialacháin ESB
- áirítear i dtuarascáil Chomhaltaí an Bhoird atá le fáil sa tuarascáil bhliantúil athbhreithniú cóir ar fhorbairt agus ar fheidhmíocht an ghnó agus staid an Ghrúpa agus ESB, i dteannta le cur síos ar na príomhrioscaí agus ar na príomh-éiginnteachtaí a bheidh le sárú acu
- tá an tuarascáil bhliantúil agus sna ráitis airgeadais, i dteannta a chéile, cóir, cothrom agus intuigthe agus soláthraítear inti an fhaisnéis atá riachtanach chun cur ar chumas stocshealbhóirí measúnú a dhéanamh ar staid, feidhmíocht, samhail ghnó agus straitéis ESB

Thar ceann an Bhoird

**Tarach Ó Ruairc**
Cathaoirleach

**Paddy Hayes**
Príomhfheidhmeannach

28 Feabhra 2024

1 Mír 1.2 - Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú - Ceanglais Ghnó agus Tuairiscithe Airgeadais.



# Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách do Stocshealbhóirí Bhord Soláthair an Leictreachais (ESB)

## Tuarascáil ar an Iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais

### Tuairim maidir le Ráitis Airgeadais ESB

Seo a leanas ár dtuairim faoi ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta:

- tugann siad léargas fíorcheart ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta amhail ag an 31 Nollaig 2023 agus ar bhrabús an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta don bhliain airgeadais dar críoch; agus
- tá siad ullmhaithe i gceart de réir an chreata tuairiscithe airgeadais ábhartha agus, go háirithe, de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí, 2014 arna gcur i bhfeidhm ag Achtanna ESB, 1927 - 2014.

Cuimsítear sna ráitis airgeadais atá iniúchta againn:

- ráitis airgeadais an Ghrúpa:
  - Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa;
  - Ráiteas an Ghrúpa ar Ioncam Cuimsitheach;
  - Clár Comhardaithe an Ghrúpa;
  - Ráiteas an Ghrúpa ar Athruithe Cothromais;
  - Ráiteas Sreabhaidh Airgid an Ghrúpa; agus
  - na nótaí gaolmhara, 1 - 35, lena n-áirítear achoimre ar bheartas cuntasaíochta ábhartha mar atá sonraithe i nóta 1.
- ráitis airgeadais na Máthairchuideachta:
  - Clár Comhardaithe na Máthairchuideachta;
  - Ráiteas na Máthairchuideachta ar Athruithe Cothromais;
  - Ráiteas Sreabhaidh Airgid na Máthairchuideachta; agus
  - na nótaí gaolmhara, 1 - 35, lena n-áirítear achoimre ar bheartas cuntasaíochta ábhartha mar atá sonraithe i nóta 1.

Is é an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha atá curtha i bhfeidhm fad is a bhí ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta á n-ullmhú Acht na gCuideachtaí, 2014 (arna gcur i bhfeidhm ag Achtanna ESB, 1927 - 2014) agus Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) arna nglacadh ag an Aontas Eorpach agus léirmhíniúcháin an Choiste Léirmhíniúcháin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais ('IFRIC') ("an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha").

### An Bonn Tuairime

Reáchtálamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Iniúchóireachta Idirnáisiúnta (Éire) (ISAnna (Éire)) agus dlí infheidhme. Tá cur síos déanta ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin thíos sa rannóg dár dtuarascáil dar teideal "freagrachtaí an Iniúchóra as iniúchadh na ráiteas airgeadais".

Táimid ag feidhmiú neamhspleách ar an nGrúpa agus Máthairchuideachta de réir na gceanglas eiticiúil atá ábhartha dár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil atá eisithe ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), agus tá ár bhfreagrachtaí eiticiúla comhlíonta againn de réir na gceanglas sin.

Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchta atá faighte againn leordhóthanach agus cuí chun bonn le haghaidh ár dtuairime a sholáthar.

### Achoimre ar ár gCur Chuige Iniúchta

| | |
|---|---|
| **Príomhcheisteanna iniúchta** | Seo a leanas na príomhcheisteanna iniúchta a shainaithníomar i rith na bliana reatha:<br>• Aithint ioncaim – Infháltais leictreachais mhiondíola – neamhbhilleáilte<br>• Luach anonn sócmhainní fadsaolacha<br>• Luacháil na n-oibleagáidí scoir sócmhainní<br>• In-aisghabhálacht luach anonn infheistíochtaí i gcomhfhiontair<br>• Iomláine na n-oibleagáidí pinsin<br>• Díorthaigh Fuinnimh – rangú agus luacháil conarthaí úsáide féin<br><br>Baineann eisceacht le hin-aisghabhálacht luach anonn infheistíochtaí i gcomhfhiontair mar atá pléite thíos, ach seachas sin tá na príomhcheisteanna iniúchta mar an gcéanna leis an mbliain roimh ré. |
| **Ábharthacht** | Bhí an ábharthacht a d'úsáideamar sa bhliain reatha don Ghrúpa cothrom le €50 milliún a cinneadh bunaithe ar bhrabús roimh cháin agus míreanna eisceachtúla.<br><br>Bhí an ábharthacht a d'úsáideamar don Mháthairchuideachta cothrom le €45 milliún a cinneadh a bhí cothrom le 90% d'ábharthacht an Ghrúpa. |
| **Scóip** | Rinneamar ár gcuid oibre i gcomhthéacs na gceithre roinn intuairiscithe agus fheidhm na ceannoifige. Chlúdaigh ár gcuid oibre iniúchta sa bhreis ar 90% d'ioncam an Ghrúpa, brabús roimh chánachas agus míreanna eisceachtúla, sócmhainní iomlána agus dliteanais iomlána. |
| **Athruithe ar ár gcur chuige** | Ní dhearnadh aon athrú suntasach eile ar ár gcur chuige iniúchta. Nuair a bhí cinneadh á dhéanamh againn maidir le príomhcheisteanna iniúchta, bhreithníomar na gníomhaíochtaí méadaithe leanúnacha le comhfhiontair i rith na bliana. Mar thoradh ar níos mó gníomhaíochta, cuireadh síneadh leis an bpríomhcheist iniúchta a sainaithíodh sa bhliain roimh ré a bhain le hin-aisghabhálacht luach anonn infheistíochtaí i gcomhfhiontair, Neart na Gaoithe, chun gach comhfhiontar a bhreithniú. |

# Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách do Stocshealbhóirí Bhord Soláthair an Leictreachais (ESB) (ar lean)

## Conclúidí maidir le Gnóthas Leantach

I ndiaidh dúinn na ráitis airgeadais a iniúchadh, chinneamar go bhfuil an úsáid a bhain na Comhaltaí Boird as an mbonn cuntasaíochta gnóthais leantaigh chun na ráitis airgeadais a ullmhú oiriúnach.

Cuimsíodh inár meastóireacht ar mheasúnú na gComhaltaí Boird ar chumas an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta leanúint ar aghaidh ag baint tairbhe as an mbonn cuntasaíochta gnóthais leantaigh:

- Teacht ar thuiscint ar phróiseas agus rialuithe ábhartha an Ghrúpa chun measúnú a dhéanamh ar ghnóthas leantach agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar aschur na foirne bainistíochta agus na gComhaltaí Boird i ndáil leis an measúnú sin;
- Meastóireacht a dhéanamh ar an réamhaisnéis airgeadais ullmhaithe ag an nGrúpa, lena n-áirítear dúshlán a thabhairt maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil na príomhthoimhdí a úsáideadh in ullmhú na réamhaisnéise réasúnach agus cibé acu an léirítear nó nach léirítear sa réamhaisnéis tionchair gheilleagracha mheasta a bhaineann leis an nGrúpa;
- Meastóireacht a dhéanamh ar chumas na foirne bainistíochta réamhaisnéis bheacht a dhéanamh bunaithe ar an measúnú ar bheachtas stairiúil na réamhaisnéisí;
- Meastóireacht a dhéanamh ar shocruithe airgeadais an Ghrúpa, lena n-áirítear na socruithe maidir le saoráidí bainc geallta neamhtharraingthe a bhí bunaithe, íogaireachtaí ceanglais chomhthaobhachta agus lamháil fhoriomlán laistigh den Ghrúpa;
- Príomhthéarmaí chomhaontuithe na saoráidí creidmheasa imrothlacha a léamh agus a bhreithniú chun a n-infhaighteacht a dheimhniú; agus
- Athbhreithniú a dhéanamh ar leordhóthanacht na nochtuithe atá le fáil sna ráitis airgeadais maidir le gnóthas leantach agus, trínár nósanna imeachta iniúchta, measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil siad oiriúnach.

Bunaithe ar an obair atá déanta againn, níl aon éiginnteacht ábhartha sainaitheanta againn a bhaineann le teagmhais nó dálaí, ina n-aonar nó le chéile, a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le hamhras suntasach maidir le cumas an Ghrúpa agus a Mháthairchuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach le haghaidh tréimhse 12 mhí ar a laghad ón uair a n-údaraítear eisiúint na ráiteas airgeadais.

Chomh fada is a bhaineann le tuairisciú maidir le conas ar chuir an Grúpa Cód Rialachais Chorparáidigh na Ríochta Aontaithe agus Iarscríbhinn Rialachais Chorparáidigh na hÉireann i bhfeidhm, níl aon ní ábhartha le cur san áireamh againn nó nílimid ag iarraidh aird a tharraingt ar aon ní ábhartha maidir le ráiteas na gComhaltaí Boird sna ráitis airgeadais maidir le cibé acu ar bhreithnigh nó nár bhreithnigh na Comhaltaí Boird gur cuí glacadh leis an mbonn cuntasaíochta gnóthais leantaigh.

Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na gComhaltaí Boird maidir le gnóthas leantach sna rannóga ábhartha den tuarascáil seo.

## Príomhcheisteanna Iniúchta

Is éard atá i gceist le príomhcheisteanna iniúchta, ceisteanna lenar bhain an suntas is mó, bunaithe ar ár mbreithiúnas gairmiúil, i ndáil leis an iniúchadh a rinneamar ar ráitis airgeadais na bliana airgeadais reatha, lena n-áirítear na rioscaí measta is suntasaí a bhain le míshonrú ábhartha (cibé acu ar bhain nó nár bhain siad le calaois) a shainaithníomar, lena n-áirítear na rioscaí a raibh an éifeacht is mó acu ar: an straitéis iniúchta fhoriomlán, leithdháileadh acmhainní san iniúchadh; agus iarrachtaí na foirne rannpháirtíochta a threorú.

Déileáladh leis na ceisteanna seo i gcomhthéacs ár n-iniúchta ar na ráitis airgeadais trí chéile, agus le linn dúinn ár dtuairim a dhéanamh, agus ní sholáthraímid tuairim ar leithligh maidir leis na nithe sin. Baineann eisceacht le príomhcheist iniúchta atá luaite le hin-aisghabhálacht luach anonn infheistíochtaí i gcomhfhiontair mar atá pléite thuas, ach seachas sin tá na príomhcheist iniúchta mar an gcéanna leis an mbliain roimh ré.

### Aithint ioncaim – Infháltais leictreachais mhiondíola – neamhbhilleáilte

| | |
|---|---|
| **Cur síos ar phríomhcheist iniúchta** | Is iad infháltais leictreachais mhiondíola - neamhbhilleáilte an t-ioncam ó fhuinneamh curtha ar fáil don chustaiméir idir dáta an bhille deiridh agus dáta dheireadh na bliana airgeadais agus ceanglaítear meastachán a sholáthar ("ioncam neamhbhilleáilte").<br><br>Nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh maidir leis an ioncam neamhbhilleáilte ag deireadh na bliana airgeadais, meastar toirteanna trí thagairt a dhéanamh do phríomhthoimhdí lena n-áirítear ceannachán toirt fuinnimh. Glacaimid le hioncam neamhbhilleáilte a bhaineann le leictreachas miondíola mar phríomhcheist iniúchta de bhrí go bhfuil na hiarmhéideanna ioncaim neamhbhilleáilte bunaithe ar mheastacháin bhainistíochta agus ar shamhlacha casta. Lena chois sin, glactar le haithint ioncaim mar riosca calaoise toimhdithe faoi chaighdeáin iniúchta.<br><br>Ag an 31 Nollaig 2023, bhí iarmhéid an ioncaim neamhbhilleáilte cothrom le €511.3 milliún (2022: €690.4 milliún).<br><br>Tá beartas cuntasaíochta an Ghrúpa don ioncam neamhbhilleáilte arna nochtadh i nóta 1 - Beartais chuntasaíochta (xix) - 'ioncam ó dhíolacháin chuig custaiméirí leictreachais agus gáis'. Tá na príomhfhoinsí d'éiginnteacht meastacháin a bhaineann le hioncam neamhbhilleáilte arna nochtadh i nóta 2 – 'Úsáid Meastachán agus Breithiúnas' agus tá nochtuithe breise arna gcur i láthair i nóta 18 – 'Trádáil agus infháltais eile'. |



| | |
|---|---|
| **Conas ar fhreagair scóip ár n-iniúchta don phríomhcheist iniúchta** | Rinneamar measúnú ar an dearadh, rinneamar cinneadh maidir le cur chun feidhme rialúchán ábhartha a bhain le hioncam neamhbhilleáilte lena n-áirítear rialuithe TF ábhartha.<br><br>Phléamar leis an bhfoireann bhainistíochta an beartas aithinte ioncaim do gach sruth ioncaim, lena n-áirítear na cinn a bhraitheann ar mheastacháin nó atá bunaithe ar aschur samhlacha agus ríomhanna ioncaim neamhbhilleáilte.<br><br>Rinneamar measúnú ar agus thugamar dúshlán na bpríomhthoimhdí a úsáidtear sna samhlacha ioncaim neamhbhilleáilte. Rinneadh measúnú ar shláine na samhlacha trí mheastóireacht a dhéanamh ar an modheolaíocht ríofa úsáidte agus ar an gcomhsheasmhacht leis an mbliain roimh ré. Seiceáladh na ríomhanna laistigh de na samhlacha chun cruinneas uimhríochtúil a chinntiú.<br><br>Chomhaontaíomar ar na príomh-aschuir sa ríomh le haghaidh na sonraí foinse.<br><br>Rinneamar athbhreithniú ar bhilleálacha iarbhír, mapáladh na treochtaí agus billeálacha iarbhír, mapáladh billí iarbhír ar léamha méadair agus cuireadh na billeálacha atá in úsáid ag an bhfoireann bainistíochta sna réitigh ioncaim rolladh ar aghaidh i gcomparáid leo chun tearcfhoráil/rófhoráil a shainaithin.<br><br>Rinneamar measúnú ar inbhailitheacht méideanna neamhbhilleáilte dlite ag deireadh na bliana trí thagairt a dhéanamh do thástáil iarmhéideanna féichiúnaí. |
| **Príomhbhreath-nóireachtaí** | Ní dhearnamar aon bhreathnóireacht a mbeidh tionchar aici ar ár n-iniúchadh i ndáil leis na méideanna a bhaineann le hioncam neamhbhilleáilte. |

### Luach anonn sócmhainní fadsaolacha

| | |
|---|---|
| **Cur síos ar phríomhcheist iniúchta** | Tá sócmhainní ábhartha Gléasra, Gléasra agus Trealaimh (PPE) sa roinn Giniúna agus Trádála ('sócmhainní fadsaolacha') ag an nGrúpa a bhfuil a luach luaite ag costas lúide dímheas carntha agus foráil le haghaidh bearnúcháin.<br><br>De réir bheartais an Ghrúpa, tá gá le hathbhreithniú bearnúcháin sa chás nach bhfuil aon fhianaise ann go bhféadfadh sócmhainn a bheith bearnaithe. Tá riosca ann, lena n-áirítear riosca de chlaonadh bainistíochta, nach féidir eolas cothrom le dáta a chur san áireamh in athbhreithnithe ar tháscairí bearnúcháin, lena n-áirítear an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag athrú aeráide agus ag straitéis an Ghrúpa i ndáil le haeráidneodracht. Ina theannta sin, tá riosca ann go bhféadfaí príomhthoimhdí sna hathbhreithnithe bearnúcháin a bhaineann le saolré úsáideach sócmhainní fadsaolacha, sreafaí airgid todhchaíocha agus an ráta lascaine curtha i bhfeidhm chun teacht ar an nglanluach reatha, a mhíshonrú.<br><br>Glacaimid leis gurb ionann luachanna anonn sócmhainní fadsaolacha agus príomhcheist iniúchta de bhrí go gceanglaítear breithniúcháin bhainistíochta shuntasacha, a d'fhéadfadh a bheith faoi réir claonadh bainistíochta, nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar shócmhainní fadsaolacha mar tháscairí bearnúcháin agus sa chás gur ann do tháscairí, chun cinneadh a dhéanamh maidir le hionchuir do shamhlacha athbhreithnithe bearnúcháin.<br><br>Ag an 31 Nollaig 2023, bhí luach anonn iomlán PPE an Ghrúpa cothrom le €10,318.4 milliún (2022: €10,097.1 milliún).<br><br>Tá eolas maidir le beartas cuntasaíochta an Ghrúpa do shócmhainní fadsaolacha arna nochtadh i nóta 1 – Beartais Chuntasaíochta (vii) - 'Réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus dímheas'. Tá na príomhfhoinsí d'éiginnteacht meastacháin a bhaineann le hioncam neamhbhilleáilte arna nochtadh i nóta 2 – 'Úsáid Meastachán agus Breithiúnas' agus tá nochtuithe breise arna gcur i láthair i nóta 12 – 'Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh'. Tá an cheist seo curtha san áireamh mar phríomhcheist ar leathanach 151 de rannóg an Choiste Iniúchta agus Riosca i gCaibidil 2. |
| **Conas ar fhreagair scóip ár n-iniúchta don phríomhcheist iniúchta** | Rinneamar measúnú ar an dearadh agus rinneamar cinneadh maidir le cur chun feidhme na rialuithe ábhartha a bhain leis an measúnú bearnúcháin ar shócmhainní fadsaolacha lena n-áirítear na rialuithe ábhartha a bhain le samhlacha atá á n-úsáid laistigh den mheasúnú.<br><br>Rinneamar athbhreithniú ar mheasúnú na foirne bainistíochta ar tháscairí bearnúcháin agus thugamar dúshlán an mheasúnaithe maidir le breithniúcháin athraithe aeráide trí thagairt a dhéanamh do straitéis an Ghrúpa maidir le haeráidneodracht.<br><br>Chomh fada is a bhain le sócmhainní a raibh táscairí bearnúcháin luaite leo, trí chúnamh a fháil ónár speisialtóirí luachála mar chuid dár bhfoireann rannpháirtíochta, rinneamar athbhreithniú ar na samhlacha bearnúcháin a úsáideadh chun measúnú a dhéanamh ar luach in úsáid. |

# Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách do Stocshealbhóirí Bhord Soláthair an Leictreachais (ESB) (ar lean)

Rinneamar measúnú ar oiriúnacht na bpríomhthoimhdí agus na bpríomhionchur úsáidte sna samhlacha. San áireamh anseo bhí meastóireacht a dhéanamh ar na rátaí lascaine a úsáideadh le haghaidh gach cineál sócmhainne agus dúshlán na réamh-mheastachán maidir le sreabhadh airgid a thabhairt le haghaidh na sócmhainní sin trí thagairt a dhéanamh do shamhlacha réamh-mheastacháin na ngrúpaí agus cinneadh a dhéanamh maidir le saolréanna úsáideacha sócmhainní fadsaolacha laistigh de na samhlacha sin.

Rinneadh measúnú ar shláine na samhlacha a úsáideadh trí mheastóireacht a dhéanamh ar a gcomhsheasmhacht le cleachtais luachála a nglactar leo go ginearálta. Seiceáladh na ríomhanna laistigh de na samhlacha chun cruinneas uimhríochtúil a chinntiú.

Rinneamar tástáil struis ar an tsamhail chun cinneadh a dhéanamh maidir le tionchar na n-athruithe, a d'fhéadfadh tarlú go réasúnach i ndáil leis na toimhdí, ar thoradh na samhla.

Chomh maith leis sin, bhreithníomar leordhóthanacht na nochtuithe sna ráitis airgeadais a bhain leis na ceisteanna seo.

**Príomhbhreath-nóireachtaí**

Thugamar faoi deara go bhfuil athbhreithnithe bearnúcháin curtha i gcrích ar shócmhainní giniúna áirithe ina léirítear táscairí bearnúcháin ach níor sainaithníodh aon fhoráil bhearnúcháin.

### Luacháil na n-oibleagáidí scoir sócmhainní

**Cur síos ar phríomhcheist iniúchta**

Tá forálacha suntasacha i seilbh an Ghrúpa d'oibleagáidí scoir sócmhainní (ARO) i ndáil le dúnadh stáisiúin giniúna, cuaillí adhmaid créasóidchóireáilte agus sócmhainní eile. Bunaithe ar an leibhéal athraithe agus ar an mbéim atá á leagan ar oibleagáidí timpeallachta, lena n-áirítear cinntí oibríochtúla maidir le conas agus cathain a mbíonn sócmhainní á ndíuscairt, éilíonn sainaithint agus cainníochtú gach oibleagáid scoir sócmhainní breithiúnas suntasach bainistíochta. Cuimsítear i measc na bpríomhthoimhdí a úsáidtear i meastachán na foirne bainistíochta oibleagáid, saolré úsáideach mheasta na sócmhainne, costais mheasta díchoimisiúnaithe agus athshlánaithe timpeallachta agus rátaí lascaine agus boilscithe úsáidte i samhlacha sreabhaidh airgid.

Chinneamar gur príomhcheist iniúchta í an fhoráil maidir le cuaillí adhmaid créasóidchóireáilte agus dúnadh stáisiún mar gheall ar leibhéal breithiúnais agus meastacháin na foirne bainistíochta a bhaineann le cinneadh a dhéanamh faoi mhéid na forála a theastaíonn agus castacht na samhlacha úsáidte.

Ag an 31 Nollaig 2023, bhí forálacha an Ghrúpa le haghaidh scor sócmhainní cothrom le €535.2 milliún (2022: €542.9 milliún).

Tá eolas maidir le beartas cuntasaíochta an Ghrúpa d'oibleagáidí scoir sócmhainní arna nochtadh i nóta 1 - Beartais Chuntasaíochta (xvi) - 'Forálacha'. Tá na príomhfhoinsí d'éiginnteacht meastacháin a bhaineann le hoibleagáidí scoir sócmhainní arna nochtadh i nóta 2 – 'Úsáid Meastachán agus Breithiúnas' agus tá nochtuithe breise arna gcur i láthair i nóta 28 – 'Forálacha'. Tá an cheist seo curtha san áireamh mar phríomhcheist ar leathanach 152 de rannóg an Choiste Iniúchta agus Riosca i gCaibidil 2.

**Conas ar fhreagair scóip ár n-iniúchta don phríomhcheist iniúchta**

Rinneamar measúnú ar an dearadh agus rinneamar cinneadh maidir le cur chun feidhme rialuithe ábhartha a bhaineann le luacháil na n-oibleagáidí scoir sócmhainní.

Phléamar an beartas do gach aicme sócmhainne a éilíonn foráil do scor sócmhainne leis an bhfoireann bainistíochta lena n-áirítear breithniú ar aon athrú ar dhlíthe agus rialacháin nó aidhm na foirne bainistíochta.

Rinneamar measúnú ar na modheolaíochtaí a úsáideadh agus thugamar dúshlán na bpríomhthoimhdí a úsáidtear chun cinneadh a dhéanamh maidir le forálacha do gach aicme sócmhainne ábhartha. Rinneadh measúnú ar shláine na samhlacha a úsáideadh trí mheastóireacht a dhéanamh ar an modheolaíocht ríofa úsáidte agus ar an gcomhsheasmhacht leis an mbliain roimh ré. Seiceáladh na ríomhanna laistigh de na samhlacha chun cruinneas uimhríochtúil a chinntiú.

Thugamar dúshlán na bpríomhthoimhdí agus rinneamar meastóireacht ar oiriúnacht na bhforálacha trí thagairt a dhéanamh do thuarascálacha inmheánacha agus seachtracha maidir le costais díchoimisiúnaithe agus athshlánaithe timpeallachta.

Trí chabhair a fháil ónár speisialtóirí luachála, rinneamar measúnú ar réasúntacht na rátaí lascaine a úsáideadh trí thagairt a dhéanamh do chleachtais luachála a nglactar go coitianta leo.

Chomh maith leis sin, bhreithníomar leordhóthanacht na nochtuithe sna ráitis airgeadais a bhain leis na ceisteanna seo.



**Príomhbhreath-nóireachtaí**

Bunaithe ar na nósanna imeachta iniúchta a úsáideadh, chinneamar go raibh na toimhdí agus modheolaíochtaí ar ghlac an fhoireann bainistíochta leo chun cinneadh a dhéanamh maidir le hoibleagáidí scoir shócmhainní an Ghrúpa réasúnach.

### In-aisghabhálacht luach anonn infheistíochtaí i gcomhfhiontair

**Cur síos ar phríomhcheist iniúchta**

Tá roinnt infheistíochtaí i gcomhfhiontair ag an nGrúpa lena n-áirítear tionscadail feirme gaoithe agus ghréine a gcuirtear modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu de réir IAS 28. Braitheann luach anonn cuid de na hinfheistíochtaí seo ar sreafaí airgid todhchaíocha measta.

De réir bheartas an Ghrúpa, tá gá le hathbhreithniú bearnúcháin sa chás nach bhfuil aon fhianaise ann go bhféadfadh sócmhainn a bheith bearnaithe. Tá riosca ann, lena n-áirítear riosca de chlaonadh bainistíochta, nach gcuirfear eolas cothrom le dáta san áireamh in athbhreithnithe ar tháscairí bearnúcháin. Ina theannta sin, tá riosca ann go bhféadfaí príomhthoimhdí sna hathbhreithnithe bearnúcháin a bhaineann le praghsanna fuinnimh todhchaíocha, costais mheasta chríochnaithe, sceidil tionscadal, dáta oibríochtúil tráchtála toimhdithe agus rátaí lascaine curtha i bhfeidhm chun teacht ar an nglanluach reatha, a mhíshonrú.

Glacaimid le hin-aisghabhálacht luach anonn infheistíochtaí i gcomhfhiontair mar phríomhcheist iniúchta i bhfianaise chastacht na samhlacha a úsáideadh agus na mbreithiúnas bainistíochta suntasach a bhí riachtanach chun cinneadh a dhéanamh maidir le hionchuir agus toimhdí.

Ag an 31 Nollaig 2023, bhí luach anonn infheistíochtaí i gcomhfhiontair cothrom le €297.2 milliún (2022: €337.2 milliún). Aithníodh táille bhearnúcháin luach €14.8 milliún i rith na bliana airgeadais (2022: €91.2 milliún).

Tá beartas cuntasaíochta an Ghrúpa d'infheistíochtaí i gcomhfhiontair arna nochtadh i nóta 1 – Beartais Chuntasaíochta (iii) - 'Cuntasaíocht le haghaidh socruithe comhpháirteacha', (xiii) - 'Sócmhainní agus dliteanais airgeadais' agus (xxiii) 'Míreanna eisceachtúla'. Tá na príomhfhoinsí d'éiginnteacht meastacháin a bhaineann le hinfheistíochtaí i gcomhfhiontair arna nochtadh i nóta 2 – 'Úsáid Meastachán agus Breithiúnas' agus tá nochtuithe breise arna léiriú i nóta 16 – 'Institiúidí Infheistiúcháin ar Cuireadh Modh Cuntasaíochta an Chothromais i bhFeidhm Orthu'. Tá an cheist seo curtha san áireamh mar phríomhcheist ar leathanach 151 de rannóg an Choiste Iniúchta agus Riosca i gCaibidil 2.

**Conas ar fhreagair scóip ár n-iniúchta don phríomhcheist iniúchta**

Rinneamar measúnú ar an dearadh agus rinneamar cinneadh maidir le cur chun feidhme rialuithe ábhartha a bhaineann le luacháil infheistíochtaí i gcomhfhiontair.

Rinneamar athbhreithniú ar mheasúnú na foirne bainistíochta ar tháscairí bearnúcháin.

Maidir le sócmhainní lenar bhain táscairí bearnúcháin, fuaireamar samhail bhearnúcháin na foirne bainistíochta agus an tuarascáil luachála tríú páirtí a d'ullmhaigh saineolaí na foirne bainistíochta.

Rinneamar an méid seo a leanas le cabhair ónár speisialtóirí luachála:

- Rinneamar measúnú ar oiriúnacht na bpríomhthoimhdí agus na bpríomhionchur a úsáideadh sa tsamhail lena n-áirítear comhaontú ar ionchuir a bhaineann le faisnéis tríú páirtí sa chás go raibh a leithéid ar fáil.
- Rinneamar measúnú ar shláine na samhlacha a úsáideadh trí mheastóireacht a dhéanamh ar a comhsheasmhacht le cleachtais luachála a nglactar leo go ginearálta. Seiceáladh na ríomhanna laistigh de na samhlacha chun cruinneas uimhríochtúil a chinntiú.
- Rinneamar tástáil struis ar an tsamhail chun cinneadh a dhéanamh maidir le tionchar na n-athruithe, a d'fhéadfadh tarlú go réasúnach i ndáil leis na toimhdí, ar thoradh na samhla agus thugamar dúshlán na dtoimhdí chun críche stuamachta.
- Thugamar dúshlán na bpríomhfhíricí agus na bpríomhthoimhdí, lena n-áirítear na rátaí lascaine, costais mheasta críochnaithe, praghsanna fuinnimh todhchaíocha; amlínte tionscadail agus dátaí oibríochtúla tráchtála measta.

Rinneamar athbhreithniú ar thuarascáil luachála an tríú páirtí agus bhreithníomar comhsheasmhacht na dtoimhdí agus na faisnéise a d'úsáid saineolaí na foirne bainistíochta. Rinneamar measúnú ar inniúlacht shaineolaí na foirne bainistíochta agus scóip na hoibre a cuireadh i gcrích.

Thángamar ar chomhaontú maidir leis an luach anonn roimh bhearnúchán le haghaidh sciar sócmhainní glana an Ghrúpa bunaithe ar sciar an chomhfhiontair agus cuireadh é seo i gcomparáid leis an gcóirluach agus rinneadh cinneadh maidir le cibé acu ar ríomhadh nó nár ríomhadh an bearnúchán cuí.

Chomh maith leis sin, bhreithníomar leordhóthanacht na nochtuithe sna ráitis airgeadais a bhain leis na ceisteanna seo.

# Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách do Stocshealbhóirí Bhord Soláthair an Leictreachais (ESB) (ar lean)

| | |
|---|---|
| **Príomhbhreath-nóireachtaí** | Bunaithe ar na nósanna imeachta iniúchta a cuireadh i gcrích, chinneamar go bhfuil an táille bhearnúcháin atá aitheanta sna ráitis airgeadais réasúnach agus go raibh na nochtuithe gaolmhara a áiríodh sna ráitis airgeadais oiriúnach. |

### Iomláine na n-oibleagáidí pinsin

| | |
|---|---|
| **Cur síos ar phríomh-shaincheist iniúchta** | Mar atá sonraithe i nóta 24 a ghabhann leis na ráitis airgeadais, sonraítear sna rialacháin a bhfuil "Scéim Sochair Shainithe ESB" (an "Scéim") á rialú acu na buntáistí atá le soláthar, agus na ranníocaíochtaí atá le híoc ag ESB agus ag na comhaltaí ranníocaíochta. Chinn ESB go bhfuil a oibleagáidí dlíthiúla nó cuiditheacha i ndáil le ranníocaíochtaí pinsin iníoctha le Ciste Scéim Sochair Shainithe ESB teoranta do na méideanna dá bhforáiltear dóibh i Rialacha na Scéime, eadhon, na gnáth-ranníocaíochtaí leanúnacha agus an ranníocaíocht a bhí geallta agus íoctha cheana féin ag ESB faoi chomhaontú Pinsean 2010.<br><br>Ní hionann an scéim agus Scéim Pinsin Sochair Shainithe a bhfuil "gnáthchothromaíocht costas" luaite léi, áit a bhfuil an fostóir faoi dhliteanas iarmhéid na ranníocaíochtaí a theastaíonn chun sochair a mhaoiniú a íoc.<br><br>Chinneamar gur príomhcheist iniúchta é seo de bhrí go bhfuil ardleibhéal castachta agus breithiúnas bainistíochta i gceist i léirmhíniú Rialacha na Scéime agus sa chinneadh atá le déanamh maidir leis an gcuntasaíocht ghaolmhar agus leordhóthanacht na nochtuithe sna ráitis airgeadais.<br><br>Tá beartas cuntasaíochta an Ghrúpa d'oibleagáidí pinsin arna nochtadh i nóta 1 - Cuntais Bhainistíochta (xviii) - 'Oibleagáidí Pinsin'. Tá na príomhfhoinsí d'éiginnteacht meastacháin a bhaineann sochair scoir arna nochtadh i nóta 2 – 'Úsáid Meastachán agus Breithiúnas' agus tá nochtuithe breise arna gcur i láthair i nóta 24 – 'Dliteanais Phinsin'. Tá an cheist seo curtha san áireamh mar phríomhcheist ar leathanach 152 de rannóg an Choiste Iniúchta agus Riosca i gCaibidil 2. |
| **Conas ar fhreagair scóip ár n-iniúchta don phríomhcheist iniúchta** | Thángamar ar thuiscint ar oibleagáidí ESB i ndáil le Scéim Sochair Shainithe ESB lena n-áirítear measúnú na foirne bainistíochta a rinneadh i dtréimhsí roimhe seo agus chuireamar fiosrúcháin faoin bhráid na foirne bainistíochta sinsearaí agus an abhcóide dlí inmheánach.<br><br>D'athbhreithníomar miontuairiscí an bhoird agus aon chomhfhreagras ábhartha eile chun cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu ar tharla nó nár tharla aon athrú ar imthosca i rith na bliana airgeadais reatha.<br><br>Fuaireamar uiríll ón mBord nach bhfuil sé beartaithe ag ESB aon íocaíocht eile a chur ar fáil don Scéim, lena n-áirítear a mhéid is go bhfuil aon easnamh nó easnamh todhchaíoch faoin íoschaighdeán maoinithe, seachas ranníocaíochtaí ráta sheasta rialta ESB, atá sonraithe i Rialacha na Scéime.<br><br>Rinneamar measúnú ar an gcóireáil chuntasaíochta agus bhreithníomar leordhóthanacht na nochtuithe sna ráitis airgeadais a bhain leis na ceisteanna seo. |
| **Príomhbhreath-nóireachtaí** | Bunaithe ar na nósanna imeachta iniúchta a cuireadh i gcrích, chinneamar go bhfuil an chóireáil chuntasaíochta agus nochtadh réasúnach. |


### Díorthaigh Fuinnimh – rangú conarthaí úsáide féin

| | |
|---|---|
| **Cur síos ar phríomhcheist iniúchta** | Laistigh dá ghnáthchúrsa gnó, glacann an Grúpa páirt i gconarthaí díolacháin agus ceannacháin le haghaidh tráchtearraí, gás, carbón agus leictreachas. Sa chás gur síníodh conradh agus go bhfuil sé fós bailí chun críocha glacadh le nó seachadadh na dtráchtearraí de réir cheanglais ionchasacha díolacháin, ceannaigh nó úsáide an Ghrúpa, ainmnítear na conarthaí mar chonarthaí úsáide féin agus déantar cuntas orthu mar chonarthaí atá le comhlíonadh. Dá réir sin, ní bhaineann na conarthaí seo le raon IFRS 9 Ionstraimí Airgeadais. Éilíonn cur i bhfeidhm na díolúine "úsáid féin" in IFRS 9 go mbeadh breithiúnas suntasach á dhéanamh ag an bhfoireann bainistíochta. Tá riosca suntasach ann go bhféadfaí conarthaí úsáide féin a aicmiú go mícheart agus, dá bharr sin, nach mbeidís á dtaifeadadh ag cóirluach.<br><br>Tá beartas cuntasaíochta an Ghrúpa do chonarthaí úsáide féin arna nochtadh i nóta 1 - Beartais Chuntasaíochta (xiii)b - 'Ionstraimí airgeadais díorthacha agus ionstraimí fálaithe eile'. Tá na príomhfhoinsí d'éiginnteacht meastacháin arna nochtadh i nóta 2 – 'Úsáid Meastachán agus Breithiúnas' agus tá nochtuithe breise arna gcur i láthair i nóta 23 – 'Ionstraimí Airgeadais Díorthacha'. Tá an cheist seo curtha san áireamh mar phríomhcheist ar leathanach 153 de rannóg an Choiste Iniúchta agus Riosca i gCaibidil 2. |
| **Conas ar fhreagair scóip ár n-iniúchta don phríomhcheist iniúchta** | Rinneamar measúnú ar an dearadh agus cinneadh maidir le cur chun feidhme na rialuithe ábhartha a bhaineann le haicmiú conarthaí úsáide féin agus ar an bhfaireachán leanúnach a úsáideann conarthaí chun na ceanglais leis haghaidh cinneadh úsáide féin a chomhlíonadh lena n-áirítear athbhreithniú cúlghabhálach ar úsáid.<br><br>D'athbhreithníomar beartas cuntasaíochta agus conarthaí úsáide féin ábhartha an Ghrúpa chun cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu an raibh nó nach raibh úsáid na cóireála úsáide féin faoi IFRS 9 oiriúnach.<br><br>Rinneamar athbhreithniú ar na tástálacha éilimh ionchasacha agus cúlghabhálacha a chuir an Grúpa i gcrích chun cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu ar sháraigh nó nár sháraigh an líon conarthaí méid an éilimh úsáide féin measta sna tréimhsí ábhartha. Áiríodh anseo freisin, meastóireacht ar na conarthaí le haghaidh glanghníomhaíocht réitigh.<br><br>Rinneamar measúnú ar an gcóireáil chuntasaíochta deiridh agus ar leordhóthanacht na nochtuithe sna ráitis airgeadais a bhain leis na ceisteanna seo.<br><br>Rinneamar measúnú ar cibé acu an ndearnadh nó nach ndearnadh aon athrú ar chonarthaí úsáide féin ainmnithe i rith na tréimhse. |
| **Príomhbhreath-nóireachtaí** | Bunaithe ar na nósanna imeachta iniúchta a cuireadh i gcrích, chinneamar go bhfuil an chóireáil chuntasaíochta a bhaineann le haicmiú conarthaí úsáide féin réasúnach. |

Dearadh ár nósanna imeachta iniúchta a bhaineann leis na nithe seo i gcomhthéacs ár n-iniúchta ar na ráitis airgeadais ina n-iomláine, agus ní ar mhaithe le tuairim maidir le cuntais nó nochtuithe aonair a thabhairt. Níl ár dtuairim maidir leis na ráitis airgeadais mionathraithe i ndáil le haon cheann de na rioscaí a bhfuil cur síos déanta orthu thuas, agus ní sholáthraímid aon tuairim maidir leis na nithe seo ina n-aonar.

### Cur i bhFeidhm Ábharthachta

Glacaimid leis gurb ionann ábharthacht agus an cineál míshonraithe a d'fhéadfadh a bheith i gceist a chiallódh go mbeadh cinntí geilleagracha duine réasúnta eolasach, ag brath ar na ráitis airgeadais, á n-athrú nó go mbeadh tionchar á imirt orthu. Úsáidimid ábharthacht i ndáil le scóip ár gcuid oibre iniúchta a phleanáil agus chun meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí ár gcuid oibre.



# Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách do Stocshealbhóirí Bhord Soláthair an Leictreachais (ESB) (ar lean)

Bunaithe ar ár mbreithiúnas gairmiúil, chinneamar ábharthacht le haghaidh na ráiteas airgeadais ina n-iomláine mar seo a leanas:

| | Ráitis airgeadais an ghrúpa | Ráitis airgeadais na máthairchuideachta |
|---|---|---|
| **Ábharthacht** | €50 milliún (2022: €40 milliún) | €45 milliún (2022: €35 milliún) |
| **An bonn chun ábharthacht a chinneadh** | 5% de bhrabús roimh cháin agus míreanna eisceachtúla | 90% den Ghrúpa |
| **Réasúnaíocht an tagarmhairc a cuireadh i bhfeidhm** | Glacaimid le brabús roimh cháin agus míreanna eisceachtúla mar chomhpháirt riachtanach i ndáil le cinneadh a dhéanamh maidir le hábharthacht de bhrí gurb é an beart is tábhachtaí d'úsáideoirí ráitis airgeadais an Ghrúpa agus ní chuirfear tionchar na míreanna eisceachtúla san áireamh chun saobhadh na comhpháirte riachtanaí a sheachaint ar bhonn bliantúil. Le linn dúinn ár dtagarmharc a shonrú, bhreithníomar fachtóirí cainníochtúla agus cáilíochtaí cosúil lenár dtuiscint ar an nGrúpa agus a thimpeallacht. | Bhreithníomar go raibh sé oiriúnach srian a chur le hábharthacht do ráitis airgeadais na Máthairchuideachta, go dtí €45 milliún, bunaithe ar mhéid na Máthairchuideachta i gcoibhneas leis an ngrúpa. Chomh maith leis sin, bhreithníomar na fachtóirí eile cosúil leis an bpointe go bhfuil céatadán suntasach de na codanna tuairiscithe á bhfeidhmiú go díreach ag an Máthairchuideachta. |

Bhí an ábharthacht feidhmíochta sonraithe ag leibhéal níos ísle ná ábharthacht againn chun an dóchúlacht a laghdú, tríd is tríd, go sáródh míshonruithe neamhcheartaithe agus neamhbhraite an ábharthacht a bhí luaite leis na ráitis airgeadais ina n-iomláine.

| | Ráitis airgeadais an ghrúpa | Ráitis airgeadais na máthairchuideachta |
|---|---|---|
| **Ábharthacht feidhmíochta** | 75% (2022: 75%) d'ábharthacht Ghrúpa | 75% (2022: 75%) d'ábharthacht na Máthairchuideachta |
| **Bunús agus réasúnaíocht chun ábharthacht feidhmíochta a chinneadh** | Nuair a bhí cinneadh á dhéanamh maidir le hábharthacht feidhmíochta, bhreithníomar na fachtóirí seo a leanas:<br>▪ caighdeán na timpeallachta rialaithe agus cibé acu an rabhamar nó nach rabhamar in ann brath ar na rialuithe,<br>▪ easnaimh rialaithe a tuairiscíodh i rith blianta roimhe sin,<br>▪ nádúr, líon agus méid na míshonruithe (ceartaithe agus neamhcheartaithe) san iniúchadh a rinneadh roimhe sin, agus<br>▪ athruithe ar an ngnó a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar ár gcumas míshonruithe a réamh-mheas. | |

Chomhaontaíomar leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca go gcuirfimis eolas ar fáil dóibh maidir le haon difríocht iniúchta sa bhreis ar €2.5 milliún (5% d'ábharthacht) (2022: €2.0 milliún) mar aon le haon difríocht faoin tairseach a d'éiligh, dar linn, tuairisciú ar fhorais cháilíochtúla. Chomh maith leis sin, roinnimid eolas leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca maidir le nithe nochtaithe a shainaithníomar nuair a bhí measúnú á dhéanamh againn ar chur i láthair na ráiteas airgeadais.

### Forléargas ar Scóip ár nIniúchta

Rinneamar cinneadh maidir le scóip ár n-iniúchta trínár dtuiscint ar an nGrúpa agus a thimpeallacht oibriúcháin a nuashonrú, lena n-áirítear príomhrialuithe a shainaithint agus measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhain le míshonrú ábhartha.

Rinneamar ár gcuid oibre i gcomhthéacs na gceithre roinn intuairiscithe (nóta 3 – 'Tuairisciú codanna') agus fheidhm na ceannoifige. Chlúdaigh ár gcuid oibre iniúchta sa bhreis ar 90% d'ioncam an Ghrúpa, brabús roimh chánachas agus míreanna eisceachtúla, sócmhainní iomlána agus dliteanais iomlána. Ach amháin i gcás NIE Networks agus So Energy, chuir foireann iniúchta an Ghrúpa an obair iniúchta ar fad i gcrích.

Chomh fada is a bhain le gnó NIE Networks agus gnó na Líonraí agus gnó So Energy laistigh de Réitigh do Chustaiméirí, d'úsáid foireann an Ghrúpa foirne iniúchta comhpháirte. Chuireamar treoracha mionsonraithe ar fáil do na foirne iniúchta comhpháirte; reáchtálamar glaonna stádais leanúnacha agus rinneamar athbhreithniú ar pháipéir oibre a d'ullmhaigh na foirne comhpháirte. Cuireadh ár gcuid oibre iniúchta le haghaidh gach comhpháirt i gcrích ag leibhéil ábharthachta a bhí infheidhme do gach comhpháirt aonair a bhí níos ísle ná ábharthacht an Ghrúpa a bhí idir €15 milliún agus €45 milliún.

### Eolas Eile

Cuimsítear san eolas eile an t-eolas atá curtha ar fáil sa Tuarascáil Bhliantúil, seachas na ráitis airgeadais agus tuarascáil na n-iniúchóirí maidir leis sin. Tá na Comhaltaí Boird freagrach as an bhfaisnéis eile atá le fáil sa Tuarascáil Bhliantúil.

Ní chlúdaíonn ár dtuairim maidir leis na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, seachas mar a chuirtear in iúl go sainráite inár dtuarascáil, ní chuirimid aon fhoirm de chonclúid maidir le dearbhú in iúl maidir leis an bhfaisnéis sin.

Táimid freagrach as an bhfaisnéis eile a léamh agus, tríd an méid sin a dhéanamh, breithniú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas bailithe i rith an iniúchta, nó an bhfuil an chuma ar an bhfaisnéis, ar shlí éigin eile, go bhfuil sí míshonraithe go hábhartha. Má shainaithnímid aon neamhréir ábhartha dá leithéid nó aon mhíshonrú ábhartha dealraitheach, ceanglaítear orainn cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil míshonrú ábhartha sna ráitis airgeadais nó míshonrú ábhartha déanta maidir leis an bhfaisnéis eile. Más rud é, bunaithe ar an obair atá curtha i gcrích againn, go gcinnimid go bhfuil míshonrú ábhartha sa faisnéise eile seo i gceist, ceanglaítear orainn an méid sin a thuairisciú.

Níl aon rud le tuairisciú againn sa chomhthéacs seo.

### Freagrachtaí na gComhaltaí Boird

Mar a mhínítear ar bhealach níos iomláine sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird, tá na Comhaltaí Boird freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus a bheith sásta go dtugtar léargas fíorcheart iontu agus go bhfuil Acht na gCuideachtaí, 2014 (arna chur i bhfeidhm ag Achtanna ESB, 1927 - 2014) á chomhlíonadh, agus le haghaidh rialú inmheánach dá leithéid a mheasann na Comhaltaí Boird atá riachtanach chun ullmhú ráiteas airgeadais atá saor ó mhíshonrú ábhartha a ullmhú, cibé acu mar thoradh ar chalaois nó earráid.

Nuair atá na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na Comhaltaí Boird freagrach as cumas an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach a mheas, nithe a bhaineann le gnóthas leantach a nochtadh, de réir mar is cuí, agus úsáid a bhaint as an mbonn cuntasaíochta gnóthais leantaigh mura bhfuil sé beartaithe ag na Comhaltaí Boird an Grúpa nó an Mháthairchuideachta a leachtú nó stop a chur le hoibríochtaí, nó mura bhfuil an dara rogha ann ach é sin a dhéanamh.

### Freagrachtaí an Iniúchóra as an Iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais

Is iad na cuspóirí atá againn dearbhú réasúnach a fháil maidir le cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais, trí chéile, saor ó aon mhíshonrú ábhartha, cibé acu mar thoradh ar chalaois nó earráid, agus tuarascáil iniúchóirí a eisiúint a áirítear ár dtuairim inti. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní hionann é agus ráthaíocht go dtabharfaidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna (Éire) míshonrú ábhartha faoi deara nuair is ann dá leithéid. D'fhéadfadh míshonruithe eascairt ó chalaois nó earráid agus glactar leis go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí, ina n-aonar nó ina n-iomláine, a bheith ag súil go réasúnach go mbeidh tionchar acu ar na cinntí geilleagracha a dhéanann úsáideoirí bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Tá cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí i ndáil le hiniúchadh na ráiteas airgeadais le fáil ar shuíomh gréasáin IAASA ag: https://iaasa.ie/publications/description-of-the-auditors-responsibilities-for-the-audit-of-the-financial-statements/.

Is cuid dár dtuarascáil iniúchóirí an cur síos sin.

### A mhéid is a Measadh go raibh an tIniúchadh Oiriúnach chun Mírialtachtaí, lena n-áirítear Calaois, a bhrath

Glactar le mírialtachtaí, lena n-áirítear calaois, mar shamplaí de dhlíthe agus rialacháin a bheith á neamhchomhlíonadh. Tá nósanna imeachta á ndearadh againn de réir ár bhfreagrachtaí, a bhfuil cur síos déanta orthu thuas, chun míshonruithe ábhartha a bhaineann le mírialtachtaí, lena n-áirítear calaois, a bhrath. Tá eolas maidir leis an méid atá ár nósanna imeachta in ann mírialtachtaí a bhrath, lena n-áirítear calaois, le fáil thíos.

### Rioscaí poitéinsiúla a bhaineann le mírialtachtaí a shainaithint agus a mheas

Nuair a bhíonn rioscaí de mhíshonrú ábhartha a bhaineann le mírialtachtaí á sainaithint agus á meas againn, lena n-áirítear calaois agus dlíthe agus rialacháin a neamhchomhlíonadh, bhreithníomar an méid seo a leanas:

- nádúr an tionscail agus na hearnála, na timpeallachta rialaithe agus na feidhmíochta gnó lena n-áirítear dearadh bheartais luacha saothair an Ghrúpa, príomhthionscnóirí do luach saothair na príomhfhoirne bainistíochta, leibhéil bhónais agus spriocanna feidhmíochta;
- measúnú an Ghrúpa féin ar na rioscaí go dtarlóidh mírialtachtaí mar thoradh ar chalaois nó earráid a bhí ceadaithe ag an mbord ar an 12 Nollaig 2023;
- torthaí fiosrúchán a rinne an fhoireann bainistíochta, iniúchadh inmheánach agus an Choiste Iniúchta agus Riosca ar a sainaithint agus measúnú féin ar na rioscaí a bhaineann le mírialtachtaí;
- aon ní atá sainaitheanta againn i ndiaidh doiciméid an Ghrúpa maidir lena mbeartais agus nósanna imeachta a bhaineann leis an méid thíos a fháil agus a athbhreithniú:
  - dlíthe agus rialacháin a shainaithint, a mheas agus a chomhlíonadh agus cibé acu atá nó nach bhfuil siad airdeallach ar aon chás neamhchomhlíonta;
  - na rioscaí calaoise a bhrath agus freagairt dóibh agus cibé acu atá nó nach bhfuil eolas acu maidir le haon chalaois iarbhír, amhrasta nó líomhanta;
  - na rialuithe inmheánacha bunaithe chun rioscaí calaoise nó neamhchomhlíonadh dlíthe agus rialachán a mhaolú;
- na nithe a pléadh i measc na foirne rannpháirtíochta iniúchta agus comhaltaí ábhartha na foirne iniúchta comhpháirte, speisialtóirí inmheánacha, lena n-áirítear speisialtóirí cánach, luachálacha, pinsean, TF agus tionscail maidir le conas agus cathain a d'fhéadfadh calaois tarlú sna ráitis airgeadais agus aon tásc aire calaoise poitéinsiúla.

Mar thoradh ar na nósanna imeachta seo, bhreithníomar na deiseanna agus dreasachtaí a d'fhéadfadh a bheith le fáil laistigh den eagraíocht le haghaidh calaoise agus shainaithníomar go mbaineann an poitéinseal calaoise is mó leis na réimsí seo a leanas: 'Aithint ioncaim – Infháltais leictreachais mhiondíola – neamhbhilleáilte', 'Luach anonn sócmhainní fadsaolacha', 'Oibleagáidí Scoir Sócmhainní' agus 'In-aisghabhálacht luach anonn infheistíochtaí i gcomhfhiontair'. Cosúil le gach iniúchadh a dhéantar faoi ISAnna (Éire), ceanglaítear orainn freisin nósanna imeachta sonracha a chur i gcrích chun freagairt don riosca a bhaineann le cinntí a bheith á sárú ag an bhfoireann bainistíochta.

Thángamar ar thuiscint ar an gcreat dlí agus rialála atá in úsáid ag an nGrúpa agus ag an Máthairchuideachta, agus dhíríomar ar fhorálacha na ndlíthe agus rialachán sin a raibh éifeacht dhíreach acu ar chinneadh a dhéanamh maidir le méideanna agus nochtuithe ábhartha sna ráitis airgeadais. I measc na bpríomhdhlíthe agus na bpríomhrialachán a breithníodh sa chomhthéacs seo tá Cód Rialachais Chorparáidigh na Ríochta Aontaithe, Acht na gCuideachtaí, 2014, Achtanna ESB, 1927 - 2014, reachtaíocht pinsean agus reachtaíocht chánach.

Chomh maith leis sin, bhreithníomar forálacha dlíthe agus rialachán eile nach raibh éifeacht dhíreach acu ar na ráitis airgeadais ach a bhféadfadh éifeacht shuntasach a bheith ag neamhchomhlíonadh a leithéid ar chumas an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta feidhmiú nó pionós ábhartha a sheachaint. San áireamh anseo bhí ceadúnas oibriúcháin, ceanglais fuinnimh agus rialtóra fóntais an Ghrúpa i bPoblacht na hÉireann, Tuaisceart Éireann agus sa Ríocht Aontaithe agus rialacháin timpeallachta.

### Freagairt iniúchta do na rioscaí sainaitheanta

Mar thoradh ar an méid thuasluaite a chur i gcrích, shainaithníomar 'Aithint ioncaim – Infháltais leictreachais mhiondíola – neamhbhilleáilte', 'Luach anonn sócmhainní fadsaolacha', 'Oibleagáidí Scoir Sócmhainní' agus 'In-aisghabhálacht luach anonn infheistíochtaí i gcomhfhiontair' mar phríomhnithe iniúchta a bhaineann le riosca poitéinsiúil calaoise. Mínítear i rannóg na bpríomhcheisteanna iniúchta dár dtuarascáil na nithe sin ar bhealach níos mine agus déantar cur síos freisin ar na nósanna imeachta sonracha a cuireadh i gcrích mar fhreagairt do na príomhcheisteanna iniúchta sin.

Le cois an méid atá thuasluaite, áiríodh i measc ár nósanna imeachta chun freagairt do rioscaí sainaitheanta:

- athbhreithniú a dhéanamh ar nochtuithe ráiteas airgeadais agus tástáil a dhéanamh ar dhoiciméid tacaíochta chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh forálacha dlíthe agus rialachán ábhartha a bhfuil cur síos déanta orthu agus a nglactar leis go bhfuil éifeacht dhíreach acu ar na ráitis airgeadais;
- ceisteanna a chur ar an bhfoireann bainistíochta, Coiste Iniúchta agus Riosca agus abhcóide dlí intí maidir le dlíthíocht agus éilimh iarbhír agus phoitéinsiúla;
- nósanna imeachta anailíseacha a chur i gcrích chun aon chaidreamh neamhghnách nó gan choinne a shainaithint a d'fhéadfadh

## Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách do Stocshealbhóirí Bhord Soláthair an Leictreachais (ESB) (ar lean)

fianaise a sholáthar maidir le rioscaí de mhíshonrú ábhartha mar gheall ar chalaois;
- miontuairiscí cruinnithe a bhaineann le freagracht as rialachas a léamh, athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha iniúchta inmheánaigh agus athbhreithniú a dhéanamh ar chomhfhreagras leis an údarás ceadúnúcháin; agus
- nuair a bhíothas ag déileáil leis an riosca calaoise mar thoradh ar rialuithe a bheith á sárú ag an bhfoireann bainistíochta, rinneadh tástáil ar oiriúnacht na n-iontrálacha irise agus coigeartuithe eile; rinneadh measúnú ar cibé acu atá nó nach bhfuil fianaise ar chlaonadh féideartha á léiriú sna breithiúnais a rinneadh nuair a bhí cuntas á dhéanamh ar na meastacháin agus meastóireacht á déanamh ar réasúnaíocht ghnó aon idirbhirt shuntasaigh atá neamhghnách nó nach mbaineann leis an ngnáthchúrsa gnó.

Chomh maith leis sin, roinneamar eolas le gach comhalta foirne rannpháirteach lena n-áirítear speisialtóirí inmheánacha agus foirne iniúchta comhpháirteanna suntasacha faoi dhlíthe agus rialacháin sainaitheanta ábhartha agus rioscaí calaoise poitéinsiúla, agus bhíomar airdeallach ar aon fhianaise maidir le calaois nó neamhchomhlíonadh le dlíthe agus rialacháin i rith an iniúchta.

### Tuairisciú maidir le Ceanglais Dlí agus Rialála Eile

#### Tuairim faoi Nithe Eile Forordaithe ag Acht na gCuideachtaí, 2014

Bunaithe díreach ar an obair a rinneadh i rith an iniúchta, tá an méid seo a leanas á thuairisciú againn:
- Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasaimid atá riachtanach chun críche ár n-iniúchta faighte againn.
- Inár dtuairim tá taifid chuntasaíochta na Máthairchuideachta leordhóthanach chun iniúchadh éasca agus ceart na ráiteas airgeadais a cheadú.
- Tá clár comhardaithe na Máthairchuideachta ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.
- Inár dtuairim tá an fhaisnéis a cuireadh ar fáil i dtuarascáil Chomhaltaí an Bhoird comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais agus tá tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird ullmhaithe de réir Acht na gCuideachtaí, 2014 (arna chur i bhfeidhm ag Achtanna ESB, 1927 - 2014).

#### Ráiteas Rialachais Chorparáidigh

Ceanglaíonn ISAnna (Éire) orainn athbhreithniú a dhéanamh ar ráiteas Chomhaltaí an Bhoird i ndáil le gnóthas leantach, inmharthanacht níos fadtéarmaí agus an chuid den Ráiteas Rialachais Chorparáidigh a bhaineann le forálacha Chód Rialachais Chorparáidigh na Ríochta Aontaithe agus Iarscríbhinn Rialachais Chorparáidigh na hÉireann atá sonraithe dár n-athbhreithniú a chomhlíonadh.

Bunaithe ar an obair a cuireadh i gcrích mar chuid dár n-iniúchadh, chinneamar go bhfuil gach ceann de na gnéithe seo a leanas dár Ráiteas Rialachais Chorparáidigh comhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais agus leis an bhfaisnéis a bhailíomar i rith an iniúchta:
- ráiteas Chomhaltaí an Bhoird maidir le hoiriúnacht glacadh leis an mbonn cuntasaíochta gnóthais leantaigh agus aon éiginnteacht ábhartha sainaitheanta ar leathanach 145;
- míniú Chomhaltaí an Bhoird maidir lena mheasúnú ar ionchais an Ghrúpa, an tréimhse atá curtha san áireamh sa mheasúnú seo agus cén fáth an bhfuil an tréimhse oiriúnach, atá sonraithe ar leathanach 144;
- ráiteas Chomhaltaí an Bhoird maidir le cur chuige cóir, cothrom agus intuigthe atá sonraithe ar leathanach 166;
- deimhniú ó na Comhaltaí Boird go bhfuil measúnú stuama déanta acu ar na rioscaí nua agus ar na príomhrioscaí agus nochtuithe atá luaite sa tuarascáil bhliantúil ina ndéantar cur síos ar na príomhrioscaí agus nósanna imeachta atá bunaithe chun rioscaí nua a shainaithint agus tá míniú maidir le conas atá siad á mbainistiú nó á maolú le fáil ar leathanach 143;
- an chuid den tuarascáil bhliantúil ina ndéantar cur síos ar an athbhreithniú ar éifeachtacht na gcóras bainistíochta agus rialaithe inmheánaigh ar leathanach 143; agus
- an chuid ina ndéantar cur síos ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca ar leathanach 148.

#### Nithe ar Ceanglaíodh orainn Tuairisciú orthu ar bhonn Eisceachta

Faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (an "Cód") ceanglaítear orainn tuairisciú duit mura léirítear sa ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh, atá le fáil i dTuarascáil Rialachais an Bhoird ar leathanach 130 - 147, go bhfuil mír 1.9(iv) de na Ceanglais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais den Chód comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá curtha faoinár mbráid i ndiaidh dúinn ár gcuid oibre iniúchta ar na ráitis airgeadais a chur i gcrích. Níl aon rud le tuairisciú againn sa chomhthéacs seo.

Bunaithe ar an méid atá ar eolas ag agus ar thuiscint an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta agus a timpeallacht a fuarthas i rith an iniúchta, níor shainaithníomar míshonruithe ábhartha i dTuarascáil Chomhaltaí an Bhoird.

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir le forálacha Acht na gCuideachtaí, 2014 (arna chur i bhfeidhm ag Achtanna ESB, 1927 - 2014) a cheanglaíonn orainn tuairisciú duit, más rud é, inár dtuairim, nach bhfuil nochtuithe maidir le luach saothair agus idirbhearta Chomhaltaí an Bhoird, atá sonraithe de réir an dlí, déanta.

#### Nithe eile Nach Mór Dúinn Déileáil

I ndiaidh mholadh an Choiste Iniúchta agus Riosca agus ceadú ón Aire Stáit ina dhiaidh sin, cheap na Comhaltaí Boird muide ar an 22 Bealtaine 2022 (dáta ár litir rannpháirtíochta) chun iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022 agus le haghaidh na dtréimhsí ina dhiaidh sin. Is tréimhse dhá bhliain atá i gceist leis an tréimhse de rannpháirtíocht dhíreach iomlán, lena n-áirítear athnuachaintí agus athcheapacháin a rinne an gnólacht roimhe sin, tréimhse a chlúdaíonn an bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 agus an 31 Nollaig 2023.

Tá ár dtuairim iniúchta comhsheasmhach leis an tuarascáil bhreise don Choiste Iniúchta agus Riosca a cheanglaítear orainn a sholáthar de réir ISA (Éire) 260.

#### Úsáid ár dTuarascála

Is do na stocshealbhóirí amháin, mar chomhlacht, a chuirtear an tuarascáil seo ar fáil, de réir Alt 391 d'Acht na gCuideachtaí, 2014. Cuireadh ár gcuid oibre iniúchta i gcrích ionas gur féidir linn na nithe sin nach mór dúinn a shonrú do na stocshealbhóirí a cheanglaítear orainn a shonrú dóibh i dtuarascáil iniúchóra agus ní chun aon chríche eile. A mhéid a cheadaítear de réir an dlí, ní ghlacaimid le ná ní thoimhdímid freagracht d'aon duine eile seachas an chuideachta agus na stocshealbhóirí mar chomhlacht, dár gcuid oibre iniúchta, don tuarascáil seo, ná do na tuairimí atá bunaithe againn.



**Glenn Gillard**
Le haghaidh agus thar ceann Deloitte Ireland LLP
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchta Reachtúil
Áras Deloitte & Touche, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2

28 Feabhra 2024

Tabhair faoi deara: Ní sholáthraíonn iniúchadh dearbhú maidir le cothabháil agus sláine an tsuímh gréasáin, lena n-áirítear rialuithe úsáidte chun é sin a dhéanamh, agus go háirithe maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil aon athrú curtha i bhfeidhm ar na ráitis airgeadais ó foilsíodh iad ar dtús. Is iad na Comhaltaí Boird atá freagrach as na nithe seo ach ní féidir le haon nós imeachta rialaithe dearbhú absalóideach a sholáthar sa chomhthéacs seo. Tá difríocht le tabhairt faoi deara sa reachtaíocht in Éirinn a bhfuil ullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais á rialú aici i gcomparáid leis an reachtaíocht i ndlínsí eile.



# Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa
## Don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023

| | | 2023 | 2022 | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Iomlán | Roimh mhíreanna eisceachtúla | Míreanna eisceachtúla | Iomlán |
| | Nótaí | €m | €m | €m | €m |
| Ioncam | 4 | **8,775.7** | 7,596.1 | - | 7,596.1 |
| Ioncam oibriúcháin eile (glan) | 7 | **9.2** | 19.1 | - | 19.1 |
| Glanchaillteanais bhearnúcháin ar shócmhainní airgeadais | 8/18 | **(70.4)** | (38.5) | - | (38.5) |
| Costais oibriúcháin (glan) | 8 | **(7,593.7)** | (6,730.0) | - | (6,730.0) |
| Brabús oibriúcháin | | **1,120.8** | 846.7 | - | 846.7 |
| | | | | | |
| Ús glan ar iasachtaí | 9 | **(191.1)** | (131.3) | - | (131.3) |
| Muirir mhaoinithe | 9 | **(19.5)** | (15.2) | - | (15.2) |
| Gluaiseacht chóirluacha ar ionstraimí airgeadais | 9 | **(20.5)** | 85.9 | - | 85.9 |
| Ioncam maoinithe | 9 | **113.0** | 36.2 | - | 36.2 |
| Glanchostas airgeadais | | **(118.1)** | (24.4) | - | (24.4) |
| | | | | | |
| Bearnúchán institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | | **(14.8)** | - | (91.2) | (91.2) |
| Sciar de bhrabús/(caillteanas) na n-institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu, gan cháin | 16 | **13.7** | (30.9) | - | (30.9) |
| | | | | | |
| Brabús roimh chánachas | | **1,001.6** | 791.4 | (91.2) | 700.2 |
| | | | | | |
| Costas cáin ioncaim | 21 | **(133.8)** | (142.1) | - | (142.1) |
| Brabús i ndiaidh cánachais | | **867.8** | 649.3 | (91.2) | 558.1 |
| | | | | | |
| **Inchurtha i leith:** | | | | | |
| Sealbhóirí cothromais na Máthairchuideachta | | **879.6** | 678.4 | (91.2) | 587.2 |
| Ús neamhrialaitheach | | **(11.8)** | (29.1) | - | (29.1) |
| **Brabús don bhliain airgeadais** | | **867.8** | 649.3 | (91.2) | 558.1 |

# Ráiteas an Grúpa ar Ioncam Cuimsitheach
## Don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023

| | 2023 €m | 2022 €m |
|---|---|---|
| **Brabús don bhliain airgeadais** | **867.8** | 558.1 |
| | | |
| **Míreanna nach n-athrangófar ina dhiaidh seo sa ráiteas ioncaim:** | | |
| (Caillteanais) / gnóthachain achtúireachta scéim pinsean NIE Networks | **(18.8)** | 51.5 |
| Cáin ar mhíreanna nach n-athrangófar sa ráiteas ioncaim | **4.2** | (6.1) |
| | **(14.6)** | 45.4 |
| | | |
| **Míreanna atá nó nach bhfuil athrangaithe ina dhiaidh seo sa ráiteas ioncaim:** | | |
| Difríochtaí aistriúcháin a bhaineann le comhdhlúthú fochuideachtaí eachtracha | **0.1** | 1.7 |
| Gnóthachain chóirluacha ar fháluithe sreabhaidh airgid | **9.4** | 1.4 |
| (Caillteanais) / gnóthachain chóirluacha ar fháluithe sreabhaidh airgid in institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | **(59.5)** | 260.2 |
| Aistrithe chuig an ráiteas ioncaim ar fháluithe sreabhaidh airgid | **34.6** | (22.0) |
| Cáin ar mhíreanna atá nó a d'fhéadfaí a athrangú ina dhiaidh seo sa ráiteas ioncaim | **(1.2)** | (1.9) |
| Cáin ar mhíreanna atá nó a d'fhéadfaí a athrangú ina dhiaidh seo sa ráiteas ioncaim d'institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | **13.3** | (58.5) |
| Cáin ar mhíreanna aistrithe chuig an ráiteas ioncaim ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | **(4.3)** | 2.7 |
| | **(7.6)** | 183.6 |
| | | |
| **Ioncam cuimsitheach eile don bhliain airgid, saor ó cháin** | **(22.2)** | 229.0 |
| | | |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais** | **845.6** | 787.1 |
| | | |
| **Inchurtha i leith:** | | |
| Sealbhóirí cothromais na Máthairchuideachta | **857.4** | 816.2 |
| Ús neamhrialaitheach | **(11.8)** | (29.1) |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais** | **845.6** | 787.1 |



# Clár Comhardaithe Grúpa
## Amhail ag an 31 Nollaig 2023

| | Nótaí | 2023 €m | 2022 €m |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 12 | **12,324.9** | 11,614.1 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 13 | **600.7** | 512.0 |
| Sócmhainní ceart úsáide | 14 | **129.9** | 123.2 |
| Dea-thoil | 15 | **195.3** | 191.9 |
| Infheistíochtaí in institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | 16 | **292.2** | 332.2 |
| Infheistíochtaí sócmhainn airgeadais ag cóirluach trí bhrabús nó caillteanas | 16 | **5.0** | 5.0 |
| Trádáil agus míreanna infhála eile | 18 | **724.7** | 584.9 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 23 | **163.6** | 125.3 |
| Sócmhainní cánach iarchurtha | 21 | **1.4** | 1.5 |
| Sócmhainn – Scéim pinsean NIE Networks | 24 | **73.5** | 65.8 |
| **Sócmhainní neamhreatha iomlána** | | **14,511.2** | 13,555.9 |
| | | | |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Fardail | 17 | **161.6** | 225.9 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 13 | **438.1** | 678.0 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 23 | **344.7** | 843.7 |
| Sócmhainn chánach reatha | | **22.0** | 31.3 |
| Trádáil agus míreanna infhála eile | 18 | **2,217.7** | 2,915.3 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid | 19 | **1,977.8** | 990.0 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **5,161.9** | 5,684.2 |
| | | | |
| **Sócmhainní iomlána** | | **19,673.1** | 19,240.1 |
| | | | |
| **Cothromas** | | | |
| Stoc caipitil | 20 | **1,939.1** | 1,941.4 |
| Cúlchiste fuascailte caipitil | | **40.8** | 38.5 |
| Cúlchiste aistriúcháin | | **-** | (0.1) |
| Cúlchistí eile | | **(136.0)** | (125.9) |
| Cúlchiste fálaithe sreabhaidh airgid | | **181.8** | 189.5 |
| Tuilleamh coimeádta | | **3,334.6** | 2,786.5 |
| **Cothromas a bhaineann le sealbhóirí cothromais na Máthairchuideachta** | | **5,360.3** | 4,829.9 |
| Ús neamhrialaitheach | | **(60.3)** | (48.3) |
| **Cothromas iomlán** | | **5,300.0** | 4,781.6 |
| | | | |
| **Dliteanais** | | | |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | |
| Iasachtaíocht agus fiachas eile | 22 | **7,375.4** | 6,329.4 |
| Dliteanais léasa | 14 | **120.5** | 112.8 |
| Dliteanas – scéim pinsean ESB | 25 | **73.5** | 78.2 |
| Dliteanais fostaithe | 25 | **15.4** | 23.7 |
| Ioncam iarchurtha | 27 | **1,508.2** | 1,419.1 |
| Forálacha | 28 | **585.1** | 616.2 |
| Dliteanais chánach iarchurtha | 21 | **560.3** | 555.6 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 23 | **406.8** | 505.6 |
| **Dliteanais neamhreatha iomlána** | | **10,645.2** | 9,640.6 |
| | | | |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Iasachtaíocht agus fiachas eile | 22 | **363.7** | 563.4 |
| Dliteanais léasa | 14 | **15.5** | 16.0 |
| Dliteanas – scéim pinsean ESB | 25 | **9.6** | 10.5 |
| Dliteanais fostaithe | 25 | **100.5** | 82.2 |
| Trádáil agus míreanna iníoctha eile | 26 | **2,245.6** | 2,362.0 |
| Ioncam iarchurtha | 27 | **106.0** | 99.3 |
| Forálacha | 28 | **491.2** | 594.7 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 23 | **395.8** | 1,089.8 |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | **3,727.9** | 4,817.9 |
| | | | |
| **Dliteanais iomlána** | | **14,373.1** | 14,458.5 |
| | | | |
| **Cothromas agus dliteanais iomlána** | | **19,673.1** | 19,240.1 |

**Tarach Ó Ruairc**
Cathaoirleach

**Paddy Hayes**
Príomhfheidhmeannach

**Paul Stapleton**
Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Airgeadas agus Tráchtáil Ghrúpa

# Ráiteas Grúpa ar Athruithe Cothromais
## Don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023

| Réiteach athruithe cothromais | Stoc caipitil €m | Cúlchiste aistriúcháin €m | Cúlchiste fuascailte caipitil €m | Cúlchiste fálaithe sreabha-idh airgid €m | Cúlchistí eile1 €m | Tuilleamh coimeádta €m | Iomlán €m | Ús neamhria-laitheach €m | Cothro-mas iomlán €m |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid ag an 1 Eanáir 2022** | 1,949.4 | (2.4) | 30.5 | 7.6 | (192.5) | 2,367.8 | **4,160.4** | (49.1) | **4,111.3** |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | | | | | | | | |
| Brabús don bhliain airgeadais | - | - | - | - | - | 587.2 | **587.2** | (29.1) | **558.1** |
| Gnóthachan achtúireach scéim pinsean NIE Networks | - | - | - | - | 51.5 | - | **51.5** | - | **51.5** |
| Coigeartuithe aistriúcháin airgeadra eachtraigh | - | 2.3 | - | - | (0.5) | (0.1) | **1.7** | - | **1.7** |
| Fáluithe sreabhaidh airgid | | | | | | | | | |
| ▪ Glanghnóthachain chóirluacha | - | - | - | 1.4 | - | - | **1.4** | - | **1.4** |
| ▪ Aistrithe chuig an ráiteas ioncaim | | | | | | | | | |
| - Costas airgeadais (ús) | - | - | - | 2.6 | - | - | **2.6** | - | **2.6** |
| - Costas airgeadais (gluaiseachtaí aistriúcháin eachtraigh) | - | - | - | (14.8) | - | - | **(14.8)** | - | **(14.8)** |
| - Costais oibriúcháin eile | - | - | - | (9.8) | - | - | **(9.8)** | - | **(9.8)** |
| Gnóthachan cóirluacha ar fháluithe in institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | - | 260.2 | - | - | **260.2** | - | **260.2** |
| Cáin ar mhíreanna tugtha go díreach do OCI | - | - | - | (1.9) | (6.1) | - | **(8.0)** | - | **(8.0)** |
| Cáin ar mhíreanna aistrithe chuig an ráiteas ioncaim ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | - | 2.7 | - | - | **2.7** | - | **2.7** |
| Cáin ar mhíreanna tugtha go díreach do OCI le haghaidh institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | - | (58.5) | - | - | **(58.5)** | - | **(58.5)** |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | - | 2.3 | - | 181.9 | 44.9 | 587.1 | **816.2** | (29.1) | **787.1** |
| **Idirbhearta le húinéirí aitheanta go díreach i gcothromas** | | | | | | | | | |
| Díbhinní | - | - | - | - | - | (126.1) | **(126.1)** | - | **(126.1)** |
| Athcheannach scaireanna dílse[1] | (8.0) | - | 8.0 | - | - | (12.4) | **(12.4)** | - | **(12.4)** |
| Foráil d'athcheannach ESOP[2] | - | - | - | - | 12.4 | - | **12.4** | - | **12.4** |
| Cúlchiste fuascailte | - | - | - | - | 9.3 | - | **9.3** | - | **9.3** |
| Aistriú ó leas mionlaigh go dtí cothromas atá inchurtha i leith shealbhóirí cothromais na Máthairchuideachta[3] | - | - | - | - | - | 1.8 | **1.8** | (1.8) | **-** |
| Aistriú ó leas mionlaigh go dtí cothromas atá inchurtha i leith shealbhóirí cothromais na Máthairchuideachta[4] | - | - | - | - | - | (31.7) | **(31.7)** | 31.7 | **-** |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig 2022** | 1,941.4 | (0.1) | 38.5 | 189.5 | (125.9) | 2,786.5 | **4,829.9** | (48.3) | **4,781.6** |
| **Iarmhéid ag an 1 Eanáir 2023** | **1,941.4** | **(0.1)** | **38.5** | **189.5** | **(125.9)** | **2,786.5** | **4,829.9** | **(48.3)** | **4,781.6** |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | | | | | | | | |
| Brabús don bhliain airgeadais | - | - | - | - | - | 879.6 | **879.6** | (11.8) | **867.8** |
| Caillteanas achtúireach scéim pinsean NIE Networks | - | - | - | - | (18.8) | - | **(18.8)** | - | **(18.8)** |
| Coigeartuithe aistriúcháin airgeadra eachtraigh | - | 0.1 | - | - | - | - | **0.1** | - | **0.1** |
| Fáluithe sreabhaidh airgid | | | | | | | | | |
| ▪ Glanghnóthachain chóirluacha | - | - | - | 9.4 | - | - | **9.4** | - | **9.4** |
| ▪ Aistrithe chuig an ráiteas ioncaim | | | | | | | | | |
| - Costas airgeadais (ús) | - | - | - | 2.9 | - | - | **2.9** | - | **2.9** |
| - Costas airgeadais (gluaiseachtaí aistriúcháin eachtraigh) | - | - | - | 26.6 | - | - | **26.6** | - | **26.6** |
| - Costais oibriúcháin eile | - | - | - | 5.1 | - | - | **5.1** | - | **5.1** |
| Caillteanas cóirluacha ar fháluithe in institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | - | (59.5) | - | - | **(59.5)** | - | **(59.5)** |
| Cáin ar mhíreanna tugtha go díreach do OCI | - | - | - | (1.2) | 4.2 | - | **3.0** | - | **3.0** |
| Cáin ar mhíreanna aistrithe chuig an ráiteas ioncaim ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | - | (4.3) | - | - | **(4.3)** | - | **(4.3)** |
| Cáin ar mhíreanna tugtha go díreach do OCI le haghaidh institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | - | 13.3 | - | - | **13.3** | - | **13.3** |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | - | 0.1 | - | (7.7) | (14.6) | 879.6 | **857.4** | (11.8) | **845.6** |
| **Idirbhearta le húinéirí aitheanta go díreach i gcothromas** | | | | | | | | | |
| Díbhinní | - | - | - | - | - | (327.0) | **(327.0)** | (0.2) | **(327.2)** |
| Athcheannach scaireanna dílse[1] | (2.3) | - | 2.3 | - | - | (4.5) | **(4.5)** | - | **(4.5)** |
| Foráil d'athcheannach ESOP[2] | - | - | - | - | 4.5 | - | **4.5** | - | **4.5** |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig 2023** | **1,939.1** | **-** | **40.8** | **181.8** | **(136.0)** | **3,334.6** | **5,360.3** | **(60.3)** | **5,300.0** |

1 Áirítear i gcúlchistí eile (i) cúlchistí eile a bhaineann le scéim pinsean Northern Ireland Electricity Networks Limited (NIE Networks) luach (€119.7) milliún (2022: (€105.1) milliún), (ii) cúlchiste neamh-indáilte luach (€5.0) milliún (2022: (€5.0) milliún) a cruthaíodh nuair a díoladh sciar an Ghrúpa in Ocean Communications Limited in 2001; (iii) foráil athcheannaigh ESOP a bhaineann leis an méid atá geallta ag ESB go dtí seo le haghaidh ceannaigh ó mhargadh inmheánach ESOP (€10.1) milliún (2022: (€14.6) milliún). Tá tuilleadh eolais le fáil i nóta 20 maidir le cúlchistí eile agus i nóta 32 maidir le hathcheannach ESOP.

2 Féach ár nóta 32 áit a bhfuil eolas maidir le foráil athcheannaigh ESOP.

3 Aistriú ó leas mionlaigh go dtí cothromas atá inchurtha i leith sealbhóirí cothromais na Máthairchuideachta in 2022 a bhain le laghdú ar an leas mionlaigh in Kirk Hill Wind Farm Ltd.

4 Aistriú ó leas mionlaigh go dtí cothromas atá inchurtha i leith sealbhóirí cothromais na Máthairchuideachta in 2022 a bhain le laghdú ar an leas mionlaigh in So Energy.



# Clár Comhardaithe na Máthairchuideachta
## Amhail ag an 31 Nollaig 2023

| | Nótaí | 2023 €m | 2022 €m |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 12 | **8,847.5** | 8,162.8 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 13 | **537.9** | 462.5 |
| Sócmhainní ceart úsáide | 14 | **59.8** | 61.7 |
| Infheistíochtaí in institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | 16 | **26.8** | 43.9 |
| Infheistíochtaí i ngnóthais mháthairchuideachta | 16 | **61.8** | 61.8 |
| Trádáil agus míreanna infhála eile | 18 | **2,243.8** | 2,412.0 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 23 | **156.8** | 131.4 |
| **Sócmhainní neamhreatha iomlána** | | **11,934.4** | 11,336.1 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Fardail | 17 | **115.5** | 194.2 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 13 | **403.4** | 649.2 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 23 | **331.2** | 824.6 |
| Sócmhainn chánach reatha | | **48.6** | 46.7 |
| Trádáil agus míreanna infhála eile | 18 | **3,498.3** | 4,589.8 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 19 | **1,281.8** | 256.4 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **5,678.8** | 6,560.9 |
| **Sócmhainní iomlána** | | **17,613.2** | 17,897.0 |
| **Cothromas** | | | |
| Stoc caipitil | 20 | **1,939.1** | 1,941.4 |
| Cúlchiste fuascailte caipitil | | **40.8** | 38.5 |
| Cúlchiste aistriúcháin | | **(0.3)** | (0.3) |
| Fálú sreabhaidh airgid agus cúlchistí eile | | **6.6** | 14.6 |
| Cúlchistí eile | | **(9.7)** | (14.2) |
| Tuilleamh coimeádta | | **2,485.3** | 2,402.6 |
| **Cothromas a bhaineann le sealbhóirí cothromais na Máthairchuideachta** | | **4,461.8** | 4,382.6 |
| **Dliteanais** | | | |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | |
| Iasachtaíocht agus fiachas eile | 22 | **478.3** | 502.1 |
| Dliteanais léasa | 14 | **55.0** | 56.7 |
| Dliteanas – scéim pinsean ESB | 25 | **73.5** | 78.2 |
| Dliteanais fostaithe | 25 | **15.4** | 23.7 |
| Ioncam iarchurtha | 27 | **1,026.3** | 964.9 |
| Forálacha | 28 | **475.7** | 507.1 |
| Dliteanais chánach iarchurtha | 21 | **406.0** | 395.1 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 23 | **66.7** | 162.0 |
| **Dliteanais neamhreatha iomlána** | | **2,596.9** | 2,689.8 |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Rótharraingt bainc | 19 | **-** | 319.5 |
| Iasachtaíocht agus fiachas eile | 22 | **63.7** | 563.4 |
| Dliteanais léasa | 14 | **7.9** | 7.9 |
| Dliteanas – scéim pinsean ESB | 25 | **9.6** | 10.5 |
| Dliteanais fostaithe | 25 | **91.5** | 74.6 |
| Trádáil agus míreanna iníoctha eile | 26 | **9,697.2** | 8,638.7 |
| Ioncam iarchurtha | 27 | **67.8** | 68.7 |
| Forálacha | 28 | **250.5** | 327.8 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 23 | **366.3** | 813.5 |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | **10,554.5** | 10,824.6 |
| **Dliteanais iomlána** | | **13,151.4** | 13,514.4 |
| **Cothromas agus dliteanais iomlána** | | **17,613.2** | 17,897.0 |

Tá an Chuideachta ag baint tairbhe as an díolúine a chiallaíonn nach gá di a cuntas brabúis agus caillteanais ar leith a chur ar fáil sna ráitis airgeadais agus nach gá é a chomhdú le Cláraitheoir na gCuideachtaí. Tá an brabús don bhliain a ndéileáiltear léi i ráitis airgeadais na Cuideachta cothrom le €409.7 milliún (2022: €490.8 milliún).



**Tarach Ó Ruairc**
Cathaoirleach

**Paddy Hayes**
Príomhfheidhmeannach

**Paul Stapleton**
Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Airgeadas agus Tráchtáil Ghrúpa

# Ráiteas Máthairchuideachta ar Athruithe Cothromais

## Don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023

| Réiteach athruithe cothromais | Stoc caipitil €m | Cúlchiste fuascailte caipitil €m | Fálú sreabhaidh airgid agus cúlchistí eile €m | Tuilleamh coimeádta €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid ag an 1 Eanáir 2022** | 1,949.4 | 30.5 | (31.8) | 2,037.9 | **3,986.0** |
| | | | | | |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | | | | |
| Brabús don bhliain airgeadais | - | - | - | 490.8 | **490.8** |
| Athruithe eile | - | - | (0.3) | - | **(0.3)** |
| Fáluithe sreabhaidh airgid | | | | | |
| ▪ Glanghnóthachain chóirluacha | - | - | 27.5 | - | **27.5** |
| ▪ Aistrithe chuig an ráiteas ioncaim | | | | | |
| - Costas airgeadais (ús) | - | - | 2.6 | - | **2.6** |
| - Costas airgeadais (gluaiseachtaí aistriúcháin eachtraigh) | - | - | (14.8) | - | **(14.8)** |
| - Costais oibriúcháin eile | - | - | (13.5) | - | **(13.5)** |
| Gnóthachain chóirluacha ar fháluithe in institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | 20.8 | - | **20.8** |
| Cáin ar mhíreanna tugtha go díreach do OCI | - | - | (3.4) | - | **(3.4)** |
| Cáin ar mhíreanna aistrithe chuig an ráiteas ioncaim ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | 3.2 | - | **3.2** |
| Cáin ar mhíreanna tugtha go díreach do OCI le haghaidh institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | (2.6) | - | **(2.6)** |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | - | - | 19.5 | 490.8 | **510.3** |
| | | | | | |
| **Idirbhearta le húinéirí aitheanta go díreach i gcothromas** | | | | | |
| Díbhinní | - | - | - | (126.1) | **(126.1)** |
| Athcheannach scaireanna dílse[1] | (8.0) | 8.0 | - | - | **-** |
| Foráil d'athcheannach ESOP[1] | - | - | 12.4 | - | **12.4** |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig 2022** | 1,941.4 | 38.5 | 0.1 | 2,402.6 | **4,382.6** |
| | | | | | |
| **Iarmhéid ag an 1 Eanáir 2023** | **1,941.4** | **38.5** | **0.1** | **2,402.6** | **4,382.6** |
| | | | | | |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | | | | |
| Brabús don bhliain airgeadais | - | - | - | 409.7 | **409.7** |
| Fáluithe sreabhaidh airgid | | | | | |
| ▪ Glanchaillteanais chóirluacha | - | - | (30.7) | - | **(30.7)** |
| ▪ Aistrithe chuig an ráiteas ioncaim | | | | | |
| - Costas airgeadais (ús) | - | - | 2.9 | - | **2.9** |
| - Costas airgeadais (gluaiseachtaí aistriúcháin eachtraigh) | - | - | 26.6 | - | **26.6** |
| - Costais oibriúcháin eile | - | - | (0.7) | - | **(0.7)** |
| Caillteanas cóirluacha ar fháluithe in institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | (7.3) | - | **(7.3)** |
| Cáin ar mhíreanna tugtha go díreach do OCI | - | - | 3.9 | - | **3.9** |
| Cáin ar mhíreanna aistrithe chuig an ráiteas ioncaim ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | (3.6) | - | **(3.6)** |
| Cáin ar mhíreanna tugtha go díreach do OCI le haghaidh institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | 0.9 | - | **0.9** |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | - | - | (8.0) | 409.7 | **401.7** |
| | | | | | |
| **Idirbhearta le húinéirí aitheanta go díreach i gcothromas** | | | | | |
| Díbhinní | - | - | - | (327.0) | **(327.0)** |
| Athcheannach scaireanna dílse[1] | (2.3) | 2.3 | - | - | **-** |
| Foráil d'athcheannach ESOP[1] | - | - | 4.5 | - | **4.5** |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig 2023** | **1,939.1** | **40.8** | **(3.4)** | **2,485.3** | **4,461.8** |

1 Féach ár nóta 32 áit a bhfuil eolas maidir le foráil athcheannaigh ESOP.



# Ráiteas Sreabhaidh Airgid an Ghrúpa

## Don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023

| | Nótaí | 2023 €m | 2022 €m |
|---|---|---|---|
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Brabús roimh chánachas | | **1,001.6** | **700.2** |
| | | | |
| **Coigeartuithe le haghaidh:** | | | |
| Dímheas agus amúchadh | 8 | **942.3** | 914.6 |
| Aistriú chuig an ráiteas ioncaim ó mhíreanna doláimhsithe | 13 | **-** | 24.5 |
| Ioncam ó ranníocaíochtaí soláthair agus amúchadh ioncam iarchurtha eile | 4/27 | **(116.2)** | (111.8) |
| Glanghluaiseachtaí astaíochtaí | 13/28 | **166.5** | (191.0) |
| Brabús ar dhiúscairt fochuideachtaí | 7 | **(10.2)** | (3.4) |
| Glanchostas airgeadais | 9 | **118.1** | 24.4 |
| Tionchar coigeartuithe cóirluacha i gcostais oibriúcháin | | **(20.5)** | (12.8) |
| (Brabús) / caillteanais ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | 16 | **(13.7)** | 30.9 |
| Bearnúchán institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | 16 | **14.8** | 91.2 |
| Díbhinn faighte | 7 | **-** | (4.0) |
| Glanchaillteanais bhearnúcháin ar shócmhainní airgeadais | 8/18 | **70.4** | 38.5 |
| Táille bhearnúcháin | 8 | **5.1** | 2.8 |
| **Sreafaí airgid oibriúcháin roimh athruithe ar chaipiteal agus forálacha oibre** | | **2,158.2** | 1,504.1 |
| Airgead tirim srianta[1] | 19 | **(204.5)** | 754.0 |
| Táille i ndáil le forálacha | 28 | **7.2** | 107.7 |
| Táille i ndáil le dliteanais fostaithe | 25 | **120.5** | 64.8 |
| Úsáid forálacha | 28 | **(66.7)** | (69.2) |
| Íocaíochtaí i ndáil le dliteanais fostaithe | | **(140.6)** | (114.7) |
| Ioncam iarchurtha faighte | 27 | **29.7** | 23.4 |
| Ranníocaíochtaí soláthair líonraí faighte | | **174.0** | 181.0 |
| Glan-chomhthaobhacht trádáilte faighte/(íoctha) | | **181.0** | (1,009.0) |
| Méadú / (laghdú) ar thrádáil agus infháltais eile | | **471.0** | (654.0) |
| Laghdú / (méadú) ar fhardail | | **65.9** | (94.6) |
| Méadú ar thrádáil agus míreanna iníoctha eile | | **65.2** | 248.3 |
| **Airgead tirim ginte ó oibríochtaí** | | **2,860.9** | 941.8 |
| Cáin íoctha faoi láthair | | **(117.3)** | (103.4) |
| Íocaíochtaí ar bhoilsciú nasctha le babhtálacha ráta úis | 23 | **(3.6)** | (22.3) |
| Costais airgeadais íoctha | | **(194.9)** | (153.6) |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **2,545.1** | 662.5 |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Ceannach réadmhaoine, gléasra agus trealaimh | | **(1,513.3)** | (1,193.7) |
| Ceannach sócmhainní doláimhsithe | | **(172.1)** | (129.0) |
| Fáltais ó dhíol infheistíochtaí | | **-** | 3.1 |
| Fáltais ó dhíol fochuideachtaí | 7 | **10.2** | - |
| Méideanna curtha ar fáil d'institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu mar iasachtaí scairshealbhóra | | **(123.6)** | (286.8) |
| Díbhinní faighte ó ghnóthais chomhfhiontair | 16 | **34.1** | 29.0 |
| Díbhinní faighte ó infheistíochtaí arna dtomhas ag cóirluach trí bhrabús nó caillteanas | 7 | **-** | 4.0 |
| Ceannach infheistíochtaí sócmhainní airgeadais | | **(35.3)** | (1.2) |
| Ús faighte | | **74.9** | 13.1 |
| **Glan-eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(1,725.1)** | (1,561.5) |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Díbhinní íoctha | 20 | **(327.2)** | (126.1) |
| Príomhghnéithe íocaíochtaí léasa | 14 | **(16.2)** | (15.6) |
| Athcheannach scaireanna ESOP | 32 | **(4.5)** | (12.4) |
| Fáltais agus aisíocaíochtaí ó ghníomhaíochtaí iasachtaíochta | 22 | **783.4** | 1,529.6 |
| Íocaíochtaí ar bhoilsciú nasctha le babhtálacha ráta úis | 23 | **(265.5)** | - |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | **170.0** | 1,375.5 |
| | | | |
| **Glanmhéadú in airgid tirim agus coibhéisí airgid thirim** | | **990.0** | 476.5 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 1 Eanáir** | 19 | **990.0** | 537.0 |
| **Éifeacht luaineachtaí ráta malairte ar airgead ar láimh** | | **(2.2)** | (23.5) |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 31 Nollaig** | 19 | **1,977.8** | 990.0 |

1 San áireamh in airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag an 31 Nollaig 2023, tá €549.5 milliún (2022: €754.0 milliún) a bhaineann le hairgead tirim faighte ó Rialtas na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe i ndáil le creidmheasanna fuinnimh a íocadh le soláthraithe fuinnimh éagsúla chun billí custaiméirí a fhritháireamh. Níl an t-airgead tirim seo ar fáil go héasca i rith gnáthchúrsa gnó.

# Ráiteas Sreabhaidh Airgid Máthairchuideachta

## Don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023

| | Nótaí | 2023 €m | 2022 €m |
|---|---|---|---|
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Brabús roimh chánachas | | **487.1** | 565.2 |
| | | | |
| **Coigeartuithe le haghaidh:** | | | |
| Dímheas agus amúchadh | | **635.2** | 606.0 |
| Ioncam ó ranníocaíochtaí soláthair agus ioncam iarchurtha eile | 27 | **(67.8)** | (67.0) |
| Glanghluaiseachtaí astaíochtaí | | **203.9** | (310.8) |
| Glanchostas airgeadais / (ioncaim) | | **(39.5)** | 35.1 |
| Tionchar gluaiseacht chóirluacha ar ionstraimí airgeadais cóirluacha i gcostais oibriúcháin | | **(17.9)** | 18.5 |
| Caillteanas ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | | **10.9** | 15.8 |
| Díbhinn faighte ó ghnóthais fochuideachta | | **(8.5)** | (10.0) |
| Glanchaillteanais bhearnúcháin ar shócmhainní airgeadais | | **37.8** | 15.2 |
| **Sreafaí airgid oibriúcháin roimh athruithe ar chaipiteal agus forálacha oibre** | | **1,241.2** | 868.0 |
| | | | |
| Airgead tirim srianta[1] | 19 | **(27.4)** | 107.4 |
| Táille i ndáil le forálacha | | **5.4** | 89.3 |
| Táille i ndáil le dliteanais fostaithe | 25 | **105.4** | 53.5 |
| Úsáid forálacha | | **(63.0)** | (124.6) |
| Íocaíochtaí i ndáil le dliteanais fostaithe | 25 | **(106.9)** | (77.1) |
| Ranníocaíochtaí soláthair líonraí faighte | | **119.0** | 141.1 |
| Glan-chomhthaobhacht trádáilte faighte/(íoctha) | | **175.0** | (1,001.0) |
| Méadú / (laghdú) ar thrádáil agus infháltais eile | | **394.1** | (1,709.1) |
| Laghdú / (méadú) ar fhardail | | **79.3** | (102.0) |
| Méadú ar thrádáil agus míreanna iníoctha eile | | **1,037.3** | 2,721.6 |
| **Airgead tirim ginte ó oibríochtaí** | | **2,959.4** | 967.1 |
| | | | |
| Cáin íoctha faoi láthair | | **(62.7)** | (96.0) |
| Ús íoctha | | **(94.6)** | (112.0) |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **2,802.1** | 759.1 |
| | | | |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Ceannach réadmhaoine, gléasra agus trealaimh | | **(1,231.3)** | (907.2) |
| Ceannach sócmhainní doláimhsithe | | **(153.4)** | (118.2) |
| Méideanna curtha ar fáil d'institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu mar iasachtaí scairshealbhóra | | **(16.2)** | (12.8) |
| Méideanna faighte ó / (réamhíoctha le) gnóthais fochuideachta | | **669.7** | (322.9) |
| Ús faighte | | **163.0** | 70.6 |
| Díbhinní faighte ó ghnóthais fochuideachta | | **8.5** | 10.0 |
| **Glan-eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(559.7)** | (1,280.5) |
| | | | |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Díbhinní íoctha | 20 | **(327.0)** | (126.1) |
| Príomhghnéithe íocaíochtaí léasa | 14 | **(9.1)** | (8.5) |
| Athcheannach scaireanna ESOP | 32 | **(4.5)** | (12.4) |
| Fáltais agus aisíocaíochtaí ó ghníomhaíochtaí iasachtaíochta | 22 | **(554.9)** | 162.7 |
| **Glan- (eis-sreabhadh) / insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | **(895.5)** | 15.7 |
| | | | |
| **Glanmhéadú / (laghdú) in airgid tirim agus coibhéisí airgid thirim** | | **1,346.9** | (505.7) |
| **Éifeacht luaineachtaí ráta malairte ar airgead ar láimh** | | **(2.0)** | (20.7) |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 1 Eanáir** | 19 | **(63.1)** | 463.3 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 31 Nollaig** | 19 | **1,281.8** | (63.1) |

1 San áireamh in airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag an 31 Nollaig 2023, tá €80.0 milliún (2022: €107.4 milliún) a bhaineann le hairgead tirim faighte ó Rialtas na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe i ndáil le creidmheasanna fuinnimh a íocadh le soláthraithe fuinnimh éagsúla chun billí custaiméirí a fhritháireamh. Níl an t-airgead tirim seo ar fáil go héasca i rith gnáthchúrsa gnó.



# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 1. AN RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

### (i) Eolas ginearálta agus bonn an ullmhúcháin

Bardas reachtúil é Bord Soláthair an Leictreachais (ESB) a bunaíodh faoin Acht Leictreachais (Soláthar), 1927 agus a bhfuil sainchónaí air in Éirinn. Cuimsítear i ráitis airgeadais chomhdhlúite ESB amhail ag agus don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023 leasanna na Máthairchuideachta agus a fochuideachtaí (dá dtagraítear le mar "ESB" nó "an Grúpa" i dteannta a chéile) agus an Ghrúpa i gcomhlaigh agus in aonáin arna rialú ar bhonn comhpháirteach.

Ullmhaítear ráitis airgeadais chomhdhlúthaithe agus na Máthairchuideachta faoi IFRS (Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais) arna nglacadh ag an AE (IFRS AE) arna chur i bhfeidhm de réir Acht na gCuideachtaí, 2014 mar atá curtha i bhfeidhm ag Achtanna ESB, 1927-2014. Foráiltear in Acht na gCuideachtaí, 2014 go dtíolacann aonán Máthairchuideachta a ráitis airgeadais aonair i dteannta lena ráitis airgeadais chomhdhlúthaithe le díolúine ó ráiteas ioncam na Máthairchuideachta agus ráiteas ar ioncam cuimsitheach a fhoilsiú ar cuid iad de ráitis airgeadais na Máthairchuideachta ullmhaithe agus ceadaithe de réir an Achta. Tá ráitis airgeadais na Máthairchuideachta agus an Ghrúpa ullmhaithe de réir chaighdeáin IFRS AE agus léirmhínithe IFRIC (Coiste Léirmhíniúcháin na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais) eisithe agus éifeachtach le haghaidh na dtréimhsí cuntasaíochta dar críoch nó roimh an 31 Nollaig 2023. Tá na ráitis airgeadais chomhdhlúthaithe agus na Máthairchuideachta ullmhaithe ar bhonn costas stairiúil ach amháin i gcás ionstraimí airgeadais díorthacha agus infheistíochtaí sócmhainn airgeadais áirithe atá á dtomhas ar chóirluach.

Tá na beartais sonraithe thíos curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach le haghaidh na mblianta ar fad atá léirithe sna ráitis airgeadais chomhdhlúthaithe seo agus tá siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach ag gach aonán Grúpa – ach is eisceacht é glacadh leis na caighdeáin leasaithe atá sonraithe i nóta 1 (iv) thíos. Tá beartais chuntasaíochta na máthairchuideachta comhsheasmhach le beartais na ráiteas airgeadais comhdhlúthaithe atá sonraithe thíos mura sonraítear a mhalairt.

#### Gnóthas leantach

Tá eolas maidir le seasamh, feidhmíocht, samhail ghnó, straitéis agus príomhrioscaí agus éiginnteachtaí an Ghrúpa agus conas a dhéantar iad sin a bhainistiú agus a mhaolú le fáil sa mhír dar teideal straitéis agus feidhmíocht den tuarascáil bhliantúil. Is cuid de ráitis airgeadais an Ghrúpa é an ráiteas maidir le gnóthas leantach atá le fáil i gCaibidil 2.

Tá cur síos déanta ar bhainistíocht maoinithe agus leachtachta an Ghrúpa i nóta 22. Bhí an méid airgid thirim agus coibhéisí airgid a bhí ar láimh ag an nGrúpa an 31 Nollaig 2023, seachas airgead tirim srianta, cothrom le €1,428.3 milliún (féach nóta 19). Chomh maith leis sin, bhí saoráidí creidmheasa imrothlacha neamhtharraingthe luach €2.3 billiún ag an nGrúpa a sholáthar leachtacht chúltaca go dtí Feabhra 2027. Nuair a chuirtear airgead tirim agus saoráidí eile san áireamh, bhí leachtacht fhoriomlán de bhreis is €3.7 billiún ag an nGrúpa ag an 31 Nollaig 2023. Leanann ESB le suíomh comhthaobhachta airgid thirim an Ghrúpa a bhainistiú go héifeachtach maidir le gás, trádáilte ar an malartán, gual agus conarthaí fálaithe carbóin. Cuimsítear i Nóta 22 agus Nóta 29 forléargas ar bhainistíocht riosca airgeadais, sonraí maidir le hionstraimí airgeadais agus gníomhaíochtaí fálaithe an Ghrúpa agus a neamhchosaint ar riosca creidmheasa agus riosca leachtachta.

Tá acmhainní suntasacha airgeadais ag an nGrúpa agus creideann an Bord go mbeidh ar chumas an Ghrúpa a rioscaí a bhainistiú go héifeachtach. I ndiaidh fiosrúchán oiriúnach a dhéanamh, tá an Bord sásta go bhfuil sreafaí airgid oiriúnacha ag ESB, leachtacht láidir agus rochtain ar mhargaí caipitil agus gur féidir leis leanúint ar aghaidh ag feidhmiú le haghaidh 12 mhí ar a laghad ó dháta ceadaithe na ráiteas airgeadais. Dá réir sin, tá na ráitis airgeadais chomhdhlúthaithe agus ráitis airgeadais na Máthairchuideachta ullmhaithe ar an mbonn cuntasaíochta gnóthais leantaigh.

### (ii) Bonn an chomhdhlúthaithe

Comhdhlúthaíonn ráitis airgeadais an Ghrúpa ráitis airgeadais na Máthairchuideachta agus gach gnóthas fochuideachta agus áirítear iontu sciar an Ghrúpa de na torthaí agus glansócmhainní comhlach agus comhfhiontar suas go dtí an 31 Nollaig 2023. Tá torthaí na ngnóthas fochuideachta faighte nó diúscartha i rith na bliana san áireamh i ráiteas ioncaim an Ghrúpa ó dháta na héadála nó suas go dtí an dáta diúscartha. Tá tairbhe bainte ag Máthairchuideachta ESB as an díolúine in alt 304(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014, gan a ráiteas ioncaim aonair, ráiteas ar ioncam cuimsitheach agus nótaí gaolmhara ar cuid de ráitis airgid cheadaithe na Máthairchuideachta iad, a thíolacadh.

#### Cuntasaíocht do theaglaimí gnó

Déantar cuntasaíocht ar theaglaimí gnó trí úsáid a bhaint as an modh éadála ag an dáta éadála, arb ionann é agus an dáta a aistrítear rialú chuig an nGrúpa.

#### Éadálacha

Nuair a bhíonn cuntasaíocht á déanamh ar theaglaimí gnó faoi Theaglaimí Gnó IFRS 3, tomhaiseann an Grúpa dea-thoil ag an dáta éadála mar seo a leanas:

- cóirluach na comaoine aistrithe; móide
- méid aitheanta aon úis neamhrialaitheach san fhaighteán; móide, má chuirtear an teaglaim ghnó i gcrích i gcéimeanna éagsúla, cóirluach an úis cothromais reatha san fhaighteán; lúide
- glanmhéid aitheanta (cóirluach) na sócmhainní inaitheanta faighte agus na ndliteanas measta.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 1. AN RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (ar lean)

Sa chás go bhfuil an barrachas diúltach, aithnítear gnóthachan ceannaigh sladmhargaidh sa ráiteas ioncaim láithreach.

Sa chás go n-iarchuirtear réiteach aon chuid de chomaoin airgid thirim, lascainítear na méid atá iníoctha amach seo chuig a luach láithreach ag an dáta malairte. Is é an ráta lascaine a úsáideadh ráta iasachtaíochta incriminteach an aonáin, an ráta ag ar féidir iasachtaíocht chosúil a fháil ó airgeadraí neamhspleách faoi théarmaí agus coinníollacha inchomparáide.

Tá comaoin theagmhasach rangaithe mar dhliteanas cothromais nó airgeadais. Déantar méideanna atá rangaithe mar dhliteanas airgeadais a atomhas ag cóirluach ina dhiaidh sin, agus aithnítear athruithe ar chóirluach sa ráiteas ioncaim.

Sa chás gur ann do rogha díola agus/nó ceannaigh ar leasanna neamhrialaitheacha i bhfochuideachta, aithnítear dliteanas fuascailte trí chothromas don oibleagáid dhosheachanta airgead a aistriú faoin rogha seo, lascainithe chuig an luach láithreach.

Glactar le costais a bhaineann le héadáil (seachas na costais a bhaineann le heisiúint fiachais nó urrús cothromais) a thabhaíonn an Grúpa i ndáil le teaglaim ghnó mar chostais atá tabhaithe.

**IFRS 10 - Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite**
Tá samhail rialaithe IFRS 10 dírithe ar cibé acu atá nó nach bhfuil institiúid infheistiúcháin faoi chumhacht an Ghrúpa, agus an bhfuil neamhchosaint ar nó cearta ar thorthaí athraitheacha ag baint le rannpháirtíocht leis an institiúid infheistiúcháin agus an bhfuil an cumas aige a chumhacht a úsáid chun tionchar a imirt ar na torthaí sin. Go háirithe, ceanglaíonn IFRS 10 ar an nGrúpa institiúidí infheistiúcháin atá á rialú aige a chomhdhlúthú bunaithe ar rialú de facto.

De réir IFRS 10, déantar measúnú an Ghrúpa ar rialú ar bhonn leanúnach agus déanann an Grúpa athmheasúnú maidir le cibé acu an rialaíonn nó nach rialaíonn sé institiúid infheistiúcháin má thugann fíricí agus imthosca le fios go bhfuil athruithe curtha i bhfeidhm ar cheann amháin nó níos mó de ghnéithe na samhla rialaithe.

**Idirbhearta curtha as an áireamh ar chomhdhlúthú**
Cuirtear iarmhéideanna agus idirbhearta ionghrúpa agus aon ioncam agus costais neamhréadaithe ag eascairt as idirbhearta ionghrúpa as an áireamh nuair a bhíonn na ráitis airgeadais chomhdhlúthaithe á n-ullmhú. Cuirtear gnóthachain neamhréadaithe ó idirbhearta le hinstitiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu as an áireamh de réir na hinfheistíochta bunaithe ar leas an Ghrúpa san institiúid infheistiúcháin. Cuirtear caillteanais neamhréadaithe as an áireamh ar an tslí chéanna le gnóthachain neamhréadaithe, ach díreach sa chás nach bhfuil aon fhianaise ar bhearnúchán le fáil.

### (iii) Cuntasaíocht do Shocruithe Comhpháirteacha
**IFRS 11 - Socruithe comhpháirteacha**
Faoi IFRS 11, rangaíonn an Grúpa a leasanna i socruithe comhpháirteacha mar oibríochtaí comhpháirteacha nó mar chomhfhiontair ag brath ar chearta an Ghrúpa do na sócmhainní agus oibleagáidí a bhaineann le dliteanais na socruithe. Nuair a bhíonn an measúnú seo á dhéanamh, breithníonn an Grúpa struchtúr agus foirm dlí na socruithe, téarmaí conarthacha an tsocraithe comhaontaithe ag na páirtithe agus más cuí, fíricí agus imthosca eile.

**Comhoibríochtaí**
Is éard atá i gceist le comhoibríochtaí gnóthais ina meastar go bhfuil ESB freagrach as rialú comhpháirteach an tsocraithe agus go bhfuil cearta aige a bhaineann le sócmhainní agus oibleagáidí le haghaidh dliteanas an tsocraithe. Dá réir sin, aithnítear sciar sócmhainní, dliteanas, ioncam, costas agus ioncam cuimsitheach eile na Cuideachta sna catagóirí faoi seach laistigh de na ráitis airgeadais chomhdhlúite.

**Comhfhiontair**
Is éard atá i gceist le gnóthais chomhfhiontair (comhfhiontair) gnóthais atá á rialú ar bhonn conarthach ag ESB i gcomhpháirt le páirtí eile, agus tá cearta ag an nGrúpa a bhaineann le glansócmhainní an tsocraithe seachas cearta a bhaineann lena shócmhainní agus oibleagáidí maidir lena dhliteanais.

Déantar cuntas ar chomhfhiontair trí úsáid a bhaint as modh cuntasaíochta an chothromais. De réir mhodh an chothromais, áirítear sciar brabús nó caillteanas an Ghrúpa i ndiaidh cánach comhfhiontar, sa ráiteas ioncaim chomhdhlúite i ndiaidh úis agus táillí maoinithe. Léirítear sciar an Ghrúpa de mhíreanna d'ioncam cuimsitheach eile sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach.

Áirítear leasanna an Ghrúpa sna glansócmhainní mar infheistíochtaí i gcomhfhiontair bunaithe ar an gclár comhardaithe comhdhlúite ag méid atá ag déanamh ionadaíochta ar sciar an Ghrúpa de chóirluachanna na nglansócmhainní tráth na héadála móide dea-thoil, costais éadála, sciar an Ghrúpa d'ioncam agus costais choimeádta iar-éadála lúide aon táille bhearnúcháin. Ní aithnítear glandliteanais ach a mhéid is atá oibleagáidí dlí nó cuiditheacha tabhaithe ag ESB nó bunaithe ar íocaíochtaí atá déanta thar ceann comhfhiontar.



## 1. AN RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (ar lean)

Sa chás go bhfuil comaoin theagmhasach aitheanta tráth éadála, aithníonn an Grúpa dliteanas. Déantar cuntas ar aon athrú ina dhiaidh sin ar thomhas na comaoine teagmhasaí trí úsáid a bhaint as an gcur chuige bunaithe ar chostas agus cuirtear é seo i bhfeidhm ar bhonn ionchasach de réir IAS 8. Coigeartaítear an t-athrú ar dhliteanas comaoin theagmhasach de réir chostas na hinfheistíochta.

Baintear na méideanna atá san áireamh sna ráitis airgeadais chomhdhlúite i ndáil le torthaí iar-éadála comhfhiontar ón bhfaisnéis airgeadais is déanaí atá ar fáil suas go dtí dáta chlár comhardaithe an Ghrúpa.

Déanann an Grúpa measúnú maidir le cibé acu an n-éilíonn nó nach éilíonn athrú ar na fíricí agus imthosca go bhfuil gá fós le rialú comhpháirteach. Rinne an Grúpa meastóireacht ar a rannpháirtíocht i socruithe comhpháirteacha agus dheimhnigh sé go gcomhlíonann na hinfheistíochtaí sin critéir na gcomhfhiontar a mbeidh cuntas á dhéanamh orthu trí úsáid a bhaint as modh an chothromais.

I ráitis airgeadais na Máthairchuideachta, tugtar infheistíochtaí i gcomhfhiontair san áireamh trí úsáid a bhaint as modh cothromais na cuntasaíochta agus leas á bhaint as an modh céanna a ndéantar cur síos air thuas.

**Comhlachaithe**
Déantar cuntas ar aonáin seachas socruithe comhpháirteacha agus fochuideachtaí agus aonáin ar féidir leis an nGrúpa tionchar suntasach a imirt ar a mbeartais oibriúcháin agus airgeadais ach nach féidir leis iad a rialú nó a rialú ar bhonn comhpháirteach, mar chomhlachaithe trí úsáid a bhaint as modh an chothromais agus áirítear iad sna ráitis airgeadais chomhdhlúite ón dáta ar a meastar gur tharla tionchar suntasach go dtí an dáta a gcuirtear deireadh lena leithéid de thionchar.

### (iv) Caighdeáin agus léirmhínithe nua
Tá na caighdeáin agus léirmhínithe seo a leanas éifeachtach i gcomhthéacs an Ghrúpa in 2023:

| Caighdeáin nó leasuithe nua | Sonraí | Dáta Éifeachtach | Éifeacht ar thorthaí agus ar staid airgeadais an Ghrúpa |
|---|---|---|---|
| IAS 1 (Leasuithe) | Beartais Chuntasaíochta a Nochtadh | An 1 Eanáir 2023 | Éifeacht ábhartha ar bith |
| IAS 8 (Leasuithe) | Sainmhíniú ar Mheastacháin Chuntasaíochta | An 1 Eanáir 2023 | Éifeacht ábhartha ar bith |
| IAS 12 (Leasuithe) | Cáin Iarchurtha a bhaineann le Sócmhainní agus Dliteanais a eascraíonn as Idirbheart Singil | An 1 Eanáir 2023 | Méadú €15.2m ar shócmhainní cánach iarchurtha<br>Méadú €14.8m ar dhliteanais chánach iarchurtha<br>Méadú €0.2m ar bhrabús i ndiaidh cánach<br>Laghdú €0.2m ar réadmhaoin, gléasra agus trealamh<br>Féach Nóta 21 chun teacht ar bhreis sonraí |
| IAS 12 (Leasuithe) | Eisceacht shealadach ar na riachtanais maidir le sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha a bhaineann le hioncaim chánach cholún a dó | An 1 Eanáir 2023 | Éifeacht ábhartha ar bith - féach Nóta 21 chun teacht ar bhreis sonraí |
| IFRS 17 (Leasuithe Mheitheamh 2020 agus Nollaig 2021 ar IFRS 17 san áireamh) | Conarthaí Árachais | An 1 Eanáir 2023 | Éifeacht ábhartha ar bith |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 1. AN RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (ar lean)

### (v) Caighdeáin, léirmhínithe agus leasuithe ar chaighdeáin foilsithe nach bhfuil éifeachtach fós

Tá roinnt caighdeán, leasuithe ar chaighdeáin agus léirmhínithe nua nach bhfuil éifeachtach fós don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023 agus nár cuireadh i bhfeidhm fad is a bhí na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú:

| Caighdeáin nó leasuithe nua | Sonraí | Dáta Éifeachtach | Éifeacht ionchasach ar thorthaí agus ar staid airgeadais an Ghrúpa |
|---|---|---|---|
| IAS 1 (Leasuithe) | Aicmiú Dliteanas mar Dhliteanais Reatha nó Neamhreatha | An 1 Eanáir 2024 | Tá measúnú á dhéanamh ag an mBainistíocht faoi láthair ar thionchar ach ní mheasann siad go mbeidh siad ábhartha |
| IAS 1 (Leasuithe) | Dliteanais neamhreatha le Cúnaint (iarchur an Dáta Éifeachtaigh san áireamh) | An 1 Eanáir 2024 | Éifeacht ábhartha ar bith |
| IFRS 16 (Leasuithe) | Dliteanas Léasa i nDíol agus Léas | An 1 Eanáir 2024 | Éifeacht ábhartha ar bith |
| IAS 7 agus IFRS (Leasuithe) | Socruithe airgeadais soláthraí | An 1 Eanáir 2024 | Éifeacht ábhartha ar bith |
| IAS 21 (Leasuithe) | 'Éifeachtaí athruithe ar rátaí malartaithe eachtraigh: easpa inmhalartachta | An 1 Eanáir 2025 | Éifeacht ábhartha ar bith |

### (vi) Airgeadraí eachtracha

Cuirtear na ráitis airgeadais seo i láthair in Euro, arb é airgeadra feidhmiúil na Máthairchuideachta.

#### (a) Airgeadra feidhmiúil agus tuairiscithe

Déantar na míreanna a chuimsítear i ráitis airgeadais gach cinn d'aonáin an Ghrúpa a thomhas agus úsáid á baint as airgeadra na príomhthimpeallachta eacnamaíochta ina n-oibríonn an t-aonán (an t-airgeadra feidhmiúil). Cuirtear na ráitis airgeadais chomhdhlúite i láthair in Euro.

#### (b) Idirbhearta agus iarmhéideanna

Aistrítear idirbhearta in airgeadra eachtrach chuig an airgeadra feidhmiúil agus úsáid á baint as na rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm ag dátaí na n-idirbheart. Go ginearálta, aithnítear gnóthachain agus caillteanais airgeadra eachtraigh a bhaineann le réiteach a leithéid d'idirbhearta agus ó aistriú sócmhainní agus dliteanas airgid ainmnithe in airgeadraí eachtracha ag rátaí malairte dheireadh na bliana sa ráiteas ioncaim. Iarchuirtear i gcothromas iad má bhaineann siad le fáluithe sreabhaidh airgid cáilitheacha agus glanfháluithe infheistíochta cáilitheach nó baineann siad le cuid den ghlaninfheistíocht in oibríocht eachtrach.

Aistrítear earraí neamhairgeadaíochta a thomhaistear ar chóirluach in airgeadra iasachta agus leas á bhaint as na rátaí malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ag an dáta a deimhníodh an cóirluach. Tuairiscítear difríochtaí aistrithe ar shócmhainní agus dliteanais ag cóirluach mar chuid den ghnóthachan nó caillteanas cóirluacha. Mar shampla, aithnítear difríochtaí aistrithe ar shócmhainní agus dliteanais neamhairgeadaíochta cosúil le cothromais ag cóirluach trí bhrabús agus caillteanas, sa ráiteas ioncaim mar chuid de ghnóthachan nó caillteanas cóirluacha.

#### (c) Cuideachtaí an Ghrúpa

Tá airgeadra feidhmiúil difriúil ag torthaí agus staid airgeadais na n-oibríochtaí eachtracha (níl airgeadra geilleagair hipearbhoilscithigh ag aon cheann díobh) i gcomparáid leis an airgeadra tíolactha a aistrítear chuig an t-airgeadra tíolactha mar seo a leanas:

- tá sócmhainní agus dliteanais do gach clár comhardaithe tíolactha ag an ráta reatha ag dáta an chláir comhardaithe sin
- aistrítear ioncam agus costais le haghaidh gach ráiteas ioncaim agus ráiteas ar ioncam cuimsitheach an Ghrúpa ag meánrátaí malairte (murab ionann é seo agus neastachán réasúnach maidir le héifeacht charnach na rátaí atá sonraithe ag dátaí an idirbhirt, sa chás sin, aistrítear ioncam agus costais ag na rátaí malairte ag dátaí na n-idirbheart); agus
- aithnítear gach difríocht mhalairte a eascraíonn as a leithéid in ioncam cuimsitheach eile.

Tráth an chomhdhlúthaithe, aithnítear difríochtaí malairte a eascraíonn as aistriú aon ghlan-infheistíochta in aonáin eachtracha agus iasachtaíocht agus ionstraimí airgeadais eile ainmnithe mar fháluithe a leithéid d'infheistíochtaí, in ioncam cuimsitheach eile. Nuair a dhíoltar oibríocht eachtrach nó nuair a aisíoctar aon iasachtaíocht ar cuid de ghlan-infheistíocht iad, athrangaítear na difríochtaí malairte gaolmhara sa ráiteas ioncaim, mar chuid de ghnóthachan nó caillteanas ar dhíol.

Caitear le dea-thoil a bhaineann le héadáil oibríochta eachtraí mar shócmhainní agus dliteanais na hoibríochta eachtraí agus aistrítear iad ag an ráta reatha.



## 1. AN RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (ar lean)

### (vii) Réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus dímheas

#### Aithint agus tomhas

Sonraítear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ag costas lúide dímheas carntha agus bearnúchán carnach ar luach, seachas i gcás talamh a shonraítear ag costas lúide bearnúchán. Cuimsítear i réadmhaoin, gléasra agus trealamh costais fostaí caipitlithe, ús agus costais eile a bhaineann go díreach leis an tsócmhainn agus céatadán oiriúnach d'fhorchostais ábhartha.

#### Dímheas

Ríomhtar an táille dímheasa chun costas na réadmhaoine, an ghléasra agus an trealaimh a dhíluacháil chuig a luach iarmharach measta thar a shaolré úsáideach trí úsáid a bhaint as modhanna atá oiriúnach do chineál gnó an Ghrúpa agus do charachtar agus méid na réadmhaoine, an ghléasra agus an trealaimh. Ní dhéantar aon fhoráil do dhímheas ar thalamh ruílse nó ar shócmhainní i rith tógála. Ríomhtar dímheas ar mhíreanna eile réadmhaoine, gléasra agus trealaimh trí úsáid a bhaint as modh an mhéid chothroim chun a méideanna in-dímheasa a leithdháileadh thar a saolré úsáideach measta mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Struchtúir ionad giniúna agus stáisiún teirmeach | 20 bliain |
| Sócmhainní giniúna feirmeacha gaoithe | 20 / 25 bliain |
| Ionad agus struchtúir dáileacháin | 25 / 30 bliain |
| Ionad agus struchtúir tarchuir | 30 bliain |
| Foirgnimh agus stáisiúin hidrileictreacha ghinearálta | 50 bliain |
| Méadair Chliste | 10 mbliana |

#### Caiteachas ina dhiaidh sin

Áirítear caiteachas ina dhiaidh sin ar réadmhaoin, gléasra agus trealamh i suim ghlanluacha na sócmhainne nó aithnítear é mar shócmhainn ar leith, de réir mar is cuí, nuair is dócha go mbainfidh an Grúpa tairbhe as buntáistí geilleagracha todhchaíocha a bhaineann leis an mír agus gur féidir costas na míre a thomhas go hiontaofa. Gearrtar gach costas deisiúcháin agus cothabhála eile chuig an ráiteas ioncaim i rith na tréimhse airgeadais ina dtabhaítear iad.

San áireamh i réadmhaoin, gléasra agus trealamh tá páirteanna spártha straitéiseacha a bhaineann leis an ngnó giniúna leictreachais. Áirítear stoc caipitil i ngnó Networks i sócmhainní atá á dtógáil ar feitheamh coimisiúnú.

### (viii) Sócmhainní doláimhsithe agus dea-thoil

#### (a) Dea-thoil

Tíolactar dea-thoil a bhaineann le héadáil fochuideachtaí ar leithligh ar an gclár comhardaithe. Sa chás go sealbhaíonn an Grúpa níos lú ná 100% de ghnólacht, tomhaistear dea-thoil trí mhodh an sciar chomhréitigh a úsáid de na glansócmhainní a aithnítear agus leithdháileadh an phraghais ceannaigh a ríomh.

#### Tomhas ina dhiaidh sin

Tomhaistear dea-thoil ag costas lúide caillteanais bhearnúcháin charnacha. Tástáiltear dea-thoil gach bliain chun críche bearnúcháin. Aithnítear caillteanas bearnúcháin má tá suim ghlanluacha na sócmhainne nó an aonaid giniúna airgid (CGU) ag sárú a méid in-aisghabhála.

Is éard atá i gceist le méid in-aisghabhála sócmhainne nó CGU an luach is airde atá in úsáid agus a chóirluach lúide costais a bhaineann le díol. Nuair a bhíonn luach úsáide á mheas, lascainítear na sreafaí airgid todhchaíocha measta chuig a luach láithreach trí úsáid a bhaint as ráta lascaine réamhchánach ina gcuirtear san áireamh measúnuithe ar an margadh reatha ar luach ama an airgid agus ar na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an tsócmhainn nó le CGU.

Aithnítear caillteanais bhearnúcháin a bhaineann le dea-thoil sa ráiteas ioncaim agus ní aisiompaítear iad. Maidir le caillteanais bhearnúcháin, nuair a aithnítear dea-thoil trí úsáid a bhaint as modh an sciar chomhréitigh, ní aithnítear ach caillteanas bearnúcháin a bhaineann le dea-thoil atá leithdháilte ar an Máthairchuideachta mar chaillteanas bearnúcháin dea-thola.

#### (b) Liúntais astaíochtaí agus teastais oibleagáide in-athnuaite (ROCanna)

Taifeadtar liúntais astaíochtaí ceannaithe ag ESB mar shócmhainní doláimhsithe ag costas.

De réir mar a thagann astaíochtaí chun cinn, taifeadtar táille sa ráiteas ioncaim chun léargas a thabhairt ar an méid a theastaíonn chun an dliteanas chuig an údarás iomchuí a réiteach. Áirítear san fhoráil seo suim ghlanluacha na liúntas astaíochtaí ina sheilbh, mar aon le margadhluach reatha aon liúntas breise a theastaíonn chun an oibleagáid a réiteach. Tugtar na liúntais seo ar ais don Údarás iomchuí atá i gceannas ar an scéim laistigh de cheithre mhí ó dheireadh na bliana féilire sin le haghaidh scéim trádála astaíochtaí CO na hEorpa agus laistigh de thrí mhí le haghaidh scéim trádála astaíochtaí na Ríocht Aontaithe, chun an dliteanas le haghaidh astaíochtaí iarbhír CO i rith na bliana sin a chlúdach. Dá réir sin, cuirtear na liúntais astaíochtaí agus na ROCanna i láthair sa chlár comhardaithe mar shócmhainní doláimhsithe reatha.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 1. AN RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (ar lean)

Is teastais iad ROCanna a eisítear chuig oibreoirí stáisiún giniúna in-athnuaite creidiúnaithe sa Ríocht Aontaithe don leictreachas in-athnuaite incháilithe a ghineann siad. Gineann an Grúpa ROCanna go hinmheánach trína fheirmeacha gaoithe agus ceannaíonn siad ROCanna freisin ó thriú páirtithe. Aithnítear ROCanna a ghintear go hinmheánach ar chóirluach (bunaithe ar phraghas ceannaigh amach na tréimhse comhlíonta agus ar an meastachán ar an tairbhe athchúrsála) sa ráiteas ioncaim agus i sócmhainní doláimhsithe ar aon dul leis an leictreachas a ghintear go fisiciúil. Aithnítear ROCanna a ceannaíodh i dtosach ar chostas (praghas ceannaigh) laistigh de shócmhainní doláimhsithe. Úsáideann an grúpa ROCanna a ghintear go hinmheánach agus a cheannaítear go seachtrach chun dliteanas na scéime oibleagáide in-athnuaite a réiteach i ngnólacht Réitigh do Chustaiméirí.

Coimeádtar liúntais astaíochtaí agus ROCanna ag costas mar shócmhainní doláimhsithe agus, dá réir sin, ní amúchtar iad de bhrí go gcoimeádtar iad chun na dliteanais ghaolmhara a réiteach an bhliain dár gcionn.

### (c) Costais bhogearraí agus sócmhainní doláimhsithe eile

Caipitlítear ceadúnais bogearraí ríomhaireachta agus sócmhainní doláimhsithe eile lena n-áirítear naisc eangaí agus cearta sealbhaithe eile ar bhonn na gcostas tabhaithe chun an tsócmhainn shonrach a fháil agus a úsáid. Tomhaistear na sócmhainní seo ag costas lúide amúchadh carntha, a mheastar thar a saolré de réir méid chothroim, agus caillteanais bhearnúcháin charnacha. Rangú príomhshócmhainní agus a saolréanna leithdháilte:

| | |
|---|---|
| Bogearraí | 3 / 5 bliana |
| Míreanna doláimhsithe eile | a fhaide le 20 bliain |

Aithnítear costais forbartha atá nasctha go díreach le táirgeadh táirgí bogearraí so-aitheanta agus uathúil arna rialú ag an nGrúpa agus is dócha a chruthóidh buntáistí geilleagracha a sháraíonn costais bhliana, mar shócmhainní dóláimhsithe nuair a chomhlíontar na critéir seo a leanas:

- tá sé beartaithe ag an lucht bainistíochta na bogearraí a chomhlánú agus a úsáid nó a dhíol
- is féidir na bogearraí a úsáid nó a dhíol
- is féidir a léiriú conas a chruthóidh na bogearraí buntáistí geilleagracha amach anseo
- tá dóthain acmhainní teicniúla, airgeadais agus eile ann chun an fhorbairt a chur i gcrích agus chun críche úsáide nó díola
- is féidir an caiteachas atá luaite leis na bogearraí i rith a bhforbartha a thomhas go hiontaofa.

Áirítear i gcostais dhíreacha na costais a bhaineann le bogearraí a fhorbairt, fostaithe a íoc agus céatadán oiriúnach de na forchostais ábhartha. Tomhaistear na sócmhainní seo ag costas lúide amúchadh carntha, a mheastar thar a saolré úsáideach mheasta (trí go cúig bliana) ar bhonn líne dhíreach, agus caillteanais bhearnúcháin charnacha.

Caipitlítear na costais incriminteacha a bhaineann le conradh a fháil de réir IFRS 15 Ioncam ó Chonarthaí le Custaiméirí sa chás nach mbeadh na costais sin tabhaithe mura mbeadh an conradh faighte agus tá súil ag ESB na costais seo a aisghabháil. Tomhaistear na sócmhainní seo ag costas lúide amúchadh carntha, a mheastar thar a saolré úsáideach (2 bhliain) ar bhonn líne dhíreach, agus caillteanais bhearnúcháin charnacha.

### (d) Taighde agus forbairt

Aithnítear caiteachas taighde agus caiteachas forbartha nár chomhlíon na critéir thuas mar chostas tabhaithe. Ní aithnítear costais forbartha aitheanta roimhe seo mar chostas mar shócmhainn i dtréimhse ina dhiaidh sin.

### (ix) Bearnúchán sócmhainní neamhreatha seachas dea-thoil

Níl sócmhainní a bhfuil saolré úsáideach éiginnte acu faoi réir amúchta agus tástáiltear iad ar bhonn bliantúil chun críche bearnúcháin. Déantar tástáil ar shócmhainní atá faoi réir dímheasa agus amúchta le haghaidh bearnúcháin bunaithe ar cibé imeachtaí nó athruithe ar imthosca a thugann le fios go mb'fhéidir nach mbeadh an luach tugtha anonn in-aisghabhála. Déantar tástáil bhliantúil chun críche bearnúcháin ar shócmhainní nach bhfuil fós in úsáid. Aithnítear caillteanas bearnúcháin don mhéid a bhfuil méid tugtha anonn na sócmhainne ag sárú a mhéid in-aisghabhála. Is é an méid in-aisghabhála an méid is airde de chóirluach sócmhainne lúide an costas díolacháin agus an luach úsáide. Chun críche bearnúcháin a mheas, grúpáiltear sócmhainní ag na leibhéil is ísle ag a bhfuil sreafaí airgid atá inaitheanta leo féin (aonaid ghinte airgid).

Chomh fada is a bhaineann le sócmhainní giniúna leictreachais, tá an luach a úsáidtear bunaithe ar shreafaí airgid measta ionchasacha a bheidh á nginiúint ag an tsócmhainn agus bunaithe ar mheastacháin de ghiniúint chumhachta réamh-mheasta agus praghsanna cumhachta, gáis, carbóin agus acmhainne réamh-mheasta (más cuí) agus uainiú agus méid na gcostas oibriúcháin agus an chaiteachais chaipitiúil. Lascainítear na sreafaí airgid seo chuig a luach láithreach trí úsáid a bhaint as ráta lascaine réamhchánach ina gcuirtear san áireamh measúnú ar an margadh reatha ar luach ama an airgid agus ar na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an tsócmhainn.

## 1. AN RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (ar lean)

### (x) Sócmhainní Ceart Úsáide agus Dliteanais Léasa

Aithnítear léasanna mar shócmhainn ceart úsáide agus dliteanas comhfhreagrach ag an dáta ar a bhfuil an tsócmhainn léasaithe ar fáil le húsáid ag an nGrúpa. Nuair a bhunaítear conradh léasa, déanann an Grúpa measúnú ar cibé acu an ionann nó nach ionann conradh agus léas, nó an léas ann. Má thíolacann an conradh an ceart chun úsáid sócmhainne a rialú le haghaidh tréimhse ama mar mhalairt ar chomaoin, aithnítear é mar léas.

Chun measúnú a dhéanamh ar an gceart sócmhainn a rialú, breithníonn an Grúpa an méid seo a leanas:

- an bhfuil sócmhainn inaitheanta le fáil sa chonradh?
- an bhfuil an ceart ag an nGrúpa beagnach ach sochar geilleagrach a bhaineann leis an tsócmhainn a fháil?
- an bhfuil an ceart ag an nGrúpa an tsócmhainn a fheidhmiú i rith thréimhse an chonartha?

Tomhaistear sócmhainní agus dliteanais a eascraíonn ó léas ar bhonn luach láithreach ar dtús. Áirítear i ndliteanais léasa glanluach láithreach na n-íocaíochtaí léasa. Chomh maith leis sin, áirítear íocaíochtaí léasa atá le déanamh faoi roghanna sínte áirithe réasúnacha i dtomhas an dliteanais. Lascainítear na híocaíochtaí léasa trí úsáid a bhaint as an ráta úis atá sainráite sa léas. Mura féidir an ráta a chinneadh go héasca, rud a tharlaíonn go minic i gcás léasanna sa Ghrúpa, úsáidtear ráta iasachtaíochta incriminteach an léasaí, is é sin an ráta a bheadh le híoc ag an léasaí aonair chun na cistí atá riachtanach chun sócmhainn ar luach cosúil a fháil leis an tsócmhainn ceart úsáide i dtimpeallacht gheilleagrach chosúil le téarmaí, slándáil agus coinníollacha cosúla.

Leithdháiltear íocaíochtaí léasa idir príomhchostas agus costas airgeadais. Gearrtar an costas airgeadais chuig an ráiteas ioncaim thar thréimhse an léasa ionas gur féidir ráta tréimhsiúil seasta úis a bhunú d'iarmhéid fágtha an dliteanais le haghaidh gach tréimhse.

Tomhaistear sócmhainní ceart úsáid ag costas agus cuirtear an méid seo a leanas san áireamh:

- méid thomhas tosaigh dhliteanas an léasa
- aon íocaíochtaí léasa déanta ag nó roimh an dáta tosaithe feidhme lúide aon dreasachtaí léasa faighte
- aon chostais dhíreacha thosaigh, agus
- costais athchóirithe.

Go ginearálta, dímheastar sócmhainní ceart úsáide thar thréimhse níos giorra shaolré úsáideach na sócmhainne agus téarma léasa de réir méid chothroim. Má tá an Grúpa réasúnta cinnte go mbeidh rogha cheannacháin á feidhmiú, déantar an tsócmhainn ceart úsáide a dhímheas thar shaolré úsáideach na sócmhainne bunúsaí.

Aithnítear íocaíochtaí a baineann le léasanna gearrthéarmacha trealaimh agus feithiclí agus gach léas a bhaineann le sócmhainní íseal-luacha de réir an mhéid chothroim mar chostas sa ráiteas ioncaim. Is éard atá i gceist le léasanna gearrthéarmacha léasanna a bhfuil téarma léasa 12 mhí nó níos lú luaite leo agus nach bhfuil rogha cheannaigh luaite leo. Glactar leis go bhfuil sócmhainní íseal-luacha má tá luach na sócmhainne nua cothrom le níos lú ná €5,000. In ESB cuimsítear i sócmhainní íseal-luacha trealamh TF agus míreanna beaga de threalamh oifige.

Léasaíonn an Grúpa talamh agus foirgnimh éagsúla, talamh d'fheirmeacha gaoithe agus mórtarfheithiclí. De ghnáth, déantar conarthaí cíosa le haghaidh tréimhsí seasta ach d'fhéadfadh go mbeadh roghanna síntí luaite leo. Déantar téarmaí léasa a idirbheartú ar bhonn aonair agus cuimsítear iontu raon leathan téarmaí agus coinníollacha difriúla. Ní fhorchuireann na comhaontuithe léasa aon chúnaint, ach ní féidir sócmhainní léasaithe a úsáid mar shlándáil chun críche iasachtaíochta.

### (xi) Costais iasachtaíochta

Cuirtear costais iasachtaíochta a bhaineann le tógáil sócmhainní suntasacha, a thógann roinnt mhaith ama chun iad a ullmhú dá n-úsáid bheartaithe, le costas na sócmhainní sin ag meánchostas ualaithe iasachtaíochta, go dtí go mbíonn na sócmhainní réidh dá n-úsáid bheartaithe. Tá an ráta caipitlithe a chuirtear i bhfeidhm cothrom le meánchostas fiachas gan íoc ESB agus más cuí, cuirtear ráta tionscadail shonraigh i bhfeidhm. Cuirtear tionchar an fhálaithe san áireamh freisin agus an ráta caipitlithe á ríomh, nuair is infheidhme. Déantar táillí a bhaineann le fiachas a chruthú a chaipitliú agus déantar iad a amúchadh ansin i gcaitheamh shaolré an fhiachais chomhfhreagraigh. Aithnítear gach costas iasachtaíochta eile sa ráiteas ioncaim sa tréimhse ina dtabhaítear iad.

A mhéid is a úsáidtear iasachtaíocht ráta athraithigh chun sócmhainn cháilithe a mhaoiniú agus a mhéid is a bhfálaítear iad i bhfálú sreabhaidh airgid éifeachtaigh de riosca ráta úis, aithnítear an céatadán éifeachtach den díorthach in ioncam cuimsitheach eile agus athrangaítear é chuig an ráiteas ioncaim nuair a bhíonn tionchar ag an tsócmhainn cháilitheach ar bhrabús nó caillteanas. A mhéid is a úsáidtear iasachtaíocht ráta sheasta chun sócmhainní cáilitheacha a mhaoiniú agus a mhéid a fhálaítear iad i bhfálú cóirluacha éifeachtach de riosca ráta úis, tá fianaise ar an ráta úis fálaithe le fáil sna costais iasachtaíochta caipitlithe.

### (xii) Fardail

Tugtar fardail anonn ag an meánchostas is ísle agus ag an nglanluach inréadaithe. Cuimsítear i gcostas an praghas ceannaigh agus costais dhíreacha a tabhaíodh fad is a bhí na fardail á dtabhairt chuig a suíomh agus riocht reatha. Tá an glanluach inréadaithe bunaithe ar ghnáthchostas díola lúide aon chostais bhreise a bhfuiltear ag súil a thabhófar roimh dhiúscairt.

Déanfar foráil shonrach le haghaidh míreanna damáistithe, meathlaithe, seanchaite agus neamhúsáidte más féidir.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 1. AN RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (ar lean)

### (xiii) Sócmhainní agus dliteanais airgeadais

**Rangú agus tomhas**

Baineann na beartais chuntasaíochta seo a leanas le tomhas sócmhainní airgeadais i ráitis airgeadais chomhdhlúite ESB:

**Sócmhainní airgeadais ag cóirluach trí bhrabús nó caillteanas (FVTPL)**

Ar dtús, aithnítear na sócmhainní seo ag cóirluach, agus aithnítear costais idirbhirt sa ráiteas ioncam agus tomhaistear iad ag cóirluach ina dhiaidh sin. Aithnítear glanghnóthachain agus glanchaillteanais, lena n-áirítear aon ús nó ioncaim díbhinne, sa ráiteas ioncaim.

**Sócmhainní airgeadais ag cóirluach trí ioncam cuimsitheach eile (FVOCI)**

Tomhaistear na sócmhainní seo, nuair a aithnítear i dtosach iad, ag cóirluach agus tomhaistear iad ina dhiaidh sin ag cóirluach. Aithnítear glanghnóthachain agus glanchaillteanais in ioncam cuimsitheach eile.

**Sócmhainní airgeadais ag costas amúchta**

Tomhaistear na sócmhainní seo ina dhiaidh sin ag costas amúchta trí úsáid a bhaint as modh an ghlanráta úis. Laghdaíonn caillteanais bhearnúcháin an costas amúchta. Aithnítear ioncam úis, gnóthachain agus caillteanais airgeadra eachtraigh agus bearnúchán sa ráiteas ioncaim. Aithnítear aon ghóthachan nó caillteanas ar dhí-aithint sa ráiteas ioncaim.

**Trádáil agus infháltais eile**

Ar dtús, tomhaistear sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais ag cóirluach, seachas infháltais trádála nach bhfuil comhpháirtí shuntasach airgeadais ag baint leo, a thomhaistear ag praghas idirbhirt.

**Iasachtaí agus iarmhéideanna le hinstitiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu**

Is sócmhainní nó dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha iad iasachtaí agus iarmhéideanna le hinstitiúidí infheistiúcháin nach luaitear i margadh gníomhach. Áirítear iad i sócmhainní reatha nó dliteanais reatha ar an gclár comhardaithe nuair a bhfuiltear ag súil leis go réiteofar na suimeanna laistigh de 12 mhí tar éis dháta an chláir comhardaithe nó nuair atá iasachtaí in-aisíoctha ar éileamh. Rangaítear iasachtaí infhaighte nach bhfuiltear ag súil leis go réiteofar iad laistigh de 12 mhí tar éis dháta an chláir comhardaithe agus nach bhfuil in-aisíoctha ar éileamh mar shócmhainní neamhreatha. Rangaítear iasachtaí in-aisíoctha nach bhfuiltear ag súil leis go réiteofar iad laistigh de 12 mhí tar éis dháta an chláir comhardaithe agus nach bhfuil in-aisíoctha ar éileamh mar dhliteanais neamhreatha nuair atá ceart neamhchoinníollach ann chun réiteach an dliteanais a chur siar níos faide ná 12 mhí ó dháta an chláir comhardaithe. Áirítear iasachtaí agus iarmhéideanna i dtrádáil agus in infháltais eile nó i dtrádáil agus méideanna iníoctha eile i dtosach ar a luach sonrascaithe agus ar a gcostas amúchta ina dhiaidh sin agus úsáid á baint as modh an úis ghlain lúide liúntas caillteanais a chuirtear ar fáil do bhearnúchán.

**Iasachtaí agus iarmhéideanna le cuideachtaí Grúpa (Máthairchuideachta)**

Is sócmhainní nó dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha iad iasachtaí agus iarmhéideanna le Máthairchuideachtaí nach luaitear i margadh gníomhach. Áirítear iad i sócmhainní reatha nó dliteanais reatha ar an gclár comhardaithe nuair a bhfuiltear ag súil leis go réiteofar na suimeanna laistigh de 12 mhí tar éis dháta an chláir comhardaithe nó nuair atá iasachtaí in-aisíoctha ar éileamh. Rangaítear iasachtaí infhaighte nach bhfuiltear ag súil leis go réiteofar iad laistigh de 12 mhí tar éis dháta an chláir comhardaithe agus nach bhfuil in-aisíoctha ar éileamh mar shócmhainní neamhreatha. Rangaítear iasachtaí in-aisíoctha nach bhfuiltear ag súil leis go réiteofar iad laistigh de 12 mhí tar éis dháta an chláir comhardaithe agus nach bhfuil in-aisíoctha ar éileamh mar dhliteanais neamhreatha nuair atá ceart neamhchoinníollach ann chun réiteach an dliteanais a chur siar níos faide ná 12 mhí ó dháta an chláir comhardaithe. Áirítear iasachtaí agus iarmhéideanna i dtrádáil agus in infháltais eile nó i dtrádáil agus méideanna iníoctha eile i gclár comhardaithe na Máthairchuideachta agus déantar iad a thaifeadadh i dtosach ar chóirluach nó ar a luach sonrascaithe, faoi seach. Déantar iasachtaí ag iarmhéideanna a thaifeadadh ina dhiaidh sin ag costas amúchta.

**Trádáil agus méideanna iníoctha eile**

Ar dtús, taifeadtar trádáil agus méideanna iníoctha eile ag cóirluach, an méid a bhí luaite ar an sonrasc bunaidh de ghnáth, agus ina dhiaidh sin, tugtar anonn ag costas amúchta iad trí úsáid a bhaint as modh an ghlanráta úis.

**Bearnúchán**

Déanann an Grúpa measúnú ar bhonn réamhbhreathnaitheach ar na caillteanais chreidmheasa ionchasacha a bhaineann lena hionstraimí fiachais tugtha anonn ag costas amúchta. Braitheann an modh bearnúcháin a chuirtear i bhfeidhm ar cibé acu ar tugadh nó nár tugadh méadú suntasach ar riosca creidmheasa faoi deara.

Cuireann an Grúpa cur chuige simplithe IFRS 9 i bhfeidhm i leith na gcaillteanas creidmheasa ionchasach a thomhas a úsáideann liúntas caillteanais ionchasaigh saolré do gach infháltas trádála agus eile agus iasacht agus iarmhéid le cuideachtaí an Ghrúpa. Réamhíoctar caillteanais ionchasacha chreidmheasa ar iasachtaí scairshealbhóra le hinstitiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu trí úsáid a bhaint as an gcur chuige ginearálta. Bunaítear na liúntais chaillteanais do shócmhainní airgeadais ar thoimhdí ar riosca i leith rátaí caillteanais réamhshocraithe agus ionchasacha. Úsáideann an Grúpa breithiúnas agus na toimhdí seo á ndéanamh agus an t-ionchur á roghnú i leith na ríomhanna ionchasacha caillteanais creidmheasa, bunaithe ar iarstair an Ghrúpa, dálaí reatha margaidh agus meastacháin fadbhreathnaitheacha ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe. Féach Nóta 18 chun teacht ar bhreis sonraí.

## 1. AN RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (ar lean)

Maidir le hiasachtaí agus iarmhéideanna le cuideachtaí grúpa, cuireann an Mháthairchuideachta an cur chuige ginearálta a cheadaítear in IFRS 9 i bhfeidhm, a cheanglaíonn caillteanais chreidmheasa ionchasacha 12 mhí a aithint tráth aitheanta tosaigh na n-infháltas seo. Má tharlaíonn athrú suntasach ar an riosca creidmheasa, ceanglaítear caillteanais chreidmheasa na saolré ionchasaí a aithint i ndáil leis na hinfháltais seo.

**Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim**

Áirítear in airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim, taiscí in-aisíoctha ar éileamh agus infheistíochtaí leachtacha gearrthéarmacha eile a bhfuil tréimhse trí mhí nó níos lú luaite leis na haibíochtaí bunaidh a bhaineann leo. Áirítear in airgead tirim agus coibhéisí airgid chun críche an tsreabhaidh airgid rótharraingtí bainc atá in-aisíoctha ar éileamh agus ar cuid lárnach iad de mhodh bainistíochta airgid an Ghrúpa. Taispeántar rótharraingtí bainc laistigh d'iasachtaíocht i ndliteanais reatha sa chlár comhardaithe.

Áirítear taiscí airgid a bhfuil aibíochtaí de thrí mhí nó níos mó luaite leo mar thaiscí gearrthéarmacha laistigh de thrádáil agus infháltais eile.

Áirítear iarmhéideanna bainc, a bhfuil an úsáid a bhaineann an Grúpa astu, faoi réir srianta conarthacha tríú páirtí, mar chuid d'airgead tirim mura mbíonn na srianta mar thoradh le hiarmhéid nach bhfuil ag teacht leis an sainmhíniú ar airgead tirim níos mó. Tá eolas maidir le srianta conarthacha a bhfuil tionchar acu ar úsáid iarmhéideanna bainc le fáil i nóta 19. Má tá tréimhse níos faide ná 12 mhí i ndiaidh dheireadh na tréimhse tuairiscithe luaite le srianta conarthacha an t-airgead tirim a úsáid, rangaítear na méideanna gaolmhara mar méideanna neamhreatha sa chlár comhardaithe.

**(a) Iasachtaí**

**Iasachtaí úsmhara**

Ar dtús, aithnítear iasachtaí úsmhara ag cóirluach lúide costais idirbhirt ghaolmhara. I ndiaidh na haithinte tosaigh, sonraítear an iasachtaíocht seo ag costas amúchta trí úsáid a bhaint as modh an ghlanráta úis. Má athraítear dliteanas airgeadais a thomhaistear ag costas amúchta nach mbíonn dí-aithint dá bharr, aithnítear gnóthachan nó caillteanas sa ráiteas ioncaim. Ríomhtar an gnóthachan nó caillteanas mar an difríocht idir na bunsreafaí airgid conarthacha agus na sreafaí airgid athraithe lascainithe ag an nglanráta úis bhunaidh.

**(b) Ionstraimí airgeadais díorthacha agus ionstraimí fálaithe eile**

Úsáideann an Grúpa ionstraimí airgeadais díorthacha chun a neamhchosaint ar phraghas tráchtearraí, airgeadra eachtrach agus riosca ráta úis ó ghníomhaíochtaí oibríochtúla, airgeadais agus infheistíochta a fhálú. Áirítear sna príomhdhíorthaigh a úsáidtear babhtálacha ráta úis atá nasctha le boilsciú, babhtálacha airgeadra agus réamhchonarthaí airgeadra eachtraigh. Chomh maith leis sin, úsáidtear conarthaí tráchtearraí chun neamhchosaintí an Ghrúpa ar cheannach breosla agus díol leictreachais a fhálú. Baineann an Grúpa tairbhe as an tsamhail chuntasaíochta ginearálta fálaithe in IFRS 9. Ceanglaíonn sé seo ar an nGrúpa a chinntiú go bhfuil caidreamh cuntasaíochta fálaithe ailínithe lena chuspóirí agus straitéis bainistíochta riosca agus tairbhe a bhaint as cur chuige níos cáilíochtúla agus níos fadbhreathnaithí chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht fálaithe.

Laistigh dá ghnáthchúrsa gnó, glacann an Grúpa páirt i gconarthaí díolacháin agus ceannacháin le haghaidh tráchtearraí, gás agus leictreachas san áireamh. Sa chás gur síníodh conradh agus go bhfuil sé fós bailí chun críocha glacadh le nó seachadadh na dtráchtearraí de réir cheanglais ionchasacha díolacháin, ceannaigh nó úsáide an Ghrúpa, ainmnítear na conarthaí mar chonarthaí úsáide féin agus déantar cuntas orthu mar chonarthaí atá le comhlíonadh. Dá réir sin, ní bhaineann na conarthaí seo le raon Ionstraimí Airgeadais IFRS 9.

Déantar cuntas ar chonarthaí tráchtearraí nach bhfuil ainmnithe mar chonarthaí úsáide féin mar dhíorthaigh trádála agus aithnítear siad sa chlár comhardaithe ag cóirluach. Aithneofar na hathruithe ar chóirluach nuair is ann do chaidreamh cuntasaíochta fálaithe agus nuair atá an conradh ainmnithe chun críche fálaithe de réir IFRS 9 mar fháluithe sreabhaidh airgid nó fáluithe cóirluacha.

Úsáideann an Grúpa ionstraimí díorthacha airgeadais chun ráta úis agus neamhchosaintí airgeadra a fhálú. Aithnítear gach díorthach den chineál sin ag cóirluach agus ath-thomhaistear iad chuig cóirluach ag dáta an chláir comhardaithe. Glactar le babhtálacha ráta úis atá nasctha le boilsciú mar eisceacht ach tá formhór na n-ionstraimí airgeadais díorthacha eile ainmnithe mar ionstraimí atá á gcoimeád chun críche fálaithe.

Bunaítear ainmniú an chaidrimh fálaithe tráth bunaithe an chonartha. Braitheann an tslí a ndéileáiltear le gnóthachain agus caillteanais ar atomhas a dhéantar ina dhiaidh sin ar rangú an fhálaithe agus ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an caidreamh fálaithe ainmnithe mar chóirluach nó fálú sreabhaidh airgid.

Taifeadtar gach gluaiseacht cóirluacha ar dhíorthaigh nach bhfuil ainmnithe mar chaidreamh fálaithe tríd an ráiteas ioncaim laistigh d'ioncam agus costas airgeadais nó costais oibriúcháin eile, de réir mar is cuí. Déantar gluaiseachtaí ar chóirluach maidir leis na díorthaigh thráchtearra a bhaineann le príomha leis an lámhaltas fuinnimh a chur i gcuntas i gcostais oibriúcháin iomlána agus imrónn aon ghluaiseachtaí ar chóirluach ar dhíorthaigh a bhaineann le hús tionchar ar chostais airgeadais sa ráiteas ioncaim.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 1. AN RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (ar lean)

**Fáluithe sreabhaidh airgid**
Sa chás go bhfuil ionstraimí airgeadais dhíorthaigh ainmnithe mar fhálú den éagsúlacht ar shreafaí airgid dliteanas aitheanta, gealltanas gnólachta nó idirbheart réamh-mheasta ard-dóchúil, aithnítear glanráta aon ghnóthachain nó caillteanais ar ionstraim airgeadais díorthach go díreach in ioncam cuimsitheach eile. Nuair a bhíonn gealltanas nó idirbheart réamh-mheasta an ghnólachta mar bhonn le sócmhainn nó dliteanas neamhairgeadais a bheith á (h)aithint, baintear an gnóthachan nó caillteanas carnach ó ioncam cuimsitheach eile agus áirítear é i dtomhas tosaigh na sócmhainne nó an dliteanais sin. Seachas sin, baintear an gnóthachan nó caillteanas carnach ó ioncam cuimsitheach eile agus aithnítear é sa ráiteas ioncaim ag an am céanna leis an idirbheart fálaithe. Aithnítear an gnóthachan nó caillteanas a bhaineann leis an gcuid neamhéifeachtach sa ráiteas ioncaim láithreach.

Nuair a fhoirceanntar ionstraim fálaithe nó caidreamh fálaithe ach nuair atáthar fós ag súil go dtarlóidh an t-idirbheart fálaithe, ag an bpointe sin, fanann an gnóthachan nó caillteanas carnach sin in ioncam cuimsitheach eile agus aithnítear a leithéid de réir an bheartais thuasluaite nuair a tharlaíonn an t-idirbheart. Mura dócha go dtarlóidh an t-idirbheart fálaithe níos mó, aithnítear an gnóthachan nó caillteanas neamhréadaithe carnach in ioncam cuimsitheach eile sa ráiteas ioncaim láithreach.

**Fálú glan-infheistíochta in aonán eachtrach**
Sa chás go bhfálaíonn dliteanas airgeadra eachtraigh glaninfheistíocht in oibríocht eachtrach, aithnítear difríochtaí airgeadra eachtraigh a eascraíonn as aistriú an dliteanais go díreach in ioncam cuimsitheach eile, agus cuirtear san áireamh sa chúlchiste aistrithe é, agus aithnítear aon chuid neamhéifeachtach sa ráiteas ioncaim láithreach.

**(c) Ráthaíochtaí**
I rith an ghnáthchúrsa gnó, tugann an Grúpa ráthaíochtaí agus bannaí do thríú páirtithe, fochuideachtaí de chuid na Máthairchuideachta agus infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu. Sa chás gur dócha go mbeidh sé riachtanach déileáil le héilimh, baintear úsáid as samhail an chaillteanais creidmheasa ionchasaigh.

**(xiv) Stoc caipitil**
Tomhaistear na haonaid de stoc caipitil ag an bpraghas a sonraíodh nuair a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus ESB ESOP Trustee Limited iad.

**(xv) Cáin ioncaim**
Cuimsítear sa cháin ioncaim ar an mbrabús agus caillteanas don bhliain an cháin reatha agus an cháin iarchurtha. Aithnítear cáin ioncaim sa ráiteas ioncaim, seachas a mhéid a bhaineann sé le míreanna aitheanta go díreach in ioncam nó cothromas cuimsitheach eile.

**(a) Cáin reatha**
Déanfar foráil le haghaidh cáin reatha ag rátaí reatha agus ríomhtar an cháin seo bunaithe ar na torthaí don bhliain. Ní áirítear i gcostas cáin ioncaim sa ráiteas ioncaim cánachas ar sciar de bhrabús gnóthas comhfhiontair an Ghrúpa, de bhrí go gcuirtear é seo san áireamh i líne ar leith den ráiteas ioncaim le haghaidh sciar brabúis / (caillteanais) na hinstitiúide infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm uirthi, gan cháin.

**(b) Cáin iarchurtha**
Soláthraítear cáin iarchurtha trí úsáid a baint as modh dliteanais an chláir comhardaithe, agus cuirtear san áireamh difríochtaí sealadacha idir suimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas chun críche tuairiscithe cánach agus na méideanna a úsáideadh chun críche cánachais.

Aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha a mhéid is go mbreithníonn an Bord go bhfuil seans maith ann go mbeidh brabúis inchánaithe oiriúnacha ónár féidir aisiompú todhchaíoch na ndifríochtaí sealadacha bunúsacha a asbhaint.

Déantar cáin iarchurtha a thomhas ar na rátaí cánach a mheastar a bheidh á gcur i bhfeidhm sna tréimhsí ina bhfuil súil leis go ndéanfar na difríochtaí sealadacha a aisiompú, bunaithe ar rátaí cánach agus ar dhlíthe a bhí achtaithe nó a bhí achtaithe go substaintiúil ag dáta an chláir comhardaithe.

**(xvi) Forálacha**
Aithnítear foráil, más rud é mar thoradh ar theagmhas a tharla roimhe seo, go bhfuil oibleagáid dhlíthiúil nó chuiditheach ar na nGrúpa ar féidir iad a réamh-mheas go hiontaofa, agus gur dócha go mbeidh gá le heis-sreabhadh buntáistí geilleagracha chun an oibleagáid a réiteach. Déantar cinneadh maidir leis na forálacha trí na sreafaí airgid todhchaíocha ionchasacha a lascainiú ag ráta réamhchánach ina gcuirtear san áireamh measúnú ar an margadh reatha ar luach ama an airgid agus ar na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an dliteanas. Aithnítear leachtú na lascaine mar chostas airgeadais.

**Foráil le haghaidh oibleagáidí scoir sócmhainne**
Is ionann an fhoráil le haghaidh scor agus díchoimisiúnú stáisiún giniúna, feirmeacha gaoithe agus cuaillí adhmaid créasóidchóireáilte ESB Networks agus NIE Networks agus luach láithreach an réamh-mheastacháin reatha maidir leis na costais a bhaineann le dúnadh na stáisiún agus diúscairt na gcuaillí ag deireadh a saolréanna úsáideacha.

## 1. AN RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (ar lean)

Aithnítear na costais mheasta a bhaineann leis na stáisiúin a dhúnadh agus oibleagáidí scoir sócmhainne eile ina n-iomláine ag tús shaolré na sócmhainne, ach lascainítear iad chuig luachanna láithreacha trí úsáid a bhaint as ráta lascaine réamhchánach. Tá na costais seo caipitlithe i réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus á ndímheas thar shaolréanna geilleagracha úsáideacha na stáisiún nó sócmhainní eile lena mbaineann siad mura bhfuil deireadh a shaolré úsáidí sroichte ag an tsócmhainn ghaolmhar. Aithnítear athruithe a dhéantar ina dhiaidh sin ar an dliteanas a bhaineann le sócmhainní a bhfuil deireadh a saolré úsáideach sroichte acu sa ráiteas ioncaim de réir mar a tharlaíonn siad. Athbhreithnítear na costais gach bliain agus leasaítear iad de réir mar is gá. Caipitlítear na leasuithe ar na costais réamh-mheasta lascainithe i sócmhainní ábhartha agus dímheastar iad thar shaolré fágtha na sócmhainní sin a mhéid is atá na sócmhainní sin fós in úsáid.

De bhrí go bhfuil na costais caipitlithe agus curtha ar fáil ar bhonn lascainithe ar dtús, méadaítear an fhoráil mar gheall ar tháille mhaoinithe i ngach tréimhse, a ríomhtar bunaithe ar iarmhéid na forála agus ar an ráta lascaine curtha i bhfeidhm ag an dáta tomhais deiridh (nuashonraithe gach bliain) agus áirítear an fhoráil sa ráiteas ioncaim mar tháille mhaoinithe. Ar an tslí seo, beidh an fhoráil cothrom le costais dúnta mheasta ag deireadh shaolréanna geilleagracha úsáideacha stáisiún nó sócmhainní eile. Cuirtear an caiteachas iarbhír i gcomparáid leis an bhforáil de réir mar atá stáisiúin á ndúnadh nó oibleagáidí eile á gcomhlíonadh.

Áirítear an fhoráil a bhaineann le costais dúnta stáisiún giniúna agus oibleagáidí scoir sócmhainne eile i bhforálacha reatha nó neamhreatha de réir mar is cuí ar an gclár comhardaithe.

**(xvii) Dliteanais a bhaineann le fostaí**
**(a) Dliteanais athstruchtúraithe**
Tá sochair foirceanta deonacha iníoctha faoi chomhaontuithe comhchoiteanna éagsúla idir Bord ESB agus Grúpa Ceardchumann ESB nuair a ghlacann fostaí le hiomarcaíocht dheonach chun na sochair seo a fháil. Aithníonn an Grúpa sochair foirceanta nuair a thugann sé gealltanas maidir le, gan féidearthacht réalaíoch aistarraingthe, plean mionsonraithe foirmiúil fostaíocht a fhoirceannadh roimh an ngnáthaois scoir, nó sochair foirceanta a sholáthar mar thoradh ar thairiscint tugtha d'fhostaithe chun iomarcaíocht dheonach a spreagadh. Aithnítear gnáthshochair foirceanta nach bhfuil clúdaithe sa chomhaontú thuasluaite ag tráth nuair nach féidir leis an nGrúpa an tairiscint maidir leis na sochair sin a aistarraingt níos mó agus nuair a chuireann an Grúpa tús le cur chun feidhme an phlean athstruchtúraithe. Lascainítear sochair a bhfuiltear ag súil a réiteach níos mó ná 12 mhí i ndiaidh dháta an chláir comhardaithe chuig an luach láithreach. Ní dhéantar foráil le haghaidh caillteanas oibriúcháin todhchaíoch.

**(b) Dliteanais ghearrthéarmacha fostaí eile**
Aithnítear costais saoire agus bónas bliantúil fabhraithe nuair a sholáthraíonn fostaithe an tseirbhís nó nuair a mhéadaíonn an fheidhmíocht a dteidlíocht le haghaidh neamhláithreachtaí nó íocaíochtaí cúitithe amach anseo.

**(xviii) Oibleagáidí pinsin**
Tá scéimeanna pinsin éagsúla bunaithe ag an nGrúpa i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann, atá á maoiniú trí íocaíochtaí chuig cistí atá á riar ag iontaobhaithe.

**Scéimeanna pinsin i bPoblacht na hÉireann**
Oibríonn an Grúpa dhá scéim pinsin, a dtugtar Scéim Pinsin le Sochar Sainithe ESB agus Scéim Pinsin le Ranníocaíocht Shainithe ESB orthu. Tá pinsin le haghaidh fostaithe atá páirteach sa ghnólacht leictreachais á maoiniú trí scéim pinsin ranníocaíoch ar a dtugtar Scéim Pinsin le Sochar Sainithe ESB. Tá an ciste dílsithe in Iontaobhaithe atá ainmnithe ag ESB agus a chomhaltaí ar mhaithe le tairbhe fostaithe agus a gcleithiúnaithe. Tá an Scéim cláraithe mar Scéim le Sochar Sainithe leis an Údarás Pinsean.

Sonraítear sna rialacháin a bhfuil an Scéim á rialú acu na sochair atá le cur ar fáil agus sonraítear iontu freisin na ranníocaíochtaí atá le híoc ag ESB agus ag na baill rannpháirteacha. Déantar cinneadh maidir le sochair iníoctha trí thagairt a dhéanamh do shamhail pinsin bunaithe ar Mheántuilleamh Gairmréime Athluacháilte (CARE) do shochair tuillte i ndiaidh an 1 Eanáir 2012 (bunaithe ar thuarastail deiridh roimhe seo). Níl aon oibleagáid dhlíthiúil ar ESB ranníocaíochtaí a mhéadú chun sochair a sholáthar sa chás go mbíonn easnamh ann agus ní féidir ráta ranníocaíochta ESB a athrú gan comhaontú le ESB agus gan cead a fháil ón Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Má bheidh easnamh achtúireach ann amach anseo, tá dualgas ar ESB, faoi rialacháin na Scéime, dul i gcomhairle leis an gCoiste Aoisliúntais, na hIontaobhaithe agus Achtúire na Scéime chun breithniú a dhéanamh ar an ngá atá le Scéim leasaithe a chur faoi bhráid an Aire lena ceadú.

Faoi Chomhaontú Pinsean 2020 (faofa ag fostaithe i mí Iúil 2010 agus daingnithe go foirmiúil ag Bord ESB an 20 Deireadh Fómhair 2010), chomhaontaigh ESB ar íocaíocht airgid aonuaire a chur ar fáil don Scéim, a bheadh iníoctha thar roinnt blianta, a raibh luacháil chomhaontaithe chun críocha achtúireacha de €591.0 milliún luaite leis an 1 Eanáir 2010. Níor athraíodh na rátaí ranníocaíochta seasta don fhostóir agus d'fhostaithe. Faoin gComhaontú, níl an Scéim ag glacadh le baill nua.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 1. AN RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (ar lean)

Rinneadh cinneadh maidir le hoibleagáidí na Scéime atá arna léiriú i ráitis airgeadais ESB de réir IAS 19 Sochair Fostaí. De bhrí nach ionann an Scéim agus Scéim le Sochar Sainithe a bhfuil "gnáthchothromaíocht costas" luaite leis (áit a bhfuil an fostóir faoi dhliteanas iarmhéid na ranníocaíochtaí a theastaíonn chun sochair a mhaoiniú a íoc), éilíonn na hoibleagáidí atá sonraithe sna ráitis airgeadais go mbeidh breithiúnas á dhéanamh. Sa chás go mbíonn easnamh ann amach anseo, tá dualgas ar an gCuideachta, dul i gcomhairle le páirtithe na Scéime. Níl aon oibleagáid ar ESB, áfach, ranníocaíochtaí a mhéadú chun sochair a sholáthar sa chás go mbíonn easnamh ann agus níl sé beartaithe ag an gCuideachta aon ranníocaíochtaí breise a dhéanamh, seachas na ranníocaíochtaí leanúnacha a dhéanfar (tabhair faoi deara: tá an ranníocaíocht bhreise €591.0 milliún comhaontaithe mar chuid de Chomhaontú Pinsean 2010 íoctha go hiomlán anois). Dá réir sin, tá cinneadh déanta ag ESB gur cheart go léireofaí a oibleagáidí don Scéim sna ráitis airgeadais, ina gcuimsítear:

(a) Gealltanais tugtha roimhe seo a bhaineann le seirbhís curtha ar fáil roimhe seo (luach láithreach na ranníocaíochtaí comhaontaithe a bhaineann le seirbhís roimh Dheireadh Fómhair 2010); agus

(b) Iarchláir Téarfa Deonach – in 2010 shainaithin an Chuideachta gealltanas todhchaíoch maidir le comhaltaí foirne a d'fhág an Chuideachta faoi iarchláir Téarfa Dheonaigh. Déanfaidh ESB ranníocaíochtaí pinsin le haghaidh na gcomhaltaí foirne sin agus aithneofar ag cóirluach iad.

Aithnítear ranníocaíochtaí leanúnacha (suas go dtí 16.4%) sa ráiteas ioncaim nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon mhéideanna neamhíoctha ag deireadh na bliana mar dhliteanais ar an gclár comhardaithe.

Is scéim le Ranníocaíocht Shainithe é Scéim Pinsin le Ranníocaíocht Shainithe ESB agus déantar cuntas ar ranníocaíochtaí chuig an Scéim ar bhonn sochar sainithe agus gearrtar ranníocaíocht an fhostóra i Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa sa tréimhse ina mbíonn na ranníocaíochtaí iníoctha.

**Scéim Páirtithe Leasmhara FM na Ríochta Aontaithe**
Tá scéim pinsin páirtithe leasmhara bunaithe ag ESB sa Ríocht Aontaithe dá fhostaithe ar fad sa Bhreatain Mhór. Is scéim le ranníocaíocht shainithe é an scéim pinsin agus déantar cuntas ar ranníocaíochtaí chuig an Scéim ar bhonn ranníocaíochta sainithe agus gearrtar ranníocaíocht an fhostóra i ráiteas ioncaim an Ghrúpa sa tréimhse ina mbíonn na ranníocaíochtaí iníoctha.

**Scéim Pinsin i dTuaisceart Éireann**
Tá scéim pinsin lena mbaineann dhá chuid ag gealltanas fochuideachta faoi lánúinéireacht an Ghrúpa, Northern Ireland Electricity Networks Limited (NIE Networks): Roghanna ranníocaíocht shainithe, Fócas le sochar sainithe. Gearrtar costais phinsin maidir leis an scéim le ranníocaíocht shainithe ar an ráiteas ioncaim de réir mar a bhíonn siad iníoctha. Níltear ag glacadh le comhaltaí nua in Focus ón mbliain 1998. Ríomhann achtúirí neamhspleácha oibleagáidí sochair shainithe NIE Networks gach bliain trí úsáid a bhaint as modh an aonaid chreidmheasa réamh-mheasta, agus lascainítear iad ag ráta roghnaithe trí thagairt a dhéanamh do ráta reatha toraidh bannaí corparáideacha ar ardchaighdeán d'airgeadra agus téarma dliteanas coibhéiseach. Déantar sócmhainní na scéime pinsin a thomhas ag cóirluach. Faightear luachálacha achtúireacha iomlána trí huaire sa bhliain ar a laghad agus déantar iad a nuashonrú gach bliain ina dhiaidh sin. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha ina n-iomláine sa tréimhse ina dtarlaíonn siad agus aithnítear iad in ioncam cuimsitheach eile.

Gearrtar an costas a bhaineann le sochair a sholáthar faoin scéim sochair shainithe chuig an ráiteas ioncaim i rith na dtréimhsí a mbaintear tairbhe as seirbhís fostaithe. Aithnítear iarchostais seirbhíse lena n-áirítear caillteanais chiorrúcháin sa ráiteas ioncaim sa tréimhse ina dtarlaíonn siad. Tá an t-ioncam úis ó shócmhainní na scéime pinsin agus an costas úis ar dhliteanais na scéime pinsin san áireamh sa ghlanchostas airgeadais.

Nuair is ann do bharrachas i scéim le sochar sainithe 'Focus', aithníonn an Grúpa barrachas cuntasaíochta ar aon dul leis an luacháil IAS19 is déanaí ar bhunús mheasúnú an Ghrúpa go bhfuil an ceart aige aon bharrachas atá ann go fóill ar fhoirceannadh na scéime pinsin faoi dheireadh tar éis dliteanais na scéime a réiteach de réir a chéile.

**(xix) Ioncam ó chonarthaí le custaiméirí**
Cuimsítear go príomha in ioncam luachanna díolacháin díorthaithe ón méid seo a leanas:
- Cuimsítear in ioncam Réitigh do Chustaiméirí go príomha díolacháin chuig custaiméirí leictreachais agus gáis.
- Tuilleann ESB Networks agus NIE Networks ioncam Úsáide Córais i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann faoi seach.
- Eascraíonn ioncam Giniúna agus Trádála as giniúint leictreachais go príomha.
- Ioncam díorthaithe ó sholáthar seirbhísí innealtóireachta, teileachumarsáide agus seirbhísí eile.

## 1. AN RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (ar lean)

**Réitigh do Chustaiméirí**
**Ioncam ó dhíolacháin chuig custaiméirí leictreachais agus gáis**
Tuilltear an t-ioncam seo ó chustaiméirí baile agus gnó i bPoblacht na hÉireann (PÉ), Tuaisceart Éireann (TÉ) agus an Bhreatain Mhór (an BM). Aithnítear ioncam le himeacht ama bunaithe ar ídiú gáis agus leictreachais. Cuimsítear in ioncam leictreachais agus gáis luach na n-aonad a cuireadh ar fáil do chustaiméirí idir dáta an léamha méadair deiridh agus deireadh na tréimhse. Ar dtús, áirítear an meastachán seo i dtrádáil agus infháltais eile sa chlár comhardaithe mar leictreachas miondíola - neamhbhilleáilte, íoctar custaiméirí go míosúil nó go démhíosúil ag brath ar an gcineál cuntais, agus ina dhiaidh sin, aithnítear iad mar infháltais leictreachais miondíola - billeáilte. Is é 14 lá atá luaite leis an téarma creidmheasa baile agus le hinfháltais leictreachais miondíola. Braitheann téarmaí creidmheasa custaiméirí gnó ar an gconradh atá acu.

Ríomhtar ioncam neamhbhilleáilte trí úsáid a bhaint as ioncam réamh-mheasta trí tharaifí a chur i bhfeidhm atá oiriúnach do chineálacha custaiméirí sonracha agus don toirt mheasta leictreachais nó gáis ídithe ag na cineálacha custaiméirí sin, lúide na méideanna iomlána billeáilte don tréimhse ábhartha cheana féin. Áirítear sa phróiseas seo anailís a dhéanamh ar thoirteanna agus rátaí neamhbhilleáilte ríofa (in GWh agus na milliúin teirmeacha) agus breithnítear gluaiseachtaí ar tharaifí praghsála, séasúracht agus sonraí maidir le hídiú iomlán bunaithe ar an soláthraí faighte ag I-SEM. Tá roinnt rudaí éagsúla á dtairiscint cosúil le bónais chláraithe, lascainí agus luaíochtaí atá ar fáil do chustaiméirí atá á lascainiú mar chomaoin athraitheach faoi IFRS 15. Cuirtear lascainí agus luaíochtaí leanúnacha i bhfeidhm ar bhillí na gcustaiméirí ábhartha de réir a chéile. Nuair a chláraítear, cuirtear bónais chláraithe i bhfeidhm ar chuntais custaiméirí de réir a chéile ag brath ar leibhéil úsáide an chustaiméara.

**Ioncam eile**
Cuimsítear in ioncam eile ioncam díorthaithe ó sholáthar seirbhísí fuinnimh agus teileachumarsáide agus is ionann é agus cóirluach na seirbhísí agus oibreacha curtha ar fáil do chustaiméirí. Meastar go bhfuil seirbhísí curtha ar fáil do chustaiméirí nuair atá, agus a mhéid atá a oibleagáidí feidhmíochta comhlíonta ag an aonán faoina chonarthaí. Aithnítear ioncam de réir a chéile de réir an mhodh ionchuir sa ráiteas ioncaim de réir théarmaí an chonartha i gcomhréir leis an gcéim chríochnaithe, bunaithe ar chostais iomlána an chonartha. Aithnítear ioncam billeáilte mar neamhleictreachas infhaighte agus socraítear an bille laistigh de 30 lá gnó de ghnáth. Aithnítear ioncam neamhbhilleáilte in infháltais eile.

**ESB Networks - Ioncam ó tháillí Úsáide Córais ar chustaiméirí**
Aithníonn ESB Networks ioncam ó Chóras Úsáide ina gcuimsítear ioncam Úsáid an Chórais le haghaidh Dáileacháin (DUoS) agus ioncam Úsáid an Chórais le haghaidh Tarchuir (TUoS) den chuid is mó. Tá ESB Networks ag feidhmiú i bPoblacht na hÉireann agus is gnólacht rialaithe é, a thuilleann a ioncam go príomha ó thoradh ceadaithe ar a Bhonn Sócmhainní Rialaithe (RAB) agus óna chostais oibriúcháin a aisghabháil.

Tuilltear ioncam DUoS trí tháillí a ghearrtar ar sholáthraithe chun úsáid a baint as córas dáileacháin ESB Networks. Tá ioncam DUoS sainaitheanta de réir na húsáide atá á baint ag soláthraithe as an gcóras agus aon úsáid bhilleáilte agus neamhbhilleáilte gan íoc le haghaidh DUoS san áireamh mar infháltas Úsáide Córais ar an gclár comhardaithe. Déantar sonrasc le haghaidh ioncam DUoS a sheoladh ar bhonn démhíosúil. Chomh maith leis sin, tuilltear ioncam ó oibríochtaí agus táillí bliantúla cothabhála le haghaidh gineadóirí atá nasctha leis an gcóras Dáileacháin. Tá siad seo bunaithe ar mhéid caighdeánach de réir an chiliméadair líne nó cábla agus aithnítear iad de réir a chéile de réir mar a chomhlíontar an oibleagáid feidhmíochta.

Tuilltear ioncam TUoS trí shócmhainní tarchurtha a chothabháil chun tacú le hoibríocht éifeachtach EirGrid. Don chonradh praghais sheasta seo, aithnítear ioncam TUoS de réir a chéile de réir méid cothrom agus aithnítear infháltas Úsáide Córais ar an gclár comhardaithe.

Faigheann ESB Networks ioncam ranníocaíochtaí soláthair neamh-in-aisíoctha mar thoradh ar naisc nua a sholáthar dá líonra reatha le haghaidh réadmhaoine, gléasra agus trealaimh. Coimeádtar na ranníocaíochtaí seo i méideanna iníoctha trádála mar íocaíochtaí dul chun cinn go dtí go mbíonn a n-oibleagáid feidhmíochta comhlíonta. Nuair atá an oibleagáid feidhmíochta comhlíonta ag an obair ar an nasc aistrítear iad chuig ioncam iarchurtha agus cuirtear san áireamh mar ioncam iad sa ráiteas ioncaim thar shaolré gheilleagrach úsáideach mheasta na sócmhainní gaolmhara (mar athróg ionadach do shaolré an chaidrimh leis an gcustaiméir). Meastar go bhfuil saolré úsáideach na sócmhainní seo cothrom le 25 agus 30 bliain le haghaidh na líonraí dáileacháin agus tarchurtha faoi seach.

Chomh maith leis sin, aithníonn ESB Networks ioncam ó roinnt foinsí neamhrialaithe. Aithnítear ioncam ó sheirbhísí líonra coimhdeacha a sholáthar mar aon le hioncam ilghnéitheach eile. Aithnítear gach ioncam neamhrialaithe ag pointe ama agus tugtar anonn infháltas comhfhreagrach ar an gclár comhardaithe le haghaidh gach earra.

**NIE Networks - Ioncam ó tháillí Úsáide Córais ar chustaiméirí**
Faigheann NIE Networks a ioncam go príomha trí tháillí úsáid an chórais le haghaidh dáileacháin (DUoS) a íocann soláthraithe fuinnimh agus táillí seirbhísí tarchurtha (TSC) a bhaineann go príomha le húsáid a bhaint as an gcóras tarchurtha agus a íocann an tOibreoir Córais do Thuaisceart Éireann (SONI).

Tá ioncam DUoS sainaitheanta de réir na húsáide atá á baint ag soláthraithe as an gcóras agus aon úsáid bhilleáilte agus neamhbhilleáilte gan íoc le haghaidh DUoS san áireamh mar infháltas Úsáide Córais ag dáta an chláir comhardaithe.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 1. AN RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (ar lean)

San áireamh i mbrabús oibriúcháin an Ghrúpa tá ioncam agus costais a bhaineann le táillí na hOibleagáide Seirbhísí Poiblí (PSO) atá go hiomlán inghnóthaithe (lena n-áirítear méideanna íoctha faoi Chlár Fuinneamh Inbhuanaithe Thuaisceart Éireann), ainneoin go bhfuil difríochtaí uainithe idir fáil ioncaim / íocaíocht costas agus aisghabháil na méideanna seo trí tháillí PSO. Tuilltear ioncam PSO de réir a chéile de réir na húsáide atá á baint ag soláthraithe as an gcóras faoin sceideal teidlíochta atá sonraithe ag an Rialtóir Fóntais le haghaidh gach tréimhse taraife. Le cois ioncam na taraife PSO, sainaithníonn NIE Networks ioncam faighte ón nGnó Soláthair Cumhachta (PPB) ag pointe ama de bhrí nach bhfuil smacht ag NIE Networks ar an méid ama nó ar uainiú fála ioncam PPB.

Tuilltear ioncam TSC trí shócmhainní tarchurtha a chothabháil chun tacú le hoibriú éifeachtach SON. Don chonradh praghais sheasta seo, aithnítear ioncam TSC de réir a chéile de réir méid cothrom agus aithnítear infháltas Úsáide Córais ar an gclár comhardaithe.

Faigheann NIE Networks ioncam ranníocaíochtaí soláthair neamh-in-aisíoctha mar thoradh ar naisc nua a sholáthar dá líonra reatha le haghaidh réadmhaoine, gléasra agus trealaimh. Coimeádtar na ranníocaíochtaí seo i méideanna iníoctha trádála mar íocaíochtaí dul chun cinn go dtí go mbíonn a n-oibleagáid feidhmíochta comhlíonta. Nuair atá an oibleagáid feidhmíochta comhlíonta ag an obair ar an nasc aistrítear iad chuig ioncam iarchurtha agus cuirtear san áireamh mar ioncam iad sa ráiteas ioncaim thar shaolré gheilleagrach úsáideach mheasta na sócmhainní gaolmhara (mar athróg ionadach do shaolré an chaidrimh leis an gcustaiméir). Meastar go bhfuil saolré úsáideach na sócmhainní seo cothrom le 25 agus 30 bliain le haghaidh na líonraí dáileacháin agus tarchurtha faoi seach.

**Eascraíonn ioncam Giniúna agus Trádála as giniúint leictreachais go príomha**

**Poblacht na hÉireann**

**Margadh Leictreachais Aonair Comhtháite (I-SEM)**

Is socrú don mhargadh leictreachais mórdhíola é I-SEM d'Éirinn agus do Thuaisceart Éireann atá beo ón 1 Deireadh Fómhair 2018. Laistigh den I-SEM tá roinnt margaí nó ceantanna, agus tá amfrámaí difriúla trádála luaite leo ar fad, agus sásraí réitigh (ainneoin gaolmhara) ar leithligh.

Tá dhá mhargadh ex-ante bunaithe le haghaidh fuinneamh fisiciúil: an Margadh Lá Roimh Ré agus an Margadh Ionlae. Lena chois sin, tairgeann gineadóirí (táirgeoirí fuinnimh) agus soláthraithe (tomhaltóirí fuinnimh) Seirbhísí cothromaithe fuinnimh. Glactar le hacmhainn mar ghealltanas a thugann gineadóir nó úinéir idirnascaire a bheith ar fáil chun leictreachas a chur ar fáil don eangach, más gá. Faigheann soláthraithe acmhainne a n-éiríonn leo sa Mhargadh Acmhainne íocaíocht acmhainne rialta, a chabhraíonn le hacmhainn ghiniúna a mhaoiniú. Aithnítear ioncam ó dhíol leictreachais sna margaí I-SEM de réir a chéile bunaithe ar ídiú leictreachais agus aithnítear infháltas I-SEM ar an gclár comhardaithe agus réitítear í ar bhonn laethúil don mhargadh ex-ante agus ar bhonn seachtainiúil don mhargadh ex-post.

Faightear ioncam acmhainne trí 'Sásra Luach Saothair Acmhainne' (CRM) a chiallaíonn go ndéantar íocaíocht acmhainne le rannpháirtí i ndáil le hAonad Giniúna i ngach Tréimhse Acmhainne bunaithe ar Infhaighteacht Incháilithe Aonaid, atá bunaithe ar Phróifíl Infhaighteachta Aonaid. Aithnítear ioncam de réir a chéile agus aithnítear infháltas I-SEM ar an gclár comhardaithe agus réitítear a leithéid laistigh de mhí amháin.

Faightear ioncam coimhdeach trí chlár 'Córas Leictreachais Shláin, Inbhuanaithe a Sholáthar' (DS3) a bhfuil sé mar aidhm leis seirbhísí freagartha minicíochta a sholáthar don eangach. Aithnítear ioncam coimhdeach de réir a chéile. Aithnítear ioncam coimhdeach mar infháltas I-SEM ar an gclár comhardaithe agus réitítear a leithéid laistigh de mhí amháin.

**An Bhreatain Mhór**

Is é Socruithe Trádála agus Tarchurtha Leictreachais na Breataine an margadh leictreachais mórdhíola atá ag feidhmiú sa Bhreatain Mhór (GB). Éagsúil le I-SEM, d'fhéadfadh trádáil tarlú idir gineadóirí agus soláthraithe ar bhonn déthaobhach nó trí mhalartuithe. Is féidir a chinntiú gur féidir le conarthaí fisiciúla agus airgeadais luaineacht praghsanna a bhainistiú, le haghaidh amscálaí idir blianta amach anseo agus margaí trádála ar an lá. Tá scéim luacha saothair acmhainne bunaithe ag Rialtas na Breataine, a chiallaíonn go mbronntar conarthaí acmhainne ar ghineadóirí (bunaithe ar thoradh ceant) a chuireann ar a gcumas íocaíochtaí a fháil le haghaidh acmhainn ghiniúna a sholáthar agus ag an am céanna pionóis a fháil le haghaidh neamhsheachadta i rith teagmhais nuair a bhíonn ganntanas acmhainne ann. Aithnítear ioncam a bhaineann le híocaíochtaí acmhainne de réir a chéile.

Faightear ioncam ón mBreatain Mhór trí chumhacht a dhíol le contrapháirtithe sa Bhreatain Mhór agus aithnítear a leithéid de réir a chéile nuair a bhíonn oibleagáidí feidhmíochta á gcomhlíonadh. Aithnítear ioncam a bhaineann le margadh na Breataine Móire mar infháltais leictreachais eile ar an gclár comhardaithe agus réitítear a leithéid ar bhonn laethúil nó míosúil ag brath ar théarmaí an chonartha aonair.

**Codanna Eile - Ioncam Eile**

Cuimsítear in ioncam eile ioncam díorthaithe ó sheirbhísí leictreachais, meicniúla, sibhialta, comhshaoil, innealtóireachta, díolacháin maoine agus comhairleoireachta a sholáthar agus is ionann é agus cóirluach seirbhísí agus oibreacha curtha ar fáil do chustaiméirí.

## 1. AN RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (ar lean)

Meastar go bhfuil seirbhísí curtha ar fáil do chustaiméirí nuair atá, agus a mhéid atá a oibleagáidí feidhmíochta comhlíonta ag an aonán faoina chonarthaí. Aithnítear ioncam de réir a chéile de réir an mhodh ionchuir sa ráiteas ioncaim de réir théarmaí an chonartha i gcomhréir leis an gcéim chríochnaithe, bunaithe ar chostais iomlána an chonartha. Aithnítear ioncam billeáilte mar neamhleictreachas infhaighte agus socraítear an bille laistigh de 30 lá gnó de ghnáth. Aithnítear ioncam neamhbhilleáilte in infháltais eile.

**(xx) Ioncam oibriúcháin eile**

Cuimsítear in ioncam oibriúcháin eile ioncam a fhabhraíonn an Grúpa lasmuigh de ghnáthghníomhaíochtaí trádála an Ghrúpa.

**(xxi) Codanna oibriúcháin – IFRS 8**

Tá ceanglais nochta IFRS 9 Codanna Oibriúcháin curtha i bhfeidhm go deonach ag ESB le haghaidh an Ghrúpa. Sonraítear in IFRS 8 conas ba cheart d'aonán faisnéis maidir lena chodanna a nochtadh trí úsáid a bhaint as "cur chuige bainistíochta" trína chuirtear faisnéis coda i láthair ar an mbonn céanna a úsáidtear le haghaidh tuairisciú inmheánach. Tá faisnéis airgeadais le haghaidh codanna a bhfuil athbhreithniú rialta ar a ngníomhaíochtaí oibriúcháin á dhéanamh ag an bhFoireann Feidhmiúcháin agus ag an mBord, an Príomhchinnteoir Oibriúcháin (CODM) i dteannta a chéile, chun cinntí a dhéanamh maidir le leithdháileadh acmhainní agus measúnú feidhmíochta, le fáil i nóta 3 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

**(xxii) Costais**

**(a) Costais fostaí**

Fabhraítear tuarastail, ragobair, costais, bónais, ranníocaíochtaí leasa shóisialaigh (ÁSPC), árachas náisiúnta, saoire bhliantúil le pá agus saoire bhreoiteachta sa tréimhse ina gcuireann fostaithe an Ghrúpa na seirbhísí gaolmhara ar fáil.

**(b) Costais Fuinnimh**

Cuimsítear i gcostais fuinnimh costais dhíreacha bhreosla (gual agus gás go príomha), leictreachas ceannaithe, táillí Úsáide Córais (costais leictreachais eile) agus glanchostais astaíochtaí. Aithnítear costais bhreosla agus leictreachais ceannaithe de réir mar a úsáidtear iad. Tá an Grúpa páirteach i roinnt comhaontuithe ceannaigh cumhachta fadtéarmacha le haghaidh méideanna seasta. Tá méid san áireamh i gcostais fuinnimh freisin a bhaineann le tionchar scéim Rialtas na hÉireann chun teorainn a chur le hioncaim mhargaidh gineadóirí áirithe leictreachais ón 1 Nollaig 2022 go dtí Meitheamh 2023.

**(c) Costais oibriúcháin agus costais chothabhála eile**

Baineann costais oibriúcháin agus costais chothabhála eile go príomha le costais ollchóirithe agus tionscadail, costais chonraitheora agus costais bhunaithe. Aithnítear na costais seo sa ráiteas ioncaim de réir mar a thabhaítear iad.

**(d) Ioncam airgeadais agus costais airgeadais**

Cuimsítear in ioncam airgeadais ioncam úis ar thaiscí bainc, a mheallann ús ag rátaí úis taisce i réim i dteannta le hioncam úis ar iasachtaí, agus ioncam úis ó shuimeanna tá dlite ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu. Cuimsítear i gcostais airgeadais sa Mháthairchuideachta freisin ioncam ó ús ar shuimeanna atá dlite ó ghnóthais fochuideachta.

Cuimsítear i gcostais airgeadais costas úis a bhaineann le hiasachtaíocht, leachtú na lascaine ar fhorálacha, táillí maoinithe pinsin, gnóthachain agus caillteanais chóirluacha ar ionstraimí airgeadais nach bhfuil cáilithe le haghaidh cuntasaíocht fálaithe nó sa chás nach bhfuil cuntasaíocht fálaithe in úsáid, caillteanais ar ionstraimí fálaithe nach n-aithnítear i gcostais oibriúcháin agus athrangúcháin méideanna aitheanta roimhe seo in ioncam cuimsitheach eile.

**(xxiii) Earraí eisceachtúla**

Tá úsáid bainte ag an nGrúpa as an téarma "eisceachtúil" chun cur síos a dhéanamh ar mhíreanna áirithe, a éilíonn, i dtuairim ESB, iad a nochtadh ar leithligh mar gheall ar mhéid nó teagmhas, nó de bhrí go gcinntear go bhfuil gnóthachain nó caillteanais áirithe neamh-athfhillteach. D'fhéadfaí go n-áireofaí i míreanna eisceachtúla athstruchtúrú, bearnúcháin shuntasacha, brabús nó caillteanas ar dhiúscairtí sócmhainne, athruithe ábhartha ar mheastacháin nó costais aonuaire sa chás go mbaineann tábhacht le haithint ar leithligh chun na ráitis airgeadais a thuiscint. Tá tuilleadh sonraí maidir le míreanna eisceachtúla an Ghrúpa le fáil i nóta 6 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 2. MEASTACHÁIN AGUS BREITHIÚNAIS A ÚSÁID

Éilíonn ullmhú ráiteas airgeadais na Máthairchuideachta agus na ráiteas airgeadais comhdhlúite líon suntasach toimhdí agus meastachán breithiúnach a dhéanamh. Tá tionchar acu seo ar an ioncam agus ar na costais atá le fáil sa ráiteas ioncaim agus ar luacháil na sócmhainní agus na ndliteanas sa chlár comhardaithe. Tá a leithéid de mheastacháin agus de bhreithiúnais bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar fhachtóirí eile, lena n-áirítear ionchais maidir le teagmhais thodhchaíocha a chreidtear atá réasúnach bunaithe ar na himthosca agus atá faoi réir athluacháil leanúnach.

Ba cheart a thabhairt faoi deara, go bhféadfadh tionchar ábhartha a bheith ag tionchar an athraithe ar roinnt toimhdí agus meastachán ar na torthaí tuairiscithe. Áirítear ina measc ach níl siad teoranta do:

### (i) Tionchar na rioscaí aeráide

Go sonrach bunaithe ar nádúr oibríochtaí an Ghrúpa agus Straitéis Aeráidneodrachta faoi 2040 an Ghrúpa, tá breithniú déanta ag an mBord ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag rioscaí aeráide ar ráitis airgeadais. Sa chomhthéacs seo, tá breithniú déanta ar an méid thíos:

#### (a) Teagmhais Fhisiciúla Aeráide

Thug ESB faoi mheasúnú daingean riosca agus leochaileachta fisiciúla aeráide in 2023 dá chuid gníomhaíochtaí agus do na guaiseacha ábhartha faoi dhá chás de chuid an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar Athrú Aeráide (an IPCC).

D'fhéadfadh teagmhais fhisiciúla aeráide, go háirithe stoirmeacha, tuillte agus patrúin athraitheacha aimsire, damáiste a dhéanamh do shócmhainní ESB, go háirithe gnóthaí giniúna agus ESB Networks. Tá cláir chothabhála coisctheacha bunaithe chun na rioscaí fisiciúla aeráide atá luaite leis na gnóthaí seo a laghdú. Chomh fada is a bhaineann le sócmhainní líonra leictreachais i bPoblacht na hÉireann, tá sásraí ann chun costais drochstoirmeacha a aisghabháil trí tharaifí rialaithe.

Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag patrúin aimsire athraitheacha ar an líon faighte ó shócmhainní giniúna gaothfhuinneamh agus fuinneamh hidrileictreach an Ghrúpa. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh teagmhais aimsire cosúil le báisteach throm a bheith mar bhonn le níos mó teagmhas ina mbíonn ar ESB a thuilte a bhainistiú trína mhonarchana giniúna hidrileictreachais. Tá foráil le haghaidh éileamh dlíthiúil a bhaineann le tuilte i gCorcaigh in 2009 bunaithe mar atá sonraithe i nóta 28.

Ainneoin nach raibh tionchar airgeadais ábhartha ag saincheisteanna fisiciúla aeráide go dtí seo, glactar le tionchar a leithéid sin de theagmhais mar chuid de bhearnúchán agus measúnuithe ar fhorálacha ESB.

#### (b) Aistriú go hAeráidneodracht

D'fhéadfadh go mbeadh ag gealltanais a bhaineann le hAeráidneodracht, chomh maith le hathruithe ar an mbeartas fuinnimh agus ar an timpeallacht rialála, sa mheántéarma agus fadtéarma, ar an leibhéal giniúna leictreachais ó fhlít giniúna teirmí ESB. Ciallaíonn sé sin, i dteannta le níos mó athnuaiteán a bheith á nascadh leis an eangach in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór, mar aon le costais mhéadaithe a bhaineann le foinsí fuinnimh teirmeacha, lena n-áirítear costais charbóin, go bhféadfadh sreafaí airgid todhchaíocha athrú, sreafaí airgid díorthaithe ó shócmhainní teirmeacha agus go bhféadfadh tionchar a bheith acu ar shaolréanna úsáideacha ionchasacha. Breithnítear na hathruithe seo trí mheasúnuithe bliantúla bearnúcháin agus athbhreithnithe ar shaolréanna an Ghrúpa.

Tá flít giniúna teirmí ESB faoi réir athruithe bearnúcháin le blianta beaga anuas agus tá deireadh a saolréanna geilleagracha úsáideacha beagnach sroichte ag formhór na sócmhainní teirmeacha (glactar le roinnt stáisiún giniúna gásadhainte níos nuaí mar eisceacht, Carrington sa Bhreatain Mhór agus sócmhainní giniúna solúbtha gáis ina measc siúd is suntasaí). Ceanglaítear ar shócmhainní teirmeacha ESB, lena n-áirítear sócmhainní giniúna solúbtha nua, slándáil soláthair a sholáthar in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór sa mheántéarma fad atáthar ag aistriú go haeráidneodracht. Dá réir sin, ní dhearnadh aon choigeartuithe ar shaolréanna geilleagracha úsáideacha sócmhainní a bhfuil suimeanna glanluacha luaite leo i rith na tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2023.

#### (c) Oibleagáid Comhshaoil

Bunaithe ar nádúr shócmhainní an Ghrúpa, tá forálacha sonracha díchoimisiúnaithe bunaithe a bhaineann le hoibleagáidí scoir sócmhainní a eascraíonn as reachtaíocht chomhshaoil agus reachtaíocht eile. Féach cuid (v) thíos.

#### (d) Gnóthas Leantach agus an Ráiteas Inmharthanachta

Rinneadh breithniú ar impleachtaí rioscaí agus deiseanna a bhaineann leis an aeráid sna measúnuithe ar ráiteas inmharthanachta gnóthais leantaigh an Ghrúpa (mar chuid de phróiseas pleanála gnó ESB).

### (ii) Sochair scoir

Éilíonn an chuntasaíocht do dhliteanas pinsin ESB breithniú maidir leis an gcóireáil chuntasaíochta cuí atá ag teacht le IAS 19 - Sochair Fostaí a bhaineann le hoibleagáidí geallta ESB i ndáil leis an scéim. Tá na comhaltaí Boird sásta gurb í an chóireáil chuntasaíochta cuí, arna cinneadh de réir IAS 19 Sochair Fostaí, chun léargas a thabhairt ar a n-oibleagáidí geallta faoi láthair, mar atá sonraithe sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadas (féach nóta 25).

## 2. MEASTACHÁIN AGUS BREITHIÚNAIS A ÚSÁID (ar lean)

Tá fostaithe NIE Networks i dteideal ballraíocht a bhaint amach i Scéim Pinsin Leictreachais Thuaisceart Éireann (Scéim NIE Networks) a bhfuil socruithe sochair shainithe agus ranníocaíochta sainithe luaite léi. Áirítear i meastachán agus modh cuntasaíochta na hoibleagáide sochar scoir breithiúnais a dhéanamh i dteannta leis na hachtúirí neamhspleácha. Áirítear anseo meastacháin a dhéanamh faoi theagmhais thodhchaíocha áirithe lena n-áirítear ionchas saoil chomhaltaí na scéime, méaduithe tuarastail agus pinsin amach anseo agus boilsciú mar aon le rátaí lascaine. Tá sócmhainn pinsin a bhaineann le scéim pinsin le sochar sainithe NIE Networks aitheanta mar mhéid an bharrachais ag dáta an chláir comhardaithe nach bhfuil aon cheart ag an nGrúpa i ndáil leis. Tá cur síos déanta i nóta 24 ar na toimhdí úsáidte ag an nGrúpa mar aon le hanailís íogaireachta ar athrú ar na toimhdí seo.

### (iii) Measúnuithe bearnúcháin agus luach anonn na sócmhainní fadsaolacha agus dea-thoil

Tá cur síos déanta ar mheasúnú ar an méid in-aisghabhála, an luach úsáide níos airde agus an chóirluacha lúide an costas díola, a bhaineann le gléasra agus trealamh réadmhaoine, sócmhainní doláimhsithe, sócmhainní ceart úsáide, dea-thoil (cur síos déanta i nóta 15) agus infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu, de réir IAS 36 Bearnúchán Sócmhainní:

- Chomh fada is a bhaineann le sócmhainní giniúna cumhachta, tá an luach a úsáidtear bunaithe ar shreafaí airgid mheasta ionchasacha a bheidh á nginiúint ag an tsócmhainn atá bunaithe ar athbhreithniú seachtrach ar ghiniúint chumhachta réamh-mheasta agus praghsanna cumhachta, gáis, carbóin agus acmhainne réamh-mheasta (más cuí) agus uainiú agus méid na gcostas oibriúcháin agus an chaiteachais chaipitil agus ioncaim choimhdigh.
- Chomh fada is a bhaineann le dea-thoil ar éadáil Northern Ireland Electricity Networks, ríomhtar an cóirluach trí thagairt a dhéanamh do luachálacha margaidh na bhfóntas rialaithe inchomparáide. Tá tuilleadh sonraí le fáil i nóta 15.
- Maidir le dea-thoil ar éadáil So Energy Ltd (So Energy), tá an luach úsáidte bunaithe ar shreafaí airgid ionchasacha agus ar luach teirminéil. Tá sreafaí airgid ionchasacha bunaithe ar thoimhdí a bhaineann leis an líon custaiméirí, corrlach de réir an chustaiméara agus costais oibriúcháin. Tá tuilleadh sonraí le fáil i nóta 15.
- Chomh fada is a bhaineann le sócmhainní láimhsithe agus doláimhsithe eile, sa chás gur gá sócmhainní a thástáil chun críche bearnúcháin, cinntear an luach atá in úsáid bunaithe ar shreafaí airgid measta nó sochair eile a bhfuiltear ag súil a dhíorthófar ó úsáid na sócmhainní.
- Maidir le cóirluach lúide costas díola, tá an cur chuige comhsheasmach i ndáil le gach sócmhainn ina bhfuil cóirluachanna bunaithe ar mheasúnuithe neamhspleácha tríú páirtí lúide costas diúscartha.
- Lascainítear sreafaí airgid a úsáidtear i samhlacha luach úsáide chun léargas a thabhairt ar a luach láithreach trí úsáid a bhaint as ráta lascaine réamhchánach a léiríonn measúnuithe margaidh reatha amluach an airgid agus na rioscaí a bhaineann le go sonrach leis an tsócmhainn. Éilíonn meastachán an ioncaim réamh-mheasta agus uainiú an chaiteachais breithiúnas agus braiteann sé ar na fachtóirí geilleagracha a bhaineann leis na sócmhainní seo.
- Tá measúnú déanta ar an infheistíocht chothromais i Neart na Gaoithe bunaithe ar chóirluach lúide cur chuige costas díola arna chinneadh ag tríú páirtí neamhspleách. Rinne an luachálaí cinneadh maidir leis an gcóirluach lúide costas díola bunaithe ar thoimhdí margaidh trí úsáid a bhaint as an gcur chuige ioncaim faoin IFRS 13 agus de réir IAS36. Tá sonraí breise ar fáil i nóta 16.

### (iv) Ionstraimí airgeadais

Mar atá mínithe i nóta 29 mír (i), tá luacháil ionstraimí airgeadais áirithe bunaithe ar roinnt fachtóirí agus toimhdí breithiúnacha nach féidir a bhunú ar ionchuir inbhraite de bharr riachtanais. Tá siad seo rangaithe mar ionstraimí airgeadais leibhéal 3, de réir bhrí IFRS 13 Tomhas Cóirluacha agus IAS 36 Bearnúchán Sócmhainní. Ceanglaítear breithiúnas a thabhairt a bhaineann le cineál an chonartha agus le riachtanais ionchasacha díola, cheannaigh nó úsáid an tráchtearra ábhartha chun conarthaí tráchtearra a ainmniú a choimeádtar dá úsáid féin (agus nach bhfuil laistigh de scóip IFRS 9 dá bharr).

### (v) Oibleagáidí scoir sócmhainní, forálacha dlí agus forálacha eile

Costais thodhchaíocha atá riachtanach chun forálacha reatha a réiteach cosúil le costais dúnta stáisiún cumhachta, foráil scoir cuaillí adhmaid créasóidchóireáilte agus dliteanais fostaí lena n-áirítear oibleagáidí a bhaineann le socruithe téarfa. Tá eolas maidir leis na dliteanais seo le fáil i nóta 24, 25 agus 28.

Teastaíonn meastachán agus breithiúnas suntasach i ndáil le ríomh na forála do shócmhainní giniúna, lena n-áirítear an tionchar atá ag rialúchán, beachtas na suirbhéanna láithreáin, éilleáin gan choinne, tionchar teicneolaíochtaí malartacha agus úsáid a bhaint as athruithe oiriúnacha ar na rátaí lascaine.

Níl gá le meastachán suntasach chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an leibhéal forála a theastaíonn chun cuaillí adhmaid créasóidchóireáilte a dhiúscairt. Áirítear anseo meastachán a dhéanamh maidir le costas diúscartha gach cuaille, a chinnfear trí phróisis tairisceana iomaíocha, an tréimhse ina mbeidh cuaillí á ndiúscairt a bhraitheann ar riocht na gcuaillí agus an úsáid a bhainfear as ráta lascaine oiriúnach. Meastar an tréimhse ina mbeidh cuaillí á ndiúscairt bunaithe ar phleananna oibríochtúla reatha a d'fhéadfadh athrú go suntasach amach anseo mar gheall ar reachtaíocht comhshaoil nó riocht na gcuaillí.

Éilíonn ríomh na bhforálacha maidir le héilimh dhlíthiúla breithiúnas lena n-áirítear measúnú ar thoradh na n-éileamh ábhartha. Tá sonraí maidir le meastacháin agus breithiúnais a bhaineann le héilimh dhlíthiúla leanúnacha le fáil i nóta 28 agus 30.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 2. MEASTACHÁIN AGUS BREITHIÚNAIS A ÚSÁID (ar lean)

### (vi) Luacháil infháltas agus méideanna iníoctha

Meastar tomhas roinnt sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus costas ag deireadh na bliana, a éilíonn leibhéal suntasach meastacháin agus breithiúnais, de réir pholasaithe cuntasaíochta an Ghrúpa agus IFRS reatha an AE. Áirítear i measc na míreanna a éilíonn leibhéal suntasach meastacháin agus breithiúnais, ríomh ioncam agus trádáil leictreachais neamhbhilleáilte agus infháltais eile (féach nóta 18), méideanna dlite ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu (féach nóta 18), luacháil stoc breosla (féach nóta 17), costas an bhreosla ídithe (féach nóta 17), saolréanna úsáideacha réadmhaoine, gléasra agus trealaimh (féach nóta 12) agus freisin fabhruithe le haghaidh earraí faighte nó obair déanta nach bhfuil sonraisc soláthraithe faighte lena n-aghaidh fós (féach nóta 26).

Soláthraíonn ESB seirbhísí le haghaidh thart ar 2 mhilliún cuntas duine aonair agus gnó, bunaithe ar théarmaí creidmheasa den chuid is mó. Is léir nach mbeidh fiachais áirithe dlite do ESB á n-íoc mar thoradh ar mhainneachtain líon beag custaiméirí. Úsáidtear meastacháin fhadbhreathnaitheacha chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an leibhéal fiachas a chreidtear nach mbaileofar. Cuimsítear sna meastacháin seo fachtóirí cosúil le staid reatha gheilleagar na hÉireann agus saincheisteanna tionscail áirithe (féach nóta 18).

Éilíonn in-aisghabhálacht méideanna dlite do Mháthairchuideachta ESB ó fhochuideachtaí breithiúnas maidir le cumas fochuideachtaí dóthain sreafaí airgid a ghiniúint chun na méideanna a aisíoc nuair a bhíonn siad dlite.

### (vii) Dliteanais Léasa

Éilíonn cur i bhfeidhm IFRS 16 ar an nGrúpa breithiúnais a dhéanamh a bhfuil tionchar acu ar luacháil dliteanas léasa, luacháil sócmhainní ceart úsáide, an ráta lascaine a úsáid chun na híocaíochtaí léasa agus na dtéarmaí léasa a lascainiú.

### (viii) Cuntasaíocht do ranníocaíochtaí soláthair Líonraí

Tá breithniú laistigh den tionscal á dhéanamh ar chuntasaíocht ranníocaíochtaí soláthair líonra agus ag an ngairm chuntasaíochta trí chéile, agus d'fhéadfadh go mbeadh tionchar i ndeireadh na dála ag toradh an phlé leanúnaigh seo ar an gcur chuige cuntasaíochta a nglacann an Grúpa leis sa limistéar seo, ar an ábhar sin.

### (ix) Comhpháirtíocht le Ørsted

D'iontráil ESB agus Ørsted i Meitheamh 2023 i gcomhshocrú chun punann tionscadail ghaoithe amach ón gcósta a fhorbairt timpeall ar chósta thoir, theas agus thiar na hÉireann. Chuige sin, cuimsíodh feithiclí sainchuspóra agus tá siad á gcomhrialú ag ESB agus Ørsted leis na tionscadail seo a fhorbairt. Fochuideachtaí faoi úinéireacht iomlán ESB a bhí sna feithiclí sainchuspóra seo roimh an socrú agus comhfhiontair atá anois iontu. Aithníodh gnóthachan €10.2 milliún de bharr gur cailleadh na fochuideachtaí a bhíodh faoi úinéireacht iomlán agus luacháladh gurbh ionann cóirluach infheistíocht choimeádta ESB sna comhfhiontair agus náid. Áirítear leis an socrú chomh maith breithniú breise teagmhasach atá le fáil ag ESB ó Ørsted a bhaineann le roinnt príomh-gharspriocanna a baineadh amach ar gach tionscadal. Mar gheall go bhfuil tionscadail i luathchéimeanna na forbartha, measadh cóirluach an bhreithnithe theagmhasaigh amhail €náid.

### (x) Iarmhéideanna ábhartha a chur i láthair a bhaineann le conarthaí Giniúna Éigeandála Sealadaí

D'iontráil ESB isteach i gconarthaí Giniúna Éigeandála Sealadaí le EirGrid inarb é ról ESB sna socruithe freastal ar acmhainn giniúna sealadaí leictreachais a sholáthar a sholáthraíonn slándáil an tsoláthair fuinnimh d'eangach leictreachais na hÉireann. Amhail an 31 Nollaig 2023 tá dhá cheann de na socruithe siúd i bhfeidhm ag an bPort Thuaidh i mBaile Átha Cliath agus ag Droichead na Sionainne i gContae Uíbh Fhailí. Faoi na socruithe, aisíocann EirGrid na costais ghaolmhara go léir (glan ar ioncaim a ghintear) de chuid na sócmhainní gaolmhara, ceannach, tógáil, oibriú, cothabháil agus díchoimisiúnú san áireamh (glan ar fháltais diúscartha) ina n-iomláine le ESB. Cinneann EirGrid, seachas ESB, an treoir maidir le húsáid na sócmhainne.

Tá breithiúnas le tabhairt maidir le conas a chuirtear na socruithe seo i láthair i ráitis airgeadais an Ghrúpa. Agus an breithiúnas seo á thabhairt, rinneadh breithniú ar riachtanais Chreat Coincheapúil um Thuairisciú Airgeadais IFRS, Cur i Láthair Ráiteas Airgeadais IAS 1, Ionstraimí Airgeadais IAS 32: Cur i Láthair, Ionstraimí Airgeadais IFRS 7: Nochtadh agus Léasanna IFRS 6.

Mar gheall nach gcoimeádann ESB riosca agus luaíocht a bhaineann le húinéireacht na sócmhainní agus go ndéantar ESB a aisíoc go hiomlán as gach costas gaolmhar (glan ar ioncaim a ghintear), níor aithníodh aon sócmhainní Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh ná Ceart Úsáide i ráitis airgeadais an Ghrúpa. Cuirtear costais agus aisíocaíochtaí gaolmhara i láthair ar bhonn glanmhéid sna ráitis airgeadais nuair a thugtar fúthu leis an bpáirtí céanna. Nuair nach amhlaidh an cás, cuirtear costais agus aisíocaíochtaí gaolmhara i láthair ar bhonn ollmhéid. Aithnítear táillí seirbhíse a fhabhraítear do ESB ar aon dul le riachtanais IFRS 15 ó Chonarthaí le Custaiméirí.



## 3. TUAIRISCIÚ CODANNA

Chun críche bainistíochta, tá an Grúpa eagraithe i gceithre phríomhchuid intuairiscithe, rannáin straitéiseacha an Ghrúpa atá á mbainistiú ar leithligh agus a bhfuil faisnéis bhainistíochta shinsearach á soláthar maidir leo don Bhainistíocht Feidhmiúcháin agus don Bhord, Príomhchinnteoir Oibriúcháin (CODM) an Ghrúpa i dteannta a chéile. Soláthraíonn trí rannán chorparáideacha eile tacaíocht agus seirbhísí eile do phríomhrannáin oibriúcháin an Ghrúpa agus glactar leo mar Chodanna Eile san fhaisnéis thíos.

Seo thíos cur síos ar phríomhchodanna intuairiscithe an Ghrúpa:

- **(a) Réitigh do Chustaiméirí**, atá freagrach as forbairt, margaíocht, díol agus seirbhísiú soláthar fuinnimh agus tairiscintí seirbhíse trí bhrandaí uile do chustaiméirí ESB (Electric Ireland, Smart Energy Services, ESB e-Cars, ESB Telecoms, ESB Energy agus So Energy) in Éirinn (Poblacht na hÉireann (PÉ) agus Tuaisceart Éireann (TÉ)) agus an Bhreatain Mhór (an BM). Is é Electric Ireland an príomhsholáthraí leictreachais agus gáis do chustaiméirí baile ar oileán na hÉireann. Tá Réitigh do Chustaiméirí ag feidhmiú i margadh baile na Breataine Móire trí ESB Energy agus So Energy. Tá sciar margaidh suntasach ag Electric Ireland san earnáil tráchtála i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann. Díorthaítear ioncam ó dhíolacháin chuig custaiméirí leictreachais agus gáis go príomha.
- **(b) ESB Networks**, atá dírithe go príomha ar úinéireacht agus oibriú an líonra dáileacháin leictreachais agus úinéireacht an líonra tarchurtha leictreachais i bPoblacht na hÉireann. Is gnó rialaithe é ESB Networks a thuilleann toradh ceadaithe ar a Bhonn Sócmhainní Rialaithe (RAB) agus díorthaíonn sé a ioncam go príomha ó tháillí a bhaineann le húsáid an chórais dáileacháin tabhaithe ar sholáthraithe leictreachais agus ó tháillí le haghaidh seirbhísí tarchurtha bailithe ó EirGrid Plc. Tá sé imfhálaithe ag rialachán a bhaineann le gnó giniúna agus soláthair an Ghrúpa.
- **(c) Giniúint agus Trádáil**, atá freagrach as feidhmiú, forbairt, tógáil agus trádáil aschur stáisiún cumhachta agus feirmeacha gaoithe i bPoblacht na hÉireann, Tuaisceart Éireann agus an Bhreatain Mhór. Cuimsítear ann fochuideachtaí faoi lánúinéireacht agus infheistíochtaí i gcomhfhiontair.
- **(d) NIE Networks**, atá dírithe go príomha ar úinéireacht agus oibriú an líonra dáileacháin leictreachais agus úinéireacht an líonra tarchurtha leictreachais i bPoblacht na hÉireann. Is gnó rialaithe é ESB Networks a thuilleann toradh ceadaithe ar a Bhonn Sócmhainní Rialaithe (RAB) agus díorthaíonn sé a ioncam go príomha ó tháillí a bhaineann le húsáid an chórais dáileacháin tabhaithe ar sholáthraithe leictreachais agus ó tháillí le haghaidh seirbhísí tarchurtha bailithe ón Oibreoir Córais do Thuaisceart Éireann (SONI).
- **(e) Codanna Eile**, ina n-áirítear torthaí na soláthraithe seirbhíse inmheánacha, a chuireann seirbhísí tacaíochta ar fáil do phríomhaonaid ghnó an Ghrúpa. Tá na codanna seo á rialú ag rialachán agus tá comhaontuithe leibhéal seirbhíse deartha d'fhonn a chinntiú go bhfuil na hidirbhearta idir na codanna oibriúcháin ar bhonn neamhthuilleamaí cosúil le hdirbhearta le tríú páirtithe. Chomh maith leis sin, áirítear sa chuid seo formhór de chostais airgeadais an Ghrúpa, de bhrí go bhfuil formhór den ghníomhaíocht Státchiste á cur i gcrích go lárnach. Ní athmhuirearaítear costais airgeadais tabhaithe go lárnach chuig codanna oibriúcháin eile.

Déanann CODM faireachán ar thorthaí oibriúcháin na gcodanna ar leithligh chun acmhainní a leithdháileadh idir codanna agus chun feidhmíocht a mheas. Déantar feidhmíocht coda a mheas go príomha bunaithe ar bhrabús oibriúcháin. Ní thuairiscítear sócmhainní agus dliteanais de réir na coda do CODM.

### Ioncam bunaithe ar tháirge

Tá codanna intuairiscithe roinnte bunaithe ar an gcineál ioncaim táirge tuillte. Cuimsítear i Réitigh do Chustaiméirí díolacháin le custaiméirí leictreachais agus gáis agus seirbhísí gaolmhara eile atá sonraithe ag (a) thuas. Eascraíonn ioncam Giniúna agus Trádála as giniúint leictreachais go príomha. Tuilleann ESB Networks agus NIE Networks ioncam Úsáide Córais i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann faoi seach. Baineann ioncam atá san áireamh i gCodanna Eile le seirbhísí innealtóireachta go príomha.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 3. TUAIRISCIÚ CODANNA (ar lean)

### (a) An Ráiteas ar Ioncam

**(i) Ioncam coda - 2023**

| | Réitigh do Chusta-iméirí €m | ESB Networks €m | Giniúint agus Trádáil €m | NIE Networks €m | Codanna Eile €m | Comhdhlúthú agus díothú €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Taobh Amuigh | 5,838.5 | 973.6 | 1,618.9 | 334.5 | 10.2 | - | **8,775.7** |
| Ioncam idirchoda | 217.6 | 400.4 | 1,828.7 | 48.7 | 427.0 | (2,922.4) | **-** |
| **Ioncam** | 6,056.1 | 1,374.0 | 3,447.6 | 383.2 | 437.2 | (2,922.4) | **8,775.7** |
| **(ii) Costais oibriúcháin coda - 2023** | | | | | | | |
| Dímheas agus amúchadh | (22.3) | (553.2) | (144.6) | (191.2) | (31.0) | - | **(942.3)** |
| Glanchostais oibriúcháin eile | (5,976.2) | (461.8) | (2,567.4) | (114.2) | (439.9) | 2,922.4 | **(6,637.1)** |
| Muirear bearnúcháin | - | - | (5.1) | - | - | - | **(5.1)** |
| Glanchaillteanais bhearnúcháin ar shócmhainní airgeadais | (70.0) | - | - | - | (0.4) | - | **(70.4)** |
| **Costais** | (6,068.5) | (1,015.0) | (2,717.1) | (305.4) | (471.3) | 2,922.4 | **(7,654.9)** |
| **(iii) Toradh oibriúcháin 2023** | | | | | | | |
| Brabús / (caillteanas) oibriúcháin - gan earraí eisceachtúla | (12.4) | 359.0 | 730.5 | 77.8 | (34.1) | - | **1,120.8** |
| Brabús / (caillteanas) oibriúcháin - earraí eisceachtúla san áireamh | (12.4) | 359.0 | 730.5 | 77.8 | (34.1) | - | **1,120.8** |
| (Glanchostas) / glanioncam maoinithe | (24.1) | (11.5) | 28.5 | (50.2) | (60.8) | - | **(118.1)** |
| Bearnú ar institiúid infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm uirthi | - | - | (14.8) | - | - | - | **(14.8)** |
| Brabús / (caillteanas) sciar institiúidí infheistiúcháin den ghnáthscair | - | - | 25.1 | - | (11.4) | - | **13.7** |
| **Brabús / (caillteanas) roimh chánachas** | (36.5) | 347.5 | 769.3 | 27.6 | (106.3) | - | **1,001.6** |



## 3. TUAIRISCIÚ CODANNA (ar lean)

**(i) Ioncam coda - 2022**

| | Réitigh do Chusta-iméirí €m | ESB Networks €m | Giniúint agus Trádáil €m | NIE Networks €m | Codanna Eile €m | Comhdhlúthú agus díothú €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Taobh Amuigh | 5,471.1 | 789.7 | 1,016.3 | 296.8 | 22.2 | - | 7,596.1 |
| Ioncam idirchoda | 65.6 | 401.5 | 2,285.3 | 49.0 | 352.3 | (3,153.7) | - |
| **Ioncam** | 5,536.7 | 1,191.2 | 3,301.6 | 345.8 | 374.5 | (3,153.7) | 7,596.1 |
| **(ii) Costais oibriúcháin coda - 2022** | | | | | | | |
| Dímheas agus amúchadh | (29.9) | (531.4) | (145.4) | (183.7) | (24.2) | - | (914.6) |
| Glanchostais oibriúcháin eile | (5,577.0) | (452.9) | (2,379.3) | (98.4) | (439.6) | 3,153.7 | (5,793.5) |
| Muirear bearnúcháin | (0.2) | - | (2.6) | - | - | - | (2.8) |
| (Glanchaillteanais) / glanghnóthachain bhearnúcháin ar shócmhainní airgeadais | (38.5) | - | - | - | - | - | (38.5) |
| **Costais** | (5,645.6) | (984.3) | (2,527.3) | (282.1) | (463.8) | 3,153.7 | (6,749.4) |
| **(iii) Toradh oibriúcháin - 2022** | | | | | | | |
| Brabús / (caillteanas) oibriúcháin - gan earraí eisceachtúla | (108.9) | 206.9 | 774.3 | 63.7 | (89.3) | - | 846.7 |
| Brabús / (caillteanas) oibriúcháin - earraí eisceachtúla san áireamh | (108.9) | 206.9 | 774.3 | 63.7 | (89.3) | - | 846.7 |
| (Glanchostas) / glanioncam maoinithe | (8.1) | (2.8) | (8.2) | (44.2) | 38.9 | - | (24.4) |
| Bearnú eisceachtúil ar institiúid infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm uirthi | - | - | (91.2) | - | - | - | (91.2) |
| Caillteanas sciar institiúidí infheistiúcháin den ghnáthscair | - | - | (14.5) | - | (16.4) | - | (30.9) |
| **Brabús / (caillteanas) roimh chánachas** | (117.0) | 204.1 | 660.4 | 19.5 | (66.8) | - | 700.2 |

Díothaítear gach ioncam idirchoda tráth an chomhdhlúthaithe agus léirítear iad sa cholún díothaithe thuas.

### (b) Nochtadh eile

| | 2023 €m | 2022 €m |
|---|---|---|
| **Breiseanna le sócmhainní neamhreatha** | | |
| Réitigh Chustaiméirí | **49.7** | 31.0 |
| ESB Networks | **991.9** | 869.1 |
| Giniúint agus Trádáil | **418.3** | 207.0 |
| NIE Networks | **248.6** | 255.5 |
| Deighleoga Eile | **20.0** | 32.5 |
| **Iomlán** | **1,728.5** | 1,395.1 |

Cuimsítear i mbreiseanna le sócmhainní neamhreatha (seachas éadálacha) infheistíochtaí i réadmhaoin, gléasra agus trealamh, sócmhainní doláimhsithe (seachas liúntais astaíochtaí), sócmhainní airgeadais agus institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 4. IONCAM Ó CHONARTHAÍ LE CUSTAIMÉIRÍ

Ceanglaíonn IFRS 15 go léirítear nádúr, uainiú, méid agus éiginnteacht a ioncaim laistigh dá cheanglais nochta. Chinn ESB go bhfuil an díchomhshuimiú, bunaithe ar úsáid a bhaint as coda reatha agus nádúr an ioncaim, oiriúnach do na himthosca.

| 2023 | Réitigh do Chusta-iméirí €m | ESB Networks €m | Giniúint agus Trádáil €m | NIE Networks €m | Codanna Eile €m | Comhdhlúthú agus díothú €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ioncaim sheachtracha** | | | | | | | |
| Ioncam ó Ghiniúint Cumhachta | - | - | 1,589.3 | - | - | - | **1,589.3** |
| Ioncam ó tháillí Úsáide Córais do chustaiméirí | - | 879.3 | - | 309.4 | - | - | **1,188.7** |
| Ioncam ó ranníocaíochtaí soláthair | - | 67.8 | - | 24.2 | - | - | **92.0** |
| Ioncam ó dhíolacháin chuig custaiméirí leictreachais agus gáis | 5,792.0 | - | - | - | - | - | **5,792.0** |
| Ioncam eile | 46.5 | 26.5 | 29.6 | 0.9 | 10.2 | - | **113.7** |
| **Ioncam ó chonarthaí le custaiméirí** | 5,838.5 | 973.6 | 1,618.9 | 334.5 | 10.2 | - | **8,775.7** |
| Ioncam idirchoda | 217.6 | 400.4 | 1,828.7 | 48.7 | 427.0 | (2,922.4) | **-** |
| **Iomlán iomlán ESB Group** | 6,056.1 | 1,374.0 | 3,447.6 | 383.2 | 437.2 | (2,922.4) | **8,775.7** |

San áireamh san ioncam ó dhíolacháin le custaiméirí leictreachais agus gáis tá €235.1 milliún (2022: €109.1 milliún) ó Rialtas na Ríochta Aontaithe a bhaineann leis an scéim Ráthaíochta Praghas Fuinnimh.

| 2022 | Réitigh do Chusta-iméirí €m | ESB Networks €m | Giniúint agus Trádáil €m | NIE Networks €m | Codanna Eile €m | Comhdhlúthú agus díothú €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ioncaim sheachtracha** | | | | | | | |
| Ioncam ó Ghiniúint Cumhachta | - | - | 995.6 | - | - | - | 995.6 |
| Ioncam ó tháillí Úsáide Córais do chustaiméirí | - | 701.2 | - | 273.2 | - | - | 974.4 |
| Ioncam ó ranníocaíochtaí soláthair | - | 67.0 | - | 22.5 | - | - | 89.5 |
| Ioncam ó dhíolacháin chuig custaiméirí leictreachais agus gáis | 5,431.7 | - | - | - | - | - | 5,431.7 |
| Ioncam eile | 39.4 | 21.5 | 20.7 | 1.1 | 22.2 | - | 104.9 |
| **Ioncam ó chonarthaí le custaiméirí** | 5,471.1 | 789.7 | 1,016.3 | 296.8 | 22.2 | - | 7,596.1 |
| Ioncam idirchoda | 65.6 | 401.5 | 2,285.3 | 49.0 | 352.3 | (3,153.7) | - |
| **Iomlán iomlán ESB Group** | 5,536.7 | 1,191.2 | 3,301.6 | 345.8 | 374.5 | (3,153.7) | 7,596.1 |

## 5. FAISNÉIS GHEOGRAFACH

### (a) Sócmhainní neamhreatha bunaithe ar shuíomh geografach

| | 2023 €m | 2022 €m |
|---|---|---|
| Éire | **9,956.1** | 9,207.3 |
| An RA, Tuaisceart Éireann san áireamh | **3,294.7** | 3,233.9 |
| **Iomlán** | **13,250.8** | 12,441.2 |

Cuimsítear i sócmhainní neamhreatha chun na críche seo réadmhaoin, gléasra agus trealamh, sócmhainní doláimhsithe, sócmhainní ceart úsáide agus dea-thoil. Níl infheistíochtaí in institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu, infheistíochtaí sócmhainní airgeadais, trádáil agus infháltais eile, ionstraimí airgeadais díorthacha agus sócmhainní cánach iarchurtha agus sócmhainní pinsin NIE Networks san áireamh.

### (b) Ioncam seachtrach bunaithe ar an margadh geografach

| | 2023 €m | 2022 €m |
|---|---|---|
| Éire | **6,796.0** | 5,865.6 |
| An RA, Tuaisceart Éireann san áireamh | **1,971.7** | 1,711.6 |
| An Chuid eile den Domhan | **8.0** | 18.9 |
| **Iomlán** | **8,775.7** | 7,596.1 |

## 6. EARRAÍ EISCEACHTÚLA

| | 2023 €m | 2022 €m |
|---|---|---|
| Bearnú ar institiúid infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm uirthi | - | (91.2) |
| | - | (91.2) |

Tá úsáid bainte ag an nGrúpa as an téarma "eisceachtúil" chun cur síos a dhéanamh ar mhíreanna áirithe, a éilíonn, i dtuairim na bainistíochta, iad a nochtadh ar leithligh mar gheall ar mhéid nó teagmhas, nó de bhrí go gcinntear go bhfuil gnóthachain nó caillteanais áirithe neamh-athfhillteach.

Ní raibh aon mhíreanna ann a mheas an bhainistíocht gur gá iad a nochtadh ar leithligh mar mhíreanna "eisceachtúla" in 2023.

Aithníodh muirear breise lagaithe in 2023 maidir le tionscadal Neart na Gaoithe ach nár measadh go bhfuil sé ábhartha a dhóthain go mbeidh orthu é a nochtadh ar leithligh mar mhír eisceachtúil. Tá sonraí breise ar fáil i nóta 16.

### Bearnú ar institiúid infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm uirthi

Tá tionscadal Neart na Gaoithe (an Ríocht Aontaithe) á thógáil trí NNG Windfarm Holdings Limited, socrú comhpháirteach idir ESB II UK Limited agus EDF Renewables UK Limited. Is é cuspóir an tsocraithe chomhpháirtigh seo feirm ghaoithe 448 MW a fhorbairt amach ó chósta thoir na hAlban. Tháinig dúshláin shuntasacha chun solais, áfach, i ndáil leis an bpacáiste Foundations a sholáthar i rith 2021 agus ag tús 2022. Mar thoradh air sin, ní bheidh na hoibríochtaí tráchtála á gcur i gcrích nuair a bhí beartaithe agus tabhófar costais tógála bhreise.

Rinneadh tástáil bhearnúcháin ar luach anonn thionscadal Neart na Gaoithe, san áireamh laistigh d'infheistíochtaí ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu, ag an 31 Nollaig 2022. Bunaíodh an mhodheolaíocht luachála a úsáideadh chun luach a lua le hinfheistíocht ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm uirthi an Ghrúpa in Neart na Gaoithe ar shamhail sreabhaidh airgid lascainithe (i.e. cur chuige ioncaim) chun cinneadh a dhéanamh maidir le costas cóirluacha díola de réir IFRS 13 agus IAS 36.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 6. EARRAÍ EISCEACHTÚLA (ar lean)

Seo a leanas na príomhthoimhdí a úsáideadh chun an tástáil bhearnúcháin a dhéanamh:

- Costais tógála mheasta go dtí go mbeidh an obair curtha i gcrích
- Amlínte an tionscadail, lena n-áirítear Dáta na hOibríochta Tráchtála measta a mbeidh tionchar aige ar chostais tógála iomlána agus ar ioncam iomlán
- An leibhéal de cheangaltais airgeadais
- Tionchar boilscithe, úis agus fáluithe FX
- Meastachán maidir leis an ráta boilscithe fadtéarmach le haghaidh ioncam neamhfhálaithe
- Praghsanna margaidh réamh-mheasta
- Fachtóirí gaothualaigh réamh-mheasta
- Ráta lascaine réamhchánach le haghaidh sreafaí airgid oibríochtúla

Meastar go bhfuil méid in-aisghabhála na hinfheistíochta atá san áireamh in institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu cothrom le €41.2 milliún amhail ag an 31 Nollaig 2022. Cuireadh é seo i gcomparáid le suim ghlanluacha na hinfheistíochta a mhéadaigh i rith 2022 mar thoradh ar ghluaiseachtaí cóirluacha ar fháluithe. Bhí sé seo mar bhonn le táille bhearnúcháin €91.2 milliún a bheith á thaifeadadh mar mhír eisceachtúil. Níor taifeadadh aon fhoráil caillteanais chreidmheasa ionchasaigh maidir le hiasachtaí chuig an tionscadal. Tá an méid dlite i ndáil leis na hiasachtaí atá luaite leis an tionscadal ag an 31 Nollaig 2022 cothrom le €328.4 milliún. Chomh maith leis sin, tá gealltanais bhreise luach €233 milliún ag an nGrúpa ag an 31 Nollaig 2022 (féach nóta 29 (e)).

## 7. IONCAM / (COSTAIS) OIBRIÚCHÁIN EILE

| | 2023 €m | 2022 €m |
|---|---|---|
| Caillteanas ar dhiúscairt réadmhaoine, gléasra agus trealaimh agus sócmhainní doláimhsithe | **(1.0)** | (0.9) |
| Brabús ar dhiúscairt fochuideachtaí | **10.2** | 3.4 |
| Ioncam oibriúcháin eile | **-** | 12.6 |
| Díbhinní a fuarthas | **-** | 4.0 |
| **Iomlán** | **9.2** | 19.1 |

## 8. COSTAIS OIBRIÚCHÁIN (lena n-áirítear glanchaillteanais bhearnúcháin ar shócmhainní airgeadais)

| | 2023 €m | 2022 €m |
|---|---|---|
| Costais fostaí (nóta 10) | **598.7** | 532.0 |
| Costais fuinnimh[1/4] | **5,458.4** | 4,627.0 |
| Oibríochtaí agus cothabháil[2] | **589.2** | 653.6 |
| Glanchaillteanais bhearnúcháin ar shócmhainní airgeadais (nóta 18) | **70.4** | 38.5 |
| Dímheas agus amúchadh (nóta 12/13/14) | **942.3** | 914.6 |
| Táillí bearnúcháin (nóta 12/13)[3] | **5.1** | 2.8 |
| **Iomlán** | **7,664.1** | 6,768.5 |

1 San áireamh sna costais fuinnimh tá muirear luach €20.5 milliún (2022: €11.6 milliún) a bhaineann le cóirluacháil conarthaí tráchtearraí breosla agus conarthaí gaolmhara airgeadra eachtraigh nach bhfuil ainmnithe mar fháluithe cuntasaíochta.
2 San áireamh in oibríochtaí agus cothabháil tá caillteanas athaistrithe airgeadra eachtraigh luach €4.2 milliún (2022: caillteanas €70.5 milliún) a bhain go príomha le staideanna idirchuideachta ainmnithe i steirling, taiscí gearrthéarmacha agus fiachais fadtéarmach agus muirear €0.9 milliún (2022: gnóthachan €3.0 milliún) a bhain le cóirluach airgeadra eachtraigh nach bhfuil ainmnithe mar fháluithe cuntasaíochta.
3 Tá táillí bearnúcháin luach €5.1 milliún (2022: €2.8 milliún) a bhaineann le Réadmhaoin, gléasra agus trealamh (nóta 12), Sócmhainní doláimhsithe (nóta 13) aitheanta in 2023.
4 Tá méid €59.7 milliún san áireamh i gCostais fuinnimh (2022: €15.8 milliún) a bhaineann le tionchar scéim Rialtas na hÉireann chun teorainn a chur le hioncaim mhargaidh gineadóirí áirithe leictreachais ón 1 Nollaig 2022 go dtí Meitheamh 2023. Íocadh é seo in Eanáir 2024.

## 9. GLANCHOSTAS AIRGEADAIS AGUS TÁILLÍ MAOINITHE EILE

| | 2023 €m | 2022 €m |
|---|---|---|
| Ús iníoctha ar iasachtaíocht | **223.0** | 159.9 |
| Lúide ús caipitlithe | **(31.9)** | (28.6) |
| **Glanús ar iasachtaíocht** | **191.1** | 131.3 |
| | | |
| **Lúide ús caipitlithe:** | | |
| ▪ ar scéim pinsin NIE Networks (nóta 24) | **(3.7)** | (0.1) |
| ▪ ar scéim pinsin ESB (nóta 25) | **4.2** | 4.5 |
| ▪ ar fhorálacha (nóta 28) | **16.7** | 8.7 |
| ▪ ar oibleagáidí léasa (nóta 14) | **2.3** | 2.0 |
| ▪ ar fhorálacha eile (nóta 28) | **-** | 0.1 |
| **Táillí maoinithe iomlána** | **19.5** | 15.2 |
| | | |
| **(Gnóthachain) / caillteanais chóirluacha ar ionstraimí airgeadais:** | | |
| ▪ babhtálacha ráta úis agus babhtálacha atá nasctha le boilsciú nach bhfuil cáilithe le haghaidh cuntasaíocht fálaithe | **13.3** | (86.5) |
| ▪ airgeadra / babhtálacha ráta úis: fáluithe sreabhaidh airgid, aistriú ó OCI | **2.9** | 2.6 |
| ▪ conarthaí airgeadra eachtraigh nach bhfuil cáilithe le haghaidh cuntasaíocht fálaithe | **4.3** | (2.0) |
| ▪ gnóthachain a eascraíonn as díorthaigh mar ionstraimí fálaithe i bhfáluithe cóirluacha | **(40.4)** | - |
| ▪ caillteanas a thagann chun solais ar choigeartú don earra fálaithe atá inchurtha i leith an riosca fhálaithe i ngaol ainmnithe cuntasaíochta fálaithe cóirluacha | **40.4** | - |
| **(Gnóthachain) / caillteanais chóirluacha iomlána ar ionstraimí airgeadais** | **20.5** | (85.9) |
| | | |
| **Costas maoinithe** | **231.1** | 60.6 |
| **Ioncam maoinithe** | **(113.0)** | (36.2) |
| **Glanchostas maoinithe** | **118.1** | 24.4 |

Tá na táillí maoinithe ar fhorálacha arna ríomh de réir an bheartais le haghaidh oibleagáidí íocaíochta todhchaíocha a lascainiú mar atá arna nochtadh sna beartais chuntasaíochta - féach nóta 1.

San áireamh i mbabhtálacha ráta úis agus i mbabhtálacha atá nasctha le boilsciú nach bhfuil cáilithe le haghaidh cuntasaíocht fálaithe tá caillteanais chóirluacha a bhaineann le babhtálacha ráta úis, caillteanais chóirluacha ar bhabhtálacha ráta úis atá nasctha le boilsciú agus gnóthachain chóirluacha ar bhabhtálacha airgeadra. Tá tuilleadh eolais maidir leis na gluaiseachtaí seo le fáil i nóta 23a.

San áireamh san ioncam maoinithe tá ús ar iasachtaíocht infhaighte ó Oweninny Power DAC luach €0.1 milliún (2022: €0.1 milliún), Inch Cape Offshore Limited luach €6.4 milliún (2022: €3.8 milliún), Neart na Gaoithe luach €27.8 milliún (2022 €16.1 milliún), Siro Limited luach €2.1 milliún (2022: €2.4 milliún), Oweninny Power 2 Holdings DAC €1.1 milliún (2022: €0.4 milliún) agus Sundew Solar DAC €0.5 million (2022: €náid). Féach nóta 16 d'eolas maidir leis an gclár comhardaithe do na hinfhháltais seo.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 10. FOSTAITHE

### Grúpa

**(a) Meánlíon fostaithe sa bhliain bunaithe ar ghníomhaíocht gnó, lena n-áirítear fostaithe sealadacha:**

| | 2023 Líon | 2022 Líon |
|---|---|---|
| Giniúint agus Trádáil | **771** | 708 |
| Réitigh Chustaiméirí | **980** | 850 |
| ESB Networks | **3,626** | 3,376 |
| NIE Networks | **1,436** | 1,316 |
| Deighleoga Eile | **2,077** | 1,946 |
| **Iomlán** | **8,890** | 8,196 |

**(b) Costais fostaí sa bhliain**

| | 2023 €m | 2022 €m |
|---|---|---|
| **Costais foirne reatha (gan phinsin)** | | |
| Tuarastail | **662.7** | 591.3 |
| Ragobair | **48.2** | 45.7 |
| **Pá agus tuarastail** | **710.9** | 637.0 |
| Costais leasa shóisialaigh (ÁSPC agus árachas náisiúnta) | **59.1** | 53.0 |
| Sochair phárolla eile[1] | **37.3** | 31.2 |
| **Costas phárolla d'fhostaithe** | **807.3** | 721.2 |

**(c) Costais phinsin agus sochair fostaithe eile**

| | 2023 €m | 2022 €m |
|---|---|---|
| Muirear pinsin - scéimeanna eile[2] | **64.3** | 54.1 |
| Muirear scéim pinsin NIE Networks[3] | **5.3** | 9.5 |
| **Costais iomlána a bhaineann le fostaithe** | **876.9** | 784.8 |
| | | |
| Costais fostaithe chaipitlithe | **(278.2)** | (252.8) |
| **Costais iomlána a bhaineann le fostaithe a gearradh ar an ráiteas ioncaim** | **598.7** | 532.0 |

1 Cuimsítear sna sochair seo go príomha liúntais taistil agus chothabhála.
2 Cuimsítear sa mhuirear pinsin le haghaidh scéimeanna eile ranníocaíochtaí luach €26.4 milliún (2022: €23.5 milliún) chuig Scéim Pinsin le Sochar Sainithe ESB, luach €22.5 milliún (2022: €18.77 milliún) chuig Scéim Pinsin le Ranníocaíocht Shainithe ESB, luach €14.5 milliún (2022: €11.2 milliún (athluaite)) chuig mír Roghanna Scéim Pinsin NIE Networks (Scéim NIE Networks) agus €0.9 milliún (2022: €0.7 milliún) do scéim pinsin na scairshealbhóirí d'fhostaithe sa Bhreatain Mhór (Scéim Pinsin FMUK). Tá tuilleadh sonraí le fáil i nóta 24 agus 25.
3 Baineann muirear scéim pinsin NIE Networks go hiomlán le mír Focus Scéim Leictreachais Thuaisceart Éireann (Scéim NIE Networks) agus leis sin amháin. Tá tuilleadh sonraí le fáil i nóta 24.

### Máthairchuideachta

**(a) Meánlíon fostaithe sa bhliain bunaithe ar ghníomhaíocht gnó, lena n-áirítear fostaithe sealadacha:**

| | 2023 Líon | 2022 Líon |
|---|---|---|
| Giniúint agus Trádáil | **514** | 464 |
| Réitigh Chustaiméirí | **411** | 393 |
| ESB Networks | **3,614** | 3,359 |
| Deighleoga Eile | **1,982** | 1,824 |
| **Iomlán** | **6,521** | 6,040 |

## 10. FOSTAITHE (ar lean)

**(b) Costais fostaí sa bhliain**

| | 2023 €m | 2022 €m |
|---|---|---|
| **Costais foirne reatha (gan phinsin)** | | |
| Tuarastail | **510.2** | 462.4 |
| Ragobair | **37.5** | 37.0 |
| **Pá agus tuarastail** | **547.7** | 499.4 |
| Costais leasa shóisialaigh (ÁSPC agus árachas náisiúnta) | **45.9** | 41.1 |
| Sochair phárolla eile[1] | **31.0** | 25.5 |
| **Costas párolla d'fhostaithe** | **624.6** | 566.0 |

**(c) Costais phinsin agus sochair fostaithe eile**

| | 2023 €m | 2022 €m |
|---|---|---|
| Muirear pinsin[2] | **45.1** | 38.6 |
| **Costais iomlána a bhaineann le fostaithe** | **669.7** | 604.6 |
| | | |
| Costais fostaithe chaipitlithe | **(205.7)** | (186.9) |
| **Costais iomlána a bhaineann le fostaithe a gearradh ar an ráiteas ioncaim** | **464.0** | 417.7 |

1 Cuimsítear sna sochair seo go príomha liúntais taistil agus chothabhála.
2 Cuimsítear sa mhuirear pinsin ranníocaíochta le Scéim Pinsin le Ranníocaíocht Shainithe ESB agus Scéim Pinsin le Sochar Sainithe ESB. Tá tuilleadh sonraí le fáil i nóta 24.

## 11. BRABÚS DON BHLIAIN AIRGEADAIS

| | 2023 €m | 2022 €m |
|---|---|---|
| **Luach saothair an iniúchóra:** | | |
| • Iniúchadh ar ráitis airgeadais an Ghrúpa[1] | **0.7** | 0.6 |
| • Seirbhísí eile dearbhaithe | **1.3** | 0.9 |
| • Seirbhísí comhairleacha cánach (aonáin Mháthairchuideachta agus NIE Networks amháin) | **0.1** | - |
| • Seirbhísí eile neamhiniúchta | **-** | 0.1 |
| | | |
| **Luach saothair chomhaltaí Boird (Máthairchuideachta) ESB** | | |
| • Luachanna saothair | **0.5** | 0.5 |
| • Ranníocaíochtaí pinsin | **0.1** | 0.1 |

Ní chuimsítear sna sonraí maidir le luach saothair na gComhaltaí Boird méideanna íoctha le ceathrar comhaltaí Boird Oibrithe mar fhostaithe ESB (de bhrí nach n-ardaítear nó nach laghdaítear a leithéid de phá mar gheall ar a gcomhaltacht Boird), ach ní chuimsítear iontu méideanna íoctha trí tháillí Boird.

1 Cuimsítear luach saothair na n-iniúchóirí a bhaineann leis an máthairchuideachta luach €0.4milliún (2022: €0.4 milliún) a bhaineann le seirbhísí dearbhaithe eile, €0.4 milliún (2022: €0.4 milliún) a bhaineann le seirbhísí dearbhaithe eile, agus €náid milliún (2022: €náid milliún) a bhaineann le seirbhísí comhairleacha cánach agus €náid milliún (2022: €0.1 milliún) a bhaineann le seirbhísí neamhiniúchta eile.

Tagann muirir sochair iarfhostaíochta €0.1 milliún (2022: €0.1 milliún) chun solais faoi Scéim le Sochar Sainithe ESB a bhaineann le Comhalta Boird amháin.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 12. MAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH

| Grúpa | Talamh agus foirgnimh €m | Gléasra agus innealra €m | Sócmhainní iomlána coimisiúnaithe €m | Sócmhainní á dtógáil €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2022** | 1,251.0 | 21,528.1 | 22,779.1 | 1,508.7 | **24,287.8** |
| Breisiúcháin | - | 645.9 | 645.9 | 613.6 | **1,259.5** |
| Scoir / diúscairtí | (3.9) | (14.4) | (18.3) | - | **(18.3)** |
| Aistrithe as sócmhainní faoi thógáil | 112.7 | 490.6 | 603.3 | (603.3) | **-** |
| Laghdú ar fhoráil scoir sócmhainní | - | (20.2) | (20.2) | - | **(20.2)** |
| Aistrithe eile | - | (0.2) | (0.2) | - | **(0.2)** |
| Difríochtaí aistrithe | (0.8) | (287.6) | (288.4) | (0.4) | **(288.8)** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2022** | 1,359.0 | 22,342.2 | 23,701.2 | 1,518.6 | **25,219.8** |
| | | | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2023** | 1,359.0 | 22,342.2 | 23,701.2 | 1,518.6 | **25,219.8** |
| Breisiúcháin | (13.6) | 656.3 | 642.7 | 875.0 | **1,517.7** |
| Scoir / diúscairtí | (15.9) | (140.6) | (156.5) | - | **(156.5)** |
| Aistrithe as sócmhainní faoi thógáil | 11.1 | 370.5 | 381.6 | (381.6) | **-** |
| Difríochtaí aistrithe | 0.3 | 95.4 | 95.7 | 0.4 | **96.1** |
| | | | | | |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2023** | 1,340.9 | 23,323.8 | 24,664.7 | 2,012.4 | **26,677.1** |
| | | | | | |
| **Dímheas** | | | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2022** | 739.0 | 12,193.9 | 12,932.9 | 1.6 | **12,934.5** |
| Muirear don bhliain | 23.4 | 791.8 | 815.2 | - | **815.2** |
| Scoir / diúscairtí | - | (10.6) | (10.6) | - | **(10.6)** |
| Lagú | - | 2.8 | 2.8 | - | **2.8** |
| Difríochtaí aistrithe | (0.1) | (136.1) | (136.2) | - | **(136.2)** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2022** | 762.3 | 12,841.8 | 13,604.1 | 1.6 | **13,605.7** |
| | | | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2023** | 762.3 | 12,841.8 | 13,604.1 | 1.6 | **13,605.7** |
| Muirear don bhliain | 24.5 | 818.8 | 843.3 | - | **843.3** |
| Scoir / diúscairtí | (12.3) | (134.8) | (147.1) | - | **(147.1)** |
| Lagú | - | 0.3 | 0.3 | 4.3 | **4.6** |
| Difríochtaí aistrithe | (0.2) | 45.9 | 45.7 | - | **45.7** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2023** | 774.3 | 13,572.0 | 14,346.3 | 5.9 | **14,352.2** |
| | | | | | |
| **Suim ghlanluacha an 31 Nollaig 2023** | **566.6** | **9,751.8** | **10,318.4** | **2,006.5** | **12,324.9** |
| **Suim ghlanluacha an 31 Nollaig 2022** | 596.7 | 9,500.4 | 10,097.1 | 1,517.0 | **11,614.1** |
| **Suim ghlanluacha an 1 Eanáir 2022** | 512.0 | 9,334.2 | 9,846.2 | 1,507.1 | **11,353.3** |

I rith na bliana, chaipitligh an Grúpa ús luach €28.4 milliún (2022: €25.2 milliún) i sócmhainní á dtógáil, trí úsáid a bhaint as glanráta úis 2.4% (2022: 2.2%).

Tá suim ghlanluacha sócmhainní neamh-in-dímheasa (talamh) ag an 31 Nollaig 2023 cothrom le €97.0 milliún (2022: €97.0 milliún).

Tá réadmhaoin, gléasra agus trealamh a bhfuil suim ghlanluacha de €náid luaite leo ag an 31 Nollaig 2023 san áireamh thuas ar chostas €5,193.9 milliún (2022: €5,164.2 milliún).

San áireamh laistigh de bhreiseanna in 2023 tá caipitliú de ghlanlaghdú ar an bhforáil scoir sócmhainní do Ghiniúint agus Trádáil, ESB Networks agus NIE Networks ar luach (€21.3) milliún (2022: méadú ar an bhforáil scoir sócmhainní a caipitlíodh ar luach €69.7 milliún). Tá tuilleadh sonraí le fáil i nóta 28.

Baineann scor / diúscairtí in 2023 agus 2022 go príomha le scor sócmhainní atá dímheasta go hiomlán.

## 12. MAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH (ar lean)

Baineann an táille bhearnúcháin in 2023 le tionscadail ghnó nach bhfuiltear ag leanúint ar aghaidh leo níos mó agus sócmhainní aonair nach bhfuil oibríochtúil níos mó.

| Máthairchuideachta | Talamh agus foirgnimh €m | Gléasra agus innealra €m | Sócmhainní iomlána coimisiúnaithe €m | Sócmhainní á dtógáil €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2022** | 1,212.6 | 15,041.2 | 16,253.8 | 1,287.8 | **17,541.6** |
| Breisiúcháin | - | 396.3 | 396.3 | 576.1 | **972.4** |
| Scoir / diúscairtí | - | (6.8) | (6.8) | - | **(6.8)** |
| Aistrithe as sócmhainní faoi thógáil | 29.6 | 391.6 | 421.2 | (421.2) | **-** |
| Laghdú ar fhoráil scoir sócmhainní | - | (2.9) | (2.9) | - | **(2.9)** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2022** | 1,242.2 | 15,819.4 | 17,061.6 | 1,442.7 | **18,504.3** |
| | | | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2023** | 1,242.2 | 15,819.4 | 17,061.6 | 1,442.7 | **18,504.3** |
| Breisiúcháin | - | 410.6 | 410.6 | 824.9 | **1,235.5** |
| Scoir / diúscairtí | (12.3) | (11.9) | (24.2) | - | **(24.2)** |
| Aistrithe as sócmhainní faoi thógáil | 7.2 | 338.3 | 345.5 | (345.5) | **-** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2023** | 1,237.1 | 16,556.4 | 17,793.5 | 1,922.1 | **19,715.6** |
| | | | | | |
| **Dímheas** | | | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2022** | 723.1 | 9,097.5 | 9,820.6 | - | **9,820.6** |
| Muirear don bhliain | 22.2 | 505.3 | 527.5 | - | **527.5** |
| Scoir / diúscairtí | - | (6.6) | (6.6) | - | **(6.6)** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2022** | 745.3 | 9,596.2 | 10,341.5 | - | **10,341.5** |
| | | | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2023** | 745.3 | 9,596.2 | 10,341.5 | - | **10,341.5** |
| Muirear don bhliain | 22.7 | 526.3 | 549.0 | - | **549.0** |
| Scoir / diúscairtí | (12.3) | (10.1) | (22.4) | - | **(22.4)** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2023** | 755.7 | 10,112.4 | 10,868.1 | - | **10,868.1** |
| | | | | | |
| **Suim ghlanluacha an 31 Nollaig 2023** | **481.4** | **6,444.0** | **6,925.4** | **1,922.1** | **8,847.5** |
| **Suim ghlanluacha an 31 Nollaig 2022** | 496.9 | 6,223.2 | 6,720.1 | 1,442.7 | **8,162.8** |
| **Suim ghlanluacha an 1 Eanáir 2022** | 489.5 | 5,943.7 | 6,433.2 | 1,287.8 | **7,721.0** |

I rith na bliana, chaipitligh an Mháthairchuideachta ús luach €27.8 milliún (2022: €25.8 milliún) i sócmhainní á dtógáil, trí úsáid a bhaint as glanráta úis 2.4% (2022: 2.2%).

Tá suim ghlanluacha sócmhainní neamh-in-dímheasa (talamh) ag an 31 Nollaig 2023 cothrom le €79.9 milliún (2022: €79.9 milliún).

San áireamh laistigh de bhreiseanna in 2023 tá caipitliú de laghdú ar an bhforáil scoir sócmhainní do Ghiniúint agus Trádáil, ESB Networks agus ESB Networks ar luach €18.7 milliún (2022: méadú ar an bhforáil scoir sócmhainní a caipitlíodh ar luach €34.3 milliún). Tá tuilleadh sonraí le fáil i nóta 28.

Tá réadmhaoin, gléasra agus trealamh a bhfuil suim ghlanluacha de €náid luaite leo ag an 31 Nollaig 2023 san áireamh thuas ar chostas €4,098.7 milliún (2022: 4,068.7 (athluaite)).

Baineann scor / diúscairtí in 2023 agus 2022 go príomha le scor sócmhainní atá dímheasta go hiomlán.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 13. SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE

| Grúpa | Bogearraí agus sócmhainní doláimhsithe eile €m | Liúntais astaíochtaí agus ROCanna €m | Bogearraí á bhforbairt €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2022** | 1,127.3 | 304.6 | 91.7 | **1,523.6** |
| Breisiúcháin bhogearraí | 7.9 | - | 124.4 | **132.3** |
| Ceannach / liúntais astaíochtaí a ghintear go hinmheánach | - | 753.2 | - | **753.2** |
| Réiteach liúntais astaíochtaí | - | (378.6) | - | **(378.6)** |
| Aistrithe amach as bogearraí á bhforbairt | 19.4 | - | (19.4) | **-** |
| Aistriú chuig an ráiteas ioncaim | (24.5) | - | - | **(24.5)** |
| Difríochtaí aistrithe | (8.8) | (1.2) | (0.5) | **(10.5)** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2022** | 1,121.3 | 678.0 | 196.2 | **1,995.5** |
| | | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2023** | 1,121.3 | 678.0 | 196.2 | **1,995.5** |
| Breisiúcháin bhogearraí | 13.8 | - | 161.7 | **175.5** |
| Ceannach / liúntais astaíochtaí a ghintear go hinmheánach | - | 257.7 | - | **257.7** |
| Réiteach liúntais astaíochtaí | - | (497.8) | - | **(497.8)** |
| Scor bogearraí | (91.6) | - | (3.0) | **(94.6)** |
| Aistrithe amach as bogearraí á bhforbairt | 149.8 | - | (149.8) | **-** |
| Difríochtaí aistrithe | 3.8 | 0.2 | 0.9 | **4.9** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2023** | 1,197.1 | 438.1 | 206 | **1,841.2** |
| | | | | |
| **Amúchadh** | | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2022** | 727.7 | - | - | **727.7** |
| Muirear don bhliain | 84.6 | - | - | **84.6** |
| Difríochtaí aistrithe | (6.8) | - | - | **(6.8)** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2022** | 805.5 | - | - | **805.5** |
| | | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2023** | 805.5 | - | - | **805.5** |
| Muirear don bhliain | 84.2 | - | - | **84.2** |
| Scoir | (91.5) | - | - | **(91.5)** |
| Lagú | 0.6 | - | - | **0.6** |
| Difríochtaí aistrithe | 3.6 | - | - | **3.6** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2023** | 802.4 | - | - | **802.4** |
| | | | | |
| **Suim ghlanluacha an 31 Nollaig 2023** | **394.7** | **438.1** | **206.0** | **1,038.8** |
| **Suim ghlanluacha an 31 Nollaig 2022** | 315.8 | 678.0 | 196.2 | **1,190.0** |
| **Suim ghlanluacha an 1 Eanáir 2022** | 399.6 | 304.6 | 91.7 | **795.9** |
| | | | | |
| **Anailís déanta mar seo a leanas:** | | | | |
| Sócmhainní doláimhsithe neamhreatha | 394.7 | - | 206.0 | **600.7** |
| Sócmhainní doláimhsithe reatha | - | 438.1 | - | **438.1** |
| **Sócmhainní doláimhsithe iomlána an 31 Nollaig 2023** | 394.7 | 438.1 | 206.0 | **1,038.8** |
| | | | | |
| Sócmhainní doláimhsithe neamhreatha | 315.8 | - | 196.2 | 512.0 |
| Sócmhainní doláimhsithe reatha | | 678.0 | - | 678.0 |
| **Sócmhainní doláimhsithe iomlána an 31 Nollaig 2022** | **315.8** | **678.0** | **196.2** | **1,190.0** |

Cuimsítear i sócmhainní bogearraí sócmhainní forbartha agus ceannaithe go seachtrach agus is sócmhainní forbartha go hinmheánach a bhformhór.

Cuimsítear i sócmhainní doláimhsithe eile naisc eangaí a bhfuil glanluach de réir na leabhar €3.9 milliún (2022: €4.2 milliún) acu.

I rith na bliana, chaipitligh an Grúpa ús luach €3.5 milliún (2022: €3.4 milliún) i mbogearraí á bhforbairt, trí úsáid a bhaint as ráta caipitlithe 2.4% (2022: 2.2%).



## 13. SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE (ar lean)

Baineann scor / diúscairtí in 2023 agus 2022 go príomha le scor sócmhainní atá amúchta go hiomlán.

Baineann an táille bhearnúcháin €0.6 milliún in 2023 (2022: €náid milliún) le tionscadail feirm ghaoithe a d'fhéadfadh nach bhfuil oibríochtúil níos mó.

| Máthairchuideachta | Bogearraí agus sócmhainní doláimhsithe eile €m | Liúntais astaíochtaí agus ROCanna €m | Bogearraí á bhforbairt €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2022** | 880.2 | 284.1 | 81.9 | **1,246.2** |
| Breisiúcháin bhogearraí | - | - | 121.7 | **121.7** |
| Ceannach / liúntais astaíochtaí a ghintear go hinmheánach | - | 569.5 | - | **569.5** |
| Réiteach liúntais astaíochtaí | - | (204.4) | - | **(204.4)** |
| Aistrithe amach as bogearraí á bhforbairt | 19.4 | - | (19.4) | **-** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2022** | 899.6 | 649.2 | 184.2 | **1,733.0** |
| | | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2023** | 899.6 | 649.2 | 184.2 | **1,733.0** |
| Breisiúcháin bhogearraí | - | - | 156.9 | **156.9** |
| Ceannach / liúntais astaíochtaí a ghintear go hinmheánach | - | (6.5) | - | **(6.5)** |
| Réiteach liúntais astaíochtaí | - | (239.3) | - | **(239.3)** |
| Scor bogearraí | (91.6) | - | (3.0) | **(94.6)** |
| Aistrithe amach as bogearraí á bhforbairt | 149.4 | - | (149.4) | **-** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2023** | 957.4 | 403.4 | 188.7 | **1,549.5** |
| | | | | |
| **Amúchadh** | | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2022** | 550.3 | - | - | **550.3** |
| Muirear don bhliain | 71.0 | - | - | **71.0** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2022** | 621.3 | - | - | **621.3** |
| | | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2023** | 621.3 | - | - | **621.3** |
| Muirear don bhliain | 78.4 | - | - | **78.4** |
| Scoir / diúscairtí | (91.5) | - | - | **(91.5)** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2023** | 608.2 | - | - | **608.2** |
| | | | | |
| **Suim ghlanluacha an 31 Nollaig 2023** | **349.2** | **403.4** | **188.7** | **941.3** |
| **Suim ghlanluacha an 31 Nollaig 2022** | 278.3 | 649.2 | 184.2 | **1,111.7** |
| **Suim ghlanluacha an 1 Eanáir 2022** | 329.9 | 284.1 | 81.9 | **695.9** |
| | | | | |
| **Anailís déanta mar seo a leanas:** | | | | |
| Sócmhainní doláimhsithe neamhreatha | 349.2 | - | 188.7 | **537.9** |
| Sócmhainní doláimhsithe reatha | - | 403.4 | - | **403.4** |
| **Sócmhainní doláimhsithe iomlána an 31 Nollaig 2023** | 349.2 | 403.4 | 188.7 | **941.3** |
| | | | | |
| Sócmhainní doláimhsithe neamhreatha | 278.3 | - | 184.2 | **462.5** |
| Sócmhainní doláimhsithe reatha | - | 649.2 | - | **649.2** |
| **Sócmhainní doláimhsithe iomlána an 31 Nollaig 2022** | 278.3 | 649.2 | 184.2 | **1,111.7** |

Cuimsítear i sócmhainní bogearraí sócmhainní forbartha agus ceannaithe go seachtrach agus is sócmhainní forbartha go hinmheánach a bhformhór.

Cuimsítear i sócmhainní doláimhsithe eile naisc eangaí a bhfuil glanluach de réir na leabhar €1.1 milliún (2022: €1.3 milliún) acu.

I rith na bliana, chaipitligh an Mháthairchuideachta ús luach €3.5 milliún (2022: €3.4 milliún) i mbogearraí á bhforbairt, trí úsáid a bhaint as ráta caipitlithe 2.4% (2022: 2.2%).

Baineann scor / diúscairtí in 2023 agus 2022 go príomha le scor sócmhainní atá amúchta go hiomlán.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 14. SÓCMHAINNÍ CEART ÚSÁIDE AGUS DLITEANAIS LÉASA

### Grúpa
**(a) Suimeanna a aithnítear sa chlár comhardaithe**

| Sócmhainní ceart úsáide | Talamh agus foirgnimh €m | Mótarfheithiclí €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2022** | 108.5 | 4.8 | **113.3** |
| Breisiúcháin | 19.5 | 3.9 | **23.4** |
| Dímheas | (12.1) | (2.7) | **(14.8)** |
| Sócmhainní ceart úsáide a atomhas | 3.0 | - | **3.0** |
| Difríochtaí aistrithe | (1.4) | (0.3) | **(1.7)** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2022** | 117.5 | 5.7 | **123.2** |
| | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2023** | 117.5 | 5.7 | **123.2** |
| Breisiúcháin | 15.7 | 2.2 | **17.9** |
| Dímheas | (11.9) | (2.9) | **(14.8)** |
| Sócmhainní ceart úsáide a atomhas | 3.2 | - | **3.2** |
| Difríochtaí aistrithe | 0.3 | 0.1 | **0.4** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2023** | 124.8 | 5.1 | **129.9** |

| Dliteanais Léasa | Iomlán €m |
|---|---|
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2022** | **(119.5)** |
| Breisiúcháin | **(23.4)** |
| Costas úis | **(2.0)** |
| Éifeacht mhionathrithe an dliteanais léasa | **(2.8)** |
| Íocaíochtaí léasa1 | **17.6** |
| Difríochtaí aistrithe | **1.3** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2022** | **(128.8)** |
| | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2023** | **(128.8)** |
| Breisiúcháin | **(17.9)** |
| Costas úis | **(2.3)** |
| Éifeacht mhionathrithe an dliteanais léasa | **(4.9)** |
| Íocaíochtaí léasa[1] | **18.5** |
| Difríochtaí aistrithe | **(0.6)** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2023** | **(136.0)** |

| | 2023 €m | 2022 €m |
|---|---|---|
| **Anailís déanta mar seo a leanas:** | | |
| Dliteanais neamhreatha | **(120.5)** | (112.8) |
| Dliteanais reatha | **(15.5)** | (16.0) |
| **Iomlán** | **(136.0)** | (128.8) |

1 Cuimsítear sna híocaíochtaí léasa príomhghnéithe á léiriú mar ghníomhaíochtaí maoinithe €16.2 milliún (2022: €15.6 milliún).

## 14. SÓCMHAINNÍ CEART ÚSÁIDE AGUS DLITEANAIS LÉASA (ar lean)

**(b) Suimeanna eile a aithnítear sa ráiteas ioncaim**

| | 2023 €m | 2022 €m |
|---|---|---|
| Costais a bhaineann le léasanna gearrthéarmacha | **0.2** | 0.5 |
| Ní chuirtear costais a bhaineann le híocaíochtaí léasa inathraithe san áireamh i ndliteanais léasa | **6.0** | 4.5 |
| **Iomlán** | **6.2** | 5.0 |

### Máthairchuideachta
**(a) Suimeanna a aithnítear sa chlár comhardaithe**

| Sócmhainní ceart úsáide | Talamh agus foirgnimh €m |
|---|---|
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2022** | 59.9 |
| Breisiúcháin | 6.3 |
| Dímheas | (7.4) |
| Sócmhainní ceart úsáide a atomhas | 2.9 |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2022** | 61.7 |
| | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2023** | **61.7** |
| Breisiúcháin | **2.8** |
| Dímheas | **(7.8)** |
| Sócmhainní ceart úsáide a atomhas | **3.1** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2023** | **59.8** |

| Dliteanais Léasa | Total €m |
|---|---|
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2022** | (62.9) |
| Breisiúcháin | (6.3) |
| Costas úis | (0.8) |
| Éifeacht mhionathrithe an dliteanais léasa | (3.9) |
| Íocaíochtaí léasa[1] | 9.3 |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2022** | (64.6) |
| | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2023** | **(64.6)** |
| Breisiúcháin | **(2.8)** |
| Costas úis | **(0.8)** |
| Éifeacht mhionathrithe an dliteanais léasa | **(4.6)** |
| Íocaíochtaí léasa[1] | **9.9** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2023** | **(62.9)** |

| | 2023 €m | 2022 €m |
|---|---|---|
| **Anailís déanta mar seo a leanas:** | | |
| Dliteanais neamhreatha | **(55.0)** | (56.7) |
| Dliteanais reatha | **(7.9)** | (7.9) |
| **Iomlán** | **(62.9)** | (64.6) |

1 Cuimsítear sna híocaíochtaí léasa príomhghnéithe á léiriú mar ghníomhaíochtaí maoinithe €9.1 milliún (2022: €8.5 milliún).

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 14. SÓCMHAINNÍ CEART ÚSÁIDE AGUS DLITEANAIS LÉASA (ar lean)

**(b) Suimeanna eile a aithnítear sa ráiteas ioncaim**

| | 2023 €m | 2022 €m |
|---|---|---|
| Costais a bhaineann le léasanna gearrthéarmacha | **0.1** | 0.1 |
| Ní chuirtear costais a bhaineann le híocaíochtaí léasa inathraithe san áireamh i ndliteanais léasa | **0.1** | 1.0 |
| **Iomlán** | **0.2** | 1.1 |

## 15. DEA-THOIL

| | €m |
|---|---|
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2022** | **201.3** |
| Difríochtaí aistrithe | **(9.4)** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2022** | **191.9** |
| | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2023** | **191.9** |
| Difríochtaí aistrithe | **3.4** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2023** | **195.3** |

**NIE Networks**
Aithníodh dea-thoil ar éadáil Northern Ireland Electricity Networks (NIE Networks) i mí na Nollag 2010.

Déantar athbhreithniú ar dhea-thoil gach bliain, i mí na Nollag, chun críche bearnúcháin, trí mheasúnú a dhéanamh ar mhéid in-aisghabhála na hinfheistíochta. Rinneadh an tástáil bhearnúcháin bhliantúil ar dhea-thoil i mí na Nollag 2022 bunaithe ar a chóirluach lúide costais díola de réir IAS 36. Ríomh an Grúpa cóirluach NIE trí thagairt a dhéanamh do luachála margaidh fóntas rialaithe inchomparáide trí úsáid a bhaint as luacháil Bonn Sócmhainní Rialaithe (RAB). San áireamh anseo bhí athbhreithniú a dhéanamh ar idirbhearta fóntas rialaithe inchomparáide thar thréimhse roinnt blianta agus iolra coimeádach RAB a chur i bhfeidhm (bunaithe ar iolraí RAB úsáidte sna hidirbhearta sin) chun luacháil NIE a chinneadh. Bunaithe ar an measúnú seo, sháraigh cóirluach NIE a suim ghlanluacha go suntasach agus measadh nach bhfuil gá le haon laghdú ar an luach dea-thola.

Tá suim ghlanluacha sócmhainní na dea-thola seo an 31 Nollaig 2023 cothrom le €174.5 milliún (2022: €171.5 milliún).

**So Energy Ltd (So Energy)**
Aithníodh dea-thoil ar éadáil So Energy in 2021, féach ar nóta 16(c) le haghaidh tuilleadh sonraí.

Déantar athbhreithniú ar dhea-thoil gach bliain, i mí na Nollag, chun críche bearnúcháin, trí mheasúnú a dhéanamh ar mhéid in-aisghabhála na hinfheistíochta, bunaithe ar a luach úsáide.

Ríomh an Grúpa an luach úsáide trí úsáid a bhaint as samhail sreabhaidh airgid lascainithe 5 bliana agus luach teirminéil bunaithe ar luach intuigthe don mhéadarphointe.

Rinneadh an tástáil bhearnúcháin bhliantúil ar dhea-thoil i mí na Nollag 2023 bunaithe ar a chóirluach lúide costais díola de réir IAS 36. Measadh nach raibh sé riachtanach an luach dea-thola a laghdú.

Cuimsíodh i measc phríomhthionscnóirí an tsreabhaidh airgid lascainithe an líon custaiméirí, corrlach don chustaiméir, costais oibriúcháin, luacháil don  mhéadarphointe agus ráta lascaine. Cinneadh an ráta lascaine trí thagairt a dhéanamh do Mheánchostas Ualaithe an Chaipitil (WACC) do ghnó So Energy.

Tá suim ghlanluacha sócmhainní na dea-thola seo an 31 Nollaig 2023 cothrom le €20.8 milliún (2022: €20.4 milliún).



## 16. INFHEISTÍOCHTAÍ SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS AG CÓIRLUACH TRÍ BHRABÚS NÓ CAILLTEANAS AGUS INSTITIÚIDÍ INFHEISTIÚCHÁIN AR CUIREADH MODH CUNTASAÍOCHTA AN CHOTHROMAIS I BHFEIDHM ORTHU

**(a) Grúpa**

| | Institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu €m | Sócmhainní airgeadais ag cóirluach trí bhrabús nó caillteanas €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2022** | 282.5 | 5.3 | **287.8** |
| Breisiúcháin | 3.3 | - | **3.3** |
| Ardú cóirluacha ar institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | 17.4 | - | **17.4** |
| Sciar caillteanais | (30.9) | - | **(30.9)** |
| Gluaiseacht chóirluacha ar fháluithe sreabhaidh airgid (glan ar cháin) | 201.5 | - | **201.5** |
| Laghdú ar fhoráil na comaoine teagmhasa (nóta 28) | (8.9) | - | **(8.9)** |
| Díbhinní a fuarthas[1] | (29.0) | - | **(29.0)** |
| Bearnúcháin | (91.2) | - | **(91.2)** |
| Difríochtaí aistrithe | (12.5) | (0.3) | **(12.8)** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2022** | 332.2 | 5.0 | **337.2** |
| | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2023** | 332.2 | 5.0 | **337.2** |
| Breisiúcháin | 35.3 | - | **35.3** |
| Aistriú chuig infháltais eile | (0.5) | - | **(0.5)** |
| Sciar den bhrabús | 13.7 | - | **13.7** |
| Gluaiseacht chóirluacha ar fháluithe sreabhaidh airgid (glan ar cháin) | (45.7) | - | **(45.7)** |
| Méadú ar fhoráil na comaoine teagmhasa (nóta 28) | 3.2 | - | **3.2** |
| Díbhinní a fuarthas[1] | (34.1) | - | **(34.1)** |
| Bearnúcháin (note 6) | (14.8) | - | **(14.8)** |
| Difríochtaí aistrithe | 2.9 | - | **2.9** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2023** | 292.2 | 5.0 | **297.2** |

1 Cuimsítear sna díbhinní a fuarthas i rith na bliana ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu Aldeburgh Offshore Wind Holdings Limited €20.3 (2022: €24.4 milliún), Oweninny Power Holdings DAC €10.0 milliún (2022: €3.6 milliún), agus Raheenlagh Power DAC €3.8 milliún (2022: €1.0 milliún).

**Institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu**
Tá na haonáin liostaithe thíos scartha go dleathach ó na páirtithe agus ní thugann an fhoirm dhlíthiúil agus an socrú conarthach cearta díreacha do na páirtithe i ndáil le sócmhainní agus dliteanais na feithicle. I ndiaidh measúnú a dhéanamh ar infheistíocht ESB cinneadh go bhfuil rialú comhpháirteach á dhéanamh faoi IFRS 10 agus IFRS 11, seachas chomh fada is a bhaineann le Five Estuaries Offshore Wind Farm Limited a nglactar leis mar chomhlach. Dá réir sin, is ionann infheistíocht ESB sna haonáin seo agus cothromas a bhfuil cuntas a dhéanamh air de réir IAS 28 Infheistíocht i gComhlaigh agus Comhfhiontair.

Baineann an ghluaiseacht chóirluacha ar fháluithe sreabhaidh airgid d'institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu le díorthaigh atá i seilbh Aldeburgh Offshore Wind Holdings Limited, NNG Windfarm Holdings Limited, Oweninny Power Holdings DAC, Oweninny Power Holdings 2 DAC, SIRO Limited agus Raheenleagh Power DAC, atá ainmnithe mar chaidreamh fálaithe sreabhaidh airgid sna haonáin seo.

Baineann difríochtaí aistrithe d'institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu le Aldeburgh Offshore Wind Holdings Limited, Inch Cape Offshore Holdings Limited, Five Estuaries Offshore Wind Farm Limited, Lewis Wind Power Holdings Limited, Highland Wind Farm Limited, Western Isles Offshore Wind N2, Western Isles Offshore Wind N4 agus NNG Windfarm Holdings Limited de bhrí gurb é an steirling airgeadra feidhmiúil na gcuideachtaí seo.

Rinne an Grúpa measúnú ar chineál na rioscaí, agus ar athruithe ar na rioscaí a bhaineann lena leasanna in institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu.

1. Déantar measúnú ar na rioscaí creidmheasa a bhaineann leis na suimeanna atá dlite ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu i nóta 18.
2. Déantar measúnú ar institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu i leith bearnú nuair a thugtar le fios go bhfuil bearnú ann. Féach nóta 6 chun teacht ar shonraí faoi na táillí bearnúcháin maidir le NNG Windfarm Holdings Limited.

Tugtar sonraí faoi scair ceangaltais chaipitil an Ghrúpa do gach institiúid infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu i nóta 30.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 16. INFHEISTÍOCHTAÍ SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS AG CÓIRLUACH TRÍ BHRABÚS NÓ CAILLTEANAS AGUS INSTITIÚIDÍ INFHEISTIÚCHÁIN AR CUIREADH MODH CUNTASAÍOCHTA AN CHOTHROMAIS I BHFEIDHM ORTHU (ar lean)

**Leasanna in institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu**
Tá na cuideachtaí seo a leanas curtha san áireamh i gcuntais ESB Group mar chomhfhiontair trí úsáid a bhaint as modh cuntasaíochta cothromais:

| | | Sealúchas scairchaipitil faoi úinéireacht | | Luach tugtha anonn Ús Cothromais an Ghrúpa | | Suimeanna dlite ó Institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | 2023 | 2022 | 2023 | 2022 | 2023 | 2022 |
| Ainm na cuideachta | Tír | % | % | €m | €m | €m | €m |
| **Athnuaiteáin Amach ón gCósta** | | | | | | | |
| Inch Cape Offshore Holdings Limited | An Bhreatain Mhór | **50.0** | 50.0 | **26.8** | 24.7 | **153.8** | 84.4 |
| NNG Windfarm Holdings Limited | An Bhreatain Mhór | **50.0** | 50.0 | **-** | 41.2 | **369.5** | 328.4 |
| Aldeburgh Offshore Wind Holdings Limited | An Bhreatain Mhór | **50.0** | 50.0 | **119.1** | 124.6 | **-** | - |
| Five Estuaries Offshore Wind Farm Limited | An Bhreatain Mhór | **12.5** | 12.5 | **2.7** | 1.7 | **-** | - |
| Western Isles Offshore Wind N2[1] | An Bhreatain Mhór | **24.5** | - | **6.3** | - | **-** | - |
| Western Isles Offshore Wind N4[1] | An Bhreatain Mhór | **24.5** | - | **20.4** | - | **-** | - |
| Clogherhead Offshore Wind Holdings DAC | Poblacht na hÉireann | **75.0** | 75.0 | **-** | - | **4.6** | - |
| Celtic 1 OSW Power DAC[2] | Poblacht na hÉireann | **50.0** | - | **-** | - | **1.2** | - |
| Celtic 2 OSW Power DAC[2] | Poblacht na hÉireann | **50.0** | - | **-** | - | **0.9** | - |
| Helvic Head Offshore Wind DAC[2] | Poblacht na hÉireann | **50.0** | - | **-** | - | **2.6** | - |
| Loch Gorman Offshore Wind DAC[2] | Poblacht na hÉireann | **50.0** | - | **-** | - | **1.9** | - |
| Moneypoint 1 Offshore Wind DAC[2] | Poblacht na hÉireann | **50.0** | - | **-** | - | **1.0** | - |
| Moneypoint 2 Offshore Wind DAC[2] | Poblacht na hÉireann | **50.0** | - | **-** | - | **1.6** | - |
| Seastacks Offshore Wind DAC[2] | Poblacht na hÉireann | **50.0** | - | **-** | - | **1.6** | - |
| Saoirse Wave Energy Limited | Poblacht na hÉireann | **50.0** | - | **-** | - | **-** | - |
| | | | | **175.3** | 192.2 | **538.7** | 412.8 |
| **Athnuaiteáin ar an gCladach** | | | | | | | |
| Raheenleagh Power DAC | Poblacht na hÉireann | **50.0** | 50.0 | **6.5** | 6.7 | **-** | - |
| Oweninny Power Holdings DAC | Poblacht na hÉireann | **50.0** | 50.0 | **13.8** | 20.4 | **3.9** | 3.7 |
| Oweninny Power Holdings 2 DAC | Poblacht na hÉireann | **50.0** | 50.0 | **11.4** | 10.7 | **18.9** | 15.8 |
| FuturEnergy Ireland Development Holdings DAC | Poblacht na hÉireann | **50.0** | 50.0 | **52.5** | 54.7 | **32.0** | 17.2 |
| Sundew Solar DAC | Poblacht na hÉireann | **50.0** | 50.0 | **-** | 0.5 | **31.0** | 3.0 |
| Lewis Wind Power Holdings Limited | An Bhreatain Mhór | **50.0** | - | **2.8** | - | **11.6** | - |
| Highland Wind Farm Limited | An Bhreatain Mhór | **50.0** | - | **0.3** | - | **-** | - |
| | | | | **87.3** | 93.0 | **97.4** | 39.7 |
| **Eile** | | | | | | | |
| Emerald Bridge Fibres DAC | Poblacht na hÉireann | **50.0** | 50.0 | **-** | - | **0.2** | - |
| SIRO Limited[3] | Poblacht na hÉireann | **50.0** | 50.0 | **26.8** | 43.9 | **83.4** | 78.0 |
| Superhomes Ireland DAC | Poblacht na hÉireann | **50.0** | 50.0 | **2.8** | 3.1 | **3.2** | 1.5 |
| | | | | **29.6** | 47.0 | **86.8** | 79.5 |
| **Iomlán** | | | | **292.2** | **332.2** | **722.9** | **532.0** |

1 Tá na hinfheistíochtaí seo mar chuid den infheistíocht in Western Isles Group.
2 Tá na hinfheistíochtaí seo mar chuid den infheistíocht i nGrúpa Phunann Amach ón gCósta ESB agus Ørsted.
3 Tá an infheistíocht seo á coimeád ag an máthairchuideachta. Féach, le do thoil, Nóta 16 (b) chun teacht ar bhreis sonraí.

### Inch Cape Offshore Holdings Limited
I mí na Samhna 2020, shealbhaigh an Grúpa bun 50% in Inch Cape Offshore Holdings Limited (ICOHL), socrú comhpháirteach le Red Rock Power Limited. Tá comaoin theagmhasach €22.3 milliún (2022: €18.8 milliún) san áireamh sna sócmhainní airgeadais atá ag brath ar gharspriocanna tionscadail a chomhlíonadh agus torthaí sonracha a bhaint amach atá san áireamh sa chinneadh maidir le hinfheistíocht airgeadais.

## 16. INFHEISTÍOCHTAÍ SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS AG CÓIRLUACH TRÍ BHRABÚS NÓ CAILLTEANAS AGUS INSTITIÚIDÍ INFHEISTIÚCHÁIN AR CUIREADH MODH CUNTASAÍOCHTA AN CHOTHROMAIS I BHFEIDHM ORTHU (ar lean)

Is le ICOHL 100% de Inch Cape Offshore Limited (IC). Tá comhaontú nasc eangaí le haghaidh 1,080 MW luaite leis an tionscadal atá suite amach ó chósta thoir na hAlban. Soláthraíonn an infheistíocht 50% in ICOHL bun 50% go hindíreach do ESB in IC.

### NNG Windfarm Holdings Limited (Neart na Gaoithe)
I mí na Nollag 2019, shealbhaigh an Grúpa bun 50% in NNG Windfarm Holdings Limited (NNGWH), socrú comhpháirteach le EDF Renewables UK Limited.

Is faoi úinéireacht NNGWH atá 100% de Neart na Gaoithe Offshore Gaoth Limited (NNGOW). Is é cuspóir an tsocraithe chomhpháirtigh seo feirm ghaoithe 448 MW a fhorbairt amach ó chósta thoir na hAlban. Soláthraíonn an infheistíocht 50% in NNGWH bun 50% go hindíreach do ESB in NNGOW.

Bhíothas an tionscadal thíos le moilleanna fada in 2021 agus 2022 agus bhí moilleanna breise ann maidir le tuirbíní a chur isteach in 2023. Mar thoradh air sin, ní bheidh na hoibríochtaí tráchtála á gcur i gcrích nuair a bhí beartaithe agus tá súil leis go dtabhófar costais tógála bhreise. De bharr na saincheisteanna seo, rinneadh tástáil bhearnúcháin ar luach anonn thionscadal Neart na Gaoithe, san áireamh laistigh d'infheistíochtaí ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu, amhail an 31 Nollaig 2023. Bunaíodh an mhodheolaíocht luachála a úsáideadh chun luach a lua le hinfheistíocht an Ghrúpa ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm uirthi i Neart na Gaoithe ar shamhail sreabhaidh airgid lascainithe a rinneadh a ualú i dtaobh dóchúlachta (i.e. cur chuige ioncaim) chun cinneadh a dhéanamh maidir le costas cóirluacha díola de réir IFRS 13 agus IAS 36.

Seo a leanas na príomhthoimhdí a úsáideadh chun an tástáil bhearnúcháin a dhéanamh:
- Costais tógála mheasta go dtí go mbeidh an obair curtha i gcrích
- Cásanna amlínte an tionscadail, lena n-áirítear Dáta na hOibríochta Tráchtála measta a mbeidh tionchar aige ar chostais tógála iomlána agus ar ioncam iomlán
- An leibhéal de cheangaltais airgeadais
- Tionchar boilscithe, úis agus fáluithe FX
- Meastachán maidir leis an ráta boilscithe fadtéarmach le haghaidh ioncam neamhfhálaithe
- Praghsanna margaidh réamh-mheasta
- Fachtóirí gaothualaigh réamh-mheasta
- Ráta lascaine margaidh le haghaidh sreafaí airgid oibríochtúla

Meastar go bhfuil méid in-aisghabhála na hinfheistíochta atá san áireamh in institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu cothrom le €náid amhail an 31 Nollaig 2023. Nuair a chuirtear i gcomparáid é le luach tugtha anonn na hinfheistíochta, d'eascair táille bhearnúcháin €14.8 milliún as seo nach gá í a nochtadh ar leithligh, i dtuairim na bainistíochta mar mhír eisceachtúil (rinneadh (2022: €91.2 milliún a chur i dtaifead mar mhír eisceachtúil (féach nóta 6)). Rinneadh measúnú maidir le hiasachtaí don tionscadal agus níor cuireadh aon soláthar do chaillteanas ionchasach creidmheasa i dtaifead. Bhí an méid dlite i ndáil leis na hiasachtaí leis an tionscadal an 31 Nollaig 2023 cothrom le €368.9 milliún (2022: €328.4 milliún). Chomh maith leis sin, bhí gealltanais bhreise €286.3 milliún ag an nGrúpa ag an 31 Nollaig 2023 (2022: €233.0 milliún) (féach nóta 29 (e)).

### Aldeburgh Offshore Wind Holdings Limited (AOWHL)
I mí an Mhárta 2018, shealbhaigh an Grúpa 50% de scairchaipiteal eisithe AOWHL. Chomh maith leis sin, shealbhaigh an Grúpa 50% de na nótaí iasachta eisithe ag Aldeburgh Offshore Wind Investments Limited (AOWIL), fochuideachta atá 100% faoi úinéireacht AOWHL ionas gur féidir leis feidhmiú mar Chomhpháirtí Comhfhiontair 50% le Sumitomo Corporation Europe Limited.

Tá bun 25% ag AOWHL i dtionscadal Galloper Wind Farm. Is forbairt 353 MW é tionscadal Galloper atá suite in inbhear Outer Thames, 30km amach ó chósta Suffolki i Sasana. Soláthraíonn an infheistíocht 50% in AOWHL bun 12.5% go hindíreach i dtionscadal Galloper.

### Five Estuaries Offshore Wind Farm Limited
Tá scairshealbhú cothromais 12.5% ag an nGrúpa in Five Estuaries Offshore Wind Farm Limited. Is é an aidhm atá le Five Estuaries Offshore Wind Farm Limited feirm ghaoithe amach ón gcósta Five Estuaries a fhorbairt taobh le Feirm Ghaoithe Amach ón gCósta Galloper amach ó chósta Suffolk. Déantar cuntas ar an infheistíocht seo trí mhodh an chothromais agus rangaítear í mar chomhlach de bhrí go bhfuil an chumhacht ag ESB páirt a ghlacadh i gcinntí beartais airgeadais agus oibriúcháin an institiúidí infheistiúcháin ach níl na beartais á rialú nó á rialú go comhpháirteach aige.

### Western Isles Group
Cheannaigh an Grúpa dhá scairsheilbh chothromais 24.5% i mBealtaine 2023 in Western Isles Offshore Wind N2 Limited (Havbredey Limited) agus Western Isles Offshore Wind N4 Limited (Spiorad na Mara Limited) ó Northland Power Inc. Déantar cuntas ar na hinfheistíochtaí seo trí mhodh an chothromais agus rangaítear í mar chomhpháirtithe de bhrí go bhfuil an chumhacht ag ESB páirt a ghlacadh i gcinntí beartais airgeadais agus oibriúcháin an institiúidí infheistiúcháin ach níl na beartais á rialú nó á rialú go comhpháirteach aige. Is é cuspóir na gcomhpháirtithe seo suíomh tuirbíní gaoithe fosaithe 840 MW agus suíomh 1,500 MW ar snámh a thógáil amach ó chósta na hAlban.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

# 16. INFHEISTÍOCHTAÍ SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS AG CÓIRLUACH TRÍ BHRABÚS NÓ CAILLTEANAS AGUS INSTITIÚIDÍ INFHEISTIÚCHÁIN AR CUIREADH MODH CUNTASAÍOCHTA AN CHOTHROMAIS I BHFEIDHM ORTHU (ar lean)

**Clogherhead Offshore Wind Holdings DAC**
Is comhpháirtí 75% é an Grúpa in Clogherhead, socrú comhpháirteach bunaithe le Parkwind NV. Is é an aidhm atá leis an socrú comhpháirteach seo feirm ghaoithe amach ón gcósta a fhorbairt i gContae Lú in Éirinn.

I mí na Nollag 2022, ghlac an Grúpa páirt i gcomhaontuithe, lena n-áirítear comhaontú comhfhiontair le Parkwind NV a chiallaigh gur éirigh le Parkwind NV 25% de Clogherhead a shealbhú. Tá an comhaontú comhfhiontair struchtúrtha ar shlí a chiallaíonn go bhfuil an chumhacht chun gníomhaíochtaí agus torthaí a bhainistiú arna sealbhú i gcomhpháirt ag an mbeirt infheisteoirí agus, dá réir sin, gur féidir glacadh leis mar shocrú comhpháirteach.

**ESB & Ørsted Offshore Group**
D'iontráil ESB agus Ørsted i Meitheamh 2023 i gcomhshocrú chun punann tionscadail ghaoithe amach ón gcósta a fhorbairt timpeall ar chósta thoir, theas agus thiar na hÉireann. Chuige sin, cuimsíodh feithiclí sainchuspóra agus tá siad á gcomhrialú ag ESB agus Ørsted leis na tionscadail seo a fhorbairt. Fochuideachtaí faoi úinéireacht iomlán ESB a bhí sna feithiclí sainchuspóra seo roimh an socrú agus comhfhiontair atá anois iontu. Féach, le do thoil, nóta 2 (ix) chun teacht ar shonraí faoin gcomhpháirtíocht le Ørsted.

**Saoirse Wave Energy Limited**
D'iontráil an Grúpa i nDeireadh Fómhair 2023 i gcomhaontú comhfhiontair le Simply Blue Group. Is é cuspóir an chomhshocraithe seo sraith tonnfheirme cheannródaíoch 5 MW a sholáthar, atá suite taobh le cósta Chontae an Chláir.

**Raheenleagh Power DAC (Raheenleagh)**
Comhpháirtí 50% atá sa Ghrúpa in Raheenleagh, socrú comhpháirteach le GR Wind Farms 1 Limited. Oibríonn an socrú comhpháirteach seo feirm ghaoithe 35 MW i gContae Chill Mhantáin.

**Oweninny Power Holdings DAC (Oweninny)**
Comhpháirtí 50% atá sa Ghrúpa in Oweninny Power Holdings DAC (OPH), socrú comhpháirteach a cruthaíodh le Bord na Móna. Oibríonn an socrú comhpháirteach seo feirm ghaoithe 89 MW i mBéal Átha Chomhraic, Contae Mhaigh Eo.

Is le OPH féin 100% de Oweninny Power DAC (OP1). Soláthraíonn an infheistíocht 50% in OPH bun 50% go hindíreach do ESB in OP1.

**Oweninny Power Holdings 2 DAC**
Comhpháirtí 50% atá sa Ghrúpa in Oweninny Power Holdings DAC (OPH2), socrú comhpháirteach a cruthaíodh le Bord na Móna. Oibríonn an socrú comhpháirteach feirm ghaoithe 83 MW i mBéal Átha Chomhraic, Contae Mhaigh Eo.

Is le OPH2 féin 100% de Oweninny Power DAC (OP2). Soláthraíonn an infheistíocht 50% in OPH2 bun 50% go hindíreach do ESB in OP2.

**FuturEnergy Ireland Development Holdings DAC**
Comhpháirtí 50% atá sa Ghrúpa in FuturEnergy Ireland Development Holdings DAC (FEIDH), socrú comhpháirteach le Coillte Limited.

Is lé FEIDH 100% de FuturEnergy Ireland Development DAC (FEID). Is é cuspóir an tsocraithe chomhpháirtigh seo tionscadail fuinnimh in-athnuaite ábhartha a fhorbairt. Soláthraíonn an infheistíocht 50% in FEIDH bun 50% go hindíreach do ESB in FEIDH.

**Sundew Solar DAC**
Comhpháirtí 50% atá sa Sundew Solar DAC, socrú comhpháirteach a cruthaíodh le Bord na Móna. Is é cuspóir an tsocraithe chomhpháirtigh feirm ghréine a fhorbairt.

**Lewis Wind Power Holdings Limited**
D'iontráil an Grúpa i nDeireadh Fómhair 2023 i gcomhaontú comhfhiontair le EDF Renewables UK Limited. Is é cuspóir an tsocraithe chomhpháirtigh seo Feirm Ghaoithe Stornoway a fhorbairt ar Leòdhas. Tionscadal gaoithe Cianoileáin 180 MW toilithe í Feirm Ghaoithe Stornoway ar Leòdhas, amach ó chósta thiar na hAlban.



# 16. INFHEISTÍOCHTAÍ SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS AG CÓIRLUACH TRÍ BHRABÚS NÓ CAILLTEANAS AGUS INSTITIÚIDÍ INFHEISTIÚCHÁIN AR CUIREADH MODH CUNTASAÍOCHTA AN CHOTHROMAIS I BHFEIDHM ORTHU (ar lean)

**Highland Wind Farm Limited**
D'iontráil an Grúpa i nDeireadh Fómhair 2023 i gcomhaontú comhfhiontair le Ampyr Energy UK Limited. Is é cuspóir an tsocraithe chomhpháirtigh seo tionscadal feirme gaoithe 168 MW, "Highland Wind Farm", a fhorbairt i nGarbhchríocha na hAlban.

**Emerald Bridge Fibres DAC (EBFD)**
Comhpháirtí 50% atá sa Ghrúpa in EBFD, socrú comhpháirteach le ZAYO Group. Is é cuspóir an tsocraithe chomhpháirtigh seo bonneagar teileachumarsáide a fhorbairt agus a sholáthar idir Éirinn agus an Ríocht Aontaithe i bhfoirm gréasán cáblaí snáthoptaice fomhuirí.

**SIRO Limited (SIRO)**
Is socrú comhpháirteach é SIRO ina bhfuil comhrialú agus leas úinéireachta 50% ag an nGrúpa. Bhunaigh an Grúpa SIRO le Vodafone Ireland Limited agus fuair sé bun 50% i Samhain 2014. Leagann an socrú comhpháirteach seo cáblaí snáthoptaice taobh le líonra leictreachais reatha ESB chun leathanbhanda a sholáthar go díreach d'áiteanna cónaithe agus do ghnólachtaí i mbailte agus cathracha réigiúnacha ar fud na hÉireann.

I rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2022, rinneadh coigeartú cóirluacha IFRS 9 €17.4 milliún mar thoradh go ndearnadh an iasacht reatha scairshealbhóra a athstruchtúrú. D'iontráil SIRO isteach i saoráidí nua fiachais, a ndearna a théarmaí iasacht SIRO DAC a fho-ordú le ESB Group. Bhíodh an iasacht á coimeád roimhe seo ar éileamh agus tá dáta aisíocaíochta anois aige in 2029.

**Superhomes Ireland DAC**
Is comhpháirtí 50% é an Grúpa Superhomes Ireland DAC (SIDAC), socrú comhpháirteach le Gníomhaireacht Fuinnimh Thiobraid Árann. Is é an aidhm atá leis an socrú comhpháirteach seo gnó inscálaithe náisiúnta domhain-iarfheistithe a fhorbairt a bheidh dírithe go sonrach ar mhargadh baile na hÉireann.

Seo a leanas sciar comhiomlán an Ghrúpa de na sócmhainní neamhreatha, dliteanais neamhreatha, dliteanais reatha, ioncaim agus costais a bhaineann lena leasanna sna comhfhiontair seo:

**Ráiteas ioncaim achoimrithe[1]**

| | Athnuaiteáin Amach ón gCósta | | Athnuaiteáin ar an gCladach | | Eile | | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2023 €m | 2022 €m | 2023 €m | 2022 €m | 2023 €m | 2022 €m | 2023 €m | 2022 €m |
| Ioncam | **-** | - | **63.4** | 64.2 | **71.0** | 55.7 | **134.4** | 119.9 |
| Dímheas | **-** | - | **(11.1)** | (7.6) | **(35.7)** | (31.0) | **(46.8)** | (38.6) |
| Ús a íocadh | **(5.1)** | (1.2) | **(6.9)** | (6.1) | **(21.4)** | (9.5) | **(33.4)** | (16.8) |
| Cáin Ioncaim | **(0.7)** | 0.2 | **(3.1)** | (4.5) | **8.0** | 7.3 | **4.2** | 3.0 |
| Gnóthachan / (caillteanas) iomlán | **33.0** | (48.4) | **19.5** | 29.4 | **(22.9)** | (24.2) | **29.6** | (43.2) |
| **Sciar an Ghrúpa den ghnóthachan / (chaillteanas)** | **19.1** | (24.2) | **9.8** | 14.7 | **(11.4)** | (12.1) | **17.5** | (21.6) |
| | | | | | | | | |
| Coigeartuithe eile[1/2] | **(2.9)** | 0.8 | **(1.0)** | (5.8) | **0.1** | (4.3) | **(3.8)** | (9.3) |
| Bearnú na hinfheistíochta | **(14.8)** | (91.2) | **-** | - | **-** | - | **(14.8)** | (91.2) |
| Sciar an Ghrúpa de ghluaiseachtaí cóirluacha ar fháluithe sreabhaidh airgid (glan ar cháin) | **(36.1)** | 161.0 | **(3.5)** | 22.3 | **(6.1)** | 18.2 | **(45.7)** | 201.5 |
| **(Caillteanas) / gnóthachan cuimsitheach iomlán** | **(34.7)** | 46.4 | **5.3** | 31.2 | **(17.4)** | 1.8 | **(46.8)** | 79.4 |

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 16. INFHEISTÍOCHTAÍ SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS AG CÓIRLUACH TRÍ BHRABÚS NÓ CAILLTEANAS AGUS INSTITIÚIDÍ INFHEISTIÚCHÁIN AR CUIREADH MODH CUNTASAÍOCHTA AN CHOTHROMAIS I BHFEIDHM ORTHU (ar lean)

### Clár comhardaithe achoimrithe

| | 2023 €m | 2022 €m | 2023 €m | 2022 €m | 2023 €m | 2022 €m | 2023 €m | 2022 €m |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sócmhainní neamhreatha | **3,334.4** | 2,420.9 | **425.1** | 380.9 | **609.7** | 540.1 | **4,369.2** | 3,341.9 |
| Sócmhainní reatha | **403.4** | 485.4 | **73.9** | 34.5 | **54.0** | 68.3 | **531.3** | 588.2 |
| Airgead tirim | **72.4** | 20.8 | **106.6** | 65.3 | **16.4** | 12.3 | **195.4** | 98.4 |
| Dliteanais reatha | **(749.8)** | (623.0) | **(90.6)** | (69.3) | **(196.4)** | (187.5) | **(1,036.8)** | (879.8) |
| Dliteanais neamhreatha | **(3,364.5)** | (2,582.3) | **(442.2)** | (378.3) | **(444.6)** | (359.5) | **(4,251.3)** | (3,320.1) |
| **Glansócmhainní/(glandliteanais)** | **(304.1)** | (278.2) | **72.8** | 33.1 | **39.1** | 73.7 | **(192.2)** | (171.4) |

Tá réiteach na méideanna thuasluaite i ndáil leis an infheistíocht aitheanta sa chlár comhardaithe comhdhlúite.

| **Ús cothromais an Ghrúpa**[4] | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Glansócmhainní/(glandliteanais)** | **(304.1)** | (278.2) | **72.8** | 33.1 | **39.1** | 73.7 | **(192.2)** | (171.4) |
| Sciar an Ghrúpa | **(175.6)** | (139.1) | **36.4** | 16.6 | **19.6** | 36.9 | **(119.6)** | (85.6) |
| Coigeartuithe eile[3] | **350.9** | 331.3 | **50.9** | 76.4 | **10.0** | 10.1 | **411.8** | 417.8 |
| **Luach tugtha anonn ús cothromais an Ghrúpa** | **175.3** | 192.2 | **87.3** | 93.0 | **29.6** | 47.0 | **292.2** | 332.2 |

1 Tá na huimhreacha atá luaite sa tábla thuas bunaithe ar chuntais bhainistíochta neamh-iniúchta. Nuair a bhíonn na ráitis airgeadais iniúchta ar fáil, léirítear aon choigeartuithe an bhliain dár gcionn.
2 Sa chás go bhfuil sciar an Ghrúpa de chaillteanais comhlaigh nó comhfhiontair cothrom le nó go sáraíonn sé a leas sa chomhlach nó sa chomhfhiontar, stopann an Grúpa ag aithint a sciar de chaillteanais bhreise mura bhfuil oibleagáid dhlíthiúil nó chuiditheach ann tuilleadh caillteanas a shainaithint. Áirítear i gcaillteanais dhí-aitheanta in 2023 Emerald Bridge Fibres DAC, Clogherhead offshore Wind Holdings Limited agus ESB agus Ørsted Offshore Group €9.7 milliún (caillteanais neamhaitheanta charnacha €10.0 milliún go dtí seo).
3 Léirítear i gcoigeartuithe eile an difríocht idir suim ghlanluacha sciar an Ghrúpa de na glansócmhainní sealbhaithe agus méid na hinfheistíochta.
4 Féach, le do thoil, Leas in institiúidí infheistiúcháin eile ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu chun teacht ar mhiondealú ar an % de sheilbh d'ús cothromais an ghrúpa agus an ghrúpáil ar institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu laistigh de na foghrúpaí thuas - Athnuaiteáin Amach ón gCósta, Athnuaiteáin ar an gCladach agus Eile.

### Leas i sócmhainní airgeadais arna sealbhú ag cóirluach trí bhrabús nó caillteanas

Tá ciste caipitil fiontair faoi úinéireacht an Ghrúpa, ESB Novusmodus Limited Partnership, ina n-infheistítear síolchaipteal in aonáin teicneolaíochta atá ag teacht chun cinn. Tá na hinfheistíochtaí seo á mbainistiú chun críche toradh ar infheistíocht agus dá bharr sin tugtar anonn ag cóirluach iad trí bhrabús nó caillteanas. Níl an t-aonán ina bhfuil na sócmhainní airgeadais á gcoimeád á rialú ag ESB. Cuimsítear sna hinfheistíochtaí seo roinnt cuideachtaí fuinnimh ghlain agus nua-theicneolaíochta. Rinneadh na hinfheistíochtaí seo a chóirluacháil ag deireadh na bliana agus léirítear an ghluaiseacht i mbrabús nó caillteanas.

Tá sciar 5% ag an nGrúpa in Oriel Offshore Wind Farm Limited agus déantar cuntasaíocht ar an infheistíocht seo faoi chóirluach brabúis nó caillteanais mar infheistíocht sócmhainní airgeadais de réir IFRS 9.



## 16. INFHEISTÍOCHTAÍ SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS AG CÓIRLUACH TRÍ BHRABÚS NÓ CAILLTEANAS AGUS INSTITIÚIDÍ INFHEISTIÚCHÁIN AR CUIREADH MODH CUNTASAÍOCHTA AN CHOTHROMAIS I BHFEIDHM ORTHU (ar lean)

### (b) An Mháthairchuideachta

| | Infheistíochtaí institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu € m | Iomlán na ngnóthas fochuideachta € m |
|---|---|---|
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2022** | 24.1 | **61.8** |
| Ardú cóirluacha ar institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | 17.4 | - |
| Sciar caillteanais | (15.8) | - |
| Gluaiseacht chóirluacha ar fháluithe sreabhaidh airgid (glan ar cháin) | 18.2 | - |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2022** | 43.9 | **61.8** |
| | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2023** | 43.9 | **61.8** |
| Sciar caillteanais | (10.9) | - |
| Gluaiseacht chóirluacha ar fháluithe sreabhaidh airgid (glan ar cháin) | (6.2) | - |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2023** | 26.8 | **61.8** |

## 17. FARDAIL

| | Grúpa | | Máthairchuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | 2023 €m | 2022 €m | 2023 €m | 2022 €m |
| Ábhair | **48.6** | 35.9 | **16.4** | 12.5 |
| Breosla | **113.0** | 190.0 | **99.1** | 181.7 |
| **Iomlán** | **161.6** | 225.9 | **115.5** | 194.2 |

Áirítear le fardail sa Ghrúpa an 31 Nollaig 2023 €98.1 milliún a tugadh anonn ar ghlanluach inréadaithe (2022: €152.4 milliún). Áirítear le fardail sa Ghrúpa an 31 Nollaig 2023 €107.2 milliún a tugadh anonn ar ghlanluach inréadaithe (2022: €191.8 milliún).

Áirítear le fardail sa Mháthairchuideachta an 31 Nollaig 2023 €72.7 milliún a tugadh anonn ar ghlanluach inréadaithe (2022: €132.7 milliún). Is é costas na bhfardal a tugadh anonn ar ghlanluach inréadaithe sa Mháthairchuideachta an 31 Nollaig 2023 €79.8 milliún (2022: €170.3 milliún).

| | Grúpa | | Máthairchuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | 2023 €m | 2022 €m | 2023 €m | 2022 €m |
| Fardail a ídíodh | **167.1** | 316.8 | **163.7** | 313.5 |
| Díscríobh / (athscríobh) fardail | **1.5** | - | **0.6** | (0.5) |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 18. TRÁDÁIL AGUS INFHÁLTAIS EILE

| | Grúpa [1/2]Athrangaithe | | Máthairchuideachta [2/3]Athrangaithe | |
|---|---|---|---|---|
| | 2023 | 2022 | 2023 | 2022 |
| | €m | €m | €m | €m |
| **Infháltais reatha:** | | | | |
| Infháltais fuinnimh miondíola - billeáilte[1] | **225.4** | 321.5 | **59.7** | 66.8 |
| Infháltais fuinnimh miondíola - neamhbhilleáilte[1] | **511.3** | 690.4 | **245.9** | 279.1 |
| Infháltais fuinnimh miondíola iomlána | **736.7** | 1,011.9 | **305.6** | 345.9 |
| Infháltais a bhaineann le stór I-SEM | **17.9** | 20.2 | **-** | - |
| Infháltais an Chórais a úsáid (neamhbhilleáilte san áireamh) | **289.4** | 269.0 | **65.5** | 50.8 |
| Infháltais leictreachais eile | **2.3** | 1.4 | **-** | - |
| Infháltais fuinnimh iomlána | **1,046.3** | 1,302.5 | **371.1** | 396.7 |
| Infháltais trádála - neamhfhuinnimh[1] | **34.0** | 72.8 | **6.7** | 42.8 |
| Suimeanna dlite ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | **22.3** | 0.2 | **1.4** | - |
| Suimeanna dlite ó árachóirí | **23.9** | - | **23.9** | - |
| Éarlaisí gearrthéarmacha | **-** | 194.6 | **-** | - |
| Comhthaobhacht airgid thirim[2] | **590.0** | 834.9 | **559.0** | 735.5 |
| Infháltais eile[2/3] | **456.5** | 401.2 | **343.6** | 43.4 |
| Suimeanna dlite ó ghnóthais fochuideachta[3] | **-** | - | **2,166.9** | 3,280.3 |
| Réamhíocaíochtaí | **44.7** | 109.1 | **25.7** | 91.1 |
| **Infháltais reatha iomlána** | **2,217.7** | 2,915.3 | **3,498.3** | 4,589.8 |
| | | | | |
| **Infháltais neamhreatha:** | | | | |
| Suimeanna dlite ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | **700.6** | 536.5 | **112.1** | 93.8 |
| Suimeanna dlite ó ghnóthais fochuideachta | **-** | - | **2,107.6** | 2,269.8 |
| Suimeanna dlite ó árachóirí | **24.1** | 48.4 | **24.1** | 48.4 |
| **Infháltais neamhreatha iomlána** | **724.7** | 584.9 | **2,243.8** | 2,412.0 |
| | | | | |
| **Infháltais iomlána** | **2,942.4** | 3,500.2 | **5,742.1** | 7,001.8 |

1 Athrangaíodh infháltais fuinnimh miondíola bhilleáilte le custaiméirí gáis billeáilte €6.4 milliún a áireamh ar mhaithe le cuspóirí comparáideacha. Athrangaíodh infháltais fuinnimh miondíola neamhbhilleáilte le custaiméirí gáis neamhbhilleáilte €23.8 milliún a áireamh ar maithe le cuspóirí comparáideacha. Infháltais trádála - rinneadh neamhfhuinneamh a choigeartú freisin faoin méid céanna.
2 Athrangaíodh comhthaobhacht airgid thirim €834.9 milliún (Máthairchuideachta: €735.5 milliún) in 2022 leis an iarmhéid seo a chur i láthair ar leithligh. Rinneadh infháltais eile a choigeartú freisin faoin méid céanna.
3 Athrangaíodh €990.0 milliún (2022: €545.0 milliún) chuig méideanna atá dlite ó ghnóthais fochuideachta. Rinneadh infháltais eile a choigeartú freisin faoin méid céanna.

### Riosca creidmheasa mórdhíola agus miondíola

Is féidir trádáil agus infháltais eile a roinnt ina infháltais leictreachais, infháltais eile (neamhleictreachas), infháltais árachais, institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu agus méideanna dlite ó ghnóthais fhochuideachta.

### Liúntas caillteanais chreidmheasa ionchasaigh

Faoi IFRS 9 tá samhail bhearnúcháin caillteanas creidmheasa ionchasaigh (ECL) bunaithe chun liúntais chaillteanais bhearnúcháin a ríomh. Faoin tsamhail bhearnúcháin seo, glactar leis go mbaineann riosca mainneachtana le gach infháltas. Úsáidtear an tsamhail bhearnúcháin seo chun dóchúlacht mainneachtana a ríomh ag raon torthaí féideartha, ualaithe bunaithe ar dhóchúlacht a dteagmhais. Tomhaistear na ECLanna seo de réir an chuir chuige ghinearálta nó an chuir chuige shimplithe.

Úsáidtear an cur chuige simplithe i ndáil le trádáil agus infháltais eile ESB laistigh de raon IFRS 15. Faoin gcur chuige simplithe, aithneoidh aonán caillteanas bunaithe ar shaolré ECLanna. Ceadaíonn sé d'aonán úsáid a bhaint as maitrís forála chun na ECLanna a ríomh. Breithnítear sa mhaitrís seo na rátaí mainneachtana stairiúla thar shaolré an infháltais trádála agus déantar coigeartú le haghaidh meastachán réamhbhreathnaitheach.

Cuirtear an cur chuige ginearálta i bhfeidhm i ndáil le hiasachtaí scairshealbhóra an ghrúpa réamhíoctha le hinstitiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu agus áirítear leis don Mháthairchuideachta freisin méideanna dlite ó ghnóthais fochuideachta. Áirítear thíos an measúnú ar dhóchúlacht mainneachtana iasachtaí le hinstitiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm. Tá tuilleadh sonraí le fáil i nóta 16 faoi na hiasachtaí seo.

## 18. TRÁDÁIL AGUS INFHÁLTAIS EILE (ar lean)

Faoin gcur chuige ginearálta, caithfidh aonán a chinneadh cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an tsócmhainn airgeadais i gceann de thrí chéim le méid an ECL a chinneadh lena aithint;

I gCéim a hAon glactar leis nach bhfuil an riosca creidmheasa méadaithe go suntasach ó aithníodh é ar dtús. Chomh fada is a bhaineann le sócmhainní airgeadais i gcéim a haon, ceanglaítear ar aonáin ECL 12 mhí a aithint agus ús ioncaim a aithint ar bhonn comhlán – ciallaíonn sé seo go mbeidh an t-ús á ríomh bunaithe ar shuim ghlanluacha comhlán na sócmhainne airgeadais roimh choigeartú le haghaidh ECL.

I gCéim a Dó glactar leis go bhfuil an riosca creidmheasa méadaithe go suntasach ó aithníodh é ar dtús. Nuair a aistrítear sócmhainn airgeadais go dtí céim a dó, ceanglaítear ar aonáin ECL saolré a shainaithint ach leanfar le hioncam úis a aithint ar bhonn comhlán.

I gCéim a Trí déantar bearnúchán creidmheasa ar an tsócmhainn airgeadais. Is ionann é seo go bunúsach agus an pointe ag ar tabhaíodh teagmhas caillteanais. Maidir le sócmhainní airgeadais ag céim a trí, leanfaidh aonáin le ECL saolré a aithint ach anois beidh ioncam úis á aithint ar bhonn glan. Ciallaíonn sé seo go mbeidh ioncam úis á ríomh bunaithe ar shuim ghlanluacha chomhlán na sócmhainne airgeadais lúide ECL.

Leagtar amach caillteanais ionchasacha chreidmheasa an Ghrúpa an 31 Nollaig 2023 agus an 31 Nollaig 2022 sna táblaí thíos. Ní áirítear in iarmhéideanna na Máthairchuideachta sonraithe sna táblaí thíos méideanna dlite ó ghnóthais fochuideachta ar luach €4,274.5 milliún (2022: €5,550.1 milliún).

### Tionchar na timpeallachta maicreacnamaíche

Bhí na tionchair gheilleagracha a d'eascair as luaineacht leanúnach sna margaí fuinnimh sna geografaíochtaí ina bhfuil an Grúpa ag feidhmiú mar bhonn le leibhéal éiginnteachta méadaithe maidir le meastacháin a dhéanann an Grúpa nuair a bhíonn forálacha le haghaidh bearnúcháin sócmhainní airgeadais á dtomhas. Sa chás go bhfuil deacrachtaí ag custaiméirí iarmhéideanna a réiteach, bíonn aois mhéadaithe na méideanna seo mar bhonn le méadú ar na forálacha atá á sealbhú maidir leo faoin gcur chuige simplithe a úsáideadh. Nuair a bhíonn an fhoráil le haghaidh caillteanas ionchasach á tomhas, bhreithnigh an Grúpa réamh-mheastacháin mhaicreacnamaíocha agus tionchair gheilleagracha a d'fhéadfadh a bheith ag praghsanna leictreachais níos airde ar na hearnálacha a bhfuil siad ag feidhmiú iontu.

Meastar go bhfuil na toimhdí a rinneadh nuair a bhí an muirear bearnúcháin don tréimhse á mheas agus liúntais atá sealbhaithe ag an dáta tuairiscithe oiriúnach, ach ciallaíonn an t-ardleibhéal d'éiginnteacht gheilleagrach atá le tabhairt faoi deara faoi láthair go bhfuil breithiúnas suntasach le déanamh faoi mhuirir agus liúntais bhearnúcháin a bhaineann le sócmhainní airgeadais.

### Cur chuige simplithe - Caillteanais Chreidmheasa Ionchasacha

| | Grúpa | | | Máthairchuideachta | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Ollmhéid infhaighte | Liúntas caillteanais | Glanmhéid infhaighte | Ollmhéid infhaighte | Liúntas caillteanais | Glanmhéid infhaighte |
| **2023** | €m | €m | €m | €m | €m | €m |
| Infháltais nach bhfuil thar téarma | **1,743.2** | **(8.2)** | **1,735.0** | **1,179.7** | **(5.9)** | **1,173.8** |
| Thar téarma < 30 lá | **209.4** | **(5.4)** | **204.0** | **13.6** | **(3.1)** | **10.5** |
| Thar téarma 30 - 120 lá | **78.8** | **(18.2)** | **60.6** | **29.6** | **(10.5)** | **19.1** |
| Thar téarma > 120 lá | **131.6** | **(82.0)** | **49.6** | **56.0** | **(30.7)** | **25.3** |
| Thar téarma breis is bliain | **111.6** | **(34.0)** | **77.6** | **78.7** | **(27.0)** | **51.7** |
| **Iomlán** | **2,274.6** | **(147.8)** | **2,126.8** | **1,357.6** | **(77.2)** | **1,280.4** |

| | Grúpa | | | Máthairchuideachta | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Ollmhéid infhaighte | Liúntas caillteanais | Glanmhéid infhaighte | Ollmhéid infhaighte | Liúntas caillteanais | Glanmhéid infhaighte |
| **2022** | €m | €m | €m | €m | €m | €m |
| Infháltais nach bhfuil thar téarma | 2,068.9 | (7.5) | 2,061.4 | 1,113.1 | (6.6) | 1,106.5 |
| Thar téarma < 30 lá | 328.8 | (6.8) | 322.0 | 71.3 | (3.5) | 67.8 |
| Thar téarma 30 - 120 lá | 95.9 | (12.3) | 83.6 | 29.8 | (7.3) | 22.5 |
| Thar téarma > 120 lá | 127.0 | (40.3) | 86.7 | 28.6 | (16.2) | 12.4 |
| Thar téarma breis is bliain | 89.7 | (32.0) | 57.7 | 30.6 | (21.4) | 9.2 |
| **Iomlán** | 2,710.3 | (98.9) | 2,611.4 | 1,273.4 | (55.0) | 1,218.4 |

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 18. TRÁDÁIL AGUS INFHÁLTAIS EILE (ar lean)

### Cur chuige ginearálta - Caillteanais Chreidmheasa Ionchasacha

| | Grúpa | | | Máthairchuideachta | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Ollmhéid infhaighte | Liúntas caillteanais | Glanmhéid infhaighte | Ollmhéid infhaighte | Liúntas caillteanais | Glanmhéid infhaighte |
| 2023 | €m | €m | €m | €m | €m | €m |
| Céim 1 - ECL 12 mhí (níl bearnúchán creidmheasa déanta) | **273.9** | **-** | **273.9** | **33.4** | **-** | **33.4** |
| Céim 2 - ECL saolré (níl bearnúchán creidmheasa déanta) | **449.0** | **-** | **449.0** | **80.1** | **-** | **80.1** |
| Céim 3 - ECL saolré (bearnúchán creidmheasa déanta) | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| **Iomlán** | **722.9** | **-** | **722.9** | **113.5** | **-** | **113.5** |

| | Grúpa | | | Máthairchuideachta | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Ollmhéid infhaighte | Liúntas caillteanais | Glanmhéid infhaighte | Ollmhéid infhaighte | Liúntas caillteanais | Glanmhéid infhaighte |
| 2022 | €m | €m | €m | €m | €m | €m |
| Céim 1 - ECL 12 mhí (níl bearnúchán creidmheasa déanta) | 130.3 | - | 130.3 | 15.8 | - | 15.8 |
| Céim 2 - ECL saolré (níl bearnúchán creidmheasa déanta) | 406.9 | (0.5) | 406.4 | 78.5 | (0.5) | 78.0 |
| Céim 3 - ECL saolré (bearnúchán creidmheasa déanta) | - | - | - | - | - | - |
| **Iomlán** | 537.2 | (0.5) | 536.7 | 94.3 | (0.5) | 93.8 |

### Réiteach Caillteanais Chreidmheasa Ionchasacha

| | Grúpa | | Máthairchuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | 2023 | 2022 | 2023 | 2022 |
| | €m | €m | €m | €m |
| Cur chuige simplithe | **2,126.8** | 2,611.4 | **1,280.4** | 1,218.4 |
| Cur chuige ginearálta | **722.9** | 536.7 | **113.5** | 93.8 |
| Réamhíocaíochtaí[1] | **44.7** | 109.1 | **25.7** | 91.1 |
| Suimeanna dlite ó ghnóthais fochuideachta | **-** | - | **4,274.5** | 5,550.1 |
| Suimeanna dlite ó árachóirí[1] | **48.0** | 48.4 | **48.0** | 48.4 |
| Éarlaisí gearrthéarmacha[1] | **-** | 194.6 | **-** | - |
| **Iomlán** | **2,942.4** | 3,500.2 | **5,742.1** | 7,001.8 |

1 Níl réamhíocaíochtaí, méideanna dlite ó árachóirí agus éarlaisí gearrthéarmacha curtha san áireamh san anailís de bhrí nach mbraitear go mbaineann aon neamhchosaint creidmheasa leis na hiarmhéideanna seo.

### Máthairchuideachta

#### Méideanna dlite ó ghnóthais fochuideachta

Bhí iarmhéideanna infhaighte €4,274.5 milliún (2022: €5,550.1 milliún) ag an Máthairchuideachta óna fochuideachtaí an 31 Nollaig 2023. Baineann formhór na n-infháltas seo le seirbhísí bainistíochta agus iasachtaí chuig fochuideachtaí agus táillí leictreachais lena n-áirítear táillí Úsáide Córais. Bhí an liúntas iomlán a bhain le méideanna dlite ó ghnóthais fhochuideachta an 31 Nollaig 2023 cothrom le €143.1 milliún (2022: €30.3 milliún).

Ríomhadh an caillteanas bearnúcháin sa Mháthairchuideachta maidir le méideanna dlite ó ghnóthais fhochuideachta trí úsáid a bhaint as an tsamhail chaillteanais chreidmheasa ionchasaigh a cheanglaítear de réir IFRS 9. Nuair a bhí cinneadh á dhéanamh faoin gcaillteanas bearnúcháin, rangaíodh méideanna dlite ó fhochuideachtaí mar méideanna in-aisíoctha ar éileamh, infháltais nó méideanna riosca creidmheasa íseal a bhfuil méadú  suntasach luaite leo chomh fada is a bhaineann le riosca creidmheasa ó aithníodh iad ar dtús. Nuair a bhí cinneadh á dhéanamh maidir leis an gcaillteanas creidmheasa ionchasaigh (lena n-áirítear an dóchúlacht a bhaineann le mainneachtain agus mainneachtain chaillteanais), tugadh aird ar fheidhmíocht stairiúil na hiasachta ábhartha mar aon le faisnéis réamhbhreathnaitheach don fhochuideachta ábhartha lena n-áirítear réamhaisnéisí mionsonraithe maidir le sreabhadh airgid lascainithe. Maidir le hiasachtaí in-aisíoctha ar éileamh, sa chás nárbh fhéidir an iasacht a aisíoc ag an dáta tuairiscithe, ríomhadh caillteanais chreidmheasa ionchasacha trí bhreithniú a dhéanamh ar na straitéisí aisghabhála a d'fhéadfadh a bheith in úsáid ag an Máthairchuideachta, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar straitéisí 'aisíoc de réir a chéile'. Maidir le hiasachtaí a raibh méadú suntasach ar riosca creidmheasa luaite leo, rinneadh breithniú ar ghníomhaíochtaí agus sreafaí airgid todhchaíocha na fochuideachta agus aithníodh na caillteanais chreidmheasa ionchasacha saolré de réir mar is cuí.

## 18. TRÁDÁIL AGUS INFHÁLTAIS EILE (ar lean)

### Gluaiseacht ar chaillteanas creidmheasa ionchasaigh trádála agus infháltais eile

Bunaítear na liúntais chaillteanais do shócmhainní airgeadais ar thoimhdí ar riosca i leith rátaí creidmheasa réamhshocraithe agus ionchasacha. Úsáideann an Grúpa breithiúnas agus na toimhdí seo á ndéanamh agus an t-ionchur á roghnú i leith na ríomhanna ionchasacha caillteanais creidmheasa, bunaithe ar iarstair an Ghrúpa, dálaí reatha margaidh agus meastacháin fadbhreathnaitheacha ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe. Díscríobhtar sócmhainní airgeadais nuair nach bhfuil aon ionchas réasúnta aisghabhála ann, cosúil le teip ar fhéichiúnaí tabhairt faoi phlean aisíocaíochta leis an gcuideachta. Bhí an ghluaiseacht sa chaillteanas creidmheasa ionchasaigh a bhain le h infháltais trádála agus infháltais eile i rith na bliana mar seo a leanas:

| | Grúpa | | Máthairchuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | 2023 | 2022 | 2023 | 2022 |
| | €m | €m | €m | €m |
| Iarmhéid an 1 Eanáir | **98.9** | 74.3 | **55.0** | 49.1 |
| Caillteanas bearnúcháin aitheanta (glanmhéid) | **70.4** | 38.5 | **37.8** | 15.2 |
| Liúntas a úsáideadh | **(21.7)** | (13.9) | **(12.9)** | (9.3) |
| Difríochtaí aistrithe | **0.2** | - | **(2.7)** | - |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig** | **147.8** | 98.9 | **77.2** | 55.0 |

### Méideanna dlite ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu

Cuimsítear i méideanna atá dlite ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu iasachtaí scairshealbhóirí, ús ar na hiasachtaí sin agus ar mhéideanna infhaighte trádála. Meastar iarmhéideanna infhaighte trádála ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu chun críche dóchúlacht mhainneachtana trí úsáid a bhaint as an gcur chuige simplithe faoi IFRS 9. Meastar gach iarmhéid eile ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu chun críche dóchúlacht mhainneachtana trí úsáid a bhaint as an gcur chuige ginearálta. Nuair a bhíonn úsáid á baint as an gcur chuige ginearálta, úsáideann an Grúpa breithiúnas chun na toimhdí seo a dhéanamh agus chun ionchuir a roghnú le haghaidh ríomh caillteanais chreidmheasa ionchasaigh, bunaithe ar choinníollacha margaidh agus ar réamh-mheastacháin réamhbhreathnaitheacha ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe.

I ndiaidh measúnú a dhéanamh ar iasachtaí scairshealbhóra uile ESB a réamhíocadh le hinstitiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu cinneadh go raibh méadú ar riosca creidmheasa iasachtaí chuig dhá institiúid infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu de chuid ESB, NNG Windfarm Holdings Limited agus SIRO Limited, agus dá bharr sin tá cuntas á dhéanamh ar na hiasachtaí bunaithe ar iasachtaí ECL saolré céim 2 (níl bearnúchán creidmheasa déanta). Aithníodh caillteanais chreidmheasa ionchasacha luach €náid (an 31 Nollaig 2022: €náid) sa ráiteas ioncaim i rith na bliana.

Meastar gur sócmhainní airgeadais céim 1 (níl bearnúchán creidmheasa déanta) iad na hiasachtaí eile scairshealbhóra le hinstitiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu. Tá an cur chuige caillteanais chreidmheasa ionchasaigh 12 mhí curtha i bhfeidhm ar iasachtaí céim a haon a áirítear ann anailís ar fhaisnéis stairiúil agus chainníochtúil agus cháilíochtúil fhadbhreathnaitheach chun cinneadh a dhéanamh maidir le riosca creidmheasa. Meastar go bhfuil riosca creidmheasa íseal luaite leis na hiasachtaí seo de bhrí nach bhfuil aon fhianaise ar mhéadú riosca creidmheasa tugtha faoi deara ón aithint tosaigh. Dá bharr sin, níl aon chaillteanas creidmheasa ionchasaigh aitheanta i ndáil leis na hiasachtaí sin.

### Infháltais fuinnimh miondíola

Baineann infháltais leictreachais miondíola a n-áirítear iontu custaiméirí leictreachais agus gáis le custaiméirí baile agus gnó. Tá an riosca creidmheasa a bhaineann le cuntais leictreachais á bhainistiú trí fhaireachán leanúnach ar laethanta féichiúnaithe, agus tá beartas oiriúnach comhthaobhachta agus bailithe bunaithe ar acmhainneacht creidmheas, méid agus tréimhse an fhiachais. Baineann an comhchruinniú riosca i Réitigh do Chustaiméirí le cuntais leictreachais miondíola atá dúnta i riaráistí. Meastar go bhfuil infháltais ó chustaiméirí cónaithe agus gnó bearnaithe ó thaobh creidmheasa, go ginearálta, nuair atá an íocaíocht thar téarma an dáta dhlite chonarthaigh. Chomh maith leis sin, bunaithe ar an méadú leanúnach ar iomaíochas, d'fhéadfadh custaiméirí áirithe soláthraithe a mhalartú sula mbíonn a n-iarmhéideanna gan íoc réitithe acu. Tá na cuntais seo á mbainistiú laistigh de bheartas bailithe fiachais an Ghrúpa trí mheascán d'obair leantach inmheánach ar fhiachas, úsáid a bhaint as gníomhaireachtaí bailithe fiach agus caingean dlí más gá lena n-áirítear breithiúnais a fhoilsiú.

Tá an fhoráil do chaillteanais ionchasacha thodhchaíocha a bhaineann le hinfháltais leictreachais miondíola, billeáilte agus neamhbhilleáilte, bunaithe ar anailís ar fheidhmíocht fiachais le déanaí agus meastóireacht ar an tionchar atá ag coinníollacha geilleagracha agus saincheisteanna tionscail. D'fhéadfaí foráil bhreise a dhéanamh ar bhonn punainne chun caillteanais bhreise a bhfuiltear ag súil leo a chlúdach. Coimeádtar comhthaobhacht i bhfoirm taiscí slándála ar chuntais custaiméirí nua nach bhfuil socruithe dochair dhírigh luaite leo.

Tá rialuithe a bhaineann le hinfháltais leictreachais dírithe ar aisghabháil iomlán na méideanna atá sonrasctha. Bhí iarmhéid deiridh an chaillteanais creidmheasa ionchasaigh maidir le hinfháltais fuinnimh an 31 Nollaig 2023 cothrom le €149.9 milliún (an 31 Nollaig 2022: €96.8 milliún). Díscríobhtar infháltais fuinnimh miondíola nuair nach bhfuil súil réasúnta leis go n-aisghabhfar iad agus tar éis gur éag tréimhse ama ón mbille deiridh agus tar éis sin amháin. Bhí an tsuim chustaiméara aonair is mó a díscríobhadh i rith na bliana cothrom le €56,000 (2022:

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 18. TRÁDÁIL AGUS INFHÁLTAIS EILE (ar lean)

€26,000) a bhain le scaoileadh/leachtú cuideachta. Is i bPoblacht na hÉireann den chuid is mó a thugtar infháltais leictreachais miondíola faoi deara, baineann 14% (2022: 12%) le hioncam Thuaisceart Éireann agus 15% (2022: 22%) le hioncam na Breataine Móire.

Is ionann infháltais leictreachais neamhbhilleáilte agus meastacháin ídithe nach bhfuil sonrasctha fós. B'ionann íogaireacht 5% i leith fhabhrú na n-infháltas fuinnimh miondíola neamhbhilleáilte agus méadú nó laghdú ar an iarmhéid infháltas €25.6 milliún (2022: €34.5 milliún). Tá riosca creidmheasa a bhaineann le leictreachas neamhbhilleáilte á bhainistiú de réir na n-infháltas leictreachais billeáilte pléite thuas.

### Infháltais an Mhargaidh Leictreachais Aonair Chomhtháite (I-SEM)

Tá riosca creidmheasa a bhaineann le hinfháltais a bhaineann le I-SEM á bhainistiú ag feidhmeanna Trádála agus Riosca Fuinnimh (ET&R) laistigh de na haonaid ghnó sin a bhfuil baint acu le trádáil leictreachais trí I-SEM. Tá gach ceann de na feidhmeanna seo fálaithe óna chéile agus tá freagrachtaí roinnte idir an chúloifig, lár-oifig agus oifig thosaigh i ngach cás. Tá feidhm na cúloifige Trádála freagrach as custaiméirí a shonrascadh agus gach cuntas infhaighte a chothabháil. Tá téarmaí íocaíochta le haghaidh gach iarmhéid trádála a bhaineann le gach sruth ioncaim I-SEM arna rialú ag féilire réitigh I-SEM.

### Infháltais an Chórais a úsáid

Cuimsítear in ioncam Úsáid an Chórais i bPoblacht na hÉireann ioncam Úsáid an Chórais le haghaidh Dáileacháin (DUoS), ioncam an Chórais le haghaidh Tarchuir (TUoS) agus táillí Oibríochta agus Cothabhála (O&M) do ghineadóirí atá nasctha leis an gCóras Dáileacháin. Is é 10 lá gnó na téarmaí creidmheasa atá luaite le DUoS agus tá 51 soláthraí páirteach san obair faoi láthair (2022: 51 soláthraí). Tá TUoS á bhailiú ag EirGrid, agus cuirtear ioncam ceadaithe Úinéir na Sócmhainní Tarchurtha (TAO) ar sonrasc chuig EirGrid in 12 thráthchuid mhíosúla agus bíonn gach sonrasc dlite 36 lá i ndiaidh dheireadh na míosa. Eisíodh sonraisc le haghaidh 256 gineadóir i rith 2023 le haghaidh táillí O&M (2022: 246 gineadóir), is é 30 lá an téarma creidmheasa atá luaite le táillí O&M. Sonrasctar gineadóirí le haghaidh táillí naisc ar bhonn céimnithe, mar atá ceadaithe ag CRU, agus forchúitítear 65% den ranníocaíocht chaipitil roimh an tógáil, 90% roimh fhuinnmhiú agus an t-iarmhéid i ndiaidh fuinnmhiú. San áireamh sna méideanna atá dlite ó ghnóthais fhochuideachta sa Mháthairchuideachta tá méideanna billeáilte agus bailithe trí ESB Networks DAC, fochuideachta den Mháthairchuideachta i ndáil le hinfháltais Úsáid an Chórais luach €78.0 milliún (2022: €358.6 milliún).

Tá an riosca creidmheasa a bhaineann le DUoS á bhainistiú trí mhír 7 de Chreat-chomhaontú DUoS, ceadaithe ag CRU an 1 Lúnasa 2022 a thionscnamh. Foráiltear sa mhír seo do shlándáil a bheith á soláthar ag gach soláthraí. Sular féidir le soláthraí clárú mar chustaiméir ní mór dó nó di clárú don chomhaontú DUoS. Ní mór do gach soláthraí slándáil a sholáthar i ndáil le mír 7.2 de Chreat-chomhaontú DUoS. Chomh maith leis sin, tá riosca creidmheasa DUoS á bhainistiú trí nósanna imeachta bailithe tráthúla atá bunaithe de réir an méid atá sonraithe in alt 6 de Chreat-chomhaontú DUoS agus faireachán ar líon laethanta féichiúnaí chun iad seo a choinneáil chomh híseal agus is féidir. I gcás mainneachtain soláthraí de réir mhír 7 de Chreat-chomhaontú DUoS tá clúdach slándála bunaithe le haghaidh gach soláthraí.

Tá riosca creidmheasa TUoS á bhainistiú trí nósanna imeachta bailithe tráthúla atá bunaithe agus ag faireachán ar laethanta féichiúnaí chun iad seo a choinneáil chomh híseal agus is féidir. Tá nósanna imeachta EirGrid chun ioncam TUoS atá dlite do ESB Networks DAC mar TAO a íoc á rialú ag an gComhaontú Bonneagar idir EirGrid agus ESB. Ní gnáthchonradh déthaobhach é seo a nglacann na páirtithe páirt ann, ach socrú a éilíonn reachtaíocht agus a bhfuil go leor dá théarmaí sonraithe sa reachtaíocht sin. Dá réir sin, meastar go bhfuil an riosca creidmheasa a bhaineann le hinfháltais TUoS íseal. Bhí an méid dlite i ndáil le hioncam TUoS an 31 Nollaig 2023 cothrom le €65.5 milliún (2022: €50.8 milliún), arb é sin an t-iarmhéid infhaighte ba mhó i bPoblacht na hÉireann maidir le hÚsáid an Chórais.

Chomh fada is a bhaineann leis an ngnó Líonraí i dTuaisceart Éireann, díorthaítear ioncam go príomha ó mhuirir a bhaineann leis an gcóras dáileacháin a úsáid, muirir PSO tabhaithe ar sholáthraithe leictreachais agus muirir le haghaidh seirbhísí tarchurtha tabhaithe ar SONI (an tOibreoir Córais do Thuaisceart Éireann). Maolaítear riosca creidmheasa a bhaineann le hinfháltais Úsáid an Chórais ó sholáthraithe leictreachais trí úsáid a bhaint as slándáil a fuarthas i bhfoirm taiscí airgid thirim, litreacha creidmheasa nó ráthaíochtaí Máthairchuideachta. Íoctar íocaíochtaí a bhaineann le naisc nó athruithe sula gcuirtear an obair i gcrích, ach is eisceacht é comhlachtaí poiblí sa chomhthéacs seo. Is é níos lú ná 30 lá an tréimhse atá luaite leis an ngnáth-théarma creidmheasa agus laethanta féichiúnaithe le haghaidh infháltais leictreachais ó sholáthraithe leictreachais. Bhí an t-infháltas leictreachais is mó i dtaobh Úsáid an Chórais i dTuaisceart Éireann an 31 Nollaig 2023 cothrom le €12.4 milliún (2022: €9.7 milliún).

### Infháltais leictreachais eile

Áirítear in infháltais leictreachais eile méideanna a bhaineann le seirbhísí coimhdeacha agus méideanna a bhaineann le trádáil leictreachais i margadh na Ríochta Aontaithe nach bhfuil san áireamh in I-SEM.

## 18. TRÁDÁIL AGUS INFHÁLTAIS EILE (ar lean)

### Comhthaobhacht airgid thirim

Áirítear leis an iarmhéid comhthaobhachta airgid thirim tá méideanna geallta ag an nGrúpa do bhainc imréitigh i ndáil le trádáil conarthaí gáis, carbóin agus cumhachta ar an malartán ar luach €567.5 milliún (2022: €748.8 milliún). Clúdaíonn na méideanna geallta corrlach tosaigh agus gluaiseachtaí laethúla marcála go margadh.

San áireamh sa chatagóir seo freisin tá méideanna comhthaobhachta geallta ag an nGrúpa do pháirtithe déthaobhacha ar luach €22.5 milliún (2022: €86.1 milliún).

### Trádáil - infháltais neamhleictreachais agus eile

Baineann infháltais trádála (neamhleictreachas) agus infháltais eile le hiarmhéideanna dlite i ndáil le trádáil neamhleictreachais (trádáil tráchtearraí san áireamh) agus oibríochtaí eile an Ghrúpa. Áirítear ann méideanna dlite a bhaineann le hoibríochtaí teileachumarsáide, comhairleoireachta, bainistíochta saoráidí agus oibríochtaí coimhdeacha eile an Ghrúpa. Glactar leis nach bhfuil an riosca creidmheasa a bhaineann leis na hiarmhéideanna sin suntasach. Bhí an t-iarmhéid aonair neamhurraithe is mó atá san áireamh sa chatagóir seo an 31 Nollaig 2023 cothrom le €30.8 milliún (2022: €22.4 milliún) a bhí dlite ó chuideachta sheachtrach.

## 19. AIRGEAD TIRIM AGUS COIBHÉISÍ AIRGID THIRIM

| | Grúpa | | Máthairchuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **2023** | 2022 | **2023** | 2022 |
| | **€m** | €m | **€m** | €m |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | **1,428.3** | 236.0 | **1,201.8** | 149.0 |
| Rótharraingt bainc | **-** | - | **-** | (319.5) |
| Airgead tirim srianta | **549.5** | 754.0 | **80.0** | 107.4 |
| | **1,977.8** | 990.0 | **1,281.8** | (63.1) |

Amhail an 31 Nollaig 2023, bhí €567.5 milliún (2022: €748.8 milliún) íoctha i ndáil le conarthaí gáis, carbóin agus cumhachta a trádáladh ar an malartán. Íocadh €22.5 milliún (2022: €79.8 milliún) freisin maidir le hiarmhéideanna comhthaobhachta a gheall an Grúpa do pháirtithe déthaobhacha. Cuirtear na méideanna seo san áireamh in trádáil agus infháltais eile agus in trádáil agus méideanna iníoctha eile.

San áireamh in airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim an 31 Nollaig 2023 tá €549.5 milliún (€80.0 milliún a bhain leis an Máthairchuideachta) (2022: €754.0 milliún (€107.4 milliún a bhain leis an Máthairchuideachta)) d'airgead tirim srianta a bhaineann le Scéim Sochair Éigeandála Costais Leictreachais Rialtas na hÉireann agus le Scéim Tacaíochta Billí Fuinnimh na Ríochta Aontaithe. Níl an t-airgead tirim sin ar fáil gan srian do ESB agus íoctar le custaiméirí ESB Networks nó cuirtear do shochar é leis na cuntais ábhartha chustaiméara do chustaiméirí ESB Group.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 20. ATHRUITHE AR CHOTHROMAS

### (i) Stoc caipitil

Tá 1,939,081,855 aonad de stoc caipitil eisithe lena mbaineann parluach €1.00 le gach aonad (2022: 1,949,381,855 aonad).

| | 2023 €m | 2022 €m |
|---|---|---|
| **Ina gcuimsítear:** | | |
| Stoc eisithe ó chúlchistí aistrithe | **1,880.9** | 1,880.9 |
| Stoc eisithe le haghaidh síntiúis ESOT | **58.2** | 60.5 |
| | **1,939.1** | 1,941.4 |

De réir an Achta Leictreachais (Soláthar) (Leasú), 2001, aistríodh cothromas ESB an 30 Nollaig 2001 chuig stoc caipitil a eisíodh chuig an Roinn Airgeadais. Ag an am céanna, ghlac ESB ESOP Trustee Limited, a bunaíodh chun feidhmiú mar Iontaobhaí do scéim scairshealbhaithe fostaithe ESB, síntiús le haghaidh 5% den stoc. Áirítear sna príomhchearta atá luaite le gach aonad de stoc caipitil na cearta vóta a chaitheamh ag cruinnithe bliantúla, teidlíochtaí do dhíbhinní ó bhrabúis nuair a nochtar a leithéid agus cearta maidir le rannpháirtíocht chomhréireach sa chás go bhfuil barrachas ann ag an tráth foirceanta.

Leasaigh an tAcht Leictreachais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2006 Alt 2 d'Acht 2001 agus dá bharr sin tá 10.2% de stoc caipitil eisithe in ESB anois dílsithe san Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus tá 86.8% de stoc caipitil ESB á choimeád ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (ar a dtugtar faoi láthair an tAire Caiteachais Phoiblí, um Sholáthar an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe) agus tá 3.0% de stoc caipitil ESB an 31 Nollaig 2023 á choimeád ag ESOP.

Bunaítear Oifig um an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (ar a dtugtar faoi láthair an tAire Caiteachais Phoiblí, um Sholáthar an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe) faoin Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011, a tháinig i bhfeidhm an 6 Iúil 2011. Mar thoradh ar Acht 2011 aistríodh úinéireacht an stoic a bhí i seilbh an Aire Airgeadais roimhe seo in ESB chuig an Aire Caiteachais Phoiblí, um Sholáthar an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe amhail ón 6 Iúil 2011.

### (ii) Cúlchiste Fuascailte Caipitil

I rith 2023, leanadh ar aghaidh le hathcheannach stoc caipitil ESOP. Aithníodh gluaiseacht cúlchiste fuascailte caipitil luach €2.3 milliún (2022: €8.0 milliún) ó cheannach agus cealú scairchaipitil ESOP luach 2.3 milliún de scairchaipiteal ESOP (2022: 8.0 milliún) le haghaidh comaoin luach €4.5 milliún (2022: €12.4 milliún) arb ionann é agus méid ainmniúil an scairchaipitil chealaithe. Laghdaigh an t-athcheannach foráil athcheannaigh ESOP €4.5 milliún (2022: €12.4 milliún) agus an 31 Nollaig 2023, bhí foráil athcheannaigh ESOP (nóta 28) aitheanta i méideanna forálacha eile cothrom le €10.1 milliún (2022: €14.6 milliún). Tá tuilleadh sonraí le fáil i nóta 32.

### (iii) Fálú sreabhaidh airgid

Is ionann an cúlchiste fálaithe agus cóirluach na ndíorthach arb ionann iad agus cuid de chaidrimh éifeachtacha fálaithe sreabhaidh airgid ag deireadh na bliana. De bhrí go bhfuil gach díorthach á choimeád chun críche fálaithe atá sainithe ag IFRS 9 agus ainmnithe mar fháluithe, coimeádtar a ngluaiseachtaí cóirluacha in OCI seachas iad a mhuirearú chuig an ráiteas ioncaim i rith na bliana agus muirearófar iad chuig ioncam sa tréimhse chéanna leis an idirbheart comhfhreagrach.

## 20. ATHRUITHE AR CHOTHROMAS (ar lean)

### (iv) Cúlchistí eile

**Cuimsítear i gcúlchistí eile an an méid seo a leanas:**

- Cúlchistí neamh-indáilte luach (€5.0) milliún a cruthaíodh mar thoradh ar dhíol sciar an Ghrúpa in Ocean Communications Limited in 2001;
- Gluaiseachtaí achtúireacha ar scéim sochair shainithe NIE Networks, gan coigeartuithe gaolmhara cáin iarchurtha a chur san áireamh, cothrom le (€119.7) milliún (2022: (€105.1) milliún);
- Foráil athcheannaigh ESOP (€10.1 milliún) (2022: €14.6 milliún) a bhaineann leis an méid atá geallta ag ESB go dtí seo a athcheannach ó mhargadh inmheánach ESOP.

**Cuimsítear i gcúlchistí eile na Máthairchuideachta an an méid seo a leanas:**

Foráil athcheannaigh ESOP (€10.1 milliún) (2022: €14.6 milliún) a bhaineann leis an méid atá geallta ag ESB go dtí seo a athcheannach ó mhargadh inmheánach ESOP.

### (v) Ús neamhrialaitheach - Grúpa

Baineann ús neamhrialaithe an 31 Nollaig 2022 le scairshealbhú mionlaigh in So Energy, Crockahenny Wind Farm DAC, Mountain Lodge Power DAC agus cuideachtaí eile a bhfuil baint acu le tionscadail ghaothfhuinnimh agus ghrianfhuinnimh.

**Díbhinní**

| Grúpa | 2023 €m | 2022 €m |
|---|---|---|
| **Díbhinní ar stoc caipitil:** | | |
| An díbhinn iomlán íoctha 16.84 (2022: 6.47) cent in aghaidh aonad an stoic caipitil | **327.0** | 126.1 |
| Díbhinn d'ús neamhrialaitheach | **0.2** | - |
| **Iomlán** | **327.2** | 126.1 |

| Máthairchuideachta | 2023 €m | 2022 €m |
|---|---|---|
| **Díbhinní ar stoc caipitil:** | | |
| Díbhinn iomlán íoctha 16.84 (2022: 6.47) cent in aghaidh aonad an stoic caipitil | **327.0** | 126.1 |
| **Iomlán** | **327.0** | 126.1 |

Bhí na díbhinní iomlána a íocadh i rith 2023 cothrom le €327.0 milliún a bhaineann leis an díbhinn deiridh (16.84 cent in aghaidh aonad an stoic caipitil) maidir le 2022.

Tá an Bord anois ag moladh díbhinn deiridh 11.35 cent in aghaidh aonad an stoic caipitil don bhliain 2023, nó €220.1 milliún.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 21. CÁNACHAS

### (a) Costas cáin ioncaim

| | 2023 €m | 2022 €m |
|---|---|---|
| **Costas reatha cánach** | | |
| Cáin reatha | **131.3** | 84.5 |
| Rósholáthar don bhliain roimhe seo | **(3.3)** | (3.8) |
| Luach na gcaillteanas cánach géillte d'institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | **4.0** | 3.8 |
| | **132.0** | 84.5 |
| **Costas cánach iarchurtha** | | |
| Bunús agus aisiompú difríochtaí sealadacha | **4.7** | 38.9 |
| Méadú ar ráta cánach[1] | **(1.0)** | 10.8 |
| (Rósholáthar) / gannsoláthar don bhliain roimhe seo | **(1.9)** | 7.9 |
| | **1.8** | 57.6 |
| **Iomlán** | **133.8** | 142.1 |

**Réiteach an ráta cánach éifeachtaigh**

| | 2023 €m | 2022 €m |
|---|---|---|
| **Brabús roimh cháin** | **1,001.6** | 700.2 |
| **Brabús roimh cháin** | | |
| Móide: bearnúchán ar institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | **14.8** | 91.2 |
| Móide: an sciar tar éis cánach de thorthaí (nó caillteanas) na n-institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | **(13.7)** | 30.9 |
| **Brabús roimh cháin (seachas caillteanas institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu)** | **1,002.7** | 822.3 |
| Cáin ar 12.5% | **125.3** | 102.8 |
| Costais nach mbaintear | **8.0** | 16.4 |
| Coigeartuithe praghsála aistrithe | **(3.5)** | (2.0) |
| Éifeacht chánach caillteanas nach n-aithnítear | **(0.2)** | 0.3 |
| Ioncam nach bhfuil incháinithe | **-** | (4.2) |
| Ioncam cáinithe ag ráta níos airde de cháin chorparáide | **3.1** | 2.2 |
| Tionchar na cánach iarchurtha ar mhéadú ar ráta cánach na Ríochta Aontaithe1 | **(1.0)** | 10.8 |
| Rátaí cánach níos airde ar bhrabúis eachtracha | **7.3** | 11.7 |
| (Rósholáthar) / gannsoláthar don bhliain roimhe seo | **(5.2)** | 4.1 |
| **Costas cáin ioncaim** | **133.8** | 142.1 |

1 Áiríodh i mBuiséad 2021 don Ríocht Aontaithe foráil go méadófar ráta Cháin Chorparáide na Ríochta Aontaithe ó 19% go dtí 25% le héifeacht ón 1 Aibreán 2023). Cuireadh ráta cumaisc 23.5% i bhfeidhm ar bhrabúis inchánach don bhliain go dtí an 31 Nollaig 2023. Ríomhadh dliteanas cánach na Ríochta Aontaithe an 31 Nollaig 2023 bunaithe ar ráta 25%.

**Nóta Cánach Cholún II**
Ríomhtar cánachas ar na rátaí atá i bhfeidhm faoi sna dlínsí faoi seach inar dtugann ESB faoina ghníomhaíochtaí.

Chuir an Grúpa an díolúine shealadach i bhfeidhm a d'eisigh an IAS i mBealtaine 2023 ó na riachtanais chuntasaíochta do chánacha iarchurtha a bhaineann le Colún a Dhá faoi IAS12. Dá réir sin, ní aithníonn ná ní nochtann an Grúpa eolas faoi shócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha a bhaineann le hioncaim chánach Cholún a Dó.



## 21. CÁNACHAS (ar lean)

Rinne Rialtas na hÉireann, an áit a bhfuil bun-Mháthairaonán an Ghrúpa suite, reachtaíocht chánacha ioncaim Cholún a Dó a achtú an 18 Nollaig 2023 isteach san Acht Airgeadais (Uimh. 2), 2023. Beidh an reachtaíocht éifeachtach do ESB Group maidir leis an mbliain chuntasaíochta dar críoch an 31 Nollaig 2024. Faoin reachtaíocht, beidh ar an Máthairchuideachta, Bord Soláthair an Leictreachais, cáin bhreisithe a íoc, in Éirinn, ar bhrabúis a fochuideachtaí ar a ngearrtar cáin ar ráta cánach éifeachtach níos lú ná 15% (an Ráta Cánach Íosta "MTR"). Is iad na príomhdhlínsí ina bhféadfadh nochtadh don cháin seo a bheith ann don Ghrúpa Éire agus an RA. Ach beidh díolmhú bunaithe ar thábhacht eacnamaíoch i gceist, áfach, do shócmhainní seasta agus do chostais phárolla incháilithe, a laghdóidh na brabúis in aon dlínse amháin faoi réir na cánach breisithe. Mar gheall go bhfuil gníomhaíochtaí gnó ESB i bPoblacht na hÉireann agus sa Ríocht Aontaithe go mór mór, áit a ndéantar infheistíocht shubstainteach i mbonneagar poiblí agus i sócmhainní giniúna leictreachais, bíonn súil leis go laghdófar brabúis an Ghrúpa go substainteach faoi réir an MTR in Éirinn agus go gcuirfear deireadh leis don todhchaí intuartha sa Ríocht Aontaithe.

Amhail an 31 Nollaig 2023, d'fhéadfadh thart ar 25% de bhrabúis bhliantúla an Ghrúpa a bheith faoi réir na cánach, a ngearrtar an meánráta cánach éifeachtach orthu faoi láthair atá infheidhme leis na brabúis siúd 13.1%. Bunaithe ar thorthaí airgeadais 2023, meastar gurb ionann an cháin bhreisithe agus €5m a bheidh iníoctha le Rialtas na hÉireann. Meastar nach mbeadh aon chánacha iníoctha lasmuigh d'Éirinn. Bunaítear an t-eolas seo ar na brabúis agus ar an gcostas cánach a cinneadh mar chuid de ráitis airgeadais chomhdhlúite an Ghrúpa 2023, gan ach breithniú a dhéanamh ar choigeartuithe áirithe a bheadh ag teastáil agus an reachtaíocht á cur i bhfeidhm, is é sin, an díolmhú bunaithe ar thábhacht eacnamaíoch do chostais incháilithe phárolla agus sócmhainní seasta inláimhsithe. Mar gheall nach mbeadh na coigeartuithe go léir ag teastáil ón reachtaíocht, d'fhéadfadh an tionchar iarbhír a d'imreodh reachtaíocht chánacha ioncaim Cholún a Dó ar thorthaí an Ghrúpa dá mbeadh sí i bhfeidhm don bhliain dar críoch an 31 Nollaig a bheith an-difriúil. I gcás dlínsí lasmuigh d'Éirinn agus an RA, bíonn súil leis go mbeidh díolúintí de minimis i gceist nuair a chuirtear san áireamh an leibhéal an-íseal leibhéal d'ioncaim agus de bhrabúis sna dlínsí siúd.

Leanann an Grúpa le measúnú a dhéanamh ar thionchar reachtaíocht chánacha ioncaim Cholún a Dó ar a fheidhmíocht airgeadais amach anseo.

### (b) Sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha

| Grúpa | 2023 €m | 2022 €m |
|---|---|---|
| **Sócmhainní cánach iarchurtha** | | |
| Dliteanais léasaithe | **15.2** | - |
| Scéim pinsin ESB | **17.7** | 25.8 |
| Forálacha | **6.0** | 3.7 |
| Caillteanais chánach ar aghaidh | **14.2** | 11.4 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **50.8** | 46.6 |
| **Sócmhainní cánach iarchurtha iomlána** | **103.9** | 87.5 |
| Lúide sócmhainn chánach iarchurtha aitheanta ar leithligh ar an gclár comhardaithe | **(1.4)** | (1.5) |
| **Glansócmhainn cánach iarchurtha i gcomparáid le dliteanas cánach iarchurtha** | **102.5** | 86.0 |
| **Dliteanais chánach iarchurtha** | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe | **595.5** | 601.0 |
| Sócmhainní ceart úsáide | **14.9** | - |
| Scéim pinsin NIE Networks | **18.4** | 16.4 |
| Forálacha | **8.8** | 8.6 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **24.0** | 12.7 |
| Cáin ghnóthachan caipitiúil | **1.2** | 2.9 |
| **Dliteanais chánach iarchurtha iomlána** | **662.8** | 641.6 |
| **Glandliteanais chánach iarchurtha** | **(560.3)** | (555.6) |
| **Glandliteanas cánach iarchurtha** | **(558.9)** | (554.1) |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 21. CÁNACHAS (ar lean)

Seo a leanas an ghluaiseacht i ndifríochtaí sealadacha don Ghrúpa:

| 2023 | Iarmhéid an 1 Eanáir €m | Leasú IAS 12 €m | Aitheanta in ioncam €m | Aitheanta in OCI €m | Difríochtaí aistrithe €m | Iarmhéid an 31 Nollaig €m |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | | | | |
| Dliteanais léasa | - | 10.3 | 4.9 | - | - | **15.2** |
| Scéim pinsin ESB | 25.8 | - | (8.1) | - | - | **17.7** |
| Forálacha | 3.7 | - | 2.3 | - | - | **6.0** |
| Caillteanais chánach ar aghaidh | 11.4 | - | 2.7 | - | 0.1 | **14.2** |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 46.6 | - | (2.2) | 5.8 | 0.6 | **50.8** |
| **Sócmhainní cánach iarchurtha iomlána** | **87.5** | **10.3** | **(0.4)** | **5.8** | **0.7** | **103.9** |
| | | | | | | |
| **Dliteanais** | | | | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe | 601.0 | 0.2 | (8.1) | - | 2.4 | **595.5** |
| Sócmhainní ceart úsáide | - | 10.1 | 4.8 | - | - | **14.9** |
| Scéim pinsin NIE Networks | 16.4 | - | 6.4 | (4.7) | 0.3 | **18.4** |
| Forálacha | 8.6 | - | - | - | 0.2 | **8.8** |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 12.7 | - | - | 11.3 | - | **24.0** |
| Cáin ghnóthachan caipitiúil | 2.9 | - | (1.7) | - | - | **1.2** |
| **Dliteanais chánach iarchurtha iomlána** | 641.6 | 10.3 | 1.4 | 6.6 | 2.9 | **662.8** |
| **Glandliteanas cánach iarchurtha** | **(554.1)** | **-** | **(1.8)** | **(0.8)** | **(2.2)** | **(558.9)** |

| 2022 | Iarmhéid an 1 Eanáir €m | Aitheanta in ioncam €m | Aitheanta in OCI €m | Difríochtaí aistrithe €m | Iarmhéid an 31 Nollaig €m |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe | 5.3 | (5.4) | - | 0.1 | - |
| Scéim pinsin NIE Networks | 1.3 | (1.3) | - | - | - |
| Scéim pinsin ESB | 33.6 | (7.8) | - | - | 25.8 |
| Iasachtaí | 1.8 | (1.8) | - | - | - |
| Forálacha | 3.8 | - | - | (0.1) | 3.7 |
| Caillteanais chánach ar aghaidh | 9.3 | 2.5 | - | (0.4) | 11.4 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 87.1 | (46.4) | 9.1 | (3.2) | 46.6 |
| **Sócmhainní cánach iarchurtha iomlána** | 142.2 | (60.2) | 9.1 | (3.6) | 87.5 |
| | | | | | |
| **Dliteanais** | | | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe | 615.2 | (5.7) | 0.6 | (9.1) | 601.0 |
| Scéim pinsin NIE Networks | - | 10.3 | 6.1 | - | 16.4 |
| Forálacha | 12.4 | (3.2) | - | (0.6) | 8.6 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 8.4 | (3.9) | 8.2 | - | 12.7 |
| Cáin ghnóthachan caipitiúil | 3.0 | (0.1) | - | - | 2.9 |
| **Dliteanais chánach iarchurtha iomlána** | 639.0 | (2.6) | 14.9 | (9.7) | 641.6 |
| **(Glandliteanas) / glansócmhainn chánach iarchurtha** | (496.8) | (57.6) | (5.8) | 6.1 | (554.1) |

Níl aon dáta éaga luaite le cathain is féidir caillteanais chánach sa Ghrúpa a úsáid.

## 21. CÁNACHAS (ar lean)

**Níl an tsócmhainn chánach iarchurtha ar chaillteanais chánach aitheanta sna cuntais:**

Bhí sócmhainní cánach iarchurtha neamhaitheanta cothrom le €16.1 milliún in 2023 (2022: €15.8 milliún). Baineann an méid seo le sócmhainní cánach iarchurtha neamhaitheanta i gcomparáid le caillteanais chánach roimh ghlacadh a bhain le So Energy Trading Ltd, luach €6.1 milliún (2022: €6.1 milliún) agus €10.0 milliún (2022: €9.7 milliún) de shócmhainní cánach iarchurtha neamhaitheanta i gcomparáid le caillteanais chánach a tháinig chun cinn i ndiaidh fála.

**Cáin iarchurtha a bhaineann le cúlchistí neamhaistrithe fochuideachtaí eachtracha:**

Níl cáin iarchurtha curtha ar fáil le haghaidh chúlchistí neamhaistrithe fhochuideachtaí eachtracha an Ghrúpa le haghaidh dhá chúis: níl aon ghealltanas tugtha maidir le dáileadh na gcúlchistí seo amach anseo nó bunaíodh nach mbeadh aon cháin luaite leis an aistriú. Tá cáin iarchurtha curtha ar fáil i ndáil le cúlchistí neamhaistrithe chomhfhiontair eachtracha an Ghrúpa de bhrí go bhfuil an cumas ag an nGrúpa aisdúichiú na gcúlchistí seo chuig Poblacht na hÉireann a rialú. Ag an 31 Nollaig 2023, bhí cúlchistí neamhaistrithe carnacha fochuideachtaí agus comhfhiontar eachtrach cothrom le €1,050.8 milliún (an 31 Nollaig 2022: €848.4 milliún).

| Máthairchuideachta | 2023 €m | 2022 €m |
|---|---|---|
| **Sócmhainní cánach iarchurtha** | | |
| Dliteanais léasa | **7.6** | - |
| Scéim pinsin ESB | **17.7** | 25.8 |
| Forálacha | **1.7** | 1.7 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **21.1** | 12.7 |
| **Sócmhainní cánach iarchurtha iomlána** | **48.1** | 40.2 |
| | | |
| **Dliteanais chánach iarchurtha** | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | **425.1** | 422.0 |
| Sócmhainní ceart úsáide | **7.5** | - |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **20.3** | 12.1 |
| Cáin ghnóthachan caipitiúil | **1.2** | 1.2 |
| **Dliteanais chánach iarchurtha iomlána** | **454.1** | 435.3 |
| | | |
| **Glandliteanas cánach iarchurtha** | **(406.0)** | (395.1) |

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 21. CÁNACHAS (ar lean)

Seo a leanas an ghluaiseacht i ndifríochtaí sealadacha don Mháthairchuideachta:

| 2023 | Iarmhéid an 1 Eanáir €m | Leasú IAS 12 €m | Aitheanta in ioncam €m | Aitheanta in OCI €m | Iarmhéid an 31 Nollaig €m |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | | | |
| Dliteanais léasa | - | 7.6 | - | - | **7.6** |
| Scéim pinsin ESB | 25.8 | - | (8.1) | - | **17.7** |
| Forálacha | 1.7 | - | - | - | **1.7** |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 12.6 | - | - | 8.5 | **21.1** |
| **Sócmhainní cánach iarchurtha iomlána** | **40.1** | **7.6** | **(8.1)** | **8.5** | **48.1** |
| | | | | | |
| **Dliteanais** | | | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 422.0 | (0.1) | 3.2 | - | **425.1** |
| Sócmhainní ceart úsáide | - | 7.7 | (0.2) | - | **7.5** |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 12.1 | - | - | 8.2 | **20.3** |
| Cáin ghnóthachan caipitiúil | 1.2 | - | - | - | **1.2** |
| **Dliteanais chánach iarchurtha iomlána** | 435.3 | 7.6 | 3.0 | 8.2 | **454.1** |
| **(Glandliteanas) / glansócmhainn chánach iarchurtha** | **(395.2)** | **-** | **(11.1)** | **0.3** | **(406.0)** |

| 2022 | Iarmhéid an 1 Eanáir €m | Aitheanta in ioncam €m | Aitheanta in OCI €m | Iarmhéid an 31 Nollaig €m |
|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | | |
| Scéim pinsin ESB | 33.6 | (7.8) | - | 25.8 |
| Iasachtaí | 1.7 | - | - | 1.7 |
| Forálacha | 1.8 | (1.8) | - | - |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 4.6 | - | 8.1 | 12.7 |
| **Sócmhainní cánach iarchurtha iomlána** | 41.7 | (9.6) | 8.1 | 40.2 |
| | | | | |
| **Dliteanais** | | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 418.9 | 3.1 | - | 422.0 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 3.9 | - | 8.2 | 12.1 |
| Cáin ghnóthachan caipitiúil | 1.2 | - | - | 1.2 |
| **Dliteanais chánach iarchurtha iomlána** | 424.0 | 3.1 | 8.2 | 435.3 |
| **(Glandliteanas) / glansócmhainn chánach iarchurtha** | (382.3) | (12.7) | (0.1) | (395.1) |

## 22. IASACHTAÍOCHT AGUS FIACHAS EILE

| Grúpa | Iasachtaíocht iontaofa €m | Iasachtaíocht neamhiontaofa €m | Iomlán 2023 €m | Iasachtaíocht iontaofa €m | Iasachtaíocht neamhiontaofa €m | Iomlán 2022 €m |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Iasachtaíocht reatha** | | | | | | |
| • In-aisíoctha i dtráthchodanna | 63.7 | - | **63.7** | 70.1 | - | 70.1 |
| • In-aisíoctha ar bhealaí eile seachas i dtráthchodanna | 300.0 | - | **300.0** | 493.3 | - | 493.3 |
| **Iasachtaíocht reatha iomlán** | 363.7 | - | **363.7** | 563.4 | - | 563.4 |
| | | | | | | |
| **Iasachtaíocht neamhreatha** | | | | | | |
| • In-aisíoctha i dtráthchodanna | | | | | | |
| - Idir bliain amháin agus dhá bhliain | 58.0 | - | **58.0** | 63.3 | - | 63.3 |
| - Idir dhá agus cúig bliana | 97.1 | - | **97.1** | 134.4 | - | 134.4 |
| - I ndiaidh cúig bliana | 132.8 | - | **132.8** | 304.5 | - | 304.5 |
| | 287.9 | - | **287.9** | 502.2 | - | 502.2 |
| • In-aisíoctha ar bhealaí eile seachas i dtráthchodanna | | | | | | |
| - Idir bliain amháin agus dhá bhliain | - | 401.0 | **401.0** | 299.9 | - | 299.9 |
| - Idir dhá agus cúig bliana | 995.4 | 458.2 | **1,453.6** | 497.8 | 843.6 | 1,341.4 |
| - I ndiaidh cúig bliana | 4,792.4 | 400.1 | **5,192.5** | 3,793.1 | 392.8 | 4,185.9 |
| • Coigeartú fálaithe cóirluacha | 40.4 | - | **40.4** | - | - | - |
| | 5,828.2 | 1,259.3 | **7,087.5** | 4,590.8 | 1,236.4 | 5,827.2 |
| | | | | | | |
| **Iasachtaíocht neamhreatha iomlán** | 6,116.1 | 1,259.3 | **7,375.4** | 5,093.0 | 1,236.4 | 6,329.4 |
| **Iasachtaíocht iomlán gan íoc** | 6,479.8 | 1,259.3 | **7,739.1** | 5,656.4 | 1,236.4 | 6,892.8 |

Féach mír (b) chun teacht ar shonraí faoi rátaí úis infheidhme.

### Iasachtaíocht reatha de réir saoráide

| | Tagairt | 2023 €m | 2022 €m |
|---|---|---|---|
| Eorabhannaí ESB | 1 | **300.0** | - |
| Iasachtaíocht bhainc | 3 | **63.7** | 296.1 |
| Iasachtaíocht láithrithe phríobháidigh | 4 | **-** | 267.3 |
| | | **363.7** | 563.4 |

### Iasachtaíocht neamhreatha de réir saoráide

| | Tagairt | 2023 €m | 2022 €m |
|---|---|---|---|
| Eorabhannaí ESB | 1 | **5,634.8** | 4,590.8 |
| Bannaí Steirling neamhiontaofa NIE Networks | 2 | **1,259.3** | 1,236.4 |
| Iasachtaíocht bhainc | 3 | **440.9** | 502.2 |
| Coigeartú fálaithe cóirluacha | 5 | **40.4** | - |
| | | **7,375.4** | 6,329.4 |

Níl aon iasachtaíocht urraithe i gcoinne shócmhainní an Ghrúpa.

Thug Standard & Poor's (ionchas cobhsaí) rátáil A- do ESB agus thug Moody's (ionchas cobhsaí) rátáil A3 (coibhéiseach le A-) do ESB an 31 Nollaig 2022 agus ag an 31 Nollaig 2023.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 22. IASACHTAÍOCHT AGUS FIACHAS EILE (ar lean)

### 1. Eorabhannaí ESB

Tá eolas le fáil sa tábla thíos maidir le hEorabhannaí ESB (atá liostaithe) atá san áireamh in iasachtaíocht an 31 Nollaig 2023:

| Eisitheoir | Luach | Dáta Eisiúna | Aibíocht | Cúpón |
|---|---|---|---|---|
| ESB Finance DAC | Euro €300.0 milliún | Samhain 2013 | 10 mbliana | 3.494% |
| ESB Finance DAC | Euro €500.0 milliún | Meitheamh 2015 | 12 bhliain | 2.125% |
| ESB Finance DAC | Euro €600.0 milliún | Meitheamh 2016 | 15 bliana | 1.875% |
| ESB Finance DAC | Euro €500.0 milliún | Eanáir 2017 | 12 bhliain | 1.750% |
| ESB Finance DAC | Euro €500.0 milliún | Samhain 2018 | 15 bliana | 2.125% |
| ESB Finance DAC | Euro €100.0 milliún | Aibreán 2019 | 25 bliain | 2.000% |
| ESB Finance DAC | Euro €700.0 milliún (banna Glas) | Meitheamh 2019 / Iúil 2020 | 11 bhliain | 1.125% |
| ESB Finance DAC | Stg £325.0 milliún | Eanáir 2020 | 15 bliana | 1.875% |
| ESB Finance DAC | Euro €500.0 milliún (banna Glas) | Eanáir 2022 | 12 bhliain | 1.000% |
| ESB Finance DAC | Euro €550.0 milliún | Samhain 2022 | 10 mbliana | 4.000% |
| ESB Finance DAC | Euro €350.0 milliún | Eanáir 2023 | 20 bliain | 3.750% |
| ESB Finance DAC | Euro €500.0 milliún (banna Glas) | Deireadh Fómhair 2023 | 12.4 bliain | 4.250% |
| ESB Finance DAC | Euro €500.0 milliún | Deireadh Fómhair 2023 | 5 bliana | 4.000% |

Eisíodh €350.0 milliún in Eanáir 2023, agus eisíodh €1.0 billiún i nDeireadh Fómhair 2023.

### 2. Bannaí Steirling Neamhiontaofa NIE Networks

Tá eolas le fáil sa tábla thíos maidir le Bannaí Steirling neamhiontaofa NIE Networks atá san áireamh in iasachtaíocht an 31 Nollaig 2023:

| Eisitheoir | Luach | Dáta Eisiúna | Aibíocht | Cúpón |
|---|---|---|---|---|
| NIE Networks Limited | Stg £400.0 milliún | Meitheamh 2011 | 15 bliana | 6.375% |
| NIE Networks Limited | Stg £350.0 milliún | Meán Fómhair 2018 | 7 mbliana | 2.500% |
| NIE Networks Limited | Stg £350.0 milliún | Samhain 2022 | 10.1 bliain | 5.875% |

### 3. Iasachtaíocht bhainc

Tá eolas le fáil sa tábla thíos maidir le hiasachtaíocht bhainc atá san áireamh in iasachtaíocht (gan coigeartuithe a áireamh do tháillí amúchta) an 31 Nollaig 2023:

| | Iarmhéid an 31 Nollaig 2023 | Iarmhéid an 31 Nollaig 2022 |
|---|---|---|
| €200 milliún ón mBanc Eorpach Infheistíochta (EIB) chun tacú le naisc in-athnuaite chuig an líonra leictreachais in iardheisceart na hÉireann | Euro €57.2 milliún | Euro €75.1 milliún |
| Iasachtaíocht bhainc fhadtéarmach eile d'fhiachas ráta chomhlúthaigh iasachtaithe ar bhonn déthaobhach (seachas an €200 milliún thuasluaite) | Euro €115.3 milliún | Euro €155.6 milliún |
| €450.0 milliún ón mBanc Eorpach Infheistíochta (EIB) chun tacú le Méadair Chliste a rolladh amach in Éirinn | Euro €150.0 milliún | Euro €150.0 milliún |
| Saoráid chreidmheasa imrothlaigh luach €1.4 billiún (le sindeacáit de 13 bhanc) | 0 | GBP £200.0 milliún |
| Saoráid chreidmheasa imrothlaigh £750.0 milliún | 0 | 0 |
| Fiachas ráta sheasta eile EIB | Euro €183.6 milliún | Euro €194.7 milliún |

Comhaontaíodh saoráid luach €200.0 milliún leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (EIB) in 2013 agus 2014 chun tacú le naisc in-athnuaite leis an líonra leictreachais in iardheisceart na hÉireann. Tá an t-iarmhéid atá le haisíoc cothrom le €57.2 milliún an 31 Nollaig 2023 (2022: €75.1 milliún).

## 22. IASACHTAÍOCHT AGUS FIACHAS EILE (ar lean)

Síníodh saoráid luach €450.0 milliún leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (EIB) chun tacú le rolladh amach Méadar Cliste in Éirinn. Tarraingíodh anuas €150.0 million den tsaoráid seo an 31 Nollaig 2023 (2022: €150.0 milliún).

Ghlac ESB páirt i Saoráid Chreidmheasa Imrothlaigh Inbhuanaitheacht-Nasctha ar luach €1.4 billiún suas go dtí mí Feabhra 2027 le grúpa de 13 bhanc idirnáisiúnta. Níor tarraingíodh an tsaoráid seo anuas an 31 Nollaig 2023 (2022: £200.0 milliún).

I mí na Nollag 2022, ghlac ESB páirt i Saoráid Chreidmheasa Imrothlaigh ar luach £750.0 milliún suas go dtí mí an Mheithimh 2024 le grúpa de shé bhanc idirnáisiúnta. Níor tarraingíodh an tsaoráid seo anuas an 31 Nollaig 2023 (2022: £náid).

### 4. Iasachtaíocht láithrithe phríobháidigh

| | Iarmhéid an 31 Nollaig 2023 | Iarmhéid an 31 Nollaig 2022 | Dáta Eisiúna | Dáta Aibíochta | Cúpón |
|---|---|---|---|---|---|
| Nótaí neamhurraithe Láithrithe Phríobháidigh | USD $0 milliún | USD $273.5 milliún | Nollaig 2003 | Nollaig 2023 | 6.050% |
| | Stg £0 milliún | Stg £10 milliún | Nollaig 2003 | Nollaig 2023 | 6.000% |

Tá coinníollacha luaite leis an bhfiachas láithrithe phríobháidigh agus le saoráidí áirithe eile a cheanglaíonn ar ESB clúdach áirithe úis agus cúnaint sócmhainní áirithe a chothabháil. Chomhlíon ESB na riachtanais uile chúnaint go hiomlán a bhaineann leis an bhfiachas láithrithe phríobháidigh agus aisíocadh é i rith 2023.

### 5. Coigeartú fálaithe cóirluacha

D'iontráil ESB i Meán Fómhair 2023 i mbabhtáil ráta úis a bhainfidh aibíocht amach i Márta 2036. D'ainmnigh ESB an bhabhtáil ráta úis i bhfálú cóirluacha an riosca úis tagarmhairc a bheadh ag fiachas ráta sheasta. Ba é an coigeartú ar iasachtaíocht d'fhálú Cóirluacha a cuireadh i gcuntas an 31 Nollaig 2023 €40.4 milliún.

| | Iasachtaíocht Iontaofa | |
|---|---|---|
| Máthairchuideachta | 2023 Iomlán €m | 2022 Iomlán €m |
| **Iasachtaíocht reatha** | | |
| • In-aisíoctha i dtráthchodanna | **63.7** | 70.1 |
| • In-aisíoctha ar bhealaí eile seachas i dtráthchodanna | **-** | 493.3 |
| **Iasachtaíocht reatha iomlán** | **63.7** | 563.4 |
| | | |
| **Iasachtaíocht neamhreatha** | | |
| • In-aisíoctha i dtráthchodanna | | |
| - Idir bliain amháin agus dhá bhliain | **58.0** | 63.3 |
| - Idir dhá agus cúig bliana | **97.1** | 134.3 |
| - I ndiaidh cúig bliana | **132.8** | 304.5 |
| | **287.9** | 502.1 |
| • In-aisíoctha ar bhealaí eile seachas i dtráthchodanna | | |
| - I ndiaidh cúig bliana | **150.0** | - |
| - Coigeartú fálaithe cóirluacha | **40.4** | - |
| | **190.4** | - |
| | | |
| **Iasachtaíocht neamhreatha iomlán** | **478.3** | 502.1 |
| **Iasachtaíocht iomlán gan íoc** | **542.0** | 1,065.5 |

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 22. IASACHTAÍOCHT AGUS FIACHAS EILE (ar lean)

### (a) Cistiú agus bainistiú leachtachta

Baineann na príomhrioscaí leachtachta atá roimh an nGrúpa le riachtanais sreabhaidh airgid a eascraíonn as oibríochtaí laethúla, oibleagáidí fiachais i mbun aibiú agus cláir infheistíochta caipitil a chistiú. Bainistíonn feidhm státchiste an Ghrúpa an riosca seo trí mheascán d'infheistíochtaí leachtacha, airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim agus saoráidí bainc geallta nár tarraingíodh anuas. Déanann an Grúpa idirbheartaíocht maidir le saoráidí le bainc agus margaí caipitil fiachais caidrimh chun aon cheanglais mhaoinithe a eascraíonn fiachas aibíochta, caiteachas caipitil agus ceanglais ghnó ghinearálta a réamh-mhaoiniú nó a réamhfhálú.

An 31 Nollaig 2023, bhí breis is €3.7 billiún ar fáil ag an nGrúpa in airgead tirim nó coibhéisí airgid thirim (seachas airgead tirim teoranta) agus saoráidí bainc geallta, rud a chinntíonn gur féidir éilimh leachtachta a chomhlíonadh de réir mar is gá. Cuimsítear sna saoráidí bainc geallta saoráid iasachta sindeacáite i dteannta le líon mór institiúidí airgeadais a bhfuil rátáil mhaith luaite leo. Anuas air seo, tá saoráid €450.0 milliún ar fáil ón mBanc Eorpach Infheistíochta (EIB) chun tacú le rolladh amach Méadar Cliste in Éirinn ar tarraingíodh anuas €150.0 milliún den tsaoráid seo an 31 Nollaig 2023.

Tá straitéis bainistíochta fiachais an Ghrúpa dírithe ar phróifíl punann fiachais a bhfuil meascán contrapháirtithe, foinsí maoinithe agus aibíochtaí páirteach ann. Úsáidtear maoiniú neamhiontaofa struchtúrtha agus maoiniú iontaofa teoranta, más cuí, agus cuirtear costais mhaoinithe agus maolú riosca san áireamh.

Anseo thíos tá eolas le fáil maidir le próifíl aibíochta shuim ghlanluacha iasachtaíocht an Ghrúpa, agus dáta éaga saoráidí iasachtaíochta bainc geallta neamhtharraingthe anuas ábhartha:

| | Fiachas Tarraingthe Anuas - Grúpa | | Fiachas Tarraingthe Anuas - Máthairchuideachta | | Saoráid nach bhfuil Tarraingthe Anuas - Grúpa agus Máthairchuideachta | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2023 | 2022 | 2023 | 2022 | 2023 | 2022 |
| Aibiú | €m | €m | €m | €m | €m | €m |
| I mbliain amháin nó níos giorra | **363.7** | 563.4 | **63.7** | 563.4 | **862.6** | 847.5 |
| Idir bliain amháin agus dhá bhliain | **459.0** | 363.2 | **58.0** | 63.3 | **-** | - |
| Idir dhá agus cúig bliana | **1,550.7** | 1,475.8 | **97.1** | 134.3 | **1,400.0** | 1,174.4 |
| I mbreis agus cúig bliana | **5,365.7** | 4,490.4 | **323.2** | 304.5 | **300.0** | - |
| | **7,739.1** | 6,892.8 | **542.0** | 1,065.5 | **2,562.6** | 2,021.9 |

Leagtar amach sa tábla seo a leanas aibíochtaí conarthacha iasachtaíocht an Ghrúpa, lena n-áirítear na híocaíochtaí úis gaolmhara. Baineann iasachtaíocht a bhfuil suim ghlanluacha €7,197.0 milliún (an 31 Nollaig 2021: €5,827.3 milliún) acu le fochuideachtaí sa Ghrúpa.

| | Suim ghlanluacha | Eis-sreafaí / (insreafaí) airgid thirim chonarthaigh - glan | Laistigh de 1 bhliain | 1-2 bhliain | 2-5 bliana | Níos faide ná 5 bliana |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m | €m |
| **An 31 Nollaig 2023** | | | | | | |
| Iasachtaíocht iontaofa | **6,479.8** | **7,899.1** | **516.4** | **207.6** | **1,525.1** | **5,650.0** |
| Iasachtaíocht neamhiontaofa | **1,259.3** | **1,586.2** | **63.1** | **465.6** | **560.4** | **497.1** |
| **Iasachtaíocht iomlán** | **7,739.1** | **9,485.3** | **579.5** | **673.2** | **2,085.5** | **6,147.1** |
| **An 31 Nollaig 2022** | | | | | | |
| Iasachtaíocht iontaofa | 5,656.4 | 6,571.2 | 672.6 | 470.1 | 909.0 | 4,519.5 |
| Iasachtaíocht neamhiontaofa | 1,236.4 | 1,622.4 | 63.9 | 62.0 | 984.8 | 511.7 |
| **Iasachtaíocht iomlán** | 6,892.8 | 8,193.6 | 736.5 | 532.1 | 1,893.8 | 5,031.2 |

### (b) Bainistíocht riosca ráta úis

Nuashonraíodh beartas ráta úis an Ghrúpa in 2021 agus is í an sprioc atá ann go mbeadh formhór a fhiachais socraithe ag ráta úis sheasta go dtí go dtéann sé in aibíocht, agus go mbeadh íosmhéid 60% ag ráta seasta i gcónaí. Is féidir é seo a chinntiú trí iasachtaíocht dhíreach ag rátaí úis seasta nó trí bhabhtálacha ráta úis. An 31 Nollaig 2023, bhí 92% d'fhiachas an Ghrúpa seasta agus bhí 8.0% comhdhlúthach (an 31 Nollaig 2023: 94.4% agus 5.6%, faoi seach). Tá cóirluach na mbabhtálacha ráta úis arna nochtadh i nóta 23.

Chomh fada is a bhaineann le dliteanais airgeadais úsmhara, tá eolas le fáil sa tábla thíos maidir lena rátaí úis éifeachtacha ag dáta an chláir comhardaithe agus cuirtear éifeacht na mbabhtálacha ráta úis:

## 22. IASACHTAÍOCHT AGUS FIACHAS EILE (ar lean)

| 2023 | Ráta úis éifeachtach % | Iomlán €m | Laistigh de 1 bhliain €m | 1-2 bhliain €m | 2-5 bliana €m | Níos faide ná 5 bliana €m |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Iasachtaíocht neamhiontaofa (ráta úis seasta) | **4.98%** | **1,259.3** | - | 401.0 | 458.2 | 400.1 |
| Iasachtaíocht eile fhadtéarmach (ráta úis seasta agus athraitheach) | **2.53%** | **6,479.8** | 363.7 | 58.0 | 1,092.5 | 4,965.6 |
| | | **7,739.1** | **363.7** | **459.0** | **1,550.7** | **5,365.7** |

| 2022 | Ráta úis éifeachtach % | Iomlán €m | Laistigh de 1 bhliain €m | 1-2 bhliain €m | 2-5 bliana €m | Níos faide ná 5 bliana €m |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Iasachtaíocht láithrithe phríobháidigh (ráta úis seasta) | 6.15% | 267.3 | 267.3 | - | - | - |
| Iasachtaíocht neamhiontaofa (ráta úis seasta) | 4.98% | 1,236.4 | - | - | 843.6 | 392.8 |
| Iasachtaíocht eile fhadtéarmach (ráta úis seasta agus athraitheach) | 2.97% | 5,389.1 | 296.1 | 363.2 | 632.2 | 4,097.6 |
| | | 6,892.8 | 563.4 | 363.2 | 1,475.8 | 4,490.4 |

San áireamh in iasachtaíocht fhadtéarmach eile san anailís seo tá dliteanais ráta chomhdhlúthaigh €618.5 milliún (an 31 Nollaig 2022: €386.0 milliún).

Tá an ráta úis glan ar an iasachtaíocht láithrithe phríobháidigh seasta trí úsáid a bhaint as babhtálacha tras-airgeadra agus babhtálacha ráta úis.

Nuair a bheidh an riosca ráta úis á bhainistiú, beidh sé mar aidhm ag an nGrúpa tionchar na luaineachtaí gearrthéarmacha ar thuilleamh an Ghrúpa a laghdú. Ar bhonn níos fadtéarmaí, áfach, beidh tionchar ag athruithe ar rátaí úis ar thuilleamh comhdhlúthaithe. Meastar go mbeadh méadú ginearálta 50 bonnphointe ar rátaí úis (agus rátaí eastáit réadaigh comhfhreagracha) don bhliain mar bhonn le brabús roimh chánachas a mhéadú agus cothromas a laghdú bunaithe ar na méideanna thíosluaite. Glactar leis san anailís seo, go mbeidh gach athróga eile, go háirithe rátaí airgeadra eachtraigh, cobhsaí, lena n-áirítear an toimhde nach bhfuil aon athrú tagtha ar rátaí boilscithe.

| | An 31 Nollaig 2023 | | An 31 Nollaig 2022 | |
|---|---|---|---|---|
| | Gnóthachan / (caillteanas) méadú 50 bp € m | Gnóthachan / (caillteanas) laghdú 50 bp € m | Gnóthachan / (caillteanas) méadú 50 bp € m | Gnóthachan / (caillteanas) laghdú 50 bp € m |
| **Brabús roimh chánachas** | | | | |
| Ús atá iníoctha | **(3.1)** | **3.1** | (0.5) | 0.5 |
| Gluaiseachtaí cóirluacha ar ionstraimí airgeadais | **(26.8)** | **28.5** | 25.7 | (27.0) |
| **Ioncam cuimsitheach eile** | | | | |
| (Caillteanais) / gnóthachain chóirluacha | **-** | **-** | (1.8) | 1.9 |

Rinneadh na toimhdí seo a leanas maidir leis an anailís íogaireachta thuas:

- ní bhaineann íogaireacht an chláir comhardaithe d'anailís rátaí úis ach le hionstraimí airgeadais díorthacha;
- ríomhtar íogaireacht an úis fabhraithe do ghluaiseachtaí i rátaí úis bunaithe ar neamhchosaintí glan ráta comhdhlúthaigh ar fhiachas, taiscí agus ionstraimí díorthacha;
- glactar leis go bhfuil díorthaigh atá ainmnithe mar fháluithe sreabhaidh airgid i gcomparáid le gluaiseachtaí ar rátaí úis éifeachtach, taifeadta go hiomlán laistigh de chothromas agus nach bhfuil aon tionchar acu ar an ráiteas ioncaim;
- níl tionchar ach ag athruithe ar luach anonn ionstraimí airgeadais díorthacha nach bhfuil i gcaidreamh fálaithe ar an ráiteas ioncaim; agus
- glactar leis nach bhfuil aon ráta úis socraithe cheana féin le haghaidh gné chomhdhlúthach d'aon bhabhtáil ná fiachas ráta chomhdhlúthaigh, rud a chiallaíonn go bhfuil tionchar ag rátaí úis ar thréimhse iomlán 12 mhí don ús fabhraithe a bhaineann leis na ríomhanna íogaireachta.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 22. IASACHTAÍOCHT AGUS FIACHAS EILE (ar lean)

**(c) Réiteach iasachtaíochta seachtraí**

**Grúpa**

| 2023 | Iarmhéid an 1 Eanáir €m | Fáltais €m | Aisíocaíochtaí €m | Éifeachtaí airgeadra eachtraigh €m | Eile €m | Iarmhéid an 31 Nollaig €m |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Saoráidí Fiachais** | | | | | | |
| Eorabhannaí ESB | 4,590.8 | 1,337.3 | - | 6.3 | 0.4 | **5,934.8** |
| Eorabhannaí Neamhiontaofa NIE Networks | 1,236.4 | - | - | 22.0 | 0.9 | **1,259.3** |
| Iasachtaíocht bhainc | 798.3 | 734.5 | (1,030.8) | 1.0 | 42.0 | **545.0** |
| Iasachtaíocht láithrithe phríobháidigh | 267.3 | - | (258.6) | (8.7) | - | **-** |
| **Iomlán** | 6,892.8 | 2,071.8 | (1,289.4) | 20.6 | 43.3 | **7,739.1** |

| 2022 | Iarmhéid an 1 Eanáir €m | Fáltais €m | Aisíocaíochtaí €m | Éifeachtaí airgeadra eachtraigh €m | Eile €m | Iarmhéid an 31 Nollaig €m |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Saoráidí Fiachais** | | | | | | |
| Eorabhannaí ESB | 3,568.2 | 1,039.1 | - | (19.0) | 2.5 | **4,590.8** |
| Eorabhannaí Neamhiontaofa NIE Net-works | 890.9 | 402.5 | - | (56.6) | (0.4) | **1,236.4** |
| Iasachtaíocht bhainc | 651.0 | 226.0 | (69.0) | (9.5) | (0.2) | **798.3** |
| Iasachtaíocht láithrithe phríobháidigh | 253.1 | - | - | 14.2 | - | **267.3** |
| **Iomlán** | 5,363.2 | 1,667.6 | (69.0) | (70.9) | 1.9 | **6,892.8** |

**Máthairchuideachta**

| 2023 | Iarmhéid an 1 Eanáir €m | Fáltais €m | Aisíocaíochtaí €m | Éifeachtaí airgeadra eachtraigh €m | Eile €m | Iarmhéid an 31 Nollaig €m |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Saoráidí Fiachais** | | | | | | |
| Iasachtaíocht bhainc | 798.2 | 734.5 | (1,030.8) | 1.0 | 39.1 | **542.0** |
| Iasachtaíocht láithrithe phríobháidigh | 267.3 | - | (258.6) | (8.7) | - | **-** |
| **Iomlán** | 1,065.5 | 734.5 | (1,289.4) | (7.7) | 39.1 | **542.0** |

| 2022 | Iarmhéid an 1 Eanáir €m | Fáltais €m | Aisíocaíochtaí €m | Éifeachtaí airgeadra eachtraigh €m | Eile €m | Iarmhéid an 31 Nollaig €m |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Saoráidí Fiachais** | | | | | | |
| Iasachtaíocht bhainc | 651.1 | 226.0 | (69.0) | (9.5) | (0.4) | **798.2** |
| Iasachtaíocht láithrithe phríobháidigh | 253.1 | - | - | 14.2 | - | **267.3** |
| **Iomlán** | 904.2 | 226.0 | (69.0) | 4.7 | (0.4) | **1,065.5** |

## 23. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHACHA

**(a) Cóirluach bunaithe ar aicme na hionstraime airgeadais díorthaigh**

Tugtar ionstraimí airgeadais díorthacha anonn ag cóirluach. Is éard atá i gceist le cóirluach ionstraim airgeadais an praghas a bheadh á fháil chun sócmhainn a dhíol nó íoc as dliteanas a aistriú mar chuid d'idirbheart ordúil idir rannpháirtithe an mhargaidh ag an dáta tomhais. Tá an modh a úsáidtear chun cóirluach ionstraimí airgeadais an Ghrúpa a ríomh bunaithe ar anailís sreabhaidh airgid lascainithe, trí úsáid a bhaint as ráta lascaine cúpóin nialasaigh agus trí riosca creidmheasa contrapháirtithe a léiriú. Tríd an modh seo a úsáid, is féidir leis an nGrúpa na sreafaí airgid a lascainiú ag ráta atá cothrom leis an ngnáthráta margaidh úis, agus an chorrlach aibíochta agus chreidmheasa a chur san áireamh.

Seo a leanas cóirluachanna na n-ionstraimí airgeadais, grúpáilte de réir aicme na hionstraime:

**Grúpa**

| 2023 | Sócmhainní neamhreatha €m | Sócmhainní reatha €m | Dliteanais neamhreatha €m | Dliteanais reatha €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|---|---|
| Babhtálacha ráta úis | **63.5** | **-** | **(13.5)** | **-** | **50.0** |
| Boilsciú nasctha le babhtálacha ráta úis | **-** | **-** | **(337.9)** | **(4.0)** | **(341.9)** |
| Babhtálacha airgeadra | **-** | **-** | **(9.1)** | **-** | **(9.1)** |
| Conarthaí airgeadra eachtraigh | **1.1** | **16.4** | **(1.8)** | **(6.3)** | **9.4** |
| Conarthaí praghsanna breosla ar aghaidh | **99.0** | **328.3** | **(44.5)** | **(385.5)** | **(2.7)** |
| **Iomlán** | **163.6** | **344.7** | **(406.8)** | **(395.8)** | **(294.3)** |

| 2022 | Sócmhainní neamhreatha €m | Sócmhainní reatha €m | Dliteanais neamhreatha €m | Dliteanais reatha €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|---|---|
| Babhtálacha ráta úis | - | - | (21.8) | (2.9) | (24.7) |
| Boilsciú nasctha le babhtálacha ráta úis | - | - | (323.3) | (239.9) | (563.2) |
| Babhtálacha airgeadra | - | 21.9 | (5.4) | - | 16.5 |
| Conarthaí airgeadra eachtraigh | 2.6 | 12.7 | (6.9) | (34.9) | (26.5) |
| Conarthaí praghsanna breosla ar aghaidh | 122.7 | 809.1 | (148.2) | (812.1) | (28.5) |
| **Iomlán** | 125.3 | 843.7 | (505.6) | (1,089.8) | (626.4) |

**Máthairchuideachta**

| 2023 | Sócmhainní neamhreatha €m | Sócmhainní reatha €m | Dliteanais neamhreatha €m | Dliteanais reatha €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|---|---|
| Babhtálacha ráta úis | **76.8** | **-** | **(13.4)** | **(0.1)** | **63.3** |
| Babhtálacha airgeadra | **-** | **-** | **(9.2)** | **-** | **(9.2)** |
| Conarthaí airgeadra eachtraigh | **1.1** | **21.1** | **(1.9)** | **(6.4)** | **13.9** |
| Conarthaí praghsanna breosla ar aghaidh | **78.9** | **310.1** | **(42.2)** | **(359.8)** | **(13.0)** |
| **Iomlán** | **156.8** | **331.2** | **(66.7)** | **(366.3)** | **55.0** |

| 2022 | Sócmhainní neamhreatha €m | Sócmhainní reatha €m | Dliteanais neamhreatha €m | Dliteanais reatha €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|---|---|
| Babhtálacha ráta úis | 5.0 | 1.8 | (21.7) | (3.0) | (17.9) |
| Babhtálacha airgeadra | - | 21.9 | (5.4) | - | 16.5 |
| Conarthaí airgeadra eachtraigh | 5.8 | 13.4 | (6.8) | (34.4) | (22.0) |
| Conarthaí praghsanna breosla ar aghaidh | 120.6 | 787.5 | (128.1) | (776.1) | 3.9 |
| **Iomlán** | 131.4 | 824.6 | (162.0) | (813.5) | (19.5) |

Cinneann an Grúpa, tráth a bhunaithe, cibé acu atá nó nach bhfuil ionstraimí airgeadais le hainmniú i gcaidreamh fálaithe le haghaidh socruithe áirithe a chomhlíonann critéir chuntasaíochta fálaithe shonracha IFRS 9.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 23. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHACHA (ar lean)

**(i) Babhtálacha ráta úis ('IRS')**
Tá babhtálacha ráta úis luach Stg £488.0 milliún (2022: Stg £295.0 milliún) curtha i gcrích ag an nGrúpa a bhaineann le cuid áirithe dá iasachtaíocht atá i seilbh na Máthairchuideachta agus ESB Finance DAC.

Chomh fada is a bhaineann le babhtálacha ráta úis, cuimsítear sa chóirluach na rátaí seasta, comhdhlúthacha agus margaidh ag dáta an chláir comhardaithe. De bhrí go bhfuil sé beartaithe na babhtálacha ráta úis a chur ar an margadh ag an 31 Nollaig 2023, tá a luach anonn cothrom lena gcóirluach.

Tháinig méadú €74.7 milliún (an 31 Nollaig 2022: laghdú €16.1 milliún) ar chóirluach na mbabhtálacha ráta úis. Faigheann ESB ráta seasta agus íocann sé ráta athraitheach faoi na hionstraimí. Is fianaise í an ghluaiseacht chóirluacha ar mharc dearfach atá luaite le gluaiseachtaí margaidh sna babhtálacha bunúsacha i rith na bliana, atá ag eascairt as timpeallacht ina bhfuil an ráta úis ag titim agus mar gheall go raibh babhtáil nua á hiontráil i rith na bliana.

**(ii) Boilsciú nasctha le babhtálacha ráta úis**
Fuarthas babhtálacha ráta úis atá nasctha le boilsciú a bhfuil cóirluach luaite leo, luach €272.5 milliún, i mí na Nollag 2010 mar chuid de cheannach gnó NIE Networks. Ní raibh na babhtálacha ráta úis atá nasctha le boilsciú incháilithe le haghaidh cuntasaíocht fálaithe faoi IFRS 9 maidir le héadáil gnó NIE Networks. Tá tionchar ag gluaiseachtaí coibhneasta agus in ionchais mhargaidh maidir le gluaiseachtaí an phraghasinnéacs miondíola todhchaíoch (RPI) sa Ríocht Aontaithe ar chóirluach na mbabhtálacha ráta úis atá nasctha le boilsciú.

Ar an 12 Aibreán 2021, tháinig an Grúpa, agus a bhainc chontrapháirtí, ar chomhaontú maidir le hathstruchtúrú na mbabhtálacha, lena n-áirítear téarmaí áirithe a leasú. San áireamh sna hathruithe seo bhí síneadh a chur le dáta an chlásail éigeantaigh luathfhoirceannta (mar atá sainithe sa bhileog téarma forghníomhaithe), ón 22 Meitheamh 2022 go dtí an 22 Nollaig 2025, le haghaidh na mbabhtálacha a rachaidh in aibíocht an 22 Nollaig 2036. Chomh maith leis sin, san áireamh san athstruchtúrú tá leasuithe ar ráta úis sheasta na mbabhtálacha, agus athrú ar an líon contrapháirtithe babhtála.

Ag eascairt as gluaiseachtaí ar rátaí úis anonn, praghsanna anonn RPI na Ríochta Aontaithe, rátaí agus íocaíochtaí malairte airgeadra eachtraigh i rith na bliana, laghdaithe cóirluach an dliteanais €220.6 milliún ar na babhtálacha seo sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 (2022: mhéadaigh cóirluach an dliteanais €157.6 milliún). Is fianaise é an ghluaiseacht ar ghluaiseachtaí margaidh diúltacha sna babhtálacha bunúsacha (€37.7) milliún (2022: gluaiseacht dhiúltach €101.1 milliún), arna léiriú i gcostais airgeadais sa ráiteas ioncaim (nóta 9) agus íocaíochtaí luach €269.1 milliún (lena n-áirítear íocaíocht bhreisithe €265.5 milliún) (2022: €22.3 milliún) ag eascairt as na babhtálacha i rith na bliana. Chomh maith leis sin, tá gluaiseachtaí aistrithe diúltacha (€10.8) milliún (2022: gluaiseachtaí aistrithe dearfacha €34.2 milliún) i rith na bliana a bhaineann le haistriú na mbabhtálacha ó steirling go euro le fáil san OCI.

**(iii) Babhtálacha airgeadra**
Tá tionchar ag gluaiseachtaí ráta malairte eachtraí agus rátaí úis ar chóirluach babhtálacha airgeadra. Tá babhtálacha airgeadra ESB rangaithe mar fháluithe sreabhaidh airgid agus baineann siad le maoiniú úsáidte in airgeadra amháin a bhfuil ceanglais bhunúsacha iomlána nó pháirteacha atá luaite leis sonraithe in airgeadra eile. Tá punann de bhabhtálacha trasairgeadra EUR USD ag ESB ar glacadh páirt iontu i ndáil le fiachas láithrithe phríobháidigh, a bhfuil cur síos déanta air i nóta 22. Glacadh páirt sna babhtálacha trasairgeadra chun úis dollar SAM agus steirling agus príomh-aisíocaíochtaí ar an bhfiachas bunúsach a aistriú go euro, rud a chiallaigh go raibh an riosca a bhain leis na híocaíochtaí seo á fhálú le himeacht na mblianta go dtí aibíocht idir 2010 agus 2023. Bhain méid an fhiachais láithrithe phríobháidigh EUR comhionann le €242 milliún aibíocht amach in 2023. Bhain na babhtálacha trasairgeadra ar glacadh páirt iontu i ndáil leis an bhfiachas láithrithe phríobháidigh aibíocht amach go comhuaineach freisin.

Ar an gcuma chéanna, tá punann de bhabhtálacha trasairgeadra EUR GBP ag ESB ar glacadh páirt iontu i ndáil le hairgeadra euro a tháinig as margaí caipitil poiblí. Glacadh páirt sna babhtálacha trasairgeadra seo chun úis Euro agus Steirling agus príomh-aisíocaíochtaí ar an bhfiachas bunúsach a aistriú go steirling, rud a chiallaigh go raibh an riosca a bhain leis na híocaíochtaí seo á fhálú le himeacht na mblianta go dtí aibíocht idir 2018 agus 2032.

Tháinig laghdú €25.6 milliún (2022: méadú €31.0 milliún tagtha ar chóirluach) ar chóirluach na mbabhtálacha ráta úis trasairgeadra, agus léirítear sa ghluaiseacht an marc diúltach i leith gluaiseachtaí margaidh i rith na bliana.

Níor tháinig aon neamhéifeacht aníos t de réir bhí IFRS 9 a bhain leis na babhtálacha airgeadra i rith na bliana (2022: €náid). San áireamh, ar leithligh, sa ráiteas ioncaim don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 tá gnóthachan luach €25.8 milliún (2022: gnóthachan €28.3 milliún) ag eascairt as babhtálacha trasairgeadra atá fritháirithe go substaintiúil ag gluaiseachtaí a bhaineann le haistriú iasachtaíochta airgeadra eachtraigh fálaithe bunúsach ag na rátaí airgeadra atá i bhfeidhm.

**(iv) Conarthaí airgeadra eachtraigh**
Le cois na gconarthaí airgeadra eachtraigh atá bunaithe i ndáil le hiasachtaíocht an Ghrúpa, tá an Grúpa páirteach i gconarthaí airgeadra eachtraigh a bhaineann le costais fuinnimh, Comhaontuithe Seirbhíse Fadtéarmacha (LTSAanna) agus ceanglais maidir le ceannach breosla (atá sonraithe i ndollar SAM agus steirling). Tá aibíochtaí ag na conarthaí seo go dtí 2027. Aithníodh gluaiseachtaí cóirluacha diúltacha iomlána luach €35.9 milliún (2022: gluaiseachtaí diúltacha €38.3 milliún) i rith na bliana a bhaineann lena leithéid de chonarthaí airgeadra eachtraigh, agus aithníodh gluaiseacht chóirluacha dhearfach €náid (2022: €náid) i ndáil leo trí OCI agus aithníodh gluaiseacht chóirluacha dhearfach €35.9 milliún (2022: gluaiseacht dhiúltach €38.3 milliún) sa ráiteas ioncaim.



## 23. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHACHA (ar lean)

**(v) Conarthaí praghsanna breosla ar aghaidh**
Tá an Grúpa páirteach i gconarthaí praghsanna breosla ar aghaidh le haghaidh gáis, guail agus carbóin. Déantar cuntas ar chonarthaí tráchtearraí nach bhfuil ainmnithe mar chonarthaí úsáide féin mar dhíorthaigh trádála agus aithnítear siad sa chlár comhardaithe ag cóirluach.

Aithníodh gluaiseachtaí cóirluacha dearfacha iomlána luach €25.8 milliún (an 31 Nollaig 2022: gluaiseachtaí dearfacha €9.3 milliún) i rith na bliana ina cuimsíodh gluaiseacht chóirluacha dhiúltach €20.0 milliún (an 31 Nollaig 2022: gluaiseacht dhiúltach €31.7 milliún) sa ráiteas ioncaim a bhí curtha siar ag gluaiseacht chóirluacha dhearfach €40.1 milliún (an 31 Nollaig 2022: gluaiseacht dhearfach €26.1 milliún) agus socraíochtaí €5.7 milliún (an 31 Nollaig 2022: €3.7 milliún).

**Ordlathas cóirluacha**
Tá tuilleadh eolais maidir leis na modhanna a úsáidtear chun ionstraimí airgeadais a luacháil le fáil i nóta 29.

**(b) Cistiú agus bainistiú leachtachta - aibíocht ionstraimí airgeadais díorthacha**
Leagtar amach sa tábla seo a leanas aibíochtaí conarthacha ionstraimí airgeadais díorthacha, na glansreafaí airgid neamhlascainithe a bhaineann leo san áireamh. Táthar ag súil go mbeidh tionchar ag na hionstraimí airgeadais díorthacha seo ar bhrabús agus ar chaillteanas thar thréimhse ama cosúil leis na heis-sreafaí airgid thirim. Tá glandliteanais ionstraime airgeadais dhíorthacha luach €349.3 milliún (2022: €606.9 million) san áireamh in iarmhéideanna an Ghrúpa thíos, ach ní ghlactar leo mar chuid de shócmhainní agus dliteanais na Máthairchuideachta de bhrí nach bhfuil siad i seilbh na Máthairchuideachta go díreach. Tá tuilleadh anailíse déanta ar shócmhainní agus dliteanais airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta i nóta 29 (b).

| | Suim ghlanluacha | Insreafaí / (eis-sreafaí) airgid thirim chonarthaigh - glan | Laistigh de 1 bhliain | 1-2 bhliain | 2-5 bliana | Níos faide ná 5 bliana |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m | €m |
| **An 31 Nollaig 2023** | | | | | | |
| Babhtálacha ráta úis | 63.5 | 136.7 | 10.2 | 18.7 | 40.8 | 67.0 |
| Babhtálacha airgeadra | - | 6.0 | - | - | - | 6.0 |
| Conarthaí airgeadra eachtraigh | 17.5 | 18.6 | 18.6 | - | - | - |
| Conarthaí praghsanna breosla ar aghaidh | 427.3 | 427.6 | 327.6 | 88.0 | 12.0 | - |
| **Sócmhainní iomlána** | **508.3** | **588.9** | **356.4** | **106.7** | **52.8** | **73.0** |
| | | | | | | |
| Babhtálacha ráta úis | (13.5) | (27.4) | (21.6) | (5.8) | - | - |
| Boilsciú nasctha le babhtálacha ráta úis | (341.9) | (357.5) | (4.2) | (13.3) | (50.0) | (290.0) |
| Babhtálacha airgeadra | (9.1) | (12.4) | (4.8) | (3.9) | (3.7) | - |
| Conarthaí airgeadra eachtraigh | (8.1) | (9.5) | (7.3) | (1.4) | (0.8) | - |
| Conarthaí praghsanna breosla ar aghaidh | (430.0) | (430.1) | (385.6) | (42.0) | (2.5) | - |
| **Dliteanais iomlána** | **(802.6)** | **(836.9)** | **(423.5)** | **(66.4)** | **(57.0)** | **(290.0)** |
| **Glansócmhainní / (glandliteanais) dhíorthacha** | **(294.3)** | **(248.0)** | **(67.1)** | **40.3** | **(4.2)** | **(217.0)** |
| | | | | | | |
| **An 31 Nollaig 2022** | | | | | | |
| Babhtálacha airgeadra | 21.9 | 25.6 | 0.7 | 22.4 | - | 2.5 |
| Conarthaí airgeadra eachtraigh | 15.3 | 19.4 | 16.5 | 2.4 | 0.5 | - |
| Conarthaí praghsanna breosla ar aghaidh | 931.8 | 928.5 | 807.8 | 109.8 | 10.9 | - |
| **Sócmhainní iomlána** | 969.0 | 973.5 | 825.0 | 134.6 | 11.4 | 2.5 |
| | | | | | | |
| Babhtálacha ráta úis | (24.7) | (25.8) | (6.4) | (8.3) | (11.1) | - |
| Boilsciú nasctha le babhtálacha ráta úis | (563.2) | (647.0) | (237.9) | (5.5) | (248.9) | (154.7) |
| Babhtálacha airgeadra | (5.4) | (73.0) | (9.4) | (18.1) | (45.5) | - |
| Conarthaí airgeadra eachtraigh | (41.8) | (53.7) | (46.5) | (7.2) | - | - |
| Conarthaí praghsanna breosla ar aghaidh | (960.3) | (961.3) | (812.0) | (127.2) | (22.1) | - |
| **Dliteanais iomlána** | **(1,595.4)** | **(1,760.8)** | **(1,112.2)** | **(166.3)** | **(327.6)** | **(154.7)** |
| **Glandliteanais dhíorthacha** | **(626.4)** | **(787.3)** | **(287.2)** | **(31.7)** | **(316.2)** | **(152.2)** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 23. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHACHA (ar lean)

### (c) Cúlchistí Fálaithe

Baineann gluaiseachtaí cúlchistí fálaithe an Ghrúpa leis na hionstraimí fálaithe seo a leanas:

**2023**

| | Cúlchiste fálaithe sreabhaidh airgid[1] | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Babhtálacha ráta úis trasairgeadra | Babhtálacha ráta úis | Conarthaí airgeadra eachtraigh | Conarthaí praghsanna breosla ar aghaidh2 | Iomlán |
| **(Gnóthachain) / caillteanais chúlchiste fálaithe** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** |
| Glanghluaiseachtaí cóirluacha | 30.7 | - | - | (40.1) | (9.4) |
| Glanghluaiseachtaí cóirluacha d'institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | 52.8 | 6.2 | - | 59.0 |
| Aistriú chuig an ráiteas ioncaim | (34.6) | - | - | - | (34.6) |
| Gluaiseachtaí cánach iarchurtha | 0.5 | (13.3) | - | 5.0 | (7.8) |
| **(Gnóthachain) / caillteanais iomlána** | **(3.4)** | **39.5** | **6.2** | **(35.1)** | **7.2** |

**2022**

| | Cúlchiste fálaithe sreabhaidh airgid[1] | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Babhtálacha ráta úis trasairgeadra | Babhtálacha ráta úis | Conarthaí airgeadra eachtraigh | Conarthaí praghsanna breosla ar aghaidh2 | Iomlán |
| **(Gnóthachain) / caillteanais chúlchiste fálaithe** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** |
| Glanghluaiseachtaí cóirluacha | (27.5) | - | - | 26.1 | (1.4) |
| Glanghluaiseachtaí cóirluacha d'institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | (241.1) | (19.1) | - | (260.2) |
| Aistriú chuig an ráiteas ioncaim | 25.7 | - | - | (3.7) | 22.0 |
| Gluaiseachtaí cánach iarchurtha | 0.2 | 54.0 | 4.7 | (1.2) | 57.7 |
| **(Gnóthachain) / caillteanais iomlána** | **(1.6)** | **(187.1)** | **(14.4)** | **21.2** | **(181.9)** |

1 Cuimsítear sa chúlchiste fálaithe sreabhaidh airgid suim €1.2 milliún (2022: €4.5 milliún) a bhaineann leis na gcostas fálaithe.
2 Tá eolas maidir le conarthaí a nascann an praghas leictreachais ar aghaidh ar bhealach níos dlúithe le praghsanna breosla ar aghaidh le fáil i bhfoirm ghlan i gconarthaí praghsanna breosla ar aghaidh an 31 Nollaig 2023.

### Éifeachtacht fálaithe

Déantar cinneadh maidir le héifeachtacht fálaithe tráth bunaithe an chaidrimh fálaithe agus trí mheasúnuithe éifeachtachta ionchasacha débhliantúla d'fhonn a chinntiú go bhfuil caidreamh geilleagrach bunaithe idir an mhír fálaithe agus an ionstraim fálaithe.

### Conarthaí airgeadra eachtraigh

Maidir le fáluithe a bhaineann le ceannacháin airgeadra eachtraigh, glacann an Grúpa páirt i gcaidreamh fálaithe ina meaitseálann téarmaí criticiúla na hionstraime fálaithe téarmaí na míre fálaithe go beacht. Déanann an Grúpa measúnú cáilíochtúil ar éifeachtacht. Má bhíonn tionchar ag athruithe ar imthosca ar théarmaí na míre fálaithe ar bhealach a chiallaíonn nach bhfuil na téarmaí criticiúla ag meaitseáil téarmaí criticiúla na hionstraime fálaithe níos mó, úsáideann an grúpa an modh díorthaigh hipitéisigh chun cinneadh maidir le mí-éifeachtacht a dhéanamh.

Chomh fada is a bhaineann le fáluithe ceannachán airgeadra eachtraigh, d'fhéadfadh mí-éifeachtacht a bheith i gceist má athraíonn an t-idirbheart réamh-mheasta i gcomparáid leis an méid a measadh ar dtús, nó má athraíonn an riosca creidmheasa.

### Conarthaí breosla agus leictreachais ar aghaidh

Maidir le fáluithe a bhaineann le conarthaí breosla agus leictreachais, glacann an Grúpa páirt i gcaidreamh fálaithe ina meaitseálann téarmaí criticiúla na hionstraime fálaithe téarmaí na míre fálaithe go beacht. D'fhéadfadh mí-éifeachtacht a bheith i gceist má athraíonn an t-idirbheart réamh-mheasta i gcomparáid leis an méid a measadh ar dtús, nó má athraíonn an riosca creidmheasa. Déantar mí-éifeachtacht fálaithe le haghaidh conarthaí breosla agus leictreachais ar aghaidh a thomhas trí úsáid a bhaint as an modh díorthaigh hipitéisigh.

Laistigh dá ghnáthchúrsa gnó, glacann an Grúpa páirt i gconarthaí díolacháin agus ceannacháin le haghaidh tráchtearraí, gás agus leictreachas san áireamh. Sa chás gur síníodh conradh agus go bhfuil sé fós bailí chun críocha glacadh le nó seachadadh na dtráchtearraí de réir cheanglais ionchasacha díolacháin, ceannaigh nó úsáide an Ghrúpa, ainmnítear na conarthaí mar chonarthaí úsáide féin agus déantar cuntas orthu mar chonarthaí atá le comhlíonadh. Dá réir sin, ní bhaineann na conarthaí seo le raon Ionstraimí Airgeadais IFRS 9.

## 23. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHACHA (ar lean)

### Babhtálacha ráta úis trasairgeadra

Glacann an Grúpa páirt i mbabhtálacha ráta úis trasairgeadra a bhfuil a dtéarmaí criticiúla cosúil le mír fálaithe, cosúil le ráta tagartha, dátaí íocaíochta, aibíochtaí agus méid barúlach. Aithnítear an mhír fálaithe mar chéatadán den mhéid gan íoc suas go dtí méid barúlach na mbabhtálacha. Déantar mí-éifeachtacht fálaithe le haghaidh babhtálacha ráta úis a thomhas trí úsáid a bhaint as na prionsabail chéanna le haghaidh fáluithe a bhaineann le conarthaí airgeadra eachtraigh. D'fhéadfadh a leithéid tarlú go príomha mar gheall ar dhifríochtaí i dtéarmaí criticiúla idir babhtálacha ráta úis trasairgeadra agus iasachtaí.

### (d) Éifeachtaí cuntasaíocht fálaithe ar staid agus feidhmíocht airgeadais

Seo a leanas éifeachtaí na n-ionstraimí fálaithe ar úsáideadh cuntasaíocht fálaithe lena n-aghaidh (roimh chánachas) ar staid agus feidhmíocht airgeadais an Ghrúpa.

**2023**

| | USD - Babhtálacha ráta úis trasairgeadra (Leibhéal 2)[1] | GBP - Babhtálacha ráta úis trasairgeadra (Leibhéal 2) | EUR - Babhtálacha ráta úis (Leibhéal 2)[2] | Conarthaí praghsanna breosla ar aghaidh - Gás (Leibhéal 3)[3] | Conarthaí praghsanna leictreachais ar aghaidh (Leibhéal 3)[3] |
|---|---|---|---|---|---|
| **Aonad na suime glanluacha** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** |
| Suim ghlanluacha - sócmhainn / (dliteanas) amhail an 31 Nollaig 2023 | - | (9.2) | 40.4 | (661.3) | 685.1 |
| **Aonad barúlach** | **$m** | **£m** | **€m** | **Gwh** | **Gwh** |
| Méid barúlach | - | 335.5 | 500.0 | 6.0 | 6.8 |
| Dáta aibíochta - is luaithe | Dec-23 | Nov-28 | Mar-36 | Jan-24 | Jan-24 |
| Dáta aibíochta - is déanaí | Dec-23 | May-32 | Mar-36 | Dec-26 | Dec-26 |
| Cóimheas fálaithe[4] | 1:1 | 1:1 | 1:1 | 1:1 | 1:1 |
| **Athrú ar aonad cóirluacha** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** |
| Athrú ar chóirluach ionstraimí fálaithe gan íoc ón 1 Eanáir | (14.4) | (3.7) | 40.4 | (442.1) | 486.5 |
| Athrú ar luach míre fálaithe a úsáidtear le héifeachtacht fálaithe | 14.4 | 3.7 | (40.4) | (442.1) | 484.4 |
| **Aonad ráta / praghais** | **Ráta úis % / Ráta FX** | **Ráta úis % / Ráta FX** | **Ráta úis % /** | **€/Mwh** | **€/Mwh** |
| Meánráta / meánphraghas fálaithe ualaithe | 0.00 | 4.07%/0.8726 | 4.25% | 198.7 | 206.2 |

**2022**

| | USD - Babhtálacha ráta úis trasairgeadra (Leibhéal 2)[1] | GBP - Babhtálacha ráta úis trasairgeadra (Leibhéal 2) | Conarthaí praghsanna breosla ar aghaidh - Gás (Leibhéal 3)[3] | Conarthaí praghsanna leictreachais ar aghaidh (Leibhéal 3)[3] |
|---|---|---|---|---|
| **Aonad na suime glanluacha** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** |
| Suim ghlanluacha - sócmhainn / (dliteanas) amhail an 31 Nollaig 2022 | 14.4 | (5.4) | (144.8) | 122.8 |
| **Aonad barúlach** | **$m** | **£m** | **Gwh** | **Gwh** |
| Méid barúlach | 173.5 | 367.5 | 5.1 | 5.1 |
| Dáta aibíochta - is luaithe | Dec-23 | Nov-28 | Jan-23 | Jan-23 |
| Dáta aibíochta - is déanaí | Dec-23 | May-32 | Dec-25 | Dec-25 |
| Cóimheas fálaithe[4] | 1:1 | 1:1 | 1:1 | 1:1 |
| **Athrú ar aonad cóirluacha** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** |
| Athrú ar chóirluach ionstraimí fálaithe gan íoc ón 1 Eanáir | 9.4 | 15.3 | 86.5 | (114.7) |
| Athrú ar luach míre fálaithe a úsáidtear le héifeachtacht fálaithe | (9.4) | (15.3) | 86.5 | (118.2) |
| **Aonad ráta / praghais** | **Ráta úis % / Ráta FX** | **Ráta úis % / Ráta FX** | **€/Mwh** | **€/Mwh** |
| Meánráta / meánphraghas fálaithe ualaithe | 5.69%/ 1.19 | 4.00%/0.8718 | 127.1 | 127.1 |

1 Bhain an bhabhtáil ráta úis trasairgeadra USD láithrithe phríobháidigh aibíocht amach an 15 Nollaig 2023.
2 D'iontráil ESB Group i mbabhtáil nua in 2023.
3 Ní bhaineann an meánráta / meánphraghas fálaithe ualaithe le conarthaí Leibhéal 3 thuas. Nascann ionstraimí fálaithe Leibhéal 3 leictreachas níos dlúithe le hionchuir bhreosla.
4 Is é an cóimheas fálaithe cainníocht na hionstraime fálaithe in aghaidh na míre fálaithe. Cinntítear an cóimheas cuí fálaithe bunaithe ar thosca sonracha, cosúil le méideanna tráchtearraí a theastaíonn, airgeadra eachtrach ar conradh agus nochtadh ráta úis.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 24. DLITEANAIS PHINSIN

Oibríonn an Grúpa roinnt scéimeanna pinsin don fhoireann i bPoblacht na hÉireann, Tuaisceart Éireann agus sa Bhreatain Mhór (an BM). Leagtar amach socruithe pinsin maidir leis an bhfoireann i bPoblacht na hÉireann, fostaithe ESB san áireamh atá ar iasacht thar lear i mír (a) thíos. Déantar cur síos ar shocruithe pinsin maidir leis an bhfoireann sa BM agus i dTuaisceart Éireann i mír (b) agus (c).

### (a) An Mháthairchuideachta agus an Grúpa - Poblacht na hÉireann

**(i) Scéim Pinsin le Sochar Sainithe (an Scéim)**
Scéim pinsin le sochar sainithe ag a bhfuil beagán faoi bhun 12,000 ball í Scéim Pinsin le Sochar Sainithe ESB. Dúnadh an Scéim do bhaill nua in 2011. Tá an ciste dílsithe in Iontaobhaithe atá ainmnithe ag ESB agus a bhaill ar mhaithe le baill na Scéime agus a gcleithiúnaithe. Scéim le Sochar Sainithe í an Scéim agus tá sí cláraithe amhlaidh leis an Údarás Pinsean.

Sonraítear sna rialacháin a bhfuil an Scéim á rialú acu na sochair atá le cur ar fáil agus sonraítear iontu freisin na ranníocaíochtaí atá le híoc ag ESB agus ag na baill rannpháirteacha. D'ainneoin cineál le sochar sainithe na sochar, níl aon oibleagáid dhlíthiúil ar ESB ranníocaíochtaí a mhéadú leis na sochair siúd a chothabháil i gcás easnaimh. Ní féidir ráta ranníocaíochta ESB a athrú gan comhaontú ESB agus gan cead a fháil ón Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus an Aire Caiteachais Phoiblí, um Sholáthar an Phlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe. Má bheidh easnamh ann amach anseo, tá dualgas ar ESB, faoi na rialacháin dul i gcomhairle leis an gCoiste Aoisliúntais, na hIontaobhaithe agus Achtúire na Scéime chun breithniú a dhéanamh ar an ngá atá le Scéim leasaithe a chur faoi bhráid an Aire lena ceadú. Ní hionann é seo agus gnáthchur chuige le sochar sainithe a bhfuil 'cothromaíocht chostais' luaite leis, áit a bhfuil an fostóir faoi dhliteanas iarmhéid na ranníocaíochtaí a theastaíonn chun sochair a mhaoiniú a íoc.

**Stair**
Go stairiúil, bhí ranníocaíochtaí ESB agus ball socraithe bunaithe ar rialacháin na Scéime le haghaidh tréimhsí fada. Roinnt uaireanta ó thús na 1980idí, thuairiscigh Achtúire na Scéime easnamh sa Scéim. Gach uair, chuaigh ESB, de réir a oibleagáidí faoi rialacha na Scéime, i gcomhairle leis an gCoiste, na hIontaobhaithe agus an tAchtúire. I ndiaidh cúrsaí a phlé leis na ceardchumainn, réitíodh na heasnaimh trí ranníocaíochtaí ó ESB agus baill na Scéime Pinsin a ardú. Tá ballraíocht na Scéime dúnta do bhaill nua.

Faoi chomhaontú le Ceardchumainn ESB Group a rinneadh in 2010, chomhaontaigh ESB ar íocaíocht airgid aonuaire a chur ar fáil don Scéim, a bheadh iníoctha thar roinnt blianta, a raibh luacháil chomhaontaithe chun críocha achtúireacha de €591.0 milliún luaite leis an 1 Eanáir 2010. In 2020, d'íoc ESB fuílleach an mhéid seo le hIontaobhaithe na Scéime. Ní bheartaíonn ESB go ndéanfar aon ranníocaíochtaí breise, seachas na gnáth-ranníocaíochtaí leanúnacha a sholáthraítear faoi rialacháin na Scéime.

**Luachálacha Achtúireacha Leanúnacha**
Tá trí mhodh éagsúla ann chun stádas airgeadais na Scéime a mheas:
- Luacháil Achtúireach Leanúnach.
- Íoschaighdeán Maoinithe, faoin Acht Pinsean.
- Cuntasaíocht, faoi mar a leagtar amach i gCaighdeán Cuntasaíochta Idirnáisiúnta 19, Sochair Fostaí.

Déanann gach ceann de na modhanna seo measúnú ar an Scéim ó pheirspictíochtaí sonracha trí úsáid a bhaint as toimhdí agus réamh-mheastacháin a d'fhéadfadh a bheith éagsúil óna chéile.

**Luacháil Achtúireach Leanúnach**
Glacann an modh luachála seo leis go mbeidh an Scéim agus ESB ag feidhmiú go ceann i bhfad - ní luacháil foirceanta atá ann. Mar chuid de na luachálacha eatramhacha a rinneadh ag deireadh 2022 agus ag deireadh Mheán Fómhair 2023, dheimhnigh Achtúire na Scéime go raibh an scéim cothrom go ginearálta ar bhonn achtúireach leanúnach, i.e. bunaithe ar na toimhdí a rinneadh, meastar go mbeidh an Scéim in ann a cuid oibleagáidí a chomhlíonadh nuair a bheidh siad dlite.

**Luacháil Foirceanta / Íoschaighdeán Maoinithe**
Ceanglaítear san Acht Pinsean ar Iontaobhaithe na Scéime measúnú a dhéanamh ar cibé acu an bhféadfaí nó nach bhféadfaí caighdeán forordaithe áirithe a chomhlíonadh, ar a dtugtar an tÍoschaighdeán Maoinithe (MFS). Déanann sé seo measúnú ar cibé acu an slánófaí nó nach slánófaí na sochair ar an dáta sin dá bhfoirceannófaí an Scéim ar dháta luachála teoiriciúil sonraithe. Ba cheart a shoiléiriú nach dóigh le ESB go mbeidh an Scéim á foirceannú.

Déanann Achtúire na Scéime agus na hIontaobhaithe monatóireacht ar Chúlchiste Riosca an MFS and an MFS agus dheimhnigh Achtúire na Scéime gur shásaigh an Scéim riachtanais Chúlchiste Riosca an MFS and an MFS ag deireadh 2022 agus ag deireadh Mheán Fómhair 2023.

**Cuntasaíocht**
Is é IAS 19 (athbhreithnithe) Sochair Fostaí an caighdeán cuntasaíochta ábhartha chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an tslí ba cheart sochair iarfhostaíochta a léiriú i ráitis airgeadais ESB.

## 24. DLITEANAIS PHINSIN (ar lean)

Tá léargas le fáil sna ráitis airgeadais ar na hoibleagáidí seo a leanas atá luaite leis an Scéim:
- Ranníocaíochtaí leanúnacha - aithnítear iad seo sa ráiteas ioncaim nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon mhéideanna neamhíoctha ag deireadh na bliana mar dhliteanais ar an gclár comhardaithe.
- Tá oibleagáidí €83.1 milliún (2022: €88.7 milliún) don Scéim san áireamh sa chlár comhardaithe freisin, ina n-áirítear:
  - Ranníocaíochtaí iarsheirbhíse – cuimsítear i ráta leanúnach ranníocaíocht ESB ranníocaíocht a bhaineann leis an iarsheirbhís a fabhraíodh in 2010. Aithnítear luach láithreach ranníocaíochtaí todhchaíocha a bhaineann leis an iarsheirbhís sin ar an gclár comhardaithe. Tá méideanna atá fós le híoc faoi réir muirir mhaoinithe bhliantúil agus tá sé seo sonraithe sa ráiteas ioncaim.
  - Iarchláir Téarfa Deonach (VS) – in 2010 shainaithin ESB gealltanas seasta todhchaíoch maidir le baill foirne a d'fhág an Chuideachta faoi chláir VS roimhe seo. Déanfaidh ESB ranníocaíochtaí pinsin i ndáil leis na comhaltaí foirne sin agus aithnítear cóirluach na ranníocaíochtaí todhchaíocha ar an gclár comhardaithe freisin. Tá méideanna atá fós le híoc faoi réir muirear maoinithe bliantúil agus tá sé seo sonraithe sa ráiteas ioncaim.

**(ii) Scéim Pinsin le Sochar Sainithe ESB**
Oibríonn ESB chomh maith Scéim le ranníocaíocht shainithe fhaofa (ar a dtugtar Scéim Pinsin le Ranníocaíocht Shainithe ESB) d'fhostaithe fhochuideachtaí ESB i bPoblacht na hÉireann agus, ón 1 Samhain 2010, d'fhoireann nua ESB (an Mháthairchuideachta). Íocann na baill agus an fostóir ranníocaíochtaí ar rátaí seasta. Léirítear sna sochair a fhaightear ar scor ciste carntha gach fostaí agus an costas ar shochair a cheannach ag an tráth sin. Árachaítear sochair bháis ar bhonn Grúpa agus féadfar iad a íoc i bhfoirm cnapshuime agus/nó pinsean marthanóra. Is ionann an muirear pinsin don bhliain agus an ranníocaíocht fostóra shainithe agus bhí luach €22.5 milliún (2022: €18.7 milliún) luaite leis.

### (b) Scéim Worksave FM na Ríochta Aontaithe

Lena chois sin, tá scéim pinsin ranníocaíochta le sochar sainithe bunaithe ag ESB sa Ríocht Aontaithe dá fhostaithe ar fad sa Ríocht Aontaithe. Íocann na baill agus an fostóir ranníocaíochtaí ar rátaí seasta. Léirítear sna sochair a fhaightear ar scor ciste carntha gach fostaí agus an costas ar shochair a cheannach ag an tráth sin. Árachaítear sochair bháis ar bhonn Grúpa agus féadfar iad a íoc i bhfoirm cnapshuime. Coimeádtar sócmhainní na Scéime seo i gcuntais aonair atá á mbainistiú ag Legal & General Assurance Society Limited. Is ionann an muirear pinsin don bhliain agus an ranníocaíocht fostóra shainithe agus bhí luach €0.9 milliún (2022: €0.7 milliún) luaite leis.

### (c) Scéim Pinsin Northern Ireland Electricity

Is baill iad formhór d'fhostaithe NIE Networks de Scéim Pinsin Northern Ireland Electricity (Scéim NIE Networks). Tá dhá mhír ann seo: "Roghanna" ("Options"), ar socrú ceannaigh airgid é ina meaitseálann an fostóir ranníocaíochtaí na gcomhaltaí suas go dtí uasmhéid 8% den tuarastal, agus "Béim" ("Focus") a sholáthraíonn sochair bunaithe ar thuarastal inphinsin ag aois scoir nó scor níos luaithe ón tseirbhís. Coimeádfar sócmhainní Scéim NIE Networks in iontaobhas agus infheistíonn na hIontaobhaithe iad bunaithe ar chomhairle na mbainisteoirí infheistíochta gairmiúla. Ceanglaítear ar na hIontaobhaithe, de réir an dlí, feidhmiú ar son leasa na dtairbhithe ar fad agus tá siad freagrach as an mbeartas infheistíochta a bhaineann le sócmhainní agus riar laethúil shochair na scéime. Níl cead ag comhaltaí nua páirt a ghlacadh in 'Focus' ó 1998 agus, dá réir sin, faoi mhodh creidmheasa an aonaid réamh-mheasta, méadófar costas seirbhíse reatha chomhaltaí na rannóige seo mar chéatadán dá dtuarastal de réir mar a dhruideann aois scoir leo.

De bhrí go bhfuil baint dhíreach ag na sochair a íoctar le comhaltaí den mhír 'Roghanna' den scéim le luach na sócmhainní le haghaidh 'Roghanna', níl aon saincheisteanna maoinithe ag baint leis an mír seo den scéim. Dá réir sin, baineann an chuid eile den nóta seo le mír 'Focus' na scéime. Faoi mhír 'Focus' na scéime, tá fostaithe i dteideal pinsin bhliantúla nuair a théann siad ar scor ag aois 63 bliain d'aois (baill a ghlac páirt sa scéim i ndiaidh an 1 Aibreán 1988), an seascadú den tuarastal inphinsin deiridh le haghaidh gach bliain seirbhíse. Chomh maith leis sin, tá sochair iníoctha tráth báis agus i ndiaidh teagmhas cosúil le haistarraingt ó sheirbhís ghníomhach.

Ceanglaítear i reachtaíocht an AE go mbeidh scéimeanna pinsin á maoiniú go stuama. Rinne achtúire cáilithe an luacháil mhaoinithe deiridh ar an mír 'Focus' den scéim amhail ag an 31 Márta 2022 agus taifeadadh easnamh luach €33.4 (£29.0) milliún. Tá ranníocaíochtaí easnaimh luach €23.0 (£20.0) milliún á híoc ag an gCuideachta gach bliain (ag méadú de réir boilsciú) ón 1 Aibreán 2022. Cuireadh deireadh leis na híocaíochtaí ranníocaíochta easnaimh seo an 30 Meán Fómhair 2023 ar aon dul leis an bplean téarnaimh ar comhaontaíodh leis na hIontaobhaithe. Ón 1 Aibreán 2023, íocann NIE Networks ranníocaíochtaí 52.1% de thuarastail inphinsin freisin (2022: 43.0%) maidir leis an bhfabhrú reatha móide €115,000 (costais mhíosúla £100,000 (2022: €98,900 (£87,500)), agus íocann baill ghníomhacha 6% sa bhreis de thuarastail inphinsin.

**Próifíl na Scéime**
Áirítear le barrachas na scéime pinsin le sochar sainithe sochar d'fhostaithe reatha, iarfhostaithe agus pinsinéirí reatha. Go ginearálta, baineann thart ar 15% de na dliteanais le fostaithe reatha, 3% le hiarfhostaithe agus 82% le pinsinéirí reatha. Is fianaise é tréimhse na Scéime ar an meán-am ualaithe go dtí go ndéantar íocaíochtaí sochair. Le haghaidh Scéim NIE Networks, is é thart ar 11 bhliain an tréimhse ama atá i gceist (2022: 11 bhliain) bunaithe ar an luacháil mhaoinithe deiridh.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 24. DLITEANAIS PHINSIN (ar lean)

Tá barrachas cuntasaíochta aitheanta ag an gCuideachta i scéim le sochar sainithe 'Focus' ar aon dul leis an luacháil IAS19 is déanaí ar bhunús mheasúnú na Cuideachta go bhfuil an ceart aici aon bharrachas atá ann go fóill ar fhoirceannadh na scéime pinsin faoi dheireadh tar éis dliteanais na scéime a réiteach de réir a chéile. Agus an breithiúnas seo á dhéanamh, tá an Chuideachta den tuairim nach bhfuil an ceart aontaobhach ag aon pháirtí eile an scéim a fhoirceannadh nó dliteanais na scéime a leasú.

**Toimhdí airgeadais**
Bunaítear luacháil mhír Focus Scéim NIE Networks ag achtúirí neamhspleácha chun críche nochtadh IAS 19 ar na toimhdí seo a leanas:

| | % an 31 Nollaig 2023 | % an 31 Nollaig 2022 |
|---|---|---|
| Ráta úis a cuireadh i bhfeidhm ar dhliteanais lascaine[1] | **4.80** | 5.00 |
| Boilsciú praghais (CPI sa Ríocht Aontaithe) | **2.70** | 2.70 |
| Ráta an mhéadaithe ar thuarastail inphinsin | **3.10** | 3.20 |
| Ráta an mhéadaithe ar phinsin atá á n-íoc | **2.70** | 2.70 |

1 Bhí an ráta lascaine a úsáideadh nuair a bhí an dliteanas pinsin á ríomh an 31 Nollaig 2023 cothrom le 4.8% (2022: 5.0%). Deimhníodh seo trí thagairt a dhéanamh do thorthaí margaidh amhail an dáta sin a bhain le bannaí corparáideacha ar ardchaighdeán. Bhí an t-airgeadra agus téarmaí na mbannaí corparáideacha comhsheasmhach le téarma airgeadra agus measta na n-oibleagáidí sochair iarfhostaíochta.

**Toimhdí básmhaireachta**
Tá na toimhdí a bhaineann le hionchas saoil ag aois scoir do chomhaltaí sonraithe thíos. Tá na toimhdí seo bunaithe ar tháblaí básmhaireachta achtúireacha caighdeánacha agus cuimsítear iontu liúntas le haghaidh feabhsuithe ar ionchas saoil amach anseo.

| | An 31 Nollaig 2023 | | An 31 Nollaig 2022 | |
|---|---|---|---|---|
| | Fir Blianta | Mná Blianta | Fir Blianta | Mná Blianta |
| Pinsinéirí reatha ag aois 60 | **26.5** | **29.0** | 26.4 | 28.9 |
| Pinsinéirí amach anseo atá 40 bliain d'aois faoi láthair (ionchas saoil aois 60) | **28.4** | **30.1** | 28.3 | 30.1 |

**Sócmhainní agus dliteanais phinsin**
Seo a leanas na sócmhainní agus dliteanais a bhaineann le mír 'Focus' Scéim NIE Networks:

| | An 31 Nollaig 2023 €m | An 31 Nollaig 2022 €m |
|---|---|---|
| Gnáthscaireanna - luaite | **49.8** | 87.6 |
| Bannaí - luaite | **314.5** | 293.9 |
| Infheistíochtaí creidmheasa ilsócmhainní | **582.9** | 479.7 |
| Fás éagsúlaithe - luaite | **89.2** | 130.5 |
| Eile | **21.6** | 24.3 |
| Cóirluach shócmhainní an phlean | **1,058.0** | 1,016.0 |
| Luach reatha oibleagáidí cistithe | **(984.5)** | (950.2) |
| **Glanbharrachas** | **73.5** | 65.8 |

## 24. DLITEANAIS PHINSIN (ar lean)

| | An 31 Nollaig 2023 €m | An 31 Nollaig 2022 €m |
|---|---|---|
| **Athruithe ar luach achtúireach dliteanas** | | |
| Oibleagáid sochair ag tús na bliana | **950.2** | 1,513.8 |
| *Gluaiseacht i rith na bliana:* | | |
| Costas seirbhíse reatha | **3.5** | 7.4 |
| Costas úis | **47.3** | 26.2 |
| Ranníocaíochtaí ó bhaill an phlean | **0.3** | 0.3 |
| Caillteanas / (gnóthachan) achtúireach - tionchar na n-athruithe ar an toimhde airgeadais | **29.1** | (476.5) |
| Caillteanas achtúireach - caillteanas ó thaithí | **12.7** | 40.1 |
| Sochair a íocadh | **(70.7)** | (76.0) |
| Costas ciorrúcháin | **0.2** | 0.3 |
| Difríocht aistrithe ar oibleagáid sochair sa bhliain | **11.9** | (85.4) |
| **Oibleagáid sochair ag deireadh na bliana** | **984.5** | 950.2 |
| | | |
| **Athruithe ar mhargadhluach sócmhainní** | | |
| Cóirluach shócmhainní an phlean ag tús na bliana | **1,016.0** | 1,507.1 |
| *Gluaiseacht i rith na bliana:* | | |
| Ioncam ó ús ar shócmhainní plean | **51.0** | 26.3 |
| Toradh ar shócmhainní an phlean | **23.0** | (384.9) |
| Ranníocaíocht fostóra | **27.2** | 31.0 |
| Ranníocaíochtaí ó bhaill an phlean | **0.3** | 0.3 |
| Costais riaracháin | **(1.5)** | (1.8) |
| Sochair a íocadh | **(70.7)** | (76.0) |
| Difríocht aistrithe ar shócmhainní sa bhliain | **12.7** | (86.0) |
| **Cóirluach shócmhainní an phlean ag deireadh na bliana** | **1,058.0** | 1,016.0 |
| | | |
| **Toradh iarbhír ar shócmhainní an phlean don bhliain** | **74.0** | (358.6) |

Tá an Grúpa ag súil le ranníocaíochtaí luach thart ar €7.8 milliún a chur ar fáil le haghaidh 'Focus' in 2024.

**Bhí an anailís ar na méideanna aitheanta sna costais fostaí mar chuid de mhuirear sochair fostaí mar seo a leanas:**

| | 2023 €m | 2022 €m |
|---|---|---|
| Costas seirbhíse reatha | **(3.5)** | (7.4) |
| Costas ciorrúcháin | **(0.2)** | (0.3) |
| Costais riaracháin | **(1.5)** | (1.8) |
| **Muirear iomlán sochair shainithe sa bhliain** | **(5.2)** | (9.5) |

**Anailís ar na méideanna aitheanta sna costais airgeadais, mar ús glan na scéime pinsin:**

| | 2023 €m | 2022 €m |
|---|---|---|
| Ús ar shócmhainní na scéime pinsin | **51.0** | 26.3 |
| Ús ar dhliteanais na scéime pinsin | **(47.3)** | (26.2) |
| **Ioncam úis/(muirear) mhuirear glan na scéime pinsin** | **3.7** | 0.1 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 24. DLITEANAIS PHINSIN (ar lean)

**Anailís ar na méideanna aitheanta sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach (seachas aistriú)**

| | 2023 €m | 2022 €m |
|---|---|---|
| Torthaí iarbhír ar shócmhainní lúide ús | **23.0** | (384.9) |
| (Caillteanais) / gnóthachan achtúireach ar dhliteanais | **(41.8)** | 436.4 |
| **(Glanchaillteanas) / glanghnóthachan achtúireach** | **(18.8)** | 51.5 |

**Anailís íogaireachta**

Tá eolas le fáil sa tábla thíos maidir le hathruithe féideartha ag an dáta tuairiscithe ar cheann de na toimhdí achtúireacha ábhartha, ag glacadh leis go mbeadh gach toimhde eile seasmhach, a mbeadh tionchar acu ar an oibleagáidí sochair shainithe bunaithe ar na méideanna arna dtaispeáint thíos.

| | Tionchar ar an oibleagáid le sochar sainithe (méadú) / laghdú | |
|---|---|---|
| | 2023 € m | 2022 € m |
| Ráta lascaine (méadú 0.25%) | **26.0** | 25.0 |
| Ráta boilscithe (méadú 0.25%) | **(25.2)** | (21.0) |
| Básmhaireacht amach anseo (méadú 1 bhliain) | **(28.5)** | (16.8) |

Cé nach gcuirtear san áireamh san anailís an dáileadh iomlán sreafaí airgid a bhfuil súil leo faoin bplean, cuirtear neastachán ar fáil, mar sin féin, ar íogaireacht na dtoimhdí a thaispeántar.

## 25. DLITEANAS - SCÉIM PINSIN ESB AGUS DLITEANAIS A BHAINEANN LE FOSTAITHE

| | | Dliteanais a bhaineann le fostaithe | | |
|---|---|---|---|---|
| Grúpa | Dliteanas - Scéim pinsin ESB €m | Dliteanais ath-struchtúraith €m | Eile €m | Iomlán €m |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2022** | **94.7** | 50.8 | 69.0 | **119.8** |
| Gluaiseachtaí i rith na bliana: | | | | |
| Gearrtha ar an ráiteas ioncaim | **-** | - | 59.4 | **59.4** |
| Úsáidte i rith na bliana | **(10.5)** | (11.1) | (62.1) | **(73.2)** |
| Muirear maoinithe | **4.5** | - | - | **-** |
| Difríochtaí aistrithe | **-** | - | (0.1) | **(0.1)** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2022** | **88.7** | 39.7 | 66.2 | **105.9** |
| | | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2023** | **88.7** | 39.7 | 66.2 | **105.9** |
| Gluaiseachtaí i rith na bliana: | | | | |
| (Curtha do shochar) / Gearrtha ar an ráiteas ioncaim | **-** | (0.4) | 113.8 | **113.4** |
| Úsáidte i rith na bliana | **(9.8)** | (9.5) | (93.9) | **(103.4)** |
| Muirear maoinithe | **4.2** | - | - | **-** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2023** | **83.1** | 29.8 | 86.1 | **115.9** |
| | | | | |
| **Anailís déanta mar seo a leanas:** | | | | |
| Dliteanais neamhreatha | **73.5** | 15.4 | - | **15.4** |
| Dliteanais reatha | **9.6** | 14.4 | 86.1 | **100.5** |
| **Iomlán an 31 Nollaig 2023** | **83.1** | 29.8 | 86.1 | **115.9** |
| | | | | |
| Dliteanais neamhreatha | **78.2** | 23.7 | - | **23.7** |
| Dliteanais reatha | **10.5** | 16.0 | 66.2 | **82.2** |
| **Iomlán an 31 Nollaig 2022** | **88.7** | 39.7 | 66.2 | **105.9** |

## 25. DLITEANAS - SCÉIM PINSIN ESB AGUS DLITEANAIS A BHAINEANN LE FOSTAITHE (ar lean)

| | | Dliteanais a bhaineann le fostaithe | | |
|---|---|---|---|---|
| Máthairchuideachta | Dliteanas - Scéim pinsin ESB €m | Dliteanais ath-struchtúraith €m | Eile €m | Iomlán €m |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2022** | **94.7** | 50.7 | 60.7 | **111.4** |
| Gluaiseachtaí i rith na bliana: | | | | |
| Gearrtha ar an ráiteas ioncaim | **-** | - | 53.5 | **53.5** |
| Úsáidte i rith na bliana | **(10.5)** | (11.1) | (55.5) | **(66.6)** |
| Muirear maoinithe | **4.5** | - | - | **-** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2022** | **88.7** | 39.6 | 58.7 | **98.3** |
| | | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2023** | **88.7** | 39.6 | 58.7 | **98.3** |
| Gluaiseachtaí i rith na bliana: | | | | |
| (Curtha do shochar) / Gearrtha ar an ráiteas ioncaim | **-** | (0.4) | 105.8 | **105.4** |
| Úsáidte i rith na bliana | **(9.8)** | (9.4) | (87.4) | **(96.8)** |
| Muirear maoinithe | **4.2** | - | - | **-** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2023** | **83.1** | 29.8 | 77.1 | **106.9** |
| | | | | |
| **Anailís déanta mar seo a leanas:** | | | | |
| Dliteanais neamhreatha | **73.5** | 15.4 | - | **15.4** |
| Dliteanais reatha | **9.6** | 14.4 | 77.1 | **91.5** |
| **Iomlán an 31 Nollaig 2023** | **83.1** | 29.8 | 77.1 | **106.9** |
| | | | | |
| Dliteanais neamhreatha | **78.2** | 23.7 | - | **23.7** |
| Dliteanais reatha | **10.5** | 15.9 | 58.7 | **74.6** |
| **Iomlán an 31 Nollaig 2022** | **88.7** | 39.6 | 58.7 | **98.3** |

**Dliteanas - Scéim pinsin ESB**

Féach Nóta 24 (a) cuid (i).

**Dliteanais athstruchtúraithe**

Is ionann an fhoráil seo agus costas measta íocaíochtaí iarfhostaíochta a chur ar fáil d'iarfhostaithe, sula dtosófar leis an íocaíocht scéim pinsin ag aois 65. Cuimsítear ann dliteanais le haghaidh íocaíochtaí leanúnacha d'fhostaithe a d'fhág tionscnaimh téarfa deonacha roimhe seo, a bhfuiltear ag súil leis go n-íocfar go hábhartha iad faoi 2035. Tá sreafaí airgid todhchaíocha ionchasacha lascainithe chuig an luach láithreach trí úsáid a bhaint as rátaí úis fadtéarmacha bunaithe ar chuar lascaine nialasaí ag an dáta tuairiscithe móide leathadh difríochta creidmheasa oiriúnach.

**Eile**

De réir cheanglais IAS 19 Sochair Fostaí, tá foráil déanta le haghaidh dliteanais luacha saothair fostaí, saoire fhabhraithe agus íocaíochtaí a bhaineann le feidhmíocht san áireamh.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 26. TRÁDÁIL AGUS SUIMEANNA INÍOCTHA EILE

| | Grúpa | | Máthairchuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | 2023 €m | 2022 €m | 2023 €m | 2022 €m |
| **Suimeanna iníoctha reatha:** | | | | |
| Íocaíochtaí dul chun cinn | **144.8** | 127.1 | **80.3** | 81.6 |
| Suimeanna iníoctha trádála | **434.4** | 594.4 | **332.7** | 430.4 |
| Creidiúnaithe caipitil | **111.8** | 114.6 | **90.5** | 95.1 |
| Suimeanna iníoctha eile | **915.1** | 1,010.4 | **300.6** | 137.7 |
| Cánacha párolla | **17.1** | 16.0 | **21.5** | 20.2 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasta | **7.9** | 7.2 | **-** | - |
| Cáin bhreisluacha | **33.7** | 39.3 | **-** | (5.9) |
| Fabhruithe | **474.8** | 377.4 | **55.8** | 446.4 |
| Suimeanna atá le híoc le gnóthais fochuideachta | **-** | - | **8,736.0** | 7,383.4 |
| Ús fabhraithe ar iasachtaíocht | **106.0** | 75.6 | **79.8** | 49.8 |
| **Suimeanna iníoctha reatha iomlána** | **2,245.6** | 2,362.0 | **9,697.2** | 8,638.7 |
| | | | | |
| **Suimeanna iníoctha iomlána** | **2,245.6** | 2,362.0 | **9,697.2** | 8,638.7 |

San áireamh i suimeanna iníoctha eile, tá méideanna comhthaobhacha a gheall an Grúpa do pháirtithe déthaobhacha €náid milliún (an 31 Nollaig 2022: €6.3 milliún) agus €549.5 milliún (€80.0 milliún a bhain leis an Máthairchuideachta) (2022: €754.0 milliún (€107.4 milliún a bhain leis an Máthairchuideachta)) d'airgead tirim srianta a bhaineann le Scéim Sochair Éigeandála Costais Leictreachais Rialtas na hÉireann agus le Scéim Tacaíochta Billí Fuinnimh na Ríochta Aontaithe. Féach nóta 19 chun teacht ar bhreis sonraí.

Áirítear le méideanna eile méideanna a fuarthas roimh ré ó chustaiméirí.

## 27. IONCAM IARCHURTHA

### Grúpa

| | Rannío-caíochtaí soláthair €m | Ioncam iarchurtha eile €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2022** | 1,409.1 | 39.3 | 1,448.4 |
| Aistriú ó íocaíochtaí dul chun cinn ar obair ar siúl | 186.9 | - | 186.9 |
| Ioncam iarchurtha a fuarthas | - | 23.4 | 23.4 |
| Scaoilte leis an ráiteas ioncaim | (89.7) | (22.1) | (111.8) |
| Difríochtaí aistrithe | (28.2) | (0.3) | (28.5) |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2022** | 1,478.1 | 40.3 | 1,518.4 |
| | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2023** | **1,478.1** | **40.3** | **1,518.4** |
| Aistriú ó íocaíochtaí dul chun cinn ar obair ar siúl | 167.4 | - | **167.4** |
| Ioncam iarchurtha a fuarthas | - | 29.7 | **29.7** |
| Scaoilte leis an ráiteas ioncaim | (90.4) | (25.8) | **(116.2)** |
| Difríochtaí aistrithe | 14.9 | - | **14.9** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2023** | **1,570.0** | **44.2** | **1,614.2** |
| | | | |
| **Anailís déanta mar seo a leanas:** | | | |
| Dliteanais neamhreatha | **1,475.8** | **32.4** | **1,508.2** |
| Dliteanais reatha | **94.2** | **11.8** | **106.0** |
| **Iomlán an 31 Nollaig 2023** | **1,570.0** | **44.2** | **1,614.2** |
| | | | |
| Dliteanais neamhreatha | **1,386.2** | **32.9** | **1,419.1** |
| Dliteanais reatha | **91.9** | **7.4** | **99.3** |
| **Iomlán an 31 Nollaig 2022** | **1,478.1** | **40.3** | **1,518.4** |

### Máthairchuideachta

| | Rannío-caíochtaí soláthair €m | Ioncam iarchurtha eile €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2022** | 952.7 | - | 952.7 |
| Aistriú ó íocaíochtaí dul chun cinn ar obair ar siúl | 147.9 | - | 147.9 |
| Scaoilte leis an ráiteas ioncaim | (67.0) | - | (67.0) |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2022** | 1,033.6 | - | 1,033.6 |
| | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2023** | **1,033.6** | - | **1,033.6** |
| Aistriú ó íocaíochtaí dul chun cinn ar obair ar siúl | 128.3 | - | **128.3** |
| Scaoilte leis an ráiteas ioncaim | (67.8) | - | **(67.8)** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2023** | **1,094.1** | - | **1,094.1** |
| | | | |
| **Anailís déanta mar seo a leanas:** | | | |
| Dliteanais neamhreatha | **1,026.3** | **-** | **1,026.3** |
| Dliteanais reatha | **67.8** | **-** | **67.8** |
| **Iomlán an 31 Nollaig 2023** | **1,094.1** | **-** | **1,094.1** |
| | | | |
| Dliteanais neamhreatha | **964.9** | **-** | **964.9** |
| Dliteanais reatha | **68.7** | **-** | **68.7** |
| **Iomlán an 31 Nollaig 2022** | **1,033.6** | **-** | **1,033.6** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 28. FORÁLACHA

| Group | Foráil scoir sócmhainní €m | Foráil astaíochtaí €m | Eile €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2022** | 453.6 | 301.2 | 249.6 | **1,004.4** |
| Gearrtha ar an ráiteas ioncaim | | | | |
| ▪ Liúntais astaíochtaí | - | 486.4 | - | **486.4** |
| ▪ Costais dlí agus eile | - | - | 69.3 | **69.3** |
| ▪ Sócmhainn scoir | 38.4 | - | - | **38.4** |
| Laghdú ar fhoráil scoir sócmhainní caipitlithe | (20.2) | - | - | **(20.2)** |
| Foráil caipitlithe sa bhliain (glan) | 69.7 | - | (8.9) | **60.8** |
| Úsáidte i rith na bliana | (5.7) | (302.9) | (110.7) | **(419.3)** |
| Muirear maoinithe | 8.7 | - | 0.1 | **8.8** |
| Difríochtaí aistrithe | (1.6) | (14.4) | (1.7) | **(17.7)** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2022** | 542.9 | 470.3 | 197.7 | **1,210.9** |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2023** | 542.9 | 470.3 | 197.7 | **1,210.9** |
| Gearrtha ar an ráiteas ioncaim | | | | |
| ▪ Liúntais astaíochtaí | - | 378.0 | - | **378.0** |
| ▪ Costais dlí agus eile | - | - | 7.7 | **7.7** |
| ▪ Sócmhainn scoir | (0.5) | - | - | **(0.5)** |
| Laghdú ar fhoráil scoir sócmhainní caipitlithe | (21.3) | - | - | **(21.3)** |
| Foráil caipitlithe sa bhliain (glan) | - | - | 4.3 | **4.3** |
| Úsáidte i rith na bliana | (3.9) | (451.6) | (67.3) | **(522.8)** |
| Muirear maoinithe | 16.7 | - | - | **16.7** |
| Difríochtaí aistrithe | 1.3 | 1.5 | 0.5 | **3.3** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2023** | 535.2 | 398.2 | 142.9 | **1,076.3** |
| **Anailís déanta mar seo a leanas:** | | | | |
| Dliteanais neamhreatha | 521.5 | - | 63.6 | **585.1** |
| Dliteanais reatha | 13.7 | 398.2 | 79.3 | **491.2** |
| **Iomlán an 31 Nollaig 2023** | 535.2 | 398.2 | 142.9 | **1,076.3** |
| Dliteanais neamhreatha | 523.6 | - | 92.6 | **616.2** |
| Dliteanais reatha | 19.3 | 470.3 | 105.1 | **594.7** |
| **Iomlán an 31 Nollaig 2022** | 542.9 | 470.3 | 197.7 | **1,210.9** |

## 28. FORÁLACHA (ar lean)

| Máthairchuideachta | Foráil scoir sócmhainní €m | Foráil astaíochtaí €m | Eile €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2022** | 377.9 | 177.1 | 153.5 | **708.5** |
| Gearrtha / (curtha do shochar) ar an ráiteas ioncaim | | | | |
| ▪ Liúntais astaíochtaí | - | 237.0 | - | **237.0** |
| ▪ Costais dlí agus eile | - | - | 58.4 | **58.4** |
| ▪ Sócmhainn scoir | 32.1 | - | - | **32.1** |
| Laghdú ar fhoráil scoir sócmhainní caipitlithe | (2.9) | - | - | **(2.9)** |
| Foráil caipitlithe sa bhliain (glan) | 34.3 | - | - | **34.3** |
| Úsáidte i rith na bliana | (5.6) | (182.6) | (50.6) | **(238.8)** |
| Muirear maoinithe | 6.3 | - | - | **6.3** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2022** | 442.1 | 231.5 | 161.3 | **834.9** |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2023** | 442.1 | 231.5 | 161.3 | **834.9** |
| Gearrtha / (curtha do shochar) ar an ráiteas ioncaim | | | | |
| ▪ Liúntais astaíochtaí | - | 180.2 | - | **180.2** |
| ▪ Costais dlí agus eile | - | - | 5.2 | **5.2** |
| ▪ Sócmhainn scoir | 0.2 | - | - | **0.2** |
| Laghdú ar fhoráil scoir sócmhainní caipitlithe | (18.7) | - | - | **(18.7)** |
| Foráil caipitlithe sa bhliain (glan) | - | - | 0.8 | **0.8** |
| Úsáidte i rith na bliana | (3.2) | (221.9) | (64.3) | **(289.4)** |
| Muirear maoinithe | 13.0 | - | - | **13.0** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2023** | 433.4 | 189.8 | 103.0 | **726.2** |
| **Anailís déanta mar seo a leanas:** | | | | |
| Dliteanais neamhreatha | 419.8 | - | 55.9 | **475.7** |
| Dliteanais reatha | 13.6 | 189.8 | 47.1 | **250.5** |
| **Iomlán an 31 Nollaig 2023** | 433.4 | 189.8 | 103.0 | **726.2** |
| Dliteanais neamhreatha | 422.9 | - | 84.2 | **507.1** |
| Dliteanais reatha | 19.2 | 231.5 | 77.1 | **327.8** |
| **Iomlán an 31 Nollaig 2022** | 442.1 | 231.5 | 161.3 | **834.9** |

### Foráil scoir sócmhainní

Is ionann foráil an Ghrúpa an 31 Nollaig 2023 agus €535.2 milliún (2022: €542.9 milliún) le haghaidh scor sócmhainní agus luach láithreach mheastachán reatha na gcostas a eascraíonn as oibleagáidí áirithe a bhaineann le scor agus díchoimisiúnú sócmhainní giniúna, feirmeacha gaoithe agus cuaillí adhmaid créasóidchóireáilte ESB Networks agus NIE Networks ag deireadh a saolréanna geilleagracha úsáideacha.

Imríonn tionchar an aistrithe aeráide agus an aistrithe ó ionaid theirmeacha a úsáid, tionchar ar an tráth a dhúntar ionaid. Táthar ag súil go gcuirfear clabhsúr leis na sócmhainní giniúna agus feirmeacha gaoithe idir seo agus 2045. Mar gheall ar athruithe ar mheastacháin i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2023, méadaíodh an fhoráil scoir sócmhainní a bhain le scor agus díchoimisiúnú sócmhainní giniúna agus feirmeacha gaoithe €26.7 milliún (2022: laghdú €8.2 milliún). Cuimsítear i luach measta na gcostas scoir todhchaí ag dáta an chláir comhardaithe díchóimeáil fhisiciúil, feabhsúchán láithreáin agus costais ghaolmhara fritháirithe ag dramhluach na n-ábhar. Teastaíonn meastachán agus breithiúnas suntasach i ndáil le ríomh na forála do shócmhainní giniúna, lena n-áirítear an tionchar atá ag rialúchán, beachtas na suirbhéanna láithreáin, éilleáin gan choinne, tionchar teicneolaíochtaí malartacha agus úsáid a bhaint as athruithe oiriúnacha ar na rátaí lascaine.

Táthar ag súil go mbeidh cuaillí adhmaid créasóidchóireáilte ESB Networks agus NIE Networks á ndiúscairt thar thréimhse a fhaide le 60 bliain. I ndiaidh nuashonruithe le haghaidh athruithe ar rátaí lascaine, laghdaíodh an fhoráil scoir sócmhainní le haghaidh na gcuaillí seo faoi €34.4 milliún (2022: méadú faoi €99.0 milliún). Tá breithiúnas suntasach i gceist le meastachán a dhéanamh maidir leis an leibhéal forála de bhrí go bhféadfadh pleananna oibríochtúla agus an costas diúscartha athrú go suntasach amach anseo mar thoradh ar reachtaíocht chomhshaoil nó riocht na gcuaillí bunaithe ar an méid ama a bheidh siad á gcoimeád. D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ábhartha ag a leithéid sin d'athruithe ar an leibhéal forála a theastaíonn.

Tá a mheastachán is fearr déanta ag an nGrúpa maidir le héifeacht airgeadais na n-éiginnteachtaí seo fad is atá cinneadh á dhéanamh faoin leibhéal forálacha a theastaíonn, ach d'fhéadfadh tionchar ábhartha a bheith ag athruithe ábhartha todhchaíocha ar aon toimhde ar ríomh na bhforálacha.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 28. FORÁLACHA (ar lean)

De bhrí go bhfuil na costais á soláthar ar bhonn lascainithe, áirítear muirear maoinithe sa ráiteas ioncaim agus cuirtear chun sochair na forála é gach bliain. Athscrúdaítear an fhoráil scoir sócmhainní gach bliain agus athríomhtar an dliteanas de réir an mheastacháin ionchasaigh is déanaí. Tá sreafaí airgid todhchaíocha ionchasacha lascainithe chuig na luachanna faoi láthair trí úsáid a bhaint as ráta lascaine cuí roimh cháin.

Leagtar amach thíos anailís íogaireachta ina léirítear luaineacht fhéideartha ar na príomhthoimhdí a úsáidtear agus an fhoráil scoir sócmhainní á haithint.

| | 2023 €m | 2022 €m |
|---|---|---|
| Laghdú ar an bhforáil scoir sócmhainní mar gheall ar mhéadú 1% ar an ráta lascaine | **(87.8)** | (92.3) |
| Méadú ar an bhforáil scoir sócmhainní mar gheall ar mhéadú 1% ar an ráta boilscithe | **96.7** | 97.8 |

### Foráil astaíochtaí

De réir fhorálacha scéim trádála astaíochtaí $CO_2$ na hEorpa agus scéim trádála astaíochtaí na Ríochta Aontaithe, glactar leis go gclúdaíonn foráil an dliteanas a bhaineann le hastaíochtaí iarbhír i rith na bliana. Tugtar liúntais a ceannaíodh i rith na bliana ar ais don Údarás iomchuí atá i gceannas ar an scéim laistigh de cheithre agus de thrí mhí faoi seach ó dheireadh na bliana féilire sin, de réir na n-astaíochtaí iarbhír $CO_2$ i rith na bliana. Is ionann an fhoráil seo agus an oibleagáid do liúntais astaíochtaí a sholáthar atá cothrom leis na hastaíochtaí iarbhír. Tomhaistear an oibleagáid seo ag costas na liúntas astaíochtaí $CO_2$ ceannaithe agus coimeádta mar shócmhainní doláimhsithe i dteannta le margadhluach aon liúntas breise a theastaíonn chun dliteanas dheireadh na bliana a réiteach.

### Forálacha eile

**Cás dlí - tuilte i gCorcaigh**

I ndiaidh na dtuilte a tharla i gCorcaigh i mí na Samhna 2009, thionscain, Aviva, árachóir Choláiste na hOllscoile, Corcaigh (UCC), caingean dlí i gcoinne ESB san Ard-Chúirt chun €19 milliún a athshlánú le haghaidh damáiste maoine. Chinn an Chúirt Uachtarach go bhfuil ESB faoi dhliteanas do UCC le haghaidh faillí. Chinn an Chúirt go raibh dualgas cúraim ar ESB breithniú a dhéanamh ar éifeachtaí tuile nádúrtha ar úinéirí talún síos an abhainn i ndáil le hoibriú a ndambaí agus go raibh dualgas ar ESB a mheasúnú riosca féin a dhéanamh ar éifeacht tuile síos an abhainn. Cuireadh an cás faoi bhráid na hArd-Chúirte le haghaidh atriail pháirteach chun eolas a bhailiú maidir le dliteanas ESB don damáiste a rinneadh d'fhoirgnimh UCC de bhrí gur theip ar ESB na dualgais seo a chomhlíonadh.

Chomh fada is a bhain le faillí rannpháirteach, chinn an Ard-Chúirt go raibh UCC faillíoch sa mhéid is nach ndearna sé a mheasúnuithe riosca féin agus nár chuir sé céimeanna i gcrích chun an riosca a chruthaigh an Laoi dá fhoirgnimh a mhaolú. Chomh maith leis sin, cuireadh faillí UCC faoi bhráid na hArdChúirte. Ag seisiún idirghabhála a reáchtáladh i mí na Nollag 2021, thángthas ar chomhaontú le hárachóirí UCC, Aviva, maidir le héileamh UCC a réiteach agus éilimh eile a rinne gearánaithe atá árachaithe ag Aviva ag eascairt as na tuilte i gCorcaigh i mí na Samhna 2009. Ar an 18 Eanáir 2022, chinn an Ard-Chúirt na himeachtaí a chaitheamh amach ar iarratas an dá pháirtí agus a n-árachóirí.

Sa bhreis ar éileamh UCC agus éilimh ghaolmhara Aviva, tá 360 tacar imeachtaí a bhaineann leis na tuilte i gCorcaigh i mí na Samhna 2009 seirbheáilte ar ESB. Tá na héilimh seo á mbainistiú go díreach ag árachóirí ESB anois. Bhí 282 éileamh le réiteach go fóill an 31 Nollaig 2023. Cuimsítear sna ráitis airgeadais le haghaidh 2023 foráil luach €49.2 milliún maidir le damáistí measta agus costais ghaolmhara a bhaineann le gach éileamh. Tá méid comhfhreagrach €48.0 milliún san áireamh sna ráitis airgeadais maidir le haisíocaíocht ionchasach faoi na conarthaí árachais gaolmhara. Níl ESB ag súil go mbeidh méid iomlán na ndamáistí bronnta agus na gcostas gaolmhar a bhaineann le gach gníomhaíocht cothrom le níos mó ná a chumhdach árachais.

### Conarthaí Dochraideacha

Cuimsítear i bhforálacha conarthaí dochraideacha €3.1 milliún (2022: €5.2 milliún) maidir le oibleagáidí a bhaineann le cothabháil agus conarthaí eile bhfuiltear ag súil leis go sáróidh siad na sochair a gheofar.

### Forálacha eile

I measc na bhforálacha eile freisin, tá:

- Foráil athcheannaigh ESOP €10.1 milliún (2022: €14.6 milliún). Tá tuilleadh sonraí le fáil i nóta 32.
- Breithniú iarchurtha maidir le bun 50% Inch Cape Offshore Holdings Limited (ICOHL) ar luach €22.3 milliún (2022: €18.8 milliún) a fháil. Braitheann an breithniú seo go mbaineann ICOHL garspriocanna agus torthaí sonraithe amach.
- Breithniú iarchurtha maidir le Superhomes Ireland ar luach €3.0 milliún (2022: €2.8 milliún) a fháil.

### Costais dlí eile

Cuimsítear i measc na bhforálacha eile meastacháin maidir le dliteanais do thríú páirtithe, a bhaineann le héileamh fógartha nó curtha ar fáil ag deireadh na bliana. Cuimsítear i bhforáil dheireadh na bliana meastachán maidir le dliteanais atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe fós.

## 29. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS CÓIRLUACH

### (a) Léargas Ginearálta ar bhainistíocht riosca airgeadais

**An timpeallacht riosca**

Baineann na príomhrioscaí airgeadais nach mór don Ghrúpa déileáil leo le hairgeadra eachtrach (go háirithe gluaiseachtaí a bhaineann le luach an euro i gcoibhneas le luach an steirling agus dhollar SAM) agus gluaiseachtaí praghsanna tráchtearraí (leictreachas agus breosla). Is príomhrioscaí airgeadais fadtéarmacha é riosca leachtachta agus neamhchosaint ar luaineacht ráta úis freisin, ach déileáladh leo ar bhealach suntasach sa ghearrthéarma. Déanann an Bord beartais a bhfuil sé mar aidhm leo an Grúpa a chosaint ó na rioscaí seo agus ó réimsí riosca eile, cosúil le riosca creidmheasa, a athbhreithniú, a leasú agus a cheadú go rialta. Tá an Grúpa Cisteáin freagrach as gníomhaíochtaí cisteáin laethúla an Ghrúpa. Roinntear an t-eolas is déanaí maidir le príomhcheisteanna cisteáin, riosca agus maolaitheoirí gaolmhara leis an gCoiste Airgeadais agus Infheistíochta go rialta.

Tá riosca praghas tráchtearraí á bhainistiú ag feidhmeanna oifige tosaigh agus lár oifige na n-aonad gnó ábhartha: ESB Trading (laistigh de Ghiniúint agus Trádáil) agus Réitigh do Chustaiméirí. Tá sé seo á dhéanamh i gcomhthéacs chreat bainistíochta riosca iomlán an Ghrúpa. Déanann feidhm Iniúchta Inmheánaigh an Ghrúpa athbhreithniú ar na gníomhaíochtaí seo go rialta. Is iad na Coistí Bainistíochta Riosca Trádála laistigh den dá aonad gnó seo atá freagrach as a chinntiú go ndéileáiltear go cuí le torthaí agus le moltaí an iniúchta inmheánaigh. Tá Stiúrthóirí Feidhmiúcháin atá ag obair ag leibhéal Choiste Trádála an Ghrúpa (GTC) i mbun maoirseachta ar an obair seo. Cinntíonn feidhm Bhainistíochta Riosca Trádála an Ghrúpa go bhfuil rioscaí margaidh, creidmheasa agus oibríochtúla an Ghrúpa á mbainistiú ar bhealach a chinntíonn go bhfuil an Grúpa á chosaint ó chaillteanas, agus tá aird á tabhairt ag an am céanna ar na hoibleagáidí fálaithe atá bunaithe idir na haonaid ghnó.

Is féidir conarthaí atá sínithe chun neamhchosaintí atá ag eascairt as táirgeadh agus díol leictreachais a fhálú a roinnt i gconarthaí praghsanna breosla ar aghaidh, conarthaí praghsanna leictreachais ar aghaidh agus conarthaí airgeadra eachtraigh. Déantar ionstraimí airgeadais a dhí-aithint nuair a réitítear iad nó nuair a dhíoltar iad.

**Struchtúr tuairiscithe riosca**

Tríd an bPríomhfheidhmeannach, tá feidhmeanna tarmligthe ag an mBord do GTC, lena n-áirítear an fhreagracht ghinearálta a bhaineann le riosca trádála ESB a bhainistiú ar bhealach atá comhsheasmhach le lamháltais riosca agus le straitéisí gnó an Ghrúpa. Tá teorainneacha riosca bunaithe ag GTC chun neamhchosaint riosca trádála a bhainistiú agus a theorannú ag leibhéal an Ghrúpa agus aonad gnó. Tá na teorainneacha seo doiciméadaithe le haghaidh gach gnólachta de chuid ESB atá páirteach i ngníomhaíochtaí trádála mórdhíola. Anuas air sin, tá Beartas Bainistíochta Riosca an Ghrúpa infheidhme i ndáil le gach ceann de na gnólachtaí seo.

Chomh fada is a bhaineann le Giniúint agus Trádáil agus Réitigh do Chustaiméirí, buaileann Coiste Bainistíochta Riosca Trádála ar leithligh le chéile gach mí (nó níos minice más gá) agus feidhmíonn sé mar phríomh-mhaoirseoir an riosca trádála ag leibhéal an aonaid ghnó fálaithe aonair. Tá na Coistí bainistíochta Riosca Trádála freagrach as straitéis riosca trádála a fhorbairt de réir Bheartas Bainistíochta Riosca Trádála an Ghrúpa agus a chinntiú go bhfuil an beartas sin á chomhlíonadh, teorainn riosca trádála a bhainistiú agus a chinntiú go bhfuil creat rialaithe éifeachtach bunaithe. Tá feidhm na hOifige Láir i ngach aonad gnó freagrach as líne thuairiscithe ar líne d'fheidhm Bhainistíocht Riosca Trádála an Ghrúpa, atá freagrach as a chinntiú go bhfuil neamhchosaint ghlan an Ghrúpa do ghluaiseachtaí tráchtearraí nó praghsanna eile á mbainistiú go cuí de réir Bheartas Bainistíochta Riosca Trádála an Ghrúpa.

Tá líne thuairiscithe ar leith le feidhm Bhainistíochta Riosca Trádála an Ghrúpa ag feidhm na Lár-Oifige, atá freagrach as a chinntiú go ndéantar bainistiú leordhóthanach ar ghlan-nochtadh an Ghrúpa do ghluaiseachtaí i dtráchtearraí nó do ghluaiseachtaí eile praghais, i gcomhréir le Beartas Bainistíochta Riosca Trádála an Ghrúpa.

**Cuntasaíocht fálaithe**

Maoiníonn ESB a oibríochtaí trí iasachtaíocht a úsáid agus úsáideann sé ionstraimí taiscí chun cistí barrachais a infheistiú. Chomh maith leis sin, úsáideann ESB ionstraimí ráta úis agus airgeadra eachtraigh chun rioscaí ráta úis agus airgeadra a bhainistiú a d'fhéadfadh teacht chun solais i rith gnáthoibríochtaí ó iasachtaíocht atá ainmnithe i ndollar SAM agus steirling, óna fhochuideachtaí airgeadra eachtraigh agus ó úsáid a bhaint as soláthraithe airgeadra eachtraigh. Úsáidtear cuntasaíocht fálaithe de bhua IFRS 9 le haghaidh fáluithe dliteanas airgeadra eachtraigh agus rioscaí ráta úis ó dhliteanais reatha agus neamhreatha.

Lena chois sin, glacann an Grúpa páirt in idirbhearta fálaithe tráchtearraí áirithe chun costais bhreosla a shocrú agus chun ioncaim leictreachais a nascadh ar bhonn níos dlúithe le hionchuir bhreosla, más féidir. Cinneann an Grúpa, tráth a bhunaithe, cibé acu atá nó nach bhfuil ionstraimí airgeadais le hainmniú i gcaidreamh fálaithe. Tá critéir shuntasacha chuntasaíocht fálaithe IFRS 9 á gcomhlíonadh ag socruithe áirithe.

Laistigh dá ghnáthchúrsa gnó, glacann an Grúpa páirt i gconarthaí díolacháin agus ceannacháin le haghaidh tráchtearraí, gás, gual agus leictreachas san áireamh. Sa chás gur síníodh conradh agus go bhfuil sé fós bailí chun críocha glacadh le nó seachadadh na dtráchtearraí de réir cheanglais ionchasacha díolacháin, ceannaigh nó úsáide an Ghrúpa, ainmnítear na conarthaí mar chonarthaí úsáide féin agus déantar cuntas orthu mar chonarthaí atá le comhlíonadh. Dá réir sin, ní bhaineann na conarthaí seo le raon Ionstraimí Airgeadais IFRS 9.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

# 29. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS CÓIRLUACH (ar lean)

### (b) Léargas ginearálta ar shócmhainní agus dliteanais airgeadais

Is féidir sócmhainní agus dliteanais airgeadais, seachas dliteanais fostaí, an 31 Nollaig 2023 agus an 31 Nollaig 2022 a anailísiú mar seo a leanas:

| | Sócmhainní airgeadais ag cóirluach trí bhrabús nó caillteanas | | Sócmhainní / dliteanais ag costas amúchta | | Ionstraimí airgeadais díorthacha a bhfuil caidreamh fálaithe luaite leo | | Ionstraimí airgeadais díorthacha nach bhfuil caidreamh fálaithe luaite leo | | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2023 | 2022 | 2023 | 2022 | 2023 | 2022 | 2023 | 2022 | 2023 | 2022 |
| **Grúpa** | €m | €m | €m | €m | €m | €m | €m | €m | €m | €m |
| **Sócmhainní** | | | | | | | | | | |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | | | | | | | | |
| Suimeanna dlite ón árachóir | - | - | 24.1 | 48.4 | - | - | - | - | 24.1 | 48.4 |
| Suimeanna dlite ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | 700.6 | 536.5 | - | - | - | - | 700.6 | 536.5 |
| Infheistíochtaí sócmhainne airgeadais | 5.0 | 5.0 | - | - | - | - | - | - | 5.0 | 5.0 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | - | - | - | - | 60.5 | - | 103.1 | 125.3 | 163.6 | 125.3 |
| **Sócmhainní airgeadais neamhreatha iomlána** | 5.0 | 5.0 | 724.7 | 584.9 | 60.5 | - | 103.1 | 125.3 | 893.3 | 715.2 |
| **Sócmhainní reatha** | | | | | | | | | | |
| Suimeanna dlite ón árachóir | - | - | 23.9 | - | - | - | - | - | 23.9 | - |
| Suimeanna dlite ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | 22.3 | - | - | - | - | - | 22.3 | - |
| Trádáil agus infháltais eile* | - | - | 2,126.8 | 2,806.2 | - | - | - | - | 2,126.8 | 2,806.2 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | - | - | 1,977.8 | 990.0 | - | - | - | - | 1,977.8 | 990.0 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | - | - | - | - | 3.6 | 21.9 | 341.1 | 821.8 | 344.7 | 843.7 |
| **Sócmhainní airgeadais reatha iomlána** | - | - | 4,150.8 | 3,796.2 | 3.6 | 21.9 | 341.1 | 821.8 | 4,495.5 | 4,639.9 |
| **Sócmhainní airgeadais iomlána** | 5.0 | 5.0 | 4,875.5 | 4,381.1 | 64.1 | 21.9 | 444.2 | 947.1 | 5,388.8 | 5,355.1 |
| **Dliteanais** | | | | | | | | | | |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | | | | | | | | |
| Iasachtaíocht agus fiachas eile | - | - | 7,375.4 | 6,329.4 | - | - | - | - | 7,375.4 | 6,329.4 |
| Dliteanais léasa | - | - | 120.5 | 112.8 | - | - | - | - | 120.5 | 112.8 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | - | - | - | - | 9.2 | 25.3 | 397.6 | 480.3 | 406.8 | 505.6 |
| **Dliteanais airgeadais neamhreatha iomlána** | - | - | 7,495.9 | 6,442.2 | 9.2 | 25.3 | 397.6 | 480.3 | 7,902.7 | 6,947.8 |
| **Dliteanais reatha** | | | | | | | | | | |
| Iasachtaíocht agus fiachas eile | - | - | 363.7 | 563.4 | - | - | - | - | 363.7 | 563.4 |
| Dliteanais léasa | - | - | 15.5 | 16.0 | - | - | - | - | 15.5 | 16.0 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile** | - | - | 2,186.9 | 2,299.5 | - | - | - | - | 2,186.9 | 2,299.5 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | - | - | - | - | - | 2.5 | 395.8 | 1,087.3 | 395.8 | 1,089.8 |
| **Dliteanais airgeadais reatha iomlána** | - | - | 2,566.1 | 2,878.9 | - | 2.5 | 395.8 | 1,087.3 | 2,961.9 | 3,968.7 |
| **Dliteanais airgeadais iomlána** | - | - | 10,062.0 | 9,321.1 | 9.2 | 27.8 | 793.4 | 1,567.6 | 10,864.6 | 10,916.5 |

* Fágadh réamhíocaíochtaí as an áireamh mar gheall nach rangaítear iad mar shócmhainn airgeadais.
** Fágadh CBL agus cánacha fostaíochta as an áireamh mar gheall gur dliteanais reachtúla iad seo.

Níl anailís déanta ar fhorálacha agus dliteanais fostaithe an Ghrúpa sa tábla thuas nó san anailís bhreise ar an leathanach ina dhiaidh seo. Áirítear leis seo an dliteanas don oibleagáid phinsin €83.1 milliún an 31 Nollaig 2023 (2022: €88.7 milliún). Féach nótaí 24 agus 25 maidir leis an dliteanas seo agus le dliteanais a bhaineann le fostaithe.



# 29. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS CÓIRLUACH (ar lean)

| | Sócmhainní airgeadais ag cóirluach trí bhrabús nó caillteanas | | Sócmhainní / dliteanais ag costas amúchta | | Ionstraimí airgeadais díorthacha a bhfuil caidreamh fálaithe luaite leo | | Ionstraimí airgeadais díorthacha nach bhfuil caidreamh fálaithe luaite leo | | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | [1]Athluaite | | | | | | [1]Athluaite |
| | 2023 | 2022 | 2023 | 2022 | 2023 | 2022 | 2023 | 2022 | 2023 | 2022 |
| **Máthairchuideachta** | €m | €m | €m | €m | €m | €m | €m | €m | €m | €m |
| **Sócmhainní** | | | | | | | | | | |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | | | | | | | | |
| Suimeanna dlite ón árachóir | - | - | 24.1 | 48.4 | - | - | - | - | 24.1 | 48.4 |
| Suimeanna dlite ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | 112.1 | 93.8 | - | - | - | - | 112.1 | 93.8 |
| Suimeanna dlite ó ghnóthais fochuideachta | - | - | 2,107.6 | 2,269.8 | - | - | - | - | 2,107.6 | 2,269.8 |
| Infheistíochtaí i bhfochuideachtaí[1] | - | - | 61.8 | 61.8 | - | - | - | - | 61.8 | 61.8 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | - | - | - | - | 40.3 | - | 116.5 | 131.4 | 156.8 | 131.4 |
| **Sócmhainní airgeadais neamhreatha iomlána** | - | - | 2,305.6 | 2,473.8 | 40.3 | - | 116.5 | 131.4 | 2,462.4 | 2,605.2 |
| **Sócmhainní reatha** | | | | | | | | | | |
| Suimeanna dlite ón árachóir | - | - | 23.9 | - | - | - | - | - | 23.9 | - |
| Suimeanna dlite ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | 1.4 | - | - | - | - | - | 1.4 | - |
| Trádáil agus infháltais eile* | - | - | 3,447.3 | 4,498.7 | - | - | - | - | 3,447.3 | 4,498.7 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | - | - | 1,281.8 | 107.4 | - | - | - | - | 1,281.8 | 107.4 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | - | - | - | - | - | 21.9 | 331.2 | 802.7 | 331.2 | 824.6 |
| **Sócmhainní airgeadais reatha iomlána** | - | - | 4,754.4 | 4,606.1 | - | 21.9 | 331.2 | 802.7 | 5,085.6 | 5,430.7 |
| **Sócmhainní airgeadais iomlána** | - | - | 7,060.0 | 7,079.9 | 40.3 | 21.9 | 447.7 | 934.1 | 7,548.0 | 8,035.9 |
| **Dliteanais** | | | | | | | | | | |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | | | | | | | | |
| Iasachtaíocht agus fiachas eile | - | - | 478.3 | 502.1 | - | - | - | - | 478.3 | 502.1 |
| Dliteanais léasa | - | - | 55.0 | 56.7 | - | - | - | - | 55.0 | 56.7 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | - | - | - | - | 9.2 | 5.4 | 57.5 | 156.6 | 66.7 | 162.0 |
| **Dliteanais airgeadais neamhreatha iomlána** | - | - | 533.3 | 558.8 | 9.2 | 5.4 | 57.5 | 156.6 | 600.0 | 720.8 |
| **Dliteanais reatha** | | | | | | | | | | |
| Iasachtaíocht agus fiachas eile | - | - | 63.7 | 563.4 | - | - | - | - | 63.7 | 563.4 |
| Dliteanais léasa | - | - | 7.9 | 7.9 | - | - | - | - | 7.9 | 7.9 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile** | - | - | 9,675.7 | 8,624.4 | - | - | - | - | 9,675.7 | 8,624.4 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | - | - | - | 170.5 | - | - | - | - | - | 170.5 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | - | - | - | - | - | - | 366.3 | 813.5 | 366.3 | 813.5 |
| **Dliteanais airgeadais reatha iomlána** | - | - | 9,747.3 | 9,366.2 | - | - | 366.3 | 813.5 | 10,113.6 | 10,179.7 |
| **Dliteanais airgeadais iomlána** | - | - | 10,280.6 | 9,925.0 | 9.2 | 5.4 | 423.8 | 970.1 | 10,713.6 | 10,900.5 |

1 Rinneadh sócmhainní airgeadais atá á gcoimeád ar chostas amúchta a athlua le hinfheistíochtaí i ngnóthais fochuideachta a áireamh.

* Fágadh réamhíocaíochtaí as an áireamh mar gheall nach rangaítear iad mar shócmhainn airgeadais.
** Fágadh CBL agus cánacha fostaíochta as an áireamh mar gheall gur dliteanais reachtúla iad seo.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 29. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS CÓIRLUACH (ar lean)

Níl anailís déanta ar fhorálacha agus dliteanais fostaithe na Máthairchuideachta sa tábla thuas nó san anailís bhreise ar an leathanach ina dhiaidh seo. Áirítear leis seo an dliteanas don oibleagáid phinsin €83.1 milliún an 31 Nollaig 2023 (2022: €88.7 milliún). Féach nótaí 24 agus 25 maidir leis an dliteanas seo agus le dliteanais a bhaineann le fostaithe.

### (c) Cistiú agus bainistiú leachtachta

Sonraítear sa tábla thíos aibíochtaí conarthacha na ndliteanas airgeadais (agus sócmhainní den chineál céanna), lena n-áirítear na híocaíochtaí úis a bhaineann le hiasachtaíocht agus le glansreafaí airgid neamhlascainithe atá luaite le hionstraimí airgeadais díorthacha. Tá iasachtaíocht ar a bhfuil suim ghlanluacha €7,197.0 milliún (2022: €5,827.3 milliún) agus glandliteanais ionstraime airgeadais dhíorthacha luach €349.3 milliún (2022: €607.1 milliún) san áireamh in iarmhéideanna an Ghrúpa thíos, ach ní ghlactar leo mar chuid de shócmhainní agus dliteanais na Máthairchuideachta de bhrí nach bhfuil siad i seilbh na Máthairchuideachta go díreach. Féach nótaí 14, 22, 23 agus 26 chun teacht ar thuilleadh anailíse ar shócmhainní agus dliteanais airgeadais na Máthairchuideachta a bhaineann leis an nóta thíos.

| Grúpa | Suim ghlanluacha €m | Eis-sreafaí / insreafaí airgid thirim chonarthacha - glan €m | Laistigh de 1 bhliain €m | 1-2 bhliain €m | 2-5 bliana €m | Níos faide ná 5 bliana €m |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **An 31 Nollaig 2023** | | | | | | |
| Iasachtaí | 7,739.1 | 9,485.3 | 579.5 | 673.2 | 2,085.5 | 6,147.1 |
| Dliteanais léasa | 136.0 | 158.1 | 16.5 | 14.7 | 34.9 | 92.0 |
| Trádáil agus suimeanna iníoctha eile (seachas iarmhéideanna cánach agus ús fabhraithe ar iasachtaíocht) | 2,080.9 | 2,080.9 | 2,080.9 | - | - | - |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 802.6 | 836.9 | 423.5 | 66.4 | 57.0 | 290.0 |
| **Dliteanais iomlána** | **10,758.6** | **12,561.2** | **3,100.4** | **754.3** | **2,177.4** | **6,529.1** |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 508.3 | 588.9 | 356.4 | 106.7 | 52.8 | 73.0 |
| **Sócmhainní iomlána** | **508.3** | **588.9** | **356.4** | **106.7** | **52.8** | **73.0** |
| **Glandliteanais** | **10,250.3** | **11,972.3** | **2,744.0** | **647.6** | **2,124.6** | **6,456.1** |
| **An 31 Nollaig 2022** | | | | | | |
| Iasachtaí | 6,892.8 | 8,193.6 | 736.5 | 532.1 | 1,893.8 | 5,031.2 |
| Dliteanais léasa | 128.8 | 155.4 | 16.4 | 13.4 | 35.0 | 90.6 |
| Trádáil agus suimeanna iníoctha eile (seachas iarmhéideanna cánach agus ús fabhraithe ar iasachtaíocht) | 2,223.9 | 2,223.9 | 2,223.9 | - | - | - |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 1,595.4 | 1,760.8 | 1,112.2 | 166.3 | 327.6 | 154.7 |
| **Dliteanais iomlána** | 10,840.9 | 12,333.7 | 4,089.0 | 711.8 | 2,256.4 | 5,276.5 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 969.0 | 973.5 | 825.0 | 134.6 | 11.4 | 2.5 |
| **Sócmhainní iomlána** | 969.0 | 973.5 | 825.0 | 134.6 | 11.4 | 2.5 |
| **Glandliteanais** | 9,871.9 | 11,360.2 | 3,264.0 | 577.2 | 2,245.0 | 5,274.0 |

## 29. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS CÓIRLUACH (ar lean)

| Máthairchuideachta | Suim ghlanluacha €m | Eis-sreafaí / insreafaí airgid thirim chonarthacha - glan €m | Laistigh de 1 bhliain €m | 1-2 bhliain €m | 2-5 bliana €m | Níos faide ná 5 bliana €m |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **An 31 Nollaig 2023** | | | | | | |
| Iasachtaí | 542.0 | 563.0 | 78.7 | 68.3 | 117.1 | 298.9 |
| Dliteanais léasa | 62.9 | 65.8 | 8.2 | 7.3 | 18.3 | 32.0 |
| Trádáil agus suimeanna iníoctha eile (seachas iarmhéideanna cánach agus ús fabhraithe ar iasachtaíocht) | 9,595.9 | 9,595.9 | 9,595.9 | - | - | - |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 433.0 | 796.8 | 390.7 | 60.4 | 55.7 | 290.0 |
| **Dliteanais iomlána** | **10,633.8** | **11,021.5** | **10,073.5** | **136.0** | **191.1** | **620.9** |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 488.0 | 502.9 | 329.9 | 78.3 | 32.4 | 62.3 |
| **Sócmhainní iomlána** | **488.0** | **502.9** | **329.9** | **78.3** | **32.4** | **62.3** |
| **Glandliteanais** | **10,145.8** | **10,518.6** | **9,743.6** | **57.7** | **158.7** | **558.6** |
| **An 31 Nollaig 2022** | | | | | | |
| Iasachtaí | 1,065.5 | 1,135.0 | 588.2 | 74.6 | 154.0 | 318.2 |
| Dliteanais léasa | 64.6 | 71.8 | 8.3 | 7.0 | 19.2 | 37.3 |
| Trádáil agus suimeanna iníoctha eile (seachas iarmhéideanna cánach agus ús fabhraithe ar iasachtaíocht) | 8,574.6 | 8,574.6 | 8,574.6 | - | - | - |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 975.5 | 1,677.9 | 1,070.0 | 152.6 | 300.6 | 154.7 |
| **Dliteanais iomlána** | 10,680.2 | 11,459.3 | 10,241.1 | 234.2 | 473.8 | 510.2 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 956.0 | 953.2 | 804.7 | 134.6 | 11.4 | 2.5 |
| **Sócmhainní iomlána** | 956.0 | 953.2 | 804.7 | 134.6 | 11.4 | 2.5 |
| **Glandliteanais** | 9,724.2 | 10,506.1 | 9,436.4 | 99.6 | 462.4 | 507.7 |

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 29. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS CÓIRLUACH (ar lean)

### (d) Máistir-ghlanluacháil nó socruithe cosúla

Glacann an Grúpa páirt in idirbhearta díorthacha faoi mháistir-chomhaontuithe glanluachála Chumann Idirnáisiúnta na mBabhtálacha agus na nDíorthach (ISDA). Ní chomhlíonann comhaontuithe ISDA na critéir maidir le fritháireamh sa chlár comhardaithe comhdhlúite. Is amhlaidh atá de bhrí nach bhfuil aon cheart atá infheidhmithe le dlí ag an nGrúpa faoi láthair méideanna aitheanta a fhritháireamh, de bhrí nach bhfuil an ceart fritháirithe infheidhmithe ach nuair a tharlaíonn teagmhais thodhchaíocha cosúil le mainneachtain ar iasachtaí bainc nó teagmhais chreidmheasa eile.

Sonraítear sa tábla thíos méideanna anonn na n-ionstraimí airgeadais aitheanta atá faoi réir na gcomhaontuithe thuas.

| Grúpa | Ollmhéid na n-ionstraimí airgeadais sa ráiteas ar an staid airgeadais €m | Méideanna nach bhfuil fritháirithe sa chlár comhardaithe €m | Glanmhéid €m |
|---|---|---|---|
| **An 31 Nollaig 2023** | | | |
| **Sócmhainní airgeadais** | | | |
| Babhtálacha ráta úis | 63.5 | (16.3) | 47.2 |
| Conarthaí airgeadra eachtraigh | 17.5 | (3.1) | 14.4 |
| Conarthaí praghsanna breosla ar aghaidh | 427.3 | (335.8) | 91.5 |
| | **508.3** | **(355.2)** | **153.1** |
| **Dliteanais airgeadais** | | | |
| Babhtálacha ráta úis | (13.5) | 12.7 | (0.8) |
| Boilsciú nasctha le babhtálacha ráta úis | (341.9) | - | (341.9) |
| Babhtálacha airgeadra | (9.1) | 4.3 | (4.8) |
| Conarthaí airgeadra eachtraigh | (8.1) | 2.3 | (5.8) |
| Conarthaí praghsanna breosla ar aghaidh | (430.0) | 335.9 | (94.1) |
| | **(802.6)** | **355.2** | **(447.4)** |
| **An 31 Nollaig 2022** | | | |
| **Sócmhainní airgeadais** | | | |
| Babhtálacha airgeadra | 21.9 | (10.7) | 11.2 |
| Conarthaí airgeadra eachtraigh | 15.3 | (15.2) | 0.1 |
| Conarthaí praghsanna breosla ar aghaidh | 931.8 | (787.9) | 143.9 |
| | 969.0 | (813.8) | 155.2 |
| **Dliteanais airgeadais** | | | |
| Babhtálacha ráta úis | (24.7) | 5.1 | (19.6) |
| Boilsciú nasctha le babhtálacha ráta úis | (563.2) | - | (563.2) |
| Babhtálacha airgeadra | (5.4) | 1.2 | (4.2) |
| Conarthaí airgeadra eachtraigh | (41.8) | 17.9 | (23.9) |
| Conarthaí praghsanna breosla ar aghaidh | (960.3) | 789.6 | (170.7) |
| | (1,595.4) | 813.8 | (781.6) |



## 29. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS CÓIRLUACH (ar lean)

| Máthairchuideachta | Ollmhéid na n-ionstraimí airgeadais sa ráiteas ar an staid airgeadais €m | Méideanna nach bhfuil fritháirithe sa chlár comhardaithe €m | Glanmhéid €m |
|---|---|---|---|
| **An 31 Nollaig 2023** | | | |
| **Sócmhainní airgeadais** | | | |
| Babhtálacha ráta úis | 76.8 | (32.5) | 44.3 |
| Conarthaí airgeadra eachtraigh | 22.2 | (9.6) | 12.6 |
| Conarthaí praghsanna breosla ar aghaidh | 389.0 | (349.6) | 39.4 |
| | **488.0** | **(391.7)** | **96.3** |
| **Dliteanais airgeadais** | | | |
| Babhtálacha ráta úis | (13.5) | 13.4 | (0.1) |
| Babhtálacha airgeadra | (9.2) | 6.3 | (2.9) |
| Conarthaí airgeadra eachtraigh | (8.3) | 7.6 | (0.7) |
| Conarthaí praghsanna breosla ar aghaidh | (402.0) | 364.4 | (37.6) |
| | **(433.0)** | **391.7** | **(41.3)** |
| **An 31 Nollaig 2022** | | | |
| **Sócmhainní airgeadais** | | | |
| Babhtálacha ráta úis | 6.8 | - | 6.8 |
| Babhtálacha airgeadra | 21.9 | (8.9) | 13.0 |
| Conarthaí airgeadra eachtraigh | 19.2 | (15.1) | 4.1 |
| Conarthaí praghsanna breosla ar aghaidh | 908.1 | (784.6) | 123.5 |
| | 956.0 | (808.6) | 147.4 |
| **Dliteanais airgeadais** | | | |
| Babhtálacha ráta úis | (24.7) | 4.2 | (20.5) |
| Babhtálacha airgeadra | (5.4) | 1.2 | (4.2) |
| Conarthaí airgeadra eachtraigh | (41.2) | 16.8 | (24.4) |
| Conarthaí praghsanna breosla ar aghaidh | (904.2) | 786.4 | (117.8) |
| | (975.5) | 808.6 | (166.9) |

### (e) Riosca creidmheasa

Eascraíonn riosca creidmheasa as airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim, ionstraimí airgeadais díorthacha agus taiscí i mbainc agus in institiúidí airgeadais, mar aon le neamhchosaintí creidmheasa le custaiméirí mórdhíola agus miondíola, lena n-áirítear méideanna dlite ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu, míreanna infháltais gan íoc agus idirbhearta geallta. Chomh fada is a bhaineann leis an Máthairchuideachta, eascraíonn riosca creidmheasa as méideanna dlite ó ghnóthais fochuideachta.

**Financial assets**

| | 2023 Grúpa €m | 2023 Máthairchuideachta €m | 2022 Grúpa €m | 2022 Máthairchuideachta €m |
|---|---|---|---|---|
| Suimeanna dlite ón árachóir | **48.0** | **48.0** | 48.4 | 48.4 |
| Infháltais trádála agus eile[1] | **2,849.7** | **5,668.4** | 3,342.7 | 6,862.3 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim[2] | **1,977.8** | **1,281.8** | 990.0 | 256.4 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **508.3** | **488.0** | 969.0 | 956.0 |
| | **5,383.8** | **7,486.2** | 5,350.1 | 8,123.1 |

1 Fágadh réamhíocaíochtaí as an áireamh mar gheall nach rangaítear iad mar shócmhainn airgeadais.
2 Iarmhéideanna airgid thirim san áireamh.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 29. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS CÓIRLUACH (ar lean)

### Trádáil agus infháltais eile

Tá an Grúpa neamhchosanta ar riosca creidmheasa i ndáil leis na contrapháirtithe a ndéanann sé idirbheartaíocht leo ina n-oibríochtaí laethúla. Féach nóta 18 chun teacht ar shonraí faoin gcaillteanas ionchasach creidmheasa a aithníodh.

### Riosca creidmheasa a bhaineann le státchiste (a bhaineann le hairgead tirim agus ionstraimí díorthacha)

Tá an Grúpa neamhchosanta ar riosca creidmheasa i ndáil leis na contrapháirtithe a bhfuil cuntais bhainc aige leo agus a dtrádálann sé leo sna margaí airgeadais. Is é beartas an Ghrúpa neamhchosaint ar gach institiúid airgeadais a theorannú bunaithe ar rátálacha creidmheasa glactha nach lú ná BBB- nó a chomhionann.

Déantar trádáil i ndíorthaigh chun rioscaí airgeadais a mhaolú agus forghníomhaítear a leithéid ar bhealach a chiallaíonn go bhfuil Sonraíocht agus Ceanglais an Aire Airgeadais eisithe faoi choimirce an Achta um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile, 1992, á gcomhlíonadh, i mí na Nollag 2017 den uair dheireanach. Déantar cur síos sa tSonraíocht agus sna Ceanglais ar an gcineál díorthach is féidir le ESB páirt a ghlacadh iontu agus ar na ceanglais ghaolmhara nach mór do ESB a chomhlíonadh maidir le gach contrapháirtí díorthaigh. Tá gníomhaíochtaí déileála á rialú trí shainorduithe trádála a bhunú le contrapháirtithe. Níl aon ionstraimí díorthacha i seilbh an Ghrúpa chun críocha amhantracha ná níl a leithéid á dtrádáil aige. Tá neamhchosaintí, srianta gaolmhara agus comhlíonadh Shonraíocht agus Cheanglais an Aire faoi réir athbhreithniú agus monatóireacht leanúnach.  Ní raibh ar an nGrúpa déileáil le haon chaillteanais de bhrí gur theip ar a leithéid de chontrapháirtithe a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh.

### Riosca creidmheasa a bhaineann le tráchtearraí (a bhaineann le díorthaigh)

Tá riosca creidmheasa ag an nGrúpa freisin a bhaineann le seasaimh tráchtearraí. Eascraíonn siad as ionstraimí airgeadais díorthacha a nglactar páirt iontu chun rioscaí praghsanna fuinnimh agus breosla a fhálú agus tá siad á mbainistiú de réir Shonraíocht agus Cheanglais an Aire (an tAcht um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile, 1992). Bunaíonn an Grúpa teorainneacha riosca creidmheasa contrapháirtithe chun neamhchosaint neamh-chomhthaobhaithe a theorannú. Déantar monatóireacht leanúnach ar neamhchosaint ghlan, ceanglais chomhthaobhachta agus comhlíontacht ar bhonn leanúnach. Sealbhaíodh So Energy i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2021 agus ionchorpraíodh é go hiomlán sa struchtúr rialachais i mí Feabhra 2022.

Teastaíonn comhthaobhacht, i bhfoirm bannaí agus ráthaíochtaí, ó aonaid ghnó ESB ó pháirtithe éagsúla, go sonrach i bhfoirm Litreacha Creidmheasa ó chontrapháirtithe cumhachta áirithe Conradh Difríochta (CfD). Bhí an chomhthaobhacht iomlán dá leithéid a fuair ESB i ndáil le seasamh cumhachta CfD an 31 Nollaig 2023 €84.4 milliún (2022: fuair ESB comhthaobhacht €81.2 milliún). Lena chois sin, tá céatadán níos mó de cheannacháin tráchtearraí breosla forghníomhaithe ar mhalairtí rialaithe. Tá seasamh an Ghrúpa maidir le trádálacha forghníomhaithe ar a leithéid de mhalairtí comhthaobhaithe trí chorrlach thosaigh agus comhthaobhacht a phostáil i ndáil leis an seasamh marcála de réir margaidh ar thrádálacha anonn oscailte. Bhí an ghlan-chomhthaobhacht malairte trádáilte iomlán faighte ag ESB an 31 Nollaig 2022 cothrom le €567.5 milliún (2022: fuair ESB comhthaobhacht €748.8 milliún). Tá an Grúpa airdeallach ar aon athruithe ar acmhainneacht creidmheas contrapháirtithe, agus déantar gach céim oiriúnach chun seasamh an Ghrúpa a dhaingniú tuilleadh, trí chosaint oiriúnacha a idirbheartú roimh na máistir-chomhaontuithe conarthacha agus bainistíocht ghníomhach aon neamhchosaintí, go háirithe sa chás go bhfuil fianaise le fáil maidir le seasamh airgeadais na  gcontrapháirtithe a bheith ag meathlú.

### Ráthaíochtaí Airgeadais

Glacann an Grúpa páirt i ngealltanais éagsúla. Áirítear ina measc seo ráthaíochtaí airgeadais, litreacha creidmheasa agus gealltanais eile.

Ainneoin go mb'fhéidir nach mbeadh na hoibleagáidí seo á n-aithint ar chlár comhardaithe an Ghrúpa, is ann do riosca creidmheasa i ndáil leis na hionstraimí seo de bhrí go gceanglaíonn siad ar an nGrúpa íocaíochtaí a dhéanamh thar ceann na bhfochuideachtaí sa chás go dtarlaíonn gníomh sonrach agus, dá réir sin, is cuid de riosca foriomlán an Ghrúpa iad.

Tá luachanna ainmniúla a leithéid sin de ghealltanais liostaithe thíos:

| | 2023 €m | 2022 €m |
|---|---|---|
| Ráthaíochtaí airgeadais | **915.0** | 449.4 |
| Litreacha creidmheasa | **544.2** | 502.0 |
| **Iomlán** | **1,459.2** | 951.4 |

Níor aithníodh cóirluach ráthaíochtaí airgeadais inar iontráil an Grúpa thar ceann aonán nach gcuimsítear i dtorthaí comhdhlúite an Ghrúpa (cosúil le comhpháirtithe agus comhfhiontair) i ráitis airgeadais an Ghrúpa mar gheall go bhfuil siad neamhábhartha.



## 29. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS CÓIRLUACH (ar lean)

### (f) Bainistíocht riosca airgeadra eachtraigh

Eascraíonn neamhchosaintí airgeadra eachtraigh as ceannach breosla agus cumhachta, costais ollchóirithe stáisiúin, ceannacháin eile atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha, iasachtaíocht in airgeadra eachtrach (lena n-áirítear an socrúchán príobháideach a bhfuil cur síos déanta air i nóta 22) agus infheistíochtaí taobh amuigh de limistéar an Euro.

Úsáidtear conarthaí réamhcheannacháin airgeadra eachtraigh agus babhtálacha trasairgeadra chun luaineacht a laghdú a eascraíonn as neamhchosaintí airgeadra eachtraigh. Baineann na conarthaí réamhcheannacháin airgeadra eachtraigh atá bunaithe an 31 Nollaig 2023 le sreafaí airgid réamh-mheasta a bhfuiltear ag súil leo suas go dtí 2025, agus babhtálacha trasairgeadra a bhaineann le hoibleagáidí fiachais go dtí 2028.

Ag deireadh na bliana, bhí punann iomlán fiachais ESB cothrom le (2022: €6.9 billion), a raibh €0.5 billiún (2022: €1.0 billiún) díobh ag an Máthairchuideachta.  Bhí an fiachas bunúsach, roimh agus i ndiaidh babhtálacha, ainmnithe san airgeadra seo a leanas:

| | Roimh bhabhtálacha | | I ndiaidh babhtálacha | |
|---|---|---|---|---|
| Grúpa | 2023 (%) | 2022 (%) | 2023 (%) | 2022 (%) |
| **Airgeadra** | | | | |
| Euro | **78** | 69 | **73** | 66 |
| Dollar SAM | **-** | 3 | **-** | - |
| Steirling | **22** | 28 | **27** | 34 |
| **Iomlán** | **100** | 100 | **100** | 100 |

| | Roimh bhabhtálacha | | I ndiaidh babhtálacha | |
|---|---|---|---|---|
| Máthairchuideachta | 2023 (%) | 2022 (%) | 2023 (%) | 2022 (%) |
| **Airgeadra** | | | | |
| Euro | **90** | 49 | **90** | 71 |
| Dollar SAM | **-** | 22 | **-** | - |
| Steirling | **10** | 29 | **10** | 29 |
| **Iomlán** | **100** | 100 | **100** | 100 |

Mar atá léirithe thuas, tá formhór na punainne fiachais ainmnithe in nó babhtáilte chuig euro le haghaidh príomhíocaíochtaí agus ús, rud a chiallaíonn go bhfuil an neamhchosaint an Ghrúpa ar riosca airgeadra eachtraigh á laghdú. Nuair a bhíonn a oibríochtaí eachtracha á mbainistiú aige, tá an Grúpa airdeallach ar iasachtaí a fháil in airgeadra a mheaitseálann airgeadra feidhmiúil na hoibríochta eachtraí. Dá réir sin, tá céatadán den fhiachas ainmnithe i steirling mar gheall go príomha ar éadáil NIE NetworksR agus oibríochtaí Carrington Power Limited.

Tá tionchar ag gluaiseachtaí ar ráta malairte an Euro / Steirling ar shuim ghlanluacha Fiachais Steirling, i dtéarmaí Euro. Tá íogaireacht fhoriomlán ar luaineacht an ráta malairte bunaithe ar leibhéal an fhiachais atá ainmnithe i Steirling. Is ann don íogaireacht seo is cuma má tá nó mura bhfuil an fiachas i seilbh cuideachta Ghrúpa arb é an Steirling a hairgeadra feidhmiúil. Braitheann an cinneadh an ghluaiseacht a aithint in OCI nó sa ráiteas ioncaim, áfach, ar airgeadra feidhmiúil na cuideachta. Aithnítear gluaiseachtaí aistrithe a eascraíonn as fiachas ainmnithe i Steirling agus iarmhéideanna ionghrúpa i gcuideachtaí Grúpa arb é an Euro a airgeadra feidhmiúil sa ráiteas ioncaim. Aithnítear gluaiseachtaí aistrithe i bhfiachas atá ainmnithe i  Steirling i gcuideachtaí Grúpa arb é an Steirling a airgeadra feidhmiúil sa chúlchiste aistrithe tráth a gcomhdhlúthaithe.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 29. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS CÓIRLUACH (ar lean)

Bheadh athrú 10% ar na rátaí malairte airgeadra eachtraigh ag an 31 Nollaig 2023 mar bhonn le cothromas agus brabús a mhéadú roimh chánachas - méadú atá cothrom leis an méid sonraithe thíos. Glactar leis san anailís seo go mbeidh na hathróga eile ar fad seasmhach.

| | An 31 Nollaig 2023 | | An 31 Nollaig 2022 | |
|---|---|---|---|---|
| | Gnóthachan / (caillteanas) ioncaim chuimsithigh eile | Gnóthachan / (caillteanas) brabúis roimh chánachas | Gnóthachan / (caillteanas) ioncaim chuimsithigh eile | Gnóthachan / (caillteanas) brabúis roimh chánachas |
| Grúpa | €m | €m | €m | €m |
| **Neartú 10%** | | | | |
| Dollar SAM | **-** | **1.1** | - | 20.8 |
| Steirling | **264.5** | **38.6** | 249.3 | 41.3 |
| | | | | |
| **Lagú 10%** | | | | |
| Dollar SAM | **-** | **(1.6)** | - | (28.4) |
| Steirling | **(323.2)** | **16.4** | (304.7) | (68.8) |

Rinneadh na toimhdí seo a leanas maidir leis an anailís íogaireachta thuas:
- níl tionchar ach ag athruithe ar shuim ghlanluacha ionstraimí airgeadais díorthacha nach bhfuil i gcaidreamh fálaithe ar an ráiteas ioncaim;
- níl tionchar ag athruithe ar shuim ghlanluacha ionstraimí airgeadais díorthacha ar fháluithe sreabhaidh airgid iad ach ar ioncam cuimsitheach eile;

### (g) Bainistíocht riosca praghas tráchtearraí

Bhí luaineacht na bpraghsanna breosla a bhí ag teastáil le haghaidh gníomhaíochtaí giniúna leictreachais an Ghrúpa suntasach le blianta beaga anuas agus tá na neamhchosaintí gaolmhara ar ghluaiseachtaí praghsanna breosla á mbainistiú ag an nGrúpa bunaithe ar fhálú roghnach. Tá an Grúpa páirteach i réamhchonarthaí praghas tráchtearraí a bhaineann le gás agus gual a cheannach a theastaíonn le haghaidh gníomhaíochtaí giniúna leictreachais; tá tuilleadh sonraí le fáil i nóta 23. Tá réamhchonarthaí praghsanna breosla bunaithe ar an líon fisiciúil ar conradh agus gan íoc, agus ar phraghsanna anonn táirgí den chineál céanna, ag dáta an chláir comhardaithe, agus lascainithe áit ar gá bunaithe ar an gcuar réamhúis.

Laistigh dá ghnáthchúrsa gnó, glacann an Grúpa páirt i gconarthaí díolacháin agus ceannacháin le haghaidh tráchtearraí, gás agus leictreachas san áireamh. Sa chás gur síníodh conradh agus go bhfuil sé fós bailí chun críocha glacadh le nó seachadadh na dtráchtearraí de réir cheanglais ionchasacha díolacháin, ceannaigh nó úsáide an Ghrúpa, ainmnítear na conarthaí mar chonarthaí úsáide féin agus déantar cuntas orthu mar chonarthaí atá le comhlíonadh.

Bheadh tionchar ag méadú ginearálta 10% ar na praghsanna gáis agus guail an 31 Nollaig 2022 ar chothromas agus brabús bunaithe ar an méid sonraithe thíos. Tagraítear go heisiach san anailís seo don tionchar a imreofar ar athróga gaolmhara ag deireadh na bliana amháin agus glactar leis go mbeidh gach athróg eile, go háirithe rátaí airgeadra eachtraigh, cobhsaí, lena n-áirítear an tionchar a bheidh ag luach na mbabhtálacha tráchtearraí atá bunaithe. Bheadh a mhalairt d'éifeacht, agus éifeacht chomhionann, ag laghdú 10%, ar an mbonn go bhfuil na hathróga eile ar fad seasmhach.

| | An 31 Nollaig 2023 | | An 31 Nollaig 2022 | |
|---|---|---|---|---|
| | Gnóthachan ioncaim chuimsithigh eile | Gnóthachan brabúis roimh chánachas | Gnóthachan ioncaim chuimsithigh eile | Gnóthachan brabúis roimh chánachas |
| Grúpa | €m | €m | €m | €m |
| Gnóthachan mar gheall ar mhéadú 10% ar phraghsanna gáis agus guail | **44.5** | **4.6** | 74.9 | 6.1 |

| | An 31 Nollaig 2023 | | An 31 Nollaig 2022 | |
|---|---|---|---|---|
| | Gnóthachan ioncaim chuimsithigh eile | Gnóthachan brabúis roimh chánachas | Gnóthachan ioncaim chuimsithigh eile | Gnóthachan brabúis roimh chánachas |
| Máthairchuideachta | €m | €m | €m | €m |
| Gnóthachan mar gheall ar mhéadú 10% ar phraghsanna gáis agus guail | **-** | **1.5** | - | 4.4 |

Bheadh tionchar ag méadú ginearálta 10% ar phraghas leictreachas mórdhíola I-SEM ag an 31 Nollaig 2023 ar ioncam cuimsitheach eile agus brabús roimh chánachas bunaithe ar na méideanna sonraithe thíos. Glactar leis san anailís seo go mbeidh na hathróga eile ar fad seasmhach, go háirithe rátaí malairte eachtraí. Bheadh a mhalairt d'éifeacht, agus éifeacht chomhionann, ag laghdú 10%, ar an mbonn go bhfuil na hathróga eile ar fad seasmhach.

## 29. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS CÓIRLUACH (ar lean)

| | An 31 Nollaig 2023 | | An 31 Nollaig 2022 | |
|---|---|---|---|---|
| | Ioncam cuimsitheach eile (caillteanas) | Brabús roimh chánachas (caillteanas) | Ioncam cuimsitheach eile (caillteanas) | Brabús roimh chánachas (caillteanas) |
| Grúpa | €m | €m | €m | €m |
| Caillteanas mar gheall ar mhéadú 10% ar Phraghas Leictreachais Mórdhíola | **(74.5)** | **-** | (103.8) | - |

| | An 31 Nollaig 2023 | | An 31 Nollaig 2022 | |
|---|---|---|---|---|
| | Gnóthachan / (caillteanas) ioncaim chuimsithigh eile | Gnóthachan / (caillteanas) brabúis roimh chánachas | Gnóthachan / (caillteanas) ioncaim chuimsithigh eile | Gnóthachan / (caillteanas) brabúis roimh chánachas |
| Máthairchuideachta | €m | €m | €m | €m |
| Gnóthachan / (caillteanas) mar gheall ar mhéadú 10% ar Phraghas Leictreachais Mórdhíola | - | - | - | - |

Tá an anailís íogaireachta curtha ar fáil thuas don Ghrúpa agus don Mháthairchuideachta ríofa ag an 31 Nollaig 2023 trí úsáid a bhaint as na bunphraghsanna tráchtearraí seo a leanas agus na rátaí airgeadra eachtraigh seo a leanas:

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| Gás (Stg. p/teirm.) | **93.43** | 188.69 |
| Praghas Mórdhíola Leictreachais (€/MWh) | **112.16** | 231.78 |
| Gual (US$/tona) | **108.25** | 190.24 |
| Ráta airgeadra eachtraigh (US$ = €1) | **1.11** | 1.07 |
| Ráta airgeadra eachtraigh (Stg£ = €1) | **0.8694** | 0.8849 |

### (h) Cóirluach

Seo a leanas cóirluachanna na sócmhainní agus dliteanas airgeadais ag costas amúchta i dteannta leis na suimeanna glanluacha taispeánta sa chlár comhardaithe:

| | Grúpa | | Máthairchuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | Suim ghlanluacha | Cóirluach | Suim ghlanluacha | Cóirluach |
| An 31 Nollaig 2023 | €m | €m | €m | €m |
| Fiachas fadtéarmach | 7,375.4 | 7,048.1 | 478.3 | 444.3 |
| Iasachtaíocht ghearrthéarmach | 363.7 | 359.4 | 63.7 | 60.1 |
| Dliteanais léasa | 136.0 | 136.0 | 62.9 | 62.9 |
| **Iasachtaíocht iomlán** | **7,875.1** | **7,543.5** | **604.9** | **567.3** |
| | | | | |
| Suimeanna iníoctha reatha trádála agus eile | 2,186.9 | 2,186.9 | 9,675.7 | 9,675.7 |
| Méideanna dlite ó árachóirí | (48.0) | (48.0) | (48.0) | (48.0) |
| Trádáil neamhreatha agus infháltais eile | (700.6) | (700.6) | (2,219.7) | (2,219.7) |
| Trádáil reatha agus infháltais eile | (2,149.1) | (2,149.1) | (3,448.7) | (3,448.7) |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | (1,977.8) | (1,977.8) | (1,281.8) | (1,281.8) |
| **Glandliteanais** | **5,186.5** | **4,854.9** | **3,282.4** | **3,244.8** |

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 29. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS CÓIRLUACH (ar lean)

| | Grúpa | | Máthairchuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | Suim ghlanluacha | Cóirluach | Suim ghlanluacha | Cóirluach |
| **An 31 Nollaig 2022** | €m | €m | €m | €m |
| Fiachas fadtéarmach | 6,329.4 | 6,263.7 | 502.1 | 479.9 |
| Iasachtaíocht ghearrthéarmach | 563.4 | 560.4 | 563.4 | 560.4 |
| Dliteanais léasa | 128.8 | 128.8 | 64.6 | 64.6 |
| **Iasachtaíocht iomlán** | 7,021.6 | 6,952.9 | 1,130.1 | 1,104.9 |
| | | | | |
| Suimeanna infíoctha reatha trádála agus eile | 2,299.5 | 2,299.5 | 8,624.4 | 8,624.4 |
| Méideanna dlite ó árachóirí | (48.4) | (48.4) | (48.4) | (48.4) |
| Trádáil neamhreatha agus infháltais eile | (536.5) | (536.5) | (2,363.6) | (2,363.6) |
| Trádáil reatha agus infháltais eile | (2,806.2) | (2,806.2) | (4,498.7) | (4,498.7) |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | (990.0) | (990.0) | 63.1 | 63.1 |
| **Glandliteanais** | 4,940.0 | 4,871.3 | 2,906.9 | 2,881.7 |

Áirítear babhtálacha trasairgeadra a bhabhtálann fiachas seasta i ndollar SAM chuig euro i gcóirluach an fhiachais fhadtéarmaigh thuasluaite, is ionann cóirluach an díorthaigh ghaolmhair agus sócmhainní luach €náid milliún (an 31 Nollaig 2022: sócmhainn €21.9 milliún).

Tá trádáil reatha agus infháltais eile agus trádáil agus suimeanna infíoctha eile dlite laistigh de bhliain amháin, agus tá foráil déanta dóibh áit a bhfuil siad bearnaithe. Meastar go bhfuil a shuim ghlanluacha ag teacht go hábhartha lena gcóirluach.

Glactar le hEorabhannaí ESB agus bannaí Steirling NIE Networks mar chóirluachanna Leibhéal 1. Tá cóirluach na mbannaí seo díorthaithe ó bhreathnóireacht a dhéanamh ar na luachanna trádáilte is déanaí le haghaidh na mbannaí seo i margaí leachtacha ag dáta an chláir chomhardaithe. Glactar le hiasachtaíocht agus le fiachas eile mar chóirluachanna Leibhéal 2. Is í an phríomhtheicníc luachála a úsáidtear le haghaidh iasachtaíochta agus fiachas eile aicmithe mar chóirluachanna Leibhéal 2 sreafaí airgid gaolmhara todhchaíocha a lascainiú trí úsáid a bhaint as cuar lascaine cúpóin nialasaigh an airgeadra ábhartha.

### Cóirluach - rátaí lascaine

Tá na rátaí úis a úsáideadh chun sreafaí airgid measta todhchaíocha a lascainiú, más cuí, bunaithe ar an EURIBOR infheidhme nó cuar toraidh SONIA ag an dáta tuairiscithe mar aon le raon difríochta creidmheasa seasta oiriúnach.

### (i) Ordlathas cóirluacha

Déantar anailís sa tábla thíos ar shócmhainní agus dliteanais airgeadais tugtha anonn ag cóirluach, bunaithe ar mhodh luachála. Tá na leibhéil dhifriúla atá ábhartha do na sócmhainní agus dliteanais airgeadais atá i seilbh an Ghrúpa arna sainiú mar seo a leanas:

- Leibhéal 1: Is ionann ionchuir agus praghsanna luaite neamhchoigeartaithe i margaí gníomhacha le haghaidh sócmhainní nó dliteanais chomhionanna ag an dáta tomhais;
- Leibhéal 2: ionchuir, seachas na praghsanna luaite neamhchoigeartaithe i margaí gníomhacha le haghaidh sócmhainní agus dliteanas comhionann, atá inbhraite don tsócmhainn nó dliteanas, go díreach (i.e. mar phraghasanna) nó go hindíreach (i.e. díorthaithe ó phraghsanna);
- Leibhéal 3: ionchuir don tsócmhainn nó dliteanas nach bhfuil bunaithe ar shonraí margaidh inbhraite (ionchuir neamh-inbhraite).



## 29. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS CÓIRLUACH (ar lean)

### Grúpa

| | Leibhéal 1 | Leibhéal 2 | Leibhéal 3 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| **An 31 Nollaig 2023** | €m | €m | €m | €m |
| **Sócmhainní** | | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | | | | |
| • Babhtálacha ráta úis | - | 63.5 | - | **63.5** |
| • Conarthaí airgeadra eachtraigh | - | 17.5 | - | **17.5** |
| • Conarthaí praghsanna breosla ar aghaidh[1] | - | 403.5 | 23.8 | **427.3** |
| Sócmhainní airgeadais ag cóirluach trí bhrabús nó caillteanas | - | - | 5.0 | **5.0** |
| | - | 484.5 | 28.8 | **513.3** |
| **Dliteanais** | | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | | | | |
| • Babhtálacha ráta úis | - | (13.5) | - | **(13.5)** |
| • Babhtálacha airgeadra | - | (9.1) | - | **(9.1)** |
| • Conarthaí airgeadra eachtraigh | - | (8.1) | - | **(8.1)** |
| • Conarthaí praghsanna breosla ar aghaidh[1] | - | (430.0) | - | **(430.0)** |
| • Babhtálacha ráta úis a bhaineann le boilsciú | - | (341.9) | - | **(341.9)** |
| | **-** | **(802.6)** | **-** | **(802.6)** |
| | | | | |
| **(Glandliteanas) / glansócmhainn** | **-** | **(318.1)** | **28.8** | **(289.3)** |

| | Leibhéal 1 | Leibhéal 2 | Leibhéal 3 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| **An 31 Nollaig 2022** | €m | €m | €m | €m |
| **Sócmhainní** | | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | | | | |
| • Babhtálacha airgeadra | - | 21.9 | - | 21.9 |
| • Conarthaí airgeadra eachtraigh | - | 15.3 | - | 15.3 |
| • Conarthaí praghsanna breosla ar aghaidh[1] | - | 931.8 | - | 931.8 |
| Sócmhainní airgeadais ag cóirluach trí bhrabús nó caillteanas | - | - | 5.0 | 5.0 |
| | - | 969.0 | 5.0 | 974.0 |
| **Dliteanais** | | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | | | | |
| • Babhtálacha ráta úis | - | (24.7) | - | (24.7) |
| • Babhtálacha airgeadra | - | (5.4) | - | (5.4) |
| • Conarthaí airgeadra eachtraigh | - | (41.8) | - | (41.8) |
| • Conarthaí réamhphraghsanna breosla1 | - | (938.4) | (21.9) | (960.3) |
| • Babhtálacha ráta úis a bhaineann le boilsciú | - | (563.2) | - | (563.2) |
| | - | (1,573.5) | (21.9) | (1,595.4) |
| | | | | |
| **Glandliteanas** | - | (604.5) | (16.9) | (621.4) |

1 Tá eolas maidir le conarthaí a nascann an réamhphraghas leictreachais ar bhealach níos dlúithe le réamhphraghsanna breosla le fáil i bhfoirm ghlan i gconarthaí réamhphraghsanna breosla an 31 Nollaig.

Ní dhearnadh aon aistrithe idir leibhéil chóirluacha i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2023 agus an 31 Nollaig 2022.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 29. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS CÓIRLUACH (ar lean)

**Máthairchuideachta**

| An 31 Nollaig 2023 | Leibhéal 1 €m | Leibhéal 2 €m | Leibhéal 3 €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | | | | |
| • Babhtálacha ráta úis | - | 76.8 | - | **76.8** |
| • Conarthaí airgeadra eachtraigh | - | 22.2 | - | **22.2** |
| • Conarthaí réamhphraghsanna breosla | - | 389.0 | - | **389.0** |
| | **-** | **488.0** | **-** | **488.0** |
| **Dliteanais** | | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | | | | |
| • Babhtálacha ráta úis | - | (13.5) | - | **(13.5)** |
| • Babhtálacha airgeadra | - | (9.2) | - | **(9.2)** |
| • Conarthaí airgeadra eachtraigh | - | (8.3) | - | **(8.3)** |
| • Conarthaí réamhphraghsanna breosla | - | (402.0) | - | **(402.0)** |
| | - | (433.0) | - | **(433.0)** |
| **Glansócmhainní** | **-** | **55.0** | **-** | **55.0** |

| An 31 Nollaig 2022 | Leibhéal 1 €m | Leibhéal 2 €m | Leibhéal 3 €m | Total €m |
|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | | | | |
| • Babhtálacha ráta úis | - | 6.8 | - | 6.8 |
| • Babhtálacha airgeadra | - | 21.9 | - | 21.9 |
| • Conarthaí airgeadra eachtraigh | - | 19.2 | - | 19.2 |
| • Conarthaí réamhphraghsanna breosla | - | 908.1 | - | 908.1 |
| | - | 956.0 | - | 956.0 |
| **Dliteanais** | | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | | | | |
| • Babhtálacha ráta úis | - | (24.7) | - | (24.7) |
| • Babhtálacha airgeadra | - | (5.4) | - | (5.4) |
| • Conarthaí airgeadra eachtraigh | - | (41.2) | - | (41.2) |
| • Conarthaí réamhphraghsanna breosla | - | (904.2) | - | (904.2) |
| | - | (975.5) | - | (975.5) |
| **Glandliteanas** | - | (19.5) | - | (19.5) |

Ní dhearnadh aon aistrithe idir leibhéil chóirluacha i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2023 agus an 31 Nollaig 2022.

**Tomhas cóirluachanna - teicnící luachála agus ionchuir shuntasacha neamh-inbhraite**
Léirítear sa tábla thíos an teicníc luachála a úsáideadh nuair a bhí cóirluachanna leibhéal 2 agus leibhéal 3 á dtomhas, mar aon leis na hionchuir shuntasacha neamh-inbhraite a úsáideadh.



## 29. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS CÓIRLUACH (ar lean)

| Saghas | Teicnící luachála | Ionchuir shuntasacha neamh-inbhraite | Idirghaolmhaireacht idir ionchuir shuntasacha neamh-inbhraite agus tomhas cóirluacha |
|---|---|---|---|
| Babhtálacha airgeadra, conarthaí airgeadra eachtraigh agus babhtálacha ráta úis | **Leibhéal 2** - Meastar an luacháil reatha ar shreafaí airgid todhchaíocha bunaithe ar FX ar aghaidh agus ar rátaí úis (ó chuair inbhraite torthaí ag deireadh na bliana tuairiscithe) agus ar rátaí conartha, a lascainítear ar ráta ina léirítear a riosca féin creidmheasa nó riosca creidmheasa contrapháirtí. | | |
| Conarthaí réamhphraghsanna breosla agus leictreachais | **Leibhéal 2** - Tá cóirluach conarthaí réamhphraghsanna breosla bunaithe ar thagairt do phraghsanna gáis, guail agus carbóin agus tá an luach sin lascainithe chuig luachanna reatha.<br><br>**Leibhéal 3** - Cinntear cóirluach roinnt réamhchonarthaí sonracha breosla agus leictreachais trí thagairt a dhéanamh do réamhphraghsanna leictreachais nach bhfuil inbhraite. | <br><br><br><br><br>Réamhphraghsanna leictreachais | <br><br><br><br><br>Mhéadódh / (laghdódh) an cóirluach mheasta dá mbeadh an Praghas Mórdhíola Leictreachais níos airde / (níos ísle). Go ginearálta, nuair a athraíonn praghsanna gáis, athraíonn an Praghas Mórdhíola Leictreachais sa treo céanna freisin. |
| Babhtálacha ráta úis a bhaineann le boilsciú | **Leibhéal 2** - Úsáidtear luachála neamhspleácha agus déanta iad a bhailíochtú trí luacháil láithreach na sreafaí airgid ionchasacha trí úsáid a bhaint as cuar toradh ráta úis an airgeadra ábhartha.<br><br>Tá an cuar cúpóin nialasaigh bunaithe ar chuar toraidh ráta úis an airgeadra ábhartha. | | |
| Sócmhainní airgeadais ag cóirluach trí bhrabús nó caillteanas | **Leibhéal 3** - Más cuí, déantar infheistíochtaí neamhluaite a luacháil trí luach fiontair a dhíorthú trí cheann de na modheolaíochtaí seo a leanas a úsáid:<br>• praghas infheistíochta a rinneadh le déanaí;<br>• iolra ioncaim; | Ráta fáis ioncaim bliantúil tuartha. Ollchorrlach tuartha | Go hiondúil, déanann Novusmodus measúnú ar luach infheistíochtaí bunaithe ar ionchais maidir le fáltais a d'fhéadfaí a réadú i ndiúscairt. Féach nóta 7 agus 16.<br><br>De ghnáth, beidh an luach seo bunaithe ar roinnt ionchur lena n-áirítear cumas na hinstitiúide infheistiúcháin cur lena hioncam agus corrlaigh ghaolmhara a bheidh mar bhonn le EBITDA níos airde, agus luachanna níos airde dá réir sin. |

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 29. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS CÓIRLUACH (ar lean)

Léirítear sa tábla thíos réiteach ó iarmhéideanna tosaigh ag an 1 Eanáir 2022 go dtí deireadh na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2023 le haghaidh tomhas cóirluacha ag Leibhéal 3 den ordlathas cóirluacha:

| Grúpa | Sócmhainní airgeadais ag cóirluach trí bhrabús nó caillteanas €m | Conarthaí réamhphraghsanna breosla ar aghaidh €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2022** | 5.3 | 0.5 | **5.8** |
| Breisiúcháin | - | (28.6) | **(28.6)** |
| Gnóthachain / (caillteanais) iomlána | | | |
| ▪ san OCI | - | 2.5 | **2.5** |
| Réitigh | - | 3.7 | **3.7** |
| Gluaiseachtaí aistrithe | (0.3) | - | **(0.3)** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2022 - glan** | 5.0 | (21.9) | **(16.9)** |
| | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2023** | 5.0 | (21.9) | **(16.9)** |
| Breisiúcháin | - | 13.9 | **13.9** |
| Gnóthachain / (caillteanais) iomlána | | | |
| ▪ san OCI | - | 26.1 | **26.1** |
| Réitigh | - | 5.7 | **5.7** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2023 - glan** | 5.0 | 23.8 | **28.8** |

Sócmhainní airgeadais ag cóirluach trí bhrabús nó caillteanas.

Más cuí, déantar infheistíochtaí neamhluaite a luacháil trí luach fiontair a dhíorthú trí cheann de na modheolaíochtaí seo a leanas a úsáid:
- praghas infheistíochta a rinneadh le déanaí;
- iolra ioncaim;
- costas, lúide aon fhoráil riachtanach.

Baineann réamhchonarthaí praghsanna breosla agus conarthaí réamhphraghsanna leictreachais ag Leibhéal 3 san ordlathas cóirluacha le conarthaí fadtéarmacha a bhfuil a luachálacha bunaithe ar roinnt toimhdí réamhphraghsanna, le roinnt ionchur neamh-inbhraite, lena n-áirítear réamh-ionchuir leictreachais, charbóin agus gháis le haghaidh tréimhsí níos fadtéarmaí.

### Anailís íogaireachta - Leibhéal 3 - cóirluachanna

Chomh fada is a bhaineann le cóirluachanna na gconarthaí réamhphraghsanna breosla agus leictreachais bheadh na héifeachtaí seo a leanas ag athruithe a d'fhéadfadh tarlú le réasún ag an dáta tuairiscithe ar cheann de na hionchuir shuntasacha neamh-inbhraite, dá mbeadh na hionchuir eile seasta:

| | An 31 Nollaig 2023 | | An 31 Nollaig 2022 | |
|---|---|---|---|---|
| Grúpa | Gnóthachan / (caillteanas) ioncaim chuimsithigh eile €m | Gnóthachan / (caillteanas) brabúis roimh chánachas €m | Gnóthachan / (caillteanas) ioncaim chuimsithigh eile €m | Gnóthachan / (caillteanas) brabúis roimh chánachas €m |
| Gnóthachan mar gheall ar mhéadú 10% ar phraghsanna gáis | **44.5** | - | 74.9 | - |
| Caillteanas mar gheall ar mhéadú 10% ar Phraghsanna Leictreachais Mórdhíola | **(74.5)** | - | (103.8) | - |

## 30. CEANGALTAIS AGUS TEAGMHAIS

### (a) Ceangaltais chaipitil

| | 2023 €m | 2022 €m |
|---|---|---|
| Sócmhainní inláimhsithe ar conradh | **730.0** | 773.2 |
| Sócmhainní doláimhsithe ar conradh | **13.5** | 11.9 |
| **An tIomlán ar conradh** | **743.5** | 785.1 |

| Sciar de cheangaltais na n-institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | 2023 €m | 2022 €m |
|---|---|---|
| NNG Windfarm Holdings Limited | **286.3** | 233.0 |
| Inch Cape Offshore Holdings Limited | **34.5** | 84.3 |
| SIRO Limited | **28.1** | 39.1 |
| Oweninny Power DAC | **-** | 8.8 |
| FuturEnergy Ireland Development Holdings DAC | **-** | 6.1 |
| Sundew Solar DAC | **22.6** | - |
| **An tIomlán ar conradh** | **371.5** | 371.3 |

### (b) Ceangaltais chonartha breosla

Tá roinnt socruithe fadtéarmacha soláthair gáis bunaithe le haghaidh tréimhsí difriúla idir seo agus 2026. Foráiltear sna socruithe seo le haghaidh athrú praghsanna ag teacht leis na hathruithe ar tháscairí an mhargaidh fuinnimh ionsuite. Más cuí, tá díorthaigh leabaithe atá san áireamh sna socruithe seo scartha agus arna luacháil de réir IFRS 9.

### (c) Nochtadh eile

In 2022, i ndiaidh smachtbhannaí AE a fhorchur, d'fhoirceannaigh ESB roinnt conarthaí le soláthraí. Ina dhiaidh sin, sheol an soláthraí nóta i scríbhinn chuig ESB chun cinneadh ESB na conarthaí ábhartha a fhoirceannadh a cheistiú agus tá sé curtha in iúl ag an soláthraí go bhfuil sé beartaithe aige éileamh a thionscnamh ag éileamh damáistí i ndáil le foirceannadh éagórach na gconarthaí sin. Tá an t-éileamh á thabhairt ar aghaidh go headráin, agus meastar go n-éistfear leis i lár 2024 nó go déanach an bhliain sin. Bunaithe ar an gcomhairle dlí a fuarthas, níl aon fhoráil déanta i ndáil leis an gceist seo sna ráitis airgeadais ar an mbonn go gcreideann ESB gur féidir an t-éileamh a chosaint.

Seachas a bhfuil nochta thuas, tá roinnt cásanna dlí, éileamh agus díospóidí le tríú páirtí tionscanta mar ghnáthchuid den ghnó. Cé go bhfuil gné éiginnteachta in aon dlíthíocht nó díospóid, creideann baill an Bhoird nach raibh aon dliteanais theagmhasacha ann a mbeadh éifeacht dhíobhálach go hábhartha acu ar staid airgeadais an Ghrúpa.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 31. IDIRBHEARTA PÁIRTITHE GAOLMHARA

### Páirtí rialaithe deiridh
Is cuideachta faoi úinéireacht an Stáit é an Grúpa. Is i seilbh an Aire Caiteachais Phoiblí, um Sholáthar an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe atá 86.8% den scairchaipiteal eisithe, tá 10.2% eile den scairchaipiteal eisithe i seilbh an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus tá 3.0% den stoc á choimeád ag ESOP (tá tuilleadh eolais le fáil i nóta 20).

### Nochtadh Páirtí Ghaolmhair
De réir Mhír 25 de IAS 24, tá Grúpa ESB díolmhaithe ó idirbhearta páirtithe gaolmhara a nochtadh le haonán eile ar páirtí gaolmhar é de bhrí go bhfuil an Grúpa agus an t-aonán sin á rialú, á rialú i gcomhpháirt nó faoi thionchar suntasach Rialtas na hÉireann.

### Comhlachtaí leathstáit
I ngnáthchúrsa gnó, cheannaigh/dhíol an Grúpa earraí agus seirbhísí ó aonáin atá á rialú ag Rialtas na hÉireann cosúil le Ervia, Bord na Móna, EirGrid agus Coillte Teoranta.

Roimhe sin, bhí an Grúpa páirteach i gcomhaontú fadtéarmach le Bord na Móna a bhain le ceannach móna agus úsáid a bhaint as seirbhísí coimhdeacha chun stáisiúin chumhachta a rith.

D'iontráil ESB i gcomhaontuithe sealadacha giniúna éigeandála le EirGrid chun slándáil soláthair a éascú don eangach. Áirítear leis seo dhá shuíomh atá lonnaithe ag an bPort Thuaidh agus ag Droichead na Sionainne, féach nóta 2 (xi) chun teacht ar bhreis sonraí.

D'iontráil an Grúpa isteach i roinnt socruithe comhfhiontair le Bord na Móna agus Coillte Teoranta le feirmeacha gaoithe a fhorbairt agus a oibriú. Tá tuilleadh sonraí le fáil i nóta 16.

### Bainc faoi úinéireacht Stát na hÉireann
I ngnáthchúrsa gnó, oibríonn ESB le bainc áirithe in Éirinn atá á rialú go hiomlán nó i bpáirt ag Rialtas na hÉireann. Is bunaithe ar ghnáth-théarmaí tráchtála a chuirtear idirbhearta ESB leis na bainc sin i gcrích. Ní raibh aon comhchruinniú ábhartha iasachtaíochta ag ESB lena leithéid de bhainc i rith na tréimhse nó an 31 Nollaig 2023. Bhain sciar den airgead tirim agus de na coibhéisí airgid thirim arna nochtadh i nóta 19 lena leithéid de bhainc.

### Leasanna bhaill an Bhoird
Seachas na leithdháiltí comhaontaithe faoi ESOP, ní raibh aon leas tairbhiúil ag comhaltaí Boird in ESB nó ina fhochuideachtaí ag am ar bith i rith na bliana. Seachas díbhinní a thagann chun solais mar thoradh ar na leithdháiltí siúd, níor bhain aon idirbhearta eile leis na leasanna siúd.

### ESOP
I rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2023, d'íoc ESB táillí €0.1 milliún (2022: €0.2 milliún) thar ceann ESOP. Tá sonraí maidir le stoc caipitil ESOP a rinne ESB a éadáil le fáil i nóta 32.

### Pinsin
Oibríonn an Grúpa roinnt scéimeanna pinsin don fhoireann i bPoblacht na hÉireann, Tuaisceart Éireann agus sa Bhreatain Mhór. Tá tuilleadh sonraí le fáil i nóta 10 agus 24.

### Gnóthais fochuideachta
Tugtar faoi dhíolacháin le agus ceannach ó fhochuideachtaí i ngnáthchúrsa an ghnó.

I rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2023, cheannaigh Máthairchuideachta ESB seirbhísí gáis, innealtóireachta, comhairliúcháin agus seirbhísí eile, lena n-áirítear seirbhísí cíosa luach €1,088.2 milliún (2022: €798.0 milliún) óna fhochuideachtaí.

I rith na bliana, bhí díolacháin a rinne Máthairchuideachta ESB le fochuideachtaí cothrom le €1,095.0 milliún (2022: €827.4 milliún) le fochuideachtaí. Baineann formhór na ndíolachán seo le seirbhísí bainistíochta agus táillí leictreachais lena n-áirítear Táillí Úsáide Córais agus díolachán leictreachais agus gáis.

I rith na bliana, thuill Máthairchuideachta ESB ús €103.0 milliún (2022: €56.0 milliún) ó fhochuideachtaí agus thabhaigh sí ús €123.7 milliún (2022: €76.0 milliún) ar iasachtaí idirchuideachta.

Ag an 31 Nollaig 2023, bhí ollsuimeanna iníoctha €8,736.0 milliún (2022: €7,383.4 milliún) lena fhochuideachtaí ag Máthairchuideachta ESB. Baineann formhór na suimeanna iníoctha seo le méideanna ar taisce le haghaidh fochuideachtaí agus méideanna eile dlite d'fhochuideachtaí, iasachtaíocht a bhain le ESB Finance DAC agus tugtha ar iasacht do Mháthairchuideachta ESB agus méideanna dlite i ndáil le seirbhísí innealtóireachta agus comhairleoireachta.

Bhí iarmhéideanna infhaighte €4,274.5 milliún (2022: €5,550.1 milliún) ag Máthairchuideachta ESB óna fochuideachtaí (glan ar liúntais) an 31 Nollaig 2023. Baineann formhór na n-infháltas seo le seirbhísí bainistíochta agus iasachtaí chuig fochuideachtaí agus táillí leictreachais lena n-áirítear táillí Úsáide Córais. Bhí an liúntas iomlán bearnúcháin a bhain le méideanna dlite ó ghnóthais fhochuideachta an 31 Nollaig 2023 cothrom le €143.1 milliún (2022: €30.3 milliún).

## 31. IDIRBHEARTA PÁIRTITHE GAOLMHARA (ar lean)

### Institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu

| Grúpa | 2023 €m | 2022 €m |
|---|---|---|
| Earraí / seirbhísí a dhíol[1] | **33.5** | 11.9 |
| Earraí / seirbhísí a cheannach[2] | **53.5** | 63.4 |
| | | |
| Méideanna dlite amhail ón 31 Nollaig[3] | **722.9** | 536.7 |
| Cothromas réamhíoctha i rith na bliana | **35.3** | 3.3 |

1 Sholáthair ESB seirbhísí díolacháin leictreachais, bainistíochta agus seirbhísí gairmiúla eile i rith na bliana d'institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu mar atá léirithe sa tábla thuas.
2 Ceannaíonn ESB cumhacht ó institiúidí infheistiúcháin áirithe ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu faoi Chomhaontuithe Ceannaigh Chumhachta.
3 Cuimsítear i méideanna atá dlite ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu iasachtaí scairshealbhóirí (arna léiriú gan aon bhearnúcháin a chur san áireamh), ús ar na hiasachtaí sin agus iarmhéideanna infhaighte trádála. San áireamh san fhoráil caillteanais chreidmheasa a bhfuil súil léi tá foráil €0.5 milliún (2022: €0.5 milliún) maidir le hiarmhéideanna atá le híoc go fóill ag SIRO Limited agus €0.2 milliún (2022: €0.2 milliún) maidir le na hiarmhéideanna atá le híoc go fóill ag Emerald Bridge Fibres DAC.

### Téarmaí agus coinníollacha
Déantar díolacháin chuig agus ceannacháin ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu i ngnáthchúrsa gnó. Tá na hiarmhéideanna gan íoc atá san áireamh sna hinfháltais agus suimeanna iníoctha ag dáta an chláir comhardaithe a bhaineann le hidirbhearta a bhfuil baint ag institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu agus comhlachais leo neamhurraithe agus is i bhfoirm airgid thirim a dhéileáiltear le réiteach. Níor lorgaíodh ná níor soláthraíodh aon ráthaíochtaí a bhain le hinfháltais agus suimeanna iníoctha páirtithe gaolmhara.

### Cúiteamh don phríomhphearsanra bainistíochta

| | 2023 €m | 2022 €m |
|---|---|---|
| Tuarastail agus sochair fostaí ghearrthéarmacha eile | **3.8** | 3.7 |
| Sochair iarfhostaíochta | **0.4** | 0.4 |
| | **4.2** | 4.1 |

Is ionann méideanna chúiteamh don phríomhphearsanra bainistíochta arna nochtadh thuas agus cúiteamh a íocadh le daoine ag a bhfuil údarás agus freagracht as gníomhaíochtaí an Ghrúpa a phleanáil, a stiúradh agus a rialú. Áirítear anseo luach saothair feidhmeannach agus comhaltaí baill bhoird shinsearacha.

## 32. ESB ESOP TRUSTEE LIMITED

D'ionchorpraigh ESB ESOP Trustee Limited i rith 2001, trí infheistíocht €1, mar Iontaobhaí Iontaobhas Úinéireachta Fostaithe ESB (ESOT) agus Scéim Roinnte Brabúis Fhaofa (APSS) ESB. Faoi théarmaí chruthú ESOP Trustee Limited ESB, níl aon chumas ná cearta ag ESB sócmhainní nó lucht bainistíochta na cuideachta a rialú. Tá Cuideachta na nIontaobhaithe faoi chathaoirleacht Iontaobhaí gairmiúil neamhspleách agus tá ceathrar stiúrthóirí ag déanamh ionadaíochta ar fhostaithe ESB agus tá beirt stiúrthóirí ag déanamh ionadaíochta ar ESB. Dá réir sin, is ann do shrianta diana a chuireann bac suntasach ar fheidhmiú ceart ESB i ndáil le sócmhainní agus lucht bainistíochta na cuideachta. De réir IFRS 10 Ráitis Airgeadais Chomhdhlúthaithe, níl na ráitis airgeadais le haghaidh ESOP Trustee Limited ESB comhdlúthaithe le torthaí ESB Group.

I rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2015, ghlac ESB páirt i gcomhaontú chun tacú le héadáil stoc caipitil i margaí inmheánacha ESOP amach anseo. Mar chuid den chomhaontú gheall ESB éadálacha déanta ag Iontaobhaithe ESOP suas go dtí luach €25.0 milliún a mheaitseáil. I rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2021, ghlac ESB páirt i gcomhaontú eile chun tacú le héadáil stoc caipitil i margaí inmheánacha ESOP amach anseo. Mar chuid den chomhaontú, gheall ESB €35.0 milliún a chur ar fáil sa bhreis ar na cistí a bhí fágtha ó chomhaontú 2015, chun scaireanna a cheannach i margaí inmheánacha todhchaíocha ESOP ó 2021 (san áireamh) ar aghaidh. Aithníodh foráil ESOP luach €36.5 milliún i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2021 i gcúlchistí eile a bhain leis an gcomhaontú seo agus le hiarmhéid fágtha chomhaontú 2015.

I rith 2023, lean ESB le stoc caipitil ESOP a athcheannach agus dá bharr sin d'eascair gluaiseacht cúlchiste fuascailte caipitil luach €2.3 milliún (2022: €8.0 milliún) as ceannach agus cealú scairchaipiteal ESOP luach €2.3 milliún (2022: €8.0 milliún) do chomaoin €4.5 milliún (2022: €12.4 milliún) arb ionann é agus méid ainmniúil an scairchaipitil chealaithe. Laghdaigh an t-athcheannach foráil athcheannaigh ESOP €4.5 milliún agus an 31 Nollaig 2023, bhí foráil athcheannaigh ESOP (nóta 28) aitheanta i méideanna forálacha eile cothrom le €10.1 milliún (2022: €14.6 milliún). Urscaoilfear iarmhéid fágtha na forála i mblianta amach anseo de réir mar a bheidh stoc caipitil á athcheannach.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 33. IMEACHTAÍ IAR-CHLÁIR CHOMHARDAITHE

Tá sonraí maidir leis an díbhinn fógartha ó dheireadh na bliana sonraithe i nóta 20. Níor tháinig aon imeachtaí eile i ndiaidh thréimhse an chláir comhardaithe aníos ar chreid an Bord gur gá iad a choigeartú nó a nochtadh sna ráitis airgeadais.

## 34. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais an 28 Feabhra 2024.

## 35. GNÓTHAIS FHOCHUIDEACHTAÍ, INSTITIÚIDÍ INFHEISTIÚCHÁIN AR CUIREADH MODH CUNTASAÍOCHTA AN CHOTHROMAIS I BHFEIDHM ORTHU AGUS CHOMHLACHAIS

| Ainm na cuideachta | Oifig chláraithe | Sciar an Ghrúpa (%) | Cineál gnó |
|---|---|---|---|
| **Gnóthais fochuideachta** | | | |
| **Fochuideachta dhíreach** | | | |
| ESB Energy International Ltd. | 2 | 100 | Cuideachta sealbhaíochta |
| ESB Finance DAC | 2 | 100 | Airgeadas |
| ESB Financial Enterprises Ltd. | 2 | 100 | Cuideachta sealbhaíochta |
| ESB International Investments Ltd. | 2 | 100 | Cuideachta sealbhaíochta |
| ESB International Ltd. | 2 | 100 | Cuideachta sealbhaíochta |
| ESB Networks DAC. | 28 | 100 | Dáileadh cumhachta |
| ESBNI Ltd. | 5 | 100 | Cuideachta sealbhaíochta |
| | | | |
| **Fochuideachta indíreach** | | | |
| Airstream Wind Energy Ltd. | 2 | 100 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| Airvolution Energy Ltd. (UK) (faoi Leachtú) | 29 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Allt An Tuir Renewable Energy Park Ltd.[1] | 36 | 10 | Giniúint cumhachta |
| Blarghour Wind Farm Ltd.[1] | 7 | 23.3 | Giniúint cumhachta |
| Bullstown Solar Ltd. | 2 | 100 | Forbairt gnó |
| Cambrian Renewable Energy Ltd. | 4 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Capital Pensions Management Ltd. | 6 | 100 | Scéim pinsin a riar |
| Cappawhite Wind Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Carrington Power Ltd. | 35 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Castlepook Power DAC. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Celtic 2 OSW Power Holdings DAC. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Celtic OSW Power Holdings DAC. | 2 | 100 | Cuideachta sealbhaíochta |
| Chirmorie Wind Farm Ltd.[1] | 7 | 25.8 | Giniúint cumhachta |
| Coolkeeragh ESB Ltd. | 5 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Corby Power Ltd. | 3 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Corvoderry Wind Farm Ltd. | 2 | 100 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| Crockagarran Windfarm Ltd. | 5 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Crockahenny Wind Farm DAC. | 2 | 75 | Giniúint cumhachta |
| Curryfree Wind Farm Ltd. | 5 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Darlees Wind Farm Ltd.[1] | 7 | 8.2 | Giniúint cumhachta |
| Dell Wind Farm Ltd.[1] | 7 | 18.7 | Giniúint cumhachta |
| Devon Wind Power Ltd. | 4 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Durris Wind Farm Ltd.[1] | 7 | 8.2 | Giniúint cumhachta |
| ESB Asset Development (UK) Ltd. | 4 | 100 | Forbairt gnó |
| ESB Commercial Properties Ltd. | 2 | 100 | Bainistíocht agus forbairt réadmhaoine |
| ESB Energy Ltd. | 4 | 90 | Cuideachta sholáthair |

## 35. GNÓTHAIS FHOCHUIDEACHTAÍ, INSTITIÚIDÍ INFHEISTIÚCHÁIN AR CUIREADH MODH CUNTASAÍOCHTA AN CHOTHROMAIS I BHFEIDHM ORTHU AGUS CHOMHLACHAIS (ar lean)

| Ainm na cuideachta | Oifig chláraithe | Sciar an Ghrúpa (%) | Cineál gnó |
|---|---|---|---|
| ESB Group (UK) Ltd. | 4 | 100 | Innealtóireacht agus comhairleoireacht |
| ESB Independent Energy (NI) Ltd. | 2 | 100 | Díolacháin leictreachais agus gáis |
| ESB Independent Energy Ltd. | 2 | 100 | Díolacháin leictreachais agus gáis |
| ESB Independent Generation Trading Ltd. | 2 | 100 | Trádáil leictreachais agus gáis |
| ESB Innovation ROI Ltd. | 2 | 100 | Seirbhísí fuinnimh agus leictreashoghluaisteachta a sholáthar |
| ESB Innovation UK Ltd. | 4 | 100 | Seirbhísí fuinnimh agus leictreashoghluaisteachta a sholáthar |
| ESB International (Malaysia) Sdn. Bhd | 12 | 100 | Díomhaoin |
| ESB Novusmodus Limited GP Ltd. | 2 | 100 | Infheistíocht i dteicneolaíocht ghlan |
| ESB Power Generation Holding Company Ltd. | 2 | 100 | Cuideachta sealbhaíochta |
| ESB Retail GB Ltd. | 4 | 90 | Cuideachta sealbhaíochta |
| ESB Solar (IRE) Ltd. | 2 | 100 | Gníomhaíochtaí comhairleoireachta gnó agus bainistíochta |
| ESB Solar (NI) Ltd. | 5 | 100 | Gníomhaíochtaí comhairleoireachta gnó agus bainistíochta |
| ESB Telecoms Ltd. | 2 | 100 | Teileachumarsáid |
| ESB Trading Ltd. | 2 | 100 | Seirbhísí bainistíochta agus oibriúcháin |
| ESB Wind Development Ltd. | 2 | 100 | Forbairt gnó |
| ESBI Carbon Solutions Ltd. | 2 | 100 | Díomhaoin |
| ESBI Contracting Ltd. | 2 | 100 | Díomhaoin |
| ESBI Engineering and Facility Management Ltd. | 1 | 100 | Innealtóireacht |
| ESBI Luxembourg S.A. | 18 | 100 | Infheistíocht i sócmhainní giniúna leictreachais |
| ESBII UK Ltd. | 4 | 100 | Cuideachta sealbhaíochta |
| Facility Management UK Ltd. | 4 | 100 | Bainistíocht saoráidí |
| Fitzwilliam Street Lower Management CLG. | 2 | 50 | Bainistíocht Réadmhaoine |
| Foel Fach Wind Farm Ltd.[1] | 7 | 8.2 | Giniúint cumhachta |
| Garravagh Solar Farm Ltd. | 2 | 100 | Forbairt gnó |
| Garvagh Glebe Power Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Garvary Wind Farm Ltd.[1] | 7 | 21.6 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| Geothermal International Ltd. (á riar) | 30 | 92.6 | Téamh agus aerchóiriú a chur isteach |
| Geothermal International Polska Sp Zoo (Spolka Z Organiczona Odpowiedzialnoscia). | 17 | 89 | Díomhaoin |
| Glasa Wind Farm Ltd.[1] | 7 | 8.2 | Giniúint cumhachta |
| Glendye Wind Farm Ltd.[1] | 7 | 21.1 | Giniúint cumhachta |
| Gort Windfarms Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Greengate Energy Recovery Ltd. | 4 | 100 | Díomhaoin |
| Greystone Knowe Wind Farm Ltd.[1] | 7 | 13.9 | Giniúint cumhachta |
| Harmony Solar Clare Ltd.[1] | 23 | 60 | Forbairt gnó |
| Harmony Solar Cork Ltd[1]. | 23 | 30 | Forbairt gnó |
| Harmony Solar Dennistown Ltd. | 2 | 100 | Forbairt gnó |
| Harmony Solar Galway Ltd.[1] | 23 | 30 | Forbairt gnó |
| Harmony Solar Kerry Ltd.[1] | 23 | 60 | Forbairt gnó |
| Harmony Solar Kildallan Ltd[1]. | 23 | 30 | Forbairt gnó |
| Harmony Solar Kildare Ltd. | 23 | 70 | Forbairt gnó |
| Harmony Solar Kilkenny Ltd. | 2 | 100 | Forbairt gnó |
| Harmony Solar Kilmorna Ltd.[1] | 23 | 30 | Forbairt gnó |
| Harmony Solar Knockanoura Ltd. | 23 | 60 | Forbairt gnó |
| Harmony Solar Limerick Ltd. | 23 | 60 | Forbairt gnó |

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 35. GNÓTHAIS FHOCHUIDEACHTAÍ, INSTITIÚIDÍ INFHEISTIÚCHÁIN AR CUIREADH MODH CUNTASAÍOCHTA AN CHOTHROMAIS I BHFEIDHM ORTHU AGUS CHOMHLACHAIS (ar lean)

| Ainm na cuideachta | Oifig chláraithe | Sciar an Ghrúpa (%) | Cineál gnó |
|---|---|---|---|
| Harmony Solar Longford Ltd. | 23 | 100 | Forbairt gnó |
| Harmony Solar Louth Ltd. | 23 | 60 | Forbairt gnó |
| Harmony Solar Mayglass Ltd. | 2 | 100 | Forbairt gnó |
| Harmony Solar Meath Ltd. | 23 | 60 | Forbairt gnó |
| Harmony Solar Milltown Ltd[1]. | 23 | 30 | Forbairt gnó |
| Harmony Solar Mullingar Ltd. | 23 | 60 | Forbairt gnó |
| Harmony Solar Offaly Ltd. | 23 | 30 | Forbairt gnó |
| Harmony Solar Ralphtown Ltd. | 2 | 100 | Forbairt gnó |
| Harmony Solar Rathkeale Ltd.[1] | 23 | 30 | Forbairt gnó |
| Harmony Solar Smithstown Ltd. | 23 | 60 | Forbairt gnó |
| Helvick Head Offshore Wind Holdings DAC. | 2 | 100 | Cuideachta sealbhaíochta |
| Hibernian Wind Power Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Hunter's Hill Wind Farm Ltd. | 5 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Inveroykel Wind Farm Ltd.[1] | 7 | 8.2 | Giniúint cumhachta |
| Kerry Wind Power Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Kintyre Renewable Energy Park Ltd.[1] | 36 | 10 | Giniúint cumhachta |
| Kirkan Wind Farm Ltd.[1] | 7 | 16.4 | Giniúint cumhachta |
| Knottingley Power Ltd. | 4 | 100 | Díomhaoin |
| Loch Garman Offshore Wind Holdings DAC. | 2 | 100 | Cuideachta sealbhaíochta |
| Malin Sea Wind Ltd. | 4 | 100 | Díomhaoin |
| Merrion Park Owners Management Company CLG. | 2 | 52 | Bainistíocht Réadmhaoine |
| Moneypoint 1 Offshore Wind Holdings DAC. | 2 | 100 | Cuideachta sealbhaíochta |
| Moneypoint 2 Offshore Wind Holdings DAC. | 2 | 100 | Cuideachta sealbhaíochta |
| Mount Eagle WindFarm Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Mountainlodge Power DAC. | 2 | 85.9 | Giniúint cumhachta |
| NIE Finance PLC. | 6 | 100 | Airgeadas |
| NIE Ltd. | 6 | 100 | Díomhaoin |
| NIE Networks Services Ltd. | 6 | 100 | Neamhthrádáil |
| Northern Ireland Electricity Ltd. | 6 | 100 | Díomhaoin |
| Northern Ireland Electricity Networks Ltd. | 6 | 100 | Tarchur agus dáileachán cumhachta |
| Orliven Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Planet 9 Energy Ltd. | 4 | 100 | Trádáil leictreachais |
| Pollie Hill Wind Farm Ltd.[1] | 7 | 8.2 | Giniúint cumhachta |
| REG Greenburn Ltd.[1] | 31 | 10 | Giniúint cumhachta |
| REG Knockodhar Ltd.[1] | 36 | 10 | Giniúint cumhachta |
| Seastacks Offshore Wind Holdings DAC. | 2 | 100 | Cuideachta sealbhaíochta |
| Shanoagh PV Ltd. | 42 | 60 | Forbairt gnó |
| Shantallow Solar Farm Ltd. | 2 | 100 | Forbairt gnó |
| Shetland Offshore Wind Ltd. | 4 | 100 | Díomhaoin |
| Sillahertane Energy Project Two Ltd. | 2 | 100 | Díomhaoin |
| So Energy Ltd. | 25 | 90 | Cuideachta sholáthair |
| So Energy Trading Ltd. | 25 | 90 | Cuideachta sholáthair |
| Synergen Power Ltd. | 9 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Thameside Energy Recovery Holding Company Ltd. | 4 | 100 | Díomhaoin |
| Thameside Energy Recovery Ltd. | 34 | 80 | Díomhaoin |
| Tullamore Solar Farm Ltd | 2 | 100 | Forbairt gnó |
| Tullynahaw Power Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Vale of Leven Wind Farm Ltd.[1] | 7 | 8.2 | Giniúint cumhachta |

### 35. GNÓTHAIS FHOCHUIDEACHTAÍ, INSTITIÚIDÍ INFHEISTIÚCHÁIN AR CUIREADH MODH CUNTASAÍOCHTA AN CHOTHROMAIS I BHFEIDHM ORTHU AGUS CHOMHLACHAIS (ar lean)

| Ainm na cuideachta | Oifig chláraithe | Sciar an Ghrúpa (%) | Cineál gnó |
|---|---|---|---|
| Waterfern Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| West Durham Wind Farm Ltd. | 4 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Woodhouse WindFarm Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Y Bryn Wind Farm Ltd[1]. | 7 | 13.9 | Giniúint cumhachta |
| **Institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu** | | | |
| Aldeburgh Offshore Wind Holdings Ltd. | 19 | 50 | Cuideachta sealbhaíochta |
| Aldeburgh Offshore Wind Investments Ltd. | 19 | 50 | Cuideachta sealbhaíochta |
| Ballinagree Wind DAC. | 27 | 50 | Giniúint cumhachta |
| Cahermurphy Renewables DAC. | 27 | 27.5 | Giniúint cumhachta |
| Celtic 1 OSW Power DAC. | 2 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| Celtic 2 OSW Power DAC. | 2 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| Clogherhead Offshore Wind DAC. | 2 | 75 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| Clogherhead Offshore Wind Holdings DAC. | 2 | 75 | Cuideachta sealbhaíochta |
| Cummeennabuddoge Wind DAC. | 27 | 50 | Giniúint cumhachta |
| Emerald Bridge Fibres DAC. | 2 | 50 | Teileachumarsáid |
| Five Estuaries Offshore Wind Farm Ltd. | 20 | 12.5 | Giniúint cumhachta |
| FuturEnergy Knockshanvo DAC. | 32 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| FuturEnergy Ballyhoura DAC. | 32 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| FuturEnergy Barracree DAC. | 32 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| FuturEnergy Carrownagowan DAC. | 32 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| FuturEnergy Clonbullogue DAC. | 32 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| FuturEnergy Corbally DAC. | 32 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| FuturEnergy Corravaddy DAC. | 32 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| FuturEnergy Croagh DAC. | 32 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| FuturEnergy Croaghaun DAC. | 32 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| FuturEnergy Crowagh DAC. | 32 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| FuturEnergy Cullenagh DAC. | 32 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| FuturEnergy Glenard DAC. | 32 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| FuturEnergy Gortnahurra DAC. | 32 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| FuturEnergy Ireland Development DAC. | 32 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| FuturEnergy Ireland Development Holdings DAC. | 32 | 50 | Cuideachta sealbhaíochta |
| FuturEnergy Kealafreaghane DAC. | 32 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| FuturEnergy Lissinagroagh DAC. | 32 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| FuturEnergy Mongorry DAC. | 32 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| FuturEnergy North Mayo DAC. | 32 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| FuturEnergy Scart Mountain DAC. | 32 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| FuturEnergy Slieve Rusheen DAC. | 32 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| FuturEnergy Slieveragh DAC. | 32 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| FuturEnergy Tievemore DAC. | 32 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| FuturEnergy Tullintowello DAC. | 32 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| Galloper Wind Farm Holding Company Ltd. | 20 | 12.5 | Cuideachta sealbhaíochta |
| Galloper Wind Farm Ltd. | 20 | 12.5 | Giniúint cumhachta |
| Gortyrahilly Wind DAC. | 27 | 50 | Giniúint cumhachta |
| Havbredey Limited. | 39 | 24.5 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| Helvick Head Offshore Wind DAC. | 2 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| Highland Wind Farm Limited. | 43 | 50 | Giniúint cumhachta |
| Inch Cape Offshore Holdings Ltd. | 24 | 50 | Cuideachta sealbhaíochta |

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 35. GNÓTHAIS FHOCHUIDEACHTAÍ, INSTITIÚIDÍ INFHEISTIÚCHÁIN AR CUIREADH MODH CUNTASAÍOCHTA AN CHOTHROMAIS I BHFEIDHM ORTHU AGUS CHOMHLACHAIS (ar lean)

| Ainm na cuideachta | Oifig chláraithe | Sciar an Ghrúpa (%) | Cineál gnó |
|---|---|---|---|
| Inch Cape Offshore Limited. | 24 | 50 | Forbairt Gnó |
| Inchamore Wind DAC. | 27 | 50 | Giniúint cumhachta |
| Lenalea Wind Farm DAC. | 27 | 25 | Giniúint cumhachta |
| Lewis Wind Power Holdings Ltd. | 41 | 50 | Cuideachta sealbhaíochta |
| Loch Garman Offshore Wind DAC. | 2 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| Moneypoint 1 Offshore Wind DAC. | 2 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| Moneypoint 2 Offshore Wind DAC. | 2 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| Neart Na Gaoithe Offshore Wind Ltd. | 22 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| NNG Windfarm Holdings Ltd. | 22 | 50 | Cuideachta sealbhaíochta |
| Oweninny Power 2 DAC. | 2 | 50 | Giniúint cumhachta |
| Oweninny Power 2 Holdings DAC. | 2 | 50 | Cuideachta sealbhaíochta |
| Oweninny Power DAC. | 2 | 50 | Giniúint cumhachta |
| Oweninny Power Holdings DAC. | 2 | 50 | Cuideachta sealbhaíochta |
| Raheenleagh Power DAC. | 2 | 50 | Giniúint cumhachta |
| Retrofit Superhomes Ltd. | 26 | 50 | Iarfheistiú áiteanna cónaithe |
| Saoirse Wave Energy Ltd. | 40 | 50 | Tionscadail fuinneamh tonnta a fhorbairt |
| Seastacks Offshore Wind DAC | 2 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| SIRO DAC. | 2 | 50 | Cábla snáthoptaice go dtí an foirgneamh |
| SIRO JV Holdco Ltd. | 33 | 50 | Cuideachta sealbhaíochta |
| Spiorad na Mara Limited. | 39 | 24.5 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| Springfield Renewables DAC. | 27 | 32.5 | Giniúint cumhachta |
| Stornoway Wind Farm Limited. | 41 | 50 | Cuideachta sealbhaíochta |
| Sundew Solar DAC. | 2 | 50 | Forbairt feirmeacha gréine |
| Superhomes Ireland DAC. | 26 | 50 | Iarfheistiú áiteanna cónaithe |
| Western Isles Offshore Wind N2 Ltd. | 38 | 24.5 | Cuideachta sealbhaíochta |
| Western Isles Offshore Wind N4 Ltd. | 38 | 24.5 | Cuideachta sealbhaíochta |



### 35. GNÓTHAIS FHOCHUIDEACHTAÍ, INSTITIÚIDÍ INFHEISTIÚCHÁIN AR CUIREADH MODH CUNTASAÍOCHTA AN CHOTHROMAIS I BHFEIDHM ORTHU AGUS CHOMHLACHAIS (ar lean)

| Ainm na cuideachta | Oifig chláraithe | Sciar an Ghrúpa (%) | Cineál gnó |
|---|---|---|---|
| **Infheistíochtaí** | | | |
| Dublin Offshore Technology Ltd. | 37 | 15 | Gníomhaíochtaí Innealtóireachta agus Sainchomhairleoireacht Ghaolmhar Theicniúil |
| Gridbeyound Ltd. | 13 | 17.2 | Infheistíocht i dteicneolaíocht ghlan |
| Heliex Power Ltd. | 14 | 0.6 | Infheistíocht i dteicneolaíocht ghlan |
| Nualight Ltd.[1] | 15 | 42.3 | Infheistíocht i dteicneolaíocht ghlan |
| Oriel WindFarm Ltd. | 21 | 5 | Giniúint cumhachta |
| Pesaka Technologies.[1] | 11 | 30 | Giniúint cumhachta |
| Rousch Pakistan Power. | 8 | 7 | Giniúint cumhachta |
| VantagePoint Cleantech Partners II, L.P. | 16 | 4.5 | Infheistíocht i dteicneolaíocht ghlan |
| **Eile - faoi úinéireacht iomlán, neamhrialaithe** | | | |
| ESB ESOP Trustee Ltd. | 10 | 100 | Scéim scairshealbhaithe foirne |

1 Dheimhnigh an Grúpa gur fochuideachtaí iad aonáin a bhfuil sciar níos lú ná 50% den ghrúpa acu agus gur comhfhiontair a gcuirtear a ngnáthscair i gcuntas dóibh iad aonáin a bhfuil sciar níos lú ná 20% den ghrúpa acu, ar an mbunús gur féidir leis an nGrúpa gníomhaíochtaí ábhartha na n-aonán a rialú nó a stiúradh (nó a chomhrialú agus a chomhstiúradh i gcás comhfhiontair) mar gheall ar na socruithe sonracha conarthacha, cistithe agus boird atá i bhfeidhm leis na haonáin siúd. Ar an gcuma chéanna, tá aonáin ann a bhfuil sciar 20% níos mó ag an nGrúpa díobh agus nach n-imríonn an Grúpa aon tionchar suntasach mar gheall ar shocruithe conarthacha agus ní chuirtear a ngnáthscaireanna i gcuntas do na hinfheistíochtaí seo dá réir.

Comhlacht reachtúil é Bord Soláthair an Leictreachais atá suite in Éirinn i dtaobh cánach de agus is é a phríomháit ghnó 27 Sráid Mhic Liam Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, D02 KT92. Tá a fhochuideachtaí, a institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu agus a ghnóthais ghaolmhara uile suite i dtaobh cánach de sa dlínse chánach ina bhfuil a n-oifig chláraithe faoi seach lonnaithe. Seo thíos láthair na n-oifigí cláraithe.

**Nótaí:**

| | |
|---|---|
| 1 | ESB International, One, Aerfort Bhaile Átha Cliath Láir, Aerfort Bhaile Átha Cliath, Clochrán, Co. Bhaile Átha Cliath, K67 XF72, Poblacht na hÉireann |
| 2 | 27 Sráid Mhic Liam Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, D02 KT92, Poblacht na hÉireann |
| 3 | Mitchell Road, Phoenix Parkway, Corby, Northamptonshire, MN17 1Q7 |
| 4 | Fora, 16-19 Eastcastle, Londain W1W 8DY, UK |
| 5 | 2 Electra Road, Maydown, Doire, BT47 6UL, Tuaisceart Éireann |
| 6 | 120 Malone Road, Béal Feirste, BT9 5HT, Tuaisceart Éireann |
| 7 | 22-24 King Street, Maidenhead, SL6IEF, United Kingdom |
| 8 | 94-W, 3ú hUrlár, Plás AAMIR, Ascaill Jinnah, Blue Area, Islambad, an Phacastáin |
| 9 | ESB Chuan Bhaile Átha Cliath, Bóthar Theach Pigeon, An Rinn, Baile Átha Cliath 4, D04 Y5N2, Poblacht na hÉireann |
| 10 | 56 Sráid an Mhóta Uachtarach, Baile Átha Cliath 2, D02 P406, Poblacht na hÉireann |
| 11 | 6 Leibhéal 1, Menara Yavasan, Tun Razak, Zoo, Jalan Bukit Bintang, 55100 Kuala Lumpur, an Mhalaeisia |
| 12 | 10ú hUrlár, Wisma Havela, Thakardos, No 1 Jalan Raja Laut, 50350 Kuala Lumpur, an Mhalaeisia |
| 13 | 3015, Céide an Locha, Páirc Ghnó Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath 24, D24 DKP4, Poblacht na hÉireann |
| 14 | Kelvin Building Bramah Avenue, East Kilbride, Glaschú, G75 0RD, Albain, an Ríocht Aontaithe |
| 15 | Aonad 18a, Páirc Ghnó an Chuarbhóthair Theas, Bóthar Chionn tSáile, Corcaigh, T12 WEY8, Poblacht na hÉireann |
| 16 | C/O Codan Trust Company (Cayman) Limited, Cricket Square, Hutchins Drive, Bosca Poist 2681, Grand Cayman, KY1-1111, Oileáin Cayman |
| 17 | Geothermal International Polska, Parkova 21 lok 7, 00-759 Warszawa, an Pholainn |
| 18 | 6, Rue Eugene Ruppert, L-2453, Lucsamburg |
| 19 | C/O Alter Domus (Uk) Limited, 10ú hUrlár 30 St. Mary Axe, Londain EC3A 8BF, Sasana |
| 20 | Windmill Hill Business Park, Whitehall Way, Swindon SN5 6PB, an Ríocht Aontaithe |
| 21 | 302-303 Baile Anraí Diméin, Baile Anraí Bóthar, Sord, Baile Átha Cliath, Contae Bhaile Átha Cliath, Poblacht na hÉireann |
| 22 | Atria One, 144 Morrison Street, Dún Éideann, Albain, an Ríocht Aontaithe, EH3 8EX |
| 23 | Teach Bhaile Seiscinn, Baile Seiscinn, an Chill Mhór, Contae Loch Garman, Poblacht na hÉireann |

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 35. GNÓTHAIS FHOCHUIDEACHTAÍ, INSTITIÚIDÍ INFHEISTIÚCHÁIN AR CUIREADH MODH CUNTASAÍOCHTA AN CHOTHROMAIS I BHFEIDHM ORTHU AGUS CHOMHLACHAIS (ar lean)

**Nótaí:**

| | |
|---|---|
| 24 | 5ú hUrlár, 40 Princes Street, Dún Éideann, EH2 2BY, Albain, an Ríocht Aontaithe |
| 25 | Studio 2 Power Road Studios, 114 Power Road, Chiswick, Londain, Sasana, W4 5PY |
| 26 | Ionad Fiontair Chomhlachas Dhurlais, Campas TÚS Dhurlais, Bóthar an Aonaigh, Durlas, Tiobraid Árann, Poblacht na hÉireann |
| 27 | Riverside One, Cé Sir John's Rogerson, Baile Átha Cliath 2, D02 X576, Poblacht na hÉireann |
| 28 | Three Gateway, Bóthar an Phoirt Thoir, Baile Átha Cliath 3, D03 R583, Poblacht na hÉireann |
| 29 | C/O Interpath Limited, 10 Fleet Place, Londain, EC4M 7RB |
| 30 | C/O Begbies Traynor, 340 Deansgate, Manchain, M3 4LY, an Ríocht Aontaithe |
| 31 | C/O Gillespie Macandrew LLP, 5 Atholl Crescent, Dún Éideann, Albain, EH3 8EJ |
| 32 | C/O Futurenergy, 27/28 Plás Hoirbeaird, Baile Átha Cliath 2, D02 DC97 |
| 33 | Foirgneamh Hoirbeaird, an Pháirc, Carraig Mhaighin, Contae Bhaile Átha Cliath, D18 K8Y4, Poblacht na hÉireann |
| 34 | Viridor House, Priory Bridge Road, Taunton, Sasana, TA1 1AP |
| 35 | 132 Bóthar Mhanchain, Carrington, Manchain, Sasana, M31 4AY |
| 36 | C/O Womble Bond Dickinson (UK) Llp, 2 Semple Street, Dún Éideann, Albain, EH3 8BL |
| 37 | 57 Cearnóg Mhic Liam Thuaidh, Baile Átha Cliath 2, D02 CP02, Poblacht na hÉireann |
| 38 | 21 Holborn Viaduct, Londain, an Ríocht Aontaithe, EC1A 2DY |
| 39 | 77 Renfrew Sráid, Glaschú, an Ríocht Aontaithe, G2 3BZ |
| 40 | Cnoc Woodbine, Eochaill, Contae Chorcaí, Éire |
| 41 | C/O Edf Renewables, Atria One, 144 Morrison Street, Dún Éideann, Albain, EH3 8EX |
| 42 | 4 Páirc an Doirín Rua, Cúil Chip Rua, Port Laoise, Laois |
| 43 | 14b, Tower 42, 25 Old Broad Street, Londain, Sasana, EC2N 1HN |



# Tuarascáil na gComhaltaí Boird maidir leis an méid seo a leanas a Chomhlíonadh - An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997, agus Rialacháin na gComphobal Eorpach (Íoc Deireanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012 (I.R. Uimh. 580 de 2012) arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Deireanach in Idirbhearta Tráchtála) (Leasú), 2016 (I.R. Uimh. 281 de 2016)

**Réamhrá**

I rith 2023, bhí téarmaí íocaíochta á rialú ag:

- An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997.
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Deireanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012 (I.R. Uimh. 580 de 2012) arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Deireanach in Idirbhearta Tráchtála) (Leasú), 2016 (I.R. Uimh. 281 de 2016) chun íoc deireanach in idirbhearta tráchtála a chomhrac. Baineann na rialacháin seo le conarthaí a bhaineann le hearraí agus seirbhísí curtha ar fáil do ESB.
- An tAcht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013. Baineann an tAcht seo le conarthaí foirgníochta a bhfuil luach níos mó ná €10,000 luaite leo.

**Ráiteas maidir le cleachtais íocaíochta**

Tá ESB tiomanta do gach sonrasc soláthraí gan cheistiú a íoc laistigh de na téarmaí íocaíochta comhaontaithe.

**Nósanna imeachta agus rialuithe atá i bhfeidhm**

Tá rialuithe airgeadais inmheánacha oiriúnacha curtha chun feidhme lena n-áirítear róil agus freagrachtaí atá sainithe go soiléir. Soláthraíonn na nósanna imeachta seo dearbhú i gcoinne neamhchomhlíonadh ábhartha leis an reachtaíocht.

**Cód Iompair Íocaíochtaí Prasa**


In 2015, bhunaigh an Rialtas Cód Iompair Íocaíochtaí Prasa, atá le fáil ag www.irishstatutebook.ie/eli/1997/act/31. Tá an Cód seo sínithe ag ESB agus geallann sé soláthraithe a íoc in am; treoir shoiléir a thabhairt do sholáthraithe maidir le nósanna imeachta íocaíochta agus soláthraithe a spreagadh chun glacadh leis an gCód laistigh dá slabhraí soláthair féin.

**An tAcht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013**

Tháinig an tAcht seo i bhfeidhm ar an 25 Iúil 2016. Tá athbhreithniú déanta ag ESB ar a fhreagrachtaí faoin Acht seo agus tá na freagrachtaí sin curtha in iúl do na baill foirne ábhartha.

**Sonraí maidir le hús ar íoc deireanach i ndáil le 2023**

Nuair a bhailíochtaíonn ESB iarratas ar íoc deireanach ó sholáthraí, is é beartas ESB an t-ús atá dlite ar a leithéid d'íoc deireanach a íoc. Ní dhearnadh aon íocaíocht dá leithéid i ndáil le híoc deireanach i rith na bliana 2023 (2022: Náid).



**Tarach Ó Ruairc**
Cathaoirleach



**Paddy Hayes**
Príomhfheidhmeannach

28 Feabhra 2024

# Bearta Feidhmíochta Malartacha

Tuairiscíonn an Grúpa nach bhfuil gá le roinnt beart feidhmíochta malartach (APManna) faoi Chaighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS). Úsáideann an fhoireann bainistíochta agus infheisteoirí na bearta thíos i dteannta le bearta IFRS chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar staid airgeadais an Ghrúpa.

Seo a leanas na príomh-APManna atá in úsáid ag an nGrúpa:

| | APM | Catagóir an bhirt | Coibhéis is gaire Beart IFRS | Sainmhíniú |
|---|---|---|---|---|
| (a) | **Tuilleamh roimh ús, cáin, dímheas agus amúchadh (EBITDA)** | Beart brabúis | Brabús Oibriúcháin | Brabús oibriúcháin roimh ús, cánachas, dímheas, bearnúcháin (lena n-áirítear glanchaillteanais bhearnúcháin neamhthrádála ar shócmhainní airgeadais), amúchadh agus ioncam ó ranníocaíochtaí soláthair. |
| (a) | **EBITDA roimh mhíreanna eisceachtúla** | Beart brabúis | Brabús Oibriúcháin | Brabús oibriúcháin roimh ús, cánachas, dímheas, bearnúcháin (lena n-áirítear glanchaillteanais bhearnúcháin neamhthrádála ar shócmhainní airgeadais), amúchadh, ioncam ó ranníocaíochtaí soláthair agus míreanna eisceachtúla arna nochtadh ar leithligh sa Ráiteas Ioncaim. |
| (a) | **Brabús oibriúcháin roimh mhíreanna eisceachtúla** | Beart brabúis | Brabús Oibriúcháin | Brabús oibriúcháin seachas míreanna eisceachtúla arna nochtadh ar leithligh sa Ráiteas Ioncaim. |
| (b) | **Glanfhiachas** | Beart airgid thirim agus fiachais | Iasachtaí agus fiachas eile, dliteanais léasa lúide airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | Iasachtaíocht iomlán agus fiachas eile móide dliteanais léasa lúide airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim (níl aon airgead tirim srianta san áireamh). |
| (c) | **Caiteachas caipitil** | Beart caiteachais chaipitil | Breiseanna caipitil a bhaineann le sócmhainní doláimhsithe, maoin, gléasra agus trealamh agus institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | Breiseanna a bhaineann le maoin, gléasra agus trealamh, sócmhainní doláimhsithe (seachas liúntais astaíochtaí) móide breiseanna a bhaineann le hinstitiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu. |
| (d) | **Toradh ar chéatadán an Chaipitil in Úsáid (ROCE)** | Beart éifeachtúlachta caipitil | N/B | Brabús oibriúcháin coigeartaithe i ndiaidh cánach roinnte ar an meánchaipiteal in úsáid. |
| (e) | **Leachtacht** | Beart airgid thirim agus fiachais | N/B | Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim iomlán (níl aon airgead tirim srianta san áireamh) agus méideanna neamhtharraingthe anuas ar fáil faoi shaoráidí creidmheasa imrothlacha nó saoráidí eile. |
| (f) | **Céatadán glanfhiachais comhdhlúite** | Beart airgid thirim agus fiachais | N/B | Glanfhiachas roinnte ar shuim na nglansócmhainní agus fiachas comhlán. |
| (g) | **Sócmhainní iomlána lúide airgead tirim*** | Beart an bhoinn sócmhainní | Sócmhainní iomlána lúide airgid tirim agus coibhéisí airgid thirim | An líon iomlán sócmhainní neamhreatha agus sócmhainní reatha gan airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim san áireamh. |

* Tá sócmhainní iomlána lúide airgead tirim curtha san áireamh mar APM in 2023 chun cabhrú le léitheoirí anailís a dhéanamh ar bhonn sócmhainní an Ghrúpa.

Is féidir na bearta agus a gcuspóir a rangú mar seo a leanas:

| Beart | Cuspóir |
|---|---|
| Beart brabúis | Tugann sé deis don fhoireann bainistíochta agus do léitheoirí an brabús bunúsach don bhliain a thuiscint. Cuirtear míreanna eisceachtúla as an áireamh in dhá cheann den trí bheart brabúis mhalartacha de bhrí go bhfuil na bearta seo neamhghnách agus nach fianaise ar fheidhmíocht bhunúsach iad. Chomh maith leis sin, cuirtear bearnúcháin as an áireamh ó bheart EBITDA de bhrí nach gá mbeadh léargas á thabhairt iontu ar fheidhmíocht oibriúcháin i rith na tréimhse. |
| Beart airgid thirim agus fiachais | Ceadaíonn sé don fhoireann bainistíochta agus do léitheoirí fiacha, maoiniú agus seasamh leachtachta an Ghrúpa a thuiscint. |
| Beart caiteachais chaipitil | Ceadaíonn sé don fhoireann bainistíochta agus do léitheoirí dul chun cinn a bhaineann leis an gclár infheistíochta caipitil suntasach a thuiscint arb ionann é agus príomhghné d'uaillmhian straitéiseach an Ghrúpa. |
| Beart éifeachtúlachta caipitil | Ceadaíonn sé don fhoireann bainistíochta agus do léitheoirí cinneadh a dhéanamh maidir le conas ar éirí leis an nGrúpa chomh fada is a bhaineann le brabúis a ghiniúint ón gcaipiteal a d'úsáid sé. |
| Beart an bhoinn sócmhainní | Is beart a bhaineann le méid an Ghrúpa é an bonn sócmhainní. Is grúpa mór de ghnóthaí éagsúla agus difriúla é ESB. Ceadaíonn an anailís rannóige ar bhoinn sócmhainní an Ghrúpa don fhoireann bainistíochta agus do na léitheoirí teacht ar thuiscint ar an méid atá i gceist le bonn sócmhainní an Ghrúpa agus ar an gcéatadán a bhaineann le gníomhaíochtaí líonra rialaithe. |

## Réiteach na Beart Feidhmíochta Malartach

### (a) EBITDA, EBITDA roimh mhíreanna eisceachtúla agus Brabús oibriúcháin roimh mhíreanna eisceachtúla – Nollaig 2023

| | Tagairt sna Ráitis Airgeadais | Réitigh do Chusta-iméirí €m | ESB Networks €m | Giniúint agus Trádáil €m | NIE Networks €m | Rannóga Eile €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Brabús/(caillteanas) oibriúcháin roimh mhíreanna eisceachtúla | Nóta 3(a)(iii) | (12.4) | 359.0 | 730.5 | 77.8 | (34.1) | 1,120.8 |
| Míreanna eisceachtúla | Nóta 6 | - | - | - | - | - | - |
| **Brabús/ (caillteanas) oibriúcháin** | Nóta 3(a)(iii) | **(12.4)** | **359.0** | **730.5** | **77.8** | **(34.1)** | **1,120.8** |
| Bearnúcháin (lena n-áirítear glanchaillteanais bhearnúcháin neamhthrádála ar shócmhainní airgeadais agus gnóthachain bhearnúcháin) | Nóta 3(a)(ii) | - | - | 5.1 | - | - | 5.1 |
| Dímheas agus amúchadh | Nóta 3(a)(ii) | 22.3 | 553.2 | 144.6 | 191.2 | 31.0 | 942.3 |
| Ioncam ó ranníocaíochtaí soláthair | Nóta 4 | - | (67.8) | - | (24.2) | - | (92.0) |
| **EBITDA** | | **9.9** | **844.4** | **880.2** | **244.8** | **(3.1)** | **1,976.2** |
| Míreanna eisceachtúla (neamhbhearnúchán) | Nóta 6 | - | - | - | - | - | - |
| **EBITDA roimh mhíreanna eisceachtúla** | | **9.9** | **844.4** | **880.2** | **244.8** | **(3.1)** | **1,976.2** |

# Bearta Feidhmíochta Malartacha (ar lean)

**EBITDA, EBITDA roimh mhíreanna eisceachtúla agus Brabús oibriúcháin roimh mhíreanna eisceachtúla – Nollaig 2022**

| | Tagairt sna Ráitis Airgeadais | Réitigh do Chusta-iméirí €m | ESB Networks €m | Giniúint agus Trádáil €m | NIE Networks €m | Rannóga Eile €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Brabús/(caillteanas) oibriúcháin roimh mhíreanna eisceachtúla | Nóta 3(a)(iii) | (108.9) | 206.9 | 774.3 | 63.7 | (89.3) | 846.7 |
| Míreanna eisceachtúla | Nóta 6 | - | - | - | - | - | - |
| **Brabús/(caillteanas) oibriúcháin** | Nóta 3(a)(iii) | (108.9) | 206.9 | 774.3 | 63.7 | (89.3) | 846.7 |
| Bearnúcháin (lena n-áirítear glanchaillteanais bhearnúcháin neamhthrádála ar shócmhainní airgeadais agus gnóthachain bhearnúcháin) | Nóta 3(a)(ii) | 0.2 | - | 2.6 | - | - | 2.8 |
| Dímheas agus amúchadh | Nóta 3(a)(ii) | 29.9 | 531.4 | 145.4 | 183.7 | 24.2 | 914.6 |
| Ioncam ó ranníocaíochtaí soláthair | Nóta 4 | - | (67.0) | - | (22.5) | - | (89.5) |
| **EBITDA** | | (78.8) | 671.3 | 922.3 | 224.9 | (65.1) | 1,674.6 |
| Míreanna eisceachtúla (neamhbhearnúchán) | Nóta 6 | - | - | - | - | - | - |
| **EBITDA roimh mhíreanna eisceachtúla** | | **(78.8)** | **671.3** | **922.3** | **224.9** | **(65.1)** | **1,674.6** |

## (b) Glanfhiachas

| | Tagairt sna Ráitis Airgeadais | Nollaig 2023 €m | Nollaig 2022 €m |
|---|---|---|---|
| Iasachtaíocht agus fiachas eile | Nóta 22 | **7,739.1** | 6,892.8 |
| Dliteanais léasa | Nóta 14(a) | **136.0** | 128.8 |
| **Ollfhiachas** | | **7,875.1** | 7,021.6 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim (níl airgead tirim srianta san áireamh) | Nóta 19 | **(1,428.3)** | (236.0) |
| **Glanfhiachas** | | **6,446.8** | 6,785.6 |

## (c) Caiteachas caipitil

| | Tagairt sna Ráitis Airgeadais | Nollaig 2023 €m | Nollaig 2022 €m |
|---|---|---|---|
| Infheistíochtaí i réadmhaoin, gléasra agus trealamh | Nóta 12 | **1,517.7** | 1,259.5 |
| Infheistíochtaí i sócmhainní doláimhsithe (seachas liúntais astaíochtaí) | Nóta 13 | **175.5** | 132.3 |
| Sócmhainní airgeadais agus institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | Nóta 16 | **35.3** | 3.3 |
| **Caiteachas caipitil*** | | **1,728.5** | 1,395.1 |

* Tá eolas le fáil i Nóta 3(b) faoi bhreiseanna a bhaineann le sócmhainní neamhreatha.

## (d) Toradh ar chéatadán an Chaipitil in Úsáid (ROCE)

| | Tagairt sna Ráitis Airgeadais | Nollaig 2023 €m | Nollaig 2022 €m |
|---|---|---|---|
| Brabús oibriúcháin roimh mhíreanna eisceachtúla | Ráiteas Ioncaim | **1,120.8** | 846.7 |
| Míreanna eisceachtúla | Nóta 6 | **-** | - |
| Bearnúcháin (lena n-áirítear glanchaillteanais bhearnúcháin neamhthrádála ar shócmhainní airgeadais agus gnóthachain bhearnúcháin) | Nóta 8 | **5.1** | 2.8 |
| Athaistriú airgeadra eachtraigh (gnóthachan)/caillteanas | Nóta 8 | **(4.2)** | 70.5 |
| Sciar de chothromas ioncam na n-institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu* | Nóta 16(a) | **13.7** | 14.4 |
| Brabús ar dhiúscairt réadmhaoine, gléasra agus trealaimh agus sócmhainní doláimhsithe agus fochuideachtaí | Nóta 7 | **(9.2)** | (2.5) |
| Caillteanas bearnúcháin aitheanta i ndáil le hinfháltais trádála | Nóta 18 | **70.4** | 38.5 |
| Costais phinsin (costas ciorrúcháin agus costais riaracháin) | Nóta 24 | **1.7** | 2.1 |
| **Brabús oibriúcháin coigeartaithe** | | **1,198.3** | 972.5 |
| Cánachas | Nóta 21(a) | **(133.8)** | (142.1) |
| Cánachas ar mhíreanna eisceachtúla/coigeartuithe** | | **(23.6)** | (52.5) |
| **Brabús oibriúcháin coigeartaithe i ndiaidh cánach (A)** | | **1,040.9** | 777.9 |
| Cothromas | An Clár Comhardaithe | **5,300.0** | 4,781.6 |
| Iasachtaíocht agus fiachas eile | Nóta 22 | **7,739.1** | 6,892.8 |
| Dliteanais léasa | Nóta 14(a) | **136.0** | 128.8 |
| Glandliteanas chánach iarchurtha | Nóta 21(b) | **558.9** | 554.1 |
| Liúntas do chaillteanas creidmheasa ionchais i ndáil le hinfháltais trádála | Nóta 18 | **147.8** | 98.9 |
| Sócmhainn chánach reatha | An Clár Comhardaithe | **22.0** | 31.3 |
| **Caipiteal úsáidte** | | **13,903.8** | 12,487.5 |
| **Meánchaipiteal úsáidte (B)*** ** | | **13,195.7** | 11,290.1 |
| **Céatadán ROCE (A/B)** | | **7.9%** | 6.9% |

* Níl gluaiseachtaí cóirluacha san áireamh a bhaineann le Neart na Gaoithe, €45.3 milliún in 2022, san áireamh.
** Úsáid á baint as ráta cánach éifeachtach de 13.4% (2022: 17.3%).
*** Meánchaipiteal úsáidte i rith na bliana reatha agus i rith na bliana roimhe seo.

## Bearta Feidhmíochta Malartacha (ar lean)

### (e) Leachtacht

| | Tagairt sna Ráitis Airgeadais | Nollaig 2023 €m | Nollaig 2022 €m |
|---|---|---|---|
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim (níl airgead tirim srianta san áireamh) | Nóta 19 | **1,428.3** | 236.0 |
| Saoráidí creidmheasa imrothlacha neamhtharraingthe anuas | Nóta 22 (3) | **2,262.6** | 2,021.5 |
| **Leachtacht** | | **3,690.9** | 2,257.5 |

### (f) Céatadán glanfhiachais comhdhlúite

| | Tagairt sna Ráitis Airgeadais | Nollaig 2023 €m | Nollaig 2022 €m |
|---|---|---|---|
| **Glanfhiachas** | APM Taifeadta (b) | **6,446.8** | 6,785.6 |
| Glansócmhainní | An Clár Comhardaithe | **5,300.0** | 4,781.6 |
| Ollfhiachas | APM Taifeadta (b) | **7,875.1** | 7,021.6 |
| **Glansócmhainní agus glanfhiachas** | | **13,175.1** | 11,803.2 |
| **Céatadán glanfhiachais comhdhlúite** | | **48.9%** | 57.5% |

### (g) Sócmhainní iomlána lúide airgead tirim

| | Tagairt sna Ráitis Airgeadais | Nollaig 2023 €m | Nollaig 2022 €m |
|---|---|---|---|
| Sócmhainní iomlána | An Clár Comhardaithe | **19,673.1** | 19,240.1 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | An Clár Comhardaithe | **(1,977.8)** | (990.0) |
| **Sócmhainní iomlána lúide airgead tirim** | | **17,695.3** | 18,250.1 |
| **Bunaithe ar an Rannóg** | | **€m** | **€m** |
| Réitigh do Chustaiméirí | | **1,018.2** | 1,218.8 |
| ESB Networks | | **8,735.3** | 8,287.7 |
| Giniúint agus Trádáil | | **4,655.8** | 5,435.3 |
| NIE Networks | | **2,755.6** | 2,729.8 |
| Rannóga Eile* | | **530.4** | 578.5 |
| **Sócmhainní iomlána lúide airgead tirim** | | **17,695.3** | 18,250.1 |

* Cuirtear deireadh le gach méid a bhaineann le hidir-rannóga nuair a dhéantar comhdhlúthú agus tá na míreanna sin curtha san áireamh sa líne dar teideal Rannóga Eile thuas.



# Gluais

**1. Margadh Cothromaíochta/Sásra Cothromaíochta (BM)**
Ceadaíonn an Margadh Cothromaíochta nó Sásra Cothromaíochta (BM) d'Oibritheoir an Chórais Tarchurtha cothromaíocht a chinntiú idir soláthar agus éileamh leictreachais ar bhonn fíor-ama beagnach.

**2. Socruithe Trádála agus Tarchurtha Leictreachais na Breataine (BETTA)**
Socruithe Trádála agus Tarchurtha Leictreachais na Breataine (BETTA) sa mhargadh leictreachais mhórdíola atá ag feidhmiú sa Bhreatain Mhór (GB).

**3. Brexit**
An tAontas Eorpach a bheith á fhágáil ag an Ríocht Aontaithe.

**4. An Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRU)**
Is é an Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRU) rialtóir neamhspleách an mhargaidh fuinnimh i bPoblacht na hÉireann.

**5. An Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (CSRD)**
Treoir de chuid an Aontais Eorpaigh ina leagtar amach na rialacha a bhaineann le faisnéis shóisialta agus chomhshaoil nach mór do chuideachtaí tuairisciú maidir leo.

**6. Conarthaí Difríochta (CfDanna)**
Is éard atá i gceist le Conradh Difríochta (CfD) conradh idir dhá pháirtí, ceannaitheoir agus díoltóir, ina sonraítear go n-íocfaidh an ceannaitheoir an difríocht idir luach reatha sócmhainne agus a luach conartha ag an am leis an díoltóir. Má tá an difríocht diúltach, íocann an díoltóir seachas an ceannaitheoir.

**7. COVID-19**
Is galar é COVID-19 arb é tréithchineál den choróinvíreas is cúis leis. Seasann 'CO' le haghaidh coróin, 'VI' le haghaidh víris agus 'D' le haghaidh galair.

**8. DAM**
Ceadaíonn an Margadh Lá Roimh Ré (DAM) do rannpháirtithe margaidh leictreachas mórdhíola a cheannach nó a dhíol lá amháin roimh an lá oibriúcháin. Is é seo an margadh is mó in I-SEM le haghaidh cumhacht trádála agus an chomhpháirt is mó de phraghas leictreachais mhórdhíola.

**9. DS3**
Tagraíonn DS3 do chlár "Córas Leictreachais Shláin, Inbhuanaithe a Sholáthar", atá deartha d'fhonn a chinntiú gur féidir an córas cumhachta a úsáid go slán le méideanna níos mó de ghiniúint in-athnuaite neamhshioncronach athraitheach.

**10. EirGrid**
Is é EirGrid Oibritheoir Córais Tarchurtha na hÉireann.

**11. An Ciste Energy for Generations**
I mí na Samhna 2013, sheol ESB an Ciste Energy for Generations, infheistíocht i bhfreagracht chorparáideach a chiallóidh go mbeidh suas le €1 mhilliún in aghaidh na bliana á dháileadh ar raon tionscnamh pobail agus tionscnaimh atá dírithe ar shaincheisteanna áirithe.

**12. Gnéithe Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (ESG)**
An tionchar atá ag cuideachta ar a fostaithe, custaiméirí agus ar na pobail ina bhfuil sí ag feidhmiú. Tagraíonn Tuairisciú ESG don fhaisnéis nó do na sonraí curtha ar fáil a bhaineann le feidhmíocht chomhshaoil, shóisialta agus rialachais eagraíochta.

**13. Tacsanomaíocht an AE**
Córas aicmithe, ina mbunaítear liosta de ghníomhaíochtaí geilleagracha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Soláthraítear i dTacsanomaíocht an AE sainmhínithe do ghníomhaíochtaí geilleagracha ar féidir glacadh leo mar ghníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

**14. Saorleictreoin**
Clár nuálaíochta a chruthaíonn nasc idir gnólachtaí nuathionscanta agus fóntais fuinnimh dhomhanda. Is duine de bhunaitheoirí an chláir é ESB, agus tá sé ag obair le seisear comhpháirtithe fóntais domhanda.

**15. An Bhearna Phá idir na hInscní (GPG)**
Is éard atá i gceist leis an mBearna Phá idir na hInscní (GPG) an difríocht sa mheánráta pá in aghaidh na huaire a fhaigheann fir agus mná atá páirteach san fhoireann oibre.

**16. Gigeavata (GW)**
Gigeavata, an méid cumhachta atá cothrom le 1 billiún vata.

**17. Uaireanta Gigeavata (GWh)**
Uaireanta Gigeavata, an méid fuinnimh atá cothrom le 1 bhilliún vata de chumhacht a sholáthar le haghaidh tréimhse uair an chloig.

**18. An Bhreatain Mhór (GB)**
Sasana, An Bhreatain Bheag agus Albain.

**19. Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa (GHG)**
Aon ghás atá in ann radaíocht infridheirg a ionsú (glanfhuinneamh teasa) astaithe ó dhromchla an domhain agus a athradaítear ar ais chuig dromchla an domhain, agus a chuireann, ar an tslí sin, leis an iarmhairt cheaptha teasa.

**20. Bearnúchán**
Cinntear muirear bearnúcháin nuair a sháraíonn luach anonn (luach de réir na leabhar) sócmhainní a mhéid in-aisghabhála.

**21. Margadh Leictreachais Aonair Comhtháite (I-SEM)**
An margadh leictreachais mhórdhíola d'Éirinn agus do Thuaisceart Éireann atá deartha chun an margadh leictreachais uile-oileáin a chomhtháthú le margaí leictreachais Eorpacha.

**22. Comhfhiontar**
Cuideachta nó eintiteas eile atá á rialú i gcomhpháirt le páirtithe eile.

**23. Leachtacht**
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim iomlán (níl aon airgead tirim srianta san áireamh) agus méideanna neamhtharraingthe anuas ar fáil faoi shaoráidí creidmheasa imrothlacha nó saoráidí eile.

**24. Gortuithe is Cúis le hAga Díomhaoin (LTInna)**
Gortú a bhaineann le háit oibre is cúis le bheith as láthair le haghaidh lá oibre amháin nó níos mó, ón lá i ndiaidh an ghortaithe, sula bhfilleann an duine ar a g(h)náthobair nó ar obair shrianta.

# Gluais (ar lean)

**25. Meigeavata (MW)**
Meigeavata, an méid cumhachta atá cothrom le 1 bhilliún vata.

**26. Uaireanta Meigeavata (MWh)**
Uaireanta meigeavata, an méid fuinnimh atá cothrom le 1 mhilliún vata de chumhacht a sholáthar le haghaidh tréimhse uair an chloig.

**27. Aeráidneodracht**
Sainmhínithe de réir Chaighdeán Aeráidneodrachta SBTi ina sainmhínítear aeráidneodracht chorparáideach mar seo a leanas:

- Astaíochtaí raon 1, 2 agus 3 a laghdú go dtí náid nó go dtí leibhéal iarmharach atá comhsheasmhach le hastaíochtaí aeráidneodracha ag leibhéal domhanda nó earnálach i gconairí incháilithe atá ailínithe le 1.5°C; agus
- Aon astaíocht iarmharach a neodrú ag an spriocbhliain aeráidneodrach agus aon astaíocht GHG scaoilte isteach san atmaisféar ina dhiaidh sin.

**28. Ciste Novusmodus**
Is ciste caipitil fiontair é Ciste Novusmodus ina n-infheistítear síolchaipteal i dteicneolaíochtaí nua.

**29. Teagmhais P1**
Teagmhais ar dócha go mbeidh siad mar bhonn le gortuithe cosúil le bás, teascadh, caillteanas súl, gortuithe éagsúla, mórbhriseadh, ball dóite den chéad / dara grád, a bheith neamhaireachtálach (suntasach/tromchúiseach), gortuithe intuairiscithe i ndiaidh imbhualadh bóthair, básanna agus damáiste ábhartha iomarcach.

**30. Athbhreithniú Praghais 5 (PR5)**
Maireann tréimhsí rialála cúig bliana agus clúdaíonn an tAthbhreithniú Rialaithe Praghais (PR5) an tréimhse idir 2021 agus 2025, agus sonraítear ann an t-ioncam iomlán ceadaithe rialaithe i rith na tréimhse sin arna chinneadh ag CRU.

**31. Bonn Sócmhainní Rialaithe (RAB)**
Luacháil na sócmhainní a bhaineann le líonraí tarchurtha agus dáileacháin do chríocha rialála atá i seilbh ESB Networks agus NIE Networks faoi seach. Chomh fada is a bhaineann leis na sócmhainní ábhartha atá i seilbh ESB Networks, cinntear an luach RAB de réir mhodheolaíocht riachtanach CRU agus, maidir leis na sócmhainní ábhartha i seilbh NIE Networks, cinntear an luach RAB de réir mhodheolaíocht riachtanach an Rialtóra Fóntais.

**32. Tréimhse Rialála 6 (RP6)**
Is rialú praghais tréimhse rialála é Tréimhse Rialála 6 (RP6), a chlúdaíonn an tréimhse idir an 1 Deireadh Fómhair 2017 agus an 31 Márta 2025, arna chinneadh ag an Rialtóir Fóntais i dTuaisceart Éireann.

**33. Tréimhse Rialála 7 (RP7)**
Is rialú praghais tréimhse rialála é Tréimhse Rialála 7 (RP7), a chlúdaíonn an tréimhse idir an 1 Aibreán 2025 agus an 31 Márta 2031, arna chinneadh ag an Rialtóir Fóntais i dTuaisceart Éireann.

**34. Safe and Sound**
Clár athraithe cultúir ESB a bheidh mar bhonn le cultúr agus timpeallachta sábháilteachta den chéad scoth a bheidh inbhuanaithe thar am.

**35. Spriocanna Eolaíochtbhunaithe**
Conair shoiléir do chuideachtaí chun cabhrú leo astaíochtaí gás ceaptha teasa (GHG) a laghdú, chun cabhrú leis na tionchair is measa den athrú aeráide a chosc.

**36. Margadh Leictreachais Aonair (SEM)**
Is margadh mórdhíola é an Margadh Leictreachais Aonair (SEM) atá ag feidhmiú ó thuaidh agus ó dheas de Theorainn na hÉireann.

**37. Margadh Leictreachais Aonair Oibritheora (SEMO)**
Tá SEM/I-SEM á fheidhmiú ag SEMO, comhfhiontar idir EirGrid agus SONI, na hoibritheoirí córais tarchurtha in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann faoi seach.

**38. SIRO**
Comhfhiontar le Vodafone, a sholáthróidh leathanbhanda 1 ghigighiotán an tsoicind (Gb/s) do chustaiméirí ar fud na hÉireann a bhfuil an líonra dáileacháin reatha in úsáid acu.

**39. Seirbhísí Fuinnimh Chliste**
Is réiteach bainistíochta fuinnimh é Seirbhísí Fuinnimh Chliste a sholáthraíonn scileanna agus taithí nuálaí fuinnimh dhomhanda do ghnóthaí.

**40. An Clár Méadair Chliste**
Tá an Clár Méadair Chliste ag soláthar an chéad ghlúin eile de mhéadar fuinnimh. Beidh na méadair seo in úsáid seachas na méadair thraidisiúnta leictreachais agus gháis agus ní bheidh sé riachtanach cuairt a thabhairt ar thithe custaiméirí chun an méadar a léamh agus ní bheidh gá le figiúirí measta a úsáid nuair nach féidir méadar a léamh.

**41. SONI (Oibritheoir Córais do Thuaisceart Éireann)**
Is é SONI Oibritheoir Córais Tarchurtha Thuaisceart Éireann.

**42. STEM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic)**
Is cur chuige foghlama agus forbartha é STEM ina gcomhtháthaítear na réimsí seo a leanas - eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic. Tacaíonn oideachas STEM le hacmhainn leanaí an domhan mórthimpeall orthu a thuiscint agus páirt iomlán a ghlacadh ann.

**43. Fuinneamh Inmharthana na hÉireann (SEAI)**
Údarás náisiúnta fuinnimh na hÉireann a bunaíodh faoi Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002.

**44. Tascfhórsa maidir le Nochtuithe Airgeadais a bhaineann le hAeráid (TCFD)**
Eintiteas bunaithe ag an mBord Cobhsaíochta Airgeadais (FSB) chun nochtuithe riosca airgeadais aeráidghaolmhara comhsheasmhacha a fhorbairt a bheidh le húsáid ag cuideachtaí, bainc agus infheisteoirí chun eolas a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara.

**45. An Bealach a Oibrímid ag ESB**
Tá eolas maidir le cuspóir, straitéis agus luachanna ESB le fáil in An Bealach a Oibrímid ag ESB. In ESB, tá eolas le fáil sa ráiteas cuspóir maidir leis an gcúis gur ann do ESB – an chúis gur ann don eagraíocht, seachas díriú díreach ar bhrabús. Tá eolas ann maidir le cé hé ESB, agus a luachanna. Is trí luachanna a chuireann ESB cuspóirí i gcrích. Cuimsítear ann agus ailínítear ann an cultúr agus iompraíochtaí.

**46. An Ríocht Aontaithe (UK)**
Sasana, an Bhreatain Bheag, Albain agus Tuaisceart Éireann.

**47. Rialtóir Fóntais (UR)**
An roinn rialtais neamh-aireachta neamhspleách a bunaíodh chun rialáil éifeachtach na dtionscal leictreachais, gáis, uisce agus séarachais i dTuaisceart Éireann a chinntiú.

**48. Fóntas atá Comhtháite go hIngearach (VIU)**
Tagraíonn Fóntas atá Comhtháite go hIngearach (VIU) do láithreacht laistigh de agus úinéireacht ar shócmhainní i ngach gné de shlabhra luacha leictreachais lena n-áirítear giniúint, trádáil, tarchur, dáileadh agus soláthar cumhachta do chustaiméirí.

**49. X_Potential**
Clár chun deis a thabhairt do bhaill foirne ESB smaointe nuálacha a roinnt a d'fhéadfaí a fhorbairt mar ghnóthaí don eagraíocht amach anseo.

**50. X_Site**
Gorlann gnó ESB – bealach chun tacaíochtaí a sholáthar d'fhiontair ar fud an tslabhra luacha chun cur ar chumas tionscadal nuálach forbairt, fás agus feidhmiú ag scála níos mó. Bunaithe in Dogpatch Labs, Baile Átha Cliath, oibríonn baill foirne ESB ar thionscadail nuálacha an Aonaid Trasghnó nó ar dheiseanna tráchtála sonracha eile.

**Ceannoifig ESB**
27 Sráid Mhic Liam Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
D02 KT92
Éire

Guthán: +353 1 676 5831
R-phost: info@esb.ie
www.esb.ie

Twitter: @ESBGroup
LinkedIn: esb
YouTube: ESBVideo